CORE
Metadata, citation and similar papers at core.ac.uk
Provided by MURAL - Maynooth University Research Archive Library

# *Filíocht Phiarais Mhic Gearailt*

**Breandán Ó Cróinín**

Tráchtas curtha faoi bhráid

Roinn na Nua-Ghaeilge

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

i gcomhair céim Ph.D.

Mí Abráin 2013

Stiúrthóir: An tOllamh Ruairí Ó hUiginn

# CLÁR


| | |
|---|---|
| DEARBHÚ | i |
| FOCAL BUÍOCHAIS | ii |
| ACHOIMRE | iv |
| RÉAMHRÁ | 1 |
| SAOL AGUS SAOTHAR PHIARAIS MHIC GEARAILT | 5 |
| MODH EAGARTHÓIREACHTA | 100 |
| TÉACSANNA | 105 |
| CÚRSAÍ TEANGAN AGUS MEADARACHTA | 467 |
| LIOSTA NA LÁMHSCRÍBHINNÍ A CEADAÍODH | 488 |
| NODA | 497 |
| LIOSTA LEABHAR | 498 |

## DEARBHÚ

Dearbhaím leis seo gurb é mo chuid oibre féin atá san ábhar so atá á chur faoi bhráid Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agam i gcomhair céim Ph.D. sa Nua-Ghaeilge, agus go bhfuil tagairtí cuí déanta agam d'ábhair atá tógtha agam as saothair agus foinsí eile.

____________________________

Breandán Ó Cróinín

# Focal Buíochais

Chuir mórán daoine comaoin orm agus mé ag gábhail don tráchtas so agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo anso anois. Tá mo bhuíochas ag dul, sa chéad áit agus thar aon duine eile, don Ollamh Ruairí Ó hUiginn a stiúraigh mo chuid oibre go foighneach is go sciliúil ó thosach deireadh agus a shaibhrigh an tráchtas go mór leis an eolas fairsing atá aige ar theanga agus ar litríocht na Gaeilge. Gabhaim buíochas, chomh maith, leis an Dr Úna Nic Éinrí a phléigh mórán ceisteanna meadarachta agus eile liom agus a thug an-mhisneach dom feadh na slí. I gColáiste Mhuire gan Smál tá mo bhuíochas ar mo chomhleacaithe ar fad i Roinn na Gaeilge, go háirithe ar an Dr Lesa Ní Mhunghaile as tathant orm, i dtosach na hoibre dom, alt a scríobh ar Phiaras d'*Iris an Dá Chultúr* agus as cabhair a thabhairt dom mar le foinsí sna lámhscríbhinní a aimsiú. Tá mo bhuíochas ag dul d'fhoireann na leabharlainne, na rúnaithe in Oifig na nDán, agus foireann an tseomra priontála sa Choláiste as mórán áiseanna a sholáthar dom agus, sa tslí chéanna, tá buíochas ag dul d'fhoirne na leabharlann éagsúil in Éirinn agus thar sáile a cheadaigh dom LSÍ a scrúdú nó a chuir cóipeanna de LSÍ chugam.

Táim buíoch den Ollamh Pádraig Ó Macháin as cúpla alt a scríobhas ar Phiaras a léamh agus a phlé liom, agus iad a fhoilsiú in *An Linn Bhuí*, Iris Ghaeltacht na nDéise. B'olc an mhaise dom gan a lua anso gurbh é an tOllamh Breandán Ó Buachalla, nach maireann, a mhol dom tabhairt faoi shaothar Phiarais Mhic Gearailt an chéad lá agus fuaireas idir dhea-chomhairle agus mhisniú uaidh agus mé ag tosnú amach; ní gá ach sracfhéachaint a thabhairt ar an liosta leabhar ag deireadh an tráchtais seo chun go dtuigfí

go bhfuil gach éinne againn a chuireann spéis i litríocht Ghaeilge na hochtú haoise déag faoi chomhaoin ollmhór aige.

Ina theannta so, ba mhaith liom tacaíocht leanúnach mo thuismitheoirí, Breandán agus Áine Ó Cróinín, a chuir suim san obair i gcónaí, a lua agus, dar ndóigh, chabhraigh na focail mhisniúla ó Ghearóid, Brian agus Máire leis. Ar deireadh báire, tá na trucailí buíochais ag dul do Kasia, Jan Diarmuid agus Eva as a bhfoighne liom le tamall de bhliantaibh anuas nuair a bhíos ag díriú ar fhilíocht an Ghearaltaigh agus ar an ochtú haois déag seachas ar chúraimí an tí agus an teaghlaigh. Mé féin amháin, gan amhras, atá freagrach as aon dearúd atá fós le haithint ar an tráchtas so in ainneoin dhícheall na ndaoine ar fad a chabhraigh liom.

# Achoimre

Is é atá mar phríomhaidhm ag an tráchtas so ná eagrán nua de shaothar fileata Phiarais Mhic Gearailt, file Gaeilge a mhair in oirthear Chúige Mumhan san ochtú haois déag, a chur ar fáil. Tá na téacsanna ar fad dá chuid atá fós ar marthain i lámhscríbhinní na Gaeilge curtha in eagar anso ar shlí inar féidir le léitheoirí na Nua-Ghaeilge iad a léamh gan mórán dua, cé go gcloítear ag an am gcéanna, oiread agus is féidir, leis an bhfianaise a thugann na lámhscríbhinní seo ar Ghaeilge liteartha na hochtú haoise déag. Tá caibideal anso, chomh maith, ina bhfuil cur síos cuimsitheach ar an saol a chaith an Gearaltach bunaithe, don chuid is mó, ar fhianaise a chuid dánta atá in eagar i gcorp an tráchtais seo, agus ar a bhfuil d'eolas againn ina thaobh ó fhoinsí staire is ón eolas a bhailigh Risteard Ó Foghludha nuair a bhí sé sin i mbun oibre ar shaothar an Ghearaltaigh ag tosach na haoise seo caite. Ina theannta so, deintear plé ar theanga agus ar mheadarachtaí na dtéacsanna ar fad atá curtha in eagar sa tráchtas agus tugtar liosta iomlán na LSÍ Gaeilge ar a bhfuil na téacsanna bunaithe.

# Réamhrá

Tá breis is céad bliain imithe ó foilsíodh eagrán Risteaird Uí Fhoghludha d'*Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*[1] sa bhliain 1905. Ba é seo an chéad eagrán de na heagráin iomadúla ar fad d'fhilíocht na Mumhan a chuir an Foghludhach, nó 'Fiachra Éilgeach' mar a thugadh sé air féin, amach ón mbliain sin ar aghaidh anuas go dtí an bhliain 1952 nuair a d'fhoilsigh sé an díolaim *Filí na Máighe*[2]. D'fhéadfaí a áiteamh, áfach, nárbh é *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt* an t-eagrán ab fhearr a chuir Ó Foghludha amach i gcaitheamh na mblianta so toisc nach é an t-eagrán is cruinne ar fad dá chuid é, dar liom. Beidh sé soiléir ó na nótaí téacsúla a ghabhann leis na téacsanna atá in eagar sa tráchtas so gur minic gur réitigh Ó Foghludha fadhbanna téacsúla trí athruithe a dhéanamh nuair ná raibh fianaise na LSÍ mar thacaíocht aige, agus deineadh na hathruithe seo ar fad ós íseal, i ngan fhios don léitheoir, rud ná glacfaí leis sa lá atá inniu ann, ná aon dul air. Fairis seo, leag Ó Foghludha ceithre cinn de dhánta ar Phiaras san eagrán so nár bhain leis in aon chor, cé gur admhaigh sé é seo i nóta ar a chuid foinsí ag deireadh an leabhair[3].

Is léir ón méid seo ar fad go raibh dithneas ar an bhFoghludhach an leabhar a chur i gcló agus is dóigh liom go bhfuil cuma an deabhaidh le haithint ar an saothar anso agus ansúd dá bharr san. Ina theannta so, is cinnte go bhfuil teacht saoráideach againn sa lá atá inniu ann ar i bhfad níos mó LSÍ a chaomhnaíonn saothar Phiarais ná mar a bhí ag an

[1] Féach Ó Foghludha (1905) agus féach http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=75 (ceadaithe 20 Meán Fómhair 2012) mar le cuntas ar shaol agus ar shaothar Uí Fhoghludha.
[2] Féach go ndeir sé (1952:46 ) anso go raibh 'breis is leath-chéad iarracht filíochta' de chuid Éadbhaird de Nógla a bhí 'curtha in eagar i gcomhair an chló' ach, faraoir, is léir nár éirigh leis an t-eagrán so a chríochnú.
[3] APMG: 109. Is iad na dánta san eagrán atá i gceist ná II *Duan na Saoirse* leis an Mangaire Súgach, VIII *Máirseáil an Phoic-Fhiadh* le Seán Lloyd, XIX *A Chara dhil dár radasa-sa* (An Brannda) le Diarmuid Mac Domhnaill mhic Fhingin Chaoil Uí Shúilleabháin agus XLI *An tAodhaire Óg* le Liam Inglis.

bhFoghludhach nuair a bhí sé féin i mbun oibre agus is féidir linn a bheith i bhfad níos deimhnithí, dá bharr san, go bhfuil gach aon téacs de chuid Phiarais dá bhfuil ar marthain curtha san áireamh sa tráchtas so. Ar a shon san is uile, áfach, níl aon amhras ná gur chuir Ó Foghludha comaoin an-mhór orainn ar fad nuair a d'fhoilsigh sé a eagrán de shaothar Phiarais agus, go deimhin, mura mbeadh an t-eagrán so ní bheadh na haistí critice ar Phiaras a scríobh Piaras Béaslaí agus Dónall Ó Corcora againn,[4] ná ní bheadh aon chur amach againn ar an saol a chaith an file.

Tá gach aon seans ann, mar sin, go mbeadh Piaras ligthe i ndearúd againn ach amháin gur roghnaigh an Foghludhach file óna cheantar dúchais féin – b'as oirthear Chorcaí iad an t-eagarthóir agus an file araon – agus é ag tabhairt faoina chéad leabhar d'fhilíocht na Mumhan a chur in eagar, agus gan é ach i dtosach a bhuille chomh fada is a bhaineann le heagarthóireacht théacsúil. Ní mór a rá, ina theannta so, go bhfuil na tuiscintí atá againn ar conas téacsanna liteartha a chur in eagar athraithe go mór ó ré na hathbheochana agus, mar gheall air sin, ní haon áibhéil é a rá, dar liom, gur dhein an Foghludhach éacht mar le saothar na bhfilí ar fad a chuir sé ós comhair lucht léite na Gaeilge, pé lochtanna beaga a gheobhaimis ar an gcéad eagrán so dá chuid.

Cúis amháin atá ann le heagrán nua de shaothar Phiarais Mhic Gearailt a chur amach, más ea, is ea go bhfuil téacsanna an tseaneagráin seo sa seanchló Gaelach, cló ná fuil oiriúnach do mhórán léitheoirí sa lá atá inniu ann.[5] An tarna cúis ná toisc go bhfuil gá

---

[4] Féach Béaslaí (gan dáta: 168 - 176) agus Corkery (1925: 281 - 290) mar leis na haistí critice seo ar Phiaras. Ní mór eile atá againn i dtaobh shaothar Phiarais seachas na tagairtí iomadúla a deintear dó in *Aisling Ghéar* (O Buachalla, 1996: 801) agus an plé air ag Ó Conchúir (2000) sa chuntas a scríobh sé ar Chúirt na mBurdún. Is é an t-eagrán céanna a bhí mar threoir ag an taighdeoir seo chomh maith sa chuntas a scríobhas ar fhilíocht Sheacaibíteach an Ghearaltaigh tamall de bhliantaibh ó shin (Ó Cróinín, 2007).

[5] Cé go bhfuil teacht ag léitheoirí ar eagrán so Uí Fhoghludha go saoráideach ar an idirlíon ag http://archive.org/details/amhrinphiaraism00geargoog (ceadaithe 20 Meán Fómhair 2012) is cinnte go gcuirtear mórán léitheoirí ó dhoras toisc an seanchló a bheith ina chailleach bhasctha acu.

leis na téacsanna ar fad de chuid Phiarais atá fós ar marthain a chur san áireamh anso[6] agus iad a chur i láthair chomh soiléir agus is féidir le nótaí téacsúla, liosta foinsí agus léiriú ar na meadarachtaí atá le sonrú orthu. Fairis seo, ní dóigh liom go bhfuil aon cheist ná gur féidir mórán a rá mar gheall ar an saol a chaith Piaras agus mar gheall ar a thábhacht mar fhile i bhfianaise a bhfuil déanta de thaighde ar stair na hÉireann agus ar litríocht Ghaeilge na hochtú haoise déag ón uair a bhí an Foghludhach ag saothrú litríocht na tréimhse céanna san.

Cuirtear tús leis an tráchtas so, mar sin, le caibideal fada ar shaol agus saothar an Ghearaltaigh, caibideal a chuireann a bhfuil in eagar sa tráchtas so i gcomhthéacs agus a thugann tuiscint dúinn ar an saghas saoil a chaith Piaras mar dhuine de na seanuaisle Caitliceacha in oirthear na Mumhan san hochtú haois déag. Dá mba dhuine é Piaras a raibh a chreideamh Caitliceach an-tábhachtach dó, fuair sé amach go mbeadh air 'dul chun teampaill' agus iompó ina Phrotastúnach d'fhonn a theaghlach agus a shealúchas saolta a chosaint agus tugann dhá dhán dá chuid go háirithe – *A Chogair a Charaid* agus *Aithrí Phiarais Mhic Gearailt* – fianaise an-tábhachtach dúinn i dtaobh an tionchair a bhí ag na Péindlíthe ar dhaoine dá aicme i lár na hochtú haoise déag. Deintear plé, chomh maith, ar an bhfilíocht pholaitiúil a chum Piaras i rith a shaoil agus deintear iarracht na haislingí agus na hamhráin pholaitiúla eile a scríobh sé a chur ina gcomhthéacs stairiúil chomh maith le hiniúchadh ar leithligh a dhéanamh ar dhán tábhachtach a chreidim a scríobh sé – *Marbhchaoineadh Éamoinn Mhic Shíthigh* – dán ná fuil le fáil in eagrán Uí

[6] Ní chuirtear san áireamh anso roinnt bheag téacsanna a cuireadh ina leith ach nárbh é a chum: na téacsanna a d'admhaigh Ó Foghludha nár bhain leis óna eagránsan (féach nóta a 3 thuas) agus dán amháin de chuid Sheáin Chláraigh Mhic Domhnaill, *Comhraiceann mo Mhacaomh*, a leagtar ar Phiaras go hearráideach sna LSÍ seo ARÉ 23 F 18 (685), 92; 23 G 21 (917), 460; Corcaigh T. vi 23; Féach Ó hÓgáin (2011: 21 – 2 agus 65 – 6) mar le heagrán den téacs so.

Fhoghludha cé go bhfuil sé le fáil i LS Phiarais féin. Ina theannta so, deintear plé ar an bhfilíocht a scríobh sé i dtaobh cúrsaí creidimh agus dírítear aird ar an mbaint lárnach a bhí aige leis an gcúirt filíochta ina dhúthaigh féin, Cúirt na mBurdún, cúirt a raibh ceannas aige féin uirthi faoina theideal ardnósach, údarásach 'Ardsirriam Leithe Mogha.' Ag deireadh an chaibidil bheathaisnéisiúil seo deintear iarracht ar thábhacht Phiarais mar fhile a mheas, is é sin an tábhacht a bhain leis ina am féin agus an tábhacht a bhaineann leis inniu sa mhéid is go gcaitheann a shaothar solas ar ghnéithe de stair pholaitiúil agus stair liteartha na hÉireann san ochtú haois déag.

Ina dhiaidh seo tugtar cur síos mionchruinn ar an modh eagarthóireachta a cuireadh i bhfeidhm ar shaothar Phiarais anso agus is é a leanann an modh eagarthóireachta so ná na téacsanna iad féin, caoga a trí téacs ar fad idir dhánta fada agus cheathrúintí aonair, an chuid is lárnaí agus is tábhachtaí den tráchtas. Luaitear na príomhfhoinsí a úsáideadh tar éis gach téacsa díobh so agus deintear plé ar chúrsaí meadarachta agus teangan le nótaí cuimsitheacha téacsúla chomh maith. Pléitear na pointí is suimiúla ó thaobh teangan agus meadarachta le chéile ina dhiaidh sin, i gcaibideal ar leithligh, agus liostaítear na LSÍ is na foinsí ar fad a ceadaíodh thiar i ndeireadh.

Táthar ag súil go gcuirfidh an tráchtas so go mór lena raibh ar eolas againn cheana i dtaobh Phiarais Mhic Gearailt agus i dtaobh a shaothair is go gcuirfidh na heagráin nua de na téacsanna so a d'fhág sé le hoidhreacht againn go mór lena cháil mar fhile tábhachtach Gaeilge ón ochtú haois déag.

## Saol agus Saothar Phiarais Mhic Gearailt

Sa mhéid is gur féidir linn beathaisnéis Phiarais Mhic Gearailt a chur le chéile in aon chor, táimid ag brath cuid mhaith ar an taighde a dhein Risteard Ó Foghludha, nó 'Fiachra Éilgeach' mar a thugadh sé air féin, nuair a bhí sé ag gabháil dá eagrán féin d'*Amhráin Phiarais Mhic Gearailt* (APMG feasta) a cuireadh amach sa bhliain 1905. Luann an Foghludhadh ag deireadh an réamhrá san, a bhfuil an dáta 1903 curtha aige leis, gur cuireadh 'mac seana-mhic' an Ghearaltaigh, 'Mícheál mac Mhíchíl Mhic Ghearailt (sic), B.L., Éireannach díleas & fíor-thíorghrádhthóir, a dhein cion fir ar son na Gaedhilge' an bhliain roimhe sin' (APMG: 22) agus ba dhóigh le duine ón méid sin gur fhoinse an-luachmhar eolais ab ea an Mícheál Mac Gearailt seo, agus gur chuir sé comaoin an-mhór ar an bhFoghludhach nuair a bhí sé i mbun taighde ar shaol an Ghearaltaigh agus ar a shaothar liteartha.

Tagann an méid a bhí le rá ag Ó Foghludha in alt a scríobh sé i bhfad ina dhiaidh sin (1945 (b): 139) leis an tuairim sin, mar go dtugann sé le fios dúinn san alt so gurbh iad an dá fhoinse ba mhó bhí aige agus eolas ar an nGearaltach á chur le chéile aige ná 'local tradition' agus 'information from the late Michael Fitzgerald, B.L., Ballykinnealy'. Bhí, ina theannta san, teacht ag an bhFoghludhach ar LS an Ghearaltaigh i Leabharlann an Ruiséalaigh in Ollscoil Mhá Nuad[7], arb í an fhoinse is tábhachtaí ar fad í mar leis an bhfilíocht a chum an Gearaltach agus mar leis an solas a chaitheann sé ar mheon Phiarais i leith an tsaoil.

[7] LS MN M 58 (a) a scríobh Piaras sa bhliain 1769, LS a bhfuil cuntas uirthi in Ó Fiannachta, 1966: 22 - 27. Tá lua ar an LS seo chomh maith in Ó Conchúir, 1982: 27 – 28. Tagrófar di seo mar *LS Phiarais* tríd síos anso.

Fágann sé seo ná fuil de rogha againn ach tógaint ar an méid atá le rá ag an bhFoghludhach in APMG agus i roinnt bheag alt eile dá chuid (Ó Foghludha, 1903/4, 1945), an méid sin a mheá go cúramach, i bhfianaise a bhfuil de thaighde déanta ar fhilíocht na hochtú haoise déag ó shin, agus iarracht a dhéanamh ar scéal Phiarais a chur le chéile ar an mbonn san. Ar a shon san is uile, áfach, deinim amach gur féidir linn iontaoibh a thabhairt le mórán de bhuntaighde seo Uí Fhoghludha agus, ós rud é gurb í fianaise na ndánta – nó fianaise na n-amhrán más fearr linn é sin a thabhairt orthu – faoi mar atáid le fáil againn i LSÍ déanacha na Gaeilge, an fhianaise is tábhachtaí ar fad, b'fhéidir nach rófhada ó chuntas cruinn é an cuntas ar shaol agus ar shaothar Phiarais Mhic Gearailt atá le fáil sa chaibideal so, faoi mar a chífimid.

***Gearaltaigh Bhaile Uí Chionnaola***

An dúthaigh sin in Oirthear Chorcaí a dtugtar Barúntacht Uí Mhic Coille nó Baile Mhac Óda uirthi go coitianta, is ann a saolaíodh Piaras Mac Gearailt sa bhliain 1709 ar an mbaile fearainn a dtugtar Baile Uí Chionnaola air i bparóiste sibhialta Chill Modhomhnóg. Is féidir linn a bheith siúrálta go maith faoin dáta so toisc go dtugann Piaras féin an méid sin le tuiscint dúinn ina LS féin a bhreac sé ina thigh cónaithe 'an t-ochtmhugh lá don Mhídh Mheadhain annsa mbliaghuin d'aois ár slánaicidh 1769' (LS Phiarais: 70) mar a ndeir sé go raibh sé tar éis dul i mbun pinn i gceann a 'thrí fichid bliain' (**28**, 9). Is féidir a chur i gcás go raibh gach aon chompord dá raibh ar fáil an uair úd aige agus é ag éirí suas mar gur dhaoine gustalacha, rachmasacha ab ea a mhuintir ar an dá thaobh: 'Gearaltaigh Bhaile Uí Chríonáin i gCo. Chorcaighe & Paoraigh Chnuic a' Leatharaigh i nDéiseachaibh Phort Láirge' (APMG: 2). Cé go ndeir an Foghludhach linn

go mba fhuirist líne ghinealaigh Ghearaltaigh Bhaile Uí Chríonáin a dhéanamh amach siar go dtí tosach na haonú haoise déag is leor leis dul chomh fada siar leis an séú haois déag chun a ndintiúirí a thaispeáint, agus maíonn sé go ndeimhníonn 'úghdair léigheannta' an méid seo a leanas linn:

> gurab í a[n] líne seo a an líne chríonna fhirionnach do shíolruigh go díreach ó Mhuiris Mac Sheagháin Mhic Gearailt, duine d'ógchlainn mhac Sheagháin Mhic Thomáis an chéad Tighearna Déiseach & Deas-Mhumhan .i. ceap Ridirí Chiarraidhe. Agus dubhairt Cearú, Uachtarán na Mumhan le linn Eilíse & Séamuis Rí (i nGeinealach Gearaltach do chuir sé fé dhéin Riaghaltas Shasana i mbl. 1599) gurab ó Éamonn Mac Gearailt, críon-mhac & oighre dleaghthach Mhuiris mhic Risteáird, an séamhadh Ridire, do shleachtuigh Craobh Bhaile Uí Chionnfhaolaidh … (APMG: 2)

Dar leis an bhFoghludhach, ina theannta san, nár 'lughaide sinsireacht mháthar Phiarais, Máire Paor, inghean Phiarais Paor Chnuic a' Leatharaigh' mar go raibh ridirí go leor le maíomh aici sin chomh maith ar dhá thaobh a sinsir:

> B'í Grás Ósbor ó Cheapaigh a máthair sin, deirbhshiúr an Ridire Tomás Ósbor an ceathramhadh Barún Tighe Cinn Corra. Ba dearbhráthair do'n bPiaras Paor so Ruadhraí Paor a chongbhuig Caisleán Leasa Mhóir i mbl. 1645 i gcoinnibh Iarla Chuain an Chaisleáin. Ridire do b'eadh athair na bPaorach soin, leis, Piaras Paor ó Charraig Uí Leidhin a bhí pósta le hEilís Baoighill, deirbhshiúr chríonna Risteaird an chéad Iarla Chorcaighe … (APMG: 3)

Chomh maith leis seo maíonn Ó Foghludha gur féidir ginealach Phaoraigh na Claise Móire a rianadh siar go dtí an bhliain 1177, tráth ar tháinig an Ridire Ribeárd de Poher go hÉirinn i dteannta Anraí a Dó (APMG: 3), sa tslí is ná beadh aon dabht ar dhuine i dtaobh 'an sórt fola' a bhí ag rith i bhféithibh an Ghearaltaigh. Dá mba Shean-Ghaill iad na Gearaltaigh agus na Paoraigh seo, mar a bhaist an Céitinneach ar na teaghlaigh Normannacha sa seachtú haois déag (Comyn, 1902: 4), d'fhéadfaí talamh slán a

dhéanamh de go rabhadar 'níos Gaelai ná na Gaeil iad féin' agus iad ina n-uaisle agus ina gceannairí ag an bpobal Caitliceach Gaelach in oirthear Chorcaí agus in iarthar Phort Láirge san ochtú haois déag agus ar feadh na gcéadta bliain roimhe sin.

Ach, cé gur fior gur dhaoine mór le rá ab ea sinsir Phiarias – ar an dá thaobh – leis na cianta, is deimhnitheach ná raibh an stádas céanna ag baint leo sa chéad cheathrú den ochtú haois déag mar ná raibh fágtha de thailte ag na Gearaltaigh faoin am a raibh Piaras ag éirí suas ach a raibh acu i mBaile Uí Chionnaola. Más fíor don bhFoghludhach, is amhlaidh gur chaill a shinsir an chuid is mó dá raibh acu faoi dheireadh na séú haoise déag tar éis éirí amach Iarla Deasmumhan:

> Ní raibh an file chómh tathacach leo so a chuaidh roimhe, mar, an uair a bhí Iarla Deas-Mhumhan ag troid i gcoinnibh na Sasanach d'aontuigh & do chabhruigh Seaghán Mac Réadhmuinn Mhic Gearailt leis an Iarla, & nuair a bhuaileadh trom-chos ar an nDeasmhumhnach, do chreachadh, do scriosadh & d'imrigheadh an donas ar gach n-aon a bhí páirteach leis, & níor tháire d'fhear Bhaile Uí Chríonáin. D'aon scríb amháin do chailleadh dó Baile Uí Chríonáin, Baile Mhic Iaith, Baile Uí Dhomhnaill & suas le fiche baile fearainn eile timcheall na háite, agus do roinneadh iad ar dhaoinibh a ghaibh páirt na Corónach & is cosmhail gurab ar an módh so do thuit Lios Caoinleáin chum na nGeárdach, mar do thréigeadar an tIarla.' (APMG: 12)

Mhair éirí amach so Iarla Deasmhumhan ar feadh seacht mbliana ó 1576 go dtí 1583 agus is féidir a dhéanamh amach go raibh seanascal Uí Mhic Coille, Seán Mac Gearailt, an té atá luaite ag Ó Foghludha lastuas, gníomhach go maith sa bhfeachtas treallchogaíochta so le linn an ama (McCormack, 2005:148). Ach, más fíor gur 'd'aon scríb amháin' a eisreachtaíodh tailte Ghearaltaigh Bhaile Uí Chríonáin sa bhliain 1600 (APMG: 21) sa tslí is ná raibh fágtha acu ina dhiaidh sin ach a raibh de thailte acu i mBaile Uí Chionnaola, is gur mar sin a bhí sa chéad cheathrú den ochtú haois déag, fós is léir ná

raibh muintir Phiarais dulta ó ghradam is go raibh ardstádas ag baint leo ina ndúthaigh féin, agus i measc a bpobail féin, faoi mar a chífimid.

Beirt iníon, Eilís agus Grás, a saolaíodh do Mhícheál Mac Réamainn Mhic Gearailt agus a bhean chéile, Máire Paor, agus cúigear mac a bhí acu: Réamann, Mícheál, Gearóid, Piaras agus Mártan. Ba é Piaras an tarna mac ab óige den cheathrar so agus, mar sin, dob fhéidir a thuairimiú ná raibh súil in airde aige in aon chor le linn a óige go dtitfeadh talamh a mhuintire leis nuair a bhí triúr dearthár aige a raibh tús áite acu air. Is beag amhras ná go dtitfeadh an tigh agus na tailte a bhain leis i mBaile Uí Chionnaola leis an gcéad mhac, Réamann, ach amháin go raibh sé 'ró-chaithteach' agus dealraíonn sé gur 'diúltaíodh a oighreacht do' in uacht a dhein a athair ar an 29 Mheitheamh 1722, Lá Fhéile Peadair is Póil (APMG: 4). Ar aon slí cailleadh an Réamann so tamaillín gairid tar éis don athair an uacht so a dhéanamh agus faoi mar a deir Ó Foghludha (APMG: 6) 'ní dócha go raibh fhios ag Réamonn ná raibh in uacht a athar in-a chomhair acht suarachas, trí púint airgid nó luach trí púint d'éadach nó d'each!' Dob fhéidir a thuiscint as so gurbh é drochtheist an réice a bhí ar Réamann, agus is díol spéise é sa mhéid seo, gurbh é an moladh ab airde a thug Éamonn de Bhál dó sa chaoineadh a chum sé air tar éis a bháis ná gur '*triath glic* ba mhaith san tábhairne' ab ea é (**5**, 32), rud a thagann leis an aidiacht dhiscréideach, 'ró-chaithteach', a roghnaigh an Foghludhach chun gan an mac drabhlásach so a dhamnú.

Mhair athair Phiarais go dtí an bhliain 1736, de réir cosúlachta, agus ba iad so seiceadóirí na huachta (nó 'fitheadóirí' mar a thugann Ó Foghludha orthu) a dhein sé thiar sa bhliain 1722 faoi mar atá feicthe againn: Tomás de nGeard ó Eochaill, Peadar Ó Carúin agus Seán Óg Paor ón gClais Mhór. Is spéisiúil é an cuntas atá tugtha ag an

bhFoghludhach ar na coinníollacha a chuir Mícheál Mór san uacht so a dearbhaíodh ar an 17 Iúil 1736.

> D'fhág sé a chuid talmhan ag Micheál, an dara mac, acht mara nglacfadh sé sin an tsean-áit & na coinghill d'fhóirlíonadh d'réir an chonnartha, b'é Gearóid, an tríomhadh mac, a bhí chum an fheirm, &c. d'fhagháil, agus murar mhaith leis sin na coinghill d'fhóirlíonadh, d'fhág an t-athair mar rogha an áit do bhronnadh ar Phiaras. Ní fios dúinn anois cad ba chúis leis an malartughadh so, acht b'fhéidir gur de dheascaibh Micheál & Gearóid bheith ins an Spáinn i mbl. 1722 le hais dearbháthar a n-athar, le linn déanta an udhachta. Is dócha gurab ar scoil a bhíodar 'san tír sin, & Mártan an té b'óige i n-a dteannta. Is deacair a rádh cad é an fáth ná raibh Piaras le n-a n-ais murab amhlaidh bhí sé i n-easláinte i n-aois a thrí bliadhna déag dó, nó gur theastaigh ó n-a mhuinntir éinne amháin, ar a laighead, d'á gcloinn a bheith sa' bhaile aca. (APMG: 4)[8]

Thuas sa Spáinn is ea a bhí deartháireacha Phiarais, Mícheál, Gearóid agus Mártan, ag an am so agus caitheann an Foghludhach an tuairim go mb'fhéidir gur mheas a dtuismitheoirí ná fillfidís ar an mbaile go deo toisc taithí a bheith acu ar a bheith ag maireachtaint 'san tír aoibhinn aerach soin' (APMG: 5). Tá an chuma ar an scéal, ach go háirithe, gur cailleadh Mícheál óg sa Spáinn uair éigin roimh an mbliain 1753 agus gur cailleadh Gearóid in Éirinn timpeall an ama chéanna (APMG: 5). Mar leis na deirfiúracha, is eol dúinn gur cailleadh Grás sa bhliain 1722, an bhliain chéanna inar cailleadh Réamann, ach níl aon tuairisc againn ar an mbean eile, Eilís – ná ar an deartháir Mártan, an té ab óige díobh ar fad, agus cá bhfios ná gurbh amhlaidh gur chaith sé sin a shaol thall sa Spáinn mar a raibh pobal bríomhar Éireannach ag an am nó gur chuaigh sé

---

[8] Dhealródh sé go bhfuil an cháipéis seo caillte ó shin cé go bhfuil an uacht so agus uacht mháthair Phiarais a dtagrófar di ar ball luaite ar liosta uachtanna Chluana (féách *Index of Irish Records Index Vol. I* (2003), *Irish Wills 1484 – 1858* [CD ROM] Eneclann [léite 17 Meán Fómhair 2012]) mar uachtanna a dearbhaíodh sna blianta 1736 agus 1752 faoi seach. Má bhí teacht ag an bhFoghludhach ar na huachtanna so nuair a bhí sé féin i mbun taighde ar an nGearaltach, níl aon tuairisc orthu anois. Tuigtear, gan amhras, gur cailleadh an-chuid de na huachtanna so nuair a dódh na Ceithre Cúirteanna san ionsaí a chuir tús leis an gCogadh Cathartha sa bhliain 1922 agus is é is dóichí gur cailleadh uachtanna na nGearaltach an uair úd leis.

le sagartóireacht i gceann éigin de na Coláistí Éireannacha faoi mar a dhein mórán fear óg Éireannach san ochtú haois déag.[9]

Dhein máthair Phiarais, Máire Paor, a huacht féin ar Lá Fhéile Stiofáin sa bhliain 1752 agus, faoi mar a tharla, níor mhair sí rófhada ina dhiaidh sin in aon chor: cailleadh í ar an gcúigiú lá de mhí Feabhra an bhliain dár gcionn, 1753 (APMG: 7). Dhealródh sé, chomh maith leis sin, gur fhan Piaras go dtí gur cailleadh a mháthair sular phós sé agus, i dtaobh go raibh sé sna daichidí faoin am so, rithfeadh sé le duine go mb’fhéidir ná raibh a mháthair róshásta lena rogha nuachair, nó neach cé acu, gur fhan sé go dtí go raibh an tigh feirme i mBaile Uí Chionnaola, agus ar bhain de thailte leis gan amhras, fachta aige féin agus teann ar chúlaibh aige chun a rogha bean a phósadh agus socrú síos sa saol. Ba í Grás ‘Caitlín’ Nic Giobúin an bhean a phós Piaras agus dar leis an bhFoghludhach gur chol ceathracha, nó ‘clann na beirte deirbhshéar’, ab ea Piaras agus máthair na mná so, Anastás Ní Rónáin, rud a threiseodh an tuairim atá caite agam go mb’fhéidir ná raibh máthair an Ghearaltaigh róthógtha leis an gcleamhnas áirithe seo. Ar aon chuma, is dealraitheach nár mhair an bhean so, Grás nó Caitlín Nic Giobúin, rófhada in aon chor agus tuairiscítear go raibh sí ar shlí na fírinne faoin mbliain 1755 agus gur phós Piaras don tarna huair (APMG: 7).

Ba í Eilís Laidhléir ó Leac an Daire i bparóiste na Claise Móire i gCo. Phort Láirge an tarna bean chéile seo agus bhí ceathrar clainne, ar a laghad, aici féin agus Piaras, mac amháin, Mícheál ‘an mac ó’r shíolruigh an sliocht anuas’, agus ceathrar

[9] Féach McBride (2009: 248) áit a ndeir sé go raibh suas le 125 teaghlach Éireannach i gCadiz na Spáinne faoin mbliain 1773. Mar leis na Coláistí Éireannacha ar an Mór-Roinn san ochtú haois déag tugann an t-údar céanna cur síos achomair orthu (*ibid*.: 223 – 229).

iníon: Grás, Proinsias, Eibhlín agus Caitlín.[10] Deirtear gur phós Caitlín Éadbhard de Nógla – ní fios arbh é seo Éadbhard de Nógla, file, a mhair c. 1710 – c. 1792 – i mBaile na Móna i gCo. Chorcaí agus go raibh an triúr ban eile pósta le 'daoinibh móra' i gCo. Chorcaí cé go n-adhmhaíonn Ó Foghludha (APMG: 8) go bhfuil amhras 'gur de chlainn an fhile an bheirt bhan so.'

Tá feicthe againn roimhe seo go ndeirtear gur cuireadh oideachas ar dheartháireacha Phiarais sa Spáinn, mar a raibh deartháir a n-athar ag maireachtaint, ach cé ná luann an Foghludhach go raibh Piaras féin sa Spáinn i réamhrá APMG, tugann sé le fios dúinn in alt gairid dá chuid ar an nGearaltach, alt a scríobh sé i bhfad níos déanaí, gur sa Spáinn a cuireadh oideachas air sin leis, fara lena dheartháireacha, agus tugann níos mó eolais dúinn i dtaobh a raibh ar siúl ag an uncail thall:

> Educated, with his brothers, at Cadiz, Spain, where their uncle was an extensive wine merchant. These Fitzgeralds were of the Ballycrenan Geraldines, who did not a little smuggling to and from the Continent in the seventeenth-eighteenth century and on two occasions at least their ship was seized by Barbary pirates. Through the influence of Lord Cork, however, and the payment of ransom, they were in each instance released. (Ó Foghludhgha, 1945 (b): 139)

Is díol suime é an méid seo ar dhá chúis, dar liom: ar an gcéad dul síos tugann sé le fios dúinn go mb'fhéidir go raibh na Gearaltaigh lenar bhain Piaras bainteach le cúrsaí trádála idir Éire agus Mór-roinn na hEorpa, go rabhadar ina smúglálaithe, smuglálaithe fíona is cosúil, ag dul siar go dtí an seachtú haois déag más fíor, agus ina theannta san, d'fhéadfaimis a thuairimiú, go mb'fhéidir gur ag brath cuid mhaith ar an saghas so gnóthaíochta a bhíodar d'fhonn a n-ardstádas sa saol a choimeád. An tarna hábhar suime anso, dar liom, ná an cheist a rithfeadh le duine i dtaobh cén saghas oideachais a fuair

[10] Luann Ó Foghludha anso (APMG:8) go raibh triúr iníon ag Piaras, 'Proinnséas, Eibhlín & Caitlín' ach is léir ón uacht a dhein an Gearaltach sa bhliain 1784 gur ceathar iníon a bhí aige. Tá an uacht so le fáil i measc pháipeirí an Ghearaltaigh i Sainbhailiúcháin Choláiste Ollscoile Chorcaí, U/80, íotam a 1.

Piaras agus cén áit a bhfuair sé é. Ba dhóigh le duine, faoi mar a chífimid, go bhfuair Piaras oiliúint den chéad scoth i léann na Gaeilge uair éigin go luath ina shaol, agus i dteannta an oideachais seo ina theanga dhúchais, is léir go raibh an Béarla agus an Laidin ar a thoil aige. Is fiú a lua, mar sin, ós ag trácht ar an Spáinn atáimid, ní hé amháin ná fuil aon fhocal Spáinnise le sonrú ar scríbhinní Phiarais (nuair atá idir Ghaeilge, Bhéarla agus Laidin le fáil ina LS féin), ach is ar éigean má tá aon lua ar an tír sin aige ina shaothar taobh amuigh den dóchas a léirítear ina chuid dánta polaitiúla ó am go chéile go mb'fhéidir go dtiocfadh cabhair chun na hÉireann ón Spáinn – rud a bhí comónta go maith i bhfilíocht na Gaeilge san ochtú haois déag ó aimsir Aogáin Uí Rathaille anuas (Ó Buachalla, 2007: 31). Is é oighear an scéil, mar sin, ná nach féidir a bheith cinnte go raibh Piaras riamh sa Spáinn, agus fiú amháin más amhlaidh go raibh ní féidir a bheith cinnte go bhfuair sé aon oideachas foirmiúil ann. B'fhéidir, gan amhras, gur chaith sé tamall gairid thall, ach má dhein, ní fheadramar ná gur ag foghlaim cheird an smuglálaí fíona a bhí sé seachas ag tabhairt faoi chúrsaí scoile nó ollscoile. Is féidir a bheith siúrálta faoi rud amháin, áfach, is é sin gur cuireadh oideachas den scoth ar Phiaras mar scríobhaí agus mar fhile i dtraidisiún na Gaeilge – oideachas den saghas ná beadh ar fáil aige sa Spáinn.[11]

### *Luathchaointe*

Dhealródh sé gurb é an dán is luaithe de chuid Phiarais atá tagtha anuas chugainn ná an caoineadh a scríobh sé ar dheartháir agus ar dheirfiúr leis – Réamann agus Grás – a

[11] B'fhéidir go rithfeadh sé le duine go bhféadfadh sé go raibh sé i gceist ag a mhuintir go raghadh Piaras féin nó duine dá dheartháireacha le sagartóireacht. Is deimhnitheach go raibh eolas maith ag Piaras ar stair na heaglaise, agus ar an Laidin mar atá ráite, agus níl sé as an gceist mar sin, dar liom, gur chaith sé tamaillín ag dul le sagartóireacht. Féach nóta a 9 thuas.

cailleadh sa bhliain 1722, faoi mar a chonaiceamar thuas. Ní raibh ag Piaras ach trí bliana déag ag an am agus b'fhéidir gurbh ait le duine, mar sin, é a bheith ábalta ar a leithéid de dhán a chumadh ag aois chomh hóg san. Dob fhéidir a thuairimiú, áfach, gur tamall gairid de bhliantaibh i ndiaidh bhás na beirte ab ea a scríobh Piaras an caoineadh seo, nó ceann éigin acu, go raibh oiliúint fachta cheana féin aige i scríobh agus i léann na Gaeilge sa tslí is go raibh sé lánoilte ar chúram na filíochta agus é fós sna luathdhéaga. Ní féidir éinní a rá le haon siúráil ach amháin gur léir go bhfuair an Gearaltach oiliúint den chéad scoth i léann na Gaeilge uair éigin le linn a óige mar níorbh aon drochfhile é an té a chum chéad véarsaí an chaointe seo:

> Ní thig an ghrian sa rian díreach
> is d'imigh an ré fá néaltaibh daoirse;
> níor chás aithint ar easaibh na hÍomna
> 's ar fhuaim na dtonn – mo lom! – gur cloíodh sibh.
>
> Do las an spéir go craosach timpeall
> 's do bhrúcht an fharraige sealad mar dhíleann;
> níl lasadh ar bhuaibh ná cruas ar choilltibh,
> ó leagadh san úir gan lúth an bhrídeach. (**1**, 1 – 8).

Is díol suime é, dar liom, an macalla atá le braistint sna véarsaí seo ó cheann de dhánta móra Phiarais, *Rosc Catha na Mumhan* (**17**, 9 – 16) a scríobh sé i bhfad ina dhiaidh seo – timpeall ar lár na haoise de réir dealraimh – dán ina bhfuil an t-íomháineachas draíochtúil céanna *an ghrian*, *an ré*, *an lasadh sa spéir* agus *torann na dtonn* le fáil againn. Is luath go maith ina shaol, mar sin, a déarfá, a thosnaigh an Gearaltach ag cleachtadh a stíle féin – stíl a thabharfadh sé chun foirfeachta le himeacht ama.

Níorbh é Piaras, áfach, a scríobh an t-aon chaoineadh atá ar marthain againn a cumadh ar bhás a athar, Mícheál Mac Réamainn (†1736), ach an file Déiseach, Éamonn

de Bhál (1668 – 1763)[12] a chum caoineadh ar dheartháir Phiarais, Réamann (†1722), atá luaite cheana againn, chomh maith. Is cé nárbh é Piaras a chum an dá chaoineadh seo táid in eagar anso (dánta a **4** agus a **5** faoi seach) i dtaobh a dhlúitheacht is a bhainid le muintir Phiarais agus toisc gurbh fhéidir a thuairimiú go raibh baint ag an bhfile áitiúil seo, Éamonn de Bhál, le hoiliúint a chur ar Phiaras mar fhile agus mar scríobhaí. Mar fhile a bhí mór leis na Gearaltaigh, agus é faoi chomaoin acu mar phátrúin b'fhéidir, ní bheadh sé as an gceist a chur i gcás go mb'fhéidir go raibh de Bhál ar dhuine de na múinteoirí a chuir treoir ar an nGearaltach óg agus é ag tabhairt faoi fhilíocht na Gaeilge a scríobh. Chonaiceamar thuas chomh maith gur cailleadh máthair Phiarais, Máire Paor, nó *Máire Iníon Phiarais Paor, beanphósta Mhichíl Mhic Réamainn Mhic Gearailt* mar a thugtar uirthi i gceannscríbhinn na LS, ag tosach na bliana 1753. Ba é Piaras féin a chum an caoineadh uirthi agus más áibhéileach an cur síos a gheibhimid anso ar dhea-thréithe an té atá faoi chlár, mar is gnáthach sa seánra so, bhraithfeá ar a shon san go bhfuil éachtaint chruinn le fáil againn anso ar an saghas saoil a chleacht na Gearaltaigh agus a gcuid aíonna uaisle in Uí Mhic Coille, nó i mBaile Uí Chionnaola chun a bheith beacht faoi is dócha:

Ba mhinic 'na timcheall saoithe 's éigse,
in Uí Mac Coille cois toinne na stéidbharc,
uaisle eaglaise, flaithe agus béithe,
is bruinneallaibh míonla mínchnis, maordha.

Ba mhinic id ghrianbhrog triatha is laochra,
is scata ban uasal buacach, péarlach,
ceolta 's fíonta, rince is pléireacht,
aca le fáil, is fáilte ghléigeal.

Ba mhinic id halla agat gasra dhod gaolta,
is tú go dearfa taitneamh na cléire,

[12] Féach an cuntas ar de Bhál in Beathaisnéis http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1305 (ceadaithe 19 Meitheamh 2012).

uaisle, saoithe, draoithe ’s éigse,
is iad gan atuirse ag scaipeadh na mbléithe. (**2**, 29 – 40).

Tabhairt suas pribhléideach, mar is léir ón méid seo, a fuair Piaras agus é i measc mhaithe agus móruaisle na dúthaí a gcuirtí na fáiltí geala rompu ag tigh na nGearaltach, nó ag an ‘ngrianbhrog’ mar a thugtar air anso, áit ina mbíodh tarraingt ar bhia agus ar dheoch, agus áit ina mbíodh ceol, rince is ‘pléireacht’ de gach saghas ar siúl. Más idéalach féin an pictiúir a chuireann Piaras ós ár gcomhair anso ní foláir nó go raibh sé bunaithe ar a thaithí féin ar an saol – an saghas saoil a chaith na mionuaisle Caitliceacha a thug na cosa leo ó na péindlíthe san ochtú haois déag.[13]

Scríobh Piaras caoineadh ar dhuine de na huaisle áitiúla, Muiris de nGeard, a cailleadh sa bhliain 1743 dar leis an bhFoghludhach (APMG: 8) cé ná luann sé aon fhianaise a thacódh leis seo ach amháin go ndeir sé go bhfuil ‘fhios againn gurab ar an dara lá de Faoilte, 1742 [1743]’ a fuair sé bás. Daoine a bhí mór le rá ab ea muintir de nGeard agus cairde leis na Gearaltaigh ab ea iad, de réir dealraimh – Tomás de nGeard ab ainm do dhuine de sheaiceadóirí uacht Mhíchíl Mhic Gearailt faoi mar atá feicthe againn (APMG:4) – is b’fhéidir gur chomhaos do Phiaras ab ea an Muiris seo toisc go dtugann an t-adhmholadh bladhmannach anso le fios dúinn gur cailleadh go cuíosach óg é:

Blianta fada níor ceapadh ar an saol so duit,
a Thriath nár mheata chum airm do thraochadh i bhfuil,
ba mhian mar ghaisce leat Danair a réabadh i gcoirp,
cian nár ghreadais an cealgaire chaoch do roisc. (**6**, 17 – 20)

---

[13] Tá plé fíorspéisiúil déanta ag McBride (2009: 215 – 245) ar an gceist seo mar a ndeineann sé athbhreithniú ar ré na bpéindlíthe agus conas mar a tháinig Caitlicigh na hÉireann slán tríthi. Faoi mar a deir sé ‘for much of the eighteenth century the popery laws succeeded in marking the boundaries of the public sphere in a Protestant kingdom where the state religion was rejected by nine-tenths of the population’ (*ibid*.: 245). Bheadh tionchar an-mhór ag na dlíthe seo ar shaol Phiarais faoi lár na haoise faoi mar a chífimid fós.

B'fhéidir, gan amhras gur cailleadh an t-ógfhear so ar pháirc an chatha san Eoraip le linn Chogadh Chomharbas na hOstaire a mhair ó 1740 go dtí 1749 ach nuair nár thug Ó Foghludha a fhoinse eolais dúinn is deacair a rá cérbh é go díreach an Muiris de nGeard so, conas a fuair sé bás nó cad é go díreach a dhein sé lena shaol, seachas gur bhain sé le teaghlach Sean-Ghall a bhí tréan i ndúthaigh Eochaille ón gceathrú haois déag ar aghaidh (de Bhulbh, 2002: 73).

Is léir ó na ceannscríbhinní a théann leis an tuireamh dar tosach *Lá is me ar mhaoilinn ardchnoic, aoibhinn, ársa, binnghil Éadaoine* (**3**) gur ón gClais Mhór ab ea an té atá á chaoineadh anso agus gur cailleadh é ar an tríú lá de mhí Iúil sa bhliain 1754. Caoineadh i bhfoirm aislinge is ea an dán so a chum Piaras agus, dar liom, tá sé le háireamh mar cheann dá dhánta móra mar gheall ar an saibhreas teangan atá ann, an mheadaracht chasta álainn agus, thar aon rud eile, mar gheall ar an slí ealaíonta ina bhfuil sé tógtha.[14] An bhantracht álainn chráite a bhuaileann leis an bhfile i dtosach an dáin, tógann Piaras ceann ar leithligh den réilteann taitneamhach ina measc is nuair a cheistíonn í i dtaobh a dobróin insíonn sí dó 'gur leagadh lóchrann is ceap na Fódla, an Seabhac róghlan, réilteannach' (**3**, 20). Nuair a dhúisíonn an file as a thaibhreamh, mar gur léir dúinn anois gur thaibhreamh a bhí ann, tuigeann sé go bhfuil 'príomhfhlaith' na nDéise ar lár is cromann ar an té sin a chaoineadh agus é ag cur síos air i dtéarmaí a d'oiriúnódh taoiseach den ghrád is airde:

> Searc na Cléire, searc na mbéithe, searc na Saesars ngléigeal thu,
> searc na ríbhan maiseach, míonla, searc na bhflathaibh bhfíontach, bhféastach thu;
> dragan lonnrach, frasach, fiúntach, scaiptheach, súgrach, séanmhar, glic
> d'fhág i mbrón gach stáidfhear cróga is ráib d'fhuil oirdheirc Déiseacha.
> (**3**, 37 – 40).

[14] B'fhéidir gurb í meadaracht an dáin seo an mheadaracht is casta dá bhfuil againn sna dánta ar fad atá in eagar sa tráchtas so. Féach an caibideal ar Chúrsaí Teangan agus Meadarachta.

Tráchtar ina dhiaidh sin ar an bhféile agus ar an bhflaithiúlacht a bhain leis an 'seabhac' so nuair a théití chun a thí i gClais Mhór faoi mar a cuireadh síos ar theist na flaithiúlachta a bhain le máthair an fhile féin sa chaoineadh a luamar lastuas agus, ina theannta san, is suimiúil an tslí ina gcuirtear síos ar an 'Saesar' atá ar lár mar 'leoghan' a mbíodh sé de nós aige scrios a dhéanamh ar na Gaill faoi mar a bheadh nóta polaitiúil Seacaibíteach á bhualadh ag an bhfile d'aon ghnó chun cur le cáil an Phaoraigh:

> Do dheachtaoi suairceas i gClais Mhór, fastaím bhuan is dréacht milis
> ceol is aoibhneas, feoil is fíonta, lóchrann soilseach is caolchruite;
> is minic nárbh fhann ar imirt na lann mar churadh ba theann mar Shaesar tu
> 's is córach, calma, cróga, ceannasach mar leoghan le gallaibh chum eirligh tu.
> (**3**, 81 – 4)

Is follas, mar sin, gur dhuine mórthábhachtach ab ea an 'leoghan d'fhíorscoth Paoracha' so (**3**, 105) i ndomhan Phiarais ag an am agus, gan amhras, faoi mar atá feicthe againn cheana, ós rud é go raibh gaol ag Piaras le Paoraigh na Claise Móire ar thaobh a mháthar ní hiontas linn a leithéid seo de chaoineadh a bheith á scríobh aige. Ar a shon san, is deacair a rá le haon siúráil cérbh é go díreach an Séan Paor so, cé gurb é is dóichí ar fad dar liom, gur uncail leis, deartháir a mháthar, a bhí ann i dtaobh gur cailleadh é bliain i ndiaidh na mná san is gan é a bheith le tuiscint gur ógfhear a bhí ann. Dar leis an bhFoghludhach (APMG: 10) 'gaol gairid' do Phiaras ab ea Seán Paor 'a bhí pósta le Cáit Metge, bean ó Chúige Chonnacht, fé mar a deir an dán' is cé go luaitear céile an fhile 'Cáit an bhrollaigh ghil,' (3, 93) agus go ndeirtear gurb as Cúige Chonnacht di (3, 92) ní fheadar cad as a bhfuarthas an sloinne 'Metge' anso murab amhlaidh go raibh foinse eile eolais ag an bhFoghludach nár luaigh sé san eagrán so. Tá feicthe againn roimhe seo gurbh é 'Seán Óg Paor' ón gClais Mhór an t-ainm a bhí ar dhuine de sheiceadóirí Phiarais

agus thuairimeoinn, mar sin, go mb'fhéidir gurbh é an fear céanna atá á chaoineadh chomh héifeachtach so ag Piaras sa dán so.

***Ardsirriam Leithe Mogha agus Cúirt na mBurdún***

Pé saghas oideachais a fuair Piaras, agus pé áit ina bhfuair sé é, is follas óna bhfuil againn óna láimh féin agus ó fhianaise LSÍ na Gaeilge go raibh sé lánoilte mar fhile agus mar scríobhaí, faoi mar atá ráite cheana agam. Is léir, ina theannta san, go raibh sé ag feidhmiú mar uachtarán ar chúirt filíochta a bhí ar a bonnaibh ina dhúthaigh féin faoin mbliain 1744, ní foláir, nuair a chuir sé foghairm agus barántas i ndiaidh Uilliam Uí Mhóráin, múinteoir scoile ó Shliabh gCua á rá leis teacht go dtí tigh an Ghearaltaigh i mBaile Uí Chionnaola ar an 10 Meán Fómhair den bhliain sin (**35**, 7 – 10).[15] Deir Piaras linn sa bhfoghairm seo go raibh sé ar dhuine 'd'ord ollamhanta' Leithe Mogha agus tugann sé 'Ard-Sirriam Leithe Mogha' air féin ag deireadh an bharántais a chuir sé amach tamaillín ina dhiaidh sin nuair a bhí diúltaithe ag an Móránach do chéad ordú na foghairme (**36**). Níl aon dabht ná gur theideal ab ea é seo a raibh gradam éigin ag baint leis mar is léir ón méid seo a leanas ó Bhreandán Ó Conchúir:

> Is léir ó fhilíocht na linne go samhlaítí ceannasaíocht agus údarás le Piaras Mac Gearailt i measc na bhfilí, an saghas údaráis a bhíodh ag an gceannfhile nó ag an Uachtarán sna cúirteanna éigse lena linn. 'Árd-Sirriam Leithe Mogha' a thugadh sé féin air féin (agus ní ina chuid barántas amháin é), agus sin é leis a thugadh cuid eile de na filí air. (Ó Conchúir, 2001: 65).

[15] Ba é seo an tUilliam Ó Móráin atá luaite in *Eachtra Ghiolla an Amaráin* le Donnchadh Ruadh Mac Conmara, dar leis an bhFoghludhach (APMG: 9). Seo mar a théann na línte ina bhfuil an Móránach luaite san *eachtra* so: 'Nó ar Shliabh geal gCua rug buadh na féile / Ag riar luacht duanta druadh, 's a gcléirig, / farra Uilliam Ó Moghráin fonn-árd léigheanta / do chanfadh seanndán os ceann chláir m'éaga.' (Ó Foghludha, 1933: 25, ll. 129 - 132).

Nílimid dall ar fad ar stair is ar nósa imeachta na cúirte seo, mar sin, ná nílimid chun deiridh mar le heolas ar chúirteanna éigse na hochtú haoise déag trí chéile, go háirithe toisc go bhfuil an t-eolas ar fad ina dtaobh curtha i bhfóiribh a chéile ag an gConchúrach san alt so dá dtagraím thuas, agus é – chomh fada is a bhaineann sé le Cúirt seo Phiarais (*ibid*.: 65- 66; 69 – 70) – ag tógaint ar an taighde a dhein an Foghludhach nuair a bhí sé sin i mbun oibre ar amhráin an Ghearaltaigh (Ó Foghludha, 1903/4; APMG). Mar sin féin, is dóigh liom gur féidir linn beachtú a dheánamh ar roinnt bheag pointí eolais anso thíos agus imeachtaí na cúirte seo á bplé againn.

Faoi mar a chítear ón sliocht so thuas is léir gur mhair an chúirt seo, 'Cúirt na mBurdún' mar a thugtar uirthi ar uairibh, is léir gur mhair sí ar feadh i bhfad – leathchéad bliain nó mar sin – agus is féidir a dhéanamh amach nár cuireadh deireadh léi go hiomlán go dtí gur cailleadh an Gearaltach féin i dtreo dheireadh na haoise.[16]

Dar leis an bhFoghludhach (APMG: 20) gur gairm scoile atá sa bhfoghairm agus sa bharántas a chuir Piaras amach i ndiaidh Uilliam Uí Mhóráin sa bhliain 1744, na téacsanna dár thagraíomar thuas, agus tuairimíonn nach dócha 'go raibh sí i bhfad ina suidhe' roimhe sin, ach dob fhéidir a chur i gcás gurbh ann don chúirt ar feadh i bhfad roimhe sin agus go raibh Piaras ag fógairt do chách go raibh sé féin ina Ardsirriam uirthi anois, agus an dá théacs so (**35** agus **36**) á gcur amach aige, ceann i ndiaidh a chéile, mar chruthúnas air sin. Mhíneodh sé sin, b'fhéidir, cad fáth go bhfuil tús áite tugtha aige don dá théacs so ina LS féin (LS Phiarais: 1 – 4), LS a scríobh sé cúig bliana is fiche níos

[16] Dhearódh sé ná raibh an Foghludhach ródheimhnitheach i dtaobh cén bhliain inar cailleadh an Gearaltach: thug sé le fios ar dtúis gur cailleadh an Gearaltach sa bhliain 1788 (APMG: 22) cé go n-admhaíonn sé sa leabhar céanna (*ibid*.: 108) go raibh an file fós ina bheathaidh sa bhliain 1791. Ba léir dó níos déanaí gurbh amhlaidh gur cailleadh Piaras sa bhliain 1795 (Ó Foghludha, 1945 (b): 139).

déanaí; is é sin le rá gur bhraith sé tábhacht phearsanta a bheith ag baint leo i gcónaí toisc gur leis na téacsanna so a chuir sé tús lena ré mar Ardsirriam.

Ba dhóigh leis an bhFoghludhach, agus leanann Ó Conchúir é (2001: 69), go mbíodh an chúirt seo ag suí faoi dhó sa bhliain ach is dealraitheach gur bhunaigh Ó Foghludha an tuairim seo ar mhíléamh a dhein sé ar na dátaí atá luaite sna téacsanna so mar gur ghlac sé leis go raibh tagairt i LS Phiarais don 'treas lá earraigh' nó an 3ú lá de mhí Feabhra (APMG: 69) seachas 'an treas lá, iarraidh gan dréim ris' mar atá sa LS, chomh maith leis an bhfoláireamh a thugtar don Mhóránach a bheith ina thigh i mBaile Uí Chionnaola ar an 10 Meán Fómhair 1744. Is fiú féachaint ar roinnt línte as an bhfoghairm, nó as an toghairm, seo:

> Ag so chughat in ainm an oird dá aithne dhuit bheith i bpearsain dom láthair ag m'áitreamh i mBaile Uí Chionnfhaolaidh ar an deichiú lá don mhíos is neasa dhúinn romhainn ionas go dtabharthá má thig leat, freagra iomchuí dona casaoidibh cruaidh contúirteacha as ucht an oird arna ndéanamh ….. .. Gidheadh, d'aithcheas nach soichfeadh an toghairm so chughat roimhe an lá roimhráite, maise forfhógraim dhuit an treas lá, iarraidh gan dréim ris, bheith im fhianaise insan inead roimhráite; ná hob i bpéin t'umhla. Tugtha fóm láimh an t-ochtú lá don mhíos Aibhgheist insa mbliain d'aois ár slánaithe, seacht gcéad déag ceatharchaid a ceathair. (**35**, 3 – 10)

Mar sin, ní dócha gur féidir linn a rá le haon siúráil cé chomh minic is a bhíodh an chúirt seo ag suí in aon chor agus, gan amhras, d'fhéadfadh sé gur ag suí an-mhinic ar fad a bhíodh sí nuair a bhí Piaras ina cheann uirthi. Dhealródh sé, pé scéal é, nár thug an Móránach aon cheann den bhfoghairm seo, nó ceann éigin acu, gur thug sé gearraighneas don Ghearaltach i bhfreagra éigin a chuir sé chuige, mar níor fhan an Gearaltach ach go dtí an 28 Lúnasa go dtí gur chuir sé barántas amach i ndiaidh na foghairme ag tabhairt le fios go raibh masla tugtha ag an Móránach do chóthalán na cúirte:

> do thug go meardha, mallaithe míbhéasach & go hualach, éadrom, earráideach briathra borba, baothghlóracha & aitheasca easumhla, iliomdha do phréaláidibh uaisle, oirdhearca, ardchéimeacha, do chléircibh cuanda, ciallfhoirfe, cráifeacha, d'fhollamhnaibh ungtha, eolacha, ollbhladhacha & d'fhilidhibh feasacha, fíorlíofa, focalshnoite noch nach rigthear a leas d'áireamh sonn gion gurb neamhríofa iad leath ar leath insan áiteamh do ghlacas & fós gur maíodh go míchiallda leis an Uilliam Ó Móráin roimhráite gur frofa, gur fáithí, gur líofa, gur léire 's gur léirdheachtaithe é féin in eolas, in iomais, in iomscaoileadh na n-adhmad & in ilcheárdaibh na n-ealadhain n-éagsúil, nÉireannach (**36**, 2 – 10).

Agus is mar gheall air sin a tugadh cumhacht do 'gach Ard- is Fo-Chonstábla', mar a deirtear sa cheannscríbhinn, ar feadh Leithe Mogha an Móránach a ghabháil agus é a thabhairt ós comhair Ardsirriam na cúirte 'i ngeimhlibh & i nglasaibh go daor docht ceangailte' (**36**, 29 – 30).

Tugann an dá théacs so an-éachtaint dúinn ar mheon aigne agus ar nósa imeachta na cúirte seo agus is féidir a thuiscint uathu – dá mhagúla is dá éadtroime iad mar théacsanna – go raibh sé ar cheann de chuspóirí na cúirte seo, faoi mar a bhí sé mar chuspóir ag cúirteanna eile na tréimhse, 'cosc a chur ar dhaoine neamhoilte a bheadh ag cleachtadh na filíochta gan chead na cúirte nó go mbeidís sásta géilleadh do reachtaibh na cúirte, agus cosaint na cúirte a bheith acu' (Ó Conchúir, 2000: 73). Dob fhéidir a thuiscint ó na téacsanna so chomh maith gurbh amhlaidh go gcuirfeadh an chúirt oiliúint 'ar fhilí óga, chun go mb'fhéidir leo teastas (paitin(t) nó pas) a tharrac a dheimhneodh dóibh údarás na cúirte a bheith acu feasta' (*ibid*.) agus, 'thar éinní eile b'fhéidir' go soláthrófaí ócáidí 'a mbeadh greann agus cuileachta ag na filí agus ag daoine eile a mbeadh meas ar an bhfilíocht acu' (*ibid*.). Luann Ó Conchúir dhá phríomhchuspóir eile a bhí ag na cúirteanna so chomh maith, mar atá, 'an teanga a chur chun cinn' agus 'saothrú a dhéanamh ar an seanchas agus ar na ginealaigh, agus go háirithe ar an bhfilíocht féin',

agus chífimid, faoi cheann tamaill, go bhfuil fianaise ann go raibh na cuspóirí sin ar fad ag 'Cúirt na mBurdún' in Uí Mhic Coille leis.

Tá an chuma ar an scéal gurbh é seanchas na ndaoine a bhí mar fhoinse ag Ó Foghludha nuair a thug sé le fios nach i dtigh an Ghearaltaigh i mBaile Uí Chionnaola a bhíodh an chúirt seo ag teacht le chéile, ach ar an bhFanaisc,[17] baile fearainn atá timpeall le trí mhíle lastuaidh de Bhaile Mhac Óda:

> Ba leor chum Cúirt do chongbháil a raibh d'fhilíbh i bparóistighthibh Bhaile Mhac Óda, Chluainpríost & Chilliaith, agus b'é áit ar cuireadh an Chúirt 'ná díreach mar a mbuaileann teórainn na dtrí paróiste a chéile, - san bhFanuisc. B'é seo an áit b'oireamhnaighe, leis, ar chúinse eile, gurb é Droichead na Fanuisce an t-aon droichead amháin ar Uamana ó Bhéal Tuinne (mar a meascann an abha leis an bhfairrge) go Droichead na Scuab ar fad nó Cilliaith, mar tá géag de'n Uamana (An Deisiúr) a ritheann tré Chilliaith, ó dheas go Fanuisc. De dheascaibh an aon-droichid sin agus comhghaireacht an ionaid do dhaoinibh ar gach taobh de phort, b'eadh shocruigheadh ar an bhFanuisc mar áit chruinnighthe. Is é an ball iona raibh tigh na Cúirte 'ná céad & trí fichid slat soir ó cheart-lár Chrosara na Fanuisce ar dtaobh theas de bhóthar Ghort Ruaidh. (Ó Foghludha, 1903: 87)

Deirtear go mbíodh bata suaithinseach, bata na bachaille mar a thugtaí air, ina láimh ag an Ardsirriam le linn sheisiúin na cúirte mar chomhartha go raibh an chúirt ina suí, agus ba chuimhin le daoine in aimsir Uí Fhoghludha an bata a fheiscint faoi mar a thugann sé le fios anso:

> Is cuimhin le daoinibh a mhaireann indiu an bata soin d'fheiscint slán: ba chosamhail é, deirid liom, le bachall easpuig acht gan é bheith thar dhá throigh go leith ar fhaid. Bhí a urmhór daithte & an chuid eile dearg. Bhí lúb & roinnt de cheann an bhata greannta go gleoidhte le fadhbaí de'n admhad & tá amhras go raibh Ogham nó scríbhneoireacht éigin diamhrach air, chó maith. (Ó Foghludha, 1903: 88)

Ba é an nós a bhí ann, de réir dealraimh, ná go gcoimeádfadh an tArdsirriam an bata ar feadh trí bliana agus ansan go bhféadfadh éinne a bhuafadh air 'i ngéarchaint nó i bhfilidheacht' an bata a thabhairt leis agus bheith ina (h)Ardsirriam ansan is dócha, cé go

[17] Féach http://www.logainm.ie/13599.aspx (ceadaithe 25 Meitheamh 2012).

mb'ait leis an bhFoghludhach go bhféadfadh éinne buachtaint ar an nGearaltach sa tslí seo riamh. Mar sin féin, bhí sé sa seanchas, dar leis, gur bhuaigh Aibigéal Brún ó Eochaill an bata ó Phiaras tráth, agus go raibh Máire Ní Dhonnagáin ó pharóiste Mhaigh Dheilge sna Déise mar ardfhile ar an gcúirt ar feadh tamaillín chomh maith (Ó Foghludha, 1903: 88). Tuairiscíonn Ó Foghludha (1904: 94) go bhfacthas bata na bachaille daichead éigin bliain sular scríobh sé féin a chuntas air, rud a fhágann go raibh an bata fós 'slán' timpeall na bliana 1864 nó mar sin, pé rud a d'imigh air ina dhiaidh sin. Mhair cuimhne an bhata i measc an phobail, is dealraitheach, chomh maith leis 'an sean-mhionna neimhdhíoghbhálach soin "Dar bata na bachaille"' a mhair ar bhéalaibh na ndaoine anuas go dtí tosach na fichiú haoise, más fíor don bhFoghludhach (1904: 93).[18]

Mar leis an ainm 'Cúirt na mBurdún' a thugtaí ar an tionól so is fiú an méid seo thíos ó litir a scríobh Dáibhí de Barra, scríobhaí agus file, ón dúthaigh chéanna geall leis, sa bhliain 1844 mar gheall ar imeachtaí na gcúirteanna so a mheabhrú. Tugaim an sliocht so as an litir, atá le fáil sa LS Gaeilge ARÉ, 23 H 28, díreach faoi mar atá sí ag an gConchúrach:

> It reminds me of the ancient custom they had in Ireland when they held Bardic monthly courts call'd *cúirt na mburdúnach* in every district, where every man they hear'd of capable of forming verse were (sic) summon'd under penalty of five shillings, or an interdict, to answer at court and display his talent and become a member if he was fit. And the President held a crosier call'd *Bata na Bachaille*, to shew his supremacy and mastership, and had the title of *Captaéin na Cúirte*, and wearing his hat in court. And the latest I hear'd of them in this locality was in Midleton, and not many years since for it was in the recollection of my father when an old hag of the Caháns held the crosier for a good many years, and was called *Máistreás na Cúirte*. And indeed they made many comical an droll compositions (Ó Conchúir, 2000: 71).

[18] Dar leis an gCorcarach go raibh bata na bachaille fós le feiscint sa dúthaigh nuair a bhí *The Hidden Ireland* á scríobh aige féin sa chéad cheathrú den bhfichiú haois: 'the actual staff is said to be seen still in some farmer's house in the district' ( 1925: 285 – 6).

Is féidir a thaispeáint go raibh Piaras gnóthach i mbun na cúirte ar feadh na mblianta fada mar go n-úsáideann sé teideal an Ardsirriam ina LS féin a scríobh sé sa bhliain 1769 agus, fairis sin, toisc gur léir go mbaineann roinnt mhaith dá chuid aistí filíochta féin le gnóthaí na cúirte. Ba sa bhliain 1765, is dealraitheach, a scríobh Piaras an dán 'Ba riail ag flathaibh' (**37**), 'ag leanamhuin friotail bhinne mhílse Sheághain Uí Thuama an ghrinn' mar a deirtear sa cheannscríbhinn, mar fhreagra ar bharántas de chuid an Tuamaigh a bhí tar éis pas a bhronnadh ar Phádraig Ó Conaill éigin faoi mar a léimid sa chéad véarsa dá bharántas anso:

> Ó Phádraig gabhaidh mo leathanphas saor go suairc,
> ins gach áit a ngeabhaidh i mbailte port Éireann uais,
> go brách dá chabhair dá chosnamh is dá chaomhnadh buan
> gan bhá gan bhascadh gan mhairg gan bhaol gan bhuairt. (Nic Éinrí, 2012: 140)

Is ag cur fáilte roimh an gConallach a bhí Piaras anso, ar son Chúirt Uí Mhic Coille ba dhóigh leat, agus lean triúr d'fhilí Thuamhan a shampla – Tomás Ó Gliosáin, Dónall Ó Leidhin agus Tomás Ó Míocháin – faoi mar a mhíníonn Nic Éinrí dúinn (*ibid*., agus cf. Nic Éinrí, 2009). Is de shuimiúlacht é gur ag cur fáilte roimh fhile ar bronnadh pas air i gcúirt eile, Cúirt Éigse na Máighe (féach Ó Conchúir, 2001: 61 – 63; Nic Éinrí, 2012: 55 – 58), atá an Gearaltach anso ach b'fhéidir gurb é an nóta polaitiúil a bhuaileann sé ó thosach an dáin an ghné is suaithinsí den aiste seo – gné d'imeachtaí na cúirte a phléifear ar ball:

> Ba riail ag flathaibh bheith carthanach, cráifeach, saor,
> san tír seo tamall gur leagadh na táinte laoch.
> An fuíoll beag mhaireas níl aiteas ná tábhacht 'na gcéill,
> tá Gaoidhil faoi scamall is gallaibh go hard i réim. (**37**, 1 – 4)

Ina theannta so, tá againn fós barántas a chuir Piaras féin amach sa bhliain 1774, barántas a cuireadh i ndiaidh sagairt, Diarmuid Ó hAirt (**38**), a bhí tar éis iompó ina mhinistéir Protastúnach sa tslí is gur thug an tArdsirriam aghaidh a chaoraíochta air sa bharántas nimhneach so dá chuid. Faoi mar a chífimid níos déanaí tá cúrsaí creidimh an-tábhachtach i saothar Phiarais agus tá sé suimiúil go gcuirfí an barántas so amach agus údarás na Cúirte leis más fíor don cheannscríbhinn a ghabhann leis sa LS ar a bhfuil an t-eagrán den bharántas sa tráchtas so bunaithe: 'Piarus Mac Gearailt cct. .i. Árd-Shirriam dá ttrian & Leatha Mogha do shagart d'iompaidh 'na mhinisdir a Reilig Bharra a ccorcaigh an 23lá de'n deichmí na bliana 1774.'[19]

Chomh mhaith leis seo, tá ar marthain againn dhá bharántas choiriúla a d'eisigh Éadbhard de Nógla (1710 – 1792)[20] le cead 'Phiarais uasail Mhic Gearailt, ard-shirriam Leithe Mogha' (Ó Fiannachta, 1978: 170, 184), ceann acu a cuireadh i ndiaidh Mhuiris Chamshrónaigh Uí Chonchúir, a raibh 'saoirseacht loinge' mar cheird aige agus a raibh caimiléireacht curtha ina leith, agus an ceann eile, ceann neamhiomlán, a cuireadh i ndiaidh Uilliam Brún sa bhliain 1770 agus a bhain le goid hata de réir cosúlachta. Tá an chuma ar an scéal gur bhain an dá bharántas so, agus mórán eile dá macasamhail a léadh na filí amach ag Cúirt na mBurdún thairis na blianta nó a gcuirfidís chun an Ardsirriam chun go leifí amach iad, tá an chuma air gur bhaineadar le pearsana a mhair ag an am agus le coireanna éagsúla a bhí déanta acu nó curtha ina leith – an chuid is mó acu neafaiseach – ach, i dtaobh gan aon chumhacht dhlíthiúil nó eile a bheith ag na cúirteanna éigse, ní raibh d'fheidhm ag na barántais ach go bhféadfaí magadh agus scigaithris a dhéanamh ar na daoine seo. Ba é an magadh agus an scigaithris ba mhó a bhí ar siúl, gan

[19] *Barántas Dhiarmada Uí Airt* (**38)** Is ar ARÉ, 23 M 11 (306), lch. 199 a scríobh Seán Ó Dréada atá an téacs anso bunaithe.
[20] Féach http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=3004 (ceadaithe 30 Iúil 2012).

amhras, ná an scigmhagadh agus an fhonóid a bhí á dhéanamh, mar a deir Pádraig Ó Fiannachta, 'faoin gcóras barántas Gallda' agus meabhraíonn sé dúinn ná beadh na barántais ann in aon chor mura mbeadh go raibh 'taithí ag an bhfile agus ag an bpobal ar an dlí Gallda céanna agus ar a chleachtadh' (Ó Fiannachta, 1978: 11). Is cinnte go raibh teangmháil ag formhór na nGael san ochtú haois déag leis an dlí ar shlí amháin nó ar shlí eile faoi mar a mhíníonn Ó Muirí dúinn:

> Ní mór a rá go gcaithfidh go dtáinig beagnach gach uile chainteoir Gaeilge i dteangmháil leis na giúistísí, nó, ar a laghad, lena dtionchar i rith a shaoil. Caithfidh gur eisíodh na céadta míle barántas sa tréimhse seo. Tchífeadh na filí na básuithe poiblí, na fuipeála agus an phíolóid agus an *posse comitatus*. Bheadh na cásanna dlí oscailte don phobal agus bheadh deis ag na filí éisteacht leo. Bhí an dlí mar ghairm séanta ar na Gaeil. Ní raibh cead acu bheith ina n-aturnaetha nó ina n-abhcóidí … [agus] [n]í raibh cead acu bheith ina sirriaim nó ina bhfoshirriaim (443) ( Ó Muirí, 2002: 443).

Mar dhream a raibh gairm agus cleachtadh an dlí séanta orthu thabharfadh sé sásamh nach beag do na Gaeil a gcúirteanna féin a chur ar bun agus aithris a dhéanamh iontu ar roinnt de nósanna poimpéiseacha chúirteanna dlí na nGall is dob fhuirist a shamhlú go mbainfeadh gach éinne a bheadh láithreach ag seisiúin Chúirt na mBurdún ardtaitneamh ar fad as geaitsíocht an Ardsirriam a mbeadh bata na bachaillle á bheartú aige, agus as na barántais mhagúla so a bheadh á léamh amach ós comhair na cúirte.

Chomh déanach leis an mbliain 1791 bhí Piaras fós ábalta ar ghnóthaí na Cúirte a stiúrú faoi mar a thaispeánann an comhfhreagras so i bhfoirm achainí agus barántas idir é féin agus Éamonn Ó Flaitheartaigh. Chuir an Flaitheartach achainí ar an Ardsirriam chun go mbronnfaí 'permit' nó 'pas' ar Uilliam Ó Troithe éigin, ar pheidléir agus ar 'bhuachaill óg aerach, ealadhanta, éagsúil' (**45**, 7-8; 13) ab ea é ina theannta san, dhealródh sé. Is díol suime é an freagra, idir phrós agus fhilíocht, a thugann Piaras ar an achainí seo:

> do bheirim don ráib dearscnaíoch, dea-mhéineach Éamonn réamhráite Ó Flaitheartaigh gach uile réim rachmas údarás agus comhachta 'tá agamsa ar feadh Leithe Mór-Áille Mogha & go dtabharfaidh pribhléid líonmhar, lánfhairsing don Uilliam Ó Troithe i ngach cathair, contae, tuaith agus baile mór, m'ainmse is mo shloinne a scríobh le hais an údair chéanna, ag seo fám láimh agus fám shéala go daingean diongbhálta.
>
> Raidim gan chlaon do laoch mear greannmhar stáit.
> do shreabhaighigh gan béim ó réxaibh Bhanba an áir,
> gach ceannas, gach réim, gach tréanacht daingean gan spás,
> fá thearmann Éamoinn shéimh Uí Fhlaitheartaigh an fháidh. (**45**, 32 - 44)

Dhealródh sé go raibh pas fachta ag an bhFlaitheartach ó Phiaras deich mbliana roimhe sin (Ó Conchúir, 2000: 77) agus, mar sin, go raibh sé ábalta daoine eile, a bheadh oiriúnach chuige, a mholadh chun go bhfaighidís a bpasanna féin. Is féidir linn glacadh leis, pé scéal é, gur bronnadh pas ar an bpeidléir seo, Ó Troithe, agus is deimhnitheach go mba dhóigh le duine ó fhreagra Phiarais gurb é pas na filíochta a bhí i gceist.

Níor chás dúinn, áfach, tamaillín machnaimh a dhéanamh ar cad é go díreach a bhí i gceist leis an bpas so i gcomhthéacs na gcúirteanna filíochta so go ginearálta agus go háirithe i gcomhthéacs sheánra so an bharántais. Is dealraitheach gur aithris ar na saghsanna teastais a bhíodh á n-eisiúint faoin gcóras dlí in Éirinn ag an am a bhí sna pasanna so a bhíodh á dtabhairt amach ag na cúirteanna éigse mar is léir ón gcuntas a thugann Ó Muirí dúinn ar phasanna chúirteanna dlí na tréimhse:

> B'ionann pas nó teastas agus doiciméad a thug cead don té ar tugadh dó é taisteal gan bhac. Taisteal taobh istigh den Ríocht amháin a bhí i gceist. Rinneadh iad a eisiúint do bhochtáin, do shaighdiúirí agus do mhairnéalaigh, do sclábhaithe feirme, do phrintísigh, do lucht longbhriste, do lucht déirce a fuipeáladh agus a bhí á gcur ar ais chuig an áit as a dtáinig siad. (2002: 430)

Is beag amhras a bheadh orainn, mar sin, ná gur ag magadh faoi nósanna na gcúirteanna dlí a bhí 'ardollúna' na gcúirteanna éigse seo, agus na filí eile ar fad a bhí bainteach leo, leis na barántais agus na pasanna a bhíodh á n-eisiúint acu, agus ní raibh an chúirt seo in

Uíbh Mhic Coille eisceachtúil in aon chor sa tslí seo mar, cé ná raibh na cúirteanna éigse ar aon dul lena chéile i ngach aon slí, is cinnte go mbíodh teangmháil acu lena chéile go rialta faoi mar atá feicthe againn.

Ní barántais agus pasanna amháin ba chúram do chúirt seo Phiarais, más ea, ach cur chun cinn na filíochta go ginearálta agus, faoi mar a luadh cheana, saothrú ginealaigh agus staire. Sa chomhthéacs so, is díol suime iad línte seo Phiarais as an dán moltach, délámhach 'A Chogair a chumainn' (**39**) mar a gceiliúrann sé obair Uilliam Uí Mhurchú a d'aistrigh an *Relatio Geraldinorum* ó Laidin go Gaeilge sa bhliain 1747, de réir dealraimh. Ba é an tAthair Dominic O'Daly a chéadchuir an *Relatio* i gcló i Lispóin na Portaingéile sa bhliain 1655 agus is aistriú ar an mbunsaothar Laidine seo atá i gceist. Is deacair a rá anois, gan amhras, arbh amhlaidh gur thug an Murchúch faoin obair seo ar iarratas ó Phiaras nó arbh amhlaidh gur tháinig sé chomh fada le Piaras agus pátrúnacht á lorg aige chun an obair seo a dhéanamh ach ba dheacair a shamhlú gur deineadh an obair seo i ngan fhios do Chúirt Phiarais, agus ós rud é gurbh é Seán na Ráithíneach, a raibh dlúthbhaint aige leis an gcúirt éigse i gCarraig na bhFear (Ó Conchúir, 2000: 56 – 60), a scríobh an dá véarsa mar fhreagra ar dhá véarsa Phiarais agus é ag traoslú a chuid oibre leis an Murchúch níor dheacair a shamhlú gur cuireadh an obair seo faoi bhráid na cúirte eile seo chomh maith. Sid iad na línte a chum Piaras i dtaobh an chúraim, agus más ag moladh éirimiúlacht is cumas an aistritheora, a raibh ardteist an léinn air, atá sé anso, is deacair gan ceann a thógaint den nóta polaitiúil a bhuaileann sé sa tarna véarsa chomh maith:

> A Chogair, a chumainn, 's a chuisle nach faon sa duain
> 's do fromhadh go milis gan time le héigsibh suairc',
> corraigh-se t'inchinn chliste 'gus réidh mo ghuais,
> i dtobar na mbruinneall ó fuineadh do dhréacht in uaim.

Cé follas mo chine gur cuireadh gan tréad, gan tuaith,
ag cosnamh go cumasach dlithe na naomh go buan,
’s i gcogadh ba mhinic le boirb ag déanamh buairt,
ag cosgairt ’s ag ciorrbhadh foirinne an Bhéarla mhóir. (**39**, 1 – 8)

Fiú amháin mura bhfuil stampa na cúirte buailte ar an iarracht so – agus is fiú a mheabhrú go bhfuilimid i dtaobh le LSÍ ón naoú haois déag chomh fada is a bhaineann leis an dán so – agus fiú amháin mura luann Piaras gurb é Ardsirriam Leithe Mogha é anso, fós níor dheacair an tuairim a chaitheamh gur cuireadh an t-aistriúchán so Uí Mhurchú faoi bhráid na cúirte uair éigin, nó neach cé acu, gur ar iarratas ó Ardsirriam na cúirte a tugadh faoin obair sa chéad áit.

Thuairimeoinn gur fianaise eile ar obair na cúirte atá sa litir ghleoite a chuir an scríobhaí, Risteard Ó Muirriain, chun an Ghearaltaigh sa bhliain 1767 (**40**), agus é ag meabhrú do Phiaras gur gheall sé do dhuine éigin darbh ainm Ó Ciarmhic go scríobhfadh sé marbhna dá bhean chéile, ach gur dhearúd sé é sin a dhéanamh. Dealraíonn sé go raibh cóip den mharbhna so á lorg ag an Muirrianach, ach má fuair sé an marbhna so ó Phiaras riamh ní mhaireann sé anois de réir dealraimh. Is é is spéisiúla faoin litir seo, dar liom, ná go gcaitheann sé solas ar mhodhanna oibre an aosa léinn san ochtú haois déag mar ba dhóigh le duine go raibh comhfhreagras mar seo comónta go maith ag an am, agus b’fhéidir gur trí chomhfhreagras den saghas so a d’oibrigh an chúirt éigse seo Phiarais leis.

Fiú amháin dá mb’amhlaidh ná bíodh an chúirt éigse seo ag teacht le chéile ach cúpla uair sa bhliain, faoi mar atá feicthe againn, cuimhnímis gur liosta le háireamh é líon na ndaoine a raibh teangmháil acu leis an gcúirt go rialta, nó uair umá seach ar a laghad,

más fíor dona bhfuil le rá ag an bhFoghludhach (1904: 93) nuair a ainmníonn sé na daoine seo a leanas mar fhilí a raibh baint acu leis an gcúirt:

> Piaras Mac Gearailt, Árd-Siriam Leithe Mogha, Uachtarán & Ard-fhile Cúirte na mBurdún & fear congbhuighthe Bata na Bachaille; Eoghan Ruadh Ó Súiliobháin, ó Chiarraidhe aniar; Seaghán Clárach Mac Dómhnaill ó Ráth Luirc, Ard-ollamh & prímh-bhreitheamh Cúirte na Suaidh-Éigse; Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin; Donnchadh Ruadh Mac Conmara; Eoghan Mac Carrthaigh, an Mhéirín; Éamonn de bhFál, ó Dhún Guairne; Uilliam Ruadh Mac Coitir, ó Chaisleán Uí Liatháin; Seaghan Ó Murchadha na Ráithíneach; Eadbhard de Nógla, an tailliúir aerach; Seaghán Ó Coinneagáin, ó Bhaile Nuadh na Sagart; Éamonn Ó Flaithbheartaigh, ó Bhaile na Scúrlóg; Seaghán Ruadh Ó Seithiocháin; Séamus Mac Gearailt; Dáithí Cúndún; Dáithí Mathghamhna; Connchubhar Ó Rioghbhardáin.

Tá luaite ansan againn roinnt d'fhilí móra na hochtú haoise déag agus caithfear a rá gur chomhluadar acmhainneach go maith a bheadh iontu dá dtiocfaidís ar fad le chéile ar aon láthair, rud nár dheineadar riamh b'fhéidir, cé gur lucht comhaimsire Phiarais ab ea iad ar fad, ach is leor a rá go rabhadar ina mbaill den chumann léinn seo ar shlí amháin nó ar shlí eile, cumann a raibh Piaras Mac Gearailt á stiúrú. Scoth aos eagna agus intleachta na Gaeilge a bhí sa chóthalán so agus ba cheart féachaint orthu mar sin. Ní hamháin chun foghairmeacha agus barántais mhagúla a chur amach a thagadh an chúirt seo le chéile ach, faoi mar atá taispeánta thuas, chun oiliúint a chur ar fhilí, chun an fhilíocht féin a chur chun cinn, chun stair agus ginealaigh a chur á gcóipeáil i lámhscríbhinní, agus faoi mar a chífimid níos sia anonn, chun teachtaireacht pholaitiúil an tSeacaibíteachais a chraobhscaoileadh.

Is dócha gur féidir féachaint ar Chúirt na mBurdún agus ar na cúirteanna éigse eile ón tréimhse mar iarsmaí de seanscoileanna na mBard, faoi mar a dheineann Corkery amach (1941: 96 – 106), ach b'fhéidir gur cheart dúinn féachaint ar na cúirteanna i gcomhthéacs na tréimhse sin, tréimhse ina raibh cumainn agus clubanna de gach aon

saghas ag méadú ar fuaid na hÉireann i measc an phobail Angla-Éireannaigh (don chuid is mó) in Éirinn ó thríochaidí na hochtú haoise déag ar aghaidh – cumainn óil, cumainn pholaitiúla, cumainn reiligiúnacha, cumainn litríochta agus mar sin de – agus cá bhfios ná gur mar aithris nó mar fhreagra orthu so a thosnaigh Piaras agus a chomhleacaithe a gcumainn féin, nó ceann éigin acu, gur ghlacadar chucu féin roinnt de nósanna na gcumann eile de réir a chéile tar éis dóibh a gcúirt cheannairceach, threascarthach a chur ar a bonnaibh timpeall na bliana 1744.[21]

***Cúrsaí Creidimh***

Dá mba chuid thábhachtach de shaol Phiarais í an chúirt filíochta so dá chuid, bhí saol príobháideach á chaitheamh aige leis, gan amhras, agus cé ná fuil mórán fianaise againn ar conas a chaith sé a chuid ama, idir an saol ag baile agus na cúraimí gnó a bhíodh air leis, ní foláir, tá éachtaint an-suimiúil le fáil againn ina chuid filíochta ar an dearcadh a bhí aige ar chúrsaí creidimh. Is léir go mba chás le Piaras a chreideamh Caitliceach féin go mór agus gur chuid an-tábhachtach dá fhéiniúlacht a bhí sa chreideamh céanna, ach mar dhuine de mhionuaisle Caitliceacha na hÉireann san ochtú haois déag bhí scamall na bpéindlíthe ós a chionn i gcónaí agus soláthraíonn a chuid filíochta féin pictiúir an-soiléir dúinn den slí inar tháinig an creideamh Caitliceach san faoi ionsaí agus conas mar a dhéileáil sé leis an scéal.

[21] Mar le fás na gcumann agus na gclubanna in Éirinn san ochtú haois déag féach Kelly & Powell (2010: 27) mar a dtugtar le fios gur tháinig borradh agus fás faoi chumainn agus clubanna de gach aon saghas in Éirinn ó na 1720í ar aghaidh, agus mar a dtráchtar ar 'the importance of clubs and societies to the development and dissemenation of political ideas' (*ibid*.: 31). Is mór an trua é, más ea, nár tugadh spás sa leabhar suimiúil seo, *Clubs and Societies in Eighteenth Century Ireland*, do chaibideal ar na Cúirteanna Éigse in Éirinn san ochtú haois déag. Ba cheart tagairt a dhéanamh anso, chomh maith, don phlé fíorshuimiúil atá déanta ag Liam P. Ó Murchú (2005: 47 – 61) ar obair na cúirte filíochta in Inis Cho. an Cláir agus ar an tionchar a bhí aici ar an mórshaothar úd ó dheireadh na hochtú haoise déag, *Cúirt an Mheon-Oíche*.

Dhealródh sé ná raibh Piaras i bhfad pósta nuair a tháinig sé faoi bhrú iompó ina Phrotastúnach d'fhonn a raibh aige de shaibhreas an tsaoil a choimeád. I gceann de na dánta is clúití dá chuid, *A chogair a charaid* **(23**), insíonn an Gearaltach an scéal tábhachtach so faoina shaol féin dúinn agus míníonn gur cuireadh iachall air a chreideamh Caitliceach a thréigint agus iompó ina Phrotastúnach toisc go rabhthas ag bagairt air go gcaillfeadh sé a mhaoin shaolta mura ndéanfadh sé amhlaidh. Cuimhnímis gurbh é seo dlí na tíre ag an am agus ba léir ná féadfadh an té a bheadh ag iompó ina Phrotastúnach é seo a dhéanamh i ngan fhios ach go mbeadh air gabháil chun an teampaill go poiblí agus ós comhair an tsaoil mhóir. Ag iarraidh deireadh a chur le 'fás na pápaireachta' a bhíothas fé mar a mhíníonn Elaine O' Byrne dúinn:

> [The Act] to prevent 'the further growth of popery' made it obligitory on converts from catholicism to protestantism to provide proof of conformity. A protestant, according to this Act, was a member of the Church of Ireland only. The legal disabilities in relation to property, professions, etc., imposed on the catholic by the Act, ceased to operate when he became a protestant . . . (O'Byrne, 1981: vii)

Ní foláir, mar sin, nó gur scéal mór ab ea iompó so an Ghearaltaigh agus nach i ngan fhios don phobal a ghaibh sé chun an teampaill Phrotastúnaigh, i mBaile Uí Chríonáin is dócha, uair éigin i gcaogaidí na haoise sin. Faoi mar a tharlaíonn tá *Pierce Fitzgerald* áirithe luaite sna Convert Rolls sa bhliain 1759 mar dhuine a d'iompaigh ina Phrotastúnach ach, seachas Baile Uí Chionnaola in Oirthear Chorcaí mar a raibh a thigh cónaithe ag an nGearaltach, is é an seoladh a thugtar anso ná *Pill Park* nó *Páirc an Phoill* i bParóiste na Claise Móire trasna na teorann i gCo. Phort Láirge. Ní fheadar an é seo Piaras Mac Gearailt, file? B'fhéidir gan amhras gur comhtharlúint é seo agus gur dhuine éigin eile den ainm céanna atá luaite anso ach b'fhéidir eile gurb é an tArdsirriam féin atá luaite anso agus gur i bPáirc an Phoill a bhí staidéar air timpeall an ama san ar chúis

éigint ná fuil soiléir anois. Tá feicthe againn gur thit an tigh i mBaile Uí Chionnaola, agus ar bhain de thailte leis, le Piaras timpeall na bliana 1753 nuair a cailleadh a mháthair, agus tharlódh sé gur tháinig sé faoi bhrú sna blianta ina dhiaidh sin chun iompó ina Phrotastúnach. Ní de dhroim oíche a tharlódh a leithéid seo, i mo thuairim, agus dá mba rud é nár deineadh scéal oifigiúil de go dtí deireadh na gcaogaidí ní dócha go gcuirfeadh sé sin iontas orainn.

Ar aon nós, tá an scéal againn ó chleite Phiarais é féin agus is léir ón gceannscríbhinn i mBéarla a chuir sé leis an dán gur á chosaint féin ar an mbiadán agus ar an gcúlchaint a bhí le clos go forleitheadúil ar fuaid oirthear na Mumhan, ní foláir, a bhí sé nuair a chum sé an dán so uair éigin roimh an mbliain 1759 mar a dhealródh sé:[22]

> The following rhymes were fix**e**d on P[ierce] F[itz]G[erald] judging he wrote them by way of apology & complaint to Mr. Thomas Barry of Clonmell & other Gentlemen who made themselves busey in charging & upbraiding him for becomeing an in[n]ocent child of the Reform**e**d Church.[23]

Más leis an Tomás de Barra so a luann sé sa cheannscríbhinn thuasluaite a labhrann Piaras go príomhdha anso, is follas gur ag labhairt lena phobal féin atá sé chomh maith, mar ní fhágann sé aon amhras ar an léitheoir i dtaobh fios fátha an scéil, is ní lú ná sin a fhágann sé dabht orainn faoin gcrá agus faoin bpianpháis a bhí ag gabháil lastuas de, ní foláir, tráth ar scríobh sé an dán:

[22] Cé gurb é an dáta 1759 atá luaite le hainm Phiarais sna Convert Rolls, faoi mar atá feicthe againn, tá seans ann gur tharla an t-iompó tamaillín roimhe seo: féach an plé thíos ar *Aithrí Phiarais Mhic Gearailt*.

[23] LS Phiarais: 19. Is spéisiúil an ní é gur i mBéarla a scríobh Piaras an cheannscríbhinn seo agus go ndeir sé, ina theannta san, gur 'dócha' gurbh é 'Pierce Fitzgerald' a scríobh sa tslí is gur ag iarraidh dabht a chur in aigne an léitheora gurbh é féin a chum in aon chor a bhí sé. B'fhéidir go raibh sé fós seachantach ar na húdáráis agus an méid seo á scríobh aige sa bhliain 1769 ar eagla go gcasfaí leis é ná raibh sé dílis don chreideamh Protastúnach.

A chogair, a charaid ’s a Bharraigh is múinte méin,
is doilbh liom ceangal le Calvin is Luther claon,
acht golfairt mo leanbh, ’s a gcreachadh gan triúch, gan tréad,
tug srothanna óm’ dhearca le caise is tuirlingt déar.

Tá an donas le fada ar chlannaibh na n-úrscoth dtréan,
dá stolladh, dá stracadh, dá ngreadadh ’s dá mbrú go faon,
mun stopairse, ’Athair ghil, beartaibh na mbúr, is baol,
gur follas go gcaithfidh gach seabhac bheith dubhach mar mé.

Mo dhonas, mo dheacair, mo dhanaid, mo chumha, mo chréacht,
mo scoltadh thríom scartaibh, mo pheannaid, mo phúir go héag,
nár thoil liom mo leanbh ’s a maireann bheith súite i gcré,
seoch cogadh do tharraint ar m’anam le dúil san tsaol. (**23**, 1- 12)

Á chosaint féin a bhí an Gearaltach sa dán so, mar is léir, ach tá toise polaitiúil ag baint leis an dán chomh maith sa mhéid is go bhfuil cur síos ann ar dhrochstaid na nGael a bhfuil cos ar bholg ag na Gaill orthu, agus é le tuiscint gur in olcas a raghaidh an scéal mura gcuireann Dia na Glóire é féin (nó slánaitheoir éigin eile, b’fhéidir) stop le ‘beartaibh na mbúr.’ Is ansan i ndeireadh an dáin tá an teachtaireacht á cur abhaile orainn nach galar ná cás éinne amháin é seo ach go raibh ar na mílte eile seachas Piaras Mac Gearailt diúltú dá gcreideamh dúchais agus iompó ina bProtastúnaigh chun go bhféadfaidís greim a choiméad ar a raibh acu de shaibhreas an tsaoil seo:

A chumainn smaoin mar bhímse im cheap i dteannta,
’s go dtuigtear dhíbh dar linn gur fear me meallta.
scuit is cíos is íoc is greadadh clampair,
chuir na mílte dhínne teacht chun teampaill. (**23**, 37 – 40)

Ní fios dúinn anois cé chomh fada is a bhí ar Phiaras leanúint air ag gabháil chun teampaill agus ní fheadramar ach oiread arbh amhlaidh go mbíodh sé ag freastal ar an aifreann go rúnda ar feadh an ama nó arbh amhlaidh gur chas sé thar n-ais ar a chreideamh dúchais uair éigin sula bhfuair sé bás. Is léir, áfach, óna chuid filíochta gur ghoill an scéal go mór air agus ba dhóigh le duine ón bpaidir *Tréithe na Maighdine Muire*

(**27**), atá againn ina láimh féin, gurbh amhlaidh gur ag cleachtadh a chreidimh féin faoi rún a bhí sé feadh an ama. Tugaim an phaidir seo ina hiomláine anso i dtaobh a ghiorracht is atá sí agus, níos tábhachtaí ná san, toisc go gcaitheann an téacs solas ar mheon aigne an Ghearaltaigh i dtaobh chúrsaí creidimh:

> Tá páirt nó roinnt don chreideamh Sacsanúil, Liútaránach so do ghlac me (& ní mar rogha) nach taitneamh liom, & is é sin gan impí ar bith do chur chum Muire, Máthair Chríost, ná onóir, pribhléid ná urnaí thaispeáint di, & dom barúil gurb í Muire Bantiarna an alla álainn aoibhinn ainglí, banríon na bhflathas, crann soilse is criostal na Críostaíochta, díonaitheoir na bhfíorlag, farraige na daonnachta, grianán na glóire gile, greann is garda na bhfíoraon, lonradh is lóchrann lóghmhar na spéire, máthair is maighdean mhíorúilteach na n-aingeal, péarla na glóire, parrthas na tríonóide, réilteann eolais gach seachránach, teannta na larán, taca na bhfann, fuascailt na bhfíoreaspaitheach, lámh chóra na lag, ceannsú na n-achrann, bean réitigh na feirge, idirmhínitheoir na ngearránach, sásamh an bhreithimh, teanga na mbalbhán, ómós na bhfaitíosach, suairceas na beannaitheachta, seomra séad na suáilcí, tuile na ngrás, is Tonn Chlíona na trócaire. Dar ndóigh, is ar achainí Mhuire do rinn Críost an chéad mhíorúilt riamh mar d'iompaigh sé an t-uisce chum bheith in' fhíon & dá bhrí sin guím go díograsach óm chroí gach *Protestant* do bheith in aon mheon i méin, i dtuairim, in intinn 's in aigne lé. (**27**, 1 – 14)

An achainí nó an ghuí 'shaonta' so a dheineann Piaras ag deireadh an dáin i dtaobh gach 'Protestant' a bheith ar aon mheon leis an Maighdean Mhuire, deineann téacs ceannairceach den phaidir seo mar is deimhnitheach ná déarfadh an té a bheadh ag glacadh go dáiríre leis an gcreideamh 'Sacsanúil, Liútaránach so', is deimhnitheach ná déarfadh sé a leithéid riamh. Is féidir a bhaint as so, mar sin, nach é amháin gur ag moladh na Maighdine Muire agus, dá bhrí sin, an chreidimh Chaitlicigh atá Piaras anso ach, ag an am gcéanna, go bhfuil cáineadh á dhéanamh aige ar lucht an chreidimh ghallda ar shlí atá an-chúramach is an-éalaitheach ar fad. Tugann sé le fios dúinn chomh maith go raibh Piaras fós 'ag dul don teampall', mar thaispeántas poiblí is dealraitheach, sa bhliain 1769, tráth ar bhreac sé an phaidir nó an téacs gairid, treascarthach próis seo.

Ina theannta so ar fad, thug Piaras faoi dhán a scríobh i seánra na haithrí, faoi mar a dhein mórán d'fhilí na Gaeilge san ochtú haois déag, seánra a chuir ar a chumas

maithiúnas a lorg ina chuid peacaí, agus seánra a thug deis dó a scéal féin a insint faoi mar a dhein sé in *A Chogair, a charaid*, agus tá gach aon dealramh ar an scéal gur timpeall an ama chéanna so a scríobh sé an dán faoistiniúil eile seo dá chuid, *Aithrí Phiarais Mhic Gearailt* (**24**).[24]

Is gnáthach i ndánta faoistiniúla so na hochtú haoise déag go bhféachann an file siar ar a shaol agus é ag áireamh a chuid peacaí féin – peacaí a bhaineann don chuid is mó le baois na hóige: craos, meisce, mallaitheacht, tréigint an aifrinn agus, gan aon dabht, bréagadh spéirbhruinneall is béithe, nó 'peaca na drúise' más fearr linn é a chur mar sin. Gheibhtear cur síos ina dhiaidh sin ar an bpianpháis agus ar an gcéasadh anama a fhulaingíonn an file de dheascaibh na bpeacaí seo sula n-iarrann sé maithiúnas ar Dhia i ndeireadh thiar thall. Gan dabht is minic cuma ghnásúil, nósmhar ar dhánta den saghas so agus, go deimhin, d'fhéadfaí a rá gur chuaigh an seánra chun áiféise is chun magaidh ar fad i gcásanna áirithe. I gcás *Aithrí Phiarais Mhic Gearailt*, áfach, is follas go raibh Piaras lándáiríre faoina aithrí agus ní gá dúinn ach an dán aithríoch so aige a shíneadh taobh leis an dá théacs atá pléite againn thuas chun go dtuigimis cad ina thaobh go raibh sé seo amhlaidh.

Dán fíorspéisiúil is ea aithrí seo Phiarais sa mhéid is go dtugann sé éachtaint dúinn ar an saghas duine ab ea é, ní hamháin ag an am ar cuireadh iachall air diúltú dá chreideamh dúchais agus é ina fhear meánaosta, ach chomh maith leis sin toisc go mb'fhéidir go dtugann sé éachtaint dúinn ar an saghas duine ab ea é agus é ina fhear óg.

[24] Tá sé suimiúil go bhfuil teacht ar thrí véarsa tosaigh an dáin seo i lámhscríbhinn a bhreac Seán de Niadh idir na blianta 1751 agus 1757 – más fíor – áit go ndeirtear go botúnach gurbh é 'Uilliam Ó hEachiarainn [a] sgríobh faoisdinn tairibhe so' (ARÉ, A. iv. 2 (27) 108) ach bheadh amhras orm faoi dhátaí na lámhscríbhinne seo toisc gur scríobhadh ainm an scríobhaí agus na dátaí uair éigin tar éis gur deineadh an obair chóipeála agus, mar sin, b'fhéidir nár cheart an iomad béime a chur ar an gcóip neamhiomlán so. Tá Piaras luaite mar údar go soiléir siúrálta sna foinsí eile ar fad ach, mar sin féin, níl sé as an gceist gur roimis an mbliain 1757 a scríobh sé an aithrí seo, rud a chiallódh gur iompaigh sé roimh dheireadh na bliana san seachas 1759 mar a luamar thuas.

Faoi mar a chítear ó théacs na haithrí ón gcéad véarsa ar aghaidh cloíonn dán so Phiarais cuid mhaith le gnáthmhúnla na haithrí faoi mar a chuireas síos air ó chianaibhín. Scéitheann sé air féin sa chéad véarsa i dtaobh na bpeacaí a raibh sé ciontach iontu dar leis féin – craos agus ól, móide á dtabhairt aige, mallaitheacht, bréithre na naomh is na n-ord rialta á dtréigint aige, gean á thabhairt aige do shaibhreas bréige an tsaoil seo is gan aon chuimhneamh aige in aon chor ar fhulaingt an tslánaitheora a céasadh ar son na bpeacaí seo ar fad aige (**24**, 1 – 8).

Tá an chuma ar an scéal ón gcéad leath den tarna véarsa go raibh Piaras fiáin nó scamhaite chun na mban óg ina lá mar go ndeireann sé linn anso go mbíodh sé gnóthach '*ag bréagadh gach spéirbhruinneall óg, le sméideadh, le póga, le haiteas 's le páirt, is gach n-aon aco ghéilleadh dom bhréagadh is dom mhóid, ba dhéarach 'na dheoidh is dob ainnis a gcáil'* (**24**, 9 – 12). Bhraithfeá ón méid sin, b'fhéidir, gur chionta tromchúiseach go maith a bhí ag dó na geirbe aige seachas cúirtéireacht shoineanta na hóige. Ach is sa chuid eile den tarna véarsa so a dheineann Piaras tagairt don eachtra is mó atá ag comáint na haithrí seo aige – is é sin nuair a luann sé an t-iompó creidimh:

> 'na dhéidh sin do thréigeas an t-aon chreideamh cóir,
> d'fhúig mé faoi dhaorbhruid i ngéibheann 's i mbrón,
> 'réabadh mo chréachta 's ag spréachadh mo dheor,
> chum aon mhac na glóire dom chabhair óm námhaid. (**24**, 13 – 16).

Níl aon leathscéal á ghabháil anso ag Piaras ach an t-iompó creidimh seo á chur san áireamh mar pheaca ar nós na bpeacaí ar fad eile aige ach amháin go n-aithníonn sé gurb é an peaca so ar leithrigh a d'fhág in umar na haimiléise é. Loirgíonn sé cabhair ó mhac Dé ansan ach, má dheineann, is cabhair ón 'námhaid' atá á lorg aige, rud a thugann le fios gurb é an namhaid faoi ndeara an peaca so agus nach trína shaorthoil féin a thréig Piaras an 'creideamh cóir' Caitliceach.

Chun maithiúnas a fháil ina chuid peacaí dhealródh sé go mbeadh Piaras sásta dul ar oilithreacht chun na Róimhe agus as san chomh fada leis an Talamh Naofa *via* an Spáinn – tír go raibh taithí aige uirthi más fíor – ach amháin, faoi mar a thugann sé le fios in *A Chogair a charaid* thuas, go gcaitheann sé smaoineamh ar a bhean chéile agus ar a gclann nó an 'tréadmhuirear óg' mar a thugann sé orthu. Dar leis, ina dhiaidh sin, go mbeidh sé sásta an léine róin a chaitheamh mar pheannaid is mar phionós agus, fairis sin, é sásta éinní eile a fhulaingt an fhaid is go bhféachfaidh Dia na Glóire air go fábhrach i ndeireadh na dála:

> Muna bhféachfainn dom chéile 's dá tréadmhuirear óg
> do ghléasfainn don Róimh is as sin don Spáinn
> don Éigipt cé aosta me ag déanamh an róid
> go daorchnoc an bhróin sin Calvaire an Áir;
> do thréigfinn an saol 's a chlaonrachmas d'róil
> is do ghéillfinn don léine is d'éide den rón
> mar chéasadh ar mo chraoschorp do dhaor me go deo
> muna bhféacha an rí glórmhar orm i dtráth. (**24**, 17 – 24)

Ábhar suime is ea é anso, más scéal thairis féin é, go luann an Gearaltach thuas go bhfuil sé féin pas beag 'aosta' chun a bheith ag tabhairt chun bóthair ach, gan dabht, má bhraith sé go raibh sé ag dul san aos nuair a chum sé an dán so, agus é sna daichidí déanacha ag an am de réir dealraimh, níor thuig sé mar a thuigimidne anois go raibh saol breá fada i ndán dó: mhair sé go dtí an bhliain 1795 tráth a raibh cúig nó sé bliana fairis na ceithre fichid aige. Ar aon slí, sa cheathrú véarsa luann Piaras ceathrar ón mBíobla gur maitheadh a gcuid peacaí dóibh nó gur caitheadh go tuisceanach leo – Naomh Peadar féin, an saighdiúir a dhein cliathán Chríost a tholladh le sleá, Máire Mhagdaléna, agus an bhean ó Chanán (**24**, 27 – 32). Tugann na samplaí seo ar fad de charthanacht Chríost an-dóchas don Ghearaltach go maithfear a chuid peacaí féin dó i ndeireadh na dála, agus dar

leis go mbeidh sé sásta cur suas le gach céasadh is gach pionós a chuirfear air chun gur féidir leis a shlí a dhéanamh i dtreo na bhflaitheas:

> gach géirchnead is géibheann is céasadh is gleo
> is méin leatsa a Dhé dhil do léirchur im chomhair
> géillfead lem shaoghal go saor sultmhar sóch
> is réifead mo ród go Cathair na nGrás. (**24**, 37 – 40)

Dar ndóigh, mura mbeadh go bhfuil an dán eile seo –*A chogair a charaid* – ar marthain againn ó láimh Phiarais é féin b’fhéidir go mbeadh claonadh againn féachaint ar an aithrí seo dá chuid mar dhán aithríoch, foirmleach eile gan puinn nuachta ann agus gan puinn tábhachta ag baint leis, ach ós rud é go bhfuil cúlra agus fios fátha an scéil againn ó Phiaras féin is deacair dúinn gan glacadh leis gur scéal fírinneach atá á insint aige anso – ní hamháin an scéal i dtaobh é a bheith ag gabháil chun an teampaill agus ag iompó óna chreideamh dúchais ach, chomh maith leis sin, mar gheall ar an bpictiúir iomlán a gheibhtear anso uaidh. Mar, faoi mar a d’áitíos thuas, deinim amach gur san aithrí seo atá an éachtaint is fearr dá bhfuil le fáil againn ar an saghas duine ab ea Piaras ina óige chomh maith leis an saghas duine ab ea é tráth ar scríobh sé an aithrí, tar éis dó gabháil tríd an eachtra ba mhó a ghoill air i rith a shaoil. Ní fios dúinn, gan amhras, an bhfuil iomlán na fírinne san aithrí seo, agus b’fhéidir ná fuil sa chaint seo ar fad faoi ragairne, mallaitheacht is mealladh béithe ach caint san aer, nó b’fhéidir gur insint beagáinin beag áibhéalach ar an gcuid seo den scéal atá ann, ach, ar a shon san is uile, braithim go bhfuil Piaras macánta go maith linn anso. Is ní dóigh liom gur gá dúinn glacadh leis gur réice críochnaithe ar nós Eoghan Rua an bhéaloidis ab ea Piaras ach oiread chun go ngéillfimis dona bhfuil le rá aige anso.

Is díol suime é, sa chomhthéacs so, an cheathrú aonair seo a leanas atá againn ina LS féin – agus cé go dtugann Piaras le fios dúinn gur 'mallaitheoir éigin' a chas an méid seo leis, bheadh fonn ormsa a áiteamh gurbh é Piaras é féin a chum:

> A Phiarais a ghliaire ba sanntach meon,
> ag riaradh gach ciabh-bhruinneal modhamhail tais óg;
> níor fhéadais gan fiaradh le cam go hóg
> sa diabhal duit ó thriallais chum teampaill leo. (**25**, 1 – 4)

Is dóigh liom gur féidir linn féachaint ar an gceathrú so faoi mar a bheadh fonóta ann le h*Aithrí Phiarais*, agus leis an dán eile úd, *A chogair a charaid*, chomh maith, ceathrú ina bhfeictear an Gearaltach óg agus é sa tóir ar gach aon spéirbhean óg a bhuaileann leis sa ród is gan cíos, cás ná cathú air agus, ina choinnibh sin, an Gearaltach mar fhear meánaosta go raibh air triall go tromchroíoch chun an teampaill ós comhair cách. Agus ba dhóigh leat ón méid sin, dá mhagúla í mar cheathrú, ba dhóigh leat gurbh iad na peacaí seo na peacaí ba throime ar fad a bhí ag luí ar choinsias Phiarais agus an cheathrú so á breacadh aige i mBaile Uí Chionnaola tráth a raibh na trí fichid slánaithe aige. Gan dabht, d'fhéadfaí a thuairimiú ná fuil sa cheathrú so ach léiriú ar a mheon súgrach, spraíúil ach taispeánann sí dúinn ná raibh na heachtraí a bhfuil cur síos orthu ina dhán faoistiniúil dearúdta aige ná aon dul air.

Má bhí Piaras dóchasach go bhfaigheadh sé maithiúnas ina chuid peacaí féin, agus go háirithe má bhí sé dóchasach go maithfí dó é gur iompaigh sé ina Phrotastúnach, ní raibh sé chomh tuisceanach san mar le daoine eile a pheacaigh sa tslí chéanna faoi mar a léiríonn dánta eile dá chuid. Scríobh sé trí cinn de dhánta ina dtugann sé fogha faoi bheirt eile a bhí tar éis a gcótaí a iompó, ach i dtaobh gur shagairt ab ea na séantóirí seo ní raibh trua ná taise ag Piaras dóibh, agus ba léir gur dhein sé idirdhealú an-soiléir idir a chás féin agus cás na beirte sagart so ar dhein sé coilichíní paor díobh, toisc gur dá dtoil

dheona féin a d'iompaíodar ina ministéirí Protastúnacha agus, níos measa fós faoi mar a thugann Piaras le tuiscint dúinn, gur dhócha gur ar mhaithe lena raibh d'ollmhaitheasaí an tsaoil ag gabháil lena bheith ina ministéirí a thréigeadar a gcreideamh agus a dtréada dúchais.

An dán a scríobh Piaras ar an sagart Agaistíneach Séan Paor, *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* (**30**), tá sé ar cheann de na dánta is suimiúla dár scríobh Piaras ó thaobh struchtúir agus stíle, agus ó thaobh na gcarachtar ar fad, idir charachtair stairiúla agus charachtair a bhí suas in aimsir Phiarais, a bhfuil lua orthu ann. Fairis seo, tá an aisling neamhchoitianta so le háireamh ar cheann de na dánta is tábhachtaí dá bhfuil againn óna láimh, ní hamháin toisc go gcaitheann sé solas ar a mheon i leith chúrsaí creidimh, ach toisc gur dán an-phearsanta is ea é, rud a thuigimid nuair a chímid gur chol ceathar le Piaras ab ea an Seán Paor so. Anuas ar an méid seo, tá an t-eolas a gheibhimid anso i dtaobh shinsir Phiarais, agus sinsir Sheáin Paor leis gan amhras, thar a bheith suimiúil agus ar an ábhar san is fiú dúinn tamall a chaitheamh ag féachaint ar an dán áirithe seo.

Níorbh annamh i bhfilíocht Ghaeilge na hochtú haoise déag aortha a bheith á gcumadh ar shagairt a d'iompaigh ina ministéirí Protastúnacha, faoi mar a chuireann Anna Heusaff ar ár súile dúinn (1992: 150) gurbh é 'an tréatúracht ba mhinicí a aoradh i bhfilíocht na Gaeilge san 18ú céad ná iompó cléirigh chun na hEaglaise Protastúnaí.'[25] Cuid de scéal na hÉireann, dar ndóigh, ab ea an saghas so iompaithe le linn na tréimhse, agus cé nach féidir linn a dhéanamh amach go cruinn an mó sagart Caitliceach a d'iompaigh sa tslí seo, tá an chuma ar an scéal, ó fhianaise na litríochta ach go háirithe,

[25] Féach san áit chéanna an cur síos atá aici ar aortha a cumadh ar shagairt a d'iompaigh ina ministéirí, lgh. 41 – 42, 89 – 90 agus 150 – 156. Tá an dán atá faoi chaibideal agam anso luaite aici ar lch. 154.

gur iompaigh go leor acu ó thosach deireadh na haoise sin. Is eol dúinn, ar aon slí, gur iompaigh an tAthair Seán Paor ina mhinistéir Protastúnach sa bhliain 1763, óir tá '[The] Rev. John Power, Tallow Co Waterford' luaite sna 'Convert Rolls' (O'Byrne, 1981: 300) mar shagart a d'iompaigh a chóta i mí Feabhra na bliana 1763 agus ní dóigh liom go bhféadfadh aon amhras a bheith orainn ná gurb é seo an Seán Paor atá á aoradh go míthrócaireach ag Piaras sa dán so dá chuid.

Taobh amuigh d'ábhar féin an dáin seo, tá sé suimiúil go maith ó thaobh foirme, nó ó thaobh seánra de, toisc gur 'aisling' atá ann, cé go mb'fhéidir go mba cheart 'drochthaibhreamh' a thabhairt air. Tosnaíonn an dán faoi mar a bheadh gnáthaisling ón ochtú haois déag ann: an file ar fán is ar an iargúil áit éigin sna Déise, ach amháin nach í an ghnáthspéirbhean álainn a chastar air anso ach an Bráthair Seán Paor é féin, agus é ina dhallacán, faoi mar a chímid sa chéad dá rann anso:

> Do theangmhaigh tráth me lánlag traochta
> i motharaibh gleanna i bhfearannas Déiseach
> is me go buartha, uaigneach, léanmhar
> chum suain is codlata bhrostaigh mo néalta.
>
> Dar liom gur thaistil im aicill an laoch san,
> an Bráthar Seán 'na stráill gan aon rosc,
> chomh dall le púca gan fiú an léine
> bhán mar chleachtadh ag teagasc a thréada. (**30**, 1 – 8)

Is dealraitheach go dtugtaí 'Ó Súilleabháin' mar leasainm ar an bPaorach toisc go raibh sé ar leathshúil[26], agus faoi mar a nótálann Piaras i ngluais leis ar imeall an leathanaigh ina LS féin, bhí sé dall go hiomlán nuair a d'iompaigh sé a chóta, nó 'when he perverted' faoi mar atá sé ag Piaras i mBéarla. Más greann atá á léiriú aige sa nóta so ar imeall an

[26] Is é a bhí le rá anso ag Piaras ná: *He was blind of one eye and the wicked poet thinks that he was all blind when he perverted*. Féach *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* (**30**), 4 – 5 agus na nótaí téacsúla.

leathanaigh, is deimhnitheach gur greann géar, goimhiúil atá ann agus braithimid ó thosach, mar sin, go bhfuil gráin agus fuath laistiar den dán.

Síleann an t-inseoir caint a chur ar an bPaorach bocht dall ach, sula mbíonn caoi aige tús a chur leis an gcomhrá, éiríonn stoirm fhíochmhar ina dtimpeall agus cuirtear tríú carachtar na haislinge seo i láthair go héifeachtach, carachtar go dtugtar 'smeirle' nó 'scriosaire ciarbhuí' air:

> Do scinn as cúil nó cúinne smeirle,
> scriosaire ciarbhuí is iarnaí géara
> ina dhá chrobh 's a chrot ba déistneach,
> is colg nimhneach nimhe ar an bpéist dhubh. (**30**, 25 – 28)

Is é an smeirle gránna so a dheineann formhór na cainte ina dhiaidh seo agus é de chúram air, de réir dealraimh, cur síos a thabhairt don Phaorach ar na huafáis ifreanda agus ar na pianta síoraí atá ag feitheamh leis ach a mbeidh a thréimhse ar an saol so curtha isteach aige. Óir cé go bhféadfadh an Paorach a bheith ag baint súip as an saol atá á chaitheamh aige mar mhinistéir is deimhnitheach go ndíolfaidh sé as sa saol eile. Tugtar ainm an charachtair dhiamhair seo dúinn níos déanaí nuair a deirtear linn go neambalbh gurb é Seansailéir an Ochtú Anraí, Thomas Cranmer, Ardeaspag Canterbury tráth, an duine seo a bhfuil na véarsaí curtha ina bhéal ag Piaras. I measc na véarsaí is suaithinsí, tá na véarsaí a chuireann síos ar conas mar a bheidh ag an bPaorach tar éis a bháis:

> Ní ar feadh tamaill ná sealad gan éifeacht,
> ach ar feadh an tsíoraíocht i mbriathraigheacht béithe,
> fé mar chleachtais go heasmailteach, craosach
> in aghaidh dhlí Pheadair lér scarais go héadtrom.
>
> Pé faid do bheidh flaitheas i sealbh Mhic Dé ghil
> ná an ghlóire mhilis gan time ag naomhaibh
> ná diabhal in ifreann ag fiuchadh 's ag séideadh
> beir ann treascartha, damanta i bpéinbhruid.

Beidh do cheann ’s do dhranndal créimthe
ag piastaí dubha ag brú id bhéalsa;
beidh do theanga dá shracadh ’s dá réabadh
ag madraí fiaigh an diabhail ’s ag faolchoin.

In inead an phóit id scornaigh chraosaigh,
imirt is ól is pógadh béithe,
beidh míle diabhal go pianmhar, saothrach
od thachtadh le peannaid ó scarais led chéile. (**30**, 37 – 52)

Níos sia anonn, chímid nach é Cranmer an t-aon charachtar stairiúil amháin a luaitear sa dán so ach gur liosta le lua iad na carachtair stairiúla ar fad a ainmnítear anso mar dhaoine a bheidh ag feitheamh leis an bPaorach in ifreann: luaitear anso an Bhanríon Eilís a hAon, an t-ochtú hAnraí, Anne Boleyn agus Catherine of Aragon; tá Cromail ann – Thomas seachas Oilibhéar a déarfainn más go cróineolaíoch atáimid ag dul – Jane Seymour, Rí Éadbhard agus ardspiaire Eilís a haon, Francis Walsingham. Luaite mar chomhthionóntaí leo so ‘san áit thíos’, chomh maith, tá pearsana cáiliúla de chuid an Reifirméisin, Calvin, Luther agus Bucer. Agus ní hé amháin go luann Piaras sean-naimhde na hÉireann agus an Chaitliceachais anso ach téann sé siar go dtí an luathstair, chomh maith, d’fhonn roinnt mhaith d’eiricigh na luatheaglaise a ainmniú, agus é le tuiscint, gan amhras, gurb ionann cás an Phaoraigh agus cás na n-eiriceach damanta diabhlaí seo: Pelagius, Arius, Macedonias, Nestorius, Simon Magus, Vigilantius agus a thuilleadh nach iad. Pé ní a déarfaí faoin oideachas a cuireadh ar Phiaras ní raibh sé dall ar stair na heaglaise.[27]

Ní carachtair stairiúla amháin atá luaite anso, áfach, agus tuigimid ó nótaí Phiarais go bhfuil beirt shagart eile a d’iompaigh a gcótaí timpeall an ama chéanna a d’iompaigh Seán Paor ina Phrotastúnach luaite anso chomh maith; beirt ab ea iad so go mbeadh cur

[27] Féach chomh maith na nótaí teacsúla a ghabhann leis an dán so, *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* (**30**) mar a bhfuil na pearsana so ar fad pléite.

amach ag lucht caidrimh agus ag lucht léite Phiarais orthu, ní foláir. Tugtar a n-ainmneacha mar 'Philib Ó Riain' agus 'Mac Thaidhg na Coille' i dtéacs an dáin agus tugann Piaras é féin eolas dúinn i dtaobh na beirte seo ina chuid gluaiseanna: 'Philip Ryan another Augustinian who became a pure child of the reformation, God bless him.' Ráineodh sé gur féidir linn an fear so a aithint toisc go bhfuil 'Rev. Philip Ryan' a raibh seoladh aige i Lios Mór luaite sna 'Convert Rolls' (O'Byrne, 1981: 300) agus dealraíonn sé gur iompaigh sé sin a chóta ar an seachtú lá de mhí na Samhna 1761, gan ach cúpla bliain roimh Shéan Paor. Mar le Mac Thaidhg na Coille, is é a deir Piaras go searbhasach ina thaobh ná gurbh é seo 'William Conners another of ye same order who did the like, a sweet child.'

Dob fhéidir a áiteamh gurb é an véarsa is suimiúla ar fad sa dán so ná an véarsa ina bhfuil lua ar sheanmháthair an Phaoraigh toisc gur féidir a dhéanamh amach anso gur chol ceathar do Phiaras is ea an té atá á aoradh aige anso, agus ní hamháin é sin ach gur féidir a dhéanamh amach nárbh é Seán Paor an chéad duine dá threibh a thréig a chreideamh dúchais ach oiread:

> Ba seanmháthair tráth gan bhréag duit,
> an diabhal bé buile seo ghriogadh ár gcléir chirt;
> Grás Ósbar a hainm mun dearmad dhéinim,
> i gCnoc an Leathair do mhaireadh i nDéiseach. (**30**, 117 – 120).

Arís, is nóta seanbhlastúil go maith i mBéarla atá scríte ag Piaras ar imeall an leathanaigh a thugann fios fátha agus brí an scéil dúinn anso agus is as so a thuigimid nach in aimsir Phiarais a thosnaigh nós so an iompaithe creidimh i measc a mhuintire ná aon dul air:

> This female was Grace Osborn. She at the time of her husband Pierce Power being on his deathbed cock'd a pistol at the Popish priest that attempted going to him at

> his earnest request. She chose that he should die like a beast, and I think she was right, rather than as a Papist.[28]

Ná dearúdaimis gurbh í seo seanmháthair Phiarais chomh maith agus is féidir a bheith deimhnitheach de, nár ligeadh an chuid seo den scéal i ndearúd mar tá roinnt insintí suimiúla eile ar an eachtra so againn sna LSÍ ina bhfuil cóipeanna den dán so ar marthain againn inniu. Seo a leanas mar a chuireann Tomás Pléimeann síos ar an eachtra chéanna i lámhscríbhinn a bhreac sé i gCo. Phort Láirge idir na blianta 1817 agus 1822 nó mar sin:

> An uair a do bhí [a] fearr pósta .i. Piaras Paor a' fáil bháis do bhí aig sgreada ag iarradh [sagairt] don f[h]íorchreidiomh & air bhraith sin do Ghrás gan grásta thánnig sí ar chionn an staire & cása pistol lodaighthe aige (sic) & air a tteacht don tsagart go troithéasca do chocáil sí an pistol & do dhearbhaigh go séidfaich inchinn an tsagairt as a chloigean[n] dhá dtucfach trioth tairis sin. Táinig an sin sagart óg a cculaith mná & an uair d'aithin é do chocáil arís an t-arm teinntuidhe agas go madh éigean do sin imtheacht & d'f(h)an an bhean mhallaighthe mar sin gur éag Piaras.[29]

Is léir, mar sin, go raibh eolas ag daoine ar an eachtra so go forleitheadúil agus ní foláir nó gur tuigeadh, chomh maith, go raibh gaol ag an bhfile leis an té a bhí á aoradh aige. Seo é an méid atá le rá ag an bhFoghludhach linn i dtaobh an ghaoil seo eatarthu:

> Gaol do Phiaras dob ea an Seaghán [Paor] so. Mac dearbhráthar a mháthar, mar léighmíd … Gan amhras is i dtaobh a ghaoil le Seaghán do chuireann sé ainm bhréige leis an ndán – Baothlach Mac Criomthain mhic Fheidhlim Ó Seachnusa. (APMG: 19)

Is deacair dom teacht leis an méid a deir sé i dtaobh an ainm bhréige a úsáidtear anso, áfach, mar cé ná deir Piaras go neambalbh linn gurbh í a sheanmháthair féin í an Grás Ósbar so, is ar éigean go raibh sé ag iarraidh an chuid seo den scéal a cheilt mar is cinnte go mbeadh an t-eolas ag daoine go forleitheadúil pé scéal é. Ba dheacair a shamhlú, ach oiread, go mbeadh aon cheist ann riamh i dtaobh cé a chum an dán so agus, anuas air seo

---

[28] LS Phiarais: 10.

[29] ARÉ, 23 L 9 (551), lch. 236; tá cuntas den saghas céanna ag Uilliam Ambrose ar an eachtra in Maigh Nuad M 10, lch. 22 agus é ag scríobh i gCorcaigh sa bhliain 1817.

ar fad, tá iarscríbhinn i nGaeilge curtha ag Piaras leis an ndán ina lámhscríbhinn féin a thugann le fios gurbh é 'Piaras Mac Gearailt, Ard Sirriam Leithe Mogha', a scríobh an t-iomlán.

Tá an chuma ar an scéal, ar aon slí, nach i lámhscríbhinní na Gaeilge amháin a caomhnaíodh an scéal atá á insint sa chuid seo den dán ach gur mhair sé i mbéaloideas na ndaoine chomh maith, agus is suimiúil sa mhéid seo an cuntas ar an eachtra atá scríte ag Patrick Power (1937: 258) sa chomhthéacs so:

> On the authority of an Irish satire and of popular tradition, Rev. John Power ("Seaghan Caoch Paor") an Augustinian, was Parish Priest of Tallow. Power was grandson of the still traditionally remembered Grace Osborne of Knockmaon. He appointed and read his recantation at Waterford in 1763. Popular tradition has it that Power repented before his death in 1786. Pierce Fitzgerald's satire on Seaghan Caoch, who was his first cousin, is well known; it has been published by Richard Foley in his edition of Fitzgerald's Poems, p. 78. ***The situation became comical when the satirist himself recanted, later.*** In the poem Power's grandmother, the redoubtable Grace, is stated to have presented a pistol at the head of the priest who came to attend her Catholic husband at death in 1701. (Power, 1937: 258)

Cé go ndealraíonn sé go bhfuil bunfhíricí an scéil i gceart ag Power anso, is cinnte nach féidir glacadh leis an abairt seo a bhfuil cló trom iodálach curtha agam uirthi. Tá sé feicithe againn go raibh ar Phiaras féin iompó ina Phrotastúnach i dtreo is go bhféadfadh sé greim a choimeád ar na tailte a bhí aige i mBaile Uí Chionnaola agus ar a raibh aige de mhaoin an tsaoil, ach is dóigh liom ón méid atá ráite thuas gur féidir linn talamh slán a dhéanamh de gur tharla sé seo i bhfad sular iompaigh an tAthair Seán Paor ina mhinistéir Protastúnach. In aigne Phiarais níorbh ionann an dá chás .i. cás duine amháin a d'iompaigh óna chúram mar shagart ar mhaithe le 'imirt is ól is pógadh béithe' agus an fear eile a ghaibh chun teampaill d'fhonn a bhean chéile agus a chlann a thabhairt slán.

Sin é faoi ndeara an dán so a bheith chomh binbeach agus chomh mailíseach so, é sin agus toisc, gan dabht, go raibh gaol gairid idir Piaras agus an séantóir seo, Seán Paor.

Tagraíodh thuas sa phlé a deineadh ar an gcúirt éigse a raibh Piaras ina Ardsirriam uirthi don bharántas a chuir sé i ndiaidh an Athar Diarmaid Ó hAirt, an tarna sagart ar dhein sé aor air, tar éis dó iompó ina mhinistéir Protastúnach ar an 23 Nollag 1774.[30] Cuireadh an barántas so amach agus údarás na cúirte leis faoi mar a thaispeánann seoladh próis an bharántais (**38**, 16 – 30), agus dálta a bhfacamar in *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* thuas, is é an bhunteachtaireacht atá le fáil anso ná gurb é atá i ndán don sagart bradach so, mura ndeineann sé aithrí, ná tinte agus pianta síoraí ifrinn:

> Beidh cnead 'na chroí dá dhroim is péinbhroid,
> a chroí 'sa cheann 'sa mheabhair dá réabadh,
> dá stracadh is dá phianadh ag diabhail go faobhrach,
> mar thug sé a anam ar aiteas gan éifeacht. (**38**, 41 – 44)

Ní hé amháin gur scríobh Piaras an barántas so ar Ó hAirt ach chum sé dán eile ina labhrann sé go díreach leis an sagart céanna, *A Dhiarmaid, is dubhach liom gur iompaís do chóta* (**31**). Thuairimeoinn gur déanaí an aiste seo ná an barántas atá díreach pléite againn mar ba dhóigh le duine go raibh tréimhse éigin ama caite ó d'iompaigh an sagart so in mhinistéir sa tslí is go raibh maolaithe ar an scannal a bhraith Piaras, agus daoine eile ní foláir, nuair ba scéal nua agus náire shaolta a bhí ann i dtosach. Is é atá ar siúl ag Piaras an babhta so, dhealródh sé, ná iarracht a dhéanamh ar a chur ina luí ar an sagart gur féidir leis aithrí a dhéanamh sula bhfaigheann sé bás, agus gurb é sin an t-aon slí amháin chun teacht as an gcruachás ina bhfuil sé anois:

[30] Féach nóta a 19 thuas.

Cad do dhéanfair, a bhrúdaigh, nuair a dhúnfar do dhearca,
’s sínfear san uaigh thu go fuar, lag gan tapa,
gan áras, gan aoibhneas, gan fíonta ná gradam
ná cairde do ghuífeadh chum Íosa let anam? (**31**, 13 – 16)

Machnaimh is cuimhnimh ar ghníomhartha na nApstal,
Faigh léine den ruainneach dod’ ghuaille chum caitheamh;
déan troscadh na hAoine ’s ar Íosa iarr cabhair,
Is féachfaidh sé arís ort mar d’fhéach sé ar Pheadar (**31**, 20 – 24)

Níorbh aon iontas é dá gcuirfeadh na línte deireanacha san an aithrí a scríobh Piaras é féin i gcuimhne do dhuine, agus ba cheart a rá gur thug sé an rogha chéanna dá chol ceathar, an sagart bradach eile seo, Seán Paor, in *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* chomh maith, cé gur dhóigh le duine go mb’fhearr go mór le Piaras an Paorach a fheiscint á loscadh i dtinte ifrinn seachas é a theacht slán trí aithrí a dhéanamh.

Is fiú a mheabhrú anso chomh maith nach aon dearcadh ró-éacúiméineach a bhí ag Piaras go ginearálta mar le cúrsaí creidimh, más aon fhianaise iad dánta eile a scríobh sé agus nithe eile atá le fáil ina leabhairín féin. Dea-shampla den saghas so ruda is ea an sliocht próis agus na véarsaí filíochta a leanann é, *Go mba slán fád thoradh dhuit* (**34**), atá in eagar anso ó LS Phiarais, áit a dtagann pearsa neamhaithnid, a raibh a eastát caillte aige, ar ‘cúig ar dheichneabhar dona hallmhuraigh ba cionntach le é ’chailliúint a stát crochta le gadaraibh & ministéir ’na bhfochair ar an aiste chéanna as bile breá géagach daraí’, faoi mar a deirtear sa cheannscríbhinn, rud a spreagann chun filíochta é faoi mar a léimid anso:

Go mba slán fád thoradh dhuit,
a chrainn oirdheirc uasail,
monuar gan coillte Inse Fáil
tuilte dod chnuas go hiomshlán.

De thoil an Choimdhe dá dtíodh,
tuilleadh dhod thoradh ar gach aon chraoibh,
ba suaimhneasach Inse Flainn,
gan uamhan gan imshníomh. (**38**, 1 – 8)

Dá mba Phiaras é féin a chum na línte seo bhí sé de chiall aige gan a ainm a chur leo, cé go rithfeadh sé le duine go mba leor é chun duine a dhamnú véarsaí den saghas so a bheith á gcóipeáil aige – véarsaí, cuimhnímis, ina bhfuil cur síos éadtromchroíoch, lúcháireach fiú, ar mhinistéir Protastúnach agus daoine eile den chreideamh san a bheith á gcrochadh – is é sin dá ráineodh sé go leagfadh na húdaráis súil orthu. Cuimhníonn an méid seo dúinn go mbíonn sé fíordheacair cúrsaí creidimh a scarúint ó chúrsaí polaitíochta chomh fada is a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar litríocht Ghaeilge na tréimhse seo agus, mar sin, b'fhéidir nárbh aon díobháil é, ag an bpointe seo, díriú ar an ngné sin de shaothar Phiarais, gné na polaitíochta, arb í an ghné is suaithinsí ar fad dá shaothar í, faoi mar a chífimid.

***An File Seacaibíteach***

I measc na ndánta de chuid Phiarais Mhic Gearailt atá fós ar marthain againn tá idir aislingí agus amhráin pholaitiúla a thaispeánann go soiléir gurb é an Seacaibíteachas an creideamh polaitiúil a bhí ag an nGearaltach ar feadh cuid mhaith dá shaol. Tá taispeánta ag Breandán Ó Buachalla agus ag scoláirí eile a lárnaí is a thábhachtaí is a bhí an dearcadh polaitiúil seo i rith na hochtú haoise déag, agus i rith na haoise roimpi sin, agus ní haon ábhar iontais é, mar sin, gur ghlac an Gearaltach leis an Seacaibíteachas agus go raibh sé gníomhach ag craobhscaoileadh theachtaireacht an tSeacaibíteachais faoi mar a dhein formhór mór fhilí na Gaeilge lena linn.

Go bhfios dom, maireann cúig cinn d'aislingí polaitiúla de chuid Phiarais sna LSÍ gur féidir linn 'aislingí seacaibíteacha' a thabhairt orthu, agus cé ná cuimsíonn aon cheann de na haislingí seo dár scríobh sé móitífeanna agus íomhánna uile na 'hAislinge

Clasaicí' faoi mar atáid le fáil in aislingí Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin mar shampla[31], fós níl aon bhaol ná gur aislingí breátha iad, aislingí a chuireann go mór lenár n-eolas, ar fhilíocht Sheacaibíteach na Gaeilge go ginearálta, agus ar dhearcadh polaitiúil an Ghearaltaigh go háirithe. Má fhéachaimid ar na haislingí seo ina gceann is ina gceann, agus ar na hamhráin pholaitiúla eile ina dteannta san, gheobhaimid éachtaint an-suimiúil ar aigne an té a chum iad agus ar chlaonta polaitiúla na haigne sin. Mar, dálta fhilí Seacaibíteacha eile na Gaeilge, dá chomónta, fhoirmlí iad na haislingí seo ó thaobh friotail, móitífeanna agus íomháineachais, ní fhágann an Gearaltach aon amhras orainn riamh i dtaobh na bunteachtaireachta polaitiúla atá iontu.

Is léir ó chéad véarsa na haislinge dar tús *Ar maidin inné is mé ag déanamh machnaimh* (**11**), nó *An Gheallúin* mar a thug Ó Foghludha uirthi (APMG: 35), go bhfuil dea-scéala ag an bhfile dúinn agus é fachta aige ó bhéal na mná áille seo a bhuaileann leis agus é ag déanamh a mharana ar dhrochstaid na nGael:

> Ar maidin inné is me ag déanamh machnaimh
> ar Ghaeil 's mar leagadh a gcairde,
> do theangmhaigh liom bé ba péarlach cailce,
> ba mhaorga, maiseamhail, mánla
> a ramhar-rosc réidh,'s a scéimh mar eala,
> a béal, a leaca, 's a bráid gheal
> mar shneachta na gcraobh is mar chaor ar lasadh
> 's í ag déanamh aitis is gairdis. (**11**, 1 – 8)

Ach dá olcas í an tsáinn seo ina bhfuil na Gaeil, dealraíonn sé go bhfuil ábhar dóchais ann dóibh toisc nach fada anois go dtí go dtiocfaidh an laoch so 'gan ainm', d'fhonn 'laochra Chaisil' a shaoradh as an ngéibheann ina bhfuilid:

---

[31] Féach an cur síos ar aislingí máistriúla Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin in Ó Buachalla (1996: 577 – 581) mar a luann sé na príomheilimintí seo a leanas a bhíonn le sonrú iontu: 'an tionscaint dhraíochtúil, an tuarascáil bharócach, an t-agallamh oideachasúil, an t-ainmniú rúnscaoilteach go mbaintear an bhuaic amach sa tairngreacht' (*ibid*: 581).

> Gidh fada fén daorbhruid laochra Chaisil
> i ngéibheann galair gan áitreabh,
> gan talamh, gan tréad, gan réim, gan rachmas,
> gan scléip, gan aiteas, gan áthas,
> dá ngreadadh, dá gcéasadh, dá gcréimeadh ag gallaibh
> ’s dá séideadh tar calaith ’na dtáintibh,
> ní fada go réifidh an laoch so gan ainm
> ár bpéin, ár bpeannaid is ár ngábhann. (**11**, 17 – 24)

Dar leis an spéirbhean so go bhfuil dea-thuartha le feiscint sa timpeall a dhearbhaíonn nach aon fhantaisíocht atá ar siúl aici, agus ní gá dúinn ach féachaint ar an lasair sa spéir gan scamall, an ghrian is an ré go soiléir le feiscint agus an éanlaith ag canadh go sásta srl., chun go dtuigfimis go bhfuil an ‘seabhac so Séamas’ (**11**, 32), nó ‘mo Shaesar’(**11**, 47) mar a thugann an spéirbhean air, ag teacht chun fóirithint ar na Gaeil:

> Tá lasair sa spéir is ar ghréin níl scamall,
> ’s an ré go lasmhar lánmhar,
> atá aiteas ar éanlaith i ngaorthaibh gleanna
> ’s gach tréad go magamhail, ceáfrach;
> tá an fharraige séimh go réidh gan fearg
> ’s an ghaoth beidh seasmhach, álainn
> ar dtaisteal dom laoch le faobhar is fearg
> ag léirscrios gallaibh as Clár Loirc. (**11**, 49 – 56)

Is é ‘Séamas Réx’ a thugtar ar an slánaitheoir céanna san aisling dár tús *Do bhíosa maidean álainn* (9), mar a mbuaileann an file le spéirbhean agus é ‘ag déanamh leanna ar bharr cnoic’. Is follas gurb í Éire í an bhean álainn seo agus ní chuireann sí aon fhiacail sa chur síos a dheineann sí ar dhroch-chás na nGael toisc gur léir gurb é anfhorlann na nGall, agus nach aon easpa misnigh ar thaobh na hÉireann, faoi ndeara an drochstaid seo:

> Ní mise scar lem chéile
> a léirchuir sibh gan áitreabh,
> ach dlithe cama, éigean,
> bréaga, broid is tnáthairt,

lena cuireadh ár Séamas Réx tar uisce
a léirchuir mé gan sláinte
ag sileadh na ndéar ’s a glaoch go tuirseach
chum mé a bhuaint dom námhaid.

’S ná measadh neach gur meirleach mise
do léig mo tharra in airde,
ná ’ghaibh re gallaibh daortha,
ach Éire flaith is Fáilbhe;
do throideas féin go tréanmhar, neartmhar,
go saorthach, lannach, láidir,
nó gur scaras lem thréithe, d’réir mar chanaim,
d’fhúig mé i Saxon tnáite.’ (**9**, 25 – 40)

Dar leis an mbé álainn seo, áfach, nach fada eile a bheidh na Gaeil ag feitheamh le cabhair chun go mbeidís ina ‘n-inead cóir’. Dhealródh sé gur le cúnamh ó Rí na Fraince, a mbeidh buíon ó Albain ina theannta, a thiocfadh an chabhair seo chucu:

A dhuine, tuig mo sceólsa,
go dtiocfaidh fós gan tláitheacht,
’s do chuirfidh sibh ar sóchas
’úr n-inead cóir le gairdeacht;
tiocfaidh Laoiseach saoithmhear, neartmhar,
is buíon ó Albain láimh leis,
is beidh ruatharnaigh ’s scaoileadh ar ghallaibh
dá ndíbirt feasta as Clár Loirc. (**9**, 47 – 56)

Is i dtaibhreamh a chíonn an file an ainnir álainn in *Cormac Óg* (**10**) agus é tar éis titim dá chodladh cois leasa. Ceistíonn sé í i dtaobh a hainm agus eachtraíonn sí dó gurb í ‘dlúthshearc Charalais, Banbha’, í. Más é Carlos III, Rí na Spáinne, an té atá luaite anso is é Cormac Óg, códainm Shéarlais Óig anso mar is léir, an té a bheidh i réim i gCaiseal tar éis dó ‘an sodalach Seoirse’, Rí Shasana, a ruaigeadh as an tír le cabhair ó na Spáinnigh is ó na Francaigh:

Is dona ár sceol ’s is brónach doilbhir,
le gainne, mo dhanaid, ag treabhadh na cré
’s an sodalach Seoirse ’na chóiste go soilbhir,

> is ceol dá spreagadh dho a dtúis gach lae;
> tiocfaidh an Spáinneach go táirpeach, acmhainneach
> ’s cuirfidh an Francach scanradh ar an Sacsanach,
> ba bhinne linn súd ná diúgadh an bhairille,
> táimse im’ chodladh nó ’s fíor mo scéal. (**10**, 33 – 40)

Dob fhéidir a áiteamh gurb í *An Chaol-droimeann Óg* (**12**) an aisling is suaithinsí de chuid Phiarais, aisling a bhfuil tionscaint neamhghnáthach aici sa mhéid is go gcasann bé mhiochair ar an bhfile ina thaibhreamh dó, agus í a mbun a cúraimí mar bhanaoire bó ‘i mothar glas coille.’ Is féidir a thuiscint go bhfuil bó, ‘an chaol-droimeann óg’ á casadh nó á comáint aici ach b’fhéidir gur fonn amhráin atá i gceist leis an gcaol-droimeann ag an am gcéanna. Is draíochtúil, mealltach é an cur síos a thugann an file dúinn ar an spéirbhean álainn seo faoi mar ba dhual d’fhilí na tréimhse:

> Ba bachallach, camarach, péarlach,
> a carnfholt chraobhach ’na deoidh,
> go snadhmannach, srathannach, dréimreach,
> ag titim ’na céibh’ léi go feor,
> a braoithe mar shíoda ’s a héadan,
> gan teimheal is gan éalaing i gcló;
> is í thíos ar an inse ag aoireacht,
> gan suim ach ’na Caoil-droimeann óg. (**12**, 5 – 16)

Leanann an gnáthchomhrá nó an gnáthagallamh aislingiúil an tuarascáil bhreá so agus, tar éis don bhfile a fhiafraí den bhé i dtaobh ‘a hainm, a héileamh ’s a cló,’ tugann sí le fios dó gurb í ‘Éire bhocht na Stíobhart’ (**12**, 27) í agus fágann sí teachtaireacht dhóchasach, mhisniúil aige mar a dtugann sí le tuiscint go bhfuil Seoirse ‘breoite’, go bhfuil cabhlach ag teacht ón bhFrainc, go gcuirfear an ruaig ar ‘chrónphoic’ is ar ‘mhéithphoic’, go mbeidh sagairt ‘i gceannas go cráifeach’, agus go mbeidh sláinte ‘camhaoir na hÉireann’ á hól ag na Gaeil toisc ré nua a bheith i ndán dóibh:

Gan amhras beidh ramharchloig ar Sheoirse,
’s a bhantracht beo bocht gan chríoch,
beidh Francaigh i gcampa chum comhraic,
agus caithfidh gach crónphoc leo íoc;
beidh ruagadh gan suaimhneas dá mbrácadh,
fágfar gan cháin iad gan fíoch
’s an sagart i gceannas go cráifeach,
ag canadh na dtráth mar a bhíodh.

Beidh cobhlach ón bhFrancach ar tréanmhuir,
’s is cobhsach sinn féin ag cur leo
beidh doghrainn thar dobhartha le méithphoic,
dá gcaitheamh as aolbhrogaibh teo,
beidh eagla an anfa ar bhéaraibh,
tásc do gach aon fhear mo sceol,
gur gairid dúinn camhaoir na hÉireann,
’s a sláinte gach féile dá hól.’ (**12**, 41 – 56)

San aisling álainn, cheolmhar *Mór Chluanach* (**13**) braithimid atmaisféar diamhair, ósnádúrtha ó thosach deireadh. Is ina luí ar a leabaidh a chímid an file nuair a chastar an spéirbhean aislingiúil air an babhta so agus, dá fhoirmlí, nósúla í mar thosach, is go saoráideach a chuirtear an léitheoir faoi dhraíocht anso:

Trém aisling aréir is mé ar mo leabaidh,
do dhearcas lem thaoibh an ríbhean chailce,
bhí luisne ’na gnaoi ba taitneamhach linn
is gile ’rith thríthe de dhroim an tsneachtaidh.

Bhí mala deas caol ar a héadain chailce
’s a ramhar-rosc righin le saighid dá gcaitheamh;
níl faraire groí dá bhfuil insa tír
nach bpreabfadh gan mhoill dá gnaoi le taitneamh. (**13**, 1 – 8)

San agallamh a leanann an tionscaint álainn seo, fiafraíonn an file den ‘ríbhean’ cé hí féin agus, cé go ndeir sí gurb í bean sí na nGearaltach í ar dtúis (**13**, 23 – 24), ceistíonn an file a thuilleadh í go dtí go n-admhaíonn sí gurb í Mór Chluanach í agus fágann an teachtaireacht dhiamhair seo a leanas aige mar fhreagra ar achainí uaidh, teachtaireacht ar féidir a thuiscint aisti – dá dhoiléire í – gur dea-scéala a bheidh ag teacht chun an fhile agus, dá bhrí sin is dócha, chun na hÉireann:

> ‘Is cruinn do thuairisc, a shuaircfhir ghasta,
> is mise Mór Chluanach mar a luaitear m’ainm,
> ní bheirse gan dualgas in ionad do dhuanta,
> ní heagal duit an slua sí ’od bhuairt ná ’od ghairm.’ (**13**, 37 – 40)

Dob fhéidir a áiteamh, gan amhras, ná fuil na haislingí seo Phiarais le háireamh i measc na n-aislingí ab fhearr nó ab ealaíonta ón ochtú haois déag, is é sin má tharraingimid chugainn mar shlat tomhais na haislingí ‘barócacha’ úd a scríobh Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin, ach ar a dtógaint le chéile is léir go gcuimsíonn na haislingí seo eilimintí uile an tseánra agus go gcomhlíonann siad dualgais na haislinge mar aiste liteartha. Chomh maith leis sin, taobh amuigh de *Mhór Chluanach* b’fhéidir, is deacair na haislingí seo a lochtú ó thaobh na teachtaireachta atá le fáil iontu – teachtaireacht shoiléir an tSeacaibíteachais – agus níl aon dabht in aon chor ná go gcaithid solas ar an bhfealsúnacht pholaitiúil a bhí ag an nGearaltach agus ar an teachtaireacht shoiléir a bhí aige dá lucht léite/éisteachta. Tá tábhacht nach beag ag baint leo, dá bhrí sin, ní hamháin mar aistí filíochta, ach mar dhréachtaí polaitíochta, agus is díol suime é, dar liom, a lárnaí, a dhearfaí agus a dhóchasaí atá teachtaireacht an tSeacaibíteachais i nach mór gach aon cheann acu. Mar sin féin, dá éifeachtaí iad na haislingí seo a chum Piaras ó thaobh na teachtaireachta soiléire polaitiúla atá le sonrú iontu ar fad, agus dá fheabhas cuid acu ó thaobh na filíochta féin, ní dócha go bhfuil aon bhreith ag aon cheann acu ar an gcuid is fearr de na hamhráin mhóra pholaitiúla a d’fhág sé le hoidhreacht againn, toisc go mbraithim gur sna dánta nó sna hamhráin seo is fearr a chímid an t-ardmhianach a bhí ann mar fhile.

Faoi mar a mheabhraíonn Breandán Ó Buachalla dúinn (1996: 596) bhí dánta agus amhráin reibiliúnacha á gcumadh i seánraí eile, taobh amuigh de sheánra na haislinge, san ochtú haois déag agus an fheidhm chéanna leo:

> Chuir an Aisling … foirm fhoirmeáilte liteartha den reitric Sheacaibíteach ar fáil i seánra áirithe; bhí an reitric sin á cur ar fáil i seánraí eile chomh maith i bhfoirmeacha éagsúla. Cuid de na dánta is ceannaircí polaitiúla ag na filí aitheantúla, ag Liam Inglis, Seán Clárach, Seán Ó Tuama, is filí eile, cuirim i gcás, ní aislingí iad ach fós cuimsíonn siad, chomh héifeachtach ealaíonta céanna, an reitric Sheacaibíteach.

Is cinnte, dar liom, gur féidir agus gur cheart ainm Phiarais Mhic Gearailt a chur leis an liosta filí seo agus is deimhnitheach, ina theannta san, gur féidir cuid de na dánta ceannairceacha, reibiliúnacha so dá chuid a áireamh i measc scothdhánta nó scothamhráin Sheacaibíteacha na hochtú haoise déag faoi mar a chífimid anso thíos.

B'fhéidir gurb é an dán nó an t-amhrán a dtugtar *Rosc Catha na Mumhan* (**17**) air an dán is clúití ar fad de chuid Phiarais toisc gur amhrán is ea é a bhíonn á ghabháil i nGaeltachtaí na Mumhan go dtí an lá atá inniu ann agus chomh maith leis sin, caithfear a rá, toisc gur amhrán fíorálainn é. Ba é a dúirt Daniel Corkery (1941: 286)) mar gheall ar an *Rosc Catha* ná go bhfuil sé 'so agile, so decorative in manner that one might easily attribute it to Seán Clárach. In the refrain one hears the beating of the waves against the onward-driving ships that are bringing the Pretender and his forces to the shore', agus ba é breithiúntas Phiarais Béaslaí air ná gur seoid é ina bhfuil 'draoidheacht ins na foclaibh a chuireann ceol na dtonn agus ceol na gaoithe agus taitneamh gréine ar an bhfairrge agus luingeas fé sheol go meidhreach in umhail dúinn' (gan dáta: 172). Ní dócha go ndéarfadh éinne go raibh aon áibhéil á déanamh ag na léirmheastóirí cumasacha so mar gur léir, ón

gcéad léamh fiú, an mhórmheanma agus an t-éirí croí atá á chur in úil sa dán so ó thosach:

D'aithníos féin gan bhréig ar fhuacht,
's ar anfa Thétis taobh re cuan,
ar chanadh na n-éan go séanmhar**,** suairc,
go gcasfadh mo Shéasar glé gan ghruaim.

Measaim gur subhach don Mhumhain an fhuaim,
dá maireann go dubhach do chrú na mbua,
torann na dtonn le sleasaibh na long,
tá ag tarraing go teann 'nár gceann ar cuaird.

Tá lasadh san ngréin gach lae go neoin,
ní taise don rae; ní théann faoi neoil,
atá barra na gcraobh ag déanamh sceoil,
nach fada 'bheidh Gaeil go faon faoi cheo. (**17**, 1 – 12)

Aithnímid lámh an Ghearaltaigh láithreach ar na híomhánna geala so dá chuid sa tríú véarsa so mar a mbraitear macalla ón luathchaoineadh dá chuid, *Ní thig an ghrian sa rian díreach* (**1**), agus ón aisling a pléadh thuas, *Ar maidin inné is mé ag déanamh machnaimh* (**11**), sa chur síos ar an 'lasadh sa ngréin', an ré ná téann faoi neoil agus an éanlaith ag déanamh ceoil ar bharra na gcrann chun teacht an Stíobhartaigh a fhógairt. Agus ní fhágtar aon amhras ar an léitheoir ach oiread i dtaobh a dtitfidh amach ach a bhfillfidh an Saesar so ar Éirinn:

Gach nduine d'fhuil Mhíle bháin na gcréacht,
curaí na Traoi mear, láidir, tréan,
do milleadh le dlí is crádh le claon,
cuirfidh gan mhoill an báire séin. (**17**, 37 – 40)

Ní i gcónaí a bhíonn an scéal chomh seoigh nó chomh  hiontach so, áfach, faoi mar atá le braistint in *Seán Ó Dí* (**18**), amhrán a bhfuil cáil air ón leagan breá a thaifead Nioclás

Tóibín i nGaeltacht na nDéise fadó.[32] Cur síos ar phósadh mí-ámharach atá san amhrán so ar ceart é a léamh mar dhán polaitiúil fáthchiallach ina bhfuil ‘péarla an bháin-chnis’, pósta go neamhoiriúnach leis an ‘Vulcán gránna’ so (**18**, 5, 8), Seán Ó Dí. Faoi mar a mheabhraíonn Piaras Béaslaí (gan dáta: 172) dúinn, agus é ag trácht ar an amhrán ‘neamhchoitianta’ so, ‘leasainm ar an nGall ar nós “John Bull”’ atá i gceist le Seán Ó Dí agus is follas go gcuireann sé alltacht agus uafás ar an bhfile an bheirt seo a fheiscint ar aon leabaidh amháin:

> Níor ghéilleas gur sprid neamhdha
> do tháthaigh dlúth an dís
> ach cospóir peacaidh Mhámoin
> is fantais d’áireoinn díbh,
> *Mopso Nysa Datur*
> anois is ráite fíor
> ó tugadh Péarla an scánfhoilt
> d’fhear mar Sheán Ó Dí. (**18**, 9 –16)
>
> Dá madh fear mar chách me,
> ’s gur mhaith mar cheard liom í
> do shinnfinn seal mar Mhárs leat
> ’s ní chuirfinn cás san maoil,
> ó sé do bhreoigh ’s do chráigh me
> ’s do bhain mo shláinte dhíom
> do mhama geala breátha
> bheith i leabain Sheáin Uí Dhí. (**18**, 17 – 24)

Mura bhfuil aon scéal dóchasach ag an bhfile dúinn ag deireadh an amhráin, is léir gur fiú agus gur ceart troid ar son ‘Péarla an scánfhoilt’ agus gurb é sin is fonn leis. Is spéisiúil chomh maith an tslí ina raibh ar a chumas líne ón litríocht Chlasaiceach, ‘Mopso Nysa Datur’, a fhí isteach sa dán d’fhonn an teachtaireacht atá aige i dtaobh a neamhoiriúnaí is atá an pósadh so a chur abhaile orainn.[33] Is cinnte go dtuigfeadh ciorcal liteartha Phiarais,

---

[32] Tá an taifead so le fáil ar rian a 15 den dlúthdhiosca *Rinn na nGael* a chuir Cló Iar-Chonnacht amach sa bhliain 1999.

[33] Is mar seo a théann na línte sa bhunsaothar clasaiceach, *Eclogues Virgil* (VIII): ‘Mopso Nysa datur: quid non speremus amantes? iungentur iam grypes equis, aeuoque sequenti cum canibus timidi venient ad pocula dammae (Nysa weds Mopsus! What may we lovers not expect? Soon mares will mate with

is é sin le rá a chomhfhilí sa chúirt éigse agus aos léinn na Gaeilge go ginearálta, is cinnte go dtuigfidís a raibh i gceist leis seo agus go dtaitneodh sé leo, agus má bhí an baol ann ná bainfeadh cuid de lucht éisteachta an amhráin, go háirithe, aon adhmad as an aon líne amháin seo, fós ní bheadh aon mhearathal orthu i dtaobh na príomhtheachtaireachta atá ann.

Sa dán *Squire Geal Freeman* (**21**), áfach, níl teachtaireacht an fhile chomh soiléir sin ar an gcéad éachtaint toisc go mba dhóigh leat gur ag fáiltiú roimh dhuine de na nua-uaisle Protastúnacha atá Piaras i dtosach báire:

> Fáilte is céad do bhláth na gcraobh ag trácht go hÉirinn aoibhinn,
> fáilte dod scéimh atá gan bhéim, gan ghnás ag déithibh cinnte,
> fáilte ag cléir, ag dáimh ’s ag éigse, ag baird ’s ag béithibh míonla,
> is fáilte uaim féin le páirt, gan bhréag, go brách do Squire geal Freeman (**21**, 1 – 4)

Ach don té a thuigeann a bhfuil ar siúl anso, is léir gur dán ceannairceach polaitiúil é, saghas dáin a bhí thar a bheith coitianta le linn na tréimhse, ‘[m]ód coiteann cumadóireachta i measc na Seacaibíteach’ faoi mar a mheabhraíonn Ó Buachalla (1996: 293) dúinn, agus saghas dáin a d’fhág faoin léitheoir é a dhéanamh amach cérbh é an rí ceart nó cén duine a bhí á mholadh. Sa dán débhríoch cliste seo caitheann an léitheoir léamh idir na línte agus ba dheacair a shamhlú ná beadh a fhios ag Gaeil na hochtú haoise déag cén fhlaith nó cén ‘Saesar seasaimh’ a raibh Piaras ag tagairt dó i dtreo dheireadh an dáin:

> Seo an scéal is fearra ag cléir na gceacht**,** ag éigsibh sean ’s ag draoithibh,
> go hÉirinn Airt ag téacht tar n-ais i réim don fhlaith go haoibhinn,
> Saesar seasaimh, péarla ceannais, Phoenix, searc a shinsear,
> réaltan maidne réifidh ceart gach n-aon dá fhada i ngeimhle. (**21**, 41 – 44)

---

gryphons, and the time will come when timid hinds go down to drinking pools with hounds).’ Féach Lee (1984: 86 –7).

Agus is léir ó dhánta eile de chuid Phiarais cén dearcadh a bhí aige ar na nua-uaisle Protastúnacha so a bhí suas lena linn faoi mar a chímid ón méid atá le rá aige i gcomhfhreagras fileata le Domhnall Ó Murchú i dtaobh an dreama chéanna, *Más dóchas ár ndóchas* (**33**), mar a ndeir sé i nóta ar imeall an leathanaigh go raibh na nua-uaisle seo 'comhachta[ch] éigneach chum Gaodhail & eagluis Chríost do cheannmhúcha', agus mar a luann sé iad a bheith gníomhach 'ag briseadh 's ag leagadh seancheall & teampallaibh & ag déanamh ballaí iothlann, stáblaí is luibhghoirt dá gclocha coisricthe' (**33**, 13 – 14). Níl aon amhras ná gurbh iad na nua-uaisle gallda so faoi ndeara na Gaeil a bheith in anchás, dar le Piaras, agus toisc na Gaeil a bheith in umar na haimléise, ba é an fheidhm a bhí ag na dánta agus na hamhráin pholaitiúla so ar fad ná dóchas a choiméad ina measc go dtiocfadh an chabhair a rabhthas ag súil léi, go mbeadh an rí ceart i gcoróin is go dtiocfadh claochló – claochló chun maitheasa – ar an saol.

Chímid san amhrán corraitheach, misnithe *Bua na nGael*, amhrán atá againn ó láimh Phiarais é féin, gur dubhach leis an bhfile 'an smúit seo ar Ghaeil' atá 'gan subhchas, gan scléip', ach iad á gcrá ina dtír dhúchais féin ag 'prútaigh gan mhúineadh gan mhéin' (**20**, 1 – 4). Ach más dubhachas atá le braistint ag tosach an scéil seo, is é is mian leis an bhfile a dhéanamh i ndáiríribh ná dea-scéala a thabhairt dúinn go bhfuil cabhair ag teacht ón Spáinn agus ón bhFrainc sa tslí is go mbeidh athrú ó bhonn ar chúrsaí in Éirinn, agus é sin de dhroim oíche mar ba dhóigh leat ón méid seo:

> Scaoil chughainn scardach den bheoir,
> is cuí dhúinn a shláinte siúd d'ól;
> go síoch subhach sámh seal gan bhrón,
> go fíontúil fáilteach gan ghleo. (**20**, 17 – 20)

> Beidh clannaibh na nGael ’s na Gallaibh go faon,
> dá leagadh, dá dtreasgairt, ’s dá gcaismirt le faobhar.
> beidh aoibhneas is ceol againn, fíonta dá n-ól ’gainn
> ’s an Rí ceart ’na choróin agus Seoirse gan tréad. (**20**, 21 – 24)

Is follas gurb é sláinte an Stíobhartaigh atá le hól sa chéad véarsa thuasluaite mar, cé ná tugtar a ainm sa véarsa áirithe seo, is deimhnitheach óna bhfuil ráite sa dán so roimhe seo gurb é Séarlas Óg atá á lua anso, agus gur ag teacht ‘mar Shaesar ag éileamh a ríocht’ (**20**, 10) a bheidh sé chun na Gaeil a shaoradh ón ngéibheann ina bhfuilid.

Scéal dóchasach, meanmnach den saghas céanna atá á fhógairt ag Piaras in *A Mhalaí Bheag Ó* (**15**) a dtugann Ó Buachalla (1996 : 436) ‘amhrán ríthaitneamhach meidhréiseach’ air. Dar leis go bhfuil ‘cuma an amhráin tíre air idir fhriotal is téamaí’, agus níl aon dabht ná gur ceolmhar agus gur álainn an t-amhrán é. Ba é tuairim Phiarais Béaslaí gur dhein an Gearaltach ‘aithris ar shimplidheacht an tseanamhráin, ach baineann sé brígh nua as an ainm. Éire is í “Malaí Bheag Ó.”’ An babhta so, más ea, is é an file a fhógraíonn an lá séin don bhé álainn seachas an tslí eile timpeall, is é sin má ghlacaimid leis gur spéirbhean aislingiúil í an Mhalaí Bheag so a mbeannaíonn Piaras di ag tosach an dáin :

> Good móra ’s Muire ’s Pádraig dhuit, a Mhalaí Bheag ó,
> mo sceolta bainfid gáire asat, a chuid don tsaol ó,
> suigh, a stóir ghil, láimh liom
> is neosad dhuit re háthas,
> go bhfuil Seoirse ag gol ’s ag gárthaigh, a Mhalaí Bheag ó.
>
> Táid crónphoic cathach cráite arú, a Mhalaí Bheag ó,
> mar táid slóite d’fhoireann Spáinneach, a chuid don tsaol ó,
> faoi sheol ag teacht ’na dtáinte
> re cóir go lannach, láidir,
> is beidh coróin ar Ascanius, a Mhalaí Bheag ó. (**15**,1- 10)

Dar le Ó Buachalla (1996: 436) gur ‘cinnte gur i ndiaidh 1746’ a scríobhadh an t-amhrán so toisc go raibh ‘cabhair Spáinneach fós á tuar is an choróin fós á geallúint do

Ascanius', is é sin Séarlas Óg. Faoi mar a tharlaíonn, níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go mbaineann aon cheann de na hamhráin nó na haislingí polaitiúla le dáta níos luaithe ná an dáta so a luann an Buachallach agus, más fíor gur cuireadh tús le 'Cúirt na mBúrdún' timpeall na bliana 1744, faoi mar atá feicthe againn, dob fhéidir an tuairim a chaitheamh gur thug sé seo spreagadh do Phiaras, mar uachtarán ar an gcúirt, na dánta treascarthacha, tréasacha so a chumadh.

B'fhuirist a shamhlú gur ag seisiúin na cúirte éigse seo a léadh nó a canadh amach cuid de na hamhráin seo ós ard don chéad uair, agus go mb'fhéidir go raibh sláinte Shéarlais Óig á hól ag Piaras agus ag a chomhfhilí ag na seisiúin chéanna faoi mar a thugtar cuireadh dúinn a dhéanamh in *Is mór go maím le háthas* (**14**):

Is mór go maím le háthas,
mo leon i mbruín gan tláthas,
gan mhóid, gan phoimp – is córach groí,
go lomtha, líofa, láidir.

Mo dhóigh nách baois dom dán a scríobh
ar leoghan aoibhinn, álainn,
do phórshliocht Bhriain ba chróga i ngníomh
's i ngleo na gclaíomh ná stáinfeadh.

An t-ógfhear groí gan támhacht,
is fóntach, fíontach, fáilteach,
donnbheoir mar thoinn seolam timpeall
is ólfaimid do shláinte. (**14**, 1 – 12)

Gníomh ceannairceach, treascarthach ab ea é sláinte an Stíobhartaigh a ól san ochtú haois déag, faoi mar a mheabhraíonn Breandán Ó Buachalla (1996: 298) dúinn: 'ba ghníomhaíocht choiriúil inchúisithe í sláinte Shéamais a ól go poiblí nó aon saghas 'seditious language' a úsáid ag tagairt dó', agus anuas air sin i gcomhthéacs dánta ar nós dhán so Phiarais thuas tugann sé le fios 'gur gníomhaíocht phobail í sláinte "an tí ná habraim" a ól agus gur féachadh uirthi mar ghníomhaíocht dhúshlánach pholaitiúil'

(*ibid.*: 358). Is díol spéise é, sa chomhthéacs so, go bhfuil Piaras ar dhuine de na filí aitheantúla ón tréimhse seo ar ar leagadh na véarsaí seo a leanas ina luaitear ainm an Stíobhartaigh trí chód meafarach a úsáid:

> Aibigeal Brún adúirt ná féadfainnse,
> ainm an Phrionsa 'thabhairt gan tréason di:
> ceathair ar dtúis is dúbail aon, agus,
> i dteanga na n-údar múinte glaoim ar luch. (**19**, 13 – 16)
>
> Suímid síos is bímid ag ól,
> líontar chughainn fíon is beoir
> 's an dtuigir, a chroí, nárbh aoibhinn sceol,
> sliocht an fhill dá gcloí san ngleó! (**19**, 17 – 20)

Faoi mar a deir Ó Buachalla linn (1996: 353 – 4), leagadh an véarsa so faoi Aibigeal Brún ní hamháin ar Phiaras, ach ar Aogán Ó Rathaille, ar Thomás Mac Gearailt agus ar Sheon Ó hUaithnín a ndúradh ina thaobh gur cúisíodh é ós comhair na cúirte as amhrán treascarthach ina raibh véarsa den saghas céanna a chumadh. Níor ghá gur sa tigh tábhairne amháin a bheadh sláinte an Stíobhartaigh á hól agus thaibhseofaí do dhuine go ndéanfaí a shláinte a ól aon áit ina mbeadh aislingí agus amhráin Sheacaibíteacha á léamh amach nó á gcanadh ós ard don chomhluadar, agus ba dheacair a shamhlú nár deineadh a leithéid seo ag seisiúin na cúirte éigse de chuid Phiarais ag tráthanna ina raibh dóchas láidir i measc aos léinn na Gaeilge go ndéanfaí fóirithint ar a n-anchás, mar níl aon dabht ná go raibh na haislingí agus na hamhráin pholaitiúla so díreach chomh ceannairceach leis na dánta ólacháin.

Ar mhí-ámharaí an tsaoil, áfach, níl dátaí luaite le haon cheann de dhánta polaitiúla Phiarais sna lámhscríbhinní, taobh amuigh de *Rosc Catha na Mumhan* (**17**) a bhfuil an bhliain 1750 luaite leis mar dháta cumtha i roinnt de na foinsí a chaomhnaíonn an téacs. Tá áitithe agam in áit eile (Ó Cróinín, 2007: 184) gur scríobhadh formhór na

ndánta Seacaibíteacha so de chuid Phiarais i dtréimhse fiche bliain nó mar sin, ó c. 1746 go dtí c. 1766, agus bheadh an tuairim sin agam i gcónaí ach amháin go bhféadfai an dáta tosaigh a chuir siar beagáinín chun an tréimhse dhóchasach roimh bhriseadh Chúil Lodair sa bhliain 1746 a chlúdach. D'fhéadfaí a thuairimiú, mar shampla, go mbaineann *Do bhíosa maidean aerach* (**9**), mar a luaitear 'Laoiseach saoithmhear neartmhar' a bheith ag teacht 'is buíon ó Albain láimh leis' (**9**, 53 – 54) leis an tréimhse díreach sular tháinig Séarlas Óg i dtír in Albain sa bhliain 1745 ach caithfear a rá, ag an am gcéanna, go bhféadfadh sé gur chum Piaras é seo tar éis bhriseadh Chúil Lodair toisc ná raibh teipthe ar dhóchas na nGael ina dhiaidh seo, ná aon dul air, faoi mar a luann Ó Ciardha (2001: 284): 'they (na Gaeil) were momentarily despondent but ultimately optimistic of deliverance from Philip V and Louis XV at the head of the brigades, and others would help Charles Stuart to gain the victory and the proper submission of Britain to him.' Tá an chuma ar an scéal gur scríobhadh an leagan de *Cé sin amuigh* (**16**) atá leagtha ar Phiaras tar éis bhriseadh Chúil Lodair agus léiríonn na focail seo atá curtha i mbéal na hÉireann, mar a déarfá, a dhóchasaí a bhí an teachtaireacht so fós:

> 'Níl baol ort anois.
> atá Aonmhac na cruinne
> is ár naomh-bhruinneall, Muire, taobh leat.
> réifid gach broid
> 's géibheann ina bhfuilir,
> gléasfaid ar muir na mílte;
> beid saorchlanna Scoit,
> beid Gaeil bhocht' ar inneall,
> go faobhrach, fuilteach, fíorghlic,
> séidfear tar sruith
> na bréantoirc re broid
> gan éadach, gan cuid na hoíche.' (**16**, 49 – 60)

D'fhéadfadh sé gur chum Piaras roinnt mhaith dá chuid aislingí polaitiúla is dá chuid amhrán Seacaibíteach le linn Chogadh na Seacht mBliana (1756 – 1763) nuair a bhí

dóchas i measc na nGael go raibh fórsaí a bhfuascailte le teacht ón bhFrainc (féach Ó Ciardha, 2001: 324 – 5 agus Ó Buachalla, 1996: 436 – 8). Dar le Ó Ciardha (2001: 344 – 5), mar shampla, gur scríobhadh *An Caol-Druimeann Óg* (**12**) le linn an chogaidh sin nuair a bhí rudaí ag dul i gcoinnibh na Sasanach, timpeall na bliana 1758 nó mar sin, agus más amhlaidh gurb é Seoirse III an Seoirse atá á lua in Cormac Óg (**10**) , mar atá áitithe ag Ó Buachalla (1996: 645), d'fhéadfaimis a rá gur i ndiaidh na bliana 1760 a cumadh é, is é sin le rá tar éis bhás a athar, Seoirse II. Ina dhiaidh sin, is baolach nach féidir dátaí cruinne a lua le haon cheann eile de dhánta polaitiúla Phiarais.

Is léir, áfach, gur lean Piaras air ag scríobh dánta Seacaibíteacha chomh fada le seascaidí na haoise sin, agus is cinnte go raibh dánta Seacaibíteacha fós á gcóipeáil ag an nGearaltach chomh déanach leis an mbliain 1769, de réir fhianaise a Lse féin, fiú mura raibh dánta den saghas so fós á gcumadh aige. Agus cé go dtuigimidne anois ná raibh aon éifeacht leis an Seacaibíteachas mar ghluaiseacht pholaitiúil i ndiaidh na bliana 1760 nó mar sin, dealraíonn an scéal nárbh é sin an dearcadh a bhí ag aos léinn na Gaeilge ag an am agus go ceann i bhfad ina dhiaidh sin.[34]

Is follas, dar liom, i bhfianaise a bhfuil feicthe againn thuas, gur féidir a áiteamh gur fhile Seacaibíteach go smior ab ea Piaras ar feadh an chuid is mó dá shaol ach, cé go bhfuil sé seo amhlaidh, tugann sé cúpla leid dúinn ina LS féin go mb'fhéidir gur chaill sé dóchas le himeacht ama nuair a thuig sé ná beadh an chabhair go rabhthas ag súil léi ag teacht, agus nuair ba léir dó ná fuasclófaí na Gaeil ón ngreim ina rabhadar. Is maith a

[34] Faoi mar a deir Breandán Ó Buachalla (1996: 444) 'An maolú mór a chuaigh ar ghníomhaíocht is ar reitric na Seacaibíteach sa Bhreatain trí chéile, agus an triú Seoirse i réim, níor tharla maolú mar é riamh in Éirinn: tá an reitric Sheacaibíteach abhus chomh dásachtach dóchasach ceannairceach sa dara leath den aois is a bhí riamh. An t-idirdhealú a rinne aos léinn – agus pobal – na Breataine idir Seoirse III agus an dá Sheoirse a chuaigh roimhe, ní idirdhealú é a rinneadh abhus.' Mar le cuntas ar chleachtadh na haislinge i bhfilíocht na Gaeilge sa naoú haois déag (lasmuigh den traidisiún scríte) féach Ní Úrdail (2002) mar a dtugtar le fios gur lean an traidisiún so ar aghaidh ar feadh i bhfad ina dhiaidh seo.

thuigfeadh Piaras, mar shaoi is mar fhear léinn, is maith a thuigfeadh sé é seo tar éis Chogadh na Seacht mBliana agus, go háirithe, a déarfainn, tar éis gur dhiúltaigh an Pápa Séarlas Óg a aithint mar chomarba ar a athair, Séamas III, tar éis a bháis sin sa bhliain 1766.[35]

Sa lámhscríbhinn seo dá chuid, a ndéanfar plé cuimsitheach uirthi níos déanaí, dhein Piaras cóip de dhán de chuid Seán Lloyd, ‘Stiúraigh le Cúnamh an Dúilimh’,[36] amhrán Seacaibíteach ina ndeintear tairngreacht ar na Gaeil a bheith á saoradh agus ina dtráchtar ar ‘caomhchlanna Mílidh’ a bheith ‘go meidhreach ar só’. Ní luann Piaras ainm an údair anso in aon chor ach tar éis dó an dán a chóipeáil tá an nóta so scríte aige faoina bhun: *Is iomdha glór díobhaoin a cceann an tí a chomm an t-abhrán ’s go bhfóire Dia air gan chiall*.[37] Díreach ina dhiaidh sin chóipeáil Piaras leagan de dhán éadóchasach, polaitiúil Sheáin Chláraigh Mhic Dhónaill, ‘A Chéileann bheag bhéaltana bhaoth’[38] agus arís gan ainm an údair a chur leis an dán, bhreac sé an nóta searbhasach so a leanas: *Ó ’Dhia maise nár léigi Dia dhuit S[éama]s a’ chacadh is dearbh gur fada dh’[fh]ágfaig thú ad bhainntrig bhoicht dhealbh*.[39] Díreach ina dhiaidh sin arís, tá cóip déanta aige d’amhrán Seacaibíteach eile, ‘Is déarach an bheart do Chéile Ghil Airt’[40] leis an Athair Liam Inglis, dán ina n-impíonn an file ar Dhia fóirithint a dhéanamh ar na Gaeil, agus tá an méid seo ráite ag Piaras mar gheall ar Inglis ina dhiaidh sin: *Ná rabhad-sa am rígh air*

[35] Féach Ó Ciardha, 2001: 365.
[36] Tá an dán so in eagar ag Úna Nic Éinrí (2003: 158 – 9).
[37] LS Phiarais: 27.
[38] Tá an dán so in eagar ag Éamonn Ó hÓgáin (2011: 33, 77 – 78).
[39] LS Phiarais: 28. Is léir gur ag tagairt do Shéamas II atá Piaras anso.
[40] Féach Nic Éinrí (2003: 118) mar a bhfuil an dán so in eagar.

*Éire go mbiadh san mar san agus go ttugaig Dia ciall don leath-éarladh dubhairt an duanóg, ós é Uilliam English é*.[41]

Dob fhéidir a thuiscint as so go raibh Piaras ag tabhairt le fios gurbh fhánach an mhaise do dhuine a bheith ag cumadh dánta Seacaibíteacha, nó fiú amháin a bheith á gcóipeáil, toisc gur thuig sé go raibh deireadh tagtha leis an Seacaibíteachas mar ghluaiseacht réalaíoch pholaitiúil. D'fhéadfaí a áiteamh, mar sin, go dtugann na trí ráiteas ghearra so éachtaint an-mhaith dúinn ar mheon Phiarais an uair úd, is é sin sa bhliain 1769, ach ba cheart a rá ag an am gcéanna, go bhféadfaí an iomad béime a chur ar na léaspairtí neafaiseacha so nuair a chuimhnímid ar a bhfuil de dhánta Seacaibíteacha fágtha ina dhiaidh aige. Ní fhéadfadh aon dabht a bheith ann, dar liom, ná go dtugann fianaise na ndánta polaitiúla so le tuiscint dúinn gurb é an Seacaibíteachas an fhealsúnacht pholaitiúil agus an fhoinse inspioráide ba mhó a bhí ag Piaras ar feadh i bhfad, agus fiú amháin má thuig sé faoin am so go raibh deireadh ré ann, is é sin le rá deireadh le ré an tSeacaibíteachais, agus fiú amháin má bhí lagmhisneach air mar gheall air sin, ní móide gur ag glacadh le forlámhas na nGall in Éirinn a bhí sé. Is fiú a lua, mar sin féin, go bhfuil dánta Seacaibíteacha eile luaite aige ina LS féin, faoi mar a chífear níos sia anonn, agus dhealródh sé gurb é an dearcadh éadóchasach céanna a nochtann sé i dtaobh cheann amháin acusan.

Tá feicthe againn go bhfuil gné na polaitíochta lárnach i saothar Phiarais, ní hamháin sna haislingí agus sna hamhráin pholaitiúla a chum sé ach sna caointe, sna dánta a bhain le cúrsaí creidimh agus i roinnt de na na dánta a bhain le gnóthaí na cúirte éigse a scríobh sé chomh maith. Tá sé tábhachtach go dtuigfimis go raibh Piaras ag scríobh ar an

[41] LS Phiarais: 29.

saol a chonaic sé ina thimpeall agus gurbh é a bhí sa bhfealsúnacht pholaitiúil dá chuid, an Seacaibíteachas, ná an freagra a bhí aige ar na bearta crua ina raibh na Gaeil, faoi mar ba í an fhealsúnacht pholaitiúil a bhí ag formhór mór na bhfilí Gaeilge san ochtú haois déag:

> Filíocht Sheacaibíteach go bunúsach is go príomha í filíocht pholaitiúil na Gaeilge sa chuid is mó den ochtú haois déag. Ní mór formhór mór na filíochta a chum filí na tréimhse sin a thagairt do idéolaíocht an tSeacaibíteachais chun í a thuiscint, is í reitric an tSeacaibíteachais a reitricsean, is é an ríora Stíobhartach – Séamas II, Séamas III, Séarlas Óg – atá mar phríomhphearsana san fhilíocht sin trí chéile. (Ó Buachalla, 1996: 598)

Má thuig aos léinn na Gaeilge go raibh deireadh leis an Seacaibíteachas faoi dheireadh seascaidí na hochtú haoise déag níor chuir sé deireadh leis an dearcadh míleannach a bhí acu. Ba chuma, ar shlí, go raibh deireadh leis na Stíobhartaigh mar 'dá mhéad a fhéachann an míleannachas siar, dá mhéad a mhórann sé an saol mar a bhí anallód, ní hé an seansaol a chuirtear ar bun choíche dá bharr, ach saol nua' (*ibid*.: 659) agus is deimhnitheach gur saol nua ina mbeadh saoirse ag na Gaeil a shantaigh filí na Gaeilge fós, Piaras Mac Gearailt ina measc, mar go raibh sé thar a bheith soiléir dóibh óna raibh ag tarlúint timpeall orthu féin i seascaidí na hochtú haoise déag go raibh cúrsaí go hainnis acu, faoi mar a chífimid sa chéad chuid eile den chaibideal so.

***Marbhchaoineadh Éamoinn Mhic Uilliam Mhic Shíthigh.***

Tá dán tábhachtach polaitiúil amháin a chreidim a scríobh Piaras timpeall an ama so, is é sin le rá i seascaidí na hochtú haoise déag, dán polaitiúil nár thagraíos dó go dtí so agus sin é an tuireamh a dtugtar *Marbhchaoineadh Éamoinn Mhic Uilliam Mhic Shíthigh* (**7**) air; dán ar dhein Risteard Ó Foghludha neamhshuim de nuair a chuir sé saothar Phiarais in eagar an chéad uair, dán nár luaigh sé fiú amháin cé gurb í an chóip is sine de dá

maireann anois ná an chóip atá i LS seo Phiarais. Baineann an dán so le ceann d'eachtraí móra stairiúla na tréimhse úd in Éirinn, mar atá eachtra an Athar Nioclás Mac Síthigh a daoradh chun báis tar éis gur cuireadh ina leith go raibh baint aige féin agus ag daoine eile le dúnmharú brathadóra, fear darbh ainm John Bridge. Cé ná fuarthas corp Bridge riamh agus cé go rabhthas á rá go raibh sé fós ina bheathaidh agus go raibh an tír fágtha aige, fós ar an gcúigiú lá déag de mhí Márta na bliana san, míle seacht gcéad seasca is a sé, crochadh An tAthair Nioclás Mac Síthigh, tarraigíodh a chorp agus deineadh ceathrúna de. Baineadh a cheann dá chorp ina dhiaidh sin agus cuireadh ar spíce é ós cionn gheata phríosún Chluain Meala áit go raibh sé le feiscint ag na Gaeil ar feadh fiche bliain nó mar sin, más fíor na scéalta.[42]

Crochadh fear eile, Éamonn Ó Míocháin, ar an lá céanna mar gheall ar an gcúis bhréagach chéanna ach, más ea, ní raibh deireadh déanta ag lucht na cumhachta agus níor mhór an mhoill a bhí orthu triúr eile, Séamus Buxton, Séamus Ó Fearghail agus Éamonn Mac Síthigh, col ceathar leis an Athair Nioclás, a thriail, a dhaoradh agus a chrochadh ag tús na Bealtaine sa bhliain chéanna. Dúnmharú Bridge a bhí curtha i leith an triúir seo chomh maith gan dabht.

B'shin é faoi ndeara an 'gleo', an 'sceimhle', an 'golfairt', an 'chiach' agus an 'phian gan scaoileadh' (**7**, 1 – 3) a luaitear sa chéad rann den mharbhchaoineadh seo mar níl aon amhras in aon chor ná gur bhain an eachtra so croitheadh as Gaeil na linne, agus go háirithe is dócha, as na Gaeil a d'fhéadfaí a áireamh mar mhionuaisle: an dream a bhí ag súil roimhe sin, ní foláir, go raibh na laethanta ba mheasa de na Péindlíthe agus gach

[42] Mar le plé ar an eachtra stairiúil seo féach an cuntas ar ar tharla in de Bhial (1954), Power (1993: 257 – 265) agus McBride (2010: 122, 313 – 5). Féach chomh maith na nótaí téacsúla ar an dán seo atá faoi chaibideal againn anso, *Marbhchaoineadh Éamoinn Mhic Uilliam Mhic Shíthigh* (**7**), mar a bhfuil breis eolais faoi na carachtair dhifriúla a raibh baint acu leis an gcúram agus lua orthu sa mharbhchaoineadh dá réir sin.

ar bhain leo feicthe agus curtha díobh acu, dream a mbeadh Piaras Mac Gearailt le háireamh ina measc.

Ní hamháin gur scríobhadh tuireamh ar an Athair Nioclás[43] ach cumadh an marbhchaoineadh seo ar Éamonn Mac Síthigh chomh maith agus, faoi mar atá ráite agam thuas, creidim gurbh é Piaras a chum faoi mar a chífimid anois.

Trí bliana déag ar fhichid d'aois a bhí Éamonn Mac Síthigh, nó Edmund 'Buck' Sheehy mar a thugtaí air go coitianta, nuair a crochadh é. Dála a chol ceathar, an tAthair Nioclás, bhain sé le teaghlach gustalach Caitliceach agus dealraíonn sé go raibh ag éirí chomh maith sin leis sa saol i seascaidí luatha na haoise sin go raibh ina chumas roinnt mhaith talún a fháil ar léas i gCo. Thiobraid Árann, fiú amháin agus é i gcomórtas leis na tiarnaí talún Protastúnacha a bhí suas ag an am. B'fhuirist dúinn Éamonn agus a chomhpháirítithe a shamhlú mar fhir óga fuinneamhacha, scóipiúla agus iad ag tabhairt dhúshlán na nua-uaisle Protastúnacha ach, más ea, b'fhéidir gur ag baint slaite chun a mbuailte féin a bhíodar; ní hamháin nár thaithnigh an t-iompar stráiciúil seo le Protastúnaigh na háite ach chruthaigh sé fadhbanna i measc na sean-Chaitliceach chomh maith. Ní mór dúinn cuimhneamh go raibh ag éirí go han-mhaith le cuid acu so ag an am san agus ní raibh le déanamh acu i ndáirírbh ach gan aon aird a tharraingt orthu féin. Seo a leanas mar a chuireann an staraí, Ian McBride, síos ar éirim an scéil i mbeagán focal:

> the destabilising element was not the old propietors at all, but parvenu leaseholders such as James Buxton, Edmund 'Buck' Sheehy and James 'Buck' Farrell … it was perhaps the youth and flamboyance of these men (suggested by the nickname 'Buck'), in contrast to the low-profile and circumspect strategies of the displaced propietors, that led to them being targeted by the vengeful Protestant magistrates in the Whiteboy panics of the 1760s. (McBride, 2010: 122).

[43] Tá sliocht as an gcaoineadh seo le fáil in Bourke (2002: 1369 – 1371) agus féach Ní Dhonnchadha (2002: 213) mar le breis foinsí.

Tuigimid mar sin cérbh é an ‘boc seó’ áirithe seo Éamonn Mac Síthigh agus tuigimid chomh maith céanna cad ina thaobh go dteastódh ó na húdaráis é féin agus a chomhpháirithe a threascairt. Má tá bunfhíricí an scéil go maith ar eolas ag staraithe níl aon amhras, dar liom, ná go gcaitheann an marbhchaoineadh seo breis solais ar an eachtra, agus is féidir linn, ina theannta san, éachtaint a fháil ar conas a bhraith na Gaeil mar gheall ar an eachtra ar fad. Níl aon cheist ná go raibh Caitlicigh na linne suaite go maith faoin scéal agus is léir gur thuigeadar, faoi mar a thuig an saol mór, gur trí chealg agus trí chalaois a cloíodh an té atá á chaoineadh anso:

> Éamonn fial mac Uilliam mhic Shíthigh
> faraire, fiúntach, súgrach**,** síochta,
> ag Cluain Meala do fealladh le díomas,
> ar mo laoch mear, léadmhach, líonmhar. (**7**, 21 – 24)

Céad seachtó sé líne, nó ceithre rann is daichead más fearr linn é a chur mar sin, atá sa marbhchaoineadh seo agus is féidir cur síos an-ghearr a dhéanamh ar a bhfuil ann ó thaobh ábhair agus struchtúir mar seo a leanas: tosnaítear le cur síos ar dhrochstaid na tíre; tugtar ansan an fáth atá leis sin (**7**, 1 – 16), is é sin go bhfuil laoch ar lár (**7**, 17 – 28); deintear cur síos ar ghníomhartha agus ar dhea-thréithe an laoich (**7**, 29 – 84); cuirtear síos ar ar tharla sa chúirt i gCluain Meala, luaitear ainmneacha na bpríomhfhéinnithe agus na mbithiúnach a bhí laistiar den chomhcheilg agus cuirtear síos ar a mbeidh le fulaingt acu dá bharr ( **7**, 85 – 136); cuirtear síos ar an mbrón atá á fhulaingt ag muintir an laoich (**7**, 137 – 148); deintear móradh ar ghinealach an laoich (**7**, 149 - 160) agus cuirtear clabhsúr leis an gcaoineadh le paidear agus leis an ngnáthcheangal athráiteach (**7**, 161 – 176).

Níl éinní ansan ná beimis ag súil leis in aon chaoineadh den saghas so ón ochtú haois déag ach amháin, a déarfainn, an cur síos ar ar tharla sa chúirt i gCluain Meala agus

an tslí ina gcáintear na daoine ar fad a raibh lámh acu san obair shalach so. Is í an tslí ina ndeintear na daoine a bhí laistiar den chomhcheilg seo a cháineadh agus a dhamnú an rud is suimiúla dúinn anso, dar liom, toisc go bhfuil cosúlachtaí suaithinseacha idir codanna den mharbhchaoinedh seo agus an aor a scríobh Piaras ar an Athair Seán Paor, *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* (**30**), dán ina gcuirtear síos ar an iarshagart bradach a bheith á róstadh i dtinte ifrinn faoi mar a chonaiceamar thuas. Ní gá dúinn ach na véarsaí as an *Marbhchaoineadh* atá le tabhartha anso thíos a chur i gcomparáid leis na véarsaí den saghas céanna atá luaite cheana againn sa phlé ar *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* (**30**, 37 – 52) agus sa phlé ar *Barántas Dhiarmada Uí Airt* (**38**, 414 – 44) chun go bhfeicimis gurbh é an duine céanna, Piaras Mac Gearailt, a chum na trí dhán so, agus níor dheacair dúinn a thuiscint, dar liom, cad ina thaobh go ndéanfadh sé athchúrsáil ar an gciúta éifeachtach céanna chun an cleas lofa so a dhaor Éamonn Mac Síthigh chun báis a dhamnú trí bliana nó mar sin tar éis gur cháin sé a chol ceathar, an sagart bradach úd Seán Paor, sa tslí chéanna. Ní chuireann Piaras aon fhiacail sa chur síos a dheineann sé ar na coireanna a bhfuil an dream so ciontach iontu agus damnaíonn gach éinne acu go hifreann síos:

> Le breibireacht, meang is cam dá aoirde,
> ag spalpadh na móid' gan chóir, gan chuimhne,
> ar ghlórtha na bhfhlathas ná ar pheannaid na buíne,
> ach i bhfeartaibh Acheron greadaithe, sínte. (7, 89 – 92)

Ainmníonn sé cuid acu ina dhiaidh sin ach is suimiúil an rud é, cé nach aon díol iontais é, go bhfágann Piaras spásanna ina LS féin san áit ina bhfuil ainmneacha na ngiúistísí luaite aige, cé go mba fhuirist d'éinne a raibh an scéal ar eolas acu na sloinnte seo a dhéanamh amach. Luaite sna véarsaí seo tá daoine a bhain mícháil amach dóibh féin le linn na trialach, John Torpey, nó Mac Uí Thuathaigh mar a thugann Piaras air, Séamas Herbert

agus Máire Ní Dhuinnshléibhe a thug fianaise ag an gcás cúirte, Joseph Tennison a ndúradh gur dhóigh Éamonn Mac Síthigh a chuid arbhair, Sir Thomas Maude, John Bagwell, William Bagnell agus Matthew Bunbury ar ghiúistísí áitiúla iad, agus an tOirmhinneach Laurence Broderick. Dar le Piaras go mbeidh na daoine seo ar fad á gcrá ag diabhail agus ag deamhain, ní hamháin nuair a bhainfidh siad an áit thíos amach, ach ar feadh pé tréimhse atá fágtha ar an saol so acu chomh maith, mar is féidir a dhéanamh amach anso:

> Ar mh'anam nach cás liom Seán dá ísbirt,
> Mac Uí Thuathaigh rua is sceimhle air,
> **dá chreimeadh ag diabhail i bpianta choíche**,
> 's Herbert **treascartha, damanta taoibh leis**.
>
> Maire Ní Dhuinshléibhe i ndubhchréim daoirse,
> is Tennison **torchartha, loiscthe i dtintibh**,
> gan fuaradh, gan fuascailt, gan saoirse,
> **dá stracadh 's dá stialladh ag diabhail le díoltas**.
>
> 'S an dream do bhreabaigh le gangaid an bhuíon so,
> ***M[au]d[e]*** 's ***B[agwel]l*** is ***B[agnel]l*** ler cloíodh thu,
> ***B[roderi]ck***, ***B[unbu]r[y]*** mar bharra ar gach díomas,
> **dá stolladh ag diabhail beidh siad dáiríribh**.
>
> Iar ndul go seascair chum leapa don bhuíon so,
> **beidh míle diabhal go dian san oíche,**
> **dá loscadh, dá lascadh, dá ngreadadh, 's dá gcoimhdeacht,**
> **go goinideach, túirseach, súite i dtinte**.
>
> Nára lia pearsa 'na mbeathaidh san tsaoil so,
> ná ruainne gainimh cois sleasa gach líonmhuir,
> ná ribe féir fá réim na soilse,
> **ná diabhal ag tachtadh gach pearsa do chloígh thu**. (7, 93 – 132)

Níor chuir Piaras a ainm féin leis an dán so ina LS féin, ná ní mó ná san a cuireadh ainm údair leis in aon cheann de na trí cinn de LSÍ eile a chaomhnaíonn an *Marbhchaoineadh,* ach nuair a chuimhnímid ar ábhar an dáin agus ar an atmaisféar a bhí in Éirinn sna blianta i ndiaidh na heachtra so, i measc mionuaisle na gCaitliceach i gCúige Mumhan ach go

háirithe, níor dheacair dúinn a shamhlú cén fáth go mbeadh mífhonn ar Phiaras é sin a dhéanamh. Ní hamháin go raibh an dán so ceannairceach agus treascarthach, ach bhain conspóid áitiúil, láithreach leis chomh maith sa tslí is go raibh lua ann ar dhaoine ná raibh rófhada ó bhaile in aon chor, agus daoine a raibh cumhacht mhór acu mar bhaill den chinsealacht agus mar ghiúistísí.

Bhí alltacht ar mhionuaisle na gCaitliceach mar gheall ar an eachtra agus níorbh aon áibhéil é a rá go rabhadar sceimhlithe ina mbeathaidh faoinar tharla i gCluain Meala. Mar dhuine de na mionuaisle Caitliceacha so, is é sin sular cuireadh iachall air iompó ina Phrotastúnach, níor dheacair dúinn a dhéanamh amach cad ina thaobh go spreagfaí Piaras chun dul i mbun pinn ar an ábhar so. Dob fhéidir a áiteamh ó théacs an dáin, ina theannta so, go mb'fhéidir go raibh aithne phearsanta ag Piaras ar mhuintir Éamoinn mar luann sé an t-athair, Uilliam, faoi dhó (**7**, 137 agus 170) fara le deirfiúracha an fhir mhairbh (**7**, 141 – 4) agus ní fheadramar ná gur ar iarratas ó Uilliam Mac Síthigh a chum Piaras an dán, nó neach cé acu, mar ómós don bhfear so agus dá mhuintir a chuaigh sé i mbun pinn. Ní féidir a chruthú anois, gan amhras, gurbh amhlaidh go raibh aithne ag Piaras ar na daoine seo ar fad ach is deimhnitheach gur bhain sé leis an aicme chéanna lenar bhaineadar súd agus ba dhóigh le duine go mba leor é seo d'fhonn is go gcumfadh sé an dán so ar bhonn na comhbhraistinte a bheadh aige leo.

Ní dóigh liom gur aon chomhtharlúint é in aon chor go bhfaighimid an dá dhán so *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* agus an *Marbhchaoineadh* seo i LS Phiarais é féin, agus ba dhóigh liom go dtuigfeadh an léitheoir grinnsúileach, a mbeadh an Ghaeilge agus fios fátha an scéil aige, ba dhóigh liom go dtuigfeadh sé gurbh ionann an té a chum

an chéad cheann acu so agus an té a scríobh *Marbhchaoineadh Éamoinn Mhic Uilliam Mhic Shíthigh*.[44]

***Lámhscríbhinn Phiarais***

Tá go leor tagairtí déanta do lámhscríbhinn átagraif seo Phiarais lastuas sa tslí is gur mithid dúinn anois féachaint go cúramach ar a bhfuil sa LS nó sa leabhar so dá chuid mar, cé go bhféadfadh go bhfuil cúpla ponc ina taobh nach féidir a réiteach go lánsásúil, níl aon amhras ná gurb í seo an cháipéis is tábhachtaí dá bhfuil againn chomh fada is a bhaineann le saothar agus saoldearcadh Phiarais Mhic Gearailt.

Is i measc na lámhscríbhinní Gaeilge atá ar coimeád i Leabharlann an Ruiséalaigh in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad atá an lámhscríbhinn pháipéir seo, LS MN M 58 (a). Lámhscríbhinn shuaithinseach is ea í seo agus í scríte i láimh chruinn, shiúrálta a thugann le fios gur dhuine oilte, scoláiriúil a bhreac an t-iomlán. Ba é Piaras é féin an té sin, faoi mar atá tabhartha le fios agam ag tosach an chaibidil seo, agus ní hamháin gur bhreac sé gach a bhfuil sa seachtó leathanach atá sa chéad chuid den LS seo ach, i measc na sé íotam déag ar fhichid atá inti de réir chuntas Uí Fhiannachta (1966: 22 – 27), d'fhág Piaras na dánta so a leanas dá chuid féin ina dhiaidh inti: *Foghairm an Mhoránaigh* (**35**), *Barántas an Mhóránaigh* (**36**), *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* (**30**), *A Chogair a charaid* (**23**), *Bua na nGael* (**20**), a fhreagra ar Dhómhnall Ó Murchú in *Más dóchas ár ndóchas* (**33**), *Ar Bhás Dhochtúir de Barra* (**32**), *Cé peacach faraoir* (**26**), *Tréithe na Maighdine Muire* (**27**), *Marbhchaoineadh Éamoinn Mhic Shíthigh* (**7**), comhfhreagras

[44] Is díol suime é, chomh maith, go bhfuil an dá dhán so, *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* (**30**) agus *Marbhchaoineadh Éamoinn Mhic Uilliam Mhic Shíthigh* (**7**) ar comhfhaid go díreach – 176 líne atá sa dá dhréacht araon, faoi mar gur mhúnlaigh Piaras an marbhchaoineadh go cruinn ar an eiseamláir a bhí scríte aige tamall beag de bhliantaibh roimis sin.

fileata a bhí aige le hEoghan an Mhéirín Mac Cárthaigh (**43**) a dtagrófar dó thíos, agus dhá íotam eile a phléifear ar ball chomh maith, mar atá *Scéal Bronnta Leabhair* (**28**) agus *Beir Lán na Cruinne* (**29**). Is féidir dhá íotam eile a chur leo so chomh maith: an dán mí-éacúiméineach úd *Go mba shlán fád thoradh dhuit* (**34**) agus an cheathrú fáin *Tiocfaidh chughainn ón dtír aduaidh* **(50**) go bhfuil an chuma orthu go mb'fhéidir gurbh é Piaras a chum iad.

Taobh amuigh dá chuid dánta féin is díol spéise é, agus is díol iontais é ar uairibh, an méid atá breactha ag Piaras sa LS seo dá chuid. Níl aon cheist ná gur LS shuaithinseach, eicléicteach atá inti agus, más fíor dó féin nuair a deir sé nár thóg sé ach seachtain air an méid seo scríbhneoireachta a chur de (**28**, 9 –10), ní féidir linn ach tuairimíocht a dhéanamh mar lena bhfuil caillte againn óna láimh féin, mar b'ait le duine ón sampla so murarbh amhlaidh gur scríobh an Gearaltach an-chuid LSÍ den sórt so lena linn, cuid acu b'fhéidir a bhain le gnóthaí na cúirte agus cuid eile acu, ar nós an leabhairín seo a mhaireann fós, inar bhreac sé a rogha phearsanta féin de dhánta ar chúiseanna eile ar fad.

I dteannta a bhfuil aige de dhánta dá chuid féin, tá cóip de dhán truamhéileach Felix Mhic Cárthaigh, 'Caoinfead féin má thig liom mo chlann féin,' tuireamh ar cheathrar leanaí leis a cailleadh go tubaisteach faoi mar a mhíníonn an nóta Béarla so atá ag Piaras mar cheannscríbhinn ar an dán, ceannscríbhinn ar fiú féachaint uirthi mar shampla den Bhéarla líofa seolta a bhí aige:

> Felix McCarthy rose early one morning to mind his farm or country affairs and to his great shock had seen a part of his house down where his four children lay dead in the ruins. He composed the following piteous elegy for them viz: Callaghan, Charles, Ann & Mary who were all marriageable beautiful obedient and amiable children & were his only children, they lived not far from Bandon.

Is fiú a lua go bhfuil roinnt mhaith Béarla ag Piaras tríd síos sa lámhscríbhinn seo; is minic go mbíonn an cheannscríbhinn i nGaeilge agus i mBéarla aige agus bíonn gluaiseanna nó nótaí mínithe ar imeall na leathanach aige chomh maith i mBéarla, i Laidin agus i nGaeilge tríd síos faoi mar a chonaiceamar sa phlé a deineadh ar *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* (**30**), agus ar dhánta eile dá chuid a luadh lastuas.

Ina dhiaidh seo, tá cóipeanna déanta aige de thrí thuireamh eile a cumadh sa chéad leath den ochtú haois déag, faoi mar a dhealraíonn an scéal: marbhchaoineadh ar bhás Dhonncha Mhic Sheaghain Bhuí Mhic Cárthaigh, Easpag Chorcaí is Chluana, 'Scéal caoidheamhail i gcríochaibh Fáil'; cailleadh an tEaspag so, a raibh baint aige le Cárthaigh Mhúscraí, i ngéibheann sa bhliain 1726, de réir dealraimh.[45] Ní thugann Piaras ainm an údair anso ach leagtar an dán ar an Athair Tomás Bodhlaeir i LSÍ eile.[46] Cárthach eile atá á chaoineadh sa tarna tuireamh díobh, 'Ar maidin laoi mhínghil tréam néalaibh suain' a chum Niall Ó Néill ar bhás Alastraim Mhic Cárthaigh nó 'Mac Cártha Riabhach' a fuair bás sa Spáinn faoi mar a deirtear linn. Ba é Eoghan an Mhéirín Mac Cárthaigh a chum an tríú tuireamh ar bhás Dhoireann de Paor éigin ó Chluain Molt a d'éag sa bhliain 1736 agus ní fheadar ná go raibh gaol ag Piaras léi seo.[47]

Tá cóip déanta ag Piaras den dán 'T'aire dhuit a ógáin fhinn' leis an bhfile Ciarraíoch, Muiris Mac Dáibhí Dubh Mac Gearailt, anso chomh maith ina moltar don ógánach cuideachta na mban a sheachaint, agus déarfainn gurb iad na tagairtí iomadúla don litríocht chlasaiceach atá ann faoi ndeara é a bheith breactha ag Piaras sa LS seo.[48]

---

[45]Féach http://www.corkandross.org/priests.jsp?priestID=499 (ceadaithe 23 Iúil 2012).
[46] Féach, mar shampla, ar na LSÍ Maigh Nuad M 9, 79 agus R 69, 31 mar a leagtar an dán ar an sagart so.
[47] Féách LS Phiarais: 66 – 67: 'Ó tolladh libh a chosgarthuicc na ttriuch go léir.'
[48] Tá an dán féin in eagar ag Nicholas Williams (1979, 41 – 45 & 76 – 79). Faoi mar a deir an t-eagarthóir (*ibid*.:77): '[t]á roinnt mhaith tagairtí ann a thabharfadh le fios gur ó fhoinsí neamhGhaelacha a fuair Muiris cuid dá inspioráid. Baineann sé úsáid as an scéalaíocht chlasaiceach, cuir i gcás, lena thagairtí do *Deianira*, do Thraoi, d'Óivid, srl.'

Ina theannta so, tá cóip de dhán cáiliúil Dhiarmada Mhic Dhómhnaill Mhic Fhinín Chaoil Uí Shúilleabháin, 'A chara ghil dár radasa dhuit ansacht dhil', nó 'An Branda Thiar' mar a thugtar air go coitianta, dán a leag an Foghludhach go hearráideach ar Phiaras in APMG.[49] Tá anso leis, an dán 'Beir mo bheanocht go Dún Dalck' a scríobh Risteard Buistiún nó Richard Weston ag tús na seachtú haoise déag, dán go bhfuil plé an-suimiúil ag Liam Mac Mathúna air (2007: 66 – 87). Dar le Mac Mathúna gurb é seo 'an sampla is luaithe atá againn den chódmheascadh Gaeilge/Béarla in úsáid ar mhodh cruthaitheach.' Dar leis gur idirtheanga Ghaeilge 'a bhfuil an Béarla mar inneach tríthi' (*ibid*.: 66) atá in urlabhra an dáin seo, agus is suimiúil, dar liom, gur chuir Piaras spéis ina leithéid.

Tá teacht againn chomh maith i LS seo Phiarais ar chomhfhreagras spéisiúil idir an tAthair Eoghan Ó Caoimh agus Uilliam An Dúna Mac Cairteáin, comhfhreagras ina ndeineann Ó Caoimh, ná raibh ina shagart ag an am dhealródh sé, fogha faoin bhfear eile toisc nár chaoin sé duine dá chlann mhac, Art, a cailleadh sa bhFrainc sa bhliain 1710 cé gurbh é Mac Cairteáin athair baistí an fhir óig a cailleadh. Tá plé suimiuil déanta ag Heusaff (1992: 133 – 137) ar an gcomhfhreagras so agus is é mo thuairim féin ná gur thaithnigh an bhinb, an chonspóid agus an scamhailéireacht ar fad le Piaras agus déarfainn gur bhraith sé gur mhór an spórt a bhí ann.

Agus ós ag trácht ar chúrsaí grinn sinn, tá comhfhreagras de shórt eile ar fad le fáil sa LS seo ina labhrann Eoghan an Mhéirín Mac Cárthaigh le Piaras agus ina bhfuil freagra ó Phiaras a léiríonn go raibh féith an ghrinn go láidir ann féin. Dealraíonn sé gur chaith Piaras agus Eoghan an oíche sa tábhairne agus gur thit meisce ar an gCárthach sa tslí is go raibh aithreachas air ina dhiaidh sin faoin méid a dúirt sé leis an nGearaltach.

[49] Ceann de cheithre dhán, dálta an scéil, atá in eagar in APMG ag an bhFoghludhach cé go n-admhaíonn sé in iarnóta ná baineann siad le Piaras in aon chor ach le filí eile mar atá Liam Inglis, An Mangaire Súgach, Seán Lloyd agus an Súilleabhánach atá díreach luaite thuas.

Ghaibh sé leithscéal leis, agus má dhein ní raibh Piaras beagchroíoch ag glacadh leis agus, thairis sin, tugann sé le fios go raibh cuid den locht ar lán na beirte acu faoinar tharla:

> A Shaoi d'fhuil éachtaigh cheannasaigh na nGearaltach gan stánadh
> 's do phríomhscoth Phaorach lanna-ghlic na nDragan chuthaigh arda,
> má bhíosa aréir leat spairneach le mearathal mo ráite,
> an fíon do shéid im aigne gach glafarnach dá ndearna.
>
> A Shaoi do phréamhfhuil Charathaigh nár cheachartha san tábhairne,
> an ní sin d'éirigh eadrainn noch maithim duit gan chairde;
> síordhacht bléithe is radaireacht chuir mearathal 'nár ráitibh,
> 's is fíor go ndéineann carabhas caradas neamhchairdeach. (**43**, 1 – 8)

Chomh maith lena amhrán Seacaibíteach féin *Bua na nGael* (**20**), chonaiceamar gur scríobh Piaras nótaí a bhí seanbhlastúil go maith isteach ina LS i ndiaidh chóipeanna de dhánta Seacaibíteacha le Seán Lloyd, Seán Clárach Mac Dómhnaill agus Liam Inglis. Tá dhá dhán eile i LS Phiarais ar dánta Seacaibíteacha iad agus ar díol spéise an méid atá le rá ag Piaras ina dtaobh tar éis dó na cóipeanna so a bhreacadh, agus tharlódh sé go bhfuil an dá aiste seo ar na haistí is suimiúla sa LS. Tá cuntas cruinn, achomair ag Breandán Ó Buachalla ar an réamhrá próis atá curtha ag Piaras leis an gcéad cheann acu so, an dán Seacaibíteach, 'Is briathra leamha ar ollbhaois' de chuid Liam Ruaidh Mhic Coitir:

> Míníonn sé [Piaras] go raibh an tAthair Seán Riabhach Ó Briain lá ar cóisir agus gur airigh sé 'bacach ag gabháil briléis amhráin do rinneadh do Mhóirín Ní Luinneacháin'; scríobh an sagart an t-amhrán síos agus, toisc nár shaothar dea-dheánta é, thug don fhile Séamas Mac Coitir é len é a fheabhsú; ansin thug Liam Rua 'iompó eile don stáir agus dubhairt sé na focail seo ionár ndiaig ar an dtiúin céadhna'. (Ó Buachalla, 1996: 613)

Níl aon amhras, faoi mar a deir an Buachallach (*ibid*.: 613), 'ná go bhféadfá caibidil iomlán i stair shoch-chultúrtha an ochtú haois déag a bhunú ar an gcolafan léiritheach léaspairtiúil sin.' Ní rómhinic in aon chor go dtráchtar ar bhacaigh agus sagairt a bheith i

bhfochair a chéile sna LSÍ agus ní dócha go bhfuil aon chuntas eile againn faoi fhile léannta a bheith tar éis amhrán dea-chumtha a fháisceadh as amhábhar 'briléiseach' bacaigh. Is ceart a lua chomh maith go bhfuil teachtaireacht pholaitiúil thar a bheith dóchasach á hiompar ag an amhrán so, agus an babhta so ní bhacann Piaras le haon nóta seanbhlastúil dá chuid a scríobh roimhe ná ina dhiaidh:

> Beidh reacaireacht feasta, beidh aiteas, beidh dáin, beidh scléip,
> ag flathibh na Banba ar dtaisteal dá n-ardfhlaith féin;
> beidh Galla 'na gceathaibh dá leagadh le cáthadh piléar,
> 's beidh sealbh ag Carolus, geallaimse, ar Ghráinne Mhaol.[50]

De réir chuntas Phiarais, scríobh Aindrias Mac Cruitín an dán fáistineach Seacaibíteach 'Go cúig roimh luis dá dtugadh grása Dé' sa bhliain 1739, tar éis dó 'Leabhar Ruadháin Lothra' a léamh agus é ar cuairt ag cara leis, duine de mhuintir Chinnéide, láimh le Lothra i gCo. Thiobraid Árann. Tharlódh sé, áfach, gurb í an bhliain 1735 atá ceart anso ós rud é go dtuigtear gur cailleadh an Cruitíneach sa bhliain 1738.[51] Seo mar atá an scéal ag Piaras:

> Do bhí, iomorra, fleasg práis ar an leabhar céadna & forfhógradh scríobhtha air gan an leabhar d'osguilt nó go n-osgladh uaidh féin & d'osgail sé san bhliaghuin 1739. Gidheadh níor bfhéidir le neach ar bith a léaghadh go ttáinig Aindrias & gur léighidh sé é & go bhfuair (má b'fhíor do) an taraingearacht seo (fo raoir) ná táinig chum chritchche an[n]. As amhlaidh iomorra do bhí an leabhar sgríobhtha a ccló Gaodhalga ciodh go madh Laidean é, óir budh leabhar dídheachta nó aifrinn é. [52]

Cé go bhféadfaí an 'fo raoir' seo thuas ag Piaras a thuiscint faoi mar a bheadh sé ag rá gurbh é an trua é nár fíoraíodh an tairngreacht, is é is dóichí gur seanbhlas faoi ndeara é, go háirithe toisc go dtugann Piaras le fios ná creideann sé go bhfuair an Cruitíneach éinní

[50] Tá an véarsa seo ag Ó Buachalla (1996: 482).
[51] Is í an bhliain 1735 a luann Ó Buachalla (*ibid*.: 574) agus mar leis an dáta ar ar cailleadh Mac Cruitín féach Morley (1995: 129).
[52] LS Phiarais: 41.

sa leabhar leis na focail eile atá idir lúibíní anso: 'má b'fhíor do'. Pé scéal é, is tairngreacht fhíordhóchasach atá sa tairngreacht so a scríobh Aindrias bunaithe ar ar léigh sé sa leabhar beannaithe seo, dar leis, faoi mar a chímid sna véarsaí seo a leanas:

> Go cúig roimh luis dá dtugadh grásaibh Dé
> dhúinne dul, gan truisle d'fháil ón éag,
> ba súgach dhom ag cur husá san aer,
> trí smuaineadh an chluiche coir atá le teacht.
>
> A chuntas duit, a chuibhe is ársa i gcéill,
> mar údaraid dúinn droithe, dáimh is cléir:
> go siúlfaidh srullach suilt tar sál i gcéin,
> 's ba hiomdha a thruip 's a mhuirear bárc is laoch.
>
> Más súgra san, ní himirt ámhail[l] é,
> lé mbrúfar coirp, cloigne, cnámha is cléibh,
> ag múchadh i moirt na droinge atá go tréan
> 's a Dhúilimh dhil, fád choimirc fágaim Gaeil. [53]

Tá gluaiseanna i nGaeilge curtha ag Piaras leis na véarsaí ar fad sa dán so ina míníonn sé focail anso agus ansúd: mar shampla, míníonn sé 'cúig roimh luis' an chéad véarsa mar *luis nó l. ionan[n] & 50 cúig roimh luis ionan[n] & 1745*, sa tarna véarsa deir sé *as é srullach a deir sé an prionnsa so ar fán*, agus mar leis na an drong 'atá go tréan' ach a bheidh á mhúchadh fós sa tríú véarsa, níl scríte aige ach .i. *na protestants*. Ach fágann Piaras an seanbhlas agus an scigmhagadh ar fad go dtí an deireadh mar a bhfuil gluais curtha aige le véarsa deireanach an dáin a théann mar seo a leanas i LS seo Phiarais:

> Is dúda ag foireann mé tréam ráitibh saobh
> 's gan do dhlús aco in mo ghuth acht ráil is gaoth
> an dúidse bain ón smúitfhir áileas é
> a ndubhart mun friotail fir nach fábhalscéal. [54]

Is é an méid atá le rá ag Piaras ina thaobh so ná: *Dúda .i. gliogaire nó breallsún; dúid .i. cluas & gealluim dho gur budh í an chluas a cconntubhairt í dá mbeadh sí agamsa am*

[53] In Ó Buachalla (1996: 574).
[54] LS Phiarais: 42. Tá normalú déanta ar litriú na LSe agam anso.

*láimh & sgian ghéar*.[55] Faoi mar a chonaiceamar níos luaithe sa phlé ar an bhfilíocht Sheacaibíteach a scríobh Piaras, ba léir dó faoin am a raibh an LS seo á scríobh aige go raibh deireadh leis an Seacaibíteachas mar ghluaiseacht réalaíoch pholaitiúil agus, fiú amháin má bhí sé fós sásta dánta den saghas so a chóipeáil ina LS féin, ní foláir nó go raibh an lug tite ar an lag aige um an dtaca so, mar le cúis na Stíobhartach ach go háirithe, agus ba dheacair a áiteamh ná a shamhlú go dtabharfadh mórán dá bhfaca sé sna blianta beaga ina dhiaidh seo mórán misnigh ná meanman dó.

Ní amhráin pholaitiúla amháin atá i LS seo Phiarais, áfach, agus mura bhfuil sé soiléir ag an bpointe seo gur cnuasach nó díolaim thar a bheith eicléicteach atá inti, is dóigh liom go dtuigfear é sin ach a mbeidh roinnt bheag téacsanna eile luaite againn. Tá cóipeanna déanta ag Piaras anso de chúpla téacs gairid a bhaineann leis an bhFiannaíocht agus leis an Rúraíocht , mar atá ‘Sé fithchid bliain faoi dhó’, dán deich véarsa ina bhfuil cur síos ar na haoiseanna a bhí ag príomhchuraí na Féinne, agus dán dhá véarsa a bhfuil ‘Saoghal Chú Chullainn is Chonaill Chearnadh sonn’ mar theideal air. Díreach ina dhiaidh seo tá dhá véarsa ar an lucht freastail a bhí ag ‘Cathal Mac Fhionndhuine Rígh Mumhan’, agus ina dhiaidh sin arís  an dán ‘Adhmholladh Binne hÉadair.’ Tá paidreacha thall is abhus agus, faoi mar atá feicthe againn cheana, agus is féidir foinse a lua le cúpla ceann acu ar a laghad: mar shampla an téacs ar bhaist an Foghludhach ‘Peacaí na Sinsear’ air in APMG, téacs ar ghlac sé leis gurbh é Piaras a chum:

> Peacaí na Sinsear, uabhar is díomas, feall agus cinnteacht, craos is ól,
> creachadh na mbochtán,cealla do robáil, fórsa is fiarfháil,  poimp is póit.
> Bheith easumhal d’órdaibh,síorbhriseadh pósta, iontú an chóta in aghaidh dhlí Phóil,
> do dhíbir ár bhflatha, do bhain dóibh a mbeatha, is d’fhág sinn fá leatrom, fá scíos ’s fá bhrón.[56]

[55] LS Phiarais: 42.
[56] LS Phiarais: 18.

*Bíodh san aguibh a bhreacShasanuicc* an iarscríbhinn sheanbhlastúil atá curtha ag Piaras leis an méid seo faoina bhun agus is dócha go míníonn sé sin scata faoina dhearcadh ar chúrsaí creidimh agus eile. Is as seanmóin leis an Athair Conchúr Mac Cairteáin a fuair Piaras an véarsa áirithe seo agus is as *Párliament na mBan*, a scríobh Dómhnall Ó Colmáin sa bhliain 1670, a fuair sé roinnt bheag véarsaí eile aige roinnt leathanach ina dhiaidh sin.[57]

Muran leor é seo ar fad chun ilghnéitheacht ábhar LS Phiarais a thaispeáint, tá cóip den seantéacs earótach, clúiteach úd 'Mis agus Dubh Ris'[58] neadaithe isteach go deas néata anso ag Piaras idir *Tréithe na Maighdine Muire* (**27**) agus *Marbhchaoineadh Éamonn Mhic Uilliam Mhic Shíthigh* (**7**), pé áit ina bhfuair Piaras a chóip féin den seantéacs so agus pé rud a bhí sa cheann aige len é a chur isteach anso. Agus, más ea, tugann sé sin chomh fada leis an gceist mhór, nó na ceisteanna móra, sinn: cad fáth gur chuaigh Piaras i mbun pinn anso in aon chor agus cad ina thaobh nó conas a roghnaigh sé ar chuir sé sa leabhairín seo dá chuid?

Tá léamha difrúla ag scoláirí na Gaeilge a bhfuil an LS scrúdaithe acu ar conas agus cad ina thaobh ar cuireadh le chéile í. Seo a leanas an méid a bhí le rá ag an bhFoghludhach, an chéad scoláire a chuaigh i ngleic le saothar Phiarais, ina taobh:

> It was written in one week in September, 1769 having been finished in the 18th of that month. Two of the four lines in English explaining the dedication, have been scored through in most thorough fashion; and only a microscopic examination reveals the name of Miss Creagh of Ahnakisha (which is near Mallow), as the person to whom the book was dedicated. (APMG: 108)

[57] Féach Ó Rahilly (1925: 33, 55) mar le Peacaí na Sinsear. Is iad na véarsaí agus na línte próis as *Párliament na mBan* atá i gceist anso ná na véarsaí atá in eagar in APMG (89 – 90) ag an bhFoghludhach ó lch. 21 i LS Phiarais, a dtugann sé an teideal *An Duine Sanntach* orthu: féach Ó Cuív (1977: 52, 100).
[58] Mar le leagan Nua-Ghaeilge den téacs so atá in eagar ó LS seo Phiarais féach de Bhaldraithe (1979).

Tá mionscrúdú déanta agam féin ar na línte seo ar an gcéad leathanach den LS atá scriosta amach ach chuaigh díom an t-ainm seo a dhéanamh amach agus, rud eile de, ba cheart a lua nár éirigh leis an bhFoghludhach dáta críochnaithe na hoibre a thabhairt leis go cruinn anso ach oiread. Tugann Pádraig Ó Fiannachta an dáta ceart ar ar críochnaíodh an LS dúinn, an t-ochtú lá de mhí Mheán Fómhair 1769, agus é ag cur síos ar an lámhscríbhinn chéanna:

> Piaras Mac Gearailt a scríobh an ls uile, i bpeannaireacht shoiléir dhea-chumtha. Tá an dáta 8 – 9 – 1769 leis an gcolafan 70*i*. Cé go bhfuil ainm an té dár scríobh sé an ls scriosta ar lch 1, is léir gur ar iarratas mná de mhuintir Bhuitléir, "Craoch Builtéar" a scríobh sé í (cf. 68m). Tá cuid de na lgh sailithe agus rian fliucháin ar lgh 1 – 4. Piaras féin, ar ndóigh a scríobh a lán dá bhfágann sé gan a[inm]. (1966: 22)

Dar le Breandán Ó Conchúir (1982: 27) gur 'd'ógmhnaoi ó Áth na Cise ina aice le Mala, agus d'fhear de mhuintir Bhuitléir ('Créaghach Builtéar') a scríobh Piaras an LS, agus ráineodh go bhfuil an ceart aige anso. Dealraíonn sé go bhfuil na tuairimí seo ar fad bunaithe ar a bhfuil scríte ag Piaras é féin i dtreo dheireadh na LSe áit a dtugann sé le fios dúinn cathain go díreach a scríobh sé a bhfuil anso, cén aois a bhí aige ag an am, faoi mar a luamar cheana, agus cé di nó dó ar thíolaic sé an t-iomlán – cé ná fuil sé seo ar fad an-soiléir dúinn inniu. Tá an t-eolas tábhachtach so le fáil i ndán críochnaitheach na LSe agus sa tíolacadh próis a thagann díreach roimhe sin, téacs gairid atá chomh hálainn is chomh tomhaiste le haon rud eile dár scríobh Piaras i mo thuairim féin:

> Sin agat a mhánla mhiochair, mhilis, mhúinte, mhaiseach, bhéasach, mhnáúil an tabharthas beag suarach simplí do gheall mé dhuit chum fónaimh & caitheamh aimsire an fhir uasail oirdheirc úr-chroíoch .i. Craoch Builtéar. Agus do bheadh an dioscán beag so agat i bhfad roimh anois mun mbeadh mé bheith tinn galarach ag cimeád mo leaptha & mo sheomra ar feadh ráithe ó bhí sé d'onóir agam tu d'fheicsint in Áth na Cise taobh le Mala i dtigh mo chompáin ghráigh .i. Piaras séimh de Nógla. Tá muinín agam ná tarcaisneoidh an Builtéarach suairc an cnuasach nó an dioscán bocht dealbh so do chuir me le chéile, do bhrí gur le dea-aigne le géilleadh le onóir duitse & don rábaire rafar réaltanach do ghabhas do lámh anois i gceann mo thrí fichid bliain, an oiread do scríobh in aon tseachtain amháin &

> ina éagmhais sin ní bhfuilim scartha le péintinnis fós .i. an gairbhéal & roinnt d'aicídibh eile tá 'om shnoí le cian d'aimsir fá ndeara dhon bheagán scríbhneoireachta so bheith chomh doiléite & chomh dearmadach & tá sé. (**28**, 1 – 12)

Tuigimid as an tíolacadh próis seo: (i) gur mar *thabharthas* nó mar bhronntanas a scríobh Piaras an LS seo don *mhánla mhiochair* seo ar bhuail sé léi i dtigh a charad, Piaras de Nógla in Áth na Cise; (ii) go raibh Piaras féin ag téarnamh ó bhabhta breoiteachta agus é i mbun scríbhneoireachta; (iii) gur scríobh sé an t-iomlán laistigh de sheachtain amháin; (iv) go raibh trí fichid bliain slánaithe aige an uair úd; agus (v) go raibh an *mhánla mhiochair* seo mór le hógfhear uasal áirithe, *rábaire rafarach réaltanach*, darbh ainm *Craoch Builtéar*, de réir dealraimh. D'fhéadfaí a bhaint as so chomh maith gur iarr an bhean óg ar Phiaras an leabhairín seo a chur le chéile le go bhféadfadh sí é a thabhairt don bhfear óg mar bhronntanas. Is follas, ina theannta so ar fad, go raibh Piaras thar a bheith tógtha leis an ógbhean faoi mar a thugann sé le fios sa chéad chuid eile den téacs so:

> Gidheadh, is é m'uchlán tinn, mo chumha & mo lánchreach ná fuilim in aois mo dheich mblian fichead & deich míle giní in aghaidh na bliana agam do stát díleas diongbhálta mar shúil go mbeadh sé do ghradam, d'onóir, do rachmas**,** d'aoibhneas saolta & do chompord cléibh agam go nglacfá uaim an ní sin do bhradaigh tú .i. mo chroí, do bhrí go bhfuilim tuilte do ghrá díograsach, taitneamhach, tintí, líonmhar, lasúil, dod phearsa, dod scéimh, dod mhéin, dod thréithe, & dod dhea-iompar. Agus ar aon mhodh is gearr go mbeidh sé do shuairceas, d'onóir & do shólás aigne & intinne agam tú d'fheicsint, do bhrí gur mé le hiomad ómóis, díogras, umhlacht, pribhléid, síorghean & searc síorleanúnach a mhaighdean mhórchomhachtaigh.
> Do phríosúnach & do sheirbhíseach dil, dúthrachtach, díombuadhach, dealbh, dobrónach choíche go bhfeicfead do ghnúis lonnrach lóghmhar nach daonda do cumadh.
>
> Piaras Mac Gearailt, Ard-Sirriam Leithe Mogha. (**28**, 13 – 24)

Ní fios dúinn anois cérbh í an bhean óg álainn seo a chuir an chluain Mhuimhneach ar Phiaras; b'fhéidir gur iníon le Piaras de Nógla ab ea í nó iníon carad leis an Nóglach a bhí

ar cuairt ann nuair a bhí Piaras é féin ann mar aoi i dtigh seo na Nóglach in Áth na Cise. Má bhí na trí fichid bliain slánaithe ag Piaras ag an am so is ar éigean a bhí sé ag iarraidh na hógmhná so a mhealladh é féin cé gur léir go raibh sé faoi dhraíocht ag a háilleacht. Ag an am gcéanna, áfach, b'fhéidir nár cheart dúinn an fhéidearthacht so a chur as an áireamh ar fad; bhí Piaras pósta faoi dhó ar a laghad go bhfios dúinn agus má bhí an tarna bean chéile ar shlí na fírinne faoin am so cá bhfios dúinn ná go raibh sé ag faire ar phósadh arís in ainneoin go raibh sé féin ag dul san aos.

Ní fheadramar, ach oiread, cérbh é an *Craoch Builtéar suairc* seo atá luaite anso. Tá an dealramh air gur leagan Gaelaithe den ainm gallda 'Craig' atá anso ach taobh amuigh de sin ní dócha gur féidir linn puinn eile a rá mar gheall air seachas go bhfuil lua air arís sa dán a leanann an tíolacadh próis seo agus a chuireann clabhsúr le leabhar so Phiarais, *Beir Lán na Cruinne* (**29**), dán ina mórann Piaras an ógbhean so arís sna chéad trí véarsa, agus ina gcuireann sé a ghrá is a chumann in úil di arís:

> Beir lán na cruinne do bhruinnealaibh ciúin, tais, réidh,
> cráifeach, criostalach, cruipinnfholt, cumtha, caomh,
> go hÁth na Cise chum lile is plúir na mbé,
> fém láimh le cumann don fhinnebhean shúgrach shéimh.
>
> Stáidbhean mhilis do chine ghlic lonnrach ghlé,
> ba dearscnach, fuinneamhail, friotalach, fionntach, tréan,
> 'sea an mhánla mhiochair do fuineadh as plúr na gcraobh,
> is álainn oilte i gcumann 's i gclú na naomh.
>
> Is tráite turraingeach mise gan lúth im ghéag,
> ar fán i gcumaraibh coille go dubhach lem ré,
> le grá is cumann don lile ba lonnrach scéimh,
> 's tug táinte ar buile gan mire gan fonn mar mé. (**29**, 1 – 12)

Ba dhóigh le duine go dtagraíonn an véarsa deireanach don bhfear óg a luadh sa sliocht próis thuas, an t-ógfhear *Craoch Builtéar* a bhí, ní foláir, gaolta leis an mbean óg so, an-mhór léi, nó fiú amháin, dob fhéidir a áiteamh, geallta nó pósta léi. Tugann Piaras le fios

anso, pé scéal é, ná raibh aon aithne rómhaith aige ar an bhfear óg so agus is é a ghuí ná go dtiocfaidh *céad is dathad do bharrfhionnaibh ghríosghoib fhéil* chun an fhir óig faoi mar a chímid anso.

> Cé nach aithnid dom seabhac na ngroí n-each dtréan
> réabach, rafarach, rabairneach, fíontach saor,
> céad is dathad do bharrfhionnaibh gríosghoib fhéil
> éim 's screadaim óm anam don Chraoibh Builtéar. (**29**, 1 – 16)

An gciallaíonn sé seo gurbh fhear neamhphósta ab ea an *Craoch Builtéar* so, nó an amhlaidh ná fuil ann ach gnás nó coinbhinsiún filíochta agus nach ceart an iomad béime a chur ar an véarsa áirithe seo? Dob fhéidir a áiteamh, gan amhras, gur mar bhronntanas pósta a chur Piaras an LS seo le chéile, dá nglacfaí leis gurbh é a leithéid de ghaol a bhí idir an bhean óg neamhaithnid agus an Builtéarach suairc, ach níl mórán inti ó thaobh ábhair de a thacódh leis an tuairim sin, taobh amuigh de 'Mis agus Dubh Ris' a bhféadfaí a rá ina thaobh go mbeadh sé oiriúnach mar théacs do lánú nuaphósta. Ar fhéachaint siar ar a bhfuil sa LS seo is é is dóichí, dar liom, ná gurbh é rogha Phiarais féin dá chuid dánta féin agus de théacsanna eile a thaithnigh leis atá sa LS seo agus ná raibh aon aidhm faoi leith aige agus an t-iomlán á chur i bhfóraibh a chéile aige, seachas go raghadh sé *chum fónaimh & caitheamh aimsire an fhir uasail oirdheirc úr-chroíoch .i. Craoch Builtéar* faoi mar atá ráite aige sa tíolacadh próis thuas. Is é is suimiúla ar fad faoin LS seo ná, ar an gcéad dul síos, go gcaithfidh go raibh Piaras ag tarraingt as a raibh aige de lámhscríbhinní ina leabharlann phearsanta féin, LSÍ ina raibh dánta dá chuid féin, tuirimh, dánta Seacaibíteacha, seantéacsanna agus téacsanna cráifeacha, agus fairis seo gur thapaigh sé an deis chun a thuairimí faoi chúrsaí polaitíochta a thabhairt dúinn anso agus ansúd chomh maith le seoladh próis agus dán nua-chumtha dá chuid a chur isteach i ndeireadh

thiar thall. Níl aon dabht ná go mbeadh fios fátha an scéil soiléir do lán an triúir seo ag an am – is é sin Piaras, an ógbhean mhistéireach so agus Craoch Builtéir – ach is baolach nach féidir linn ach tuairimí a chaitheamh i dtaobh an chúraim ar fad anois.

Faoi mar a deir Ó Conchúir (1982: 28) agus é ag trácht ar Phiaras, ní 'heol dúinn cén spéis a chuir sé i saothrú na lámhscríbhinní', ach ba dheacair a chreidiúint gurbh í seo an t-aon LS amháin a chuir sé de i gcaitheamh a shaoil. Caithfidh go raibh go leor LSÍ eile ag baile i mBaile Uí Chionnaola aige chun go bhféadfadh sé an obair seo a dhéanamh, agus más fíor dó gur scríobh sé an LS seo laistigh d'aon seachtain amháin ní foláir liom nó gur bhreac sé go leor leor LSÍ eile i rith na mblianta. Is suimiúil, ina theannta so, gur shínigh Piaras an LS seo mar *Ard-Sirriam Leithe Mogha*, faoi mar ba nós leis a déarfá, agus ba dhóigh le duine ón méid sin go mb'fhéidir gur bhain sé lena chúraimí mar ardsirriam roinnt LSÍ a chóipeáil ó am go chéile nó, ar a laghad, iad a chur á gcóipeáil. Ach má bhreac Piaras mórán LSÍ eile le linn a shaoil dhealródh sé go bhfuilid ar fad imithe sa bhfraoch orainn ó shin seachas an t-aon seoid amháin seo dá chuid atá ar marthain inniu. Is deimhnitheach, áfach, gurbh fhear ab ea Piaras a thuig neamhbhuaine agus díomuaine an tsaoil agus is iomchuí, mar sin, gurb iad na focail dheireanacha a bhreac Piaras sa LS seo, ar an ochtú lá de mhí Mheán Fómhair míle seacht déag seasca a naoi, ná *Sic Transit Gloria Mundi*.

### *Deireadh a shaoil*

Ní mór ar fad an t-eolas atá againn i dtaobh bhlianta deireanacha Phiarais ach, faoi mar a chonaiceamar roimhe seo, tuigimid gur lean sé air ag riaradh ghnóthaí na cúirte éigse go

dtí an bhliain 1791 ar a laghad nuair a chuir sé freagra ar an achainí a dhein Éamann Ó Flaithearta ar son Uilliam Uí Throithe (**45**, 25 – 44) chun go mbronnfaí pas na filíochta air, agus dhealródh sé gurb é an dáta san an dáta is déanaí atá luaite le haon téacs de chuid Phiarais. Ach, má bhí sé fós ag feidhmiú mar ardsirriam ar Chúirt na mBurdún ní foláir nó bhí mórán cúraimí eile ar Phiaras feadh an ama, go háirithe cúraimí a bhain leis an bhfeirm ag baile i mBaile Uí Chionnaola.

I réamhrá APMG (21) thug Ó Foghludha le fios go raibh 'leitir ag seasamh fós againn do sgríobh sé i nAbrán na bliadhna sain (is é sin an bhliain 1791) mar gheall ar rudaíbh a bhain le talamh.' Ní thugann an Foghludhach mórán sonraí i dtaobh na litreach so dúinn in aon chor, ach amháin go luann sé an méid seo:

> Deir sé ins an leitir seo gurbh' é Seaghán mac Readhmuinn Mic Gearailt a shean-seanathair féin, agus gurbh' in é an fear a fuair léas Bhaile Uí Chionnfhaolaidh ó Iarla Chorcaighe. Bid é an Seaghán mac Réadhmuinn do creachadh i mbliadhain 1600 fé "attainder" Riaghaltas Shasana. (*ibid*.: 21)

Is fíor go bhféadfaí a rá go mbaineann an litir seo le 'rudaíbh a bhain le talamh', agus is fíor go luann Piaras a shin-seanathair inti, ach i ndáiríribh tá an litir seo i bhfad níos tábhachtaí ná mar a thugann Ó Foghludha le fios toisc go mbaineann sé le huacht a bhí déanta ag Piaras agus leis an gcaidreamh a bhí aige lena chlann féin. Tugann an litir seo a chuir sé chun a dhlíodóra féin, Patrick Lawler i 'Laccandarra', tugann sí sampla breá dúinn den saoráid stíle a chleacht Piaras sa Bhéarla agus tugann éachtaint dúinn, ina theannta san, ar fhear a bhí chomh compórdach céanna ag plé le cúrsaí dlí i mBéarla is a bhí sé ag riaradh chúrsaí cúirte éigse i nGaeilge. Ní chuirfeadh sé ionadh orainn, ach oiread, dá mba ghaol éigin é an Patrick Lawler seo, ó Leac an Daire, le bean chéile

Phiarais, Eilís Laidhléir a tógadh san áit chéanna. Is fiú an litir a thabhairt anso ina hiomláine:

> Dear Sir,
>
> I suppose you have long since heard of my son Michael Fitzgerald's humbling himself to me and of my reconciliation with him together with my two daughters, Frances and Ellen. With him they and I enjoy every satisfaction I could expect from a child to a parent which makes me wish to reverse any writing I have heretofore in anger or passion to him done to his prejudice as my eldest son, and the man who should enjoy after my death the farm and lands of Ballykennelly agreeable to the clause in the lease granted to my great grandfather, John Fitzred. FirtzGerald, by the Right Honourable Richard, Earl of Cork and Burlington, and according to the will of my father, Michael FitzGerald. Now, Sir, in consequence of the aforesaid lease and will, and also in consequence of my determination of changing my resolution in favour of my said son, Michael FitzGerald, and fixing a proper mode for the better regulating of my family in general, I do earnestly request that you will on receipt hereof give up the deed of conveyance of my interest in the lands of Ballykennelly I have executed to you as guardian to those of my younger children in whose favour such deed was executed, whereas I have received no consideration for executing such deed, nor is it now my wish that said deed of conveyance should remain of record against the interest of my aforesaid eldest son, Michael Fitzgerald.
>
> I am, Dear Sir/ your most obedient/humble servant/Pierce Fitzgerald/Ballykennelly 27th April '85. [59]

Maireann cóip den uacht so dá dtagraíonn Piaras sa litir seo thuas i gcónaí agus, go deimhin, níl aon lua in aon chor inti ar mhac an Ghearaltaigh agus tugtar le fios go roinnfear an tigh i mBaile Uí Chionnaola agus gach a mbaineann leis ar an gceathrar iníon a bhí aige, Grace, Catherine, Frances agus Ellen ach a gcaillfear Piaras. Ní fios dúinn, gan amhras, cad a bhí déanta as an slí ag an mac so, Mícheál, ach dhealródh sé nár thóg sé i bhfad air teacht ar a chéill tar éis gur gearradh amach as an uacht é: deineadh an uacht so i mí Dheireadh Fómhair 1784 agus faoi mhí Abráin na bliana ina dhiaidh sin bhí Piaras ag scríobh chun an dlíodóra agus tús áite á thabhairt aige dá mhac san uacht arís. Is

[59] Tá an litir i gcló ag Breandán Ó Conchúir (1984: 228 – 29) agus cé go ndeir sé go bhfuair sé an chóip den litir ar ar bhunaigh sé a thras-scríbhinn i measc pháipéirí Thorna is i measc pháipéirí na nGearaltach (U/80 íotam a 2 i Sainbhailiúcháin Choláiste na hOllscoile Chorcaí) a thánasa ar chóip di. Tá tras-scríbhinn seo Uí Chonchúir gan cháim.

deacair do dhuine gan cuimhneamh ar ar tharla i gcás dheartháir Phiarais nuair a diúltaíodh a oidhreacht dó toisc é a bheith imithe ina réice ar fad de réir dealraimh. B'fhéidir gurbh é a leithéid de locht a bhí ag Piaras ar a mhac féin nó b'fhéidir gur éirigh eatarthu ar chúiseanna eile ar fad, ní bheidh fhios againn go deo, ach dealraíonn sé go raibh sé de chiall ag an Mícheál so cromadh go híseal agus beag a dhéanamh de féin os comhair an athar sa tslí is gur thit oidhreacht Bhaile Uí Chionnaola leis sa deireadh agus ba é Mícheál, faoi mar a deir Ó Foghludha 'an mac ó'r shíolruigh an sliocht anuas.'

Glacann an Foghludhach leis (APMG: 21) gur thall i Leac an Daire, i gContae Phort Láirge, i dtigh athair a chéile a chaith Piaras a laethanta deireanacha ach luann sé traidisiún eile a bhí ann chomh maith a thugann le fios gur 'ar an dtaobh eile dhe bhóthar' i gCill Molua a mhair sé. Ráineodh sé go bhfuil dealramh leis an tarna traidisiún so mar gur thug Piaras é féin le fios sa téacs is déanaí a bhfuil a ainm leis mar Ardsirriam Leithe Mogha, an freagra a thug sé ar *Achainí an Fhlaitheartaigh* (**45**), gur ag scríobh i g*Cill Molua i nDéiseach, an 4ú lá don mhíosa Iúil 1791* a bhí sé. Pé áit inar chaith sé na blianta beaga deireanacha so dá shaol, is cosúil gur mhair sé go dtí an bhliain 1795[60] sular cailleadh é agus cúig nó sé bliana fairis na ceithre fichid slánaithe aige. Deirtear gur deineadh é a thórramh ag baile i mBaile Uí Chionnaola agus gur cuireadh faoin gcré é in uaigh na nGearaltach atá 'i seanreilig Chill Mhic Dunmhóig atá i ngoireacht chúpla páirceanna don' mball i n-ar rugadh & tógadh é' (APMG: 22).

Luann Ó Foghludha gur cailleadh an duine deireanach de shliocht Phiarais, is é sin an teaghlach a shíolraigh ó Mhícheál, i gcathair Chorcaí sa bhliain 1928 agus, go fírinneach, ní mór an t-eolas is féidir a fháil i dtaobh na ndaoine seo agus is dócha ná

[60] Mar leis an mbliain inar cailleadh Piaras féach nóta a 16 thuas.

baineann sé sin le hábhar anso i ndáiríribh. Mar sin féin, is díol suime é go maireann cúpla cáipéis i measc pháipéirí na nGearaltach a thugann le fios gur oifigeach i gcabhlach na Breataine ab ea mac Phiarais, Mícheál, é ina leifteanant ar dtúis sa bhliain 1801, de réir dealraimh, go dtí gur tugadh pinsean dó mar cheannfort ina dhiaidh sin sa bhliain 1830.[61] Ní fheadramar anois, gan amhras, conas a thaitneodh sé seo le Piaras nó an mbraithfeadh sé go raibh ioróin ag baint leis mar scéal in aon chor, is é sin le rá, go raibh mac leis féin amuigh ar an bhfarraige ag cosaint impireacht na Breataine ó ionsaithe ó bhuíonta ar nós na mbuíonta armtha a raibh súil in airde ag Piaras agus filí Seacaibíteacha na Gaeilge ar feadh na mblianta go dtiocfaidís thar toinn chun na Gaeil a shaoradh.

Ní heol dom gur cumadh aon chaoineadh ar Phiaras tar éis a bháis; b'fhéidir gurbh amhlaidh gur mhair sé rófhada agus ná raibh aon fhile oilte fágtha sa dúthaigh faoi dheireadh na hochtú haoise déag a chaoinfeadh a bhás nó, b'fhéidir eile, gur chum file éigin 'Caoineadh Phiarais Mhic Gearailt' ach nár tháinig sé slán chugainn i lámhscríbhinní na Gaeilge.

### *An File sa Bhéaloideas*

Tá an chuma ar an scéal nár mhair cuimhne an fhile róláidir sa bhéaloideas faoi mar a mhair cuimhne phearsan eile ar nós Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin agus filí eile ar deineadh aircitíopanna béaloidis díobh.[62] Mar sin féin, tugann an scéilín suimiúil seo, a dtugtar Cúirt a' Meán-Oíche air, ó chartlann Roinn Bhéaloideas Éireann, tugann se le fios go raibh cuimhne fós i nGaeltacht na nDéise ar an nGearaltach agus ar a chúirt filíochta,

[61] Tá an dá cháipéis seo i measc pháipéirí na nGearaltach i Sainbhailiúcháin Choláiste na hOllscoile Chorcaí (U/80 íotam a 4).
[62] Níl puinn ó thaobh tagairtí béaloidis don Ghearaltach ag Dáithí Ó hÓgáin ina staidéar ar fhilí na Gaeilge (1982) ach amháin go luann sé go raibh an traidisiún ann sa bhéaloideas áitiúil go raibh bua na filíochta ag garmhac le Piaras (*ibid*.: 130).

dá mba í an mheathchuimhne féin í. Is ó bhéalaithris Mhuiris Chúnáin ó Bhaile na Móna sna Déise a thóg Nioclás Breathnach síos an méid seo sa bhliain 1936:

> Cúirt a bhíoch fadó acu a dtugaidís Cúirt a' meán-oíche & bhídís a' cur ar a chéile féachaint ceaca is smart-álta & a gheóch rudaí a d[h]éana amach & bhí geall curtha acu an oíche seo mar gheall ar feóil a bhí beirithe féachaint go dén saghas feól a bhí acu. Bhí feóil á dháilt le n-ithe acu & shocruíodar go léireach gur feóil fea' a bhí aca nach Piaras a' Cearailt, & ní labhair sé in ao' chor go dti go rabhadar tar éis socrú ar dén saghas feól a bhí acu & labhair Piaras annsan & dúirt sé:
>
> "Anois is marirg ná cringíon a' ciall
> & ná cuireann srian len a ghuth
> Anois ó d'itheamar a' fea'
> Nár breá an bia é an chaoira dhubh"

Dar ndóigh, tá cuma an bhéaloidis ar chúpla téacs atá in eagar sa tráchtas so, téacsanna ar nós an *Treoraí deisbhéalach agus Piaras* (46) mar a gcuireann an fear eile seo ceist ar Phiaras i dtaobh cén méid 'galún sáile a ghabhann tré chrampán Chill Maluadh' (**46**, 3 – 4) agus mar a dtugann Piaras an freagra pras deisbhéalach so a leanas air:

> 'Ní féidir í 'thomhas na cáirtibh,
> tá sí láidir luath,
> ach an méid ná faigheann slí san áth dhi,
> gabhann sí an fána aduaidh.'

Agus, gan amhras tá againn an scéilín gleoite béaloidis, 'Butter Churning' (**51**), a bhailigh Seán Ó Dálaigh in aimsir an ghorta mhóir agus a bhreac sé i gceann dá chuid LSÍ; scéilín a eachtraíonn dúinn go raibh Piaras amuigh ag seilg i bPáirc an Phoill i gCo. Phort Láirge i mí Lúnasa na bliana 1766 agus gur bhuail sé le bean a bhí ag gearradh an tsrutháin le siosúr agus na focail seo a leanas á gcanadh aici:

> 'Im Bhaile an Phoill Theas i gCill Molua,
> im Bhaile an Phoill Theas i gCill Molua.' (**51**)

D'éist Piaras leis an méid seo ón mbean agus nuair a chonaic sé go raibh ailpeanna ime ag rolláil ar an bhféar dúirt sé ós ard:

> 'A leath sin agamsa, a Shíle Ní Shlatara,
> a leath sin agamsa, a Shíle Ní Shlatara.' (**51**)

Ina dhiaidh sin, nuair a fhilleann Piaras ar a thigh féin i mBaile Uí Chionnaola chíonn sé go bhfuil gach aon soitheach sa tigh líonta le him.

Tá an dealramh ar an scéal gur ó bhéaloideas na ndaoine a tháinig dhá théacs atá in eagar anso anuas chugainn, mar atá *Ar mharú ghabhair a thionóntaí* (**44**) agus *An Snaoisín* (**48**) a bhfuil an chuma orthu gur dánta iad a cuireadh i mbéal Phiarais, agus a fuair, i gcás an chéad téacsa díobh, buanú i LSÍ déanacha na Gaeilge. Is deacair a rá, áfach, arbh é Piaras a chum na dánta so i ndáiríribh nó nárbh é ach, dar ndóigh, cá bhfios dúinn ná go mbíodh véarsaíocht neafaiseach den saghas so á cumadh aige ó am go chéile nuair a thaithigh sé chomhluadar ná raibh díreach chomh sofaisticiúil leis an gcóthalán léannta a bhí mar chuideachta aige i gCúirt na mBurdún agus ag ócáidí eile i measc mhionuaisle Caitliceacha na Mumhan. Pé ní a déarfaí faoi théacsanna den saghas so is dócha go dtugaid pictiúir níos iomláine dúinn den saghas saoil a bhí timpeall ar Phiaras agus ar an gcultúr níos leithne ar de é, agus fiú amháin mura bhfuil fágtha againn inniu i gcás Phiarais ach iarsmaí de thraidisiún bealoidis ina thaobh a bhí ann go láidir, ní foláir liom, sa tréimhse díreach tar éis a bháis, is fiú na hiarsmaí seo a chur san áireamh in aon mheasúnú ar a shaothar anso.[63]

[63] Féach chomh maith *Baile Uí Choitín* (**52**) agus *An Mhallacht do chuir Piaras ar na hIascairí* (**53**) a bhfuil an chuma orthu gur rannta iad a cuireadh i mbéal Phiarais ach aríst cá bhfios ná gurbh é Piaras a chum?

### *Clabhsúr*

Tá feicthe againn go raibh ardstádas ag Piaras Mac Gearailt i measc fhilí na Mumhan ar feadh leathchéad bliain nó mar sin agus é ina ardsirriam ar Chúirt na mBurdún. Is follas go raibh tabhairt suas pribhléideach aige i mBaile Uí Chionnaola agus gur chaith sé saol a bhí compordach go maith ar feadh a shaoil. Is deimhnitheach, ina theannta san, go bhfuair sé oideachas maith sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Laidin le linn a óige ach is deacair a rá cá bhfuair sé an t-oideachas so. D'fhéadfaimis a rá gurbh fhile de chuid an tí mhóir ab ea é ach, más ea, file ab ea é a chleacht príomhsheánraí fhilíocht na hochtú haoise déag: aislingí, amhráin pholaitiúla, caointe, aortha, barántais agus dánta cráifeacha, agus is beag dán a scríobh sé ná raibh idé-eolaíocht an tSeacaibíteachais laistiar de ar shlí amháin nó eile. D'fhéadfaí a rá gurb é an Seacaibíteachas a sholáthraíonn fráma tagartha d'fhormhór mór na n-aistí filíochta dá chuid a mhaireann inniu cé gur léir ó na nótaí fánacha a bhreac sé ina LS féin sa bhliain 1769 gur thuig sé go raibh deireadh le cúis na Stíobhartach mar ghluaiseacht réalaíoch pholaitiúil faoin am san.

Snáth an-tábhachtach eile ina chuid filíochta is ea téama an chreidimh atá, gan amhras, fite fuaite leis an bpolaitíocht ina shaothar. Tá feicthe againn gur cuireadh iachall ar Phiaras iompó ina Phrotastúnach agus gabháil chun an teampaill uair éigin tar éis gur thit tailte Bhaile Uí Chionnaola le hoidhreacht leis, agus is léir gur ghoill an eachtra so go mór air is gur spreag sé é chun ceann de na dánta is fearr dá chuid a scríobh *A Chogair a charaid* (**23**), dán a thugann fianaise thábhachtach stairiúil dúinn ar a raibh ag tarlúint in Éirinn ag an am, agus dán ina dtaispeánann Piaras an t-ardmhianach a bhí ann mar fhile. Ina dhiaidh sin, tá a dhearcadh ar chúrsaí creidimh thar a bheith soiléir ón méid atá le rá

aige i mórán dánta eile dá chuid – a aithrí féin (**24**), *Tréithe na Maighdine Muire* (**27**), aortha difriúla ar shagairt bhradacha a d'iompaigh in ministéirí, agus más fíor go raibh lagmhisneach aige mar le cúis na Stíobhartach tráth a raibh a LS féin á scríobh aige, is follas ná raibh aon athrú tagtha ar a dhearcadh ar chúrsaí creidimh, faoi mar a thaispeánann téacsanna ar nós *Go mba shlán fád thoradh dhuit* (**45**), mar a dtugann sé le fios go raibh sé nimhneach i gcoinnibh na bProtastúnach.

Mar 'Ardsirriam Leith Mogha' bhí Piaras gníomhach i gcur chun cinn agus seachadadh na filíochta in oirthear na Mumhan ar feadh na mblianta, agus dhealródh sé go raibh caidreamh aige ar fhilí aitheantúla a linne faoi mar a chonaiceamar sa phlé ar an gcúirt éigse thuas. Is deacair, dar liom, obair na cúirte seo a scarúint ón bhfilíocht ar fad a scríobh Piaras agus na filí eile a bhíodh ag teacht chun na cúirte, agus, dar ndóigh, má bhíothas ag iarraidh an fhilíocht a chur chun cinn, bhíothas ag craobhscaoileadh theachtaireacht an tSeacaibíteachais ag an am gcéanna, más aon fhianaise an fhilíocht Sheacaibíteach ar fad a bhí á scríobh acu, agus Piaras ar thús cadhnaíochta acu. Más fíor gur ag iarraidh ócáidí grinn a sholáthar don aos léinn a bhíothas cuid mhaith, thaibhseofaí dom go bhféadfadh na hócáidí seo a bheith ina n-ócáidí ceannairceacha chomh maith, ócáidí ag a mbíodh sláinte an Stíobhartaigh á hól an fhaid is a bhí dóchas éigin i measc na bhfilí go dtiocfadh Séamas nó Séarlas Óg ag fóirithint ar na Gaeil.

Duine de mhionfhilí na tréimhse ab ea Piaras Mac Gearailt dar leis an gCorcarach (1925: 281 – 290) ach fiú amháin muran féidir a rá gur dhuine de fhathaigh na filíochta ab ea é, dálta Aogáin Uí Rathaille agus Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin, ba dheacair, dar liom, 'mionfhile' a thabhairt ar an té a scríobh dánta ar nós *Rosc Catha na Mumhan* (**17**), *Cormac Óg* (**10**) *A Mhalaí Bheag Ó* (**15**), *A Chogair a charaid* (**23**), *Aithrí Phiarais*

*Mhic Gearailt* (**24**), *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* (**30**), *An Chaol-droimeann Óg* (**12**), agus *Seán Ó Dí* (**18**). Léiríonn a bhfuil de dhánta atá bailithe le chéile agus curtha in eagar sa tráchtas so, dar liom, ní hamháin gurbh fhile cumasach, tréitheach ab ea Piaras ach go bhfuil tábhacht mhór ag baint lena chuid filíochta, ní hé amháin toisc go bhfuil tábhacht stairiúil ag baint léi ach, ina theannta san, mar go bhfuil sásamh aeistéitiúil nach beag le baint as an gcuid is fearr di. Ní mór dúinn, mar sin, i bhfianaise a bhfuil taispeánta agam sa chaibideal so, ní mór dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar an áit atá bronnta ag lucht critice ar Phiaras Mac Gearailt i measc fhilí Gaeilge na hochtú haoise déag agus aitheantas a thabhairt dó mar dhuine de na filí ba thábhachtaí ón tréimhse sin. D'fhéadfaí an rud céanna a rá, dar ndóigh, mar gheall ar mhórán filí eile ón ochtú haois déag ach go dtí go gcuirfear eagar nó atheagar ar shaothar na bhfilí seo ar fad, agus go dtí go gcuirfear an saothar san faoi bhráid lucht léite agus lucht critice na Gaeilge, beidh sé deacair a saothar a mheas go cothrom.[64]

[64] Níl aon dabht ná go bhfuil an t-uafás oibre fós le déanamh i ngort fhilíocht na hochtú haoise déag agus nuair a chímid go bhfuil filí ann nár cuireadh eagar ar a saothar fós in aon chor, filí ar nós Éadbhard de Nógla a maireann timpeall le leathchéad dán leis i LSÍ na Gaeilge (féach nóta a 2 thuas), ní fhéadfadh aon amhras a bheith orainn i dtaobh a thábhachtaí is atá an obair seo.

## Modh Eagarthóireachta

Ba é aidhm a bhí agam agus dánta Phiarais Mhic Gearailt á gcur in eagar sa tráchtas so téacsanna a chur ar fáil a bheadh soléite ag léitheoirí an lae inniu ach a bheadh dílis ag an am gcéanna do theanga na tréimhse inar cumadh iad de réir fhianaise na LSÍ. Roghnaíos an LS ab fhearr, dar liom, i gcás gach aon téacsa dá bhfuil in eagar anso – LS Phiarais féin go minic gan amhras, dá mba inti a bheadh an téacs, uaireanta eile an LS ba shine a chaomhnaíonn an téacs ach amháin dá mba léir dom go raibh LS(Í) a scríobhadh níos déanaí ann ina raibh téacs níos fearr ar fáil. Roghnaíos trí cinn de LSÍ de ghnáth i ngach aon chás mar phríomhfhoinsí agus sholáthraíos malairtí léamha uathu so tríd síos. Dheineas iarracht an litriú a thabhairt chun rialtachta tríd síos, oiread agus ab fhéidir, gan teacht salach ar theanga ná ar mheadarachtaí na ndánta agus chuige sin bhaineas lánearraíocht, sa chéad áit, as idir phríomhfhoirmeacha (nó ‘foirmeacha canónda’) agus fhoirmeacha malartacha Fhoclóir Uí Dhónaill (FGB), agus, sa tslí chéanna, d’úsáideas foirmeacha as *Foclóir Gaedhilge – Béarla* an Duinnínigh (Ua Duinnín) toisc gur minic go n-oireann litriú an fhoclóra so níos fearr do Ghaeilge na hochtú haoise déag. Níor chuireas isteach ar dheilbhíocht an bhriathair ná an ainmfhocail ach leanas fianaise na LSÍ. Cé gur leanas nósanna litrithe an lae inniu, don chuid is mó, bhí orm glacadh le nósanna litrithe na LSÍ ó am go chéile d’fhonn idirdhealú a dhéanamh idir focail aonsiollacha, déshiollacha agus tríshiollacha nuair a d’éiligh riachtanais na meadarachta é sin [m.sh *námhaid* (siolla amháin) ach *namhaid* (dhá shiolla); *sao(i)l*, *Gael* (siolla amháin) ach *saogha(i)l, Gaodhal* (dhá shiolla); *builiúil* (dhá shiolla) agus *fuinneamhail* (trí shiolla)]. Chuireas na hathruithe litrithe seo a leanas i bhfeidhm tríd síos:

cc > gc [m.sh. *a gcreachadh* (LS *a ccreachadh*)]

tt > dt [m.sh. *i dtaoibh*, (LS *a ttaoibh*),]

sb > sp [m.sh. *a chuspóir* (LS a *chosbóir)* ]. Eisceacht is ea an focal *ísbirt* (**7**, 111; **7**, 115).

sg > sc [m.sh. *pléascadh* (LS *pléasga*), *screadaim* (LS *sgreadaim*)]

sd > st [m.sh. *aosta* (LS *aosda*), *teastas* (LS *tasdas*)]

chd > cht [m.sh. *traochta* (LS traochda), *fraochta* (LS *fraochda*)]

ghth > th [m.sh. *anaithe* (LS *annaighthe*), *ríthe* (LS *ríghthe*)]

dhth > th [m.sh. *Mac Síthigh* (LS *Mac Sídhthe*]

mhth > f [m.sh. *naofa* (LS *naomhtha*)]

df > d'fh [m.sh. *d'fhéach* (LS *dféach*), *d'fhág* (LS *dfág*)]

Dheineas 'll' de 'l', 'nn' de 'n' agus 'rr' de 'r' nuair ba ghá, ag cloí leis an litriú stairiúil i gcónaí m.sh. *géilleadh* (LS *géile*), *stráill* ( LS *stráil*); *géibheann* (LS *géibhin*) agus *fearr*

(LS *fear*). Leanas nósanna an lae inniu mar le gutaí gearra neamhaiceanta agus sleamhnáin [m.sh. *easmailteach* (LS *easmuilteach*), *daorbhroid* (LS *daorbhruid*)].

Ruaigeas dh/gh láir agus deiridh [m.sh. *saol* (LS *saoghal*), *Gael* (LS *Gaodhal*) *slua* (LS *sluadh*) ach amháin i gcásanna nuair ba ghá litriú stairiúil a úsáid de bharr riachtanais na meadarachta [m.sh. *croidheamhail*, *maiseamhail, baoghal* srl.]. Eisceachtaí is ea na focail *diadhacht* agus *fleagamhail* a measadh ina dtaobh go mba cheart an litriú stairiúil a chaomhnú.[65]

Sholáthraíos – *(e)adh* ag deireadh ainm briathartha ós íseal nuair ba ghá ach thaispeánas é seo sna malairtí léamha tríd síos [m.sh. *dá stracadh* (LS *straca*), *géilleadh* (LS *géile*)]. Scríobhas *ag* roimh ainm briathartha dar tús guta agus roimh ainm briathartha dar tús consan [m.sh. *ag alpadh / ag  géimnigh* (LS *ag alpa / aigéimnicc)* ]. B'éigean dom séimhiú a sholáthar ós íseal chomh maith go minic [m.sh. *buíon mhear* (LS *buidhean mear*) srl.].

Leanas nósanna an lae inniu mar le sínte fada ar ghutaí ach amháin gur soláthraíodh sínte fada neamhstairiúla ó am go chéile nuair ba ghá sin de réir riachtanais na meadarachtaí agus nuair a bhí teacht ar an bhfoirm sna foclóirí [m.sh. *túirseach*, *míchóthrom* srl.]. B'éigean dom sínte fada a sholáthar ós íseal go minic.

Chloíos le nósanna an lae inniu mar le scarúint na bhfocal, poncaíocht, úsáid fleiscíní agus ceannlitreacha. Chloíos le foirmeacha an lae inniu den chopail tríd síos [m.sh. *ba* (LS *budh*), *gurb* (LS *gurab*)] ach amháin gur ceadaíodh *madh* sa leagan 'dá madh (= dá mba)'. Dheineas *i* de *a* (= réamhfhocal simplí) agus *cé* agus *ea* de *cia* agus *eadh* na LSÍ chomh maith.

[65] Féach Uí Chatháin (2006: 65 – 66).

Leanas nós na LSÍ agus riachtanais na meadarachtaí mar leis an gcéad agus an tarna pearsa uatha de na forainmneacha pearsanta a bheith gairid nó fada / séimhithe nó neamhshéimhithe sa tslí is go bhfaightear foirmeacha ar nós *m(h)e* / *m(h)é* / *t(h)u* / *t(h)ú* tríd síos anso. Is í an fhoirm 'chugham' /chu:m/ seachas 'chugam' a scríobhadh tríd síos.

Dheineas *im, 'om,* de *am* na LSÍ agus *it* nó *id* de *ad / it* srl. na LSÍ de réir an réamhfhocail a bheadh i gceist [m.sh. *im sheilbh* (LS *am sheilibh*) *it aigne* (LS *ad taigne*)] agus dheineas *ag* de *age* agus *ag na* de *ages na* na LSÍ chomh maith.

Ghlacas le foirmeacha séimhithe agus neamhshéimhithe d'fhorainmneacha réamhfhoclacha agus de réamhfhocail shimplí de réir fhianaise na LSÍ tríd síos sa tslí is go bhfaightear foirmeacha ar nós *dom / dhom, dó / dhó* srl. anso agus ansúd sna téacsanna seo. Ba é an scéal céanna é mar le *dá / dhá* (= *á* ina chuspóir ag ainm briathartha).

Níor chuireas isteach ar an nós Muimhneach gan séimhiú a chur ar thúschonsain i gcásanna ina mbíonn consain chomhghaolmhara ag teacht le chéile cé go mbeifí ag súil le séimhiú de réir chaighdeán an lae inniu [m.sh. *dom barúil, im bráthair* agus cf. FGB s.v. *um,* áit a ndeirtear go gcuireann an réamhfhocal seo séimhiú ar na consain c, d, f, g, s, t amháin.]

Scaoileas gnáthnoda na LSÍ ós íseal[66], de réir céille agus gramadaí. Scaoileas an nod '&' mar *agus, 'gus, is* nó *'s* de réir na meadarachta. Fágadh an nod áirithe seo mar atá sé i sleachta próis na dtéacsanna nuair a chiallaíonn sé 'agus'. Dheineas 'ach' de '@' tríd síos nuair is é an cónasc sin atá i gceist.

Mar leis na hainmneacha pearsanta a fhaightear sna téacsanna so scríobhadh iad de réir nós an lae inniu ach bhí gá ar uairibh iad a scríobh ar shlí a shásódh cúrsaí

[66] Fágtar cló iodálach agus/nó cló trom ar fhocail nó ar chodanna d'fhocail áirithe sna malairtí i gcásanna ina bhféadfaí na noda a scaoileadh ar shlite éagsúla nó i gcásanna ina raibh amhras orm faoi na léamha féin.

meadarachta, agus mar sin is é *Vénus* seachas *Venus* a fhaightear anso tríd síos toisc gurb í an fhuaim /e:/ a bhíonn i gceist leis i gcónaí. Ar an láimh eile, gheofar *Mars* agus *Márs* de réir na fuaime a bhíonn i gceist. An fhuaim /e:/ a bhíonn i gceist i gcónaí sna hainmneacha *Phoenix* agus *Phoebus*.

Tá na prionsabail eagarthóireachta céanna curtha i bhfeidhm ar cheannscríbhinní agus ar iarscríbhinní na ndánta agus i sleachta próis eile nuair a chuirtear eagar orthu. Fágtar na ceannscríbhinní agus na hiarscríbhinní mar mhalairtí don chuid is mó ach amháin i gcásanna inar bhraitheas gur dlúthchuid den téacs a bhí iontu, m.sh. na barántais a scríobh Piaras agus roinnt bheag cásanna eile ina bhfuil na ceannscríbhinní tábhachtach chun go dtuigfí an comhthéacs inar cumadh na véarsaí filíochta a ghabhann leo.

I gcás na logainmneacha a fhaightear sna téacsanna so, chloíos le foirmeacha na LSÍ cé gurb iad leaganacha oifigiúla an lae inniu a úsáidim féin sa tráchtaireacht a ghabhann leis na téacsanna. Dá réir sin is iad *Uí Mac Coille* agus *Baile Uí Chionnfhaolaidh* a bhíonn le feiscint sna téacsanna anso ach is iad *Uí Mhic Coille* agus *Baile Uí Chionnaola*, leaganacha oifigiúla an lae inniu, a gheofar sa tráchtaireacht tríd síos.

# *TÉACSANNA*

### 1. Ní thig an ghrian sa rian díreach

Ní thig an ghrian sa rian díreach
is d'imigh an ré fá néaltaibh daoirse;
níor chás aithint ar easaibh na hÍomna
's ar fhuaim na dtonn – mo lom! – gur cloíodh sibh.

Do las an spéir go craosach timpeall
's do bhrúcht an fharraige sealad mar dhíleann;
níl lasadh ar bhuaibh ná cnuas ar choilltibh,
ó leagadh san úir gan lúith an bhrídeach.

Do chuala gártha báis go nimhneach
ag bantracht Chnoic Samhna na síbhrog,
do scread Deirdre 's do ghéan Clíona
's do chlos an uaill cois cuain d'úr gcaoineadh.

Tá Áine go cásmhar is Aoibheall
ag géarghol ó traochadh an míle,
d'fhógair Meidhbh go teinn le díograis
bás an Ghréagaigh éachtaigh, fhíochmhair.

Is buartha tá sluaite na bruíne
ó Loch Éirne ag éamh go fuidheach,
Mis ní Dháire, Gráinne is Aoife,
is cathach, cliste lér oileadh na trí coin.

Tá cruaghol ó Thuamhain go Duibhneach’
’s ó Chluain Meala go caladh Bhéal Inse,
cois Leamhna, cois Bhanda, cois Bhríde,
cois Abha Bige is cois Life na slímbharc.

Ó cuireadh an éigse i gcré fá líogaibh
’s gan aon don ainm ’na bheathaidh do scríobhfadh
duain ná dán ’na ndeáidh le díograis,
is domhsa is dleacht go ceart a gcaoineadh.

Caoinfead Réamann Gréagach, gríobhach,
gleacaí na seacaí síoda,
seabhac na ruag nár luaigh bheith cinnte,
marcach séimh na gcaol-each gcíortha.

Leoghan urramach, cumasach, díonmhar,
fleadhach, fáilteach, fálach, fíonmhar,
cróga, cosantach, oirdhiric, líonmhar,
fairsing, fial gan chiach, gan chinnteacht.

Coinne catha mar Aicill i mbruín tu,
Fionn mac Cumhaill uí Bhaoiscne,
nó mar Hector i ndeifir na Traoi thoir,
nó mar Ájax nár stán sa choimheascar.

Níor chalma Lugh do chúiligh tíortha,
ná Goll mac Morna leon na crích’ seo,
ná Diarmuid mear, fial ó Duibhne,
ná Réamonn ar ghéarlannaibh líomhtha.

Dalta na *muses*, plúr na saoithe,
file 's flaith is ceap le hintleacht,
do bhí ag an dtobar i bhfochair na buíne,
ag déanamh cúrsa in iúl na gaoise.

Phoenix don Ghréagfhuil dob aoirde,
bráthair Mhuiris lér coilleadh an chrích seo,
tug Inis Laoghaire, Néill, is Chriomhthain
fé smacht Gall go teann dá hísbirt.

Caoinfead Grás go bráth is choíche,
macaomh súil-ghlas, múinte, míonla,
réilteann eolais óg is críonna
lile gan smúit do chrú na saoithe.

Lomscrios ar an mbolgaigh do mhill tu,
i dtúis do shaeil, a phéarla an aoilchnis,
's go ndeachaigh do thásc tar mhnáibh na ríochta,
mar dhoirtigh Phoebus scéimh na rílteann.

Ba chas a cúl go cúrsach, trínseach,
cnotach, cuachach, dualach, dlaoitheach,
camarsach, cáblach, fáinneach, frínseach,
ar dhath an óir go hómbrach, soilseach.

Do bhí scáil an róis i gcló go fíorghlan
is niamh an tsneachta 'na leacain ag coimheascar,
ba ghlas a súil mar dhrúcht na hoíche,
go criostalach, péarlach, réilteach, ríoga.

Ba gheal a déad, ba chaol a braoithe
do chum an Ceard gan cháim an ríoghain,
go cráifeach, diaga, ciallmhar, caointais,
gan phlás, gan aithis, gan mhairg, gan phoimpleam.

Do mheasas féin, cé léan liom d’innsint,
is thugas amas, cé mealladh mo líonta,
go mbeifeá ag riaradh i ngrianbhrog aoibhinn
i gCarraig na Sáirfhear láimh le Laoi ghil.

Is fada atá smúit dar liom gan scaoileadh
ar thriathaibh Gearaltach bhfreastalach, mhaoitheach,
is go mór mór ar shlógh do shinsear,
óg is aosta in éagruth sínte.

im fhile go cliste sa Ghaoidhilge,
nó im údar cáidh sa dán díreach,
do leanfainn úr lorg i bhfolaibh na ríthe,
go Cathair na Trae sa réim dhírigh.

Fuil Ghearaltach do scagadh sa bhfíorscoth
is fuil chróga na Róisteach ba líonmhar,
fuil Bhrianach do fianadh ’n úr dtimpeall
is fuil ainmhear na gCarathach do sníomh libh.

A Rí na nAspal do dhealbhaigh coillte,
tráigh is talamh is farraige choimhtheach,
glac an cúpla id dhún go soilseach
i gcló na nAingeal ag caitheamh na diadhachta.

Seacht gcéad gan bhréag mar ríomhthar,
fiche is dá bhliain, an riail dhíreach,
aois mhic Dé do réir gach scríbhinn,
ar n-éag don dragan is d’ainnir an chaoilchoirp.

Feartlaoi mar Leanas

Tá Phoenix chlár Éibhir faon faoi leacaibh ar lár,
réilteann na féile is caraid na ndámh,
saormharcach tréitheach na bhfalarthach stáit
Réamonn do thréanfhuil na nGearaltach sámh.

Is brón liom tu ar feochadh sa chill, a Ghrás,
lóchrann ghoirt Fódla agus críche Fáil,
ógbhruinneall mhómhrach na rinnrosc sámh,
do phórfhuil na leoghan do dhíoladh dámh.

**Foinsí:** ARÉ A .iv. 2 (27), 97 – 99, a scríobh Seán de Niadh i gCorcaigh idir na blianta 1751 agus 1757 **(A)**; Corcaigh T. lxvi., a scríobh scríobhaí neamhaithnid i ndiaidh na bliaina 1770 is cosúil (19ú haois?) **(B)**; LNÉ G 160, 1, 2 & 7, a scríobh scríobhaí neamhaithnid san ochtú nó sa naoú haois déag **(C)** [An tríú LS an-chaite in áiteanna sa tslí is gur deacair malairtí a thaispeáint uaithi ar uairibh. Níl ach go dtí l. 72 den téacs le fáil anso].

**In eagar cheana:** APMG 99 – 102.

**Meadaracht:**

1 – 96 Caoineadh / ( x ) x x í – /

97 – 100	Amhrán	/ *é –  – é – – (–) a –  – á /

101 – 104	Amhrán	/ *ó –  – ó – – í – á /

**Nótaí téacsúla:**

Caoineadh ar Réamann Mac Gearailt agus Grás Nic Gearailt, deartháir agus deirfiúr leis an bhfile tar éis gur cailleadh an bheirt acu sa bhliain chéanna, 1722. Ní foláir nó tá an dán so ar cheann de luathdhánta Phiarais; más fíor gur sa bhliain 1709 a saolaíodh é féin ní bheadh sé ach trí bliana déag d'aois ach ar cailleadh an bheirt atá á gcaoineadh anso ach, dar ndóigh, b'fhéidir nár scríobh sé an dan ar an toirt ach gur fhan sé tamall de bhliantaibh sular chum sé na línte ealaíonta so.

Tabharfar faoi ndeara ná fuil ach trí throigh sna línte seo a leanas: 14, 17, 21, 23, 29, 38, 44, 49, 57 agus 81.

**3. easaibh na hÍomna:** Is léir gurb í abhainn na hUaimní in oirthear Chorcaí atá i gceist anso .i. An Uaimneach. Féach http://www.logainm.ie/1166865.aspx (ceadaithe 2 Lúnasa 2012). Cloím le foirm na LSÍ anso toisc go bhfuil an fhuaim /i:/ ag teastáil de réir na meadarachta.

**8. gan lúith:** Tá an fhoirm mhalartach so den bhfocal lúth in FGB (s.v. *lúith*).

**9. nimhneach:** Tá an fhuaim /i:/ ag teastáil sa chéad siolla den bhfocal so agus é le mar /n'i:nəx/ ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an patrún [í – ] ag teastáil ag deireadh na líne.

**10. ag bantracht Choic Samhna na síbhrog:** Cnoc Samhna i gCo. Luimnigh atá i gceist leis seo. Féach http://www.logainm.ie/30848.aspx (ceadaithe 3 Nollaig 2011) mar a ndeirtear gurb í 'féile na Samhna atá i gceist anso, de réir dealraimh, ach b'fhéidir gur logainm ann féin a bhí sa **Samhain** seo tráth.'

**11. Deirdre:** An t-ainm pearsanta so le rá mar /deːr'd'r'ɘ/ ar mhaithe le comhfhuaim na líne. An spéirbhean álainn ar éalaigh Naoise agus a dheartháireacha léi sna seanscéalta *Longas mac n-Uislenn* agus *Oidheadh Chloinne hUisneach*. Féach Mac Giolla Léith (1993).

**11. do ghéan:** Is ionann é seo agus *do gheoin*. Glacaim leis gur foirm aonuaire é seo a cumadh ar mhaithe le riachtanas comhfhuaime na meadarachta mar a bhfuil an fhuaim /e:/ ag teastáil ar son na meadarachta.

**11. Clíona:** Bean sí a bhain le deisceart Chúige Mumhan. Is uaithi seo a baisteadh an tonn dhraíochtúil úd, 'Tonn Chlíona', a bhíodh le clos amach ó chósta theas Chorcaí, in aice le Cuan Dor, de réir an tseanchais. Féach Ó hÓgáin (1991: 90 – 92).

**13. Áine:** Síbhean a bhain le deisceart na Mumhan óna n-ainmnítear Cnoc Áine i gCo. Luimnigh. Féach Ó hÓgáin (1991: 20 – 22).

**13. Aoibheall:** Síbhean a chónaigh ar an gCraig Liath i gCo. an Chláir agus a raibh dlúthbhaint aici leis na Brianaigh de réir an tSeanchais. Féach Ó hÓgáin (1991: 38).

**15. Meidhbh:** Meadhbh, banríon mhiotasach Chonnacht ar duine de phríomhcharachtair na Rúraíochta í. Féach Ó hÓgáin (1991: 293 – 295). An t-ainm seo le rá mar /m'aiv'/ is cosúil ar mhaithe le comhfhuaim a dhéanamh leis an bhfocal teinn / t'ain'/ sa líne chéanna. Níl aon fhianaise ar an bhfoirm seo a bheith comónta i *gCorpas na Gaeilge* agus mar sin is dócha gur litriú de chuid an údair, nó de chuid an scríobhaí, atá anso agus gur ar mhaithe leis an bhfuaimniú a léiriú a scríobhadh mar seo í.

**16. bás an Ghréagaigh éachtaigh:** Chreidtí gur bhain na Gearaltaigh leis an nGréig .i. gurb as an nGréig a thángadar ar dtúis (féach de Brún et al., 1986: 168; Uí Chatháin, 2006: 498). Féach leis líne a 29.

**18. Loch Éirne:** Tá dhá Loch Éirne (Loch Éirne Uachtair agus Loch Éirne Íochtair) i gCo. Fhear Manach. Féach: http://www.logainm.ie/1166358.aspx agus http://www.logainm.ie/1166359.aspx

**18. go fuidheach:** = go faíoch. Tá an focal so le rá le dhá shiolla mar /fiːɣ'əx/ toisc go bhfuil an patrún [í – ] ag teastáil ag deireadh na líne ar son na meadarachta. Féach Ua Duinnín (s.v. *fuidheach* 'free, copious, fluent').

**19. Mis ní Dháire:** Iníon le Dáire Donn ab ea í seo de réir an tseanchais. Ba í seo an príomhcharachtar sa tseantéacs úd *Mis agus Dubh Ruis*. Féach Ó hÓgáin (1991: 297 – 298).

**19. Gráinne:** Iníon Chormaic mhic Airt a d'éalaigh le Diarmuid Ó Duibhne sa téacs clúiteach Fiannaíochta úd *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*. Féach Ó hÓgáin (1991: 161 – 3).

**19. Aoife:** Ní fios cén tsíbhean atá i gceist anso. Ní dócha gurb í seo an ógbhean a rug mac, Conlaoch, do Chú Cúlainn sa seantéacs *Aided Oenfir Aífe* nó, ní dócha ach oiread, gurb í leasmháthair Chloinne Lir í sa seanscéal úd ar deineadh deamhan aeir di.

**20. na trí coin:** 'The three champions' (féach Ua Duinnín s.v. *cú* 'a hero, a champion'). Is do na símhná atá díreach luaite roimhe seo atáthar ag trácht anso is cosúil. Thabharfadh an dá LS (féach malairtí) *na trí choin* dúinn ach ós rud é gurb é consan lom a fhaightear ar iolra an ainmfhocail de ghnáth tá an téacs leasaithe agam ar mhaithe le rialtacht.

**21. Tuamhain**: Dúiche i dTuaisceart Chúige Mumhan timpeall ar Cho. An Chláir agus Co. Luimnigh. Féach http://www.logainm.ie/104321.aspx

**21. go Duibhneach':** Barúntacht Chorca Dhuibhne in Iarthar Cho. Chiarraí. Féach: http://www.logainm.ie/1165884.aspx. Ba dhóigh leat ó fhoirm na LSÍ, 'Duibhneach', gurb é tuiseal ginideach an ainmfhocail atá anso againn ach ní gá ach an uaschamóg a chur isteach chun an tuiseal ainmneach iolra a sholáthar, cé go mb'fhéidir go mbeadh súil againn le *go Duibhneachaibh* mar atá ag Aogán Ó Rathaille (Ó Buachalla, 2007: 12), foirm ná sásódh an mheadaracht.

**22. Cluain Meala:** Baile Chluain Meala i gCo. Thiobraid Árann.
Féach: http://www.logainm.ie/67189.aspx

**23. Béal Inse:** Is cosúil gurb é Oileán Dairbhre i gCo. Chiarraí atá i gceist anso. Féach http://www.logainm.ie/22439.aspx mar a dtugtar le fios gurbh é 'Béal Innse' a thugtaí ar an áit seo sa tseanaimsir.

**23. cois Leamhna:** An Leamhain. Abhainn i gCo. Chiarraí. É le rá mar /l'aunə/ d'fhonn comhfhuaim a dhéanamh le 'Banda' /baundə/.
Féach: http://www.logainm.ie/101278.aspx

**23. cois Bhanda:** Abhainn na Bandan i gCo. Chorcaí. Féach an nóta thuas.
Féach: http://www.logainm.ie/116056.aspx

**23. cois Bhríde:** An Bhríd. Abhainn a shíneann trí Cho. Phort Láirge agus trí Cho. Chorcaí. Féach: http://www.logainm.ie/1165563.aspx

**24. cois Abha Bige:** An Abha Bheag. Abhainn i gCo. Chorcaí.
Féach: http://www.logainm.ie/116038.aspx

**24. cois Life** An Life. An abhainn a shníonn isteach sa bhfarraige ag Áth Cliath.
Féach: http://www.logainm.ie/1166309.aspx

**29. Réamonn:** Réamonn Mac Gearailt († 1722), deartháir an fhile.

**29. Greágach:** Féach an nóta ar líne 16 thuas.

**32. marcach séimh na gcaol-each:** Tá an fhoirm *caol(-)each* comónta go maith (27 sampla i g*Corpas na Gaeilge*) agus é mínithe ag Ua Duinnín (s.v. *caol*) mar 'graceful steed'. Féach mar shampla, 'is Sionainn chlainne Loirc na gcaol-each' (Ó Buachalla (2007: 20) agus 'Do-gheobhair an caoleach éadrom óg' (Ó Conchúir, 2009: 33).

**34. fálach:** 'Fáiltheach' a thabharfadh na léamha LSÍ dúinn ach i dtaobh gurb é 'fáilteach' an focal a thagann roimhe seo glacaim leis gur *fálach* atá anso. Féach Ua Duinnín (s.v. *fálach* 'protecting').

**37. Aicill:** Achilles, laoch mór na nGréagach i gcogadh na Traoi. Féach (Grimal, 1991: 5 – 10).

**39. Hector:** Laoch mór na dTraíoch a mharaigh Achilles i gcogadh na Traoi. Féach Grimal (1991: 172 – 173).

**39. Traoi:** Cathair na Traoi atá suite i dtuaisceart na hÁise Bige.

**40. Ájax:** An tarna laoch ba mhó le rá i measc na nGréagach ag Cogadh na Traoi. Féach Grimal (1991: 28 – 30).

**41. Lugh do choilligh tíortha:** Lugh lámhfhada, dia de chuid na gCeilteach atá i gceist anso (féach Ó hÓgáin, 1991: 272 – 76). Mar le ciall na líne anso, is dócha gurb é 'Lugh who destroyed countries' atá i gceist. Féach DIL, s.v. *coilllid* 'damages, violates, destroys agus féach na malairtí léamha thíos.

**42. Goll mac Morna:** Duine de mhórlaochra cáiliúla na Féinne. Féach Ó hÓgáin (1991: 246 – 7).

**43. Diarmuid ó Duibhne:** Duine de mhórlaochra cáiliúla na Féinne agus an laoch ba thábhachtaí den bhFéinn i gCúige Mumhan. Féach Ó hÓgáin (1991: 161 – 63).

**44. Réamonn:** Réamonn Mac Gearailt († 1722), deartháir an fhile agus duine den bheirt atá á chaoineadh anso. Cf. líne 29.

**47.i bhfochair na buíne:** Is é a thabharfadh léamha na LSÍ dúinn ná 'na bruíne' ach dhealródh sé gur 'buíon' seachas 'bruíon' ba cheart a bheith anso againn agus tá an téacs leasaithe agam dá réir sin.

**49. Phoenix:** Éan na miotaseolaíochta a raibh bua an aiséirithe aige. Tá sé seo le rá mar /fe:n'ix/ ar son na meadarachta toisc go bhfuil an fhuaim /e:/ ag teastáil anso.

**50. bráthair Mhuiris lér coilleadh an tír seo:** Is cosúil gurb é Muiris mac Sheaghain mhic Gearailt († 1626) , tiarna na nDéiseach sa seachtú haois déag agus duine de shinsir Phiarais atá i gceist anso. Féach APMG: 2. Is deacair an tagairt anso don chrích a bheith á coilleadh (.i. á scriosadh nó á milleadh; féach Ua Duinnín s.v. *coillim* 'ruin, destroy … violate, transgress') agus ansan don tír ar fad a bheith á tabhairt faoi smacht na nGall a thuiscint, áfach. Bhain Piaras, dar ndóigh, leis na Sean-Ghaill agus is dócha gur bhraith sé gurbh iad a mhuintir féin a dhein an chríoch a shaothrú agus a thabhairt chun míntíreachais ach, mar sin féin, ba dhóigh le duine gur ag cáineadh na nua-Ghall a bhí sé anso seachas ag moladh a dhearthár.

**51. Inis Laoire, Néill is Chriomhthain:** Tá seanainmneacha á dtabhairt ar Éirinn anso i ndiaidh triúr dá cuid seanríthe: Laoghaire mac Néill Naoighiallaigh, Niall Naoighiallach, é féin agus Criomhthan nia Náir, ríthe ar Éirinn de réir an tseanchais. Tá an ainm Laoire le rá mar /le:r'ə/ ar son na meadarachta.

**52. dá hísbirt:** Is ionann an fhoirm áirithe seo agus 'íosbairt'. Féach Ua Duinnín (s.v. *ísbirt, íospart* 'hardship, abuse, harm, damage' srl.).

**53. Grás:** Grás Nic Gearailt († 1722), deirfiúr an fhile. An tarna pearsa atá á caoineadh sa dán so.

**57. lomscrios:** An briathar so le rá le trí shiolla mar /lomɘs'k'r'ɘs/ ar son na meadarachta toisc trí shiolla a bheith ag teastáil sa chéim seo den líne.

**60. Phoebus:** Ainm malartach ar Apollo, dia na gréine sa litríocht Chlasaiceach. Féach Grimal (1991: 48 – 51 , 351).

**70. Ceard:** An cruthaitheoir, Dia. É le rá mar /k'a:rd/ ar mhaithe le comhfhuaim na líne. Féach Ua Duinnín (s.v. *ceárd* ‘a worker, a smith, a poet, an artist’).

**72. gan phoimpleam**: Leagan malartach den bhfocal *poimp* ‘pomp, pride’ atá anso de réir fhoclóir an Duinnínigh (s.v. *poimp*).

**76. Carraig na Sáirfhear:** Carraig na bhFear i gCo. Chorcaí. Féach: http://www.logainm.ie/9336.aspx

**78. ar thriathaibh Ghearaltach bhfreastalach mhaoitheach:** Tá nós na Gaeilge clasaicí á leanúint ag an bhfile anso sa mhéid is go bhfuil urú ar an gcéad aidiacht tar éis ainmfhocail sa ghinideach iolra ‘bhfreastalach’ cé gur séimhiú atá ar an tarna haidiacht ina dhiaidh sin ar mhaithe le cúrsaí uaime faoi mar ba dhóigh le duine .i. tá an fhuaim /v/ atá ann faoi dhó. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**81. sa Ghaoidhilge:** Is é an chúis go bhfuil an litriú áirithe seo ceadaithe anso ná toisc go bhfuil an fhuaim /i:/ ag teastáil don mheadaracht .i. /ɣi:lgɘ/ mar a bhfuil an patrún [í –] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne.

**84. Cathair na Trae:** Cathair na Traoi. Féach nóta ar líne 39. ‘Traoi’ an ghnáthfhoirm (féach, mar shampla ‘Hector i ndeifir na Traoi’ **1**, 39) ach soláthraíonn an fhoirm mhalartach ‘trae’ an fhuaim /e:/ atá ag teastáil sa chéim seo den líne.

**85 / 88. fuil Ghearaltach .. fuil chróga na Róisteach … fuil Bhrianach .. fuil ainmhear na gCarathach:** Tá teaghlaigh mór le rá Chúige Mumhan, idir Ghaeil agus Sean-Ghaill, á lua anso .i. na Gearaltaigh, muintir Phiarais, muintir de Róiste, muintir Uí Bhriain agus muintir Charthaigh.

**92. na diadhachta:** Féach DIL (s.v. *díadacht* 'divinity, theology,' col. 57. 20 – 25) agus Ua Duinnín (s.v. *diadhacht*) . Cloím leis an litriú stairiúil anso. Tá an focal le rá mar /di:xtə/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc an patrún [í – ] a bheith ag teastáil ag deireadh na líne. Féach na malairtí léamha thíos.

**97. Phoenix:** Tá an fhuaim /e:/ ag teastáil ar son na meadarachta agus an focal le rá mar .i. /fe:n'ic's'/ dá bharr sin.

**96. Clár Éibhir:** Seanainm ar Éirinn agus í ainmnithe i ndiaidh Éibhir a bhí ina rí ar dheisceart na hÉireann sa tréimhse réamhstaire de réir an tseanchais. Féach Ó hÓgáin (1991: 174).

**102. Fódla .. Fál:** Seanainmneacha fileata ar Éirinn.

**103. mómhrach:** = mómhar(ach). Féach Ua Duinnín (s.v. *módhmhar* 'modest, stately, gentle' srl) mar a ndeireann sé gur mar *móbhrach* a deirtear an focal. Féach chomh maith DIL (s.v. *modmar*).

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: Piaras Mac Gearailt cct. In mortem fratris et sororis sui. AB On the death of his brother and sister C. 1. ní thigean C 2. daorse A 8. san iúir A / gan lúith AB 12. dúr gcaoimhne A dúr ccaoimhne B 13. Iomhuil A Iobhuil B / Meidhibh B 16. bás an ghreagaigh fhiocmhur B 18. go faoid(h?)e A go fóidhe B 20. cathaach A cathachach B/ na trí choin AB 22. go calluith bhéil innse A calaith bheoil ínse B 27. ndeaig A ndaig B 34. failteach failtheach A fleagach fáilteach fialtach B 36. gan ciach gan cinnteacht B 37. cuinge AB / a mbruighin A a mbruidhean B 39. a deifir B 40.

caoisgear A cciosgur B caoisgear C 41. Lúig do chuilthidh A Lúig do chsúilthidh B do chuardaig C 46. le hinntleacht AB 47. na bruigne ABC 48. an iúil AB 49. don trean fhuil B 50. cuileamh ABC 54. mac adhamh AB buingean C 57. lomasgrios AB / mheidhill AB 59. thar mhnáibh B 63. faingeach AB 64. go hómbrach A / saoilseach AB 66. a caoidheasgur A a caodheasgur B 69. bruíghthe A bruíthe B do chomm AB 72. gan poimpleam 74. tugas B / mealladh me am líonta B 77. rr liom B 80. andeag chruith AB 81. sa Ghaoidhilge A sa nGaoidheilge B 85. sa bfior sgoith B 88. ainimhir AB 89. do dhealabhaidh A do ghealb***haidh*** 90. caoitheach A 91. saoilseach AB 92. daoidheachta A díodhachta B 94. ann riaghail A 99. bhfalartach stát A bhfaltharach stát B

## 2. Ar Bhás Mháire Paor

Ar dtaisteal dom lá is mé ar fán im aonar,
cois na Siúire, srúill na méithbhreac,
do chonnarcsa ríoghan is í go déarach,
fá amhgar cumhra i ndúchnead traochta.

Fá dhéin an bhruinneall do dhruideas go héasca,
is do réir mo mheabhair do labhras léise,
cá tír, cá hinead duit, innis gan bhréag dom,
nó créad é an fáth do ghártha a réilteann?

D'fhreagair an ríbhean mhíonla, mhaordha,
go modhail, go milis, go miochair, go béasach,
is dúirt, 'A dhuine, cár hoileadh tú ar aonchor,
mar nach feasach duit adhbhar mo ghéarghoil?'

'Mise an tsíbhean chaointeach, chéasta,
ba sheasamhach buíon i gcríochaibh Déiseach,
gur leagadh na saoithe fíontach, féastach,
d'fhúig gan fuinneamh me ag sileadh na ndéara.

Is bás na bruinneall ba shoineanda séanmhar,
dathúil, banúil, flaithiúil, féastach,
dualach, dáilteach, páirteach, béasach,
cruipeannfhoilt, cuachach, buacach, péarlach.

Ba dhíobh san Máire mhánla, mhaordha,
iníon Phiarais flaith na Féile,
ó Chnoc an Leathair na bhflatha ba shéanmhar,
's dob áille cáil in áitreabh Déiseach!

Seo an bhean do chloígh na mílte im éagmais,
bean gan fuath ná gruaim roimh chéadta,
bean do scaipeadh, gan mairg, gan éileamh,
fíon is feoil, is beoir ’s méithmhairt.

Ba mhinic ’na timcheall saoithe ’s éigse,
in Uí Mac Coille cois toinne na stéidbharc,
uaisle eaglaise, flaithe agus béithe,
is bruinneallaibh míonla mínchnis, maordha.

Ba mhinic id ghrianbhrog triatha is laochra,
is scata ban uasal buacach, péarlach,
ceolta ’s fíonta, rince is pléireacht,
aca le fáil, is fáilte ghléigeal.

Ba mhinic id halla agat gasra dhod ghaolta,
is tú go dearfa taitneamh na cléire,
uaisle, saoithe, draoithe ’s éigse,
is iad gan atuirse ag scaipeadh na mbléithe.

Ba tú go dearfa taitneamh na cléire,
taitneamh ’s greann ’s ansacht béithe,
taitneamh na n-ardfhlaith n-ársa néata,
is taitneamh na ndaoine b’ísle ar aonchor.

Um Nollaig nó uim Cháisc ’s gach lá don téarma,
is tríd an mbliain a dhé-bhean mhaordha,
do bhí dho chistinse tuilte do mhéithmhairt,
toirc ’s uaill is im is éanlaith.

Ó Cheapaigh na gCuach beidh sluaite laochra,
ó Bhaile an Táilliúra, Dún an Fhéir ghlais,
ó Cheapach Chuinn na saoithe séanmhar,
is ón gCurrach Mór – monuar! – fád dhéinse.

Ó Thigh na Coille beidh foireann at éileamh,
ó Chill Chais na bhFlaith ba thréine,
ó Chúirt Inghheartha Churrach na Slaoda,
mar a mbíodh Pilib ceannfhinne na gcaomhChraith.

Is mo sháirfhear sámh don Phaorfhuil,
do thiocfadh tar triúch go dubhach at éileamh,
Seán geal uasal suairc mear saonta,
ón Chlais Mhóir ler buadh an fhéile.

**Foinsí:** ARÉ 12 F 6 (887), 23 – 25, 1848 (A); ARÉ 24 C 43 (1173), 212 – 216, 1827 - 28 (B); ARÉ 12 E 24 (907) , 239 – 242, 1845 (C). [An scríobhaí céanna, Seán Ó Dálaigh, i mBaile Átha Cliath is dócha, a bhreac na trí lámhscríbhinn seo agus is ar éigean má tá siolla de dhifríocht eatartha. Leanaim an ceann is déanaí anso toisc í a bheith an-soiléir agus, chomh maith leis sin, toisc na nótaí mínithe i mBéarla ón scríobhaí sa LS seo a sholáthraím sna nótaí thíos.]

**In eagar cheana:** APMG: 58 – 59.

**Meadaracht:**

1 – 60 Caoineadh / x x x é – /

**Nótaí téacsúla:**

Caoineadh a chum Piaras ar a mháthair féin, Máire Paor, mar is léir ón gceannscríbhinn: *Iargnú nó Marbhchaoineadh ar bhás Mháire Iníon Phiarais Paor, beanphósta Mhichíl Mhic Réamainn Mhic Gearailt, Baile Uí Cheannfhaoladh. Piaras Mac Gearailt cct.* De réir Uí Fhoghludha (APMG: 7) cailleadh Máire Paor ag tosach mhí Feabhra sa bhliain 1753: ' dhein máthair an fhile a hudhacht lé Fhéile Stiofáin, 1752, agus mhair sí sé seachtmhaine éigin i n-a dhiaidh sin, ag fagháil bháis di an cúigmheadh lá de Faoilte 1753.'

**Nóta an scríobhaí:** *Ballykenely (sic), a townland in the parish of Ballimacoda (sic) and the Barony of Imokilly near Youghal, Co. Cork, of which place Pierce Fitzgerald was a native.*

**5. fá dhéin an bhruinneall:** Bheadh súil ag an léitheoir le *fá dhéin na bruinille* ach tá an chosúlacht air go bhfuil an tuiseal ginideach á sheachaint anso ar son na meadarachta cé gurbh fhuirist an téacs a leasú chun go léifí *fá dhéin na bruinnill'* sa tslí is ná cuirfí isteach ar an meadaracht. Mar sin féin, tá fianaise againn ná bíodh an tuiseal ginideach i gcónaí ag Piaras féin tar éis réamhfhocal comhshuite agus dob fhéidir a áiteamh, dá bharr san, gur ghné den Ghaeilge a chleacht an file é féin atá anso againn. Féach an plé ar chúrsaí teangan.

**6. do réir mo mheabhair:** Tá an tuiseal ainmneach uatha anso thar ceann an ghinidigh uatha tar éis réamhfhocail chomhshuite. Bheimis ag súil le *do réir mo mheabhrach* anso agus ní chuirfeadh an fhoirm seo isteach ar an meadaracht. Féach an nóta ar líne 5 thuas agus an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**7. innis:** Is ionann an fhoirm seo agus **'**inis'. Cloím leis an bhfoirm seo den bhriathar (féach Ua Duinnín s.v. *innisim* agus FGB s.v. *innis*) sna téacsanna ar fad atá in eagar anso.

**16. ag sileadh na ndéara:** Bheadh súil againn le *ag sileadh na ndéar* (Ua Duinnín (s.v. *déar)* ach dhealródh sé gur foirm aonuaire í seo a chomhlíonann riachtanas na meadarachta toisc an patrún [ é – ] a bheith ag teastáil sa chéim dheireanach den líne. Tá tarraingt ar shamplaí den bhfoirm seo *i* g*Corpas na Gaeilge*. Féach, mar shampla, 'Ag sileadh na ndéara' (Ó Foghludha, 1938 (c): 35) agus 'mar aon le tuille déara' (Ó Siochfhradha, 1941: 244). Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**17. bás na bruinneall:** Féach an nóta ar líne 5 thuas áit a ndeintear an ginideach uatha a sheachaint tar éis réamhfhocail chomhshuite .i. *fá dhéin an bhruineall*. Tá an chuma ar an scéal sa chás seo go bhfuil an ginideach uatha baininscneach i gceist, faoi mar a bheifí ag súil leis nuair a thagann ainmfhocal i ndiaidh ainmfhocail eile, ach gan an focal féin a bheith infhillte faoi mar ba cheart. Ní dócha go gcuirfeadh *bás na bruinnill'* an mheadaracht as a riocht ach fágaim an fhoirm faoi mar a fuaras é. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**20. cruipeannfhoilt:** 'Wavyhaired' nó rud éigin den saghas sin. Féach *cruipeannach* (Ua Duinnín s.v.) ' wavy (of hair)' + folt (Ua Duinnín s.v.) 'in compds. '–hair, –haired'. B'fhéidir gur focal é seo a chum an Gearaltach féin mar chuaigh díom aon sampla eile de a aimsiú i g*Corpas na Gaeilge* (cf. Ó Murchú, 2005: 145).

**22. iníon Phiarais flaith na Féile:** Tá an mheadaracht sa líne seo beagáinín lochtach sa mhéid is nach ceart chomhfhuaim a dhéanamh idir **iníon** /i:/ agus **Piaras** /ia/. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**23. Cnoc an Leathair:** Cnoc an Leathara i gCo. Phort Láirge.
Féach http://www.logainm.ie/49906.aspx áit a dtugtar an leagan *Cnoc an Leathara* mar leagan oifigiúil an lae inniu. Is léir áfach ón ábhar cartlainne a sholáthraítear anso gurbh ann don leagan *Cnoc an Leathair* sa seachtú haois déag mar a thugann na foirmeacha ***Knockalaor*** (ón mbliain 1622) agus ***Knockelaher*** (ón mbliain 1658) le fios.

**Nóta an scríobhaí:** *Knockalahar, a townland near Aglis, Co. Waterford.*

**27. gan mairg:** Bheadh súil ag an léitheoir le ‘gan mhairg’ b’fhéidir ach tá an dá nós ann i gCúige Mumhan go stairiúil agus anuas go dtí an lá inniu. Féach Ua Súilleabháin (1994: 506) mar a ndeireann sé gur féidir ‘consan a shéimhiú nó a fhágáil lom i ndiaidh *gan*’.

**30. Uí Mac Coille:** Cé gurb é ‘Uí Mhic Coille’ an leagan oifigiúil den logainm seo cloím leis an leagan stairiúil a bhfuil fianaise ina thaobh le fáil ag an nasc so: http://www.logainm.ie/30.aspx (ceadaithe 28 Samhain 2011).

**31. uaisle eaglaise:** ‘Nobles of the church’ is dócha atá i gceist anso. D’fhéadfaí a thuairimiú gurb í an uimhir iolra den bhfocal *eaglaiseach* (Ua Duinnín s.v.) ‘a churchman’ atá anso ach bheadh súil againn le ‘eaglaiseacha’ nó ‘eaglaisigh’ i ndáiríribh dá mba ‘nobles (and) churchmen’ a bheadh ann.

**31. flaithe:** Tá an fhoirm seo mar uimhir iolra ag Ua Duinnín (s.v. *flaith*) seachas *flatha* a mbeadh súil againn leis, b’fhéidir.

**33. grianbhrog:** Comhfhocal atá anso againn: *grian* + *brog* nó *brugh*. Tá an ceannfhocal *brog* ag Ua Duinnín (s.v. ‘a house, a mansion, a castle’). Is dócha gur ionann grianbhrog agus *grianán* ‘a summer house or palace’ (Ua Duinnín s.v.) agus féach DIL (s.v. *grían* col. 158. 40 - 45) mar a bhfaightear an sampla *i ngrian-brugaibh Parduis*.

**40. ag scaipeadh na mbléithe:** ‘Ólachán’ atá i gceist anso. Féach Ua Duinnín (s.v. *bléith*) mar a mínítear an bunfhocal mar ‘corn’ agus mar a dtugtar an sampla seo: *tál na bléithe, alcholic spirits*. Ginideach iolra atá anso againn agus, mar sin, dob fhéidir an frása sa líne seo a aistriú mar ‘the sharing out of strong drinks’.

**43. na n-ardfhlaith n-ársa néata:** Is cosúil go bhfuil urú ar an aidiacht 'ársa' anso ar mhaithe le chomhfhuaim agus ar aithris ar nós na Gaeilge Clasaicí urú a chur ar an aidiacht sa tuiseal ginideach iolra. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**45. uim Cháisc:** Cé go mb'fhéidir go mbeifí ag súil le 'um' anso roimh chonsan leathan tá an chosúlacht air gur minic a fhaightear an fhoirm seo *uim* seachas *um* roimh chonsan leathan i nGaeilge na nDéise. Is é an nós céanna atá ann i gCorca Dhuibhne sna frásaí *uim Cháisc* agus *uim Nollag* (Ó Sé, 2000: 197).

**46. is tríd an mbliain a dhé-bhean mhaordha**: Tá an mheadaracht sa líne seo beagáinín lochtach sa mhéid is nach ceart chomhfhuaim a dhéanamh idir **tríd** /i:/ agus **mbliain** /ia/. Féach leis an nóta ar líne 22 agus an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**48. toirc 's uaill is im is éanlaith:** B'fhéidir ná fuil an chomhfhuaim atá ag teastáil i lár na líne seo ann in aon chor mura nglacfaí le comhfhuaim idir *toirc* /i/ agus *im* /i/ cé go mbeimis ag súil le /i:m/ de ghnáth anso i nGaeilge na Mumhan. B'fhéidir eile ná gurbh amhlaidh gur mhí-léamh a deineadh ar LS éigin áit a raibh *saill* (FGB s.v. 'salted, fat meat') le léamh seachas *uaill* anso.

**49. Ó Cheapaigh na gCuach:** An Cheapach i gCo. Phort Láirge. Tá trí cinn d'áiteanna sa chontae céanna a bhfuil an logainm seo orthu. Is léir ó nóta an scríobhaí thíos gurb é an ceann seo, a bhfuil eolas ina thaobh ag an nasc seo, atá i gceist: http://www.logainm.ie/50627.aspx (ceadaithe 30 Deireadh Fómhair 2012).

**Nóta an scríobhaí:** *Cappagh, the beautiful seat of Richard Usher Esq. about four miles from Dungarvan on the road to Capoquin (sic).*

**50. ó Bhaile an Táilliúra** Baile an Táilliúra Íochtarach : http://www.logainm.ie/49885.aspx (ceadaithe 30 Deireadh Fómhair 2012).

**Nóta an scríobhaí:** Ballintaylor, part of the estate of Sir M. Musgrave Best.

**51. Cheapach Chuinn na saoithe séanmhar:** Ní foláir an focal *Chuinn* a rá mar /x'i:n'/ d'fhonn chomhfhuaim shásúil a dhéanamh le *saoithe* sa líne seo. Ceapach Choinn i gCo. Phort Láirge atá i gceist: http://www.logainm.ie/49885.aspx Féach leis an nóta ar líne 22 thuas.

**Nóta an scríobhaí:** Cappoquinn (sic), a nice little town situated on the river Blackwater, about sixteen miles from Youghal

**52. ón gCurrach Mór:** An Currach Mór i gCo. Phort Láirge: **http://www.logainm.ie/49136.aspx** (ceadaithe 30 Deireadh Fómhair 2012). An focal 'Mór' le rá mar /muar/ ar mhaithe le comhfhuaim.

**Nóta an scríobhaí:** Curraghmore, the seat of the Maguires of Waterford.

**53. Thigh na Coille:** Tá trí áit i bPort Láirge leis an ainm seo. Is léir, áfach, ar a chóngaraí is atá sé do na logainmneacha eile atá luaite anso gurb é an ceann so i bParóiste Cill Molaise atá i gceist: http://www.logainm.ie/49523.aspx (ceadaithe 30 Deireadh Fómhair 2012).

**Nóta an scríobhaí:** *Woodhouse, the seat of the Uniackes.*

**54. ó Chill Chais na bhFlaith:** Cill Chaise i gCo. Thiobraid Áran: http://www.logainm.ie/48329.aspx (ceadaithe 30 Deireadh Fómhair 2012).

**Nóta an scríobhaí:** *Kilcash, a townland within four miles of Clonmel, part of the estates of the Maguires of Ormonde and formerly the seat of some members of that distinguished family.*

**55. ó Chúirt Inghearthach Churrach na Slaoda:** Currach na Slaodaí i gCo. Phort Láirge: http://www.logainm.ie/49560.aspx (ceadaithe 30 Deireadh Fómhair 2012). 'Ingheartha' atá sna LSÍ ach féach Ua Duinnín (s.v. *inghearthach* 'perpendicular,

true'). Is cosúil go bhfuil comhfhuaim á dhéanamh anso idir ingh**ea**rthach /a/ agus c**u**rrach /u/.

**Nóta an scríobhaí:** *Sl[e]ady Castle in the Co. Waterford.*

**56. Pilib ceannfhinne na gcaomhChraith:** Pilib Mac Craith (féach an nóta ón scríobhaí).

**Nóta an scríobhaí:** *Philip McGrath, the founder of the above castle.*

**59. Seán uasal suairc mear saonta:** Ní fheadar an é seo an Seán Paor atá á chaoineadh sa chaoineadh seo eile de chuid Phiarais 'Ar bhás Sheáin Paor'?

**60. ón Chlais Mhór:** Clais Mhór i gCo. Phort Láirge. http://www.logainm.ie/50561.aspx (ceadaithe 30 Deireadh Fómhair 2012). An focal 'Mhóir' anso le rá mar /vuar'/ ar mhaithe leis an meadaracht.

**Nóta an scríobhaí:** *Clashmore, a small village within four miles of Youghal – and the residence of some of the Power family who formerly represented the Co. Waterford in Parliament.*

**Malairtí:**

Ceannscríbhinn. Iargnúghadh no Marbhchaoine air bhás Mháire Inghíon Phiarais Paor, beanphósda Mhichíl mhic Réamuinn mhic Ghearailt Bhaile Uí Cheannfhaoladh. Piaras Mac Gearailt cct. 5. fá dheáin an bhruingoill A fá dheoin an bhruingiol 7. inis B 30. Íoma Coille ABC 45. am Nodlaig nó uim Cháisg A am Nodlaig nó am Cháisg B an Nodlaig nó 'm Cháisg C 55. inghheartha ABC

**Leagan Malartach:**

Tá an leagan in APMG: 58 – 59 bunaithe ar an dá lámhscríbhinn dhéanacha so: Corcaigh T vi, 20 - 21, Pádraig Stundún, 1885; Corcaigh T vii, 20, 102 – 3. Pádraig Stundún 1883 – 4.

[Bunaithe ar T. vi.]

Ag taisteal dom lá's mé ar fán im aonar,
cois na Siúire, srúill na méithbhreac,
do dhearcas lem thaobh an tsíbhean mhaordha,
fá dhair chumhra i ndúchnead traochta.

Faoi dhéin na bruinnille dhruideas go héasca,
'S cheistíos ise le hurraim is éifeacht,
cá tír nó ainm duit innis gan bhréag dom,
nó cad fáth do ghártha a réilteann?

Dúirt sí 'A dhuine, cár hoileadh tu ar aonchor,
i gcosán coille nó ar imeall an tsléibhe 'muigh,
an le seachmall atáir ar fán ód ghaolta,
fá ndeara nach fiosach duit m'anacar saolta?'

'Ó! An tú Máire cháidh na céille?
iníon Phiarais – triath na féile,
ó Chnoc an Leathara na bhFlatha béasach,
's dob uasal cáil i ndáil' Dhéiseach.'

Id chistin ar crochadh bhíodh barrmhairt mhéithe,
id phroinnteach leathan níor ghortach do thréithe,
ag riaradh turcaithe ’s toirc gan áireamh,
do theann ’s do sheang gach am ar chlár ann.

Id halla do chínnse buíon id dhéidhse,
bláth do choim nár fríth díchéille,
fearaibh is mná gach lá ’s gach féile,
cé ’s fada faoi leacaibh dóibh scartha ó chéile.

A Rí na fine, na cruinne ’s na réalta,
tóg a cuid cloinne, an bhuime ’s a céile,
Máire mhómharach – plúrscoth Déiseach
go dídean Pharthais is aingil dá n-aodhaireacht.*

* Tá an focal so le rá mar /e:r'ɔxt/ ar mhaithe leis an meadaracht.

**3. Ar Bhás Sheáin Paor**

Lá is me ar mhaoilinn ardchnoic aoibhinn, ársa, binnghil Éadaine
i dtoirchim suain i mbrollach an chuain is mé torchartha im thruaill ’s im aonarán;
do chuala láimh liom uaill is gártha ’s cruaghol cásmhar, géarshilte
ag dream do bhábaibh, bantracht álainn, ba chantalach, cráite, créacht-shnoite.

Is iad go deorach, pianmhar, brónach, diachrach, sceonmhar, déarathach
ag réabadh a gcuach, a gcéibh’ ’s ag uallfairt go traochta, gruafhliuch, léirbhriste;
do bhíogas suas le sceimhle is buairt ’s is bíogmhar, buartha d’fhéachas-sa
is ba léir liom eadartha réilteann taitneamhach go tréan ag greadadh a haolchroibhe.

A glinnrosc péarlach líonta do dhéaraibh, a croí go tréan dá léirbhriseadh,
is í go dubhach, bocht, cloíte, túirseach, líonta do smúit ’s do ghéibheannaibh;
do casadh liom an eala chumhartha, an ainnir mhúinte, thaobhleabhair,
is do dhearcas í le greadadh saighead isteach im chroí go héigneach.

‘A Mhánla bhúidh, a bhláith na dtriúch, fáth do chumha is do dhéara tiugh
aithris domhsa a ainnir chróga is cailce cló gan céim ar bith.’
Do ráidh an ríbhean chráifeach, chaoin, go cráite, caoidheamhail, céimneach:
‘A fhir ’charas an laoi is leamh an ní nach feas duit brí mo dhéara goirt.

Cé fada ar fán mé ag Danair társna i seana-áitribh Éibhire
is mé dam ruagadh le tréine is mórgacht ’s Gaeil go buartha am éileamhsa
níor fealladh riamh me, níor greadadh dian me, níor ceapadh rian go daor ionam
gur leagadh lóchrann ’s ceap na Fódla, an Seabhac róghlan, réilteannach.

Creach na críche, creach na tíre, creach ’gus sceimhle Déiseacha,
creach is brón na bhflathaibh cróga, creach is gleo na mbéithibh dil,
creach na maighdean maiseach, mbraighidgheal, greidheanda néamharach**,**
creach na nUasal ’s na Seabhac suairc, mear ’chanadh duain is dréacht suite.’

‘A Fhir chanas dréacht seo an chreach lér thréig – mo chreach! – mo ghné agus m’éifeacht me
crú na leon, lonnrach, lóghmhar, trúmpach, treorach, traochta anois.’
‘Agraim tú, a mhaiseach bhúidh, do ghread go dlúth ’s do ghéarghoin me,
síthigh liom a ríoghain chiúin is brí mo rúinse léigfead riot.’

Ar bpreabadh suas dam as mo shuan ’s ar gcloistin fuaim do ghéarghoil-se
is tapa bhíogas ’s pras do smaoineas gur leagadh Príomhfhlaith Déiseacha;
’s nuair dhoirchigh an ghrian gan solas, gan rian is na srothaibh go dian ag géimnigh,
’s gur dhubhach tar chóir do bhrúcht an bhóchna is gur chiúin gan glór an tréad binne.

Do dhubhaigh an ré go dubhach gan ghné ’s gan lonnradh is baoth na réilteanna,
ach scamaill ’s smúit do leathanaigh chughainn ó leagadh san úir an tréanchuradh;
ráib na Féile, ráib na daonnacht’, ráib ba séimhe in Éirinn dil,
curadh buacach, sultmhar, duantach, trupach, sluamhar, séadmharach.

Searc na Cléire, searc na mbéithe, searc na Saesars ngléigeal thu,
searc na ríbhan maiseach, míonla, searc na bhflathaibh bhfíontach, bhféastach thu;
dragan lonnrach, frasach, fiúntach, scaiptheach, súgrach, séanmhar, glic
d’fhág i mbrón gach stáidfhear cróga is ráib d’fhuil oirdheirc Dhéiseacha.

Ba gheal an radharc an seabhac greidheanda ar each ba mheidhreach léim is rith
le sluaite do laochra uasal éachtach ar bhruach na sléibhte slaod-dhuilleach;
ba bhinn é glao ód mhilisbhéal ar gcloistin béic na bhfaolchona
i ndiaidh an chaolphoic, siansach, saothrach ’s triatha is laochra ag géilleadh dhuit.

Is dubhach atá gach cúileann mhánla is úrghas álainn, aerga anois
ó leagadh thú – mo chreach! – san úir go daingean dúnta i néid chrithir,
is iomdha iarla, flaith ’s tiarna is dragan ciallmhar, séamharach
i ndeoidh do bháis go brónach, tláith go deorach, tnáite, taomannach.

Is iomdha saoi glan, fiúntach, fíontach, ’s cúileann mhíonla, dhéadmhilis,
is dragan cróga, fleadhach, frómhtha, is seabhac dóite id dhéidhse inniu;
is iomdha páiste ba shúgach, sásta id dhún ’s it áitreamh néamharach
is créachtach atáid ó scar do lámh le scaipeadh an aráin ’s na méithmharta.

Do scaradh suairceas le Clais Mhór, do scaradh leis duanta is dréacht milis
do scaradh saoithe do scaradh fíonta ’s do scaradh aoibhneas saolta leis;
ó do leag an bás an Seabhac álainn fleadhach, fáilteach, faobharach
atá screadadh is gártha ag flathaibh ársa ó Chaiseal cáidh go Béarra inniu.

D’imigh údar caoin meabhail ’s a laoithe a Phlúir ba chaoimhe do Phaoracha
do bhéarfainn cuntas ar do chrúshliocht ’s do mhéin ba lonnrach, néamharach;
atá fhios ag diúicí is ag ardshliocht prionsaí i gClár Luirc, dúthaigh Éibhir ghlic
gur scaradh do chrú go ceannasach, clúmhail go léanmhar, lonnrach, réaltannach.

Is fíor gur scagadh id chaomhfhuil chalma ríora Chaisil na saor-ríthe
’san Diúic Builtéar ba dhlúth id ghaol an t-úrghas séanmhar séadmharach
an tIarla Déiseach ’s an tIarla Paorach ’s an tIarla i gcéin gur thréanchuradh
do sreabhadh id chrú le gradam is clú, a mharcaigh na dtrúp gan bhréig ar bith.

Atá uch is cruaghol ag Loch Luachra tocht ’s buairt it éagmaise
is cloinn Chraith cróga líonta le deoraibh ní nach tóigthe d’éinne orthu
atá Cill Bheithne líonta ’dhéir ghoirt, tír ’nár ceileadh do thréithese
do ghaolta dlúth, a Phaoraigh úir, gach caomhChraith lonnrach réilteannach.

Ba chúirt aolbhaigh, cúirt na slaoda, cúirt na mBéithe maordha, dil
gur cuireadh ar gcúl ár gcluiche ’s ár gcúirt ’s gach bile is gach lonnrach ó d’éagais-se
atá sliabh gCua ’na shliabh gan suairceas sliabh ba dhuantach, dréachtmhilis
ó leagadh ’san gcriaidh an faraire fial an seabhac ba ghrianda in Éirinn dil.

Ba ghrianda an marcach thu i ndiaidh an gharbhphoic ar shliabh na mbarrfhionn mbán aolchnis
is gasra cróga in aice mo leoin ag leanmhain ceol na bhfaolchona
is súite tirim atá an tSiúir is an tSionainn, san úir ó cuireadh an tréanchuradh
tá an Bhrídeach ’s an Bhearú líonta i gcathú  le bíogadh is fá chumha ’ot’ éileamhsa.

Ba mhinic san bhfiach cois Broice na bhFiann tú is foireann triatha is laochra
i ndeoidh an tsionnaigh go ceolmhar, muirneach, oirdheirc, criostalach, néamharach;
ba mhinic it éileamh bruinneallaibh néata, gilechnis, maordha, léannta, glic
id dhún go soilseach, fiúntach, fíontach ’s tú go caoin dá mbréagadh san.

Do dheachtaoi suairceas i gClais Mhór, fastaím bhuan is dréacht milis
ceol is aoibhneas, feoil is fíonta, lóchrann soilseach ’s caolchruite;
is minic nárbh fhann ar imirt na lann mar churadh ba theann mar Shaesar tu
’s is córach, calma, cróga, ceannasach mar leoghan le gallaibh chum eirligh tu.

Is brón lem chroí, a leoghain aoird, nár dheonaigh Críost do shaoghalsa
do thiacht tar calaith go grianda calma an triath ’s an gasra réifeadh sinn;
ba mhinic a shláinte ag foireannaibh stáit is mise gan tlás dá taoscadh sin
id dhún go soilseach, fiúntach, fíontach, a Phlúir ba chaoimhe do Phaorachaibh.

Ní hionadh saoithe ar buile gan bhrí ó cuireadh i gcill do thréithese
a chraoibh lonnraigh, aoibhinn, ionraic, gríofa, clúmhail, réilteannaigh;
cois Sionna na dtonn is Life na long tá siosma is glam id dhéidhse inniu
ó chríochaibh Uladh go críochaibh Chonnacht an tír inar rugadh do chéilese.

Cáit an bhrollaigh ghil, álainn, foirtile, bláth is solas na mbéithe dil
réilteann ríoga, maordha, míonla, séimh, gan phoimp, gan bhaothleamhas,
coigilte i dtuama it fhochair monuar tug osna is buairt agus déara goirt
brón gan scaoileadh ceo gan aoibhneas ar óg ’s ar chríonna i nDéiseachaibh.

Fá ndeara do chlann bheith scamallach fann gan aiteas gan ghreann in bhur n-éagmais-se
is flathaibh na Mumhan is na barrfhionnaibh ciúin i gcaismirt go dubhach id dhéidhse inniu;
dob fhogas do chroíse i bpobal Íosa, le osna le caoi ’gus déara goirt’
dod chaoineadh féin, a shaoi gan bhéim, má scinn duit claonadh in aon turraing.

Dob aithríoch cróga an flaith fíor-oirdheirc ’na pheacaíbh somholta éadtroma
le cumha is eagla Chúirt na bhFlaitheas i gcúrsa an pheaca bheith éadmharach;
le saoilteacht beatha ná aoirdeacht ghradaim níor thréig an tAifreann naomh-mhilis
ba rogha leis na flaithis mar thoghadh ’s mar ghradam ná glam is tairbhe an tsaoghail seo.

Ó threoraigh Íosa ó bhrón an tsaoil mo leoghan d’fhíorscoth Paoracha
go ríocht na bhFlaitheas i measc naoimh is aingil díonaigh a anam a Dhé mhilis;
dírigh a anam go ríocht na bhFlaitheas A Chríost do cheannaigh gach n-aon againn
’s a mhaighdean bheannaithe, bhraighidgheal, thaitneamhach soilsigh sealbh is réidhtheach dó.

An Feartlaoi

Mo chreach, monuar, mo bhuairt lem shaol arís,
mo scread, gan chluain, mo shuaircfhear craobhach, groí
i gClais Mhór i dtuama tréith gan bhrí,
flaith gan ghruaim dob uaisle méin is gníomh.

Gníomh doilbh is caí poibileach is lánchreach Gael,
gníomh oirdheirc ríchosantach gan tlás le tréan
i gcill torchartha, is fíorghoinideach go bráth an scéal,
príomhlloinneardha groí, gormdhearcach, Seán geal Paor.

Sin eadraibh sceol mar nócht ’s ní fáilteach é
gur marbh mo bhrón an leon dob áille scéimh,
ba laideanta, lóghmhar, lóchrann dáimh’ is cléir’,
fá ndeara dham deora is brón bheith táite im chréacht.

Mo chréacht is m’osna go doilbh, mo chás, mo chnead,
craobh is cosnamh na bpoibileach tláith gan phreab
tá séan is sonas it fhochair go bráth, a leac,
an Paorach brolla-gheal coigilte id pháirt i bhfeart.

**Foinsí:** Gaillimh de hÍde 18, 15 – 24 a scríobh Labhrás Ó Fuaráin i gCo. Phort Láirge sa bhliain 1786 **(A)**; ARÉ 23 L 38 (304), 42 – 45 a scríobh Risteard Ó Muirriain i nDún Garbhán Cho. Phort Láirge c. 1765 –7 **(B)**; ARÉ 23 B 5 (433), 215 – 226 a scríobh Tomás Ó Conchubhair i dTiobraid Árann sa bhliain 1828 **(C).**

**Lámhscríbhinní eile:** Corcaigh C7, 37 – 47; C 63, 545 – 548; T. vi, 3 – 13; T. vii, 8 – 17; Cambridge 38 / Add 6558, 236 – 240; Harvard MS. Ir. 1; Cartlann Chathair agus Chontae Chorcaí IE 0627 G 3 (b), 4 – 15.

**In eagar cheana:** APMG: 61 – 69.

**Meadaracht:**

1 – 108 Amhrán: / x – x – x – x – x – x – é – – /

Seacht gcéim i ngach líne agus patrún comhfhuaime foirfe i gach líne.
Céim /é - - / ag deireadh gach líne: mar shampla (ll. 5 – 8.):

/ – ia – ó –  ia – ó – ia – ó – é – –/
/ – é – ua – é – ua – é – ua – é – – /
/ – í – ua – í – ua – í – ua – é – – /
/ - é – a – é – a – é – a – é –  – /

**N.B.** D'fhéadfaí ***Ochtfhoclach Breachtach*** a thabhairt ar an meadaracht so chomh maith ( Ó Donnchadha, 1925: 88)

109 – 124 Amhrán le conchlann idir na véarsaí:

109 – 112 /  *a – ua – ua – é – í   /

113 – 116 / * í o  – – í o – – –á –  é /

117 – 120 / *a –  – ó – ó – á – é  /

121 – 124 / * é –  o – – o – – á – a /

**Nótaí téacsúla:**

Is léir ó na ceannscríbhinní gur ón gClais Mhór ab ea an Seán Paor atá á chaoineadh anso agus gur cailleadh é ar an tríú lá de mhí Iúil sa bhliain 1754. Caoineadh i bhfoirm aislinge atá sa dán so agus is follas gur dhuine an-tábhachtach i ndomhan Phiarais ag an am ab ea an Paorach so a dtugtar 'Príomhfhlaith Déiseacha' air thíos. Ós rud é go raibh gaol ag Piaras le Paoraigh na Claise Móire ar thaobh a mháthar déarfainn gur uncail le Piaras, deartháir a mháthar, a bhí anso. Bhí 'Seán Óg Paor' ón gClais Mhór ar dhuine de na seiceadóirí in uacht a dhein athair Phiarais agus thuairimeoinn, mar sin, go mb'fhéidir gurbh é an fear céanna atá á chaoineadh sa dán so.

**1. binnghil Éadaine:** Deineann an focal 'binnghil' amas cruinn le 'mhaoilinn' agus 'aoibhinn' anso. Comhlíonann an fhoirm aonuaire 'Éadaine', faoi mar a bheadh focal baininscneach ón tarna díochlaonadh sa tuiseal ginideach uatha ann, riachtanas na meadarachta chomh fada is a bhaineann sé le céim dheireannach na líne [ é – –]. Níl aon fhianaise i g*Corpas na Gaeilge* a thabharfadh le fios gur gnáthfhoirm atá anso. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**5. go deorach … déarathach:** Tá na foirmeacha malartacha so in aon líne amháin spéisiúil sa tslí is go gcomhlíonann siad riachtanais na meadaracha ó thaobh comhfhuaime i lár na líne (an fhuaim /o:/ ag teastáil) agus líon na gcéimeanna ag deireadh na líne chomh maith (é – –). Féach Ua Duinnín (s.v. *deor, deorach, déar, déarach*). Níl teacht ar an bhfoirm seo *déarathach* i g*Corpas na Gaeilge* agus glacaim leis gur foirm aonuaire atá ann ar mhaithe le riachtanas na meadarachta dá bharr san. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**6. ag réabadh … a gcéibh':** Ginideach iolra atá anso againn i. *a gcéibhe* atá ann ach go bhfuil an guta deireanach báite ar mhaithe leis an meadaracht. Féach Ua Duinnín (s.v. *ciabh*) mar a luann sé an fhoirm iolra so.

**8. réilteann:** Tá an fhoirm mhalartach so luaite ag Ua Duinnín (s.v. *réalta* 'a fair lady').

**8**. **ag greadadh a haolchroibhe:** Féach FGB (s.v. *crobh*) mar a dtugtar le fios gur féidir leis an bhfocal so a bheith baininscneach agus gurb í foirm an ghinidigh uatha ná *croibhe*. Is ar mhaithe le riachtanas na meadarachta atá an fhoirm seo anso toisc go bhfuil an patrún [é – –] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne. Bheimis ag súil le ginideach iolra is dócha.

**10. túirseach:** Deineann an focal so chomhfhuaim le 'smúit' sa líne chéanna. Ní haon fhoirm aonuaire atá anso ach oiread faoi mar atá le feiscint i bhfoclóir an Duinnínigh (s.v. *tuirseach*) mar a bhfuil an fhoirm seo agus foirmeacha eile ar nós 'tóirseach' agus 'tursach' luaite chomh maith.

**12. saighead:** An focal so le rá mar /si:əd/ toisc an fhuaim /i:/ a bheith ag teastáil don mheadaracht.

**12. go héigneach:** Tá trí shiolla ag teastáil sa bhfocal so de réir riachtanais na meadarachta mar a bhfuil an patrún [é – – ] ag teastáil ag deireadh na líne. É le rá mar /he:g'ən'əx/.

**13. a bhláith na dtriúch:** Tugann an Duinníneach le fios gur ann don bhfoirm mhalartach so den bhfocal 'triúchadh' a chiallaíonn 'a cantred' nó 'a district' dar leis (Ua Duinnín s.v. *triúch*, *triúchadh*).

**15. céimneach:** Tá trí shiolla ag teastáil anso arís de réir riachtanais na meadarachta. Le rá mar /k'e:m'ən'əx/. Ciallaíonn sé seo 'in high position, remarkable' nó a leithéid de réir fhoclóir an Duinnínigh (s.v. *céimneach* agus *céimeamhail* 'stately, majestic.' Féach leis FGB (s.v. *céimiúil* 'distinguished, notable').

**17. Danair társna:** féach Ua Duinnín (s.v. *tarsna*) mar a dtugann sé na cialla so a leanas faoin bhfocal 'tarsna': 'crooked, wrong'. Oireann sé sin don chomhthéacs anso. An mheadaracht faoi ndeara an fhoirm seo leis an bhfuaim /a:/ a bhfuil ceithre shampla dhéag di le fáil i g*Corpas na Gaeilge*. Féach mar shampla 'Is társna brónach geóin na tíre' (Ó Foghludha, 1938 (a): 26) agus 'An dragan nár fiaradh riamh le dlighthibh társna' (Ó Foghludha, 1938 (c): 11). Is minic go n-úsáidtear an focal 'danar' chun cur síos a dhéanamh ar eachtrannaigh faoi mar atá le feiscint sa líne seo as an dán cáiliúil ón seachtú haois déag 'Do chuala scéal do chéas gach ló mé': 'Atáid na danair i leabaidh na leóghan' (de Brún et al.: 1986, 32). Féach chomh maith Ua Duinnín (s.v. *danar*).

**17. i seana-áitribh Éibhire:** Foirm ócáide nó foirm aonuaire is ea an fhoirm ghinideach so 'Éibhire' (faoi mar a bheadh ainmfhocal baininscneach ón tarna díochlaonadh sa ghinideach uatha ann) agus é ag teastáil ar mhaithe leis an meadaracht toisc go n-éilíonn an mheadaracht go mbeadh trí chéim ag deireadh na líne [é – –] . Sinsear na nGael, mac

le Míle Easpáinne, ab ea Éibhear de réir an tseanchais. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**18. mórgacht:** Níorbh fholáir an défhoghar /ua/ a bheith le clos sa bhfocal so ar mhaithe le comhfhuim na meadarachta agus é le rá mar /muargəxt/ dá réir sin.

**19. níor fealladh riamh me:** Tá úsáid an bhriathair seo 'feall' mar bhriathar aistreach suimiúil anso: 'I was never failed/betrayed. Tugann an sampla so as FGB (s.v. *feall*) '***D'fheall na barra i mbliana*** *The crops failed this year'* le fios go mb'fhéidir gur briathar aistreach atá ann leis ach tá sé luaite mar bhriathar neamhaistreach san áit chéanna agus gurb é an réamhfhocal 'ar' a ghabhann leis, faoi mar gurb é an réamhfhocal 'for' a ghabhann leis an seanbhriathar *fellaid* (DIL s.v.).

**19. níor ceapadh rian go daor ionam:** Is dóigh liom gur féidir é seo a thuiscint mar 'I was never harshly/severely cut or marked' nó a leithéid. Leasaigh Ó Foghludha an téacs chun go léifimis 'níor ceapadh pian go daor ionam' ach ní raibh fianaise na LSÍ aige chuige.

**22. brón na bhflathaibh . . . gleo na mbéithibh:** Tá dhá shampla anso den tuiseal tabharthach iolra thar ceann an ghinidigh iolra. Bheadh súil againn le 'brón na bhflaith' agus 'gleo na mbéithe' anso. D'fhéadfaí a rá go bhfuil ciall le 'brón na bhflathaibh' ó thaobh na meadarachta (sé sin le rá go bhfuil dhá chéim ag teastáil seachas an t-aon chéim amháin a thabharfadh 'bhflaith' dúinn) ach ní fhéadfaí a rá go bhfuil an tarna sampla riachtanach sa tslí chéanna. Tabharfar faoi ndeara, áfach, go bhfuil sraith bhreá fuaimeanna sa líne seo de bharr fhoirceann an tabharthaigh iolra a bheith ann faoi dhó. Sé sin le rá go bhfuil an fhuaim /v/ faoi thrí againn anso .i. brón na **bhf**latha**ibh** . . . gleo na mbéith**ibh** agus b'fhéidir gurb í an fhuaim sin faoi ndeara, ar uairibh, úsáid an tabharthaigh iolra thar ceann an ghinidigh nó an ainmnigh i bhfilíocht den saghas so. Mar le plé ginearálta ar leathnú fhoirceann an tabharthaigh sa Nua-Ghaeilge féach Ó Mainnín (2007). Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**23. creach na maighdean maiseach mbraighidgheal:** Is ar mhaithe leis an sraith fuaimeanna sa líne seo atá an aidiacht 'braighidgheal' uraithe anso ar aithris nós na Gaeilge Clasaicí urú a chur ar an aidiacht sa ghinideach iolra. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**23. greidheanda:** Cé gur *gréanda* nó *greannda* a thabharfadh na LSÍ dúinn anso, leanainm an leasú a dhein Ó Foghludha (APMG: 63) chun gurb é 'greidheanda' a léimid anso. Tá an fhuaim /ai/ ag teastáil don mheadaracht anso agus mar sin tá an focal le rá mar /gr'aində/. Níl aon sampla eile den bhfoirm seo i g*Corpas na Gaeilge* ach is dócha gur féidir é a thuiscint mar 'cheerful' nó a leithéid (féach Ua Duinnín agus FGB s.v. *greadhnach* 'exulting', 'cheerful' srl.).

**25. dréacht seo an chreach:** Cé go mbeadh súil againn le 'dréacht seo na creiche' is dealraitheach go bhfuil an ginideach uatha á sheachaint ar mhaithe leis an meadaracht sa líne seo mar a bhfuil an patrún fuaime [é – a] ag teastáil faoi dhó. Tá sé le tabhairt faoi ndeara go bhfuil an focal so 'creach' le fáil faoi dhó sa líne seo mar a bhfuil 'mo chreach!' sa tarna cuid di. Leasaigh Ó Foghludha an téacs chun go léifí 'mo chreat' (APMG: 63) ach níl fianaise na LSÍ ann le go ndéanfaí aon leasú mar seo. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**26. lonnrach:** Tá an fhuaim /u:/ ag teastáil anso agus mar sin is mar /lu:nrəx/ atá an focal so le rá. Féach leis línte 39, 58, 60, 68 agus 70.

**28. síthigh liom**: Dob fhéidir an méid seo a thuiscint mar 'pacify me', 'calm me' nó rud éigin den saghas sin. Féach DIL (s.v. *sídaigid* 'pacifies, makes peace (between), makes peace (with)', agus de Brún et al., (1986: 9, 160) mar a luaitear an míniú 'make calm' leis an mbriathar céanna. Tá an chuid eile den líne seo beagáinín ait sa mhéid is gurb é an file atá chun 'brí a rúin' a ligean leis an spéirbhean seachas an scéal a bheith an tslí eile timpeall. Ní foláir an réamhfhocal 'liom' anso a rá mar /l'u:m/ d'fhonn an mheadaracht a thabhairt slán.

**29. ar bpreabadh:** Féach malairtí léamha. D'fhéadfaí glacadh le 'ar phreabadh' ach b'fhéidir gurb é an léamh in 'B' an léamh is fearr anso toisc gurb é an t-urú a leanann an réamhfhocal 'ar' nó 'iar' nuair is é is ciall leis ná 'tar éis'. Féach Ua Duinnín (s.v. *ar*, *iar*). Féach chomh maith 'ar gcloistin' sa líne chéanna so mar a bhfuil an fhuaim /a/ ag teastáil ann. Tá 'ar gcloistin' le fáil ag líne 43 leis agus an fhuaim /i/ le clos ann.

**29. do ghéarghoil-se:** Cuirtear deireadh obann leis an agallamh idir an file agus an spéirbhean álainn ag an bpointe seo nuair a phreabann an file as a shuan cé go mba dhóigh le duine ón aidiacht shealbhach so (2ú pearsa uatha) go bhfuil an file fós ag caint leis an spéirbhean nó an 'ríoghain chiúin' in ainneoin é a bheith dúisithe óna 'thoirchim suain.'

**30. Príomhfhlaith Déiseacha:** Bheadh súil againn le 'Príomhfhlaith Déiseach' nó 'príomhfhlaith na nDéise' anso ach toisc an patrún [é – – ] a bheith riachtanach i gcéim dheireanach na líne soláthraíonn an file an fhoirm ócáide nó an fhoirm aonuaire seo ar mhaithe le riachtanas na meadarachta. Ní heol dom gur ann don bhfoirm 'Déiseacha' sa chaint ná i bhfilíocht na tréimhse seo; sna Déise agus i nDéiseachaibh a deirtear. Féach líne 40 chomh maith mar a bhfuil an fhoirm chéanna ag deireadh na líne. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**32. 's gur dhubhach tar chóir do bhrúcht an bhóchna:** Féach na malairtí léamha. Leanaim 'B' anso óir is é an léamh is fearr é ó thaobh céille agus ó thaobh meadarachta de. Is féidir an líne seo a thuiscint mar 'the roar of the ocean was unnaturally melancholic.'

**32. gan glór an tréad binne:** Is dócha gur féidir é seo a thuiscint mar 'without the sound of the musical band'. Cé go mbeimis ag súil le 'glór an tréada bhinn' is dealraitheach gur foirm aonuaire ar mhaithe leis an meadaracht atá anso mar a bhfuil an patrún [é – –] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**36. trupach:** Cé gur fuaim /u:/ a bheadh anso de ghnáth (féach FGB s.v. *trúpach*, 'abounding in troops') is gá an fhoirm seo le /u/ a sholáthar d'fhonn an mheadaracht a shásamh.

**37. Searc na cléire, searc na mbéithe, searc na Saesars ngléigeal thu:** Tá an líne seo suimiúil: 'the one beloved of the clergy, of the fair maidens and of the clear, bright Caesars.' Is dealraitheach gurb iad na Stíobhartaigh atá i gceist anso agus gur tagairt don mheas a bhí ag an té atá á chaoineadh, Seán de Paor, ar na Stíobhartaigh atá ann i ndáiríribh. Féach an nóta ar líne 63 mar le tagairt do Shéarlas Éadbhard, an Stíobhartach, 'an tIarla i gcéin.'

**38. searc na bhflathaibh bhfíontach, bhféastach thu:** Féach an nóta ar líne 22 mar leis an tuiseal tabharthach iolra thar ceann an ghinidigh iolra agus an chomhfhuaim a bhaintear amach dá bharr. Tabharfar faoi ndeara go bhfuil céim sa bhreis sa líne seo mar gheall ar an bhfocal 'bhflathaibh' a chuireann céim iomarcach [a –] sa líne seo. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**40. oirdheirc:** Níorbh fholáir an focal so a rá le /o:/ chun riachtanas na meadarachta a shásamh .i. /o:r'γ'irc/

**41. greidheanda:** Féach an nóta ag líne 23.

**42. slaod-dhuilleach:** Glacaim leis gur comhfhocal atá anseo .i. 'slaod' + 'duilleach' agus an chiall 'luxuriantly leafy' nó a leithéid aige.

**43. ba bhinn:** Tá an fhuaim /i/ ag teastáil sa bhfocal so seachas an guta fad /i:/ a bheadh ann go nádúrtha.

**43. na bhfaolchona:** Tá foirm an ainmnigh iolra thar ceann an ghinidigh iolra anso i dtaobh go bhfuil trí shiolla ag teastáil i gcéim dheireannach na líne [é – – ] ar mhaithe le

cruinneas meadarachta. Tá sampla eile den bhfoirm seo le fáil ag líne 74. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**46. i néid chrithir:** 'In a nest of clay'. Glacaim leis gur foirm ócáide atá i 'néid' anso, foirm den bhfocal 'nead', agus é sin chun riachtanais na meadarachta a shásamh. Féach an sampla so a leanas: 'ba lámh a néid naithreacha neimhe' (Ní Chróinín, 1952: 14). Mar leis an bhfocal 'crithir', oireann an chiall 'fine clay' don chomhthéacs (Ua Duinnín s.v *crithir*).

**47. iomdha:** Tá an focal so le rá mar /ama/ ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an fhuaim /a/ ag teastáil ag tosach na líne.

**47. séamharach:** Leanaim an léamh in A anso cé go bhféadfaí *séanmharach* 'happy, prosperous' (Ua Duinnín s.v. ) a léamh anso chomh maith. Glacaim leis gur foirm aonuaire atá anso bunaithe ar an bhfocal *seamhrach* 'vigorous, hale, sprightly' (Ua Duinnín s.v.) ach an guta fada /e:/ agus an guta cúnta soláthraithe d'fhonn an mheadaracht a shásamh. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**48. taomannach:** = taom(n)ach. Tá an fhoirm mhalartach so ag Ua Duinnín (s.v. *taomnach* 'ill, diseased, weak srl.). Tá trí shiolla ag teastáil anso don mheadaracht i gcéim dheireannach na líne [é – – ].

**49. iomdha:** Tá an focal so le rá mar /u:ma/ ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an fhuaim /u:/ ag teastáil ag tosach na líne.

**50. frómtha:** Is ionann é seo agus 'fromhtha' nó 'profa', 'proven', (féach Ua Duinnín s.v. *fromhtha* agus DIL s.v. *fromtha*). Tá an guta fad /o:/ ag teastáil ar son na meadarachta anso.

**51. iomdha:** Tá an focal so le rá mar /u:ma/ ar mhaithe leis an meadaracht mar atá an fhuaim /u:/ ag teastáil ag tosach na líne.

**51. néamharach:** Is ionann é seo agus 'niamhrach' 'bright, shining, brilliant srl.' Féach Ua Duinnín (s.v *néamhrach*). Oiriúnaíonn an fhoirm thríshiollach so an mheadaracht mar a bhfuil [é – –] ag teastáil ag deireadh na líne.

**52. le scaipeadh … na méithmharta:** Glacaim leis gur comhfhocal atá anso .i. méith + mart, a chiallaíonn 'succulent beef(s).' Féach Ua Duinnín (s.v. *mart*, *méath*) agus FGB (s.v. *méith*). D'fhéadfaí é seo a léamh mar ghinideach uatha (tríú díochlaonadh) nó mar ghinideach iolra neamhghnáthach mar a bhfuil an deireadh [– a] ag teastáil ar mhaithe leis an meadaracht

**53. Clais Mhór:** Áit dhúchais an té atá á chaoineadh atá in iarthar Cho. Phort Láirge agus cóngarach go maith do Bhaile Uí Chionnaola mar a raibh a thigh cónaithe ag Piaras. Féach:http://www.logainm.ie/50561.aspx (ceadaithe 24 Samhain 2011). Tá 'Mhór' le rá mar /vuar/ anso ar mhaithe leis an meadaracht.

**55. fleadhach:** Féach Ua Duinnín (s.v. fleadhach 'feasting, convivial'). Tá dhá shiolla ag teastáil sa bhfocal so de réir riachtanais na meadarachta.

**56. Caiseal:** Caiseal Mumhan i gCo. Thiobraid Árann áit a mbíodh ríthe na Mumhan de réir an tseanchais. Féach http://www.logainm.ie/47909.aspx (ceadaithe 24 Samhain 2011).

**56. Béarra:** Barúntacht in Iardheisceart Chorcaí.
Féach: http://www.logainm.ie/38.aspx (ceadaithe 24 Samhain 2011).

**57. údar caoin meabhail:** 'A gentle beguiling author'. Cé gur 'shameful, disgraceful, treacherous,' srl. na gnáthchialla atá leis an aidiacht 'meabha(i)l' (féach DIL s.v. *mebal*, *meblach*; Ua Duinnín s.v. *meabhal*, *meabhlach*) is féidir é a thuiscint mar 'beguiling, pleasant' anso mar a thugann FGB le fios (s.v. *meabhlach*). Níorbh fholáir an focal so a rá mar le dhá shiolla mar /m'au(v)u:l'/ d'fhonn riachtanas na meadarachta a shásamh.

**57. do Phaoracha:** Féach gurb é an Tuiseal Tabharthach Iolra atá ag líne 88 agus féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**58. cuntas ar do chrúchliocht:** Caitear faid a chur leis an réamhfhocal 'ar' anso agus é a rá mar /e:r'/ toisc an patrún [ú – é – ú -] a bheith ag teastáil don mheadaracht.

**58. néamharach:** Féach an nóta ar líne 51.

**61. chaomhfhuil:** Tá an focal so le rá mar /ki:vil'/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc go bhfuil an fhuaim /i:/ ag teastáil anso.

**63. an tIarla i gcéin:** Ní foláir nó gur tagairt don Stíobhartach atá anso againn agus i dtaobh gur sa bhliain 1754 a cailleadh an té atá á chaoineadh anso is é is dóichí gurbh é Séarlas Éadbhard a bhí i gceist ag Piaras anso.

**65. Loch Luachra:** Baile fearainn i ndeisceart Cho. Thiobraid Árann. http://www.logainm.ie/48049.aspx (ceadaithe 24 Samhain 2011).

**66. is cloinn Chraith cróga líonta le deoraibh:** Ní foláir nó bhí gaol ag an té atá á chaoineadh anso le muintir Mhic Craith mar a thugann líne 68 thíos le fios. Tá an focal 'cloinn' le rá mar /kli:n'/ anso ar mhaithe leis an meadaracht.

**67. Cill Bheithne:** Coill Bheithne in oirthear Cho. Luimnigh, áit go mbuaileann an trí chontae, Luimneach, Tiobrad Árann agus Corcaigh le chéile. An fhuaim /i:/ a bheith ag teastáil don mheadaracht faoi ndeara an litriú 'Cill' anso. http://www.logainm.ie/1411741.aspx (ceadaithe 24 Samhain 2011). Ní foláir 'Bheithne' a rá leis an bhfuaim /e:/ anso ar mhaithe leis an meadaracht. Tá siolla in easnamh idir an dá chuid den logainm seo toisc gurb é an patrún [í – é] is ceart a bheith ann.

**67. líonta ’dhéir ghoirt:** ‘Full of bitter tears.’ Is dealraitheach gur foirm mhalartach iolra den bhfocal ‘deor’ atá anso ar mhaithe leis an meadaracht. Tá dhá shampla den bhfoirm iolra seo i g*Corpas na Gaeilge*.

**67. ’nár ceileadh:** Tá ‘ceileadh’ le rá mar /k'e:l' əx/ anso ar mhaithe leis an meadaracht.

**68. do ghaolta dlúth, a Phaoraigh úir, gach caomhChraith lonnrach réilteannach:** [Féach an nóta ar líne 66. thuas]. ‘Your relatives, o noble Paorach, every shining, beautiful, beloved McCraith.’

**72. san gcriaidh::** ‘Sa chré’. An Tuiseal tabharthach uatha den bhfocal cré. Féach DIL agus Ua Duinnín (s.v. *cré*). Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**73. ar shliabh na mbarrfhionn mbán aolchnis:** Tá siolla sa bhreis i gcéim dheireanach na líne seo mar gheall ar an bhfocal so ‘bán’ ná fuil ag teastáil anso i ndáiríribh: [ - ia – a – **á** é - -]. Dob fhéidir trí shiolla a dhéanamh den bhfocal ‘aolchnis’ ag deireadh na líne is dócha ar mhaithe leis an meadaracht mar a thugann an litriú ‘aol chinis’ i gCorcaigh C 7 (féach foinsí thuas) le fios. Tá an patrún [é – –] ag teasáil anso agus mar sin bheadh sé le rá mar /e:l x'inis'/.

**75 / 77.** Tá lua ar aibhnte na hÉireann anso, mar atá, an tSiúir, an tSionainn, an Bhrídeach, An Bhearú is an Bhroice.

**78. oirdheirc:** Níorbh fholáir an focal so a rá le /o:/ chun riachtanas na meadarachta a shásamh .i. /o:r'γ'irc/

**80. soilseach:** Tá an focal so le rá mar /si:l's'ɘx/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc go bhfuil an fhuaim /i:/ ag teastáil sa chéim seo den líne.

**Níl ll. 81 – 88 in B.**

**81. Do dheachtaoi suairceas:** Dob fhéidir é seo a thuiscint mar 'joyousness / pleasantness used to be ordained / taught.' Féach DIL (s..v *dechtaid 2*, *dechtaigid* 'dictates, teaches' srl.) agus Ua Duinnín (s.v. *deachtuighim*). Mar leis an bhfocal 'suairceas' (DIL s.v. *súarcus* agus Ua Duinnín s.v. *suairceas*) féach an plé atá ag McQuillan (2006) ar a thábhacht agus ar a bhríonna difriúla i bhfilíocht an 18ú haois.

**81. fastaím:** An focal so le tuiscint mar 'pleasure, pastime, merrymaking'; féach DIL (s.v. *fastuím* (from Engl.) 'pastime.')

**82. caolchruite:** Dob fhéidir an focal so a thuiscint mar 'graceful harps'; féach Ua Duinnín (s.v. *caol* 'graceful').

**83. mar churadh:** An fhuaim /i/ seachas /u/ atá ag teastáil sa bhfocal curadh.

**85. aoird:** An fhoirm seo ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an fhuaim /i:/ ag teastáil. Tá tarraingt ar shamplaí den bhfoirm seo i g*Corpas na Gaeilge*.

**86. tar calaith:** 'Across the sea.' Tá sé le tuiscint ón méid atá le léamh in Uí Chatháin (2006: 393) gur leagan malartach den bhfocal 'caladh' atá sa bhfocal 'calaith' seachas leagan malartach de thabharthach uatha an fhocail sin mar ba dhóigh le duine, b'fhéidir.

**88. soilseach:** An focal so le rá mar /si:l's'ɘx/ ar mhaithe leis an meadaracht. An fhuaim /i:/ ag teastáil.

**89. Ní hionadh:** Is gá an focal so a rá mar /hina/ toisc go bhfuil an patrún [i – í] ag teastáil sa mheadaracht.

**89. i gcill** Tá an focal so le rá le mar /g'i:l'/ agus an guta fada /i:/ ann toisc an fhuaim sin a bheith ag teastáil don mheadaracht.

**91. cois Sionna na dtonn is Life na long** Tá na focail 'dtonn' agus 'long' le rá leis an défhoghar [au] iontu ar mhaithe le comhfhuaim sa líne seo.

**92. Chonnacht:** Tá comhfhuaim idir an focal so agus *Uladh* agus *rugadh* agus an fhuaim /u/ le tuiscint seachas /o/ dá bharr san.

**93. foirtile** Is cosúil gurb é an uimhir iolra den aidiacht *foirtil* (powerful, mighty (Ua Duinnín s.v. *foirtil*) atá anso thar ceann an uimhir uatha agus é sin mar fhoirm ócáide ar mhaithe le riachtanas na meadarachta a éilíonn trí shiolla sa bhfocal so. É sin nó d'fhéadfaí féachaint air mar ainmfhocal (Ua Duinnín s.v. *foirtile* 'strength) sa ghinideach uatha agus feidhm aidiachta leis. Dar ndóigh, dhéanfadh an fhoirm aidiachta eile *foirtileach* (Ua Duinnín s.v.) an bheart go seoigh anso. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**98. barrfhionnaibh:** An fhuaim /a/ ag teastáil i dtosach an fhocail seo seachas /a:/ ar mhaithe leis an meadaracht.

**98. id dhéidhse inniu** Níorbh fholáir na focail dheireanacha a rith ina chéile sa tslí is go mbeadh an mheadaracht slán sa chéim dheireanach seo den líne [é – –].

**99/ 100. dob fhogas do chroíse i bpobal Íosa, le osna, le caoi 'gus déara goirt dod chaoineadh féin, a shaoi gan bhéim, má scinn duit claonadh in aon turraing:**
Dob fhéidir na línte seo a thuiscint mar 'your heart will be close to the people of Jesus, with sighing and crying and bitter tears lamenting you yourself, o learned one, if perhaps

a single transgression escaped you at one (unfortunate) time.' Tá an focal *scinn* anso le rá leis an nguta fada /i:/ mar /s'k'i:n'/ ar mhaithe leis an meadaracht.

**101. Dob aithríoch cróga an flaith fíor-oirdheirc 'na pheacaíbh somholta éadtroma:** Tá patrún comhfhuaim na líne seo suaithinseach agus mar sin tugaim foirmle na líne mar seo a leanas: */ – aíó – aíó – aíó – – é – – /.* Ní foláir an dá fhocal *oirdhearc* agus *somholta* a rá leis an nguta fada /o:/ ina dtosach.

**102. le cumha is eagla Chúirt na bhFlaitheas i gcúrsa an pheaca bheith éadmharach:** Is mar seo a thuigimse an líne seo: 'through longing and apprehension for the Court of the Heavens it was that his sins were such that one would be envious of him.' Is é sin le rá gur dhuine fíorchráifeach a bhí ann a bhí nach mór saor ó pheacaí sa tslí is go mbeadh daoine i bhformad leis mar gheall air.

**103. ná aoirdeacht ghradaim níor thréig an tAifreann naomh-mhilis:** Is í an fhuaim /e:/ atá ag teastáil sa bhfocal *aoirdeacht* mar a ndeineann sé comhfhuaim le *saoltacht* agus *thréig*.

**104. tairbhe an tsaoghail seo:** An fhuaim /e:/ agus dhá shiolla ag teastáil sa bhfocal 'tsaoghail' de réir riachtanais na meadarachta agus é le rá mar /te:γil'/.

**106. i measc naoimh is aingil**: Bheadh súil againn le 'i measc naomh is aingeal' anso ach is léir go bhfuil an tuiseal ginideach iolra á sheachaint ar mhaithe le riachtanais na meadarachta a éilíonn an fhuaim /i:/ sa bhfocal 'naoimh' agus is mar gheall air sin is dealraitheach atá an tarna focal 'aingil' san ainmneach uatha chomh maith. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**108. soilsigh:** Níorbh fholáir an focal so a rá leis an défhoghar [ai] ar mhaithe le chomhfhuaim a dhéanamh le 'maighdean' agus 'bhraighidgheal' sa líne chéanna.

**109 – 124. Níl an feartlaoi seo in C (is níl 121 – 124 in B).**

**113. caí poibileach** ‘Caoi na ndaoine’ is dócha atá i gceist. Seachas an t-aon sampla amháin seo a leanas níl aon lua eile ar an bhfocal ‘poibileach’ i g*Corpas na Gaeilge*: ‘gach stollaire bocht lochartha do gheobhaidh an tslí / ’s i mbrollachaibh na bpoibileach gur mhór a mhaíomh’ (Ó Fiannachta 1978: 107).

**14. gníomh oirdheirc ríchosantach:** Caitear an focal oirdheirc a rá le trí shiolla anso mar /or'ɘγ'ɘr'k'/ toisc go bhfuil an patrún [í o – – í] ag teastáil anso.

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: Air bhás ChSéaghain Poar Chlaise Móire noch do éag an treas lá don mhí July annsan mbliadhain daois an tighearna 1754. Piaras Mac Gearailt cct. A Aig seo marbhchaoine do rin duine diombach eigin, diorbha & heigsi ar bhás Sheadhain Poar Chlaismhóire neach déag an treas*ladh* don mhíosa July annsa mbliaghain daois an tighearna 1754. B Air bhás cSeaghain Paor, Claise Móire d’éug an treas lá do mhí deaghnach don tsamhradh, agus annsa mb*liagh*ain d’aois an tighearna, míleadh 7 gcéad agus chúig =chad[?] air bhonn …. 1754. Le Piaras Mac Gearailt. 1. Lá dá rabhas C 3. déar shilte C 5. déaraídhtheach AC 9. líonta déaraibh B 12. le greasíod B 13. a bhláith na núbhall B / do dhéaruithe B 14. aingir mhóbhuir B / gan chéim C 15. chaithfeach B / caoidheamhuil AC / créimionnach A creimeannach B céimionach C 17. Cia A Céidh B Cia C 18. dham C / nuadhracht A 23 bráidgheal C gréanda AB greannda C / niamharach C 24. Seabhac ródh ghlan réilteannach B 25. duaindréacht C / mo bhreach B / mefiocht mir A m’éifiocht mín C 27. Aithchim A/ a bhean mhaiseach bhúigh C 28. a spéirbhean C / brídh mo chumhacht B / 29. air preaba A air bpreabadh B air phreabadh C ar cloisdin C 30. is ioras A is pris B is ionnus C 32. gurbath tar chóir A gurab bhat C 36. trúpach ABC 35. ráib na daonacht C / ráib le séimhe AC 37. na Casars AB 41. eich C 42. aodhrach C / slaoishluith (?) B 43. óna mhillis bhéul C 44. a géille dho C 45. aórdha Innis Fail C 46. an uadh chrithir A an uaimh chrithir C 47. séamharach A séanmhureach B seamharaic C 49. is iomdha flaith geal fíontach fiuntach C / bhéul-mhilis C 50. fleádhach fíontach C 51/2. is iomdha páiste budh súgach sásda is créachtach atáid ó sguir do lámh ó dúnadh táitreamh go neamhádbharach ó sgaipe an aráin is na méithmhartaibh C 54. do sgaradh ris saoíthe C / ris C 57. Dá mo ughdar (?) A / ughdar caoin na laoithe C / an plúr C 58.

niamhrach C 60. go lanamhar AC / lúnra A  61. sgamamh A do chaoinfhuil B 63. an tighearna déiseach an tighearna paorach sa tighearna a géin B an tighearna déiseach san tíarla Paorach ’san tiarrladh a gcéin C 64. gan bhréag C 65. Tá A 66. d’aon neach AC 67. Cill Bhithine líonta d’éimh ghuirt C 69. na mbéithibh B / gil B 72. greanda ABC 74. aig leanamhuint mo leoghain C 75. an úir AC 76. an Bhríghid A an Bhríde B / ad chúmhadh C 80. ad dhún go saoidhilseach fiúntach fíontach a phlúir ***badh*** chaoimhe paoracha B / mbréaga sin A 81. Do gheabhthaoi C / faístin bhuan C 83. go teann le Caesar A 88. a phlúr AC 91. cois Sionnann C 92. ó chrith ulladh (?) B 97. seachmuleach B sgamalta C 98. is fearannaibh Choinn C 99. a bpobalaibh Íosa A is osna le caoi A osna la caoi C 100. ma sginn duit claona an aon turainn B má sginídh dhuit claon an aon turrainn A má sgeinneadh duit clonna an aón turainn C 101. somhuilte B soghlatha C 102 éadtrom C 103. saoghaltacht beatha ná aergacht gradaim A gradaim ná saoghaltacht gradaim ná aódhacht beatha C 104. thomhadh B róghadh C / ná glóm tairbhe B glóm C 108. ríoghacht na bhflaitheas do C 112. gnaoidh B 113. gnaoidh B 115 atá torcharrtha B

## 4. Is díobháil ghéar créachtnaithe i mbailte móra

Is díobháil ghéar, chréachtnaithe i mbailte móra
’s is fíorchrá an scéal éachtach i gceannaibh tuatha,
Míchéal séimh, léannta mac Gearailt uasal
i gcill fá bhéal craoslice marbh uainne.

Uainne atá in uaigneas fád thaobh, a leac,
mórfhlaith dob uaisle dar léim tar lear,
Tuathal mar Ghuaire dob fhéile dreach,
dar muaireach is trua liom i gcré thú lag.

Is lag atáid mná fionna Gael ag caoi
’s níl meas ná bláth álainn ar ghéagaibh coill,
níl rath ar fán ardeasa in Éirinn oill
ó leag an bás bánbhasa an Ghréagaigh aoird.

Dob ard a ghaol le réacsaibh maífead seal,
ní tháinig préamh a réim’ go híseal air,
tá’s ag cléir ’s ag éigse laoithe sean
gur bráthair laoch thú thraochadh naimhde i dtreas.

I dtreas níor staon na tréin ór chinn uathu,
an dragan séimh don Ghréagfhuil fhíoruasail,
flaith gan bhéim, gan chlaon, gan chíor thuathail,
i measc na naomh ’tá an laoch san tír uachtair.

Mo chumha, mo scíos, mo dhíth, mo léan, mo chreach,
an túrnadh síor so ar shíol na nGréagach mear,
ba chúrsa caoi do phríomhshliocht Néill is Airt,
an t-úr ’s an críon ’na luí fád thaobh, a leac.

A gharbhleac mhór, cuir glór go hard amach
is aithris don chóige an sceol ós agat is feas,
gur fearra do stór ná an t-ór ’s an t-airgead geal,
Gearaltaigh flós na Fódla an t-athair ’s a mhac.

Ag sin an tsaoi is fearr i gcrích Fáil, féd thaobh a leac,
Mícheál geal cíoná na nGréagach mear,
mo chroíchrá má ním plás ná bréag im stair
gur id chinn cháil’ do phointeáil an fhéile a nead.

Smaoinigh, éirigh, féach gur fada do shuan
Críoch do shaoil mar spré don lasair gan luas
San oíche ar dtraochadh duit éim ár n-athair go crua
’s gur bíobha baoil an t-éag  in leaba san uaigh.

**Foinsí:** LNÉ, G 819, 79 - 80 , a scríobh Seán Ó Dreada i gCorcaigh sa bhliain 1820 **(A)**; Maigh Nuad, M 10, 408 – 410, a scríobh Eoghan Tóibín i gCorcaigh sa bhliain 1817 **(B)**; Maigh Nuad, M 9, 218 – 19, a scríobh Seán Ó Mulláin i gCorcaigh sa bhliain 1818 **(C)**;

**Foinsí eile:** ARÉ, 24 L 22 (771), 116 – 117; ARÉ 23 M 14 (307), 43 – 45.

**In eagar cheana:** APMG, 96 – 97; Ó Foghludha,  1946: 67 – 68.

**Meadaracht:** Amhrán (le conchlann idir na véarsaí ach amháin idir ll. 20 –21, 28 –29 agus 32 – 33).

| | |
|---|---|
| 1 – 4 | / * í á – é – – a – ua – / |
| 5 – 8 | / *ua – –ua – – é – a / |
| 9 – 12 | / – a (–) áá – – é – í / |
| 13 – 16 | / *á – é – é – í – a / |
| 17 – 20 | / * a – é – é – í ua – / |
| 21 – 24 | / – ú – í – í – é – a / |
| 25 – 28 | / – a – – ó – – ó – a – – / |
| 29 – 32 | / * í á – í – – é – a / |
| 33 – 36 | / *í – é – ( –)é – a – – ua / |

**Nótaí téacsúla:**

Caoineadh a chum Éamonn de Bhál (1683 – 1755) ar athair Phiarais, Mícheál Mac Réamainn Mhic Gearailt a cailleadh timpeall na bliana 1736 de réir dealraimh (féach Ó APMG: 4). Tá sé curtha in eagar anso toisc a dhlúitheacht is a bhaineann sé le saol Phiarais.

**1. móra:** An focal seo le rá mar /muar/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc an patrún [ua -] a bheith ag teastáil i gcéim dheireanach na líne.

**2. i gceannaibh tuatha:** Bheimis ag súil le ginideach iolra anso 'i gceannaibh tuath' ach is léir go bhfuil an fhoirm aonuaire *tuatha* (faoi mar a bheadh tréaniolra ag an bhfocal) anso toisc go n-éilíonn an mheadaracht go mbeadh an patrún [ua – ] sa chéim dheireanach den líne. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**3. Mícheál séimh léannta Mac Gearailt:** Mícheál Mac Réamainn Mhic Gearailt, athair Phiarais Mhic Gearailt († c 1736, féach APMG, 4).

**7. Tuathal:** Tuathal Teachtmhar, ardrí Éireann sa dara haois de réir an tseanchais. Féach Ó hÓgáin (1991: 409 – 410).

**7. Guaire:** Guaire Oinigh a bhí ina rí ar Chonnacht sa seachtú haois de réir an tseanchais. Féach O hÓgáin (1991: 247 – 9). Dar ndóigh is ionann ainm Ghuaire – nó 'Guaire an Oinigh' mar a thugtaí air – agus tagairt don bhféile i dtraidisiún na Gaeilge.

**8. dar muaireach:** Uaillbhreas a chiallaíonn 'by heaven' dar le Ó Duinnín (s.v. *muaireach*).

**11. in Éirinn oill:** An tuiseal tabharthach uatha den aidiacht 'oll' 'an-mhór, ollmhór' atá anso agus an fhuaim /i:/ ag teastáil don mheadaracht .i. /i:l'/. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**17. níor staon na tréin ór chinn uatha:** Is mar seo a thuigimse an líne seo: 'in conflict the warriors from whom he descended did not draw back.' Féach DIL (s.v. *cinid* 'is born, descend from') agus Ua Duinnín (s.v. *ór* 'from which'). Is mar ' 'n-ar chinn uatha' a chóirigh Ó Foghludha an líne seo (APMG, 67). Féach chomh maith na malairtí léamha thíos.

**22. túrnadh:** Is ionann é seo agus an focal so agus *turnamh*. Féach Ua Duinnín (s.v. 'act of descending, falling').

**23. Niall:** Niall Naoighiallach, ardrí Éireann sa chúigiú haois, de reir an tseanchais. Féach Ó hÓgáin (1991: 332- 324).

**23. Art:** Art Aoinfhear, mac Choinn Chéadchathaigh. Ardrí ar Éirinn ab ea é seo de réir an tseanchais. Ba é athair Chormac Mhic Airt é. Maraíodh i gCath Mhaighe Mucraimhe é. Féach McCone agus Ó Fiannachta (1992: 19 – 33).

**24. an t-úr 's an críon 'na luí fád thaobh, a leac:** Ní foláir nó gur tagairt é seo don athair is an mac a bheith curtha san uaigh chéanna. Féach an dán eile a chum de bhFál atá in eagar anso 'Ní Sorcha ná Donnchadh cér thréan an fear'. Féach, chomh maith, líne 28 anso: 'an t-athair is an mac' agus an tagairt ag Ó Foghludha (1946: 101).

**27. gur fearra do stór ná an t-ór 's an t-airgead geal:** Ní foláir an focal so 'airgead' a rá le dhá shiolla, seachas le trí shiolla mar a bheadh go nádúrtha, chun céim dheireanach na líne [a – a] a thabhairt slán.

**29. an tsaoi:** Firinscneach atá an focal 'saoi' de ghnáth ach is féidir leis a bheith baininscneach chomh maith. Féach Ua Duinnín (s.v. *saoi*) agus féach chomh maith DIL (s.v. *suí*).

**29. i gcrích Fáil, féd thaobh a leac:** Is é a thabharfadh léámha na LSÍ dúinn ná *i gcríochaibh Fáil* ach toisc go bhfuil an patrún [ – í – – é – a ] ag teastáil anso is é *i gcrích* a thugaim mar léamh anso.

**32. phointeáil an fhéile a nead:** Is é atá i gceist anso, dar liom, ná gur shochraigh an fhéile (an té atá á chaoineadh) a nead. Féach Ua Duinnín (s.v. *poinnteálaim* 'I appoint, I locate').

**33. – 36 Níl na línte seo in B agus C ná sna LSÍ eile. Tá na línte Béarla seo a leanas le fáil i ndiaidh an véarsa in A:**

‘Awake, arise, behold thou hast they life a leaf, thy breath a blast at night lying down prepare to have thy sleep. Thy death, thy bed, thy grave **.’**

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: Eadhmonn do bhFáll cct. do Mhícheál Mac Réadhmoinn Mhic Gearailt A Eamond do bhFál cct. do Mhicheal Mac Reamoinn Mhic Gearailt B Eadhmonn do bhFál cct. do Mhícheál Mac Réadhmoinn Mhic Gearailt C 11. iuill A uill BC 12. leagadh B leadhadh C16. namhaid B náimhid C 17. óir chinn uadha B ór chinn uadha C 18. fhíoruasal A 19. chíothruathail A 22. na nGréagach seal 24. ’na luíghe go faon a leac C. 25. go haruid A go haraid C 27. an tairiod geal A 29. a ccríochaibh BC 30. geal caoin cáidh cíodhneádha C 31. ma ghníghim B má ghníodhim C

## 5. Ní Sorcha ná Donnchadh cér thréan an fear

Ní Sorcha ná Donnchadh cér thréan an fear,
is orchra dom ghoinibh-se ná ’thraoch me lag,
ach lonna-bhile coscrach nár staon i dtreas,
’s do fothragadh i bhfolannaibh na nGréagach mear.

Dá mba ollamh soithimh, socair me nó éigeas ceart
’s go molfainn sibh níor dheocair dham, a Réamainn, feacht,
ach gur follas do gach tormaire uile in Éirinn Airt
na folanna as ar toghadh tu ar gach taobh, a fhlaith.

Ar dtosach dhuit fuil oirdheirc mhéine is cheart
is borbfhuil lonnardha na bPaorach mear
do fothragadh go foirtil, ní bréag an stair,
i bhfolannaibh forasda na réacs ba sean.

Le Conall borb Gulban ag gléas chum cath’,
nó Cormac torann-trupach saor mac Airt,
do chosmhaileas tú, a chrobhaire, nár thréine Tailc
lér torchradh naoi n-ochtar glic don Fhéinn i dtreas.

Toircheas na crobhaing’ gile is féile dreach,
is doilbh liom fá ghormlic i gcré go lag,
dob ollamh glic, dob oirfideach, ba laoch, ba fhlaith,
’s níor togradh béim fhollas ort ach pléascadh fear.

Seo an torchradh do ghoirtigh me ’s do thraoch mo chreat
’s tug Nollaig dam gan soilbheas do chaoch mo dhearc,
fá ndoirtimse na srotha goil go pléascach pras,
obainneacht do dhoirchigh an t-éag do dhreach.

Is léan liom go faonlag  i gcill tuama
Réamann an Gréagach mear fíoruasal,
réilteann na féile ná bíodh gruama
’s an Phoenix ná léigeadh dom chlí ’bhualadh.

Ós riail gach éaga do dheascaibh bás coirp
’s gurb iarsma atá riamh is gurb acht go bráth sin,
a Dhia ghil beir Réamann ar dheis do láimh’ riot,
’s maith fiacha don triath ghlic ba mhaith san tábhairne.

**Foinsí:** LNÉ G 819, 79 , a scríobh Seán Ó Dreada i gCorcaigh sa bhliain 1820 **(A)**; Maigh Nuad M 9, 218 – 19, a scríobh Seán Ó Mulláin i gCorcaigh sa bhliain 1818 **(B)**; ARÉ 23 M 14 (307) , 41 – 43, a scríobh scríobhaí neamhaithnid i ndiaidh na bliana 1828 **(C)**;

**Foinsí eile:** ARÉ 24 L 22 (771), 116 – 117.

**In eagar cheana:** APMG, 97 – 98 ; Ó Foghludha, 1946: 88 – 89.

**Meadaracht:** Amhrán Malartachais

1 – 4 / – o – – – o – – – é – a /

5 – 8 / * – o – – – o – – – é – a /

9 – 12 / – o – – (–) o – – ( –) é – a /

13 – 16 / – o – – – o – ( – ) – é – a /

17 – 20 / * o – – – o – – – é – a /

21 – 24 / * o – – – o – – – é – a /

25 – 28 / * é – – é – – í ua – /

29 – 32 / – ia – – ia – – a – á – /

**Nótaí téacsúla:**

Caoineadh a chum Éamonn de Bhál (1683 – 1755) ar dheartháir Phiarais, Réamann, a cailleadh c. 1722 – 3 de réir dealraimh (féach APMG: 4 – 6; Ó Foghludha, 1946: 88). Dála an dáin roimhe seo cuirtear an ceann so in eagar anso toisc go mbaineann sé go dlúth le saol Phiarais.

**1. Ní Sorcha ná Donnchadh:** Tá míniú ag an Athair Paul Walsh ar chéad líne an dáin mar seo a leanas: 'The opening line is a reminisence of certain pieces wherein rivalry between the Kerry and Muskerry factions of the MacCarthy family is given expression to. In Dinneen's edition of the poems of Séafradh Ó Donnchadh, pages 15 – 17, there are two elegies in which this rivalry comes to light. The first is a lament for Sorcha or "Dame Sarah MacCarthy alias MacDonnell (daughter of Randal Mac Sorley, Earl of Antrim; cf line 8) widow of the late Daniel MacCarthy More, the eldest son of Florence McCarthy More and the Lady Ellen McCarthy" – Life and Letters of Florence MacCarthy, page 448. By a previous marriage she had been wife of Charles O' Connor Sligo, who dies in 1634. These facts clear up the allusions in the poem hitherto unexplained. The second piece is an elegy on Donnchadh, Earl of Clancarty, and his son Cormac, both of whom died in 1665, and were respectively grandson and greatgrandson

of Cormac mac Diarmada, chieftain of Muskerry in the reigns of Elizabeth and James I. These are the Sorcha and Donnchadh referred to' (Walsh, 1980: 90). Féach chomh maith Ó Foghludha (1946: 103).

**2. orchra:** Tá trí shiolla ag teastáil anso .i. /orxərə/ de réir riachtanais na meadarachta.

**3. coscrach:** Tá trí shiolla ag teastáil anso .i. /coskərəx/ de réir riachtanais na meadarachta.

**4. do fothragadh:** Thabharfadh léamha na LSÍ *do foir(ea)geadh* dúinn ach toisc ná fuil aon fhianaise ar a leithéid de bhriathar i g*Corpas na Gaeilge* ná san DIL leanaim an leasú a dhein Ó Foghludha sa dá eagrán dá chuid anso. Féach Ua Duinnín (s.v. *fothragaim* 'I bathe, dip, immerse'). Féach chomh maith líne a 11.

**4. Gréagach:** Chreidtí gur bhain na Gearaltaigh leis an nGréig .i. gurb as an nGréig a thángadar ar dtúis (féach de Brún et al. 1986: 168; Uí Chatháin, 2006: 498).

**6. dheocair:** An fhuaim /o/ atá ag teastáil anso faoi ndeara an fhoirm seo. Is mar seo a deirtear an focal so ar fuaid Chúige Mumhan go coitianta pé scéal é; féach mar shampla Breatnach (2009: 120 §440). Féach leis FGB (s.v.)

**6. a Réamainn:** an té atá á chaoineadh anso .i. Réamann Mac Mhichíl Mhic Gearailt († c 1722–3).

**7. tormaire:** 'A scion, a valiant' a thug Ó Foghludha mar mhíniú ar an bhfocal so ina chéad eagrán den dán so (APMG: 136) ach ní foláir nó gur bhuail amhras é agus an dán á chur in eagar aige an tarna babhta mar gur thuairimigh sé ansan gur 'lochtóir' ba chiall leis (Ó Foghludha, 1946: 103). 'A carper' a thugann Ua Duinnín mar mhíniú ar an bhfocal (s.v. *tormaire*) agus is dócha go bhfuil gaol aige leis an bhfocal 'tormas' (act of grumbling or carping).

**7. in Éirinn Airt:** Art Aoinfhear, mac Coinn Chéadchathaigh. Ardrí ar Éirinn ab ea é seo de réir an tseanchais. Ba é athair Chormac Mhic Airt é. Féach Ó hÓgáin (1991: 41 – 42).

**9. ar dtosach dhuit fuil oirdheirc mhéine is ceart:** '… fuil oirdheirc *Mhéine* is ceart' atá ag Ó Foghludha (1946: 88) faoi mar gur ainm mná a bheadh i gceist le 'Méine.' Glacaim leis an gcinneadh a dhein sé gan séimhiú a chur ar an bhfocal deireanach den líne ach is mar seo a thuigimse an líne: 'when you were starting out you had illustrious beautiful blood and right (of law).' Féach Ua Duinnín (s.v. *méin* 'mien, beauty'). Féach comh maith na malairtí léamha thíos.

**10. na bPaorach mear:** Paorach mná ab ea máthair Réamainn dar ndóigh (féach APMG, 3).

**11. do fothragadh:** Féach an nóta ar líne a 4 thuas.

**13. Conall Gulban:** Mac le Niall Naoighiallach de réir an tseanchais agus laoch an tseanscéil *Eachtra Chonaill Ghulban*. Féach Ó hÓgáin (1991: 107 – 109). An fhuaim /o/ ag teastáil san ainm *Gulban* anso seachas /u/ ar mhaithe leis an meadaracht.

**14. Cormac:** Cormac mac Airt, Ardrí Éireann. Féach Ó hÓgáin (1991: 120 – 127).

**15. Tailc:** Tailc Mac Tréin. Gaiscíoch a raibh ceann cait air a thit le hOscar na Féinne ar Chnoc an Áir de réir an tseanchais. Féach Uí Chatháin (2006: 526).

**14. torann-trupach:** Féach Ua Duinnín (s.v. *torann-*) mar a dtugann sé an sampla 'torann-truipeach (-trupach) of clashing hosts'. Tá an fhuaim /o/ seachas /u/ ag teastáil sa bhfocal *trupach* don mheadaracht.

**17. toircheas na crobhaing' gile:** 'Na croibhin-ghile' atá ag Ó Foghludha (APMG: 98 agus 1946: 88) agus é le tuiscint mar 'shliocht na finnemhná' dar leis (ibid.: 103). An tuiscint a bhainimse as an líne seo ná 'sliocht na treibhe gile', féach Ua Duinnín (s.v. *crobhaing* 'a family, a tribe'). Tá trí shiolla ag teastáil sa bhfocal *toircheas* don mheadaracht .i. /tor'ɘxɘs/.

**20. 's níor togradh béim fhollas ort ach pléascadh fear:** Féach Ua Duinnín (s.v. *tograim*) mar a bhfuil an líne chéanna so mínithe aige mar seo a leanas: 'the one obvious fault attributed to you was prowess in battle (shattering men).' Ní dócha gur cruinn é léamh 'B' anso .i. 'pléasga ban'! Tá trí shiolla ag teastáil sa bhfocal *togradh* don mheadaracht .i. /togɘrɘx/.

**21. torchradh:** Tá trí shiolla ag teastáil anso ó thaobh na meadarachta .i. /torɘxrɘx/.

**22. soilbheas** Tá trí shiolla ag teastáil anso ó thaobh na meadarachta .i. /sol'iv'ɘs/. Féach Ua Duinnín (s.v. *soilbheacht* 'cheerfulness, good humour; soilbheas id.').

**24. dhoirchigh** Tá trí shiolla ag teastáil anso ó thaobh na meadarachta .i. /γirix'ig/.

**28. Phoenix** Tá an fhuaim /e:/ ag teastáil anso .i. /fe:n'ix/ ar son chomhfhuaim na líne.

**29. éaga:** Tá an fhuaim /ia/ ag teastáil anso don mheadaracht ar mhaithe le comhfhuaim agus an focal le rá mar /iaga/ dá réir sin.

**31. Réamann:** Tá an fhuaim /ia/ ag teastáil anso don mheadaracht ar mhaithe le comhfhuaim agus an t-ainm le rá mar /riamɘn/ dá réir sin.

**31. ar dheis do láimh' riot**: Is dócha go bhfuil an focal 'deis' le rá mar /d'as/ anso ar mhaithe leis an meadaracht toisc an patrún [a – á –] a bheith ag teastáil sa chéim dheireanach den líne.

**32. don triath ghlic ba mhaith san tábhairne:** Is suimiúil an méid atá le rá ag Ó Foghludha i dtaobh an dáin seo (1946: 12 - 13): 'Do mhol Éamonn go hárd … Réamonn … nuair a d'éag sé, go hóg, i mbliaidhain a 1722 – 3, acht is follus gur mhac leisciúil é, mar do léigheas an udhacht do rinne Micheál a athair, i dtosach na bliadhana céadna agus níor fhág sé ag Réamonn acht luach na dtrí bpúnt de chapall nó d'éadaighe d'fhonn a mhísháստacht leis do chur in iúil, acht níor bh'eol don mhac aon nídh i dtaobh na hudhachta, mar do sciob an bás chun siubhail é, agus níor promhadh an udhacht go dtí gur cailleadh an t-athair i mbliadhain a 1736. D'éag inghean .i. Grás, in aon bhliadhain le Réamonn, acht níor luaidh an Fáltach ise: is dócha gur mheasa leis 'an triath glic ba mhaith sa tábhairne.' B'fhéidir go míníonn an líne seo scata i bhfianaise an méid a deir Ó Foghludha i dtaobh na huachta anso.

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: Eadhmonn do bhFál cct. do Readhmonn Mac Michil Mac Gearailt AC Éadhmon do bhFál cct. do Réadhmonn Mac Míthcheál Mhic Gearailt B 4. foirgeadh AC foireagadh B 5. dheacair BC 7. toirmire B 8. toghbhadh AC tobhadh B9. fuil oirdheirc méine is ceart AC fuil oirdhiric mhéine is (ceart?) B 11. foirgeadh A foireagadh B foirgadh C 13. chum caith ABC 17. na croibhin-ghile A na croibhinn ghille B na croibhinn ghile C 19. dob fhorrasdach B 20. pléasga ban B pleasga fear C 23. preas AC 24. do dhoirt B [na focail 'An Ceangal Sonn' in B amháin anso] 28. buala C 29. iaga BC / báis chuirp B 30. brách B 32. do triath mhaith ghlainn B

## 6. Ar Bhás Mhuiris de nGeard

Ó tolladh na treoin ba chróga ’riaradh cath,
Conall is Eoghan ’s Ólaim, Brian ’s a mhac,
níor goineadh tar fóir i bhFódla ’na ndiaidh nár mheath,
gur coigileadh feoite in Eochaill triath na bhflaith.

Flaith acmhainneach an dragan dil ba chróga croí,
flaith meacanta ba thapa mear i ngleo na gclaíomh,
flaith mearadha mar Aicill thoir i gcomhrac Traoi,
’s creach dhanaideach fá gharbhlic ag dreo sa chill.

Sa chill ó cuireadh mo churadh nár bhaoth a cháil,
míleadh muirneach, cumasach, tréan an stáit,
is fíorlag cumas na druinge seo ag téacht tar sáil’,
ó cloíodh gan fuinneamh an bile mo Shaesar sámh.

Ba sámh a bhréithre an laoch nár stán i ngliaidh,
fáilteach, féastach, faobhrach, rábach, fial,
dob fhearrde an chléir go héag, dá mb’áil le Dia,
gur lán a shaol chum téacht in áireamh blian.

Blianta fada níor ceapadh ar an saol so duit,
a Thriath nár mheata chum airm do thraochadh i bhfuil,
ba mhian mar ghaisce leat Danair a réabadh i gcoirp,
cian nár ghreadais an cealgaire chaoch do roisc.

Do roisc níor chlaon ag déanamh amhairc go sámh,
sochma dil séimh ag réiteach ceasta na ndámh,
do bhochtaibh Dé thu ’s léan is d’eaglais cháidh,
fá chlochaibh i gcré mar laoch gan chealg gan cháim.

Cáim ná cruas níor dhual don fharaire séimh,
plás ná buairt ní chuala neach óna bhéal,
rábaire suairc dob uaisle d’fhlathaibh na nGael,
mo chrá gur cruatan duairc tu marbh i gcré.

I gcréchuilt mo léirghoin tu, a mharcaigh na srian,
it aonar ag daolaibh ad ghearradh mar bhia,
ar Éirinn do thréanchuiris danaid is pian,
is béithibh go déarach i leasaibh id dhiaidh.

Id dhiaidhse go diachrach le danaid is péin,
a ghliaire do riarfadh ár nglasa gan bhéim,
beidh ciabha dá stialladh is dearca gan bhraon,
’s ní cian ’bheidh a chiall ag cantaire téad.

Téad ná tiúin le fonn ní cantar go sochma,
ó d’éag an stiúirtheach d’fhúigeadh Danair go doilbh,
léirchreach dubha i gcúngrach dhaingean fá chlocha
is éigse fiúntach múinte flatha is ollamh.

Ollamh id dheoidh gan treoir gan chiall le seal,
gan chothrom, gan chóir, gan tóir ar fiach mar chleacht,
acht golfairt is deoir is brón le pian go beacht,
ó tolladh na treoin ba chróga ’riaradh cath.

Ceangal

A Mhic Mhuire na ngeal-lámh ghlac páis d’aor is púir,
chum ar geineadh ó Ádhamh do shábháil, féach go humhal,
beir chugat gan róspás dólás Éireann iúil,
Muiris mhic Thomáis de nGeard séimh id chúil.

Feartlaoi

A leac fuair an mac suairc mar chéile clúmhail,
ba cheart uaill ar feadh tuatha ’s géim go búch,
52 mar cheap duaircis gan suaimhneas éada is púir,
ar shuaibh is ar uaislibh ’s ar bhéithibh Mumhan.

**Foinsí:** ARÉ A iv 2 (27), 105a – 106a a scríobh Seán de Niadh sa bhliain 1753 (A); ARÉ 23 I 26 (413) , 116 – 118 a scríobh Mícheál Aingleand idir na blianta 1772 – 1780 (B).

**In Eagar cheana:** APMG 59 – 61.

**Meadaracht:** Amhrán

1 – 2 / * o – – ó – ó – ia – a /
3 – 4 / * i – – ó – ó – ia – a /

5 – 8 / – a – – – a – – – ó – í /

9 – 12 / * í – i/u – – i/u – – é – á /

13 – 16 / * á – é – é – á – ia /

| | |
|---|---|
| 17 – 20 | / * ia – a – – a – – é – i / |
| 21 – 24 | / * o – – é – é – a – – á / |
| 25 – 28 | / * á – ua – ua – a – – é / |
| 29 – 32 | / * é – – é – – a – – ia / |
| 33 – 36 | / – ia – – ia – – a – – é / |
| 37 – 40 | / * é – ú – ú – a – – o – / |
| 41 – 44 | / * o – – ó – ó – ia – a / |
| 45 – 48 | / * – – – – á – á (–) é – ú / |
| 49 – 52 | / * – ua – – ua – é – ú / |

**Nótaí téacsúla:**

Caoineadh ar bhás Mhuiris de nGeard éigin mar is léir ón gceannsríbhinn *Piarus Mac Gearailt cct. air bhás Mhuiris do nGeard*. Tá an leagan *de nGeard* den sloinne seo spéisiúil: de Geard nó de Geárd (Garde i mBéarla ) atá ann is dealraitheach. Níl an sloinne seo le fáil go foirleitheadúil in aon chor agus is le Corcaigh is mó a bhaineann sé de réir dealraimh. Dar le de Bhulbh (2002: 73) go raibh 'baint ag an ndream seo le h-Eochaill (sic) agus muintir Doingeard (Uniacke) a chónaigh sa dúiche chéanna, agus ón 14ú céad. An bhrí: ceachtar acu, garda nó clós.' Tá an chosúlacht ar an scéal go raibh muintir de nGeard mór leis na Gearaltaigh óir bhí duine acu, Tomás de nGeard, ina sheiceadóir ar uacht a dhein athair Phiarais (APMG: 4).

**1. ’riaradh cath:** Tá an réimír ‘do’ a mbeimis ag súil leis báite anso ar mhaithe leis an meadaracht. É sin nó gurb é ‘ag’ atá báite anso. Féach leis an nóta ar líne 44.

**2. Conall:** I dtaobh go luaitear triúr eile de ríthe na Mumhan sa rann so is é is dóichí ná gurb é Conall Corc, Rí Mumhan sa chúigiú haois, de réir an tseanchais, atá i gceist anso (féach O hÓgáin 1991: 105 – 7).

**2. Eoghan:** De réir an tseanchais, ba mhac é Eoghan le Ailill Ólaim, rí na Mumhan, a maraíodh i gCath Mhaighe Mucraimhe (Ó Fiannachta & McCone 1992: 19).

**2. Ólaim:** Ailill Ólaim, Rí Mumhan, de réir an tseanchais (ibid. 19).

**2. Brian is a mhac** Is léir gurb é Brian Bóraimhe, Rí Mumhan agus Ardrí na hÉireann ina dhiaidh sin atá á lua anso (féach Ó hÓgáin, 1991: 55 – 7). Is é a mhac Murchadh, is dócha, atá i gceist ina theannta anso.

**4. gur coigileadh:** Bheadh súil againn, sa lá atá inniu ach go háirithe, le ‘coiglíodh’ toisc an briathar ‘coigil’ a bheith sa dara réimniú ach is ar mhaithe le riachtanais na meadarachta atá an fhoirm seo den bhriathar saor againn faoi mar a bheadh sé sa chéad réimniú. Mar sin féin thabharfadh ‘coiglíodh’ an líon céanna siollaí dhúinn ach an guta cúnta a bheith le clos .i. / kigəli:x/. Féach DIL (s.v *con-ceil* Col 428) mar a dtugtar le fios go mbeadh *coigileadh* nó a leithéid ceart sa tseanteanga.

**7. Aicill:** *Achilles*, laoch mór Sheanlitríocht na Gréige (Grimal, 1990, 5 – 10).

**11. ag téacht:** Is ionann an fhoirm seo agus ‘ag teacht’. Tá an fhoirm seo le fáil mar fhoirm mhalartach de ‘teacht’ in Ua Duinnín (s.v. *teacht*) agus tá sé ag teastáil ó thaobh na meadarachta toisc an guta fada /e:/ a bheith riachtanach anso.

**13. nár stán i ngliaidh:** Is ionann an briathar *stán* agus *staon* anso (féach Ua Duinnín s.v. *staonaim*). An Seantuiseal Tabharthach firinscneach uatha den bhfocal *gleo* ‘battle fight (Ua Duinnín s.v.). atá againn sa bhfocal *gliaidh*. D’fhéadfadh an focal so a bheith baininscneach leis, áfach (féach IGT ii: 97). Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**19. ba mhian mar ghaisce leat Danair a réabadh i gcoirp:** *‘Ag raoba a gcuirp’* atá sa dá LS ach leanaim an léamh a dhein Ó Foghludha ar an líne seo (APMG: 60**).** Is minic go n-úsáidtear an focal ‘danar’ chun cur síos a dhéanamh ar eachtranaigh faoi mar atá le feiscint sa líne seo as dán cáiliúil ón seachtú haois déag, ‘Do chuala sceál do chéas gach ló me’: ‘Atáid na danair i leabaidh na leóghan’ (de Brún et al.: 1986, 32). Féach chomh maith Ua Duinnín (s.v. *danar*).

**23. d’eaglais cháidh:** Tá trí shiolla ag teastáil sa bhfocal *d’eaglais* anso ar mhaithe leis an meadaracht .i. /d'agǝlǝs'/ toisc go bhfuil an patrún [a – – á]

**37. fonn:** Tá an focal so le rá mar /fu:n/ toisc go gcaitear comhfhuaim a dhéanamh le *tiúin* anso.

**38. stiúirtheach:** ‘Stiúrthóir’ nó ‘fear stiúir’ atá i gceist leis seo is cosúil. Féach Ua Duinnín (s.v. *stiúrthach*) mar a ndeireann sé go bhfuil an chiall ‘a director’ ag an bhfocal so.

**44. ’riaradh cath:** Tá an réimír ‘do’ a mbeimis ag súil leis báite anso ar mhaithe leis an meadaracht. É sin nó gurb é ‘ag’ atá báite anso. Féach leis an nóta ar líne a haon.

**47. dólás Éireann iúil:** Dob fhéidir a áiteamh gur *umhal* atá i gceist anso ach go bhfuil sé curtha as a riocht sa chás so ar mhaithe le riachtanais na meadarachta. Chiallódh sé seo 'dólás Éireann umhaile' 'the sorrow of obedient (or generous) Ireland. B'fhéidir eile ná gur *uile* atá i gceist 'the sorrow of all Ireland.'

**50. ar feadh tuatha:** Bheimis ag súil le ginideach iolra anso 'ar feadh tuath' ach is léir go bhfuil an fhoirm aonuaire seo *tuatha* (faoi mar a bheadh tréaniolra ag an bhfocal) anso againn toisc go n-éilíonn an mheadaracht go mbeadh an patrún [ua – ] sa chéim seo den líne. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**50. go búch:** Is dócha gur 'freely' atá i gceist anso. Féach Ua Duinnín (s.v. *búch* 'free').

**Malairtí**

Ceannscríbhinn: Piarus Mac Gearailt cct. air bhás Mhuiris do nGeard. 2. Connall AB / Eoghain AB Olluim AB 3. an fhodladh A an fhodla B 4. a Neogchoill A a Neoghchioll B 5. an dreagan dhil A / croidhe A '♥' B 6. thapadh A 7. mhearaga AB / a ccomhrac Traoi AB 8 a dreoth A a dreoith B 9. chura A churradh B 10. murringeach A muirinneach B 13. a ngliag AB 15. dob fheairrde A / dá mail le Dia AB 18. do thraocha B 19. ag raoba AB 26. iona bhéal A 29. léarghoin AB 31. ar Éire A 34. do riaifeach A do riofeach B 35. gan bhréan AB 36. ní chian A 38. stiúrach A 39. dubhtha AB 40. fiúghantach AB 42. air fhiaghach A air fiaghach B 43. golfhairt AB 45 na ngealamh AB 46. chugad 47 Eirionn A Eirion B 48 do nGeard AB.

## 7. Marbhchaoineadh Éamoinn Mhic Uilliam Mhic Shíthigh

Tá créacht is brón le gleo is sceimhle,
scread is glam go fann ag saoithe,
golfairt, ciach is pian gan scaoileadh
ar leoin chalma is barrfhionnaibh míonla.

Cléir na nApstal ag screadaigh go scíosmhar,
ordaibh beannaithe ag agall le díomas,
ceathra gan lacht ’s gan meas ar choilltibh
’s an ghrian fá smúit gan lonnradh soilseach.

Uaisle Fódla i ngleo’s i ngeimhlibh,
gan aiteas, gan fonn ach dubhach gan aoibhneas,
bábaibh cailce gan taitneamh, gan intinn,
is caisí deor ó bhord a nglinnrosc.

Inneosad fáth a ngártha díbhse,
is d’fhúig fá dhursain go turraingeach, nimhneach,
banntracht Chaisil is Teamhair na Rífhlath,
ag sileadh na ndeor gach ló gan dísce.

Ó leagadh mo Shaesar tréan ’s mo mhíle,
Cú Raoi, go calma, ceannasach, gríofa,
dearscnach, dathamhail, fearamhail, fíontach,
lomarthach**,** láidir, lán-mhear, líofa.

Éamonn fial mac Uilliam mhic Shíthigh
faraire, fiúntach, súgrach**,** síochta,
ag Cluain Meala do fealladh le díomas,
ar mo laoch mear, léadmhach, líonmhar.

I gCloichín an Mhargadh scaradh led bhuíon tú,
tug stathadh ciabh is ciach is síorghol,
screadadh gártha, fán is sceimhle,
uchlán chruaghol, gruaim is síorchnead.

Ar laochaibh ’s ar thréanaibh dá aoirde,
ar barrfhionnaibh snuagheal, duairc gan intinn,
gleo ’gus anfa, atuirse is fíorchnead,
ar gach pearsa ler dearcadh do chríchse.

D’éis do bháis ’sea is fearr do ghníomhartha
do chur i bpraitinn do phearsa ’s t’intinn,
do mhéin, do mhaitheas is t’aigne d’insint,
dá mba acmhainneach mé i ndréachtaibh saoithe.

Acht amháin gur leor ó Mhór a dícheall,
tá fhios ag uaisle is sluaite na crích’ seo,
do chomharsain, do chomhgas, do ghaoidhealta
’s na sluaite bruinneal tug cumann ó chroí dhuit.

Go rabhairse it ardfhlath álainn, aoibhinn,
barrmhail, bláfar, breá-ghlan, buíonmhar,
cionnard, cabharthach, carthannach, croidheamhail,
dearscnach, dathúil, dea-chlumhail, díreach.

Fogharoilte, foghlamtha, fíontach,
gruagheal, greannmhar**,** geanamhail, gníomhghlan,
leonta, lúithghlic, lonrach, líofa,
meardha, meanmnach, maiseamhail, mín-mhear.

’S id phiolóir poncúil, prionsúil, príomhdha,
rábach, rabairneach, rafarach, ríoghamhail,
seasamhach, suaimhneach, stuama, síoch, ceart,
52 treorach, tairpeach, taitneamhach, tinnteach.

Curadh na ndonán ’s na mbochtán bhfíorlag,
taca na bhfann ’s ba teann le bíodhbhaibh,
greann is aiteas na bhflatha dob aoirde**,**
56 ’s ba lonradh is taitneamh don aicme dob ísle.

T’éadan cailce mar shneachta ar thaoibh cnoic,
do leaca ’s do ghnúis mar phlúr ar aoindath**,**
niamh an róis i gcló go díreach,
60 ar imeall do bheol, a stór mo chroíse.

Ba ghlaise do chaomhrosc réaltach, ríoga,
ná an drúcht ar maidin ag taitneamh ar chraoibhibh,
do chom sneachtmhar, slachtmhar, fíorcheart,
64 do dhá chrobh gheala ba lann-ághmhar líofa.

Mo gháir, mo scread, mo chnead, mo sceimhle,
mo dhortadh deor, mo bhrón lem shaoighil,
m’osna gan chluain, mo bhuairt, mo shíorchnead,
68 do cheann ba ghreannmhar scartha led chlí gheal.

Ba tú an Cú Chulainn dob ursa le naimhde,
ba tú an leoghan cróga, gríofghlan,
ba tú an gliaire grianda, gcroidheamhail,
72 is athair an chúigir tá go dubhach ’od chaoineadh.

Do bhís mar Aicill ba calma gníomhartha,
nó mar Chonn cróga, leon na gcríochaibh,
nó mar Mars chum gaisce is bíodhbhaibh,
nó mar Hector i ndeifir na scríbe.

Id churadh léannta, léadmhach, linnteach,
ceannsa, cneasta, gasta, in intleacht,
seabhac súgach, súgrach, síochmhar,
’s saoi gan mhairg, gan chealg, gan phoimp leamh.

M’angar nach thall insan Impreacht,
do goineadh go cróga an leoghan gríofa,
nó ar bhualadh machaire i ngaisce b’aoibhinn
seoch meirligh mhallaithe ’od thachtadh gan aoincheart.

Coiscfead mo pheann ós fann mo dhícheall,
’s go bhfachtar gach laoch go saor le hísbirt,
amhail mar ciorrabhadh cuisle mo chroíse,
le coirpeacht mhallaithe, gangaid is claoine.

Le breibireacht, meang is cam dá aoirde,
ag spalpadh na móid’ gan chóir, gan chuimhne,
ar ghlórtha na bhfhlathas ná ar pheannaid na buíne,
ach i bhfeartaibh Acheron greadaithe, sínte.

Ar mh’anam nach cás liom Seán dá ísbirt,
Mac Uí Thuathaigh rua is sceimhle air,
dá chreimeadh ag diabhail i bpianta choíche,
’s Herbert treascartha, damanta taoibh leis.

Máire Ní Dhuinnshléibhe i nduibhchréim daoirse,
is Tennison torchartha, loiscthe i dtintibh,
gan fuaradh, gan fuascailt, gan saoirse,
dá stracadh ’s dá stialladh ag diabhail le díoltas.

’S an dream do bhreabaigh le gangaid an bhuíon so,
*M[au]d[e]* ’s *B[agwel]l* is *B[agnel]l* ler cloíodh thu,
*B[rodri]ck*, *B[unbu]r[y]* mar bharra ar gach díomas,
dá stolladh ag diabhail beidh siad dáiríribh.

Saighead nimhe is cuisle gan dísce**,**
ocras doilbh gan fortacht is síorthart,
claimhe ’s clap ’s gach galar dá aoirde,
dá gceangal go cruaidh le guais is sceimhle.

Lomadh Luain is mórscrios buíne,
crosa is cruatan buan gan scaoileadh,
greamanna báis le fán is ísbirt,
dá ngreadadh go túirseach, dubhach le díoltas.

Mallacht cléire, éigse is draoithe,
mallacht gach baintreach tinn le nimhneas,
mallacht gach leanbh gan athair dá n-ísbirt,
le luanscrios earraigh is masla ’s líonrith.

Iar ndul go seascair chum leapa don bhuíon so,
beidh míle diabhal go dian san oíche,
dá loscadh, dá lascadh, dá ngreadadh, ’s dá gcoimhdeacht,
go goinideach, túirseach, súite i dtinte.

Céad bliain go mairid go peannaideach cnaíte,
i bpianta i ngalar, in easpa ’s i  ndaoirse,
greamanna nó gach ló ’na gclí chruimh’,
le golfairt gan fortacht ach osna ’s líonrith.

Iarraim, aithchim ar athair na soilse,
do chonnairc an mheang, an cam ’s an ísbirt,
led mhiorúil naofa déinse díoltas,
’s sómpla ’thabhairt go tapa don bhuíon so.

Nára lia pearsa ’na mbeathaidh san tsaoil so,
ná ruainne gainimh cois sleasa gach líonmhuir,
ná ribe féir fá réim na soilse,
ná diabhal ag tachtadh gach pearsa do chloígh thu.

Diombáidh, peannaid le galar is cnaíteacht,
gorta, cruatan, buairt is bíoga,
gan suan, gan chodladh, gan foithin, fá dhaoirse,
go raibh an aicme ler scaradh ód chlainn tu.

Is sásamh ainnis dot athair mo dhícheall,
tá gan mheabhair go fann od chaoineadh,
a chroí dá ghreadadh ’s aigne cloíte,
is srothanna deor gach ló dá síorchur.

Do dheirféaracha traochta gan aoibhneas,
Hanna go deorach, brónach, scíosmhar,
Bríd is Eibhlín tinnchroíoch, fíorlag,
a gciabh dá stracadh ’s a mbasa dá svíomhadh.

Mo chréachtghoin do chéile gan aoibhneas,
’s a cúigear clainne gan tusa dá gcoimhdeacht,
’s tu i gcúngrach i ndlúithbhfeart ag daoilibh**,**
i gCill Rónáin do ró-chráigh mílte.

Bíodh fios agaibh gur sreabhadh an laoich so,
ó churraíbh gradamach**,** calma, gríofa,
ó Chlann Domhnaill oirdhearc, aoibhinn,
dream do ghreadfadh an aicme ler cloíodh thu.

Dob é Iarla Antraim ceann do shinnsear,
Somhairle Óg na srólbhrat síoda,
mac do Alastram threascaradh naimhde,
’s uaidh do tháinig sárshliocht Síthigh.

Insa Mhumhain ba clúmhail, aoibhinn,
do fuineadh a ngaol go craobhach, buíonmhar,
le Gréagaigh dá thréine do bhíodar,
Brianaigh, Barraigh is Carrathaigh ríoga.

A Thrionóid ghlórmhar stór na soilse,
A Íosa, ’cheannaigh gach pearsa let’ fhíorfhuil,
suaimhnigh Éamonn séimh mac Síthigh,
’measc naoimh is aingil ag caitheamh na diadhachta.

Seacht gcéad déag ’s sé mar ríomhthar,
is trí fichid bliadhain an riaghail chinnte,
aois ár dTiarna ’pianadh dhíbhse,
nuair torchradh Éamonn séimh mac Síthigh.

Ceangal

Mo léan, mo phian, mo chiach, mo chréacht, mo chnead,
aon mhac Uilliam i gcriaidh fad thaobh a leac,
laoch mear grianda is gliaire dob fhéile dreach**,**
172 le héitheach diabhal gan riail, gan réim, gan cheart.

Gan réim, gan cheart, gan racht, gan dlí, gan chóir,
mo chréacht mar tachtadh flaith dob aoibhinn snó,
le claon ’s le cealg Gallaibh fill uim dhóigh,
176 d’fhúig tréithlag t’athair cathach, cnaíte i mbrón.

**Foinsí:** Maigh Nuad M 58 (a), 57 – 65 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Uí Chionnaola i gCo. Chorcaí sa bhliain 1769 **(A)**; Maigh Nuad M 10, 125 – 129 a scríobh Pól Ó Longáin i gCorcaigh c. 1817 **(B)**; ARÉ 23 O 15 (940), 155 – 161 a scríobh Seaghan de Lóndra in Eochaill, Co. Chorcaí c. 1830. **(C)**.

**Lámhscríbhinn eile:** Corcaigh, T. xvi, 133 – 136 a scríobh Pádraig Ó Súilleabháin i gCathair Chorcaí sa bhliain 1814 [cóip chruinn de ‘A’ atá inti seo].

**In eagar cheana:** Níor cuireadh an dán so in eagar cheana.

**Meadaracht:**

| | | |
|---|---|---|
| 1 – 168 | Caoineadh | / (x) x x í – / |
| 169 – 172 | Amhrán | / *é – ia – ia – é – a / |
| 173 – 176 | Amhrán | / *é – a – a – í – ó / |

**Nótaí Téacsúla**

Caoineadh a scríobhadh ar Éamonn Mac Síthigh, col ceathar leis an Athair Nioclás Mac Síthigh, a crochadh agus a dícheannaíodh i gCloichín an Mhargaidh Cho. Thiobraid Árann sa bhliain 1763. Níl ainm údair luaite le haon cheann de na LSÍ a chaomhnaíonn an téacs seo ach mar atá feicthe againn thuas sa chaibideal ar shaol agus saothar Phiarais tá dóthaint fianaise théacsúil i dtéacs an mharbhchaointe seo chun go leagfaí ar Phiaras é.

**4. barrfhionnaibh:** An fhuaim /a/ ag teastáil i dtosach an fhocail seo seachas /a:/ ar mhaithe leis an meadaracht. Féach leis líne a 30.

**7. ceathra gan lacht:** Seanmhóitíf i litríocht na Gaeilge is ea ba a bheith gan bhainne mar chomhartha bróin. Féach an plé ag Hull (1962: 190 – 1) ar an móitíf sa seanscéal *Aided óenfir Aífe* agus féach, chomh maith, an líne seo as Vailintín Brún le hAogán Ó Rathaille ( Ó Buachalla, 2007: 49): 'diúltaid ceathra a lacht a thál dá laoigh.

**10. fonn:** Tá an focal so le rá mar /fu:n/ ar mhaithe leis an meadaracht.

**14. nimhneach:** Tá an focal so le fuaimniú mar /n'i:n'ɘx/ ar mhaithe le riachtanais na meadarachta mar a bhfuil an patrún [ í – ] ag teastáil sa chéim dheireanach den líne.

**15. Caisil:** Caiseal Mumhan i gCo. Thiobraid Árann mar a mbíodh ríthe na Mumhan fadó de réir an tseanchais. Féach: http://www.logainm.ie/47909.aspx (ceadaithe 16 Meitheamh 2011).

**15. Teamhair:** Teamhair na Ríthe i gCo. na Mí mar a mbíodh Ardríthe na hÉireann fadó de réir an tseanchais. Féach: http://www.logainm.ie/1410576.aspx (ceadaithe 16 Meitheamh 2011).

**17 / 18. mo Shaesar tréan is mo mhíle, Cú Raoi … :** Cuirtear an té atá á chaoineadh anso i gcomparáid le hImpire na Róimhe agus dá bhrí sin, thuairimeoinn, leis

an slánaitheoir Stíobhartach a raibh súil in airde ag na Gaeil lena theacht chun a bhfóirithinte le linn na hochtú haoise déag. Is é Cú Raoi mac Dáire an tarna laoch a luaitear sa chomparáid seo. Luaitear an carachtar so i roinnt scéalta Rúraíochta ar nós *Fleid Bricrend*, *Mesca Ulad* agus *Aided Con Roí*. Fuair sé an lámh in uachtar ar Chú Chulainn i gcomhrac aonair ach mharaigh Cú Chulainn ina dhiaidh sin é ag Cathair Conraoi i gCorca Dhuibhne tar éis do Bhláthnaid feall a dhéanamh air (féach Ó hÓgáin, 1991: 139 – 142).

**20. lomarthach:** Is é atá sa LS ná *lomardha* ach is aidiacht seachas aidiacht bhriathartha (chiallódh *lomardha* nó *lomartha* 'shorn' nó a leithéid) atá ag teastáil ó chun go mbeadh ciall leis an líne agus tá an téacs athraithe dá réir agam. Ciallaíonn *lomarthach* 'shearing' dar le FGB (s.v.). Féach leis na malairtí léamha thíos. Dob fhéidir a thuairimiú go mbeadh *lonnartha* 'brilliant' níos oiriúnaí fós anso ach níl fianaise na LSÍ leis seo.

**21. Éamonn fial mac Uilliam mhic Shíthigh:** Nó Edmund 'Buck' Sheehy mar a thugtaí air (McBride, 2010: 122), an té atá á chaoineadh anso.

**22. síothdha:** Is é *sídheachta* atá sa LS ag Piaras ach tugaim an fhoirm seo *síothdha* anso faoi mar atá sé le fáil in Ua Duinnín (s.v. 'peaceable, peaceful').

**23. Cluain Meala:** Baile Chluain Meala i gCo. Thiobraid Árann mar ar cuireadh Éamonn Mac Síthigh os comhair na cúirte agus mar ar daoradh chun báis é. Féach: http://www.logainm.ie/67189.aspx (ceadaithe 16 Meitheamh 2011).

**25. Cloichín an Mhargadh** Cé gurb é 'Cloichín an Mhargaidh' an leagan oifigiúil den logainm seo inniu tá fianaise ann go raibh an leagan so, /cloh'i:n ə varəgə/, ann leis faoi mar a thugann litriú na LS, *cloithchín an mharragadh*, le fios. Féach http://www.logainm.ie/48021.aspx (ceadaithe 16 Meitheamh 2011).

**29.** Níl ach trí throigh sa líne seo: [x – x – í – ].

**33. D’éis do bháis ’sea is fearr do ghníomhartha:** Tá na focail Laidine *Lauda Post Mortem* scríte in aice na líne seo ag Piaras, faoi mar a bheadh gluais; línte a mhíníonn go beacht a bhfuil le fáil sa dán as seo síos go dtí líne 80.

**37. Acht amháin gur leor ó Mhór a dícheall:** Seanfhocal atá coitianta i gCúige Mumhan a chiallaíonn nach féidir le duine, nó le Mór í féin, ach a d(h)ícheall a dhéanamh. Féach Ua Duinnín (s.v. *dícheall*). Is ionann Mór anso agus Mór Mumhan, bean mhiotasach Chúige Mumhan a bhfuil baint aici le Mór Ríoghain, bandia na cogaíochta. Mar le pearsa Mhóire í féin féach Ó hÓgáin, 1991, 305 – 6; 307 – 9). Tá an file chun a dhícheall a dhéanamh an laoch atá ar lár a mhóradh anois cé go maíonn sé ná fuil sé *acmhainneach mé i ndréachtaibh saoithe* sna líne roimhe seo.

**38. sluaite na crích’ seo:** Is é *an chríth seo* atá sa LS ag Piaras anso ach tá an téacs leasaithe agam chun an ginideach uatha baininscneach a sholáthar. Is dealraitheach gur ag iarraidh an ginideach a sheachaint a bhí ár bhfile anso ach, mar sin féin, nuair a bháitear an guta deireanach den bhfocal sa ghinideach uatha anso ní chuirtear isteach ar an meadaracht: an chéim dheireanach [í – a] atá ag teastáil. Féach na malairtí mar a bhfuil *críthche* le fáil in B agus *na tíre* in C. Féach, chomh maith, an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**39. do ghaoidhealta:** Cloím le litriú Phiarais anso toisc an fhuaim ‘í’ a bheith riachtanach ar mhaithe leis an meadaracht mar go bhfuil an patrún [í – ] ag teastáil ag deireadh na líne agus an focal le rá mar /gi:ltə/ dá réir sin. Tabharfar faoi ndeara ná fuil ach trí throigh sa líne seo [ x – x – í –].

**45.** Níl ach trí throigh sa líne seo [ x – x – í –].

**48. meardha:** An fhoirm seo ceadaithe in Ua Duinnín (s.v. *meardha* ‘sprightly, quick’). Féach chomh maith DIL (s.v. *merda* ‘vigorous’ col. 108. 70 – 75).

**52. tairpeach:** Is minic brí dhiúltach ag an bhfocal so (féach Ua Duinnín s.v. *tairpeach* 'overbearing, violent' srl.) ach is dócha go n-oireann an bhrí 'bold' don chomhthéacs anso.

**58. aoindath:** Cloím le litriú Phiarais anso toisc an fhuaim 'í' a bheith ag teastáil i dtosach an fhocail ó thaobh na meadarachta agus an focal le rá mar /i:ndəh/ toisc go bhfuil [í – ] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne seo.

**62. ar chraoibhibh:** Cloím le litriú neamhstairiúil Phiarais anso toisc an fhuaim 'í' a bheith ag teastáil don mheadaracht sa chéim dheireanach seo den líne [í – ] agus an focal le rá mar /xri:v'iv'/ dá bharr. D'fhéadfaí a rá go bhféadfadh an fhuaim /i:/ nó /e:/ a bheith á cur in úil ag an litriú so – ao – pé scéal é, ach ar a shon san is léiriú é seo ar an tuiscint a bhí ag Piaras ar conas an fhuaim seo a thaispeáint.

**68. ba ghreannmhar:** An chiall 'ait' nó 'diamhair' le tuiscint anso gan amhras. Féach DIL (s.v. *grennmar* 'odd') agus Ua Duinnín (s.v. *greannmhar* ) mar a ndeireann sé gur 'queer, strange' is ciall leis an bhfocal (chomh maith le 'witty, comical' srl. gan amhras) agus mar a dtugann sé le fios gur mar *greannúr* a deirtear an focal nuair is é an chiall áirithe seo atá aige.

**69. naimhde:** An focal so le rá mar /ni:d'ə/ ar mhaithe leis an meadaracht i dtaobh go bhfuil an patrún [í – ] ag teastáil sa chéim dheireanach den líne.

**71. gcroidheamhail:** Is é atá sa LS ag Piaras ná *ccroidheamhuil* agus glacaim leis dá réir sin gurb é an t-urú atá á chur in úil aige leis an litriú seo. Is í an aidiacht 'croidheamail' atá ann mar sin agus urú breise curtha roimpi ar mhaithe le cúrsaí fuaime. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**78. intleacht:** An focal so le rá mar /i:n't'l'əxt/ ar mhaithe leis an meadaracht i dtaobh go bhfuil an patrún [í – ] ag teastáil ag deireadh na líne.

**79. síochmhar:** D'fhéadfaí a áiteamh óna bhfuil i LS Phiarais (*sidheachmear*) gur dhá fhocal atá ann .i. *síoch mear* ach chuirfeadh sé sin isteach ar uaim na líne seo mar a dtosnaíonn gach focal leis an litir 's' (féach chomh maith na malairtí léamha). Is é is dóichí ná gur focal nó foirm aonuaire é seo a chum Piaras ar mhaithe leis an meadaracht toisc an patrún [í – ] a bheith ag teastáil ag deireadh na líne. 'Síochánta' an brí atá leis de dhealramh.

**80. poimp:** An focal so le rá mar /pi:m'p'/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc go bhfuil an fhuaim /i:/ ag teastáil sa chéim dheireanach den líne [í – ].

**81. Impreacht:** An focal so le rá mar /i:m'p'r'ɘxt/ ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an patrún [í – ] ag teastáil sa chéim dheireanach den líne. Níl ach trí throigh sa líne seo:[x – x – í – ].

**83. ar bhualadh machaire:** 'At battle on a plain' is dócha atá i gceist anso.

**84. seoch:** Is ionann é seo agus 'seach'. Féach Ua Duinnín (s.v. *seach* 'in preference to, rather … than' ) mar a bhfuil an fhoirm mhalartach so den réamhfhocal luaite aige. Féach chomh maith DIL (s.v. *sech* 'in preference to , rather than, instead of' col. 123. 85).

**86. ísbirt:** Tá an fhoirm seo ag Ua Duinnín mar mhalairt ar *íosbairt* (s.v. 'hardship, abuse'). Féach chomh maith FGB (s.v. *íospairt* 'ill-treatment, illusage').

**94. Mac Uí Thuathaigh** 'John Torpey Ye Informer' atá scríte in aice na líne anso ag Piaras. Is ionann é seo agus an 'Seán' a luaitear sa líne roimhe seo. Duine de na daoine a thug fianaise i gcoinnibh Éamoinn Mhic Shíthigh ag an triail i gCluain Meala ab ea Torpey ar bhrathadóir agus gadaí capall a bhí ann, chomh maith, de réir dealraimh. Féach de Bhial (1954: 11, 17).

**96. Herbert** Séamus Herbert. Feirmeoir ó Chontae Luimnigh ab ea Herbert a ndeirtear ina thaobh gur thug sé fianaise i gcoinnibh an Athar Nioclás ag a thriail i gCluain Meala cé go bhfuil insint eile ann a deir gurbh amhlaidh gur caitheadh sa phríosún é chun ná féadfadh sé fianaise a thabhairt ar son an tsagairt. Féach de Bhial (1954: 23 – 24).

**97. Máire Ní Dhuinnshléibhe** Nó Mary Brady mar a thugtaí uirthi. Duine de na príomhfhinnéithe sa chás cúirte i gcoinnibh an Athar Nioclás. Deirtear go raibh an chloch sa mhuinirtle aici don Athar Nioclás toisc gur fhógair sé ón altóir í tamall de bhliantaibh roimh an eachtra so i dtaobh go rabhthas ag cur stríopaíochta ina leith. Féach de Bhial (1954: 21 – 23).

**98. Tennison:** Dhealródh sé gurb é seo an Joseph Tennison a luadh sa chás cúirte. Cuireadh i leith Éamoinn gur dhóigh sé arbhar an fhir seo agus é ag gníomhú mar bhall de na Buachaillí Bána. Shéan Éamonn an chúis seo chomh maith dar ndóigh á rá ná raibh aon bhaint aige leis an eachtra san. Féach de Bhial (1954: 45).

**102. Maude:** Sir Thomas Maude. Giúistís agus ball den chinsealacht áitiúil a raibh baint an-mhór aige leis an gcás cúirte ag ar daoradh Mac Síthigh. Féach de Bhial (1954: ix) agus Power (1993: 259).

**102. Bagwell:** John Bagwell. Giúistís agus ball den chinsealacht áitiúil a raibh baint an-mhór aige leis an gcás cúirte ag ar daoradh Mac Síthigh. Féach Power (1993: 258)

**102. Bagnell:** William Bagnell. Giúistís agus ball den chinsealacht áitiúil a raibh baint an-mhór aige leis an gcás cúirte ag ar daoradh Mac Síthigh. Féach Power (1993: 259).

**103. Brodrick:** An tOirmhinneach Laurence Brodrick. Féach Power (1993: 201). Ráineodh sé gur ministéir eile a bhí i gceist, áfach, mar atá an tOirmhinneach John

Hewetson a raibh baint an-mhór aige leis an gcás cúirte sa tslí gur tugadh 'Whiteboy Hewetson' air ina dhiaidh sin. Féach Power (1993: 260). Seans gur míchάil a bhí ar Broderick pé scéal é agus gur mar gheall air sin a luaitear anso é.

**103. Bunbury:** Matthew Bunbury. Giúistís agus ball den chinsealacht áitiúil a raibh baint an-mhór aige leis an gcás cúirte ag ar daoradh Mac Síthigh. Féach Power (1993: 257).

**107. clap:** Is ón mBéarla a thagann an focal so: 'the clap' nó 'gónarith' atá i gceist is dealraitheach (féach OED s.v. *clap* 'Venereal disease, esp. gonorrhoea, (also *the clap*); an infection with this.')

**114. nimhneas:** An focal so le rá mar /niːn'ɘs/ ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an patrún [í – ] ag teastáil ag deireadh na líne.

**119. gcoimhdeacht:** An focal so le rá mar /giːd'ɘxt/ ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an patrún [í – ] ag teastáil ag deireadh na líne.

**123. greamann nó gach ló 'na gclí chruimh':** 'renewed pains each day in their maggot ridden flesh' nó a leithéid sin atá i gceist. Ní foláir *nó* anso a thuiscint mar *nua*. Féach DIL (s.v. *cruim* 'worm maggot' agus s.v. *clí* (3) ' body' col. 236. 50 – 55). Tá an guta deireanach de *chruimhe* báite anso ar son na meadarachta toisc go bhfuil an patrún [é – ] ag teastáil sa chéim dheireanach den líne.

**129. san tsaoil so:** An focal 'tsaoil' le rá mar /tiːl'/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc go bhfuil an patrún [í – ] ag teastáil sa chéim dheireanach den líne. Féach, chomh maith, an nóta ar líne 62 thuas.

**133. diombáidh:** Is ionann an focal so agus 'díomá'. Féach Ua Duinnín (s.v. *díombáidh* 'sorrow, pity, dejection' srl.).

**134. bíoga:** Cé gur b*íogadh* atá ag Piaras ina LS féin déarfainn gurb é atá anso againn ná an uimhir iolra den bhfocal *bíodhg*. Féach Ua Duinnín (s.v. *bíodhg* 'a start, a fright, a passing fit of illness'). Oireann sé seo do chomhthéacs na líne níos fearr ná an t-ainm briathartha dar liom. Is mar seo a thuigim brí na líne seo: 'Starvation, hardship, turmoil and fits (of illness).'

**141.** Tabharfar faoi ndeara ná fuil ach trí throigh sa líne seo [x – x – í – ] mura bhféadfaí ceithre shiolla a dhéanamh de *dheirféaracha* agus é a rá mar *deir**i**féaracha*.

**149. an laoich so** An focal 'laoich' le rá mar /li:x/ ar mhaithe leis an meadaracht mar a thaispeánann litriú Phiarais féin: *laoidheach*.Tá an patrún [í – ] ag teastáil anso ag deireadh na líne.

**151. ó Chlann Domhnaill oirdhearc, aoibhinn:** Tá an méid seo le fáil i Maigh Nuad M10, 128 ('B' thuas): '*The Sheehys are originally and lineally descended from the Earls of Antrim. See Doctor Keating on Genelogy.'* Sid é an méid atá le rá ag an gCéitinneach (Comyn, 1902: 26) i dtaobh an nasc idir Clann Domhnaill agus Clann tSíthigh: 'Adeir [Spenser] fós gurab do Ghallaibh Clann tSíthigh; gideadh ní fíor dhó sin, óir is follus gurab do shliocht Cholla Uais iad, agus gurab ó Shítheach mac Eachduinn mic Alasdair mic Dhómhnaill, ó' ráidhtear Clann nDómhnaill Éireann agus Alban, tánagadar.' Caitear an focal *oirdhearc* a rá mar /o:r'γark/ chun go mbeadh comhfhuaim idir é agus *Domhnaill*.

**153. Iarla Antraim:** Bheifí ag súil le 'Iarla Aontroma' ach is é is dóichí ná go dtagann an leagan so ón mBéarla 'the Earl of Antrim' agus, ar aon chuma, ós rud é go bhfuil an fhuaim /a/ seachas /e:/ ag teastáil sa bhfocal *Antraim* ar son na meadarachta anso leanaim lámh Phiarais (féach na malairtí léamha). B'fhéidir gurb é Raghnall Óg Mac Domhnaill (†1676), chéad Iarla Aontroma, atá i gceist anso.

**154. Somhairle Óg na srólbhrat:** Ní tagairt é seo don Chaptaen clúiteach Somhairle Mac Domhaill (†1632) ach tagairt do Shomhairle eile, mac dearthár leis (Alasdar).

Maraíodh an Somhairle seo ag Cath Eachroma sa bhliain 1691 (féach McDonnell, 1996: 51, 72). Féach chomh maith an nóta ag 155.

**155. Alastram**: Is dócha gur Alasdar 'Carrach' Mac Domhnaill (†1634), nó Alexander faoi mar a thugtaí air as Béarla, atá i gceist anso. Deartháir leis an gCaiptín Somhairle ab ea é seo agus athair leis an Somhairle eile a luaitear sa líne roimhe seo (féach McDonnell, 1996: 72).

**164. 'measc naoimh is aingil:** Cé go mbeimis ag súil leis an tuiseal ginideach iolra anso, cloím leis an ainmneach iolra faoi mar atá againn ó láimh Phiarais sa LS cé ná déanfadh *'measc naomh is aingeal* aon díobháil don líne ó thaobh na meadarachta. Is léir nach i gcónaí a sholáthraíonn Piaras an ginideach i gcásanna mar seo tar éis réamhfhocail chomhshuite. Féach chomh maith an nóta ar líne i gcaoineadh eile de chuid Phiarais, *Ar bhás Sheáin Paor* (**3**, 106) thuas agus féach leis an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**164. diadhachta:** Féach DIL (s.v. díadacht 'divinity, theology,' col. 57. 20 – 25) agus Ua Duinnín (s.v. *diadhacht*) . Cloím leis an litriú stairiúil anso. Tá an focal le rá mar /di:xtɘ/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc an patrún [í – ] a bheith ag teastáil ag deireadh na líne. Is é atá ag Piaras sa LS ná *didhéachta*.

**166. chinnte:** É seo le rá mar /x'i:ntɘ/ ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an patrún [í – ] ag teastáil ag deireadh na líne.

**175. fill:** Tá an focal so le rá mar /f'i:l'/ toisc go bhfuil fhuaim 'í' ag teastáil anso ar mhaithe leis an meadaracht i gcéim dheireanach na líne mar go bhfuil an patrún [í – ó] ag teastáil.

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: Marbhchaoine Éamoinn Mhic Uilliam Mhic tSíthe do crochadh a cCloithín an Mharadha an 3ua lá do Mhíos na Bealltaine annsa mbliaghuin do aois an Tighearna 1766 A Marbhchaoine Eamoinn Mac Sídhthe B Air bas Eadhmonn

Mac Sidhthe C. 2. sgreada BC 4. mhiannladh C 5. a sgreadadh BC 6. órda B / go nímhneach B go nimhneam C 8. lúnradh A lunra B lonra C 12. ach caisíghe B acht gaiside C 13. Is inneosad BC 14. is dúbhach fé thuirse go turrainneach nímhneach BC 15. Teamhair na Ríoga BC 16. a sile deór B a sileadh deor C 17. curradh calmadh B curadh calma C 20. lomardha A lánamhur B lánmhear C / láidir lúthmhar líomhtha BC 22. sítheach BC 23. re díoghaltas B le diogaltas C 24. léadmhar B léudmhar C 25. ód bhuídhean BC 26. stocha C 28. ochlán cruaghol BC 29. thréinfhir BC 30. is barrfionnaicc B is bairrfhionaig C 31. síorchnead BC 32. badh amharc dod chríthse B ar bh amharc dod chríoch si C 33. tar éis C 36. do réir na saoithe BC 37. acht go leór BC 38. an chríth seo A na críthche B na tíre C 39. giod chómharsain giod chómhfhogus is ag ad ghaoidhiolta B ag do chomharsa ag do chomhgus ’s ag do ghaoilta C 40. na mílte bruinniol BC 41. ardlaoch BC Níl línte 45 /6 le fáil in C. 45. foralta fáinneach B 47. lurtha líomhtha B luirtheach líomhtha C 48. mhaordaighe B meardhaidhe C 49. phionnsamhail prionnsamhail phríomhach B phrionsamhuil phionnsamuil phriomhach C51. fíorcheart BC treóruidhe B treoraidhe C / tarbhathach B tabharthach C / tanathach B tathagach C 53. comharthach B cabharthach C / fíorlag B / re bíob***aibh*** B re bíodhba C 56. lúnnra teanga B lonnrach teanga C 60. do bhéil B do bheoil C Níl línte 61 – 64 le fáil in C. 61. caoin-rosg B 62. ioná B 64. air m’faillain budh líomtha B 65. mo gharán B 66. lam shaoghal tú B rem shaoigheal tu C 67. mo shíorchreach BC 70. gníomhghlan BC 73. Achiles B Achill C / go meidhreach a ngníomha B go meadharach a ngníomha C 74. is Eogha na ccríochaibh BC 75. nó mar Mharschon a ngaisce air ríghchoin BC 78. cneasda ceasda B gasta C 79. sidheachmear A síochmhoir B siodhachmar C 80. gan phunncphléidh B gan phuincphléidh C 81. annsan Impreacht do bhídhse B 84. air spionchrois B air spinchroich C 85. coisge me fan is fann mo dhíthcheall B coisgidh me fan ’sis fann mo dhithchioll C 87. mo churach is B mo churradh is C 88. cluidhreacht B cloidhreacht C 89. mionn BC 90. na móide BC 91. ionar feannag na buídhne B ionar feanadh na buídheana C 92. atá bhfochair Acheron da ghreada a tteinte B atá a bhfochair Acheron da ngreadadh a dteintibh C Níl línte 93 – 104 seo le fáil in B. 93. mo ____ go brath tu a Sheain is i ___ t C 94. a mhic uí Ruaithe ruaig C ad ghreidhm aig an diabhal C 97. sínte C 99. go brath C / gan fuaradh gan saoirseacht C 101. drong C 102. Maud is Bagwell is B ___ l do chlaoidh tu 103. B ___ is B__K 104. a measg diabhal. 105.

chulroce B coilice C 106. síorchnead BC107. cluídhe is cleap B claimh C 108. da ttreasgart B da dtreasgairt C / re duais B le duadh C 110. sgímhle B sgeimhle C 111. go fann BC 112. go dúbhach re túirse BC 113. gach baintreabhaigh tein le biodhga C 114. re díoghaltas 116. luansgrios ortha is masla go líonmhar BC 117. is air ndul don aicme seo damanta a ngeimhlibh BC 121. Diompaidh peannuid is galar cnaoidhte B 122. gorta is cruatan buairt is bíoga B a bpiantaibh an ghalair gan sosa gan saoirse C 123. gan suan gan chodhla gan faothain gan saoirse B ionna cclíodhna C 126. an mhéinn BC / an chéim BC 128. do thabhairt C / go tapaidh BC Níl línte 129 – 132 in B. 129. nar budh C / na beathadhach C 130. gainmhe C 133. díomp***aidh*** B daoirse C 135. gan faoithin B faoise C / gan saoirse BC 137. sásuigheann annois tathair BC 139. dá stracadh BC Níl línte 141 – 144 in B. 145. chreachghoin B ghearghoin C 147. i ndaoilbheart BC / daoile C 148. is brón 'sis tinn liom BC 149. gur searbh an laoi seo BC 150. ó churraidhe B le curradha C / croídhmhuil B croidheamhuil C 151. le clan Domhnaill C 152. an drong BC / do sgaipeach B do sgaipfeadh C / do chlaoidhig tú B do chlaoidh tu C 153. Iarla Anntraim A Iarla Anntruim B Antroim C 154. na srólta síoda BC 156. is uatha súd tháinig ard sliocht Sidhthe BC 158. do ghaodhal B do ghaol C 159. dá thréan A dá thréine is do bhíodar BC 160. is na flatha da aoirde B dobn aoirde C 161. suaimhnicc searthicc síthicc B suaimhnidh seathraid caomhnaid didean C 164. an laoch ad taicil a caithiomh a tsaidhbhris B an laoch at aice ag caitheamh an tsaibhris C / didhéachta A 167. an tighearna BC 168. ionnar BC [An feartlaoi mar leanus B An feart-laoi C] 169. mo chreach B mo phéin B 171. is féile B is séimhe C 172. gan rian BC 173. gan raith B gan rath C 174. Mo phéin B mo lean C 175. feidhil A fíll B feill C 176. céadta flaith faoi sgamal chumhadh agus deor.

## 8. Inghean Uí Ghearailt

Tá Lile gan scamall d’fhuil Ghearailt na sárfhear
’s is soineanta a teastas ag fáidhibh eoil,
ní fheicim a samhail ag taisteal na sráide
in innealtacht pearsan i gcáil ’s i gcló;
grá na rún í an mhúirnín mhascalach,
bláth na n-úll í i dtúis an tsamhraidh,
lúibín lachanta, eala an choirp bháin,
finnebhean fhada-chroibh, álainn óg!

Is mogallach, muirneach, uilleanach, ómrach,
cochallach, cluthar ag fás go feor,
a carnfholt craipinneach, fionnagheal, fáinneach,
cnotach ag tuitim go barr a bróg;
go trinseach, táclach, tláith, tiubh, taitneamhach,
cíortha, carnach, cáblach, camarsach,
bíseach, barrbhog, bachallach, bláith,
dlaoitheach, drolach ’s a scáil mar ór.

Bíonn Cupid ’na haice go haireach ar garda
is foireann na leanbh d’fhúig Páras dóibh,
is follas ’na leacain ag caismirt go dána,
lonnradh an tsneachta le scáil an róis;
a rinn-rosc réidh-ghlas, phéarlach, gheamharach,
a braoithe caola ar éadan leanbach,
a cruinnchíoch cheart is geanmnaí gnáith
’sí gile an choim chailce nár lámhaíodh fós.

Is binnghuth gearrghoib bhalsaim, bhúidh, mhánla
an linbh seo chanann le sámhghuth ceoil
ag seinm chirt gallphort – ceapadh na dáimhe,
foireann do theagaisc an chláirseach dóibh;
faoileann mhaordha, bhéasach, bhanamhail,
naíonda thréitheach, dhéarcach, gheanamhail,
milis-bhean, urramach, mhiochair gan cháim
’s d’fheartaibh a cumainn tá táin gan treoir.

Is mustar don ainnir a hathair go fáidhghlic,
doineanta, draganta, i mbearna an ghleo,
’s is tuille dá charadas a cheangal le Seán dil,
curadh nár mheata i dtábhairne ’n óil;
a máthair úir-chéibh, chiúin, chaomh, charthanach,
thóg sirriam contae ’s ’turnae laideanta
séimhfhear calma is marcradh cháidh,
chum seasaimh na spairne i ngarda an tslóigh.

Dá dtagadh fear forasta, fonnmhar, feádhbha,
cumasach, neartmhar, fé lán an tseoil,
fionnafhlaith sonais do ghlacfadh le grá í,
i ndlíthe na heaglaise, cráifeach, cóir;
’sí Lucy ghléigheal, shéimh Ní Ghearailt í,
ó chrú na nGréagach tréitheach d’eascair sí,
seangbhean mhaiseach na labhartha sámh’
fuair bua agus beannacht na dáimh’ go deo.

**Foinsí:** Corcaigh T. vii, 125 – 128 a scríobh Pádraig Stúndún i gCathair Chorcaí idir na blianta 1883 – 1884 **(A)**; Boston, Ir MS 1, 28 – 30 a scríobh Pádraig Stúndún sa

bhliain 1885 i gContae Chorcaí **(B)**; ARÉ 12 F 3, 47 – 48, a scríobh Seán Ó Dálaigh sa naoú haois déag i mBaile Átha Cliath [5 rann atá sa leagan so agus iad in ord difriúil.]**(C)**.

**Foinsí eile**: Corcaigh T. vi, 46 - 48; LNÉ G658, 67 (dhá véarsa); *N.B. Is ar Dhomhnall na Buile Mac Cárthaigh a leagtar an dán sna LSÍ eile seo ar fad a leanas:* ARÉ 23 F 18, 115; 23 O 26, 129 – 131; 23 G 20, 332; 23 C 8, 284 – 286; 23 N 12, 154 – 156; 23 N 14, 290 – 291; 23 N 15, 103; 23 D 35, 128 - 130; 12 F 3, 42 – 43; 24 L 12, 479 – 484; 23 G 21, 481; 24 A 34, 98 – 101; Maigh Nuad M6, 290 – 292; Mainistir Chnoc Mhellerí 7, 51 - 52; Corcaigh C58, 77 – 78; T. iv, 30 – 31. Coláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí CF25, 96 – 97; LNÉ G360, 385 - 386; G434 (b), 7 - 10; G441, 6 - 7; Iorua MS 684, 28 - 29; Boston MS S 22 (2) 277 – 278.

**In eagar cheana:** APMG: 54 – 56; (Ó Dálaigh 1849: 226 – 231).

**Meadaracht:**

Amhrán 2 (A + B) + 2C + DE

| | | |
|---|---|---|
| 1, 3 | / – i – – a – – a – – á – / | A |
| 2, 4 | / – i – – a – – á – – ó / | B |
| 5, 6 | / á – ú – ú – a – – / | C |
| 7 | / ú – a – – a – – á / | D |
| 8 | / i – – a – – á – ó/ | E |

| | | |
|---|---|---|
| 9, 11 | / – o – – i/a – – i – – á – / | A |
| 10, 12 | / o – – i/u – – á – ó / | B |
| 13, 14 | / *í – á – á – a – – / | C |
| 15 | / í – a – – a – – á / | D |
| 16 | / í – o – – á – ó/ | E |
| | | |
| 17 | / – ú – – a – – a – – á – / | A |
| 18, 20 | / *o – – a – – á – ó / | B |
| 19 | / – o – – a – – a – – á – / | A |
| 21, 22 | / – í – é – é – a – – / | C |
| 23 | / – í – a – a – – á / | D |
| 24 | / í – – í – – á – ó / | E |
| | | |
| 25 – 27 | / – i – – a – – a – – á – / | A |
| 26, 28 | / * i/o – – a – – á – ó / | B |
| 29, 30 | / í – é – é – a – – / | C |
| 31 | / i – a – – i – – á / | D |

| | | |
|---|---|---|
| 32 | / a – – u – – á – ó/ | E |
| 33, 35 | / – u – – a – – a – – á – / | A |
| 34, 36 | / o/u – – a – – á – ó / | B |
| 37 | / – á – ú – ú – a – – / | C |
| 38 | / ó – – ú – ú – a – – / | C |
| 39 | / é – a – – a – – á / | D |
| 40 | / u – – a – – á – ó/ | E |
| 41 | / *a/i – – o – – a/o – – á – / | A |
| 42, 44 | / *u/i – – a – – á – ó / | B |
| 45, 46 | / – ú – é – é – a – – / | C |
| 47 | / a – a – – a – – á / | D |
| 48 | / ua – – a – – á – ó/ | E |

**Ceannscríbhinní:**

Piaras Mac Gearailt cct Inghion Uí Ghearailt le Domhnall na Buile. Do thárlaidh mórán uaisle air fleagh aige Píaras Mac Gearailt agus do thastaidh uaidh ionghantus do chur orrtha. Do sgríbh sé roimhe sin "Inghion Uí Gearailt" agus do mhúin an t-abhrán d'á aodhaire bó - "Dómhnall na Buile." Tar éis dínnéir (agus an gloine a gabháil tímchioll) do ghlaodhadh a-steach Dómhnall go seinnfeadh sé "abhrán d'á dhéantús féin dóibh" agus dúbhairt (A)

Do bhí spioraid na greannmhaire agus Píaras Mac Gearailt go sár-cheanamhail air a chéile. Do thárlaidh mórán uaisle ar fleadh aige, agus do cheap sé 'na aigne féin go g-cuirfeadh sé iongnadh orrtha. Beagán laétheanta roimhe sin do scríbh sé "Inghean Uí Ghearailt" agus do mhúin sé dá "aodhaire bó" – "Domhnall na Buile," é. D'éis dínéir – agus an gloine ag gabháil tímchioll – do glaodhadh isteach Dómhnall go seinnfeadh sé "abhrán dá dhéantús féin" dóibh agus gan amhrus a dúbhairt mar a múineadh do (B)

Piaras Mac Gearailt cct. ('Domhnall na Buille' scríte isteach os a chionn seo) Pierce FitzGerald the author of the following song written in praise of his sister Ellen, in fact his only marriage portion was a native of Ballykenely, in the parish of BallyMacoda, and Barony of Imokilly, in the Co. Cork. He flourished about 1760, and was possessed of landed property to a considerable ... (?) which I understand he lost before his death. I am not aware whether any of his descendants are still living. His songs, which are numerous are sung by the peasantry in his native district and should be collected by some Irish scholar for publication. C

**Iarscríbhinn:**

Do bhí ionghnadh, gan amhrus, air na huaisle, a rádh go bhfiadfadh leath-amadán abhrán chómh breágh so do chumadh, agus óir ná'r admháil Píaras gurab é féin do sgríbh é, leanann ainm Dhómhnaill-na-Buile mar úghdar leis fós a bhfilídheacht na Múmhan. (A)

**Nótaí téacsúla:**

Cé gur ar Dhomhnall na Buile Mac Cárthaigh a leagtar an dán so i bhformhór na LSÍ tá traidisiún eile ann, mar is léir ó na ceannscríbhinní agus ón iarscríbhinn atá luaite thuas, a thugann le fios gurbh é Piaras Mac Gearailt a chum. Is fiú an méid seo atá in *Poets and Poetry of Munster* a lua chomh maith: 'At page 33 there is a slight allusion to the heroine of this ballad – a lady named Fitzgerald, a native of Ballykenely, in the county of Cork, which was a portion of the family eastate at the time, and is still held by their descendants. So captivating were her personal charms that she became the theme of the Munster poets, by whom she was celebrated in more than a thousand and one ballads, two of which we have given in our present volume. She had a brother named Pierse, a celebrated poet, of whom many anecdotes are related by the peasantry of his native district, one of which is as follows: - One day passing a nook close by his land, where the tide flowed in from the main ocean at high water, and meeting a brother bard he accosted him thus:-

Ceisd agam ord a shairfhir,
Os tu is deanaighe d'fhag an cuan
Ca mheid galun saile
Tan g-Crampan sa Chill Moluadh?

To which he received the following reply: -

Ni feidir a thomhas le cairtibh,
Ata se laidir luath
San mheid na faghadh slighe san Ath dhe
Geabhadh se an fanadh o thuaig. (Ó Dálaigh, 1849: 230 – 31)

Agus mar le Domhnall na Buile é féin, tuairimítear san áit chéanna nárbh é a chum in aon chor: 'Of Domhnall na Buile (i.e. Domhnall the mad or crazy) the reputed author of this ballad, we have nothing to say, except that his claim to the authorship of this ballad is

disputed, some asserting it to be the joint production of Sean Clárach Mhic Domhnaill and Uilliam Dall O Hearnain celebrated poets, who it is said, composed each half stanza alternately (ibid. 226 – 227). Tá cúpla tagairt do Domhnall na Buile ag Ó Ciardha (2001: 228, 336) agus tá lua air, chomh maith, ag Ó Buachalla (1962: 7).

**2. is soineanta a teastas ag fáidhibh eoil:** D'fhéadfaí é seo a aistriú mar 'and her reputation is clear to learned prophets'. Glacaim leis an gciall 'bright' atá san DIL (s.v. *soinennta*) anso seachas an ghnáthchiall atá ag an aidiacht *soineanta* inniu 'innocent, guileless' srl. (Ua Duinnín s.v. *soineannta*). Mar leis an bhfoirm *eoil* anso is léir gurb é atá ann ná an leagan malartach de ghinideach uatha an fhocail *eol* atá luaite san DIL (s.v. *eól* 'knowledge … experience, skill').

**5. an mhúirnín:** Tá an fhoirm mhalartach so de 'muirnín' a thaispeánann go soiléir an /u:/ atá ag teastáil don mheadaracht tugtha ag Ua Duinnín (s.v. *muirnín*).

**6. an tsamhraidh:** Tá trí shiolla ag teastáil sa bhfocal so mar /tavərəg'/ toisc go n-éilíonn an mheadaracht an patrún [ a – – ] i gcéim dheireanach na líne seo.

**7. lúibín lachanta:** **'**Cailín óg dathúil, dea-chumtha. Féach Ua Duinnín (s.v. *lachanta*, 'comely' agus *lúibín* 'a pretty girl.).

**9. uileannach:** Míníonn Ua Duinnín (s.v. *uilleannach*, *uilleach*) an aidiacht seo mar 'angular, (many)cornered' ach ós rud é go bhfuiltear ag cur síos ar ghruaig na mná óige anso is dócha gur ceart an focal a thuiscint mar 'many-tressed' nó a leithéid.

**9. ómrach:** 'Amber coloured' (Ua Duinnín s.v. *ómrach*). Ní foláir an focal so a rá mar /a:mrəx/ mar a bhfuil an fhuaim /a:/ ag teastáil ag deireadh na líne de réir na meadarachta.

**10.: ag fás go feor:** Tugtar le fios anso go bhfuil gruaig na hógmhná so ag fás síos go talamh. Leagan fileata den bhfocal *féar* (Ua Duinnín s.v.) atá sa bhfocal so *feor*.

**11. craipinneach:** Leagan malartach den bhfocal *crapanach* (Ua Duinnín s.v. *crapanach*) 'curled (of the hair)' atá anso.

**15. barrbhog:** Trí shiolla ag teastáil sa bhfocal so agus guta cúnta le clos go soiléir le go ndéarfaí é mar /barəvəg/.

**17. Bíonn Cupid 'na haice:** Is é atá sna LSÍ anso ná *na hatha* ach toisc nach fuirist aon adhmad a bhaint as an méid sin tá an téacs leasaithe agam chun go léifí *'na haice* ar mhaithe le soiléireacht. Tá fadhb ó thaobh na meadarachta anso sa tslí is go bhfuil an guta fada /u:/ le clos anso seachas an guta gairid /o/ atá ag teastáil don mheadaracht.

**18. is foireann na leanbh d'fhúig Páras dóibh:** Cloím le léamh C anso toisc gurb é is fearr a oireann don mheadaracht. Tá an léamh seo le feiscint i bhformhór na LSÍ eile (féach 23 C 8 (373) agus 24 L 12 (774) mar shampla).

**20. lonnradh an tsneachta le scáil an róis:** D'fhéadfaí a áiteamh gur /u:/ atá sa chéad siolla den bhfocal *lonnradh* ach dob fhéidir é a rá le /o/ gairid anso ar mhaithe leis an meadaracht.

**22. leanbach:** Foirm mhalartach den aidiacht *leanbaí* 'child-like, innocent' de réir FGB (s.v. *leanbaí*) agus trí shiolla, /l'anəbəx/, ag teastáil ann de réir riachtanais na meadarachta mar is léir.

**23. is geanmnaí gnáith:** Is minic a bhíonn an t-ainmfhocal so 'gnáth' sa ghinideach uatha mar aidiacht: Ua Duinnín (s.v. *gnáth*).

**24. 'sí gile an choim chailce nár lámhaíodh fós:** Ní foláir an guta deireanach 'e' sa bhfocal chailce a bhá ar son na meadarachta anso.

**25. Is binnghuth gearrghoib bhalsaim bhúidh, mhánla / an linbh seo chanann le sámhghuth ceoil:** Leanaim na léamha i bhformhór na LSÍ (féach 23 C 8 (373) agus 24 L 12 (774) mar shampla) anso seachas na príomhfhoinsí atá luaite toisc ná fuil na léamha iontu seo sásúil ó thaobh céille ná meadaracha (féach malairtí). Tá trí shiolla ag teastáil sna focail *binnghuth* agus *gearrghoib* agus an guta cúnta le clos iontu go soiléir mar *binn**e**ghuth* agus *gearr**a**ghoib* faoi seach.

**27. ag seinm chirt ghallphort:** 'Playing exotic tunes precisely'. Féach Ua Duinnín (s.v. *gall(a)-*) mar a dtugann sé an chiall 'exotic' i measc na gciall is féidir a bheith i gcomhfhocal den saghas seo. Tá an focal 'gallphort' le rá le trí shiolla leis an nguta cúnta le clos go soiléir anso .i. /galəfərt/.

**27. ceapadh na dáimhe:** Dob fhéidir é seo a thuiscint mar 'the composition(s) of the literary class (Ua Duinnín s.v. *dámh* 'a company, *esp*. of bards, artists, literary class)

**31.** Caitear an focal *urramach* a rá mar /ruməx/ anso chun ná beidh siolla sa bhreis sa líne seo.

**35. Seán dil:** Ba é seo Seán Paor ón gClais Mhór de réir an dá phríomhfhoinse atá in úsáid againn anso. Tá an méid seo le fáil mar fhonóta sna LSÍ: *Seaghan Paor Chlaise Móire a g-Conntae Phort Láirge*. (A). "*Seághan dil" .i. Seághan Paor Chlaise-Móire, cliabhuin an Ghearaltaigh*. (B). Ní fheadar ná gurbh é seo an Seán Paor gur scríobh Piaras caoineadh air?

**37. / 38. a máthair / thóg** Tá fadhb anso nach féidir a réiteach toisc ná fuil na gutaí fada /a:/ agus /ó/ ag réiteach agus go gcuireann sé seo meadaracht na línte beagáinín as a riocht. Is é an léamh céanna atá sna LSÍ eile.

**39. marcradh:** Tá trí shiolla ag teastáil sa bhfocal so de réir riachtanais na meadarachta. 'Horses, steeds, cavalry' an míniú a thugann Ua Duinnín air (s.v. *marcradh*).

**41. fonnmhar:** Tá trí shiolla ag teastáil sa bhfocal so de réir riachtanais na meadarachta agus é le rá mar /fonəvər/ dá réir sin.

**44. i ndlithe:** An litriú so ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil guta gairid ag teastáil sa chéim seo den líne.

**45. Lucy Ní Ghearailt:** An ógbhean atá á ceiliúradh sa dán so. *Ní Ghearailt* atá le feiscint sna LSÍ go léir cé go mbeimis ag súil le *Nic Gearailt* sa lá atá inniu ann. Beirt deirféar a bhí ag Piaras, Eilís agus Grás, agus ceathrar iníon a bhí aige, Grás Proinsias, Eibhlín agus Caitríona. Ní dócha go dtabharfaí 'Lucy' ar aon duine díobh so.

**46. ó chrú na nGréagach:** Chreidtí gur bhain na Gearaltaigh leis an nGréig .i. gurb as an nGréig a thángadar ar dtúis (féach de Brún et al. 1986: 168; Uí Chatháin, 2006: 498).

**Malairtí:**

1. do na Gearaltaicc na sáirfhear C 2. a bhfáig na n-óg C 3 a samhuil siúd ní fheacadh mé C 4. a ccéill a ttuigsin C 5. atá a caoimroisg réigh-ghlan léi go leanabach C 6. braoithe caola ar a héadan tarraingthe C 7. tá córadh chíoch cruinne as geanamnach mnámhúil 8. ag an leanbh bán cailce nár lámhuigheag fós C. 9. ómbrach ABC 10. cluthar léi C 11. air a gormrosc tripiollach fionnaghlas C 12. tláchtach B 's gach cnotadh léi ag tuitim go sál a bróg C 13. go soilseach bláitheamhuil tláitheamhuil taithniomhach C 14. cabharach B cíortha cártha cábhair camarsach C. 15. taibhseach baramhuil taithniomhach táclach C 16. dlaitheamhuil daite sa sgáil mar ór 17. a bhfolach ar gharda A tiocfadh Cúpid na haithnidh go foirghlic fáingneach C 18. ag caitheamh a ghatha le feidhm gach ló A ag

caitheamh a ghatha ’s ní náir do an nós B 19. go dána B go fóghar dá leannadh an chaismirt seo tháinig 20. lomradh C 21. péarlach néamh-ghlas B an chiuin-bhean bheusda dhéarcach leanabach 22. Sirriam conntae ’gus túrnae laidionta C 23. Gaodhal na marcaig ’s calum na n-óg í 24. ’s lé hiomad a gradaim do harduigheacc seól C. 25. tá binneas a milis-ghuith friotail na báibe B a bárraghuib a ttaisdiol mhic máirneach C 26. ag canadh saimh-ranna lé dáimheach ceóil B a leinbh a sé tainim nach sámh é an ceó C 27. dá rugadh idir gallaibh do spreagadh sí dánta C 28. fuirionn go ccuireadh a ccláirseach cheóil C 29. grádh ’gus rún í an múirnín masgalach C 30. bláth na n-úbhal í a ttúis an tsamhradh C 31. an lúibín laidionta alladh an chuirp bhán í C 32. an fhinne-bhean fada-croibh áluinn óg. [Níl línte 33 – 40 in C] 33. is musdar do’n ainfhir a h-aithir go fáith-ghlic B 34. doineanda – dragan a mbeárrna ’n sgeóin 35. nár urradh B 38. lainne dhúinn B 39. laoch is macra 40. ’sa spairin B 41. Tiocfadh C / foirghlic fáingeach C 42. cumasach cubhaidh B anall tar calaith fá na lán réimseoil C 43. fionn-fhlaith mhiochair B ag iarraidh an bhláith fhaigsionta dhoirteas mo ghrádh uirthe C 44. leanbh na heagluise an bhán-chnis óg C 45. máithirín na régs an chiuin ríog leanabach C 46. thréitheach AB togha na Gréige an spéirbhean mhasgalach C 47. labhartha bláith B milis-bhean urramach shultmhar gan cháim í C 48. buadh agus beannacht B ’s gur bhé dearca do chumainn dfág mé gan treoir C.

## 9. Do bhíos-sa maidean aerach

Do bhíos-sa maidean aerach
ag déanamh leanna ar bharr cnoic,
do bhíogas as mo néalta
go déarach, cathach, cráite;
cé ’shuíodh lem ais an ríbhean mhaiseach
’s a gnaoi mar eala ar bhánsreabh,
ag caoi go lag ’s í ’sníomh a glac
’s a rinnrosc glas ag tráchaint.

Do fhiosraigh mé don bhéith mhilis,
mhaorga, mhiochair, mhnámhail,
ba chliste a méir ar théadaibh,
ba ghléigheal, snoite a bánchrobh:
‘Nis dom féin gan bhréag, a bhruinneall,
nó an féidir gur tu an stáidbhean
do chuir ár Séamas Réx tar uisce
dá traochadh tar muir ’s dá carnadh.’

Do fhreagair dam an spéirbhean
go déarach, cathach, cráite,
a leaca ar dhath na gcaortha
’s a déad ag caismirt láimh leis:
‘Is mise féin gan bhréag an bhruinneall
ar a nglaotar Inis Fáilbhe
gur scaras lem chéile do shaorfadh mise
is do bhéarfadh sibh ’núr n-áitreabh.

Ní mise ’scar lem chéile
a léirchuir sibh gan áitreabh,
ach dlithe cama, éigean,
bréaga, broid is tnáthairt,
lena cuireadh ár Séamas Réx tar uisce
gur léirchuir mé gan sláinte
ag sileadh na ndéar ’s a glaoch go tuirseach
chum mé a bhuaint dom námhaid.

’S ná measadh neach gur meirleach mise
do léig mo tharra in airde,
ná ’ghaibh re Gallaibh daortha,
ach Éire flaith is Fáilbhe;
do throideas féin go tréanmhar, neartmhar,
go saorthach, lannach, láidir,
nó gur scaras lem thréithe, d’réir mar chanaim,
d’fhúig mé i Saxon tnáite.’

‘A Mhaighdean mhilis mhúinte,
ba clúmhail, cliste, grámhar,
do rinn mo dhearca dlúthshilte
is d’fhúig me tirim tnáite;
tiocfaidh chughainn tar srúil
do chrúshliocht Chaisil cháidh Choirc
’s cuirfidh chum siúil gach búr gan taise
’tá súbhach gan cheasna ’ár n-áitreabh.

A dhuine, tuig mo scéolsa,
go dtiocfaidh fós gan tláitheacht,
’s do chuirfidh sibh ar sóchas
’úr n-inead cóir le gairdeacht;
tiocfaidh Laoiseach saoithmhear, neartmhar,
is buíon ó Albain láimh leis,
is beidh ruatharnaigh ’s scaoileadh ar Ghallaibh
dá ndíbirt feasta as Clár Loirc.’

**Foinsí:** ARÉ 23 A 16 (28), 17 – 18 a bhreac scríobhaí neamhaithnid i gCluain, Co. Chorcaí sa bhliain 1756 **(A)**; ARÉ 23 O 56 (c) (1365), 78 – 79, Séamas Mac Giolla Rua a scríobh sa bhliain 1798 ag Leithghlinn an Droichid i gCo. Cheatharlaigh **(B)**; LNÉ G393, 101 – 103, Martin Hyde sa bhliain 1870 a scríobh i mBaile Mhac Óda Cho. Chorcaí **(C)**.

**Foinsí eile:** Féach an leagan malartach thíos.

**In eagar cheana:** APMG: 38 – 39.

**Meadaracht:** Amhrán 2 (A + B) mar atá luaite anso thíos. Ní mór a rá go bhfuil an mheadaracht so míchruinn go maith in áiteanna. Féach na nótaí téacsúla.

| | | |
|---|---|---|
| 1, 3 | / – í – a – é – / | A |
| 2, 4 | / – é – a – á – / | B |
| | | |
| 5, 7 | / – í – a – í –a (–) / | A |
| 6, 8 | / – í – a – á – / | B |
| | | |
| 9, 11 | / – i – é – é – / A | |

| | | |
|---|---|---|
| 10 , 12 | / *é – i – á – / | B |
| 13, 15 | / * i – é – é – i – / | A |
| 14, 16 | / – é – – u – á – / | B |
| 17, 19 | / – a – a – é – / | A |
| 18, 20 | / – é – a – á – / | B |
| 21 | / – i – é – é – i – / | A |
| 23 | / – a – (–) é – – é – i – / | A |
| 22, 24 | / – – é – i – á – / | B |
| 25 ,27 | / – i – a – é –/ | A |
| 26, 28 | / * é – i – á – / | B |
| 29, 31 | / *– i – – é – é – i –/ | A |
| 30 | / – é – é – á – / | B |
| 32 | / – é – ua – á – / | B |
| 33 | / – a – a – é – i – / | A |
| 35 | / – a – a – é – / | A |
| 34, 36 | / – é – a – á – / | B |
| 37 | / – i – é – é – a – | A |
| 39 | / – – a – – é – é – – –/ | A |
| 38,40 | / – é – a – á – / | B |

| | | |
|---|---|---|
| 41, 43 | / – í – i/a – ú – / | A |
| 42, 44 | / – ú – i – á – / | B |
| | | |
| 45 | / i – ú – ú / | A |
| 47 | / i – – ú – ú – a – / | A |
| 46, 48 | / – ú – a – á – / | B |
| | | |
| 49 – 51 | / – i – i – ó – / | A |
| 50 - 52 | / – u – ó – á – / | B |
| | | |
| 53 | / i – í – í – a – / | A |
| 55 | / i – ua– – í – a – / | A |
| 54, 56 | / – í – a – – á – / | B |

**Nótaí téacsúla:**

Is faoin teideal 'Séarlas Groí' a chuir an Foghludhach an aisling pholaitiúil áirithe seo in eagar (APMG: 38 – 39) toisc go luaitear sa leagan san Séarlas Groí a bheith ag teacht 'thar tuinn' d'fhonn na Gaeil a fhuascailt. Níl aon trácht ar Shéarlas sa leagan atá in eagar anso (ach féach an leagan malartach thíos atá ag teacht le leagan Uí Fhoghludha). Tá lua ar athair Shéarlais, Séamas III, sa leagan so, áfach, rud a thabharfadh le fios go bhfuil an leagan so níos sine agus níos cóngaraí don leagan a chum Piaras an chéad lá. Tá's againn ó fhianaise na LSÍ gur scríobhadh é roimh an mbliain 1756 agus dob fhéidir a thuairimiú gur tamall maith roimhe sin a cumadh é. Ós rud é go bhfuil lua ar 'Laoiseach' a bheith ag teacht agus 'buíon ó Albain' ina theannta d'fhéadfaí a thuairimiú gur tamaillín roimh chath Chúil Lodair i 1746 a cumadh é, nó ceann éigin acu, díreach tar éis an chatha thubaistigh sin.

**3. do bhíogas as mo néalta:** Caitear an bhéim a chur ar an réamhfhocal ‘as’ anso chun meadaracht na líne a thabhairt slán.

**5. cé ’shuíodh lem ais an ríbhean mhaiseach:** ‘*Gur shuigh*’ a thabharfadh A nó B dúinn ach chruthódh sé seo fadhb ó thaobh na meadarachta toisc gur ar éigean a d’fhéadfaí an fhuaim /i:/ atá ag teastáil sa chéad chéim den líne seo a sholáthar le *shuigh*. Is é an léamh a thugann C *cé ’shuíodh* a leantar anso dá bharr san. B’fhéidir go mbeadh súil againn le *cé ’shuíodh lem ais* ***ach*** *an ríbhean mhaiseach* ach déarfainn go bhfuil brí (agus meadaracht) na líne slán mar atá agus an ‘ach’ le tuiscint againn .i. ‘who should sit beside me [but] the beautiful queenly woman.’

**8. a rinnrosc glas ag tráchaint:** Tugann Ua Duinnín (s.v. *tráighim*) an fhoirm mhalartach *trághchaint* mar ainm briathartha den bhriathar seo rud a chiallaíonn gur féidir an líne seo a thuiscint mar ‘her clear bright eye was emptying / draining its tears.’

**9. don bhéith mhilis:** Is dócha go gcaitear an focal *milis* a chiorrú go dtí an t-aon siolla amháin anso ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an patrún [é –] ag teastáil sa chéim dheireanach den líne. É le rá mar /v'l'is'/ mar gheall air sin. Mar leis an bhfocal *béith* anso is leagan malartach den bhfocal *bé* (Ua Duinnín s.v. ‘a maid, a woman’) atá ann agus é an-chomónta i bhfilíocht na tréimhse seo. Féach, mar shampla, Uí Chatháin (2006: 389).

**15. / 29. Séamas Réx** Is dealraitheach gurb é An Stíobhartach é féin, Séamas III (1688 – 1766), mac le Séamas II atá i gceist anso.

**22. Inis Fáilbhe:** Seanainm fileata ar Éirinn. Duine de sheanríthe na Mumhan ab ea Fáilbhe de réir an tseanchais (féach Ó hÓgáin, 1991: 291).

**23. do shaorfadh mise:** Is é *do shaothrach* atá le léamh sna LSÍ ach glacaim leis seo mar mhodh coinníollach 3ú uatha den bhriathar ‘saor’: ‘he would save / protect me’.

**24. is do bhéarfadh sibh 'núr n-áitreabh:** Is féidir an líne seo a thuiscint mar '(he) would bring (all of) you into your (rightful) dwelling place' .i. 'dhéanfadh sé cosaint oraibhse chomh maith.'

**25. ní mise 'scar lem chéile:** Bheadh súil againn le *mise do scar lem chéile* anso ach is dócha go bhfuil an mhír choibhneasta fágtha ar lár anso ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an patrún [i – a – é] ag teastáil. Féach leis líne 35.

**32. chum mé a bhuaint dom námhaid:** Tá fadhb anso ó thaobh na meadarachta sa mhéid is ná fuil amas faoi mar is ceart idir *mé* /e:/ agus *buaint* /ua/. Ní haon chabhair iad na malairtí léamha anso ach oiread. Dhéanfadh leithéid *mé a shaoradh óm námhaid* an bheart go seoigh dúinn anso ach níl a leithéid de léamh sna LSÍ.

**33/4. 'S ná measadh neach gur meirleach mise / do léig mo tharra in airde:** 'And let no-one think that I am a harlot who lay on my back'. 'Villain, a thief' a chiallaíonn an focal 'meirleach' de ghnáth ach tugann Ua Duinnín ciall eile (s.v. *méirleach*) 'a strumpet (for méirdreach)'. Tá fadhb ó thaobh na meadarachta anso i líne 33 mar a gcuireann an focal *mise* faid leis an líne ná fuil ag teastáil.

**36. Éire flaith is Fáilbhe: '**Ireland of the princes / heroes and of Fáilbhe (Rí Chúige Mumhan).' Féach líne 22 thuas.

**40. d'fhúig mé i Saxon tnáite:** Ní hé atá le tuiscint anso go bhfuil an spéirbhean i Sasana féin ach go bhfuil sí faoi smacht na Sasanach.

**41. A Mhaighdean:** Tá an focal so le rá mar /vi:d'ən/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc an fhuaim /i:/ a bheith ag teastáil sa chéad chéim den líne.

**43. dlúthshilte:** Comhfhocal ata anso déanta de *dlúth* + *silte*: 'intensely flowing.'

**46. do chrúshliocht Chaisil cháidh Choirc** ‘Of the race of the famous Corc of Caiseal.’ Duine de ríthe Chaisil ab ea Corc de réir an tseanchais (féach Ó Buachalla, 2007: 123). Mar leis an tagairt do Chaiseal Mumhan i gCo. Thiobraid Árann, féach http://www.logainm.ie/47909.aspx (ceadaithe 6 Eanáir 2011).

**49 – 52. A dhuine, tuig mo scéolsa, go dtiocfaidh fós gan tláitheacht do chuirfidh sibh ar sóchas ’úr n-inead cóir le gairdeacht:** Is dócha go bhfuiltear ag tagairt do Rí na Fraince, Louis XV (Laoiseach) a luaitear sa chéad líne eile anso: ‘Understand, my good fellow, my story that (he, Louis) shall come strongly and shall put you in comfort in your rightful place with joyfulness.’ Glacaim leis gurb ionann *gairdeacht* anso agus *gairdeas* ‘joy, gladness’ (Ua Duinnín s.v. *gáirdeas*).

**53. Laoiseach**: Ní foláir nó gur tagairt é seo do Louis XV, Rí na Fraince (1715 – 1774).

**53. saoithmhear** Glacaim leis gurb ionann an fhoirm seo agus *saoithiúil* (féach Ua Duinnín s.v. *saoitheamhail* ‘skillful, learned, cultured’). Níor éirigh liom aon sampla eile den bhfoirm a aimsiú i g*Corpas na Gaeilge*.

**55. ruatharnaigh:** Is deacair aon adhmad a bhaint as a bhfuil sna LSÍ anso *ruadhra naoid nó ruathra nídh* ach oireann *ruatharnaigh* – ná fuil neamhchosúil leis na léamha so – do chomhthéacs na líne faoi mar a mhínítear an focal in FGB (s.v. *ruatharach, ruatharnach*) ‘act of rushing, charging.’ Tá an líne seo leasaithe agam dá réir sin. Cruthaíonn sé seo fadhb ó thaobh na meadarachta, áfach, toisc gur /ua/ atá againn sa chéad siolla den bhfocal so ‘ruatharnaigh’ seachas an fhuaim /i:/ a theastaíonn.

**56. Clár Loirc:** Seanainm fileata ar Éirinn agus í ainmnithe i ndiaidh Loirc a bhí ina rí ar dheisceart na hÉireann de réir an tseanchais. Féach Ó Conchúir (2009: 157)

**Is mar seo a théann línte 49 – 56 in C (féach malairtí thíos):**

‘S a dhragain chuthaigh chrógaigh is cliste cló agus cáil mhaith,
gur milse linn do ghlórtha ná cruite, ceolta is dánta,
do bhearta grinn is éachtach gnímh mar scéalta á mhaíomh i gClár Loirc,
ós ag teacht tar toinn dár Charles groí beidh céad is míle *Huzza* againn.

**Ceannscríbhinn:** Piaras Mac Gearailt cct. AB Le Piaras Mac Gearailt C

**Malairtí:** 5. gur shuigh AB cé thigheadh C 6. er banta C 8. tréachaint B 9. do iasra mé AB disaris C 11. er theade a siannaibh C 19. nuis B aithris féin dum ce he tu C 15. ár Séamus Rex gan fionnaibh C 16. er muir is da chabil C 17 – 24. ar iarraidh in C. 23 do shaothrach AB 25 – 32 mar seo in C: ni mise sgar lem cheile na leig mo tharra a nairde / na gaibh le gallaibh daorsmacht a neirin flaith is faige /do shasabhais fhéin go trean-mhuir neartfur eadrom lannaglic laidair / gur sgar mo rex liom do reir mar mhasaim dfhuig me aige Saxson tnaite. 31. tuirse A glaodhach gan tuse cuin me bhuint B. 33 – 40 ar iarraidh in C. 35. daonna A daortha 40. m’ Saxon A le Saxon. 42. shughach shuilfiar gradhmhar C 43 – 44. dfhuigis mo dhearca go dughach ag sille is mo shuile tirim taidhte C 45. go dtuicfig A go ttuicuig B tuchaig chunn C 46. an gasra do phluir shliocht chasil clar luirc C 47. .. cuirfuig A go chuirfhig B chuirrig cum subhail go bog go tapa ta suach 48. in ur nait…A .. aitreabh B ar natraibh C 50. fíor A fóir? B 55. ruadhra naoid A ruathra nídh B 49. – 56. mar seo in C Sa dhragain chuithig chragaig is clisde clogh agus cail-mhath / gur mhisle linn do ghlora na chruita coelta is dannta / do bhreirta grinn is eagtach gnoimh mar sgealta a mhaodhibh a chlar luirc / os a teacht tar toinn d,iar Charles graodhe beig cead is mile Huzza aguinn.

**Leagan Malartach:** Tá leagan den dán so in eagar in APMG, 38 – 9 (faoin teideal ‘Séarlus Groidhe’) ó dhá LS a scríobh Pádraig Stúndún ag deireadh na naoú haoise déag: Corcaigh, T vi (1885) agus T vii. (1883 – 4): Tá an téacs céanna le fáil i LS eile leis an scríobhaí céanna, Harvard, MS. Ir. 1 (1885), 15 – 16. Is ón tríú LS seo atá an téacs seo tógtha agam:

**Ó Harvard MS. Ir. 1:**

Do bhíosa maidean aerach
ag déanamh leanna i mbarr cnoic,
mo smaointe ’s me go déarach
ar chreachadh ’s daoradh Chlár Loirc;
do shuigh lem ais de shíolradh Chais
an bhrídeach mhaiseach, mhánta,
ba chleasaí saigheada a rinnroisc ghlais
’s a gnaoi mar shneachta ar bhánta.

Bhí a méaraibh mionna ar théadaibh,
go binn ag seinim dánta,
d’fhiosras den spéirbhean,
mhaorga, mhiochair, mhánla:
‘Aithris uait féin dam,
an tusa an ainnir Fháilbheach
do chuir ar seachmall Séamas
is d’fhag gan Réx sinn láithreach?’

‘Ní mise scar lem chéile
ná ’thréig mo chara páirte,
ná ’ghaibh lé galla-mhéirleach
in ionad flaith mo chairde:
do sheasaíos do le tréimhse
’s mo lannthurbhaic* ar garda,
do thuit mo chlann’na gcéadta
’s d’fhág san Sacsain carnadh.’

‘A Mhaighdean mhilis, mhúinte,
is dubhach liom cúis do chráite,
is fíoch a [d’]f[h]ras mo shúile
ar gcloistin rún do ráite.’
Do labhair sí go ciúin liom
Is dúirt a laoithe séimhe:
‘Tá cóib ag teacht thar triúch chughainn
chum réiteach ar ár ngéibheann.’

‘A bhruinneall bheacht na Fódla,
is deise cló ’gus gáire
is milse liom do sceólsa
ná ceolta stoic is cláirseach;
do chuntas cruinn i mbréithre grinn
beidh scéal i gcrích is aird air
’s ar théacht thar tuinn do Shéarlas Groí,
gheobhaidh céad is míle fáilte.

*** lannthurbhaic:** Téann díom an focal so a thuiscint ach tá an focal céanna sna trí LSÍ ag an Stúndúnach. Leasaithe ag Ó Foghludha (APMG: 38) go ‘gallóglach’. Ní fheadar ná gur *lannmharcach* a bhí i gceist ag an scríobhaí, focal a bhfuil sampla amháin de le fáil i g*Corpas na Gaeilge*.

## 10. Cormac Óg

Cois leasa dham sínte ’s mo smaointe ar mearbhall
do dhearcas chugham ainnir tré dhairbhre im’ néal
go raibh carnfholt scaoilte síos go talamh léi
agus í ar seachmall dá ceachladh ón saol;
‘An duine thu, a shiúr, den triúr do chealg me,
nó an tu Juno, bean Jupiter eagna?’
‘Ní dalta leo súd dá ndúraís cheana me
ach dlúthshearc Charalais, Banbha, i mbaol.

Múscail ’s corraigh a Chormaic Chrógaigh,
scaoil ár nglasaibh le lúth do ghéag,
gléas go hobann ort clogad ’s clóca,
claíomh chum díoltais is fuinneamh ’na dhéidh;
do-gheobhaidh tú fád shliasta gan iarraidh gan dearmad
gillín faoi shrian ’gus diallait airgid
fachtar an fia agus tugtar abhaile é
’s gearrfam na beannaibh de ghallphoic mhéith’.

Más seanphoc rua do ghluais thar calaith é
’s tháinig chum baile gan phaitean, gan réim,
bainidh an chluais de ’s ruagaidh thar farraige é
nó cathaidh a shamhail lag marbh i gcré;
beidh binncheol adharc le meidhir i mBanbha,
is gearradh na ngadhar tré choillte Alban,
cois leasa anseo thíos beidh rince ’s bachaire
ag cur fáilte abhaile roimh chara na gcléir.

Beidh cléir go seasamhach, talamhach, tóiceach,
’s ní miste leothu Seoirse faoi chuingir i gcéin,
beidh corrbhodaigh torchartha ’s tuilleadh acu dreoite
’s Cormac Óg i gCaiseal faoi réim;
Beidh cogadh na nGael cois taobh na farraige
púdar is p’léir is réabadh ’s argain,
gach faraire tréan ’gus faobhar ar a lann aige
ag cur boirb a chodladh ’s ní dubhach linn é.

Is dona ár sceol ’s is brónach doilbhir,
le gainne, mo dhanaid, ag treabhadh na cré
’s an sodalach Seoirse ’na chóiste go soilbhir,
is ceol dá spreagadh dho i dtúis gach lae;
tiocfaidh an Spáinneach go táirpeach, acmhainneach
’s cuirfidh an Francach scanradh ar an Sacsanach,
ba bhinne linn súd ná diúgadh an bhairille,
táimse im’ chodladh nó ’s fíor mo scéal.’

**Foinsí:** Corcaigh T vi, 21 – 3 a scríobh Pádraig Stúndún i gCorcaigh sa bhliain 1885 **(A)**; Corcaigh T vii, 103 a scríobh Pádraig Stúndún i gCorcaigh c. 1883–4 **(B)**; Harvard MS. Ir. 1, 17 – 18, Pádraig Stúndún a scríobh i gCorcaigh sa bhliain 1885 **(C)**.

**Foinsí eile:** LNÉ G393, 101 – 103, Martin Hyde i mBaile Mhac Óda Cho. Chorcaí sa bhliain 1870 a scríobh **(D)**. Féach an leagan malartach thíos. Cartlann Chathair agus Chontae Chorcaí IE 0627 G 3 (b), 16 – 17.

**In eagar cheana:** APMG, 36 – 7

**Meadaracht:** Amhrán Malartachais 2 (A +B) + 3C + D faoi mar atá taispeánta thíos. Ní mór a rá, áfach, ná fuil an mheadaracht róchruinn in áiteanna, go háirithe mar leis an gcéad chéim de na línte ina bhfaightear gutaí ná fuil ag freagairt dá chéile, m.sh. ll. 13 – 15 mar a bhfuil /o:/ /i/ agus /a/ gan a bheith mar a chéile agus ll. 29 – 31 mar a bhfaightear /o/, /u:/ agus /a/ agus iad in ainm is a bheith ar aon dul lena chéile. Ina theannta so, tabharfar faoi ndeara go bhfuil fadhbanna ó thaobh comhfhuaime sna línte seo a leanas: 10 /a/ agus /u:/, 15 /ia/ agus /u/, 27, /o/ agus /i/, 28, /o:/ agus /a/, 32 /o/ agus /u:/ 34 /a/ agus /au/, 36 /a/ agus /u:/ agus 40 /o/ agus /i:/. Tá línte áirithe ná fuil ar aon dul lena chéile ó thaobh comhfhuaime de cé go mba cheart dóibh a bheith: ll. 21, 22 agus 23 mar a n-athraíonn an chomhfhuaim ó /ai/ go /i:/ agus ll. 37 – 39 mar a n-athraíonn an chomhfhuaim ó /a:/ go dtí /u:/. D'fhéadfaí *réidhmhéidreacht* a thabhairt ar an meadaracht so toisc a mhíchruinne is atá sí. (Féach Ó Donnchadha, 1925: 93 – 95.

| | | |
|---|---|---|
| 1, 3 | / – a – – í – í – a – – / | A |
| 2 | / – a – – a – é – – é / | B |
| 4 | / – u – a – – é – – é / | B |
| 5 | / – i – – ú – ú – a – – / | C |
| 6 | / – a – ú – – ú – – a – – / | C |
| 7 | / – a – – ú – ú – a – – / | C |
| 8 | / – ú – a – – a – – é / | D |
| 9 | / ú – o – – o – ó –/ | A |
| 10 | / í – a – – ú – é / | B |
| 11 | / é – o – – o – ó – / | A |
| 12 | / í – í – – i – (–) é / | B |

| | | |
|---|---|---|
| 13 | / – ó – – ia – – ia – – a – – / | C |
| 14 | / i – – ia – ia – a – – / | C |
| 15 | / a – – ia – u – a – – / | C |
| 16 | / – a – – a – a – – é / | 3C + D |
| 17, 19 | / – a – – ua – ua – a – – / | A |
| 18 | / – á – – a – – a – – é / | B |
| 20 | / – a – – a – – a – – é / | B |
| 21 | / – i – – ai – ai – a – – / | C |
| 22 | / – a – – ai – ai – a – – / | C |
| 23 | / – a – – í – í – a – – / | C |
| 24 | / – á – a – – – a – – é / | D |
| 25 | / – é – a – – a – – ó – / | A |
| 26 | / – i – ó – ó – – u – – é / | B |
| 27 | / – o – – o – – i – – ó –/ | A |
| 28 | / – o – ó – a – – é / | B |
| 29 | /– o – – é – é – a – – / | C |
| 30 | / ú – – é – é – a – – / | C |
| 31 | / a – – é – é – (– ) a – – / | C |
| 32 | / – o – o – – ú – é / | D |

| | | |
|---|---|---|
| 33 | / – o – – ó – ó – o – – / | A |
| 34 | / – a – – a – – au – é / | B |
| 35 | / – o – – ó – – ó – o – – / | A |
| 36 | / – ó – a – – ú – é / | B |
| 37 | / i – – á – – á – a – – / | C |
| 38 | / i – – au – au – – a – – / | C |
| 39 | / i – – ú – ú – – a – – / | C |
| 40 | / á – – o – – í – é / | D |

**Nótaí téacsúla:**

Aisling pholaitiúil ina ndeintear amach go bhfuil cabhair ag teacht ó Rí na Spáinne, Carlos a III de réir dealraimh, chun go gcuirfí Cormac Óg (An Stíobhartach Séarlas Óg) 'i gCaiseal faoi réim' arís agus go saorfaí na Gaeil le cabhair, b'fhéidir, ó mhuintir na Fraince chomh maith. Má tá an ceart ag Ó Buachalla (1996: 645) gurb é Seoirse a III atá á lua anso d'fhéadfaí a thuairimiú gur scríobhadh an aisling seo timpeall na bliana 1760 nó ina dhiaidh sin.

**1. mearbhall:** Tá an focal so le rá le trí shiolla ar mhaithe leis an meadaracht .i. /marɘhɘl/ mar a bhfuil an patrún [a – –] i gcéim dheireanach na líne.

**2. tré dhairbhre im' néal**: Ní foláir na focail seo a rith ina chéile agus dhá shiolla a dhéanamh de 'dhairbhre im' chun an mheadaracht a thabhairt slán toisc an patrún [é – – é].

**4. ceachladh:** Caitear an focal so a rá leis an bhfuaim /e:/ mar /k'e:xlɘ/ ar mhaithe leis an meadaracht.

**6. Juno:** Hera na nGréagach agus bean chéile Jupiter. Féach Grimal (1991: 230). An fhuaim /u:/ ag teastáil anso.

**6. Jupiter:** Is ionann Jupiter i seanscéalta na Rómhánach agus Zeus na nGréagach. Ba é rí na ndéithe é. Féach Grimal (1991: 231). An fhuaim /u:/ ag teastáil anso.

**8. Caralas:** Is cosúil gur tagairt atá anso do Carlos III a bhí ina Rí ar an Spáinn ó 1759 go dtí 1788.

**9. Cormac Crógach:** Is dealraitheach gur tagairt atá anso don Stíobhartach, Séarlas Éadbhard (1720 – 1788), Séarlas Óg nó Bonnie Prince Charlie mar a thugtaí air. Úsáidtear an códainm *Cormac* anso d'fhonn teachtaireacht Sheacaibíteach na hAislinge a choimeád faoi cheilt. Níl aon fhianaise eile agam ar an ainm seo a bheith in úsáid mar seo ó aon fhoinse eile, áfach.

**13. dearmad:** Tá trí shiolla ag teastáil ar son na meadarachta agus an focal le rá mar /d'arəməd/ toisc an patrún [a – – ] a bheith ag teastáil i gcéim dheireanach na líne.

**16. 's gearrfam na beannaibh de ghallphoic mhéith':** Mar leis an bhfoirm 'gearrfam' anso ní foláir é sin a thuiscint mar fháistineach ordaitheach ar nós 'ragham'. Tá an uimhir iolra den aidiacht á chur in úil anso ag deireadh na líne le huaschamóg mar a bhfuil an guta deireanach á bhá ar mhaithe leis an meadaracht. Tá an focal *ghallphoic* le rá le trí shiolla de réir na meadarachta .i. /γaləfək'/.

**20. lag marbh i gcré:** Féach na malairtí léamha thíos. Leanaim an léamh in D anso ós é is fearr a oireann don mheadaracht agus don chiall.

**21. binncheol:** Tá focail den saghas so ina gcuirtear an aidiacht roimh an ainmfhocal coitianta go maith i bhfilíocht na hochtú haoise déag agus i bhfilíocht na

Gaeilge trí chéile. Féach Uí Chatháin (2006: 390) mar a dtugtar trí shampla d'fhocail ina bhfuil an aidiacht 'binn' ina dtosach acu, mar atá, *binn-easpairt*, *binnghuth* agus *binnphort*. Tá trí shiolla ag teastáil sa bhfocal so de réir na meadarachta agus an guta cúnta le clos go soiléir .i. /binəγu/.

**22. coillte:** Tá an fhuaim /ai/ ag teastáil anso ar son na meadarachta agus an focal le rá mar /kail't'e/ dá réir sin.

**25. tóiceach** = *toiciúil* 'rich, wealthy' (Ua Duinnín s.v. *toiceamhail*). Tá an fhuaim /o:/ ag teastáil don mheadaracht anso agus sin é faoi ndeara an fhoirm seo den bhfocal. Ní luann Ua Duinnín a leithéid seo d'fhoirm mhalartach ach suimiúil go leor luann sé an fhoirm mhalartach 'fhileata' *tóice* faoin gceannfhocal *toice*.

**26 's ní miste leothu Seoirse faoi chuingir i gcéin:** Seoirse III. Féach nóta ag líne 35. Is dócha go gcaithfear an forainm réamhfhoclach 'leo' anso a rá le dhá shiolla faoi mar a deirtear é i nGaeilge na Mumhan go minic (Ó Sé, 2000: 204) .i. /lo:hə/ chun go mbeidh an patrún [ó – ó] i lár na líne agus tá sé scríte *leothu* dá bharr san.

**27. corrbhodaigh:** 'a clown' a thugann Ó Foghludha (APMG: 120) mar mhíniú ar an bhfocal 'corbhodach' ina eagránsan. Féach chomh maith Ua Duinnín (s.v. *corr-bhodach*).

**28. Caiseal:** Caiseal Mumhan i gCo. Thiobraid Árann. Féach http://www.logainm.ie/47909.aspx (ceadaithe 6 Eanáir 2011).

**30. púdar is p'léir is réabadh 's argain:** Is é atá sna LSÍ ná *raobadh airgthe* (ABC) agus *raoba a Shasana* (G393) ach is deacair *airgthe* (féach Ua Duinnín s.v. *airgim* 'I spoil, I plunder' mar a luann sé an líne chéanna seo as eagrán Uí Fhoghludha) nó *argtha* i nGaeilge Chaighdéanach an lae inniu (FGB s.v. *arg*), a thuiscint agus mar sin tá deireadh na líne leasaithe agam d'fhonn is go mbeadh ciall léi: 'Powder and bullets and violation and plunder.'

**34. le gainne, mo dhanaid, ag treabhadh na cré:** Drochstaid na nGael atá i gceist: 'hungrily, alas, ploughing the soil'. Tá fadhb anso, áfach, le léamha na LSÍ. Is é *do dhana(i)r* atá sna LSÍ ar fad ach is deacair aon adhmad a bhaint as a leithéid munar féidir míniú teangeolaíoch a thabhairt air. Taobh amuigh den deacracht a ardaíonn an aidiacht shealbhach *do* seachas *mo*, dob fhéidir a áiteamh gur leagan canúnach den bhfocal 'danaid' is ea 'danair' toisc gur minic a mheasctar 'r' agus 'd' i bhfocail mar seo i gCúige Mumhan, go háirithe i gCorca Dhuibhne, mar a gcloistear *báide(oir)* thar ceann *báire(oir)* agus mar sin de. D'fhéadfaí a thuairimiú, mar sin, gur mar *danair* a deirtí an focal *danaid* in áiteanna ach fós féin is dóigh liom gur dearúd scríobhaí faoi ndeara an *do dhanair* seo agus gur fearrde an líne an leasú atá déanta anso agam ar mhaithe le soiléire. Is í an ghnáthfhoirm ná *dainid* ach tugann Ua Duinnín (s.v.) an fhoirm mhalartach so, *danaid*, chomh maith. Mar leis an bhfocal 'treabhadh' anso is cosúil gurb í an défhoghar /au/ atá le clos ann ach go bhféadfaí dhá shiolla a dhéanamh de agus é a rá mar /t'r'avɘ/ cé go mbeadh siolla sa bhreis i gcéim dheireanach na líne dá ndéarfaí mar sin é.

**35. 's an sodalach Seoirse 'na chóiste go soilbhir:** Dhealródh sé gurb é Seoirse III atá á lua anso (Ó Buachalla: 1996: 645).

**37. An Spáinneach:** D'fhéadfaí glacadh leis seo mar thagairt do shaighdiúirí na Spáinne a bheidh ag teacht chun an ruaig a chur ar na Gaill nó d'fhéadfaí glacadh leis mar thagairt do Charlos III ar luadh cheana é ag líne 9 thuas.

**37. táirpeach**: Tá an fhoirm mhalartach in Ua Duinnín (s.v *tairpeach*) agus í ag teastáil chun an /a:/ atá riachtanach don mheadaracht a chur in iúl.

**38. An Francach:** Saighdiúirí na Fraince a chuirfidh an ruaig ar na Gaill nó b'fhéidir gur tagairt do Rí na Fraince (Louis XV is dócha) atá ann.

**Ceannscríbhinní:** Piaras Mac Gearailt cct. (C).

**Malairtí:** 8. Chearlais AC Ceearallais B 11. clogaid ABC 14. fá shrian BC 15. fágthar AC tugthar AC 16. mhéath ABC 17. thar fairge B tar calaith C 18. a réim A 20. gan anachadh a gcré A gan annaicthe B anaicthe C 25. tóicthe A fá ingir B 27. car bodaigh ABC toruscthadh BC cuid aco dreóidte B 29. fairge ABC 30. piléir BC ar a lainne ’ge AC a ghlan-lainne B 34. le gainne do dhanair A lé gáire do dhanair B lé gaine do dhanair C 37. go tádhbhachtach A liom BC

**Leagan malartach ó G393 (féach (D) thuas)**

Ar bharr lios Suí Finn im luí cois leasa dhom,
do dhearcas an ainnir is me ag machnamh trém néal,
go raibh a carnfholt scaoilte síos go talamh léi,
is í ag tarraint ar lorg a céile;
‘An éinne tú don dtriúr san ’chealg me,
nó an Deirdre ón nGréig gur cloíodh clann Uisnigh léi?’
‘Ní haon aco me don méid sin dúraís,
ach chéadsearc Charolais, Banba an tséin.’

Nach tuirseach is nach brónach an cor do bhíonn againne,
ag éirí ar maidin le ceol na n-éan,
’sé an stróinse sin Seoirse ’na chóiste go soilbhir,
is ceol dá spreagadh dó i dtúis gach lae;
triailfidh an Spáinneach láidir acmhainneach,
is beidh ag an bhFrancach scanradh ar Shasana,
is gur binne liom siúd na diúgadh an bhairille,
is má chuirtear a chodladh iad ní dubhach linn é.

Múscail is corraigh a Chormaic chrógaidh,
réidh ár nglasaibh is tabhair dúinn ***ease*,**
gaibhse go hobann chughat clogad is clóca,
claíomh chum siosma is bíodh fuinneamh ’na dhéidh;
cuir ort is éirigh ar do dhiallait airgid,
idir gillín is srianta maítiúil, meanmnach,
fiagaidh an fia is tugaidh abhaile é,
is gearrfam na beannaibh den ghallaphoc mhéith.

Is más gallaphoc rua é do ghluais tar caladh chughainn,
is do tháinig ’nár dtalamh gan phaitin, gan réim,
bainidh an chluas de is sciollaidh abhaile é,
is fágaidh a shamhailt lag marbh i gcré;
séid suas an adharc go binn i Sasana,
is bíodh sciúrsáil na ngadhar ar high-Chnoic Alban,
is ar bharr lios Suí Finn beidh rince fada againn,
ag cuir fáilte abhaile roimh chara mo chléibh.

Is beidh ár gcléirne go seasmhach, calma, crógach,
is níor mhiste linn Seoirse dá dtitfeadh sa scléip,
Beidh Blakerry treascartha is Brunswick ag dreochaint
is Cormac óg i gCaiseal faoi réim;
beidh cosa na nGael cois taobh na fairrige,
púdar is p’léir ag réabadh i Sasana
an Francach go tréan ag cur faobhar ar a lancais’,
is má chuirtear a chodladh iad ní dubhach linn é.

## 11. Ar maidin inné is me ag déanamh machnaimh

Ar maidin inné is me ag déanamh machnaimh
ar Ghaeil ’s mar leagadh a gcairde,
do theangmhaigh liom bé ba péarlach cailce,
ba mhaorga, maiseamhail, mánla
a ramhar-rosc réidh,’s a scéimh mar eala,
a béal, a leaca, ’s a bráid gheal
mar shneachta na gcraobh is mar chaor ar lasadh
’s í ag déanamh aitis is gairdis.

Adúirt ainnir na ndéad geal ‘Dé do bheatha
is éist liom tamall, a shárfhir,
atá dalta mo chléibh is mo chéile ag taisteal
go tréan tar calaith ’s a gharda;
scaipfidh an tréad so an Béarla mallaithe
is beimid go fleagamhail, fáilteach
’s go calma craobhach séanmhar, seascair
is ár gcléir go salmach, sásta.

Gidh fada fén daorbhruid laochra Chaisil
i ngéibheann galair gan áitreabh,
gan talamh, gan tréad, gan réim, gan rachmas,
gan scléip, gan aiteas, gan áthas,
dá ngreadadh, dá gcéasadh, dá gcreimeadh ag gallaibh
’s dá séideadh tar calaith ’na dtáintibh,
ní fada go réifidh an laoch so gan ainm
ár bpéin, ár bpeannaid is ár ngábhann.

Ní mearathal bréige, claon ná galar
baoth do chanaim im ráite
go bhfuil ceathrar ar fhichid céad do thréantruip mharcach
le héide, airm is áthas;
preabfaid in éineacht, déanfaid argain,
séidfid aicme na cránach
’s is ceannasach craobhach do bheimid gan mhairg
ag téacht don tseabhac so Séamas.’

‘A ainnir na gcraobhfholt dréimreach, daite,
do scéalta is greannmhar, sámh liom
go mbiadh flathaibh is éigse, laochra is eaglais
go saorghlan seascair ’na n-áitreabh,
go mbiadh beathuisce dá thaoscadh is daorphuins againn
le pléireacht taitnimh is gairdis,
ós dearbhtha an scéal gur téacht dár gcabhair
do dhéanfaidh an faraire fánach.

Sealad dam shaol go haerach do chaitheas
im réic ag caitheamh a bhfághainnse,
seal eile ag bréagadh béithe is barrfhionn
le claonadh, cleas agus ráfla;
ar chaitheas dam ré ní léir liom gur ceapadh
dham scéal dob aite le háireamh
ná taisteal mo Shaesar tréan ’s a ghasra
ag éileamh Banbha an áir seo.

Tá lasair sa spéir is ar ghréin níl scamall,
’s an ré go lasmhar lánmhar,
atá aiteas ar éanlaith i ngaorthaibh gleanna
’s gach tréad go magamhail, ceáfrach;
tá an fharraige séimh go réidh gan fearg
’s an ghaoth beidh seasmhach, álainn
ar dtaisteal dom laoch le faobhar is fearg
ag léirscrios gallaibh as Clár Loirc.’

**Foinsí:** ARÉ 23 B 5 (434), 212 – 215 a scríobh Tomás Ó Conchubhair sa bhliain 1828 i gCo. Thiobraid Árann **(A)** ; ARÉ 24 M 11 (604), 33 a scríobh Seán Ó Dálaigh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1859 **(B)**; Corcaigh T vii., 110 – 111 [cúig véarsa] a scríobh Pádraig Stúndún idir na blianta 1883 – 1884 **(C)**.

**Foinsí eile**: LNÉ G 393, 100 – 101, [cúig véarsa]; Corcaigh T vi., 31 – 32[ cúig véarsa] ; Harvard, MS. Ir. 1., 23 – 24 [cúig véarsa]; LNÉ G 691, 13, 30.

**In eagar cheana:** APMG: 35 – 36; Ó Foghludha, R. (1939: 78 – 80).

**Meadaracht:** Amhrán

1 – 56 2 (A + B)

/ *a – – é – é – a – / A

/ – é – a – – á – / B

**Nótaí téacsúla:**

Aisling pholaitiúil ina mbuaileann an file le hainnir álainn a cháisíonn drochstaid na nGael ach a thugann le fios ina dhiaidh sin go bhfuil 'an seabhac' Séamas III (An Stíobhartach) ag teacht chun fóirithint orthu. 'Fear gan ainm' a scríobh dar le foinse 'A' anso agus 'Uilliam Dall cct' atá mar cheannscríbhinn ag 'B'. Is é Piaras Mac Gearailt atá luaite mar údar sna foinsí eile ar fad agus tá stíl Phiarais le braistint ar an dán tríd síos go háirithe sa véarsa deireanach mar a mbraitear macalla de *Rosc Catha na Mumhan* (17) ó thaobh foclóra agus íomháineachais de.

**13. scaipfidh an tréad so an Béarla mallaithe:** Tabharfar faoi ndeara go bhfuil siolla sa bhreis i gcéim dheireanach na líne seo mar a bhfuil an patrún [a – ] ag teastáil. Ní mór an siolla deireanach den bhfocal so a bhá mar sin agus é a rá mar /malah/.

**14. beimid:** Tá an fhuaim /e:/ ag teastáil sa chéim seo den líne de réir na meadarachta.

**14. fleagamhail:** Is ionann é seo agus *fleadhamhail* 'given to feasting'. Féach Uí Chatháin (2006: 66, 421) agus féach, chomh maith, Ua Duinnín (s.v. *fleadhaideach*).

**16. salmach:** Tá trí shiolla ag teastáil anso i. /saləməx/ toisc an patrún [ a – – á –] a bheith ag teastáil de réir riachtanais na meadarachta.

**17. laochra Chaisil:** laochra ó Chaiseal Mumhan i gCo. Thiobraid Árann, áit a mbíodh ríthe na Mumhan lonnaithe anallód. Caiseal Mumhan i gCo. Thiobraid Árann. Féach http://www.logainm.ie/47909.aspx (ceadaithe 6 Eanáir 2011).

**21. dá gcéasadh:** Tá an siolla deireanach den bhfocal so le bá ar mhaithe leis an meadaracht agus é le rá mar /ke:s/ toisc go bhfuil an patrún [ – é – é – – a – ] ag teastáil.

**21. dá gcreimeadh:** Tá an fhuaim /e:/ ag teastáil sa bhfocal *gcreimeadh* anso ar son na meadarachta.

**24. ár ngabhann:** 'A place of restraint .. a jail' (Ua Duinnín s.v. *gabhann*) atá i gceist anso agus caitear faid a chur leis an gcéad siolla ar mhaithe leis an meadaracht agus an focal le rá mar /ŋa:vən/ dá bharr san. Dob fhéidir a áiteamh chomh maith gur leagan malartach den bhfocal *gábhadh* 'distress, danger, peril srl.'(Ua Duinnín s.v.) atá ann.

**29. argain:** Tá trí shiolla ag teastáil sa bhfocal so ar mhaithe leis an meadaracht .i. /ar**a**gin'/ toisc go bhfuil an patrún [a – –] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne.

**32. don tseabhac so Séamas:** Is léir gur tagairt é seo do Séamas III (1688 – 1766). An Stíobhartach. É le rá mar /s'a:məs/ is dócha ar mhaithe leis an meadaracht.

**34. greannmhar:** Tá trí shiolla ag teastáil sa bhfocal so .i. /g'r'anəvar/ ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an patrún [ a – – á – ] ag teastáil. Is dócha gur féidir an focal a thuiscint mar 'pleasant' nó 'amiable' anso seachas 'strange' nó 'comical' (féach Ua Duinnín s.v. *greannmhar*).

**39. téacht dár gcabhair:** Tá an fhoirm mhalartach so 'téacht', a sholáthraíonn an fhuaim /e:/ a theastaíonn don mheadaracht, luaite ag Ua Duinnín (s.v. *teacht*) agus tá an focal deireanach le rá mar /gavər'/ toisc go bhfuil an patrún [a –] ag deireadh na líne.

**41 – 48. Is mar seo a leanas a théann an véarsa seo in 'C':**

Tosach mo shaoghail gan bhréug do chaitheas,
am rake is cuireadh chum fáin mé
's tamal a bréugadh béithe 's dá mealladh,
lé claon-chuir cleasa na máime

a gcaitheamh mo shaoghail go léir níor radag liom
sgéul níos áine le háireamh
ná taisdiol ár Séarluis féin a n-gradam,
a léirscrios gallaimh as Clár Luirc!

**42. a bhfághainnse:** An fhoirm mhalartach so de *a bhfaighinnse* ceadaithe anso ar mhaithe leis an meadaracht. An fhuaim /a:/ ag teastáil sa chéad siolla. Tá an fhoirm seo le fáil go nádúrtha i gcanúintí Chonnacht agus Uladh (féach Ó hUiginn, 1994: 591 agus Hughes, 1994: 651).

**47. mo Sheasar:** Is dealraitheach gur tagairt é seo don Stíobhartach, Séamas III (1688 – 1766), a bhfuil tagairt níos soiléire déanta dó ag líne 32 thuas.

**49 – 56. Is mar seo a théann an véarsa seo in ‘C’:**

Tá lasadh ’n sa spéir ’s an ghréin gan scamal
’s an raé go neartfar neamhscáthach;
tá binneas na n-éun a ngaortha an ghleanna
’s an tréata magamhuil ceádhfrach: -
tá’n fhairge thréun gan fraoch gan fearg,
’s an ghaoth go taithneamhach páirteach
’s is gairid dúinn téarnamh mo laoch abhaile
ag éileamh sealbh gan spleádhchus.

**50. lasmhar:** Tá trí shiolla sa bhfocal so .i. /lasəvər/ de réir na meadarachta mar a bhfuil an patrún [ a – – á – ] ag teastáil.

**54. seasmhach:** Tá trí shiolla sa bhfocal so .i. /s'asəvəx/ de réir na meadarachta mar a bhfuil an patrún [ a – – á – ] ag teastáil.

**56. Clár Loirc.** Seanainm fileata ar Éirinn agus í ainmnithe i ndiaidh Loirc a bhí ina rí ar dheisceart na hÉireann de réir an tseanchais. Féach Ó Conchúir (2009: 157)

**Malairtí: Ceannscríbhinn** Fear gan ainim A Uilliam Dall B An fear céadna [Piaras Mac Gearailt C 7. ’s a bánchnis C 8. gáirdeas AB gárdais C an dhéadgheal A an déidhghil B na ndéidgheal C / sé do bheatha C 11. ag casadh C 12. thar calaith C 13. an tréuda théagmhail mhallaighthe C 14. fléaghamhuil A fleadhamhuil B flaitheamhuil C 15. na bhfearanntas féin go séimh go seascair C 17. Is fada fá dhaorsmachd C 18. gan cháirdios C 19. gan talamh gan taobhthachd C 20. fá dhéachta danair C 21. dá g-cartha C 23. is geallaim go réidhfigh laoch gan ainm C 24. ag éileamh sealbh gan spleádhchus C 25. mearbhthall A mearbhall B 27. ar fhithche B / thréanthruip mheara B 28. re héide B aragain A 31. bhiadham B 32. aig tigheacht A teacht B 34. greanamhur A greanamhar B 35. go mbeith B 37. go mbeidh B daorphunch A 40. fáinneach 41. tamall dam shaoghal ar sé B [41 – 48 & 49 – 56: féach nótaí téacsúla] 55. mo laoch B.

## 12. An Chaol–droimeann Óg

I mothar glas coille trém néalta,
roimh mhúscailt do Phoebus chum seoil,
ba mheidhreach na crannaibh lé héanlaith,
’gus macalla ag léirchanadh ceoil;
do dhearcas go hatuirseach bé mhiochair,
innealta, shéimh, shultmhar, shógh,
ag taisteal an ghleanna ’na haonar,
’s ag casadh a Caol-droimeann óg.

Ba bachallach, camarsach, péarlach,
a carnfholt craobhach ’na deoidh,
go snadhmannach, srathannach, dréimreach,
ag titim ’na céibh’ léi go feor,
a braoithe mar shíoda ’s a héadan,
gan teimheal is gan éalaing i gcló;
is í thíos ar an inse ag aodhaireacht,
gan suim ach ’na Caol-droimeann óg.

Do dhruideas ’na coinne go héasca,
’s is tapaidh do shléachtas don ógh,
d’fhiosras a turas is a héifeacht,
a hainm, a héileamh ’s a gnó;
‘An fíor gur tu Muireann nó Éithne,
Diana nó Hélen na dTreon,
nó Aoife ’chuir draíocht ar na héanlaith
d’fhág cloinn Lir ar tréanmhuir ’na deoidh?’

‘Ní haon acu ar aon chor dár mhaís me,
a shéimhfhile bhinn, mhilisbheoil,
acht Éire bhocht, chéasta na Stíobhart,
is éist liom go n-innsead mo sceol;
beidh daorghroig an éithigh ’s an aimhlis
dá dtraochadh ’s dá ndíbirt sa bhfómhar
’s na céadta acu fém bhun sa trinse,
ag réabadh na díge ’s dá rómhar.

Tá Seoirse go brónach ’s a mhuintir,
a choróin air ní mhaífear níos mó;
Hanover ní dóigh liom gur díon do
mar chómhghar go suífeadh a chró;
beidh an Duke of York múchta fán ngeimhreadh
’s a bhantracht, an bhuíon bholgmhór,
beidh an scuaine go buartha dá dhroim sin
i dteannta an chaoil-droimeann óg.

Gan amhras beidh ramharchloig ar Sheoirse,
’s a bhantracht beo bocht gan chríoch,
beidh Francaigh i gcampa chum comhraic,
’gus caithfidh gach crónphoc leo íoc;
beidh ruagadh gan suaimhneas dá mbrácadh,
fágfar gan cháin iad gan fíoch
’s an sagart i gceannas go cráifeach,
ag canadh na dtráth mar a bhíodh.

Beidh cobhlach ón bhFrancach ar tréanmhuir,
’s is cobhsach sinn féin ag cur leo
beidh doghrainn thar dobhartha le méithphoic,
dá gcaitheamh as aolbhrogaibh teo,
beidh eagla an anfa ar bhéaraibh,
tásc do gach aon fhear mo sceol,
gur gairid dúinn camhaoir na hÉireann,
’s a sláinte gach féile dá hól.’

**Foinsí:** Corcaigh T vii, 105 a scríobh Pádraig Stúndún i gCorcaigh sna blianta 1883–4 **(A);** Corcaigh T vi, 27 – 9 a scríobh Pádraig Stúndún i gCorcaigh sa bhliain 1885 **(B)**; LNÉ G393, 107 – 108 a scríobh Martin Hyde i mBaile Mhac Óda Cho. Chorcaí sa bhliain 1870 **(C)**; Harvard MS. Ir. 1, 19 – 21 a scríobh Pádraig Stúndún i gCorcaigh sa bhliain 1885 **(D).**

**Foinse Eile:** Cartlann Chathair agus Chontae Chorcaí IE 0627 G 3 (b), 25 – 28.

**In eagar cheana:** APMG: 39 - 40

**Meadaracht:** Amhrán malartachais (2A + B). Tá roinnt bheag fadhbanna sa mheadaracht faoi mar a chítear thíos go háirithe idir ll. 1 – 4, 14 – 16, 21 – 24 agus 45 – 48. Féach nótaí téacsúla.

| | | |
|---|---|---|
| 1 | / – o – – o – – é – / | A |
| 2 | / – ú – – é – – ó / | B |
| 3 | / – ai – – a – – é – / | A |
| 4 | / – a – – é – – ó / | B |
| | | |
| 5, 7 | / – a – – a – – é – / | A |
| 6, 8 | / i/a – – é – – ó / | B |

| | | |
|---|---|---|
| 9, 11 | / – a – – a – – é – / | A |
| 10, 12 | / – a/i – – é – – ó / | B |
| | | |
| 13, 15 | / – í – – í – – é – / | A |
| 14 | / – í – – é – – ó / | B |
| 16 | / – í – – í – – ó / | B |
| | | |
| 17, 19 | / – i – – i/u – – é – / | A |
| 18, 20 | / – a – – é – – ó / | B |
| | | |
| 21 | / – í – – i – – é – / | A |
| 22 | / ia – – é – – ó / | B |
| 23 | / – í – – í – – é – / | A |
| 24 | / – í – – é – – ó / | B |
| | | |
| 25, 27 | / – é – – é – – í – / | A |
| 26, 28 | / – é – – í – – ó / | B |
| | | |
| 29, 31 | / – é – – é – – í – / | A |
| 30, 32 | / – é – – é – – ó / | B |
| | | |
| 33, 35 | / – ó– – ó– – í – / | A |
| 34, 36 | / – ó– – í– – ó / | B |
| | | |
| 37 | / – – ú – – ú – – í –/ | A |
| 39 | / – – ua – – ua – – í – / | A |
| 38, 40 | / – a – – í – – ó / | B |

| | | |
|---|---|---|
| 41, 43 | / – au – – au – – ó – / | A |
| 42, 44 | / – a – – ó – – í / | B |
| | | |
| 45 | / – ua – – ua – – á – / | A |
| 46 | / á – – á – – í / | B |
| 47 | / – a – – a – – á – / | A |
| 48 | / – a – – á – – í / | B |
| | | |
| 49, 51 | / – o – – o/a – – é – / | A |
| 50, 52 | / – o/a – – é – – ó / | B |
| | | |
| 53, 55 | / – a – – a – – é – / | A |
| 54, 56 | /*á – – é – – ó / | B |

**Nótaí téacsúla**

San aisling shuaithinseach pholaitiúil seo castar banaoire bó ar an bhfile i dtaibhreamh agus tar éis dó tamall comhrá a dhéanamh léi insíonn sí dó gurb í 'Éire na Stíobhart í' agus ní hamháin é sin ach go bhfuil cabhair ag teacht chuici ón bhFrainc sa tslí is go gcuirfear an ruaig ar na Gaill agus go mbeidh 'camhaoir na hÉireann 's a sláinte gach féile dá hól.' Tuairimíonn Ó Ciardha (2001: 344 – 5) go mb'fhéidir gur timpeall na bliana 1758 nó mar sin a cumadh an dán so nuair a bhí Cogadh na Seacht mBliana ag dul i gcoinnibh na Sasanach.

**Teideal:** Is é a chiallaíonn *An Chaol-droimeann óg* ná 'a young slender white-backed cow' (féach Ua Duinnín s.v. *druimfhionn*) ach bheadh an tuairim ag an léitheoir gur fonn amhráin atá á chasadh ag an ógbhean lena gcastar an file anso faoi mar a chítear ag líne a 8.

**1 – 4.** Tá deacrachtaí leis an meadaracht i gcéad chéim na línte seo ar fad toisc ná féadfaí a rá go bhfuil an guta /o/ i *mothar* agus an défhoghar /ai/ i *meidhreacht* ag teacht lena chéile ná ní fhéadfaí a rá gur mar a chéile iad an guta fada /u:/ i *múscailt* agus an guta gairid i *macalla*.

**Is mar seo a théann línte 1 - 4 in 'C':**

I mothar glas coille trém néal dom,
sara d'aistrigh Phoebus chum scóip,
go curanta 'machnamh ar *Shéamas* (?),
's me ag coinne [LS congaimh] le Vénus chum spóirt.

**2. Phoebus:** Ainm eile ar Apollo, dia na gréine nó an ghrian í féin (féach Grimal, 1991: 48 – 51). Tá an fhuaim /e:/ ag teastáil anso ó thaobh na meadarachta: /fe:bɔs/.

**5. bé mhiochair:** Tabharfar faoi ndeara go bhfuil siolla sa bhreis ag deireadh na líne seo toisc go bhfuil an patrún [é – ] ag teastáil seachas [é – – ]. Ní foláir an tarna siolla den bhfocal *mhiochair* a bhá mar sin ar mhaithe leis an meadaracht.

**8. 's ag casadh an Chaol-droimeann óg:** Cé go bhféadfaí a thuiscint as so go bhfuil bó á tiomáint (á casadh aici) ag an mbanaoire seo, d'fhéadfaí a thuairimiú chomh maith gur fonn ceoil atá i gceist anso agus go bhfuil an líne le tuiscint mar 'and she (was) singing *An Chaol-Droimeann Óg.'* Níl aon fhianaise agam ar fhonn ceoil den teideal so a bheith ann ach is dóigh liom, mar sin féin, go bhfuil a leithéid i gceist anso.

**14. teimheal** Tá an focal so le rá mar /t'i:l/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc an fhuaim /i:/ a bheith ag teastáil sa chéim seo den líne.

**14. éalaing** D’fhéadfaí glacadh leis go bhfuil an focal so le rá mar /i:laɔŋ/ ar mhaithe leis an meadaracht i dtaobh go bhfuil an fhuaim /i:/ ag teastáil sa chéim seo den líne. Ar an láimh eile, d’fhéadfadh sé go mbeadh an file féin sásta go mbeadh an défhoghar /ia/ le clos i gcéad siolla an fhocail agus é le rá mar /ialaɔŋ/ faoi mar is gnáthach i nGaeilge na nDéise (féach Breathnach 2009: 20).

**15. aodhaireacht:** Soláthraím an fhoirm seo den bhfocal ‘aoireacht’ as folcóir Uí Dhuinnín toisc go gcuireann sé an fhuaim /e:/ atá ag teastáil ag deireadh na líne in úil (féach Ua Duinnín s.v. *aodhaireacht* ‘shepherding, herding’ agus cf. FGB s.v *aoireacht*).

**21 – 24**. Tá deacrachtaí ó thaobh na meadarachta sna línte seo toisc ná fuil an guta gairid /i/ sa bhfocal *Muireann* ag freagairt go cruinn don nguta fada sa bhfocal *draíocht* agus ina theannta san, toisc ná fuil an défhoghar /ia/ sa bhfocal *Diana* ag freagairt don nguta fada /i:/ sa bhfocal *cloinn* cé go bhféadfaí a rá go mb’fhéidir go mbeadh an file féin sásta leis seo. Féach an plé ar chúrsa teangan agus meadarachta.

**21. Muireann:** Is deacair a rá cén Mhuireann atá á lua anso, má bhí carachtar ar leithligh ón litríocht nó ón miotaseolaíocht sa cheann ag an bhfile in aon chor, ach b’fhéidir gurb í bean chéile Raghallaigh, Rí Connacht, atá i gceist (féach Ó hÓgáin: 1991: 371).

**21. Eithne:** D’fhéadfadh sé gurb í Eithne na miotaseolaíochta a bhain le Tuatha Dé Danann (Ó hÓgáin, 1991: 175) atá á lua anso nó b’fhéidir gur duine den bheirt a luann Uí Chatháin (2006: 493) faoin ainm seo atá i gceist: bean chéile Chormaic mhic Airt nó iníon rí Laighean agus leannán Chonaill Ghulban sa seanscéal *Eachtra Chonaill Ghulban* (Ó hÓgáin, 1991: 107 – 9). Tá Eithne le rá mar /e:ðnɔ/ toisc an fhuaim /e:/ a bheith ag teastáil don mheadaracht.

**22. Diana:** Is í bandia na Róimhe analód atá á lua anso. Is ionann í agus Artemis (féach Grimal, 1991, 125 – 6).

**22. Hélen na dTreon:** Is í seo an spéirbhean cháiliúil ar troideadh cath na Traoi ina taobh (féach Grimal, 1991: 174 – 7). Tá go leor fianaise den leagan malartach *treon* den bhfocal *tréan* i g*Corpas na Gaeilge*.

**23. Aoife**: Leasmháthair fhealltach Chloinne Lir ón seanscéal *Oidheadh Chlainne Lir* ar dhein Bodhbh, a hathair altrama, deamhan aeir di ach ar chuala sé faoina cuid scéiméireachta (féach Ó hÓgáin, 1991: 271 – 2).

**24. Cloinn Lir:** Tagairt don seanscéal *Oidheadh Chlainne Lir* (féach an nóta thuas ag líne 23). Soláthraíonn an fhoirm 'cloinn' an fhuaim /i:/ atá ag teastáil don mheadaracht.

**27. Éire na Stíobhart:** An ríora Stíobhartach atá i gceist anso. Tá dhá shiolla ag teastáil anso don mheadaracht /s't'i:vərt/ toisc go bhfuil dhá shiolla ag teastáil sa chéim dheireanach den líne.

**28. go n-innseod**: Soláthraíonn an fhoirm seo an fhuaim /i:/ don mheadaracht toisc go bhfuil an patrún [í – – ó] ag teastáil anso.

**29. daorghroig an éithigh 's an aimhlis:** 'The base company of lies and evil.' Is mar 'low company' a mhíníonn Ó Foghludha *daorghruig* (APMG: 121) ina eagránsan agus míníonn Ua Duinnín an focal mar 'a rabble' (s.v. *daor-ghroig*). Tá an fhuaim /i:/ ag teastáil i gcéad siolla an fhocail *aimhlis* don mheadaracht .i. /i:v'l'is'/. Foirm mhalartach de ghinideach uatha an fhocail *aimhleas* atá ann (féach Ua Duinnín s.v. *aimhleas*) thar ceann na gnáthfhoirme *aimhleasa*.

**33. Seoirse:** Más timpeall na bliana 1758 a cumadh an aisling seo, is dócha gurb é Seoirse II (Rí na Breataine 1727 – 1759) seachas a gharmhac Seoirse III (Rí na Breataine 1760 – 1820) atá á lua anso.

**35. Hanover:** An rítheaghlach ónar shíolraigh Seoirse.

**35 - 6. Hanover ní dóigh liom gur dhíon do / mar chómhgar go suífeadh a chró:** '(The house of) Hanover I do not think will protect him as a convenience to establish his pedigree.'

**37. Duke of York:** Henry, Cardinal Duke of York (1725 – 1807) atá á lua anso de réir dealraimh.

**37/39:** Tabharfar faoi ndeara ná fuil na línte seo ag réiteach lena chéile ó thaobh na meadarachta mar leis an gcomhfhuaim atá le sonrú i lár na línte: is é [ ú – – ú] atá againn i líne 37 [*Duke* + *múchta*] agus [*ua – – ua*] atá againn i líne 39 [scuaine + buartha].

**40. i dteannta an chaoil-droimeann óg:** Tá an chosúlacht air go bhfuil an tuiseal ginideach á sheachaint anso ar mhaithe leis an meadaracht. Soláthraíonn an litriú *chaoil* an fhuaim /i:/ atá ag teastáil don mheadaracht anso. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**41. Seoirse:** Féach nóta ar líne 33.

**43. Francaigh:** Saighdiúirí na Fraince a bheidh ag teacht chun fóirithint ar na Gaeil.

**45 – 48.** Tá deacracht leis na línte seo ó thaobh na meadarachta sa mhéid is ná fuil an patrún comhfhuaime idir líne 45 [ua – – ua ] agus líne 47 [a – – a] faoi mar ba cheart dó a bheith agus, sa tslí chéanna, cruthaíonn an guta fada sa bhriathar *fágfar* i líne 46 deacracht toisc ná fuil sé ag teacht le *canadh* i líne 48.

**Línte 41 – 48  Is mar seo a théann na línte seo in ‘C’:**

Gan amhras beidh ramharchloig ar Sheoirse,
’sa bhantracht beo, bocht, gan críoch,
an francach sa champa chum comhraic,
is gan amhras do gheobhaidh gan stát díol,
Beidh Sasanaigh caite tar teorainn
gan capaill, gan chóiste ná rí,
Is na sagairt seo ’na n-iomad (?) go sóch,
gan ‘leathphenna’ an óir acu á dhíol.

**47. an sagart:** An chléir chaitliceach trí chéile atá i gceist anso.

**49. ón bhFrancach:** Is é Rí na Fraince, Louis XV (1715 – 1774) atá á lua anso is cosúil.

**Línte 49 – 56  Is mar seo a théann na línte seo in ‘C’:**

Is tá an Francach go lannmhar, léadmhar,
’na sheasaimh go gneamhúil chum scóip,
ag cartadh na gallaphoic mhéithe
’na gcathaibh as aolbhrogaibh theo;
beidh eagla is anfa ar bhéaraibh
fá bhealtaine traochta go feodh
is mo shamhailse ag frastal ar bhéithe
go subhach ag aeracht ’s ag ól.

**50. cobhsach:** Féach Ua Duinnín (s.v. cobhsach)  ‘solid, firm, steady, brave.’

**51. beidh doghrainn thar dobhartha le méithphoic:** **‘**affliction surpassing all bad luck will beset the ‘fat bucks.’

**53. ar bhéaraibh:** Is é a chiallaíonn an focal béar ná ‘a tyrant, an invader, a foreigner’ dar le Ua Duinnín (s.v. *béar*).

**Malairtí:** 1 – 4: féach nótaí téacsúla. 2. roimh scaipe do Phoebus ar cheo D 5. fadtuirseach AD 8. ag aodhaireacht a caol-druimean óg D 9. dathannach D 11. go tripanaic crapanaic dreimrach C 14. alaing AB aelinn C 15 / 16. er taoibh lios na hinse so at aonar gan céile ach do chaol-drioman óg C 18. is le hurraim B is le cinnteacht D bo geanamhuil sgeibh na mban og C 19. d’fhiosras le hurraim D 20. a hainm nó cread as nar cseol C 21. Éighne AD 26. a sheimh-fhir an grinn don fhuil coir C a shéimhfhir na mbínn-fhriotail beóil D 28. go n-innisfead AD go n-innisead B eisdig go ninnsid dibh sgael C 29. daor-ghruig A baos-ghruig B daorghroig C / an aoimhlis B an earlig s amlais C 31. féin bhun A fe bun C fém’ bhun BD 34. air ní shuídhfidh níos mó D 36. mar chómhgar go suídhfeach a chró A mar chómhgar dá bhuídhean is dá chró B a comhghar ca sighfeag cum proinn C agus scaipfidh a shíolradh mar cheó D 38. ’s gach bíodhbha chuir leó B is a bheuntar a cinn sa cuirp mhór C 39. gach sguale go bruda dha dhrim C beidh na sguanta go buadhartha dá dhruím sin D 40. is buadhar guth an chaoil druimeann óg AB ‘s is nuachd sin don chaoil-druimean óg D 42. agus amhgar dá chóachadh ’s d a chloídhe AB 41 – 46: féach nótaí téacsúla 45. caithfear a gcearchur cear bodaigh A gan suaimhnes air chearbhodaigh B dá mbráca D 46. gan chíos D 48. go fuídheach D 49 -56: féach nótaí téacsúla. 51. thar dobhartha A gan dabhta BD / air mhéirlig D 53. beidh buaidhreamh an uair úd air chraos-phuic D 55. gur buailte linn D fuasgailt BD 56. agus sláinte gach saorfhear dá h-ól BD.

**13. Mór Chluanach**

Trém aisling aréir is mé ar mo leabaidh,
do dhearcas lem thaoibh an ríbhean chailce,
bhí luisne ’na gnaoi ba taitneamhach linn
is gile ag rith thríthe de dhroim an tsneachtaidh.

Bhí mala dheas chaol ar a héadain chailce
’s a ramhar-rosc righin le saighid dá gcaitheamh;
níl faraire groí dá bhfuil insa tír
nach bpreabfadh gan mhoill dá gnaoi le taitneamh.

Ba camarsach, cíortha a dlaoifholt daite
go bachallach buí, cas, trinseach, dlathach,
ó bhathais ag tíocht ar baillchrith síos
’na mbeartaibh ar bís ó rinn go haltaibh.

D’fhiosras féin don spéirbhean chailce
a treabh is a gaolta ’shléacht nó d’aithris:
‘An tusa an bhé ba chaithiseach, chaomh
’chuir treascartha, traochta na céadta curadh?

Nó an tu an spéirbhean ó thaobh na craige,
inghean Mh’leachlainn mhaordha ’bhí léannta i dteagasc,
nó Máire chiúin, tséimh bhí in Aonach i réim,
nó Muireann i gcéin ó thaobh Molaige?’

‘A fhir ghasda, ghil, ghrinn is binn do labhairt,
do chanfad óm chroí dhuit fíor le haiteas
gur mise bean tsí an leasa so thíos
na nGearaltach ngroí do bhíodh fé ghradam.’

‘An tu Céarnait mhaorga, mhiochair,
ler ceapadh in aoinfheacht an chéad tsruth mhuilinn,
le binneas a béil ag cantain go séimh,
do chuireadh gach scéal i gcéill ’sa bhfoirm.’

‘A fhir ghasda, ghil, shéimh, is baoth do labhairt,
ní ceachtar don tréad san mé do chanais,
do mheasas lem ré, ciodh deacair dhom é,
gan m’anam do léigeadh d’aon dá maireann.’

‘Mo dhanaid! Mo ghruaim! Mo bhuairt! Mo mhairg!
’s más le himtheacht duit uaim beir bua is beannacht;
más tusa Mór Chluanach ríomhthar dúinn tuairisc,
ná coinnibh i mbuairt ná fá ghruaim me faid mhairfead.’

‘Is cruinn do thuairisc, a shuaircfhir ghasta,
is mise Mór Chluanach mar a luaitear m’ainm,
ní bheirse gan dualgas in ionad do dhuanta,
ní heagal duit an slua sí ’od bhuairt ná ’od ghairm.’

**Foinsí:** Maigh Nuad M 11, 104 – 105, a scríobh Seán Ó Mulláin i gCorcaigh sa bhliain 1817 **(A)**; Gaillimh de hÍde 18, 465 – 466, a scríobh Labhrás Ó Fuartháin i bPort Láirge sa bhliain 1786 **(B)**; ARÉ 23 Q 3 (572), 232 – 234, a scríobh James Hardiman, is cosúil, sa Ghaillimh c. 1820. **(C)**.

**Foinsí eile:** Corcaigh T. vi, 18 – 19; T. vii., 100 – 101; Músaem na Breataine, Egerton 116, 110 – 111.
*[N.B. Ní go rómhaith a thagann na foinsí seo le chéile seachas an dá leagan dhéanacha i lámhscríbhinní Phádraig Stundúin (T. vi agus T. vii) ar ar bhunaigh Ó Foghludha a*

*eagránsan. Tá an t-eagrán seo bunaithe ar an LS is luaithe a leagann an dán ar Phiaras. Leagtar an dán ar Dháibhí Mac Pádraig áirithe san LS is sine a chaomhnaíonn an dán (B thuas) ach ní luaitear ainm údair in C.]*

**In eagar cheana:** ‘Mór Chluana’ in APMG: 31 – 32.

**Meadaracht:** Amhrán 2A + B + A (ach féach na nótaí téacsúla).

| | | |
|---|---|---|
| 1, 2, 4 | / – a – – é/í – é/í – a – / | A |
| 3 | / – i – – í – – – – í / | B |
| | | |
| 5, 6, 8 | / – a – – é/í – é/í – a – / | A |
| 7 | / – a – – í – – – – í / | B |
| | | |
| 9 , 10 , 12 | / – a – – í – í – a – / | A |
| 11 | / – a – – í – – – – í / | B |
| | | |
| 13, 14, 16 | / – i/a – – é – é – a – / | A |
| 15 | / – u – – é – – – – é / | B |
| | | |
| 17 | / – i/a – – é (–) – é – a – / | A |
| 19 | / – á – – é – – – – é / | B |
| | | |
| 21, 22, 24 | / – a – – í – í – a – / | A |
| 23 | / – i – – í – – – – í / | B |
| | | |
| 25, 26, 28 | / *a/i – (– ) é – (–) é – i – / | A |
| 27 | / – i – – é – – – – é / | B |

| | | |
|---|---|---|
| 29 , 30 , 32 | / – a – – é – é – a – / | A |
| 31 | / – a – – é – – – – é/ | B |
| | | |
| 33, 34, 36 | / – a/i – – ua – ( –) ua – ( – ) a – / | A |
| 35 | / – u – – ua – – – – ua – / | B |
| | | |
| 37, 38, 40 | / *– i – ua – – ua – a– / | A |
| 39 | / – i – – ua – – – – ua / | B |

**Nótaí téacsúla:**

Aisling dhiamhair pholaitiúil ina dtagann an 'ríbhean chailce' chun an fhile agus é ar a leaba san oíche. In ainneoin ná fuil an spéirbhean so sásta a hainm a lua leis deineann an file amach gurb í Mór Chluanach í – bean sí na nGearaltach de réir dealraimh – agus cé ná fuil aon teachtaireacht pholaitiúil shoiléir aici don bhfile is léir ná beidh sé 'gan dualgas in ionad' a dhuanta amach anso, ráiteas – dá dhoiléirie é – ar féidir a thuscint as go bhfuil cabhair ag teacht go hÉirinn.

**1.** Tá sé le tabhairt faoi ndeara anso ná fuil an patrún comhfhuaime [é – é] ag teacht leis an bpatrún i línte 2 agus a 4 [í – í]. Féach leis an nóta ar líne a 5.

**4. dhroim:** Tá an focal so le rá mar /γri:m'/ toisc an fhuaim 'í' a bheith ag teastáil de réir na meadarachta mar a bhfuil an patrún [í – a – ] ag teastáil ag deireadh na líne.

**5.** Tá sé le tabhairt faoi ndeara anso ná fuil an patrún comhfhuaime [é – é] ag teacht leis an bpatrún i línte 6 agus a 8 [í – í]. Féach leis an nóta ar líne a 1.

**5 – 8.** Níl an véarsa seo in A ach soláthraím anso é as B toisc gur fearrde an dán, dar liom, an cur síos breise ar an spéirbhean neamhshaolta seo.

**6. saighid:** Tá an focal so le ré mar /si:d'/ toisc go bhfuil an fhuaim 'í' riachtanach don meadaracht áit go bhfuil an patrún [í – a – ] ag teastáil sa líne seo.

**10. trinseach:** Tá an focal so le rá mar /tri:n's'əx/ toisc an fhuaim 'í' a bheith ag teastáil de réir na meadarachta.

**Tá na véarsaí seo in C ag an bpointe seo:**

Ar a tíocht im ghaobhar ba righin a hamharc
agus bheannaigh sí go caoin dom shamhail;
d'fhreagras í le díograis ceana
's níorbh aithreach linn seacht mí 'na haice.

'A dhalta mo chroí ca dtaoibh 'nar ghabhais
aithris arís an tír nó an baile
'nar glacadh leat suí i gceannas chum tís
muna gcanfair liom fíor gan mhoill ní mhairfead.'

**14. 'shléacht:** 'A insint' a chiallaíonn an briathar *sléacht* anso. Uí Chatháin (2006: 452) mar a ndeirtear gur briathar aistreach é seo a chiallaíonn 'deign (to mention).'

**16. curadh:** Tá an fhuaim /u/ anso seachas an fhuaim /a/ a theastaíonn ag deireadh na líne.

**17. – 20. Véarsa breise in B:**

An tu Théitis ó thaobh na tuinne
nó Helena nár thréig a cumann
nó Cesair bhreá shéimh dob inne is dob fhéile
do chuireadh gach scéal i gcéill ’s i bhfoirinn?

Is tagairt do Chessair ón Leabhar Gabhála atá anso thuas. Féach Ó hÓgáin (1991: 86 – 7)

**18. Mh’leachlainn:** Is cosúil gur foirm chiorraithe den ainm Maoilsheachlainn mac Domhnaill atá anso. Duine d’Ardríthe na hÉireann ab ea é seo de réir an traidisiúin (féach Ó hÓgáin, 1991: 55).

**19. Máire:** B’fhéidir gurb í Muire, máthair Dé atá i gceist anso ach is deacair a rá, i ndáiríribh, cén Mháire a bhí i gceist ag an bhfile anso. Tá an t-ionnanú so, idir na hainmneacha Máire agus Muire le feiscint in áiteanna eile leis: féach Morley, 2012: 56, 126). Féach leis na malairtí léamha thíos a thugann le fios go mb’fhéidir go bhféadfadh ainm nó ainmneacha eile a bheith i gceist anso. ‘Máire’ an léamh atá in B. Sholáthródh an léamh ina A ‘Máirrgún’ nó a leithéid agus is é ‘Mhóra’ atá le léamh in C.

**20. Muireann:** Ní fios cén duine a bhí i gceann an fhile anso (féach arís na malairtí léamha thíos) ach más í Muireann an t-ainm a bhreac sé an chéad lá b’fhéidir gurb í bean chéile Raghallaigh, Rí Connacht, a bhí i gceist aige (féach Ó hÓgáin: 1991: 371).

**20. Molaige:** Tigh Mholaige i ndeisceart Co. Chorcaí atá i gceist anso. Féach http://www.logainm.ie/9189.aspx (ceadaithe 10 Eanáir 2012).

**25. Céarnait:** Iníon an rí Cruithneach. Ba í seo, de réir an tseanchais, a chéadchuir muileann uisce ag obair in Éirinn (féach Uí Chatháin, 2006: 481).

**35. Mór Chluanach:** ‘A famous fairy or goddess’ ab ea ‘Mór Cluana’ dar le Ua Duinnín (s.v. *Mór*), agus dhealródh sé gurb í síbhean na nGearaltach í de réir an dáin seo.

**36. ná coinnibh i mbuairt ná fá ghruaim me faid mhairfead** Tá deacracht leis an líne seo ó thaobh na meadarachta sna LSÍ ar fad (féach na malairtí thíos) ach cuireadh crot ar an líne seo, agus ar an líne roimpi, trí lánúsáid a bhaint as na príomhfhoinsí. Ní oireann aon léamh amháin díobh go cruinn don mheadaracht ná don chomhthéacs.

**40.** Tá an véarsa breise seo le fáil in B anso:

Do gheobhaidh tú ór go leor is go fairsing
is airgead bán in áit do ghaisce,
beannacht mo ghrá dhil is buíochas mo mháthar
chionn mise ’thabhairt de thánrith ó úirlinn an leasa.

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: Pierce Fitzgerald Mór Chlúanach A Mór Chúanach maille re *Dáibhí* Mac Mac Pádraig cct. B Mór Chuanaich C 4. thríd A teacht thríthe B teacht thríd C Níl línte 5 – 8 le fáil in A. 5. mala deas caoin B / a headain chailce C 6. saoighead B saigiott C 8. ná preabtheach a chroídhe gan mhoill B 9. bachallach BC / casta BC 10. camarsach BC 12. le gaoith ó inn B 17. An tú Déirdre réaltan uisge B an tu faoileann maérdha na néulbhreac bhfrasac C 18. Mhelleachainn A Mhileachluin B Mhaoiléachlainn C19. nó Máirrgún? A Máire B an Mhóra C / ón aonach fá réim B bhídh n-anfadh reidh C 20. nó Aoibhil aédhardha ó thaobh Malaig*eadh* A na ccéin B 21. a fhir charrthana B a fhir charrthanaich C 22. do chanfainn A canfad BC / gan aistios B 23. bannríoghan B bainrígh C / do Ghearaltaigh B / a cceannas B a g-ceanas C 29. a fhir

ghroídhe B / ní baoth B a fhir ghasta ní baeghal is séimh do labhairt C 30. me féin BC b dár chanuis B dár channais C 31. caithfiodsa féin B ’sé nasgas C / dúinn é 32. do léigion B do leugadh C 33. óch go crúadh mo bhuairt mo dhanuid B och is buan mo bhuaidhirt - mo mhilleadh C 34. táir uaim B / nó biseach B is biseach C 35. Mór Chúanach B Mór Cúanach C / ná cuinngibh air buairt me A tabhair dhúinn tuairisg B ríomhthar dúinn th’uairisg C 36. ná fá ghruaim annois faid mhairrfead A ná cuingmheadh a mbúairt me go bráth fad mharfiod B / ‘sná congbaig air buaidhirt me nios tsia ccein a mhairfad C. 37. gairm do thúairim B chuir me do thuairisc C 39. gan duais C do dhúaghna? B 40. B 40. ad dhanuid B ad ghoin ná ad amharc C.

## 14. Is mór go maím le háthas

Is mór go maím le háthas,
mo leon i mbruín gan tláthas,
gan mhóid, gan phoímp – is córach groí,
go lomtha, líofa, láidir.

Mo dhóigh nách baois dom dán a scríobh
ar leoghan aoibhinn, álainn,
do phórshliocht Bhriain ba chróga i ngníomh
’s i ngleo na gclaíomh ná stáinfeadh.

An t-ógfhear groí gan támhacht,
is fóntach, fíontach, fáilteach,
donnbheoir mar thoinn seolam timpeall
is ólfaimíd do shláinte.

**Foinse:** ARÉ 23 A 16 (28), 21 a bhreac scríobhaí neamhaithnid i gCluain Cho. Chorcaí sa bhliain 1756.

Níor cuireadh an dán so in eagar cheana.

**Meadaracht:** Amhrán 2A + B + A

| | | |
|---|---|---|
| 1, 2, 4 | / – ó – í – á – / | A |
| 3 | / – ó – í – ó – í / | B |

| | | |
|---|---|---|
| 5, 6, 8 | / – ó – í – á – / | A |
| 7 | / – ó – ia – ó – í / | B |

| | | |
|---|---|---|
| 9, 10, 12 | / – ó – í – á – / | A |
| 11 | / – ó – í (–) ó – í (–) / | B |

**Nótaí téacsúla:**

Tá na véarsaí seo leagtha ar Phiaras san aon LS amháin ina bhfuil teacht againn orthu. Amhrán polaitiúil atá ann a cheiliúrann teacht an tslánaitheora Sheacaibítigh agus a thugann cuireadh don lucht éisteachta a shláinte a ól mar is léir ó na línte deireanacha.

**2. tláthas:** Tá an fhoirm mhalartach so den bhfocal tlás 'softness, weakness' srl. luaite ag Ua Duinnín (s.v. *tlás*).

**3. is córach groí:** Is dócha gur féidir é seo a thuiscint mar seo: is duine é atá córach (cóir nó dathúil) agus groí.

**4. go lomtha líofa láidir:** Is féidir an focal *lomtha* anso a thuiscint mar 'shorn' sa chiall 'ready' is dócha (féach Ua Duinnín s.v. *lomtha*; DIL s.v. *lomm*, col. 194. 25 - 30) agus, mar sin, is féidir an líne a aistriú mar 'readily, sharpened, strong.' Dar ndóigh, tá an chéad fhocal *lomtha* le rá mar /lo:mhɘ/ anso toisc go bhfuil an fhuaim 'ó' ag teastáil i gcéad chéim na líne ar mhaithe leis an meadaracht.

**5. Mo dhóigh nách baois dom …:** Is é a thabharfadh léamh na LSe dúinn ná *mo dhóigh más baois dom* … ach ba dheacair 'mo dhóigh' a thuiscint ansan i gcomhthéacs an véarsa so mura bhféadfaí é a thuiscint mar 'mo mhairg' nó a leithéid chun go mbeadh ciall leis na línte seo. Níl aon fhianaise agam ar a leithéid de chiall a bheith ag an bhfocal *dóigh* i g*Corpas na Gaeilge* ná in aon áit eile, áfach. Tá an líne seo leasaithe agam mar sin chun go mbeadh ciall léi agus tá *nách* seachas *más* anso.

**5. . . . dán a scríobh:** Is é 'leon a sgríobh' atá sa LS ach ní foláir nó is dearúd é seo.

**6. leoghan aoibhinn:** Tá an fhoirm seo *leoghan* le dhá shiolla ag teastáil ar son na meadarachta mar a bhfuil an patrún [ó – í ] ag teastáil sa chéim seo den líne. Féach gur *leon i mbruín* atá thuas ag líne a 2 agus an patrún céanna ann.

**7. phórshliocht Bhriain:** 'Of the race of Brian' .i. Brian Bóramha: tá ceangal á dhéanamh anso idir an slánaitheoir Stíobhartach (féach an nóta ar líne a 9 thíos) agus seanríthe na hÉireann. Tá sé le tabhairt faoi ndeara chomh maith nach í an fhuaim /ia/ sa bhfocal *Bhriain* atá le rá anso ach an fhuaim /i:/ a bheadh ag teastáil chun go mbeadh an mheadaracht iomlán cruinn.

**9. an t-ógfhear groí:** Is dócha gur tagairt é seo do Shéarlas Éadbhard (1723 – 88), an slánaitheoir Stíobhartach.

**9. gan támhacht** Glacaim leis gur leagan malartach den bhfocal *támhach* (Ua Duinnín s.v.) 'sluggish, drowsy' atá anso agus é le tuiscint mar 'without sluggishness.' Is ar éigin gur *sámhacht* (LS *tsamacht*) ' pleasure delight' srl. (Ua Duinnín s.v.) atá ann.

**11. donnbheoir mar thoinn** … Is é atá sa LS ná gur *don bheor mar taoin (nó tainn?) sseolam tímpcoll*. Tá sé seo le tuiscint mar 'let us pass the brown beer around in a wave.'

**12. ólfaimid:** Is dealraitheach go bhfuil béim le cur ar an gcéad siolla den bhfocal so, /o:/ **agus** ar an siolla deireanach chomh maith mar a bhfuil an patrún [ó – í] ag teastáil don mheadaracht. Is é an guta fada ***í*** a bhíonn le clos anso i gcanúintí na Mumhan pé scéal é agus mar sin is féidir a rá gur béim nádúrtha atá ann. Féach Greene (1973: 129 – 30) mar a bpléann sé an deireadh táite seo agus féach chomh maith an líne seo in Cúirt

an Mheon Oíche: ‘Achtaimíd mar dhlí do bhéithe’ (Ó Murchú, 1982: 42, l. 871) mar a bhfuil an bhéim ar an nguta fada céanna so ag deireadh an bhriathair.

**Malairtí:**

1. áthas 2. tleachas 3. paoimp 4. lomtha laoimha 5. dóth más/ dom leon a sgríobh 6. leogain / aoibhinig 7. Braoin 9. gan tsamacht 10. fionntach fadhailteach 11. don bheor / taoin? nó tainn? / sseolum / tímpcoll 12. [is] eólamíd do sláinte.

## 15. A Mhalaí Bheag Ó

*Good* móra ’s Muire ’s Pádraig dhuit, a Mhalaí Bheag ó,
mo sceolta bainfid gáire asat, a chuid don tsaol ó,
suigh, a stóir ghil, láimh liom
is neosfad dhuit re háthas,
go bhfuil Seoirse ag gol ’s ag gárthaigh, a Mhalaí Bheag ó.

Táid crónphoic cathach cráite arú, a Mhalaí Bheag ó,
mar táid slóite d’fhoireann Spáinneach, a chuid don tsaol ó,
faoi sheol ag teacht ’na dtáinte
re cóir go lannach, láidir,
’s beidh coróin ar Ascanius, a Mhalaí Bheag ó.

Ólfam feasta a shláinte, a Mhalaí Bheag ó,
mo leoghan lannach láidir, a chuid don tsaol ó,
beidh tóir ó Albain láimh leis
is slóite ón ainnir Máire,
’s nár fhóiridh Críost a ngártha, a Mhalaí Bheag ó.

Beidh ceol cruit’, siosmadh is gairdeas, a Mhalaí Bheag ó,
ag leoghain Inis Fáilbhe, a chuid don tsaol ó,
beidh fógairt cluiche is báire,
ar gach stróinse chuir le fán sinn
’gus crónphoic gonta cráite, a Mhalaí Bheag ó.

Is fada ó cuireadh chum fáin bocht, a Mhalaí Bheag ó,
pór na bhflatha ba ársa, a chuid don tsaol ó,
dá dtreascairt ’s dá gcarnadh,
dá gclagairt ’s dá gcáibleadh,
as sealbh cheart ’s as áitreamh, a Mhalaí Bheag ó.

**Foinsí:** Maigh Nuad M 6, 181 – 182 a scríobh Pól Ó Longáin i gCorcaigh sa bhliain 1818 **(A)**; ARÉ 23 B 14 (297), 177 a scríobh Pádraig Phiarais Cúndún in Eochaill Cho. Chorcaí sa bhliain 1825 **(B)**.

**In eagar cheana:** APMG: 30 – 31

**Meadaracht:** Amhrán (A + B + 2C + A)

| | | |
|---|---|---|
| 1 | / – ó – – – á – – a – – ó / | |
| 2 | / – ó – – – á – – i – – ó / | |
| 3 – 4 | / – ó (–) – á – / | |
| 5 | / – – ó – – – á – – a – – ó / | (A + B + 2C + A) |
| 6 | / – ó – – – á – – a – – ó / | |
| 7 | / – – ó – – – á – – i – – ó / | |
| 8 – 9 | / – ó – á – / | |
| 10 | / – ó – – – á – – a – – ó / | (A + B + 2C + A) |
| 11 | / ó – – – á – – a – – ó / | |
| 12 | / – ó – – – á – – i – – ó / | |
| 13 – 14 | / – ó – – – á – / | |
| 15 | / – ó – – – á – – a – – ó / | (A + B + 2C + A) |
| 16 | / – ó – – – á – – a – – ó / | |
| 17 | / – ó – – – á – – i – – ó / | |
| 18 – 19 | / *– ó – – – á – / | |
| 20 | / – ó – – – á – – a – – ó / | (A + B + 2C + A) |

| | | |
|---|---|---|
| 21 | / – a – – – – á – – a – – ó / | |
| 22 | / – a – – – á – – i – – ó / | |
| 23 – 24 | / – a – – á – / | |
| 25 | / – a – – – á – – a – – ó / | (A + B + 2C + A) |

**Nótaí téacsúla:**

Amhrán polaitiúil ina ndeintear fáistine ar theacht an tslánaitheora, Ascanius, le cabhair Spáinneach chun an ruaig a chur ar na Gaill agus chun na Gaeil a shaoradh. Tá an méid seo a leanas le rá ag Breandán Ó Buachalla (1996: 436) ina thaobh: ‘Bíodh nach eol dúinn go beacht cathain a scríobh Piaras Mac Gearailt an t-amhrán ríthaitneamhach meidhréiseach … is cinnte gur i ndiaidh 1746 é; tá cabhair Spáinneach fós á tuar is an choróin fós á geallúint do Ascanius.’

**1. Good Móra is Muire is Pádraig dhuit:** Leasaigh an Foghludhach an chéad líne seo go dtí ‘Siúd Móra is Muire dhuit …’ ach leanaim na LSÍ mar gur cinnte gur aithris ar ‘Good morrow’ an Bhéarla atá ann. Dhealródh sé go bhfuil an leagan ‘Móra dhuit’, atá gaolmhar leis, comónta go maith sna Gaeltachtaí éagsúla agus tá sé luaite ag Ó Máille (2002: 2), mar shampla.

**1. a Mhalaí Bheag ó:** Ní mór an mhír ghairmeach a bhá anso don mheadaracht.

**3. suigh, a stóir ghil:** Ní mór an mhír ghairmeach a bhá anso don mheadaracht.

**4. is neosfad dhuit re háthas:** Caitear ‘re háthas’ a léamh mar aon fhocal amháin mar /ra:həs/ chun go mbeidh an mheadaracht cruinn anso.

**5. Seoirse:** Is dócha gurb é Seoirse II (Rí na Breataine 1727 – 1759) seachas a gharmhac Seoirse III (Rí na Breataine 1760 – 1820) atá i gceist anso toisc go mba dhóigh le duine gur tamaillín gairid tar éis bhriseadh Chúil Lodair is ea a scríobhadh an dán so.

**6. cathach:** 'Sorrowful' seachas 'warlike' atá i gceist anso leis seo (féach Ua Duinnín s.v *cathach*).

**7. mar táid slóite d'fhoireann Spáinneach:** Tá céim amháin sa bhreis ag tús na líne seo ó thaobh na meadarachta seachas mar atá sa líne roimhe. Tagairt atá anso d'fhórsaí míleata ón Spáinn a raibh súil in airde ag na Gaeil leo ar feadh i bhfad san ochtú haois déag.

**10. Ascanius:** Sa mhiotaseolaíocht chlasaiceach mac le hAeneas agus Creusa ab ea Ascanius. Tar éis Chogadh na Traí d'éalaigh Aeneas go dtí an Iodáil agus thóg sé a mhac Ascanius leis (féach Grimal, 1991: 62). Is é an Stíobhartach, Séarlas Éadbhard, atá i gceist anso is tá an t-ainm le rá le 'a' fada mar /aska:n'ias/ mar gheall ar riachtanais na meadarachta. Ní heol dom aon dán eile ina mbaintear leas as an ainm seo Ascanius chun trácht ar an slánaitheoir Stíobhartach.

**12. mo leoghan lannach láidir, a chuid don tsaol ó:** Tá céim amháin sa bhreis ag tús na líne seo ó thaobh na meadarachta seachas mar atá sa líne roimhe. Teastaíonn an fhoirm dhéshiollach *leoghan* anso ar mhaithe leis an meadaracht toisc an patrún [ó – a – á –] a bheith ag teastáil anso. Féach chomh maith *leoghain* ar líne a 16.

**17. Inis Fáilbhe:** Seanainm fileata ar Éirinn. Duine de seanríthe na Mumhan ab ea Fáilbhe de réir an tseanchais (féach Ó hÓgáin, 1991: 291). Fáilbhe Fionn a thugtar air seo ar uairibh. Féach Ó Conchúir (2009: 155).

**Malairtí:**

1. gud Móra A gud mora B a Mhadhlaidhe A a Mhodhluidhe B 2. asad A 3. suighse A 4. neosfad A ineosad B / re athas B 5. gárthuig A garrthaigh B 6. ariú A aru B 7. sloighte fhuireann B 8. faoi chseol A faoi cseol 9. le coir B 10. croinn B 11. feasda A 14. ó an 15. ceólchruit A 16. innis Failbhe AB 18. cluithe A cluighthe B / barradh B 19. stróinnsi le fán B 20. cráighte A 21. craidhte B fán boicht A fain bocht B 22. barsadh A bo arrsa B 23. dá gceárna A da ccarna B 24. dá glaguirt A da cclagairt B / dá ccaibl***eadh*** A da ccaible B 25. seallamh ceart A sealbh ceart B

## 16. Cé sin amuigh?

Éire:

‘Cé sin amuigh?’
‘Atá Séamas fé shioc,
gan éadach, gan cuid na hoíche.’
‘Mo phéinbhruidse sin,
mo chéadsearc gan sibh,
i réim cheart ag scrios na naimhde,
ach ó daoradh na Scoit
is mar traochadh a dtruip,
is gur céasadh a fhoireann dhílis,
tug mé anois gan suilt
gan chléirigh, gan chloig
ná caomhchruit ag seinim laoithe.’

Séamas:

‘A Chéile gan bhinb,
dob éigean dam rith
go héasca ó iomad bíobha,
nuair a chlaonadar cuid,
is do shéanadar me,
’s im aonar gan foireann bhíosa,
cé gur Phoenix tú i bhfoirm,
gléigeal mar lile,
’s do bhéalsa mar mhil na bhfíorbheach,
níl éifeacht ansin,
atá tréada istigh
níba tréine ná sinn i gcoimhscear.’

Éire:

‘A thréandair ’s a chumainn,
ná tréigse do mhisneach,
cé shéanadar cuid dod bhuíon tu,
beidh an té rinn an chruinne
taobh leat, dod choimirc
ó bhaoth is ó bhruid do naimhde,
beidh faobhar is fuil,
beidh éirleach, is tine
ar chraosmhuir ag teacht id choimhdeacht,
ag Clément is ag Pilib
is Naples gan time,
dod chaomhnadh is dod chosnamh choíche.’

Séamas:

‘Géillim gur tu
mo chéile is mo chuid,
’s it éagmais go bhfuilim cloíte,
’s gach tréanchuradh i ngail,
do traochadh ar muir,
’s do céasadh re cumann dílis,
chum mé agus tu,
ár gcléir is ár gcloig,
’s gach laoch mear don chine Mhíle,
do bheith ina n-aolbhrog gan time
ag pléireacht ’s ag sinnim
caomhchruit re milislaoithe.’

Éire:

‘Níl baol ort anois.
atá Aonmhac na cruinne
is ár naomhbhruinneall, Muire, taoibh leat.
réifid gach broid
’s géibheann ina bhfuilir,
gléasfaid ar muir na mílte;
beid saorchlanna Scoit,
beid Gaeil bhocht’ ar inneall,
go faobhrach, fuilteach, fíorghlic,
séidfear tar sruith
na bréantoirc re broid
gan éadach, gan cuid na hoíche.’

**Foinsí:** Maigh Nuad, M 10, 148 – 9, a scríobh Pól Ó Longáin i gCorcaigh sa bhliain 1817 **(A)** ; ARÉ 23 L 38 (304), 38, Risteard Ó Muirrian a scríobh i bPort Láirge sa bhliain 1765 **(B)**; ARE 23 B 38 (30), 11 – 12, a scríobh Seán Ó Murchú i gCo. Loch Garman idir na blianta 1778 – 1789 **(C)**. Is í LS ‘A’ an t-aon LS amháin a leagan an dán ar Phiaras.

**Foinsí eile:** Corcaigh T xv., 237; Coláiste Cholmáin CF 7, 146, CF 25 (leagtha ar Aindrias Mac Craith sa dá LS seo); Coláiste Cholmáin PB. 9, 35 (trí véarsa leagtha ar Liam Inglis). John Rylands, 75, 51. Dar le Nic Éinrí (2003: 219) go bhfuil an dán leagtha ar Eadbháird de Nógla ‘i lámhscríbhinní eile’.

**In eagar cheana:** APMG, 103 – 104; tá leagan den dán so in eagar ag Úna Nic Éinrí chomh maith (2003: 102 – 4) toisc é a bheith leagtha ar Liam Inglis i LS amháin.

**Meadaracht:** Amhrán

1 – 60 dhá líne dhéag i ngach véarsa mar seo a leanas 4 X (2A + B)

/ * é – – i (–) / = A

/ * é – – i – í – / = B

**Nótaí téacsúla:**

Dar le Breandán Ó Buachalla (1996: 327) 'ós léir gur aithris ar amhrán coiteann de chuid na ndaoine é [an dán so], is gur i ról an raparaí cháiliúil Eámonn an Chnoic a léirítear Séamas ann, tá le tuiscint as gur i measc na coitiantachta, go príomha, a scaipeadh is a dúradh an t-amhrán. Ach bíodh go bhfuil cuma an amhráin choitinn air, idir fhoirm is fhriotal, fós tá sofaisticiúlacht áirithe is eilimint liteartha freisin ag baint lena bhéarlagair: *na Scoit*, *na bréantoirc*, *Clement* is *Pilib*, is go háirithe an buafhocal a thagraítear do Shéamas, *a thréandair*.' Is é 'Éamonn an Chnoic', gan amhras, an bunamhrán ón seachtú haois déag ar a bhfuil 'Cé sin amuigh' bunaithe chun scéal Shéamais III a insint agus deineadh athchúrsáil air arís is arís d'fhonn scéal Shéarlais Óig a insint tar éis Chath Chúil Odair (Ó Buachalla, 1992: 47). Is i lámhscríbhinn 'A' amháin atá sé leagtha ar Phiaras.

*N.B. Tugtar Éire agus Séamas ar an lánú in 'A' de ghnáth sna LSÍ. Éire agus Sasana (!) atá luaite in 'B' thuas agus níl aon ainmneacha luaite in 'C'.*

**2. Séamas:** Séamas III (1688 – 1766), an Stíobhartach, atá i gceist anso.

**2. sioc:** Is í an fhuaim /o/ atá anso cé gurb í an fhuaim /i/ atá ag teastáil don mheadaracht i gcéim dheireanach na líne.

**7. Scoit:** Na Gaeil. Ó 'Scot', bean Mhíle Easpáinne de réir an tseanchais (féach Ó hÓgáin, 1991: 296 – 7). Féach chomh maith líne a 55.

**11. a fhoireann dhílis:** Tá sé seo le tuiscint mar 'his loyal army' is léir (féach Ua Duinnín s.v. *foireann* 'staff, faction, army', srl.). Is léir ó na LSÍ gurb é *a fhoireann* atá ann agus gur ag tagairt do Shéamas (líne a 2) agus ní do 'na Scoit' (líne a 7) atáthar anso.

**17. me:** An focal so rá mar /mi/ toisc go bhfuil an fhuaim /i/ ag teastáil i gcéim dheireanach na líne de réir na meadarachta.

**24. i gcoimhscear:** Nó 'i gcoimheascar'. An fhuaim /iː/ ag teastáil don mheadaracht anso .i. /giːs'c'ər/ mar a bhfuil an patrún [í – ] riachtanach i gcéim dheireanach na líne.

**25. cumainn:** Is í an fhuaim /u/ atá sa chéad siolla den bhfocal so cé gurb í an fhuaim /i/ atá ag teastáil don mheadaracht sa chéim dheireanach den líne

**27. tu:** Is í an fhuaim /u/ atá anso cé gurb í an fhuaim /i/ atá ag teastáil don mheadaracht sa chéim dheireanach den líne. Féach leis líne 37 agus 43.

**31. faobhar:** Is cosúil go bhfuil dhá shiolla ag teastáil anso don mheadaracht .i. /feːvər/

**33. teacht:** Is í an fhuaim /a/ atá le clos sa bhfocal so cé gurb í an fhuaim /i/ atá ag teastáil don mheadaracht sa chéim dheireanach den líne.

**34. Clément:** An Pápa. Dar le Nic Éinrí (2003: 230) gurb é seo Clement XIV (1705 – 1774; ina phápa idir 1769 – 1774) ach b'fhéidir gurb é Clement XII (1652 –

1740; ina phápa idir 1730 – 1740) nó  Clement XIII (1693 – 1769; ina phápa idir 1758 – 1769) atá i gceist. Ba dhóigh leat gur Clement XII é toisc Pilib V a bheith luaite sa líne chéanna leis. An t-ainm le rá mar /k'l'e:mənt/ ar son na meadarachta agus é litrithe le *é* sa tslí is gur léir sin.

**34. Pilib:** Is tagairt é seo do Rí na Spáinne, Pilib V (1683 – 1746; é ina rí 1700 - 1746).

**35. Naples:** Don Carlos na Spáinne ar deineadh Rí Naples agus Sicily de sa bhliain 1738 (Féach Nic Éinrí: 2003: 220).

**36. chosnamh:** Is í an fhuaim /o/ atá anso seachas an fhuaim /i/ atá ag teastáil de réir na meadarachta.

**42. cumann:** Is í an fhuaim /u/ atá anso seachas an fhuaim /i/ atá ag teastáil de réir na meadarachta. Féach leis líne 25.

**45. Míle:** Míle Easpáinne (Miléisius), Sinsear na nGael de réir an tseanchais (féach Ó hÓgáin, 1991: 296 – 7).

**57. faobhrach:** Tá trí shiolla ag teastáil anso .i. /fe:vərəx/ mar a bhfuil an patrún [é – a] riachtanach don mheadaracht.

**58. sruith:** Is cosúil gur foirm mhalartach den bhfocal *sruth* atá anso agus tá tarraingt ar shamplaí den bhfoirm seo i g*Corpas na Gaeilge*. Féach an dá shampla so as saothar Dháibhí Uí Bhruadair: ‘tar sruith soir gur leath a líonta’ (Mac Erlean, 1910: 108) agus ‘Lingfid luathbhairc fá na seoltaibh ar sruith Sionna’ (*ibid*.: 112). Dob fhéidir glacadh leis seo mar fhoirm mhírialta den tabharthach uatha cé nach mar seo a deintear an tabharthach sa Ghaeilge Chlasaiceach (ach féach McManus, 1994: 375). Féach leis an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: An fear céadhna cct. Comhradh idir lanamhun righeamhuil oirdheirc ata re cian d'aimsir ona chéile re foirneart eachtrann & ar tteangmháil an uaigneas air a chéile do chanadar mar leanus, ar thiúin Éamonn an Chnoic. A Air fhonn Émoinn An Chnoic sonn B Abhrán fonn Eamonn an Chnoic C 4. mo léanghuirtsi BC 12. seinim A singim BC 13. ab éigean dam A bug eigionn dum B 23. sa tréadsa ta istigh BC 24. níbhus A níos BC 25. a thréin A 38. is mo shult A 45. do chine Mhílig B do chinne Mhíleadh C 51. a naomhbhruinngioll milis taobh riot BC 52. gléasfig A 59. le bruid BC

## 17. Rosc Catha na Mumhan

D’aithníos féin gan bhréig ar fhuacht,
’s ar anfa Thétis taobh re cuan,
ar chanadh na n-éan go séanmhar**,** suairc,
go gcasfadh mo Shaesar glé gan ghruaim.

Measaim gur subhach don Mhumhain an fhuaim,
dá maireann go dubhach do chrú na mbua,
torann na dtonn le sleasaibh na long,
tá ag tarraing go teann ’nár gceann ar cuaird.

Tá lasadh san ngréin gach lae go neoin,
ní taise don rae; ní théann faoi neoill,
atá barra na gcraobh ag déanamh sceoil,
nach fada ’bheidh Gaeil go faon faoi cheo.

Measaim gur subhach don Mhumhain an ceol,
dá maireann go dubhach do chrú na dtreon,
torann na dtonn le sleasaibh na long,
tá ag tarraing go teann ’nár gceann faoi sheol.

Tá Aoibheall ar mire is Áine óg,
Clíona na mbruinneall is áilne snódh,
táid míle ’gus tuilleadh den táin seo fós,
dá shuidheamh le buile go dtáinig an leon.

Measaim gur subhach don Mhumhain an ceol,
dá maireann go dubhach do chrú na dtreon,
torann na dtonn le sleasaibh na long,
tá ag tarraing go teann ’nár gceann faoi sheol.

Ní hannamh an mhaidean le hamharc an laoi,
ná bainim chum reatha go farraige síos,
mo dhearca ar leathadh ag faire do shíor,
ar bharcaibh an fharaire ag tarraing na slí.

Measaim gur subhach don Mhumhain ’s gur binn,
dá maireann go dubhach do chrú na rí
torann na long ag scoltadh na dtonn,
tá ag tarraing go teann ’nár gceann thar toinn.

Gach nduine d’fhuil Mhíle bháin na gcréacht,
curaí na Traoi mear, láidir, tréan,
do milleadh le dlí is ’crádh le claon,
cuirfidh gan mhoill an báire séin.

Measaim gur subhach don Mhumhain ’s i gcéin
dá maireann go dubhach do chrú na dtréan
torann na dtonn re sleasaibh na long
tá ag tarraing go teann ’nár gceann le faobhar.

**Foinsí:** ARÉ 24 C 55 (1185), 218 – 219 a scríobh Tomás Ó Conchubhair i dTiobraid Árann sa bhliain 1840 (A); ARÉ 24 L 32 (770), 264 a scríobh Tomás Ó Conchubhair i dTiobraid Árann sa bhliain 1825 (B); John Rylands 134, 2 (a) 30 a scríobh Tomás Ó hIceadha i dTiobraid Árann c. 1832 (C).

**Lámhscríbhinní eile:** ARÉ 24 L 12 (774), 214; 23 O 15 (940), 22; 23 O 77 (1386), 16 – 17; LNÉ G 826 , 66 – 68; Corcaigh C 63,133; T. vi, 24; Mainistir Chnoc Mhellerí, Additions 11, 135; Villanova University, 5 (b), 127 [gearrthóg ón Irish-American (Nua Eabhrach) Iúil 1880 (féach Mahon: 2007, 42)] ; 12, 29, 177.

**In eagar cheana:** APMG: 46 – 48; Ó Foghludha (1945: 151 – 153)

**Meadaracht:**

Amhrán agus Loinneog (2A + B + C).

| | | |
|---|---|---|
| 1 – 4 | / *a – – é – é – ua / | |
| 5 – 6 | / *a – – ú – ú – ua / | 2A + B + C |
| 7 | / o – – au – a – – au / | |
| 8 | / – a – – au – au – ua / | |
| 9 – 12 | /* a – – é – é – ó / | |
| 13 – 14 | / *a – – ú – ú – ó / | 2A + B + C |
| 15 | / o – – au – a – – au/ | |
| 16 | / – a – – au – au – ó / | |
| 17 – 20 | / * í – – i – – á – ó / | |
| 21 – 22 | / *a – – ú – ú – ó / | 2A + B + C |
| 23 | / o – – au – a – – au / | |
| 24 | / – a – – au – au – ó / | |
| 25 – 28 | / – a – – a – – a – – í / | |
| 29 – 30 | / *a – – ú – ú – í / | 2A + B + C |

| | | |
|---|---|---|
| 31 | / o – – au – o – – au / | |
| 32 | / – a – – au – au – í / | |
| 33 – 36 | / * i/u – – í – á – é / | |
| 37 – 38 | / *a – – ú – ú – é / | 2A + B + C |
| 39 | / o – – au – a – – au / | |
| 40 | / – a – – au – au – é / | |

**Nótaí téacsúla:** Amhrán meanmnach polaitiúil is ea é seo a thairngríonn teacht an tslánaitheora Sheacaibítigh, Séarlas Éadbhard, agus dhealródh sé gur timpeall ar lár an 18ú haois a cumadh é. Cantar an t-amhrán so i nGaeltachtaí na Mumhan go dtí an lá atá inniu ann. Deirtear liom go mbíonn an *Rosc Catha* á chanadh go rialta ag Cór na bhFear i nGaeltacht Phort Láirge (eolas ó Chaitríona Breathnach, ón Seanphobal i nGaeltacht Phort Láirge ó dhúchas, Caitríona.Breathnach@mic.ul.ie, i ríomhphost chugam ar 1 Bealtaine 2012). Is é an fonn a théann leis an amhrán so de ghnáth ná an fonn a dtugtar 'Boyne Water' go coitianta air ach, más ea, ní luaitear an fonn so ná aon fhonn eile le haiste seo Phiarais sna LSÍ. Amhrán pobail de chuid Phrotastúnaigh Chúige Uladh is ea *The Boyne Water*. Deineann liricí an amhráin ceiliúradh ar bhua Uilliam Oráiste ar Shéamas II ag Cath na Bóinne sa bhliain 1690. Is é an fonn céanna ceoil a ghabhann le hamhrán Seacaibíteach a cumadh in Albain sa seachtú haois déag, *Lady Keith's Lament*, http://grainne.harp.net/ireland_and_scotland_notes.htm (ceadaithe 20 Deireadh Fómhair 2012) más fíor, agus le hamhrán so Phiarais, *Rosc Catha na Mumhan*. Ní fios arbh amhlaidh gur fhonn ceoil de chuid na Seacaibíteach ab ea é seo ar dtúis nó arbh amhlaidh gur bhain sé leo súd a bhí dílis don Teaghlach Oráiste i dtosach (féach Ó Canainn, 1995: 100).

**Teideal. Rosc Catha na Mumhan:** Níl aon teideal luaite sna LSÍ is luaithe ach cloím leis an teideal coitianta atá ar an dán sa lá atá inniu ann agus an teideal atá le feiscint i roinnt LSÍ déanacha ar nós T6, 24 – 'Rosc Catha na Mumhan' agus Villanova 5 (b) & 12 'Rosc Catha Mhumhan'. Ní féidir a rá cathain a tugadh an teideal so air don chéad uair. Luaitear an dáta 'A. D. 1750' i gceannscríbhinn an dáin i gcúpla LS chomh maith: 'Piaras Mac Gearailt cct. A. D 1750 (in 'A' thuas agus in 24 L 12 (774)).

**2. anfa:** D'fhéadfadh sé go bhfuil an focal so le rá mar /an(ɘ)fɘ/, faoi mar atá sé scríte sna LSÍ, nó mar /anɘhɘ/ faoi mar a thugtar le fios in Breathnach (1984, s.v. *anafa*); féach leis ÓhAirt (1988 s.v. *anaithe*) agus Ua Duinnín (s.v. *anaithe (anfadh)*). Ní chuirfeadh ceachtar den dá fhuaimniú isteach ar an meadaracht.

**2. Thétis:** Bandia na Farraige i miotaseolaíocht na Gréige. Féach Grimal (1991: 436).

**4. Shéasar:** An Stíobhartach atá i gceist anso agus más fíor gur timpeall na bliana 1750 a cumadh an dán so is é is dóichí gurbh é Séarlas Éadbhard an té a rabhthas ag súil lena theacht trasna na farraige chun fóirithint ar na Gaeil.

**7. long:** An focal so le rá mar /laung/ seachas /lu:ng/ tríd síos sa dán ar mhaithe leis an meadaracht.

**8. ag tarraing:** Foirm mhalartach den ainm briathartha 'tarraingt.' Féach Ua Duinnín agus FGB (s.v. *tarraing*).

**9.** Tagann línte 17 – 24 roimh línte 9 – 16 in A anso ach leantar gnáthord na véarsaí mar atá sna LSÍ ar fad eile.

**9. gach lae:** Foirm an ghinidigh uatha thar cheann an ainmnigh ag teastáil anso ar mhaithe leis an meadaracht. Tá a leithéid seo d'fhoirm thar a bheith coitianta sa litríocht faoi mar a thaispeánann na samplaí seo a leanas: 'An drong atá dá gcrá gach lae

amuigh' (O'Rahilly, 1952: 11) agus 'An fhian leóinte atá leósan ag féitheamh gach lae' (Ó Donnchadha, 1916: 198). Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**9. go neoin:** Is ionann an fhoirm seo agus 'nóin'. Féach Ua Duinnín agus FGB (s.v. *neoin*).

**10. rae:** Leagan malartach den bhfocal 'ré' .i. an ghealach. Tá an fhoirm seo in Ua Duinnín (s.v. *rae*) is tá tarraingt ar shamplaí den bhfoirm le fáil sa litríocht faoi mar a léiríonn samplaí ar nós 'do dhorchuigh an rae' (Ua Duinnín: 1902 (b): 27) agus 'do scuir an rae dhen réim do bhí aici' (Ó Donnchadha: 1907: 315).

**10. faoi neoill:** Glacaim leis gur tabharthach iolra tar éis an réamhfhocail 'faoi' atá anso agus an fhuaim /o:/ ag teastáil don mheadaracht. Féach Ua Duinnín (s.v. *néall*). Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**11. ag déanamh sceoil:** An fhoirm seo (ginideach uatha) ag teastáil don mheadaracht. Féach Ua Duinnín (s.v. *scéal*) agus DIL (s.v. *scél*). Is é 'ag déanamh ceoil' atá in A; 'sgeo(i)l' atá le feiscint sna LSÍ eile ar fad.

**17. Aoibheall:** Duine de bhandéithe na Mumhan. Aoibheall na Craige Léithe ó Co. an Chláir agus bean sí na mBrianach, de réir an tseanchais. Féach Ó hÓgáin (1991: 38).

**17. Áine:** Bandia i gCúige Mumhan de réir an tseanchais. Féach Ó hÓgáin (1991: 20 – 22).

**18. Clíona na mbruinneall:** Bean sí a bhain le deisceart Chúige Mumhan. Is uaithi seo a baisteadh an tonn dhraíochtúil úd, 'Tonn Chlíona', a bhíodh le clos amach ó chósta theas Chorcaí, in aice le Cuan Dor, de réir an tseanchais. Ba dhóigh leat gurb é 'Éana' atá le léamh sna LSÍ ach is deimhnitheach gurb í an fhuaim /i:/ atá ag teastáil don mheadaracht agus gurb é an léamh ceart, dá réir sin, ná Clíona. Is fuirist an litir 'c' agus

an stríoc ghiorrúcháin ina diaidh a léamh mar 'e' nó 'é' agus sin é faoi ndeara an botún sa leagan Béarla thíos, mar shampla.

**18. is áilne snódh:** 'Is áille snua' a chiallaíonn sé seo. Tá na foirmeacha malartacha so le fáil in Ua Duinnín (s.v. *áilne*, *snuadh*).

**20. dá shuidheamh:** Is ionann é seo agus 'dá suíomh'. Tá dhá shiolla ag teastáil anso ó thaobh na meadarachta. Féach Ua Duinnín (s.v. *suidheamh*).

**25. le hamharc an laoi:** Foirm mhalartach de ghinideach uatha an fhocail 'lá' agus an fhuaim /i:/ ag teastáil don meadaracht. Féach DIL agus Ua Duinnín (s.v. *lá*). Tá an focal *amharc* anso le rá le dhá shiolla mar /avərk/ ar mhaithe leis an meadaracht.

**28. ar bharcaibh an fharaire:** 'The ships of the brave warrior.' Is í an fhoirm 'bárc' amháin atá in FGB ach tugann Ua Duinnín (s.v. *bárc*) an fhoirm mhalartach 'barc.' Tá guta gearr /a/ atá ag teastáil don mheadaracht anso.

**33. Gach nduine:** Is mar aithris ar nós na Sean-Ghaeilge urú a chur ar fhocail tar éis ainmfhocail neodraigh nó ar fhocail sa tuiseal cuspóireach a fhaightear urú an chuspóirigh reoite sa Nua Ghaeilge ar uairibh i bhfrásaí ar nós 'gach n-aon' agus 'gach nduine'. Féach mar shampla 'téid gach nduine fá thuirse tar teoraí' (Mac Erlean, 1900: 25) agus 'dá réir sin go bhfuilim féin somharbhtha amhail gach nduine oile' (Bergin, 1931: 11). Tá tarraingt ar shamplaí le fáil i g*Corpas na Gaeilge*. Féach DIL (s.v. *cach*, col. 2, 65 – 70); cf. Ua Duinnín (s.v. *gach*).

**33. Míle:** Míle Easpáinne. Sinsear na nGael, de réir an tseanchais. Féach Ó hÓgáin (1991: 296 – 297).

**34. curaí na Traoi:** Tá an fhuaim i/ ag teastáil anso i ndáiríribh seachas an /u/ atá sa bhfocal so *curaí*.

**36. cuirfidh gan mhoill an báire séin:** '(They) will win without delay a joyous victory.'

**Leagan Béarla ó 24 L 12 (Mícheál Ua hAnnracháin a scríobh c. 1856 i gCo. An Chláir):**

I knew it well by storm and cold,
the waves which lashed the shore foretold,
the birds' sweet notes in forest tell,
our prince comes over ocean's swell.

'Tis time for Munster now to cheer,
'twill glad our wasting clans to hear,
the dash of the wave gainst the ships of the brave,
and gallant hearts that are drawing near.

The sun's full splendour shines each day,
no cloud obscures the pale moon's ray,
the slender branches sigh the tale,
the mist shall soon rise from the Gaodhal.

'Tis time for Munster now to cheer,
'twill glad the sons of chiefs to hear,
the dash of the wave 'gainst the ships of the brave,
and gallant hearts that are drawing near.

High triumph have Aoibheall and Áine at last,
Éana's fair virgins' gloom is past,
a thousand and more of this joyous train,
now hearald our hero with fairy strain.

'Tis time for Munster now to cheer,
'twill glad our drooping tribes to hear,
the dash of the wave 'gainst the ships of the brave,
and gallant hearts now drawing near.

In storm or calm at peep of day,
with eagar steps I seek the bay;
and strain my eyes in hopes to greet,
the first glimpse of our prince's fleet.

Oh joyful in Munster the music rings,
and joyful to all who mourn their kings,
the dash of the waves ’gainst the ships of the brave,
and gallant band the future brings.

All ye whose hearts beat warm and fast,
with Gaelic blood the die is cast,
rise up, rise out, like chiefs of old,
and smite the foe whose doom is told.

Oh sweet in Munster, sweet abroad,
to the sadden’d race of each proud lord
is the dash of the wave ’gainst the ships of the brave,
who come to join us with the sword.

**Malairtí:**

Ceannscríbhinn: Piaras Mac Gearailt cct ABC / A.D. 1750 A 1. gan bhréag BC 2. ar anafadh B anafaidh C / le cuan BC 5. san Múmhain B an Mhumhain C / ó’n uaim C 6. do thrugh na mbuaidh C 7. torraing BC 8. tá tarraint B a tarraint C / ’nar g-cionn A ’nár gc***eann*** B ’nár ccionn C. 9. gach lá AC / nóin C 10. neól B fá neol C 11. ceoil A sgeol C 12. bhiadh A 13. san Múm***hain*** B 15. torraing B 16. tá tarraint B a tarraint C / ’nár g-cionn AB ’nár ccionn C 18. clan***nadh*** na mbruingioll B na mbrugh-gheal C / áille BC / snódh A snuadh B snuaidh C 20. dá thuigeamh C 21. san Múm***hain*** B 23. torraing BC 24. tá tarraint B a tarraint C / anunn ’nar g-cionn A ’nár g-cionn B ’nár ccionn C 25. Ní hannamh maidion A as annamh B Ní hannamh maidin C 28. tarraint san tslíghe B a tarraint na slíghe C 29. san Múm***hain*** B san Mhumhain C 31. torraing BC 32. tá tarraint B a tarraint C / ’nar g-cionn AB ’nar ccionn C.35. dá milleadh le dlígh is crádhagh le claon A 36. san Múm***hain*** B 39. torruinn B. 40. ’nár g-cion A nár gceann B ’nár ccionn C.

## 18. Seán Ó Dí

Níor ghéilleas riamh do ráitibh
file, fáidh ná draoi
go bhfuair an Vulcán gránna
Vénus bhreá mar mhnaoi,
nó go bhfacaidh Péarla an bháin-chnis
le toil a cairde gaoil
’na cartlainn sneachta fágtha
i leabain Sheáin Uí Dhí.

Níor ghéilleas gur sprid neamhdha
do tháthaigh dlúth an dís
ach cospóir peacaidh Mhámoin
is fantais d’áireoinn díbh,
*Mopso Nysa Datur*
anois is ráite fíor
ó tugadh Péarla an scánfhoilt
d’fhear mar Sheán Ó Dí.

Dá madh fear mar chách me,
’s gur mhaith mar cheard liom í
do shinnfinn seal mar Mhárs leat
’s ní chuirfinn cás san maoil,
ó sé do bhreoigh ’s do chráigh me
’s do bhain mo shláinte dhíom
do mhama geala breátha
bheith i leabain Sheáin Uí Dhí.

**Foinsí:**

John Rylands 134, 2 (a) 29 a scríobh Tomás Ó hIceadha i dTiobraid Árann c. 1832 (A); ARÉ 23 O 77 (1386), 16 a scríobh Seaghán Ó Dálaigh sa bhliain 1848 (B); Corcaigh T. vi, 16 a scríobh Pádraig Stúndún i gCorcaigh sa bhliain 1885 (C); Corcaigh T.vii, 19 a scríobh Pádraig Stúndún idir na blianta 1883/4 (D); Corcaigh C 63, 638 a scríobh Dómhnall Mac Consaidín in Inis Cho. an Chláir idir na blianta 1855–9. (E).

**In Eagar cheana:**

APMG: 27 – 28; (Ó Foghludha, 1945 (a): 153 – 154 [agus féach an méid atá le feiscint thíos sa nóta ar an leagan Béarla].

**Meadaracht:** Amhrán 4 (A + B)

| | | |
|---|---|---|
| / – x – x – á – / | = | A |
| / * x – á – í / | = | B |

**Nótaí téacsúla:**

Is é atá san amhrán so ná cur síos ar phósadh mí-ámharach ar ceart é a léamh mar dhán polaitiúil fáthchiallach ina bhfuil ‘péarla an bháin-chnis’, nó Éire, pósta go neamhoiriúnach leis an ‘Vulcán gránna’ so Seán Ó Dí, nó Sasana, agus is soiléir go gcuireann an pósadh so uafás ar an bhfile.

**3. an Vulcán:** *Vulcan*, Dia na tine sa mhiotaseolaíocht chlasaiceach (féach Grimal, 1991: 451).

**4. Vénus:** Bandia an Ghrá agus na hÁilleachta sa mhiotaseolaíocht chlasaiceach (féach Grimal, 1991: 450).

**7. 'na cartlainn sneachta mná:** Is é atá ag an bhFoghludhach (APMG: 27) ná 'gan rogha nó malairt áruis' ach níl sé seo ag teacht le fianaise na LSÍ. Is fiú a lua, áfach, go bhfuil an líne chéanna le fáil sa leagan den amhrán atá againn ó bhéal Niocláis Tóibín ar 'Rinn na nGael' (Traic 15, Cló Iar-Chonnachta, 1999) agus mar sin b'fhéidir go raibh cur amach ag Ó Foghludha ar an amhrán ó amhránaithe a linne féin agus gur mar sin a bhí an líne nó, ceann éigin acu, gurbh amhlaidh gur chuaigh leagan an Fhoghludhaigh i bhfeidhm ar amhránaithe an fhichiú haois. Dhealródh sé gur 'water-mint' a chiallaíonn 'cartlainn' (DIL agus FGB s.v. *cartlann*) agus b'fhéidir, mar sin, go bhféadfaí é seo a thuiscint mar 'this delicate snow-white (flower of a) woman'. Tá roinnt samplaí den leagan 'cartloinn cumhra' le fáil i g*Corpas na Gaeilge* (iad ar fad ó *Cín Lae Amhlaoibh Uí Shúilleabhain*) agus níl aon amhras ná go n-oireann an leagan áirithe seo don tsamhail atá i gceist anso.

**8. Seán O Dí:** Is dealraitheach gur leasainm ar an nGall ar nós 'John Bull' é an t-ainm seo. Féach Béaslaí (gan dáta: 172).

**9. sprid:** Leagan malartach den bhfocal spiora(i)d atá anso. Féach Ua Duinnín agus FGB (s.v. *sprid*). *Spioraid* atá sna LSÍ seachas 'A' a thugann *spiorad*. Is í an fhoirm aonsiollach seo *sprid* is fearr a oireann don mheadaracht.

**9. neamhdha:** An focal so le rá mar /n'a:gɘ/ mar a bhfuil an patrún [á – ] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne don mheadaracht.

**10. do tháthaigh dlúth an dís:** '(Who/which) bound the two closely together.' Tá fadhb anso ó thaobh na meadarachta de: tá an patrún [á – í] ag teastáil anso i gcéim

dheireanach na líne ach is é an téacs mar atá sé ná [**ú – í**]. 'Dlúth' atá le léamh sna LSÍ ar fad. Réiteodh 'tláith' nó 'tráth' nó a leithéid an fhadhb ach níl fianaise na LSÍ ann chun go ndéanfaí a leithéid de leasú.

**11. Mamón:** Mammon: dia bréagach an tsaibhris agus na sainte de réir an Bhíobla (Matha 6.24): 'Ní féidir do dhuine ar bith dhá mháistir a riaradh; óir beidh fuath aige do dhuine acu agus grá aige don duine eile, nó beidh sé ag déanamh dúthrachta do dhuine acu agus ag déanamh neamhshuime den duine eile. Ní féidir daoibh Dia a riaradh agus an t-airgead.'

**11–12. ach cospóir peacaidh Mhámoin / is fantais d'áireoinn díbh: '**But Mammon's sinful aim / it is a (grotesque) fantasia I would relate to you.' Ba dheacair glacadh le léamh 'A' anso: 'fanntais darrcoin díbh.'

**13. Mopso Nysa Datur:** Is as 'Eclogues Virgil' (VIII) a fuair an Gearaltach an líne seo áit a bhfaightear cur síos ar phósadh mí-oiriúnach, pósadh a thugann le fios go bhfuil an saol ar fad bun os cionn. Seo mar a théann na línte sa bhunsaothar: 'Mopso Nysa datur: quid non speremus amantes? iungentur iam grypes equis, aeuoque sequenti cum canibus timidi venient ad pocula dammae (Nysa weds Mopsus! What may we lovers not expect? Soon mares will mate with gryphons, and the time will come when timid hinds go down to drinking pools with hounds) (in eagar agus aistrithe go Béarla ag Lee (1984: 86 –7).'

**15. péarla an scánfhoilt:** Is é **'**péarla an bhánchnis' a thugann na léamha eile ar fad ach glacaim leis an léamh seo in A. Is dócha go bhfuil 'scánfholt' le tuiscint mar 'flowing hair'. Féach Ua Duinnín s.v *scáine* (foirm mhalartach de 'scán') áit a bhfaighimid an sampla 'lonnradh na h-áilne in gach scáine de do chéibh the light of beauty in each strand of your hair.'

**19. Márs:** *Mars*: Dia an Chogaidh agus leannán Vénus sa mhiotaseolaíocht chlasaiceach (féach Grimal, 1991: 258).

**23. mama:** Bheadh súil againn le ‘mamaí’ anso mar uimhir iolra den bhfocal ‘mama’ de réir Ua Duinnín agus FGB (s.v. *mama*) ach dhealródh sé ó na samplaí ar fad de ‘mama’ mar ainmneach iolra i g*Corpas na Gaeilge* nach aon fhoirm ócáideach atá anso ach foirm go raibh glacadh leis go forleathan i measc fhilí an 18ú haois.

**Leagan Béarla:**

Tá an méid seo a leanas le rá ag an bhFoghludhach i dtaobh an dáin seo in (APMG: 110): ‘In Staunton MS. and “Poets and Poetry of Munster.” Transcripts from this MS. have appeared in The Irishman, as well as in The Gaelic Journal for October, 1896, wherein it was described as an allegorical poem on Ireland’ (Is dealraitheach, áfach, go raibh dul amú ar an bhFoghludhach i dtaobh Poets and Poets of Munster mar níl an dán so ann in aon chor). Cé ná fuil aon amhras ná gur dán fáithchiallach atá ann is suimiúil go bhfuil míniú ar ábhar an dáin mar seo a leanas i gceannscríbhinn C 63 (E): ‘John O’ Dee was a Blacksmith by trade and by no means a handsome specimen of the human race. He lived in the County Cork where he got married to a real beauty of his neighbourhood on which occasion the following stanzas were composed.’ Tá an t-aistriúchán Béarla so a leanas le fáil sa lámhscríbhinn chéanna (C63, 638).

Belief I never yielded yet to legend or to song
That to the grim old fire-god blithe Venus could belong,
Till with consent of her own kin I should have lived to see
The white necked bride stretched by thy side a victim [of] Shawn O’ Dee!

Nor now believe I’ twas the will of Heaven that joined the two
But mammon’s demon urged them on the loathsome deed to do;
“Mopso Nysa Datur” now is sadly true since we
Have seen the fair dragged to the lair of such as Shawn O’ Dee!

But that ’twere curs’d ‘twould be my pride to cover him with shame
What Mars was to the Parhian Queen to be to thee sweet dame;
Since aye! It is a bitter pang to me to think on thee
Thy queenly brow thy bosom’s snow defiled by Shawn O’ Dee!

**Malairtí:**

Ceannscríbhinn: Piarus Mac Gearailt do Sheán Ó Dí A Piarus Mac Gearailt cct do Cseaghan Ua Dhighe B Piaras Mac Gearailt ró chan do Sheághan Ó Díghe E. 1. ráidhte CDE 2. fáige A / faigh B nó CDE 3. bhulcán A Vulcan B bulcán C bhulcan D an bhulcan E / gránda CE grána D 4. Venus A Vénus B Bhénus CD an Bhénus E 5. nó go bhfeacadh CD nó go bhfacadh BE / péaladh D / bhán-chneis ABE 6. le toil a cáirde a luídhe C le toil a cairde gaoídhil D re toil a cáirde gaoil E 7. ráighte A sáighte B / go sítheach socair sásta C ’na cartluinn sneachtaig fáigthe D ’na cartlaoinn shneachta ráighte E 8. ann leabain A ar leabadh B air leabaidh CD ar leaba E 9. spiorad neamhdha A spioraid neamhdha B ni ghéillim gur spioraid neámhdha C níor ghéillios nách spioraid náidhme D níor ghéilleas gur spioraid neámhdha (retce. ní ghéillim fós gur spiorad neámhdha) E 10. do tháthaithaigh go dlúth A dlúth BCDE 11. acht cospóir peacadh Mhamon B a chosbóir peacaidh Mámoin C an cospóir peacaidh Mhámoin D 12. fanntais darrcoin díbh A as fanntais d’áereoinn díbh B is fanntais darrcoin díbh C ’na measg mo náire! Bhídhis C gan amhrus d’áirmheoinn díbh D is fanntais d’áirmheoinn díbh E 13. Mopso Nisa Datur A Mopsa Nisa Datur B Mopso Nysar Datur C Mopso Nísa Datur C Mopso Nisa Datur D 14. anois is ráidhte fíor BE anois is ráidtechd fíor D 15. ó fuair an stuaire d’ábhar C ó thugadh ríoghain ghrámhar D ó tugadh péarla an bháin-chneis BE 16. d’fhear mar cSeaghan Ua Dighe B fear mar Sheán Ó Díghe C 18. ’s gur “leath a bpáirt” liom í C 19. leat B lé C léi DE 20. san mhaoil(l) AD 22. is bhain mo shláinte díom B is d’fhág me táim gan bhrígh D bhuain E 23. an chartluing shneachtaidh mná bheith C plúr na mban budh bhreághtha C 24. a leabadh BD air leabaidh C ar leaba E.

## 19. Piaras Mac Gearailt & Aibigeal Brún

‘Ní hí aimsir Rí Séamuis í ’ná féadfaimís focal do labhairt.’ Atá an seanráiteachas so coitchionn go leor againn fós. Is iomdha treabhchas uasal do cuireadh chum fáin in aimsir Rí Séamas nó beagán ’na dhiaidh i dtaobh ‘a pháirte agus páirt a chlainne a thógbháil. Do bhí filí na Mumhan ar thaobh na Stíobhairt, agus ní raibh ’na measc aon fhear dob aoirde a labhair ná ba dhána do scríobh ’na bhfábhar ná Piaras Mac Gearailt. Le féachaint siar ar an aimsir úd anois ní fheadar ar aon chor conas do rug sé a chosa leis tré aimsir chomh buartha lé, an fear do scríobh ‘lúbaidh bhur ngéagaibh go bruth le bhúr ngéarlannaibh, múchaidh a n-éadain ’s a mbréanchoirp bhúr námhaid.’ Do tharraing caint den tsórt so fearg Orangemen Eochaille air agus do chuireadar suas bean dhuine aco chum ceiste do chur air. Dob í sin Aibigeal Brún agus do chuir sí crúsca ‘punch’ leis ná tabharfadh sé ‘ainm an phrionsa’ dhi gan tréason.

D’fhreagair Piaras:

Aibigeal Brún adúirt ná féadfainnse,
ainm an Phrionsa ’thabhairt gan tréason di:
ceathair ar dtúis is dúbail aon, agus,
i dteanga na n-údar múinte glaoim ar luch.

Ceathair agus aon dúbalta, sin ‘sé’ agus ‘mus’ is ea luch i ‘dteanga na n-údar múinte’ (Laidin) ‘sé-mus’. Leis sin do rug sé an geall agus d’éis glaoch air adúirt mar so:

Suímid síos is bímid ag ól,
líontar chughainn fíon is beoir
’s an dtuigir, a chroí, nárbh aoibhinn sceol,
sliocht an fhill dá gcloí san ngleó!

‘Treason!’ arsa Aibigeal agus chum í ’bhréagadh do shóinseáil sé na focail láithreach:

Suímid síos is bímid ag ól,
líontar chughainn fíon is beoir!
doigh san chroí ná híosfadh feoil,
Satharn, Aoine ’s gach lá ’gheobhaidh!

**Foinsí:** Boston, Ir MS 1, 38 – 39 a scríobh Pádraig Stúndún sa bhliain 1885 i gContae Chorcaí **(A)**; Corcaigh T. vii., 128 – 129 a scríobh Pádraig Stúndún i gCathair Chorcaí idir na blianta 1883 – 1884 **(B)**; Corcaigh T. vi., 36 a scríobh Pádraig Stúndún i gCathair Chorcaí sa bhliain 1885 **(C)**.

In eagar cheana: APMG: 52

Meadaracht: Amhrán

1 – 4 / a – – ú – ú – é – – /

5 / í – í – í – – ó /

6 / í – ú – í – ó /

7 / – i – í – í – ó /

8 / i – í – í – ó /

9 / í – í – í – – ó /

10 / í – ú – í – ó /

11 / i – í – í – ó /

12 / a – í – a – ó /

**Nótaí téacsúla:**

Leagtar véarsaí mar na véarsaí seo ar mhórán filí eile seachas Piaras faoi mar a thugann Breandán Ó Buachalla (1996: 352) le fios mar a ndeireann sé go bhfuil sraith véarsaí den saghas so comónta go maith sna lámhscríbhinní agus 'bíodh go leagtar cuid acu ar fhilí aitheantúla (Aogán Ó Rathaille, Seán Ó Tuama, Diarmaid Ó Súilleabháin), is focheann acu ar fhilí eile (Donnchadh Ó Gráda, An tAth. Seán Ó hAodha), véarsaíocht dhí-ainm is ea an chuid is mó di a chum 'duine éigin' nó 'file éigin', dar leis na foinsí. Ní haon rannaireacht liobarnach í, ach saothar atá bunaithe ar ghontacht, ar dheisbhéalaí, agus ar shárchumas meadarachta.' Deir sé chomh maith gur 'bhraith éifeacht na véarsaíochta sin, is léir, ar fhuascailt an tomhais a bhí neadaithe i ngach véarsa acu, tomhas a bhí bunaithe ar an dá shiolla in ainm Shéamais (sé + mus). Tá sé le tuiscint as an saothar trí chéile nach duine aonair amháin a bhí páirteach ann, gur tuigeadh coitianta cén Laidin a bhí ar luch, agus gur baineadh an-taitneamh as na codáin difriúla de *sé* a chur in ócaid.' (ibid., 353).

**Ceannscríbhinn. 'lúbaidh bhur ngéagaibh go bruth le bhur ngéarlannaibh, múchaidh a n-éadain 's a mbréanchoirp bhur námhaid.':** Is tagairt é seo do línte as 'Stiúraigh le congnamh an dúilimh, a rúin ghil' le Seán Lloyd (nó Lúid 1741 – c. 1786; féach APMG: 33 – 34). Is mar seo a théann na línte san eagrán san: 'Lúbaidh bhur ngéar-lanna léire mear éachtach' / i n-éadan fear 's i gcneasa-chuirp bhur námhaid.' Cé go bhfuil an t-amhrán seo le fáil i lámhscríbhinn Phiarais níorbh é a chum faoi mar a d'admhaigh an Foghludhach féin (ibid., 110).

**6. chughainn:** Tá dhá shiolla ag teastáil sa bhfocal so de réir na meadarachta agus é le rá mar /xu:gɘn'/ dá bharr sin. Féach leis líne 10.

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: 1. Rígh Séamuis ABC 2. treabh C 3. a d-taobh “focail do labhairt” a bpáirt Séamuis an chaca agus a chlainne ina dhiaigh B a d-taobh “focail do labhairt” ’na pháirt agus a bpáirt a chlainne ’na dhiaig C . 4. aon fhear ’na measg dob aoirde a labhair C [Tá ó ‘Le féachain’ ag líne 5 go dtí ‘bhur námhaid ag líne 8 in easanamh in C]. 11. ainim Rígh Séamuis BC. Filíocht: 16. glaodhaim ar mus B glaodhaidh ar luch C. 20. sliochd an fheill ABC 22. fíon go leór C.

## 20. Bua na nGael

Is dubhach liom an smúit seo ar Ghaeil,
gan súgradh, gan subhachas, gan scléip,
ach prútaigh gan mhúineadh, gan mhéin,
’nár ndúchas – is túirseach an scéal.

Cé ceannasach iad inár mbailte le cian,
is flathaibh fé scamall gan aiteas, gan mhian,
do chífirse, geallaim duit, sceimhle ar Ghallaibh
dá ndíbirt tar calaith in ainm an diabhail.

Beidh Séarlas go séanmhar arís,
mar Shaesar ag éileamh a ríocht,
’s na céadta le p’léar is le claíomh,
ag déanamh an laochais go binn.

Beidh Laoiseach ’s a shlua, is Rí Pilib buan,
is buíon mhear ó chrích Alban taoibh leis go suairc,
beidh saoithibh na hÉireann le díoltas san spéirling
’s beidh sceimhle ar an méithphoc tar tréanmhuir go luath.

Scaoil chughainn scardach den bheoir,
is cuí dhúinn a shláinte siúd d’ól;
go síoch subhach, sámh, seal gan bhrón,
go fíontúil fáilteach gan ghleo.

Beidh clannaibh na nGael ’s na Gallaibh go faon,
dá leagadh, dá dtreasgairt, ’s dá gcaismirt le faobhar.
beidh aoibhneas is ceol againn, fíonta dá n-ól ’gainn
’s an Rí ceart ’na choróin agus Seoirse gan tréad.

**Foinse**: Maigh Nuad M 58 (a), 30 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Uí Chionnaola Cho. Chorcaí sa bhliain 1769.

**In eagar cheana**: APMG: 41 – 42.

**Meadaracht**: Amhrán malartachais. Leanann gach re véarsa patrún faoi mar a bheadh (2A + B + C) ach go bhféadfaí a rá gur ($A + A^1 + B + C$) atá ann i ndáiríríbh mar go bhfuil difríocht bheag idir an chéad dhá líne sna véarsaí seo faoi mar atá taispeánta sa chló dubh thíos.

1 – 4. / – ú – – ú – – é /

5 – 8. / – a – – **ia** – – a – – ia /
/ – a – – **a** – – a – – ia /
/ – í – – a – – í – – a – /
/ – í – – a – – a – – ia / ($A + A^1 + B + C$)

9 – 12. / – é – – é – – í /

13 – 16. / – í – – **ua** – í – – ua /
/ – í – – **í** – – í – – ua /
/ – í – – é – – í – – é – /
/ – í – – é – – é – – ua / ($A + A^1 + B + C$)

17 – 20. / * í ú á – – ó /

21 – 24. / – a – – **é** – a – – é /
/ – a – – **a** – – a – – é /
/ – í – – ó – – í – – ó – /
/ – í – – ó – – ó – – é / ($A + A^1 + B + C$)

**Nótaí téacsúla**:

Níl ach an t-aon chóip amháin den amhrán polaitiúil seo ar marthain de réir dealraimh agus is deimhnitheach nach cóip iomlán atá againn ach oiread. Is cosúil go raibh breis véarsaí ag gabháil leis an dán so agus gur thosnaigh an chéad véarsa leis na focail 'saoghal fada' mar is léir ó bhun leathanaigh 30 den LS anso (féach malairtí ag líne 24). Níl a ainm curtha ag Piaras leis an aiste seo (faoi mar ná fuil ainm curtha aige le mórán eile ina lámhscríbhinn féin) agus cé ná féadfaimis a bheith siúrálta gurbh é féin a chum níl sé neamhchosúil leis ó thaobh stíle agus ó thaobh foclóra dar liom.

**3. prútaigh**; 'a brute, a brutish person' a thugann Ua Duinnín (s.v. *prútach*) mar mhíniú ar an bhfocal so.

**9. Séarlas:** Is é an Stíobhartach, Séarlas Éadbhard (1723 – 88), atá i gceist anso.

**10. Saesar:** An té atá luaite ag líne a 9 thuas.

**13. Beidh Laoiseach 's a shlua, is Rí Pilib buan:** Deintear tagairt sna línte seo do Rí na Fraince, Louis XV (1715 – 1774), agus do Rí na Spáinne, Pilib V (1683 – 1746) a rabhthas ag súil le cabhair uathu in Éirinn ag an am.

**14. taoibh**: Tá an fhuaim /i:/ ag teastáil anso ar son na meadarachta mar a bhfuil an patrún [í – – ua] ag teastáil i gcéimeanna deireanacha na líne.

**19. go síoch**: *As sídheach* atá sa LS ach tá *go* curtha in áit *is* agam toisc go mbraithim gur fearr a oireann sé do chiall na líne. Ní dócha go mbeadh an chiall ag *is síoch* anso.

**24. Seoirse:** Is dócha gurb é Seoirse II (Rí na Breataine 1727 – 1759) seachas a gharmhac Seoirse III (Rí na Breataine 1760 – 1820) atá i gceist anso. Luaitear 'buíon mhear ó Albain' thuas agus déarfainn mar sin gur tamaillín roimh nó i ndiaidh bhriseadh Chúil Lodair is ea a scríobhadh an dán so.

**Malairtí:**

Ceannscríbhinn: Ag so amhrán .cc. ar tiuin fiadhuicg .i. hark away to the merry tout hourn; call the huntsmen all up in the morn. 2. súghchas 3. gan múine gan méin 4. ionár ndúthchas 6. gan mian 7. sgímhle 8. tar calluith / ainim 9. beig S_______s 10. Chaesar / rígheacht 11. p'lear 13. beig L_______ / shluadh / P____b 14. chrith 15. dioghaltas / speirlinn 16. luaith 18. cuimhe 19. as sídheach sughach 21. nGaodhal 22. leaga / faor 23 beig / aguinn 24. rígh [ag bun an leathanaigh tá *saoghal fada* scríte rud a chomharthaíonn go dtosnaíonn an chéad véarsa eile leis na focail seo.].

## 21. Squire Geal Freeman

Fáilte is céad do bhláth na gcraobh ag trácht go hÉirinn aoibhinn,
fáilte dod scéimh atá gan bhéim, gan ghnás ag déithibh cinnte,
fáilte ag cléir, ag dáimh ’s ag éigse, ag baird ’s ag béithibh míonla,
is fáilte uaim féin le páirt, gan bhréag, go brách do Squire geal Freeman.

Flaith gan ghruaim is fearra cáil,
rug barra buaidh is meas gach tráth,
seabhac suaimhneach, soithimh, sámh
is fás do chrú na laoch mear.

Is cásmhar sinn le spás fá scíos go cráite, cloíte, ciúin, bocht,
gan dán, gan píp, gan sláinte dá dhíogadh i dtábhairne dí go súgach,
ó tháinig ’rís thar sáil’ don tír an ráib d’fhuil ghroí na nÚrfhlaith,
sin gáirdeas, tinte cnámh is fíonta ar lán feadh mí san dúthaigh.

Buinne buacach, beannach, bláith,
bile fuadrach, feasach, fáidh,
cuisle uasal, ceart gan cháim
is géag do phréimh na ríthe.

Dá m’fháidh glic mé bheith dána i léann nó ráitibh séimh na n-údar,
níor chás dom tréithe an ardfhlaith éachtaigh ’thrácht ’s a léigheadh go humhal,
bheith grámhar gléigeal, gáireach, gaelach, fáilteach, féastach, fiúntach,
ráib ná staonfadh tráth ó spéirling námhad, dá thréine cúinse.

Do bhriseadh ruaig is cath ar chách,
le fuinneamh cruas is neart a chnámh.
’sé is cruinne, luatha, tapa lámh,
ar arm lámhaigh ná faobharghloinn.

Dá mb’áil liom gaolta an ráib do réamh níor chás a léigheadh ’na ghnúis ghil,
gur fáisceadh é do chlár na réacs ba ghnáth a réim i Londain;
is d’ardfhuil Carey ’chráigh na laochra Barraigh, Paoraigh, Brúnaigh
’s na táinte ón nGréig do tháinig i gcéin do chráigh an Traoi le cúncas.

’S ó ríthibh cearta ceannais Laighean,
Faoitigh, Crosbaigh, Hasetts, Pine,
seo iad sinsear sleachta is deimhin,
ár sean nach sine an Saesar.

An tan do baisteadh é ’na leanbh do rad Mars a chlaíomh do,
tug do ghaisge buaidh is maise, cruas is neart chum coimhsceair,
gan mhoill tug Bachus fíon do ’s fleadha dá scaoileadh ar measc na saoithe
is Néptune éachtach tug do caolbharc ar thonntaibh tréana taoide.

’Na dheáidh tug Vénus gnéithe ’s mó,
áilneacht scéimhe, méin is cló,
dá bhreáthacht béithe in Éirinn beo
do ghráfadh é le díogras.

Seo an scéal is fearra ag cléir na gceacht**,** ag éigsibh sean ’s ag draoithibh,
go hÉirinn Airt ag téacht tar n-ais i réim don fhlaith go haoibhinn,
Saesar seasaimh, péarla ceannais, Phoenix, searc a shinsear,
réaltan maidne réifidh ceart gach n-aon dá fhada i ngeimhle.

An treon ’s an lag do shíor atáid,
an t-óg ’s an sean ag guí do ghnáth
ar chomhachta ’s fearta Rí na nGrás
dod chomairc slán gan bhaoghal.

**Foinsí:** ARÉ 23 I 20 (409), 45 – 47, a scríobh Conchúir Ó Súilleabháin i gCorcaigh sa bhliain 1754 **(A)**; Maigh Nuad M 58 (b), 84 – 85, a scríobh Pádraig Ó Boigeadh sa bhliain 1790 **(B)**; Maigh Nuad M 11, 126 – 128, a scríobh Seán Ó Mulláin i gCorcaigh sa bhliain 1817 **(C)** [sé véarsa iontu seo ar fad].

**Foinsí eile:** LNÉ G393, 96 – 97; Corcaigh T. vi., 33 - 34; Corcaigh T. vii., 112 – 113 [ceithre cinn de véarsaí atá iontu seo ar fad].

**In eagar cheana:** APMG 56 – 58 [ceithre véarsa].

**Meadaracht:** Amhrán 4A + loinneog (3 B + C). Tá an véarsa ag ll. 33 – 36 éisceachtúil agus, is dócha go bhféadfaí a rá, lochtach toisc go n-athraíonn patrún na ngutaí ó líne go líne.

1 – 4 / á – é – á – é – á – é – í – /

5 - 7 / *a – ua – a – á /

8 / – á – ú – é – /

9 – 12 / – á – í – á – í – á – í – ú – /

13 – 15 / i – ua – a – á /

16 / – é – é – í – /

17 – 20 /* á – é – á – é – á – é – ú – /

| | |
|---|---|
| 21 – 23 | / – i – ua – a – á / |
| 24 | / – a – á – – á – / |
| 25 – 28 | / – á – é – á – é – á – é – ú – / |
| 29, 30 | / *í – a – a – ai / |
| 31 | / – – í – a – ai / |
| 32 | / – a – i – é – / |
| 33 | / – a – a – é – a – o – a – í – / |
| 34 | / – – a – ua – a – ua – a – í – / |
| 35 | / – í – a – í – á – í – a – í – / |
| 36 | / – é – é – u – é – o – é – í – / |
| 37 – 39 | / *á – é – é – ó / |
| 40 | / – á – é – í – / |
| 41 – 44 | / * é – a – é – a – é – a – í – / |
| 45 – 47 | / *ó – a – í – á / |
| 48 | / – o – á – é –/ |

**Nótaí téacsúla:**

Dán débhríoch polaitiúil ina bhfuil bá an fhile leis an Stíobhartach á chur in úil ar shlí mheafarach. Ní fios cérbh é an 'Squire Geal Freeman' seo ach dhealródh sé gur dhuine de na nua-uaisle Protastúnacha a raibh an ghráin ag na Gaeil orthu san ochtú haois déag a bhí ann. Féach Ó Buachalla (1996: 292 – 3) áit a ndeintear cur síos ar dhánta den saghas seo go ginearálta agus Ó Cróinín (2007: 172 – 4) mar le plé ar an dán áirithe seo i gcomhthéacs theacht na nua-uaisle. Tá an dáta 1730 luaite leis an dán in 'C'.

**4. Squire Geal Freeman:** Ní fios go díreach cé atá i gceist anso. Is dócha go bhfuil an focal 'squire' le rá mar /ske:r'/ ar mhaithe leis an meadaracht faoi mar a thugann litriú an fhocail seo in 'A' le fios .i. 'sgéar'.

**7. seabhac:** Caitear an focal so a rá leis an bhfuaim /a/ agus le dhá shiolla mar /s'avək/ d'fhonn an mheadaracht a shásamh.

**7. soithimh:** Tá an fhuaim /a/ ag teastáil anso don mheadaracht .i. /sahəv/.

**9. sinn:** Caitear an focal so a rá leis an bhfuaim /i:/ mar /s'i:n'/ chun go mbeidh an mheadaracht cruinn anso.

**12. tinte cnámh fíonta ar lán** Seo é an léamh atá sna trí phríomh-LSÍ agus tá sé fágtha agam mar sin cé ná fuil aon fhianaise agam ar a leithéid de fhrása a bheith sa teanga. Cé gur ait liom an frása seo is dócha gur féidir é a thuiscint mar *a lán fíon(t)a* agus é a mhíniú mar phribhléid an fhile a leithéid de chasadh a bhaint as an dteanga. D'fhéadfaí, gan amhras, an léamh as Corcaigh T. vi., *a tál,* agus T. vii., *á tádhal*, a thógaint agus an téacs a leasú dá réir .i. 'fíonta á dtál'. Caitear an focal tinte a rá leis an bhfuaim /i:/ ann ar mhaithe leis an meadaracht .i. /t'i:n't'e/.

**12. feadh mí:** Firinscneach a bhíonn an focal 'mí' go minic i gCúige Mumhan agus is é *mí* atá mar ghinideach uatha aige (féach m.sh. Ó Sé, 2000 :124). Ní oirfeadh an fhoirm *míosa* (ginideach uatha baininscneach) don mheadaracht anso.

**20. an ráib ná staonfadh tráth ó spéirling námhad dá thréine cúinse:** 'The champion who used not retreat from the violence of enemies no matter how great the odds.' Féach Ua Duinnín s.v. *cúinse* 'handicapping odds' agus s.v. *spéirling* 'violence, a combat, act of fighting.'

**22. neart a chnámh:** Is é 'chnámha' atá le léamh sa LS agus cé go bhfuil an fhoirm seo in FGB (s.v. *cnámh*) mar ghinideach iolra malartach tá an téacs leasaithe agus an ghnáthfhoirm iolra le léamh anso againn ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an patrún [– á] ag teastáil ag deireadh na líne.

**24. ar arm lámhaigh ná faobharghloinn:** Is féidir an líne seo a thuiscint mar 'at shooting of arms or swordfeats' .i. faobhar + glonn; cf. Ua Duinnín s.v. *faobharchleas* (516) 'sword dexterity'. Féach na malairtí thíos chomh maith.

**25. do réamh:** Is ionnann é seo agus 'do ríomh'. Tá foirm na LSe ceadaithe anso ar mhaithe le soiléire ó thaobh na meadarachta de toisc go bhfuil an fhuaim /e:/ ag teastáil sa chéim seo den líne. Is ar éigean a bhí 'do léamh' sa cheann ag an bhfile anso.

**25. a léigheadh:** 'A léamh' a chiallaíonn sé seo agus é le rá go haonsiollach anso mar /le:/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc go bhfuil an patrún [é – ú – ] ag teastáil ag deireadh na líne.

**27. is d'ardfhuil Carey 'chráigh na laochra:** Is é *cáidh* a thabharfadh léamha 'A', 'B' agus 'C' ach seo mar atá sna LSÍ eile: G393: *chraig na laochra*; T.vi.: *mhill na laochraidhe*; T vii.: *chrádhaigh na laochra*. Níl aon amhras, dar liom ná gurb é *chráigh* an léamh is fearr anso ó thaobh céille de.

**27. Carey:** Ní fios cé atá i gceist anso ach gur sloinne gallda é agus gur cosúil gur ag tagairt do dhuine de na nua-uaisle i gCúige Mumhan atá Piaras anso.

**27. Barraigh, Paoraigh, Brúnaigh:** Treibheanna Sean-Ghall is ea iad so a raibh meas ag Piaras orthu ach go gcuireann sé síos ar a dtreascairt faoi lámha na nGall faoi mar ba gheal leis a leithéid.

**28. an Trae:** Cathair na Traoi, an áit ar troideadh Cogadh na Traoi ar feadh deich mbliana de réir mhiotaseolaíocht na Gréige (féach Grimal, 1991: 174). 'Traoi' an ghnáthfhoirm (féach, mar shampla 'Hector i ndeifir na Traoi' **1**, 39) ach soláthraíonn an fhoirm mhalartach 'trae' an fhuaim /e:/ atá ag teastáil sa chéim seo den líne.

**30. Faoitigh, Crosbaigh Hasetts, Pine** Ní fios cé hiad so ach amháin go dtugann Piaras 'ríthe Laighean' orthu go searbhasach. Is dealraitheach go raibh daoine de na sloinnte seo le háireamh i measc na nua-uaisle a raibh an ghráin ag Piaras orthu. Tá ord na sloinnte curtha in oiriúint don mheadaracht (féach na malairtí thíos) agus níorbh fholáir *Crosbaigh* a rá leis an bhfuaim /a/ mar /kraspəg'/ ar mhaithe leis an meadaracht chéanna.

**31 - 2. seo iad sinsear sleachta is deimhin / ár sean nach sine an Saesar:**
Is dealraitheach gur don Stíobhartach, Séamas III, atáthar ag tagairt anso agus é á chur i gcomparáid leis na daoine a luaitear sa líne roimhe seo. Is é atá á rá ag an bhfile anso, go seanbhlastúil, ná go bhfuil ceart de réir sinsir ag na nua-uaisle Gallda seo ar cheannas a bhaint amach ar thailte in Éirinn díreach faoi mar atá ag an Stíobhartach nó 'an Saesar.' Tá líne 31 anso beagáinín lochtach toisc ná fuil an chéim [a – a] i lár na líne.

**33. An tan do baisteadh é 'na leanbh do rad Mars a chlaíomh do:** Dia na cogaíochta sa litríocht chlasaiceach ab ea Mars (féach Grimal, 1991: 258). Is cosúil go gcaitear béim a chur ar an rémír briathartha 'do' anso.

**34. Bachus:** Nó *Dionysus,* Dia na fíniúna agus an fhíona sa litríocht chlasaiceach (féach Grimal, 1991: 128).

**34. chum coimhsceair :** Is ionann an fhoirm seo agus 'coimheascar'. É le rá mar /ki:v's'k'ər'/ nó mar /ki:s'k'ər'/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc go bhfuil an patrún [í – ] ag teastáil ag deireadh na líne anso.

**35. ar measc:** Nó 'i measc'. Féach Ua Duinnín (s.v. measc) mar a dtugann sé an sampla *ar a measc* 'amongst them.' Tá roinnt samplaí de seo le fáil i g*Corpas na Gaeilge*.

**36. Néptune:** Dia na farraige sa litríocht chlasaiceach (féach Grimal, 1991: 291 – 2). An fhuaim /e:/ ag teastáil sa chéad siolla den bhfocal don mheadaracht .i. /n'e:p't'u:n'/.

**36. ar thonnaibh:** Ní mór an réamhfhocal 'ar' anso a bhá go hiomlán ar mhaithe leis an meadaracht.

**37. Vénus:** Bandia an Ghrá agus na hÁilleachta sa mhiotaseolaíocht chlasaiceach (féach Grimal, 1991: 450).

**42. go hÉirinn Airt:** Art Aoinfhear, mac Choinn Chéadchathaigh. Ardrí ar Éirinn ab ea é seo de réir an tseanchais. Ba é athair Chormac Mhic Airt é. Maraíodh i gCath Mhaighe Mucraimhe é. Féach Ó hÓgáin (1991: 41 – 2).

**43. Saesar seasaimh:** An Stíobhartach atá i gceist de réir cosúlachta. Is é is brí le *seasaimh* anso ná *buan*; féach Ua Duinnín (s.v. *seasamh*) áit a dtugtar an míniú 'permament, durable' air.

**43. Phoenix:** Éan na miotaseolaíochta a raibh bua na haiséirí aige. An fhuaim /e:/ ag teastáil anso gan amhras .i. /fe:n'ik's'/ (féach Grimal, 1991: 351 – 2).

**Malairtí :** Ceannscríbhinn Piaras Mac Gearailt cct. C [gan aon cheannscríbhinn in A agus B ach é leagtha ar Phiaras sna LSÍ eile atá luaite]. 1. ón dtráigh go hEirion aoibhin A 2. caoitar A 4. sgéar geal Fraoiman A Sq. geal B Square geal C 7. saithimh A sothaibh B soithibh C10. da dioga A dha diog***adh*** B dhá dhíogadh C 12. cnámha A / ar lán feadh maoidh annso dúthach A ar lán feadh míosa sa dughthaigh B ar lán feadh míodh sa dúthaigh C 18. nior cas friom A / leighadh A leaghamh B léigheadh 19. fionnteach A fionteach B fionntach C 20. namhaid da trein***eadh*** A ná dá thréine cúinse BC 21. ruag B rúadh C caith A 22. chnámha A chnámh BC 24. ar arm (±?)áig agus iorgail A ar arm láig ná faobharghluin B ar arm lámhaicc nó faobharghluin C 25. dob ail liom A da meól B dá m'eól C / ní cais A / a réamha AC do réama B / a léiga iona A a léag go humhal B a léigh***eadh*** go humhal C 26. do chlár na Rex A / Lundin A 27. d'ardfhuil Chéirí cáidh na laochraoidhe A do ardfhuil chéin í cháidh B d'ardfhuil chear***nach*** cháidh C 28. do chráig an tré le cúncas A do chrádhaig an tré re cúncas B do chrádh an treo re cúncas C 30. Faoitigcs, Hasets, Pines, A Crosbig, Faoitigh Harbarts, Pine BC 31. siúd iad sinsear sleachta stíne BC 32. no san ó ar shinn an Caesar A air seann nách sine an Caesar BC 34. caoisgair B caoímhsgur C 35. fíonnta is flaiga A / sinsear B síonsar C 36. ar taitniomh tréine taoide B 37. gan mail tug Vennus gnaoi do is mó B gan mhaoil tug Venus gnaoi dho snó C 38. fa liaghacht méine sgéimh & clódh B fá liacht méin sgéimh is clódh C an Éirionn fós 41. cléir na geann B draoithe BC 42. go hEirion Art o is teacht A / do bheirim don fhlaith BC 43. pearlaibh B / ceart a shinsear A 44. reighfeach A réaghfas B réighfeas C / gach ndaon dá bhfada a ngíobhleach A gach n-aon da mbeadh a gaoidhe ris B a guídhe C 45. atá BC 47. ar chomhachtaigh fhearta B ar chomhacht fhearta C

## 22. Monuar mar d’éag na fearaibh

Monuar mar d’éag na fearaibh,
uaisle Gael dob fhearra:
ba mhór a gcéim ’s a ngradam
is ba ársa a réim;
ba luath léir chum catha
Tuathal tréan mac Teachtmhair,
ní áirím Cóir Uí Chalma
d’ordaigh mac Dé;
luach na laoch nár mheata,
an trúp ar ghlaoigh Turgeasias,
Fionn le hAiacs fuair gairm
ardchon le faobhar,
is Mór Uí Bhriain gur threascair
Danair chróga an leasa
is ná bíodh Seán Ó Duibhir an Ghleanna
’trácht ar a ghéim.

Do traochadh i gCluain Tairbh
i mbéimneach mór na ngaisce
éigse is leoghain chailce
ba rábach sa scléip,
Dúnlaing óg ’s a dhalta
na mbiannaibh ór ar lasadh,
le faobhar ’níodh feoil do ghearradh
’s is breá ’chartadh Deans;
Mac Maoil tug chughainn tar caise
Creed is Coot is Carud,
Maud is Moore is Bagwell
dár gcarnadh i ngach céim,

Fookes is Hoops is Bassett,
triúr d’fhúig me in earraid
is níor ghreann liom tú bheith feasta
ag trácht ar do ghéim.

Tá an Spáinn go humhal ag freagairt
’s is dána an chúis le tagairt,
sás na dtrúp do tharraint
go brách chum an scéil,
’s a n-árthaigh dúnta, daingean
lán de thogha na bhfearaibh
láidir umhal chum catha
ráibchoin gan bhéim.
Is gearr ’na dheoidh go bpreabfaidh
scáil na long ar lasadh,
gártha i gciumhais gach baile
is dán suilt le faobhar,
go mbeidh próisisiam ag sagairt
is sinne ’triall ar easpairt
is, go bhfagham-na an chabhair,
ná bain le trácht ar do ghéim.

Táid éigse ’guí le tamall
réabadh thíos ar ghallaibh,
traochadh is sceimhle is scaipeadh
i gClár Loirc is Néill,
is Gaelaibh ’chíonn cé fada
i ndaorbhroid dóibh i gceasna,
’théacht arís i ngradam
áibhéil ’na ndéidh.
Níl smeirle dhíobh ná cleachtann

cré do ríomh ná paidir
ná traochfaimid i gceastaibh
báis agus éag’:
’s is fearr le maíomh san, measaim,
ná ráite baoise an raiste,
Seán Ó Duibhir an Ghleanna,
’trácht ar a ghéim.

**Foinsí:** Maigh Nuad M 10, 48 – 9 a scríobh Pól Ó Longáin i gCorcaigh sa bhliain 1817.

**In eagar cheana:** APMG 28 – 30.

**Meadaracht**: Amhrán (3A + B). Tá an mheadaracht lochtach tríd síos, go háirithe idir ll. 13 – 16 agus ll. 45 – 48, agus is dealraitheach gur leagan truaillithe den dán atá tagtha anuas chugainn. Is deacair leasaithe a dhéanamh ar an téacs nuair ná fuil LSÍ eile againn a threoródh sinn. Ar a shon san, is féidir patrún na ngutaí aiceanta a leanúint don chuid is mó ach amháin go gcaitear ionannú a dhéanamh idir /ua/ agus /u:/ (ll. 9 agus 10) agus /ua/ agus /o:/ (ll. 17,18 agus 19) agus ná bíonn chéad ghutaí na línte ag teacht lena chéile i gcónaí (ll. 21 – 23).

| | | |
|---|---|---|
| 1, 2, 3 | / – ua – é – a – / | |
| 4 | / – á – – é / | (3A + B) |
| 5, 6, 7 | / ua (– ) é – a – / | |
| 8 | / ó – – é / | (3A + B) |
| 9, 10, 11 | / ú – é – a – / | |
| 12 | / á – – é / | (3A + B) |

13 / ua – ia – a – /

14 / a – ó – a – /

15 / – í – – í – a – /

16 / á – – é / (3A + B)

17, 18, 19 / – é – ua a – /
20 / – á – – é / (3A + B)

21 / ú – ó – a – /

22 / – ia – ó – a – /

23 / – é – ó – a – /

24 / – á – – é / (3A + B)

25, 26, 27 / – í – ú – a – /
28 / – á – – é / (3A + B)

29, 30, 31 / ú – ú – a – /
32 / – á – – é / (3A + B)

33, 34, 35 / – á – ú – a – /
36 / – á – – é / (3A + B)

37, 38, 39 / – á – ú – a – /
40 / – á – – é / (3A + B)

41, 42, 43 / – á – ú – a – /
44 / – á – – é / (3A + B)

45 / – – ó – ia – a – /

46 / – i – ia – a – /

47 / – – a – a – a – /

48 / – – – á – – é / (3A + B)

49, 50, 51 / – é – í – a – /
52 / – á – – é / (3A + B)

53, 54, 55 / – é – í – a – /
56 / á – – é / (3A + B)

57, 58, 59 / – é – í – a – /
60 / á – – é / (3A + B)

61, 62 , 63 / – á – í – a – /
64 / – á – – é / (3A + B)

**Nótaí téacsúla:**

Amhrán polaitiúil ina dtairngrítear go bhfuil cabhair ag teacht ón Spáinn chun na Gaill a dhíbirt agus na Gaeil a shaoradh. Tá an méid seo le rá ag O Fóghludha (APMG: 110) faoin dán so: 'Only in Murphy Collection, Maynooth, X., p. 48. The Orthography is very defective, and many of the words here given are uncertain.' Níor éirigh liom teacht ar aon chóip eile den dán ach tá iarracht déanta agam roinnt de na fadhbanna téacsúla a réiteach anso.

**Ceannscríbhinn:** Piarus Mac Gearailt cct. air aoir chSeaghan Ó Daoir an Ghleanna.

**2. ba ársach:** Is é atá le léamh sa LS ná *bo bhárrseach*. Ba é 'ba bháirseach' a bhí ag Ó Foghludha (APMG: 28) ach níor thug sé aon mhíniú air seo. Tá an téacs leasaithe anso agam sa tslí is go mbeadh ciall leis. Is ionann 'ársach' agus 'ársa' (féach FGB s.v. ársa).

**6. Tuathal tréan Mac Teachtmhair:** Ardrí ar Éirinn sa chéad aois A.D. de réir an tseanchais ab ea Tuathal Teachtmhar (féach Ó hÓgáin, 1991: 409 – 10). Is é *Mac Teachnta* atá le léamh sa LS.

**7. Cóir Uí Chalma d'ordaigh mac Dé:** Ní fheadar cad é nó cé hé/hiad atá i gceist anso. B'fhéidir go bhféadfaí é a thuiscint mar 'the authority of the brave whom the son of God ordered.'

**9. luach:** Tá an fhuaim /ua/ anso seachas an fhuaim /u:/ atá ag teastáil don mheadaracht.

**10. Turgeasias:** *Turgesius*: taoiseach Lochlannach a mhair in Éirinn sa naoú haois (féach Ó hÓgáin, 1991: 410 – 11). Leanaim litriú Uí Fhoghludha anso toisc go bhfuil an fhuaim /a/ ag teastáil don mheadaracht.

**11. Aiacs:** *Ajax*: laoch mór i gCogadh na Traoi i litríocht chlasaiceach na Gréige (féach Grimal, 1991: 30).

**13. Mór Uí Bhriain:** Tá sé seo leasaithe ag Ó Foghludha go 'mac Uí Bhriain (APMG: 28) ach dob fhéidir é a thuiscint mar 'the great one of the O' Brians.' Féach Ua Duinnín (s.v. *mór*) mar a dtugann sé an míniú 'a great thing or person' ar an bhfocal *mór*. Ainm mná atá i gceist le *Mór* de ghnáth, *Mór Mumhan* mar shampla, faoi mar a thugann Ua Duinnín le fios (s.v. *mór*[2]).

**17. Cluain Tairbh:** Tagairt do chath Chluain Tarbh a troideadh sa bhliain 1014 atá anso.

**18. i mbéimneach mór na ngaisce:** Glacaim le 'béimneach' mar ainmfhocal anso: 'in the great striking of the heroes'

**19. leoghain:** Tá an fhuaim /o:/ anso seachas an défhoghar /ua/ atá ag teastáil don mheadaracht.

**21. Dúnlaing óg:** B'fhéidir gur tagairt é seo d'athair Eithne, an bhean a rug mac, Cairbre Lifeachair, do Chormac mac Airt (féach Ó Conchúir, 2009: 154).

**22. na mbiannaibh ór:** Ní fheadar an féidir é seo a thuiscint mar 'of the golden bands?' Féach Ua Duinnín (s.v. bianna).

**24 – 29. Deans, Creed, Coot, Carud, Maud,**
**Moore Bagwell, Fowkes, Hoops Basset:** Roinnt de shloinnte na nGall a bhí i gcumhacht in aimsir Phiarais. Tá dhá cheann de na sloinnte seo, Maude agus Bagwell, luaite aige i *Marbhchaoineadh Éamoinn Mhic Uilliam Mhic Shíthigh* (**7**).

**25. Mac Maoil:** Ní léir dom cén duine atá i gceist anso murab é Diarmaid Mac Maoil na mBó a bhí ina Rí ar Chúige Laighean agus ina Ardrí ar Éirinn san aonú haois déag.

**27. Maud:** Tá an fhuaim /a:/ sa bhfocal so seachas an fhuaim /i:/ atá ag teastáil don mheadaracht.

**31. níor:** Tá an fhuaim /i:/ asa bhfocal so seachas an fhuaim /u:/ atá ag teastáil don mheadaracht.

**38. lán de thogha:** Soláthraíonn an focal *togha* an défhoghar /au/ anso seachas an guta fada atá ag teasáil don mheadaracht.

**41. Is gearr 'na dheoidh:** Is í an fhuaim /o:/ atá le clos sa bhfocal *dheoidh* anso seachas an fhuaim /u:/ atá ag teastáil don mheadaracht.

**44. dán suilt le faobhar:** Is é 'le faonn' atá le feiscint sa LS ach tá sé leasaithe agam anso chun go mbeadh ciall éigin leis an líne. Is féidir é a thuiscint mar 'a poem of pleasure which is well-made (sharp). 'Le séan' atá ag Ó Foghludha (APMG: 29) ach níl sé seo ag teacht le fianaise na LSe in aon slí.

**52. Clár Luirc is Néill:** Seanainmneacha ar Éirinn. Laoghaire Loirc ab ea an Lorc atá luaite anso agus bhí sé ina ardrí ar Éirinn de réir an tseanchais. Niall Naoi-ghiallach an duine eile atá luaite. Féach Ó hÓgáin (1991: 322 -3).

**54. i ndaorbhroid dóibh:** Is í an fhuaim /o:/ atá sa bhfocal *dóibh* anso seachas an fhuaim /i:/ atá ag teasáil don mheadaracht.

**55. 'théacht:** An fhuaim /e:/ ag teastáil don mheadaracht faoi ndeara an fhoirm seo atá luaite mar mhalairt ar an ngnáthfhoirm *teacht* ag Ua Duinnín (s.v.).

**59. i gceastaibh:** Foirm mhalartach (tabharthach) iolra den bhfocal 'ceist' atá anso. Féach Ua Duinnín (s.v. *ceist*). É le tuiscint mar **'**in difficulties'.

**Léamha ón LS:** 4. bo bhárrseach 6. mac Trachtna 7. Cóir uí Challamadh 10. trúap nar/ Torgésios 11. le hÉix 13. Mór Uí Bhríghin 17/18. do traochag a gCluinn Taribh / mémonn mór na ngaisce 21. Dualinn 25. Mac Maol 27. Bagwill 29. Fooks / Basit 37. sa nárthaoidh duntadh daingan 38. do thoaghadh 40. ráibchon 42. ar lasa 44. le faonn 45. go mbag? próisas síam 49. gaoidh 51. sgímhle / sgaipe 54. agceasnadh 55. theacht 59. traochamíd

## 23. A Chogair a Charaid

A chogair, a charaid ’s a Bharraigh is múinte méin,
is doilbh liom ceangal le Calvin is Luther claon,
acht golfairt mo leanbh, ’s a gcreachadh gan triúch, gan tréad,
tug srothanna óm’ dhearca le caise is túirlingt déar.

Tá an donas le fada ar chlannaibh na n-úrscoth dtréan,
dá stolladh, dá stracadh, dá ngreadadh ’s dá mbrú go faon,
mun stopairse, ’Athair ghil, beartaibh na mbúr, is baol,
gur follas go gcaithfidh gach seabhac bheith dubhach mar mé.

Mo dhonas, mo dheacair, mo dhanaid, mo chumha, mo chréacht,
mo scoltadh thríom scartaibh, mo pheannaid, mo phúir go héag,
nár thoil liom mo leanbh ’s a maireann bheith súite i gcré,
seoch cogadh do tharraint ar m’anam le dúil san tsaol.

Ná togairse fearg it aigne chugham ná fraoch,
’s gurb osnaíoch chaithim mo bheatha le cumha ’gus péin;
is dona dhom fearg na bhflaitheas, a rúin mo chléibh,
’s mar chosaint ar m’anam gur greadadh Mac Múirneach Dé.

Ós follas gur peacach me treascartha i bplúid an tsaoil,
go coigilte, ceangailte, cealgach, túirseach, tréith,
goilim is screadaim ar bhanaltrain bhúidh Mhic Dé.
m’osna do scaipeadh ’s me tharraint ón gcúrsa claon.

Ó claonadh mo chéadfa go cloíte táir,
le géilleadh do shaoltas, do chlainn, ’s do chonách,
braon beag dod naofacht, a Rígh na nGrás,
léig orm, réidh liom, is fill me óm námhaid.

Óm námhaid ’s ó dhamaint an anama réitigh me,
sásaigh t’aigne is maslaigh mo chréacht anois;
gach crá, gach peannaid, gach anfa péin is bruid,
go sásta geanmnach glacfad is géillfeadsa.

Géillfead dod Naomh-thoil go sásta síoch,
ó thréigeas go héadtrom do pháirt ’s do dhlí;
lem shaoghal bead léanmhar le crábhadh ’s caoi,
fá dhaorchnead i ngéibheann le grá do Chríost.

Ceangal

Do ghortaigh mo chreideamh me in eibear nár chuí domhsa,
’s a chosnamh im sheilbh ní fheicim gur ní córach,
ós follas a dheireadh gur meirg is míchóthrom,
m’osna do bheirim gan teipeadh don Rígh chomhachtach.

A chumainn smaoin mar bhímse im cheap i dteannta,
’s go dtuigtear dhíbh dar linn gur fear me meallta.
scuit is cíos is íoc is greadadh clampair,
chuir na mílte dhínne teacht chun teampaill.

**Foinsí:** Maigh Nuad M 58 (a), 19 – 20 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Uí Chionnaola Cho. Chorcaí sa bhliain 1769 (A); Corcaigh T. xvi., 114 – 5 a scríobh Pádraig O Súilleabháin i gCorcaigh sa bhliain 1814 (B); Maigh Nuad M 10, 149 – 150 a scríobh Pól Ó Longáin i gCorcaigh (tá an dá véarsa dheireanacha sa chóip seo san ord neamhcheart) (C).

**Lámhscríbhinní eile**: ARÉ 23 M 8 (305), 165 – 6 , ARÉ 23 E 12 (769), 304 – 5, ARÉ 12 E 24 (907), 119 – 121. Gaillimh: de hÍde 24, 66 – 67.

**In eagar cheana**: APMG: 46 – 48; Ó Foghludha (1945 (a), 149 – 151).
Tá an iarscríbhinn agus an cheathrú seo a leanas le fáil in A & B amháin. Níor cuireadh an cheathrú seo in eagar roimhe seo.]

Nom vox, sed votum, non musica cordula, sed cor, non clamor, sed amor cantal im aure Dei:

(Irished)

Ní fuarghotha suaracha béil ach croí,
ná an fhuaim do ní luascadh na dtéad go binn,
bheir suairceas do chluasa Mhic Dé do shíor,
44 ach buanchreideamh stuama naofacht gníomh.

**Meadaracht**: Amhrán.

1 – 20. / * o – – a – – a – – ú – é /

21 – 24. / * é – – é – – í – á /

25 – 28. / *á – a – – a – – é – – /

29 – 32. /* é – – é – – á – í /

33 – 36. / *o – – e – – e – – í ó – /

37 – 40. / * u – í – í – a – au – /

41 – 44. / – ua – – ua – – é – í /

**Nótaí téacsúla**:

Tá an t-amhrán seo ar cheann de na hamhráin is cáiliúla dár chum an Gearaltach agus dán cumhachtach, fíorphearsanta is ea é ina theannta san. Míníonn sé anso conas a tharla sé go raibh air ‘dul chun teampaill’ agus glacadh leis an bProtastúnachas d’fhonn a raibh aige de shaibhreas an tsaoil a choimeád agus sa tslí is go mbeadh sé ábalta soláthar dá chlann. Ní hé gur theastaigh uaidh an creideamh Caitliceach a thréigint ná aon dul air agus ní fhágann línte seo Phiarais aon amhras ar an léitheoir ná gur ghoill an eachtra so go mór air. Faoi mar a deireann sé ag deireadh an dáin, bhí na mílte eile ag triall ar an teampall de bharr na gcúiseanna céanna san ochtú haois déag.

**2. Calvin is Luther claon:** Tagraítear anso do bheirt dhiagairí clúiteacha ó aimsir an Reifirméisin, Jean Calvin (1509 – 1564) an Francach a chuir tús leis an gCailvíneachas agus Martin Luther (1483 – 1546) an diagaire ba thábhachtaí agus ba chonspóidí in aimsir an Reifirméisin Phrotastúnaigh sa Ghearmáin. Míníonn an aidiacht ‘claon’ scata i dtaobh dhearcadh an Ghearaltaigh i leith na beirte seo agus i leith an chreidimh Phrotastúnaigh.

**4. srothanna**: Tá an fhoirm *srotha* in FGB (s.v. *sruth*) mar mhalairt ar *sruthanna* agus é riachtanach toisc go bhfuil an fhuaim /o/ ag teastáil ar son na meadarachta anso.

**7**. **mun**: Is ionann an fhoirm seo agus *muna*. Féach Ua Duinnín (s.v. *mun*) mar a ndeireann sé gur leagan fileata de *muna* atá sa bhfoirm seo. *Muna* atá Ó Foghludha in APMG: 46, ach féach gur leasaigh sé an fhoirm seo go dtí *mun* an tarna huair a chuir sé an dán in eagar (Ó Foghludha, 1945 (a): 150) ag leanúint lámh an Ghearaltaigh féin.

**9**. **mo chumha**: Is léir gur aon siolla amháin atá sa bhfocal *chumha* anso, /xu:/, de réir riachtanais na meadarachta áit a bhfuil an patrún [ú – é] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne.

**10**. **go héag**: Suimiúil go maith is é *go haeibh* atá ag an bhFoghludhach (APMG: 46; 1945 (a) 150) ach is léir ó na LSÍ gurb é *go héag* atá i gceist anso. Ní i gcónaí a lean Ó Foghludha fianaise na LSÍ mar a léiríonn an sampla so agus mórán eile.

**12. do tharraint:** Tá an fhoirm seo luaite ag an Duinníneach mar mhalairt agus mar cheannfhocal ann féin (Ua Duinnín s.v. *tarraing*, *tarraint*) agus dhealródh sé gurb í an gnáthainm briathartha den bhriathar ‘tarraing’ sna Déise í (Ó hAirt, 1988: 150, s.v. *tarraingíonn*).

**13**. **aigne**: Tá trí shiolla, /ag'ən'ə/, ag teastáil anso don mheadaracht mar a bhfuil an patrún [a – – ú] riachtanach sa chéim seo den líne.

**14. gurb:** Is í an fhuaim /o/ seachas /u/ a theastaíonn anso.

**14. túirlingt:** Tá an fhoirm mhalartach so den bhfocal *tuirling*, a thaispeánann go soiléir an fhuaim /u:/ a theastaíonn don mheadaracht anso , luaite ag Ua Duinnín (s.v. *tuirling*).

**16. múirneach:** Tá an fhoirm mhalartach so den bhfocal *muirneach* a thaispeánann go soiléir an fhuaim /u:/ a theastaíonn don mheadaracht anso, luaite ag Ua Duinnín (s.v. *muirneach*).

**18**. **cealgach**: Tá trí shiolla, /k'aləgəx/, ag teastáil anso don mheadaracht mar a bhfuil an patrún [a – – ú] riachtanach sa chéim seo den líne.

**18. túirseach:** Tá an fhoirm mhalartach so den bhfocal *tuirseach* a thaispeánann an fhuaim /u:/ a theastaíonn don mheadaracht anso, luaite ag Ua Duinnín (s.v. *tuirseach*).

**19**. **screadaim ar bhanaltrain bhúidh Mhic Dé**: ‘I cry out to the gentle nurse of the son of God.’ Focal liteartha is ea *búidh* a mhínitear mar seo a leanas in Ua Duinnín (s.v.) ‘gentle, affable, gracious.’

**22. chlainn**: Soláthraíonn an fhoirm seo, an tabharthach uatha, an fhuaim /i:/ atá ag teastáil don mheadaracht .i. /xli:n'/.

**22**. **chonách**: Is léir gur aon siolla amháin, /xna:x/, atá ag teastáil anso de réir na meadarachta toisc go bhfuil an fhuaim /a:/ ag teastáil sa chéim dheireanach den líne.

**24. fill**: Tá aon siolla amháin leis an bhfuaim /i:/ ag teastáil anso de réir na meadarachta faoi mar a thugann an fhoirm seo *fill* (/f'i:l'/) in *B* le tuiscint dúinn. Is é atá scríte ag Piaras anso ina LS féin ná *feidhil*, foirm a thugann le fios go mb’fhéidir gur mar /f'ail'/ a déarfadh sé an focal so go nádúrtha, beag beann ar chúrsaí meadarachta. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**27. anfa**: Tá trí shiolla ag teastáil anso ar son na meadarachta: */anəhə/***.** Féach Breatnach (1984: 20 s.v. *anafa*).

**33. in eibear nár chuí domhsa:** **‘**In eibear’ atá ag Piaras ina LS anso cé go mbeimis ag súil le foirm an tabharthaigh uatha *in eibir* mar atá luaite ag Ua Duinnín (s.v. *eibear*) áit ina dtugann sé an líne chéanna seo as APMG, ina bhfuil *in eibir* le feiscint. Is é a chiallaíonn an frása so ná ‘in a way/ manner’. Tá an forainm réamhfhoclach *domhsa* so le rá mar /do:sə/ de réir riachtanais na meadarachta i dtaobh go bhfuil an patrún [í ó –] ag teastáil sa chéim dheireanach den líne.

**35. míchóthrom**: Tá an fhoirm mhalartach so den bhfocal *míchothrom*, a sholáthraíonn an fhuaim /o:/ a theastaíonn don mheadaracht, luaite ag Ua Duinnín (s.v. *míchothrom*).

**39. scuit:** Is é 'money' an míniú simplí a thugann Ó Foghludha ar an bhfocal so (APMG: 133) gur uimhir iolra den bhfocal *scot*, 'reckoning, a joint collection to clear a debt … damages, fine or compensation,' atá ann dar le Ua Duinnín (s.v. *scot*). Féach leis DIL (s.v. *scot (2*) *)* 'reckoning, payment.' *Fiacha* nó *píonóis* is dócha a bhí i gceist ag an bhfile sa chomhthéacs so.

**Ceannscríbhinn i mBéarla in A agus B:**

The following lines were fixed on P. F. G. judging he wrote them by way of apology & complaint to Mr. Thomas Barry of Clonmell & other Gentlemen who made themselves busey in charging & upbraiding him for becomeing an innocent child of the Reformed Church.

**Ceannscríbhinn i nGaeilge in C**

Do bhí Tomás do Barra a gCluain Mealadh ar a thabhairt guilim & masladh do Phiaras Mac Gearailt Ard-Shiorramh Leithe Mógha i dtaoibh iompóghudh chuim teampaill & tug Piaras iarracht ar leithscéal do ghabháil go síthmhiallta sítheóilte ceartbhriathrach re Tomás.

**Faightear an cheannscríbhinn seo in 12 E 24 agus san dá LS eile atá luaite thuas**:

Leithscéal do thug Piaras Mac Gearailt, Ard-Shirriam Leatha Mogha do Thomás do Barradh ó Chluain Meala, tar éis dò iompóghadh chum teampaill.

**Tá an iarscríbhinn seo a leanas le fáil in de hÍde 24:**

Is follas isna ranntaibh reamhraidhte créad an ciapadh & an buairiomh aigne do ghnidh cuguas cionntach don té dhiúltóchas do Dhia le tromchoir toilteanach acht go hairighthe le séunadh an chreidimh chóir. Ann (?) nach geabh*thar* aon nidh a leith*sgéal* & nach ffuil cabhair ar bith an aithreachas go fill*fidh* ar Dhia & air a chreidiomh arís.

**Malairtí**:

1. sa Bharraicg A sa Bharraigh B 2. Calbhin C 3. ccreacha AB 4. tuirlincht A túirlint B 5. re fada C núrsgoith B 6. straca AB / ngreada A/ mbrúdh A mbrúghadh BC 7. mun A muna B / mbughair A mbughar B mbúr C 8. seabhoc AB 10. go héadh A go haodh B. 11 suighte A súighte BC 12. san tsaoghal ABC 13 togairse AC tógairse B / ad taigine A ad taigne BC 15. dhum A damh B na bhflathas B na bhflaithios C 16. greadag AB. 19. goilim ABC / bhanaltrainn bhúig A bhanalatrain bhúidhig B bhanaltruim bhúig C 20. claona C chéadfadh BC sgaipe AB cclaon B 22. re C / géile AB géille C/ chnadhach A chonách B chnách C 23. naomhthacht AB naomhfhuil C 24. réidhig B réig C / orrum A / feidhil A fíll B claoidhigh C / namhaid A námhuid B 25. namhuid AB / réiticc A réidhtigh B réighticc C 26. t'aigine A innis A annois C27. anafa A anfadh B ainnighthe C28. geanamnach AB meanmnach gabhaim C 29. Géillfead dod naomhthoil a ghrá mo chroidhe C / sídheach A síotheach B 30. go théadrom C 31/2. rem bhorbuireacht éithicc is grádh do bhuidhean / ream shaoghal budh léanmhur re crábhadh is caoi. C 32. an gheibhion A a ngéibhin B 33. ghoirtigh … mi AB / eibior A eibhior B eibhir C / chuimhe A chuidhe B cuibhe C /domhsa A dómhsa B 34. ní fhaicim C 35. dheire ABC / meirig A meirg BC / míoth-chóram A mí chómhthrom B miochothrom C 36. teipe ABC / R glórmhur C 37. chumainn is méinn C 38. go ttuighthear dibhsi dar bhrighid C 39. greada AB / clammpair B 40. teampchail A chuim teampuill C. 41. fuar gotha A 42. do nídh AB 43. suaicios AB 44. buanchreidiomh AB

## 24. Aithrí an Ghearaltaigh

Scéithfead mo chlaonbhearta déistineach’ bróin
don chléir chirt sin Phóil is beannaithe cáil
is mar ghéilleas go héadtrom do chraos agus d’ól
do bhréagadh, do mhóid’ ’s do mhallaitheacht ghnáith;
do thréigeas-sa bréithre na naomh is na n-ord
le léirghean don tsaol is do chlaonrachmas d’róil
is níor fhéachas mar céasadh Aonmhac na hÓighe
le daorpheannaid mhór ná tagann liom trácht.

Is ba shaothrach mé ag bréagadh gach spéirbhruinneall óg
le sméideadh, le póga, le haiteas ’s le páirt
is gach n-aon acu ghéilleadh dom bhréagadh is dom mhóid’
ba dhéarach ’na dheoidh is dob ainnis a gcáil;
’na dhéidh sin do thréigeas an t-aon chreideamh cóir
d’fhúig mé fé dhaorbhruid i ngéibheann ’s i mbrón
’réabadh mo chréachta ’s ag spréachadh mo dheor
chum aon mhac na glóire dom chabhair óm námhaid.

Muna bhféachfainn dom chéile ’s dá tréadmhuirear óg
do ghléasfainn don Róimh is as sin don Spáinn
don Éigipt cé aosta me ag déanamh an róid
go daorchnoc an bhróin sin Calvaire an Áir;
do thréigfinn an saol ’s a chlaonrachmas d’róil
is do ghéillfinn don léine is d’éide den rón
mar chéasadh ar mo chraoschorp do dhaor me go deo
muna bhféacha an rí glórmhar orm i dtráth.

Do thréig Peadar naofa tu a Aonmhac na hÓighe
is níor éimis ’na dheoidh air taitneamh is páirt
’s an té ’chuir an géirshleá tríd’ thaobh gheal gan chóir
do ghéillis chum glóire ’thabhairt ’na dháil;
níor ghéill Magdaléna dod naomhtheagasc cóir
thug léirghean do mhéirdreachas, craos agus ól
do shaorais led dhaonnacht an naomhbhean, dar ndóigh
is céad peacach léi ’s an bhean ó Chanán.

Níl traochadh ar do dhaonnacht ná claochnadh go deo
tá réim agus comhachta ’s rachmas id láimh
is fé mar do shaorais na céadta so romhainn
saor me led ghlóire ’s tabhair dom páirt;
gach géirchnead is géibheann is céasadh is gleo
is méin leatsa a Dhé dhil do léirchur im chomhair
géillfead lem shaoghal go saor sultmhar sóch
is réifead mo ród go Cathair na nGrás.

Ceangal

Screadaimse ar Íosa Críost ’s ar athair na ngrást
fuair peannaid ar spíonchrois sceimhle is seachmall is fáin
go maitear gach díomas poimp is mallaitheacht ghnáith
dom anam gan teimheal ar dtíocht do ghairm an bháis.

**Foinsí:** ARÉ, 23 K 14 (195), 221 a scríobh Uilliam Ó Duinnín ag Cnoc an Phréacháin i gCo. Chorcaí sa bhliain 1818 **(A)**; ARÉ, 23 L 12 (787), 270 – 273 a scríobh Pádraig Din i bParóiste Mhaigh Dheilge i gCo. Phort Láirge c. 1799 – 1800 **(B)**; ARÉ, 23 C 24 (674), 184 a scríobh Seán Ó Faoláin c. 1771 - 78 **(C)**. An Ceangal Maigh Nuad, M 9, 438 a scríobh Seán Ó Mulláin i gCorcaigh sa bhliain 1818.

Tá teacht ar thrí véarsa den dán so in ARÉ, A. iv. 2 (27), 108 a scríobh Seán de Niadh idir na blianta 1751 – 57 mar a ndeirtear gurbh é 'Uilliam Ó hEachiarainn [a] sgríobh an faoisdinn tairibhe so.'

**Lámhscríbhinní eile:** ARÉ, 23 A 13 (356), 11; 23 C 20 (379), 225; 23 I 36 (421), 142; 23 I 48 (942), 115; MN, M5, 301; M8, 182; M9, 437; Corcaigh C40, 271; T. vi., 49; T. xxii., 168; Port Láirge CE, 32, CLXIX; An Iorua MS 1658/2, 107 – 108; An Iorua MS 686/2, 199 – 202.

**In eagar cheana:** APMG 42 – 44; Ó Foghludha (1945 (a), 154 – 156).

**Meadaracht:** Amhrán Malartachais

1 – 40 2 (A + B) + 3A + B

A = / *é – – é – – é – – ó /

B = / *é – – ó – a – – á /

41 – 44 / *a – – í – í – a – – á /

**Nótaí téacsúla:**

Seanrá comónta go maith ab ea an aithrí i measc fhilí na hochtú haoise déag. Bhí sé mar nós i ndánta den saghas so go ndéanfadh an file faoistin phoiblí tar éis dó féachaint siar ar a shaol agus go háirithe, is dócha, ar bhaois na hóige. Samplaí breátha den seánra is ea an dá cheann a scríobh Eoghan Rua Ó Súilleabháin, *Is mithid dom féin mo thréithe i gceart do scrúdadh* agus *Sin agaibh mo theastas ar bheatha gach réice* (Ua Duinnín, 1907: 59 –

61 agus Ó Conchúir, 2009: 10 - 11). Is deacair a rá ar uairibh, áfach, cé chomh dáiríre is a bhí cuid de na filí faoi aithrí a dhéanamh ach ní dóigh liom go bhfuil aon amhras ná go raibh Piaras dáiríre go maith anso go háirithe má chuimhnítear ar an méid atá le rá aige in *A Chogair a charaid* (**23**). Tá an fonn *Caitlín Triall* luaite leis an dán in T. xxii.

**1. mo chlaonbhearta déistineach' :** Is cosúil gurb í an uimhir uatha den aidiacht atá sna LSÍ ach cuirim an uimhir ioltra atá ag teastáil in úil le huaschamóg anso. Bheadh siolla sa bhreis sa chéim seo den líne dá mbeadh *déisteanacha* ann. Dhealródh sé, ar aon nós, ná bíonn an aidiacht ag réiteach leis an ainmfhocal sa Ghaeilge go minic (Ó Coileáin: 2002: xlii – xliii).

**4. do bhréagadh:** Cé go mbeadh *bhréaga* ('lies') nó *bhréagaibh* oiriúnach sa chomhthéacs anso, glacaim leis gurb é 'deceiving, coaxing, enticing' (Ua Duinnín s.v. *bréagadh*), atá i gceist anso seachas an uimhir iolra den ainmfhocal 'bréag'. Dob fhéidir a rá gurb é 'seduction / seducing' is ciall leis an bhfocal anso. Féach leis líne 11.

**4. móid':** Glacaim leis gurb é an uimhir iolra *móide* den bhfocal *móid* atá againn anso (Ua Duinnín s.v.) agus gur 'oaths' nó 'imprections' is ciall leis. Féach leis an fhoirm chéanna ar líne a 11.

**7. Aonmhac na hÓighe:** Tharlódh sé gur ainm aitheanta ar Chríost é seo. Siolla amháin atá ag teastáil sa bhfocal so 'Óighe' /ho:/ ar mhaithe le riachtanas na meadarachta mar a bhfuil an patrún /é – – ó / i gcéim dheireanach na líne. Féach leis líne 25.

**11. is gach n-aon acu ghéilleadh dom bhréagadh is dom mhóid':** 'And every one of them used to surrender to my seduction and my promises'. Féach chomh maith an fhoirm chéanna *móid'* ar líne a 4.

**16. námhaid:** Tá aon siolla amháin ag teastáil sa bhfocal so mar a bhfuil an patrún [a – – á] riachtanach i gcéim dheireanach na líne.

**20. Calvaire:** Nó Golgotá an áit inar céasadh Críost.

**25. na hóighe:** Siolla amháin atá ag teastáil sa bhfocal so /ho:/ ar mhaithe le riachtanas na meadarachta mar a bhfuil an patrún [é – – ó ] i gcéim dheireanach na líne. Féach leis líne 7.

**29. Magdaléna:** Máire Mhaigdiléana ón mBíobla. Ba í an chéad duine í a chonaic Íosa tar éis a aiséirithe (Eoin 20, Marcas 16.9).

**32. an bhean ó Chanán:** Is mar seo a insítear scéal na mná ó Chanán sa Nua-Thiomna (Matha 15. 21 – 28.): Ar dhul amach as sin dó, chuaigh Íosa i leataobh go dtí ceantar na Tuíre agus Shíodóine. Agus bhí bean Chananach a tháinig amach as na críocha sin agus thosaigh sí ag glaoch os ard: 'Déan trócaire orm, a Thiarna, a mhic Dháiví,' ar sise, 'tá iníon agam agus í á crá go géar ag deamhan.' Ach ní dúirt Íosa focal ar bith á freagairt. Tháinig a dheisceabail chuige agus bhí siad ag impí air: 'Scaoil uait í,' ar siad, 'tá sí ag glaoch inár ndiaidh.' D'fhreagair agus dúirt: 'Níor cuireadh mé ach amháin go dtí caoirigh caillte theaghlach Iosrael.' Ach tháinig an bhean agus d'fhan ar a dhá glúin ina láthair: 'A Thiarna,' ar sise, 'fóir orm.' D'fhreagair agus dúirt: 'Níl sé oiriúnach arán na leanaí a thógáil agus é a chaitheamh chun na gcoileán.' Dúirt sise: 'Cinnte, a Thiarna, agus itheann na coileáin féin na grabhróga a thiteann ó bhord a máistrí.' Ansin dúirt Íosa léi á freagairt: 'Ó, is mór é do chreideamh, a bhean! Bíodh agat mar is áil leat.' Agus bhí a hiníon leigheasta ón nóiméad sin.

**33. claochnadh** Is ionann an fhoirm seo agus *claochló*. Féach Ua Duinnín (s.v. *claochluighim*) mar a dtugann sé an fhoirm mhalartach *claochnuighim* den bhriathar seo.

**40 – 44:** Tá ceangal malartach in MN, M5, 303 mar seo a leanas:

A leabhair na ndréachta naofa so agam im dhóid,
aithchim is éim, glaoim ar dhalta na hóigh',
sonas is séan is braon an fhlaithis 'na gcomhacht,
i mullach gach n-aon do chaomhna[igh] tarraint do chló.

**42. sceimhle:** Tá an focal so le rá mar /s'k'i:l'ɘ/ toisc go bhfuil an fhuaim /i:/ ag teastáil don mheadaracht áit go bhfuil an patrún [í – a] riachtanach sa líne seo.

**44. teimheal:** Tá an focal so le rá mar /t'i:l / toisc go bhfuil an fhuaim /i:/ ag teastáil don mheadaracht áit go bhfuil an patrún [í – í] riachtanach sa líne seo.

**Malairtí:**

1. léighfead BC / chéadbhearta BC / dreoil B 4. do shaoghaltacht do phóit 5. mar shéanas B gur shéuin mise C 6. le géirghean don tsaoghal cleasach claonbheartach BC bróin B 9. bo thaorach mo bhréaga B / spéirbhruinnill óig A sean bhruinneal og B séimh bhruinnuill C 10. le bréaga le póga le bladar is le páirt B aitios A 11. bréaga A 12. a cáil C 13. do shéanasa C 14. le géar ghean don tsaoghal cleasach claon bhreathacha 15. pléasga mo dheór B [línte 15 /16 mar a chéile le 7 / 8 in C]. 17. acht le géile dom chéile B 19. na róid A mo róid C 20. calbhry A Calvery B Calbahire C 21. smoil BC 22. d'éide is do leine don rón B 24. munna bhféach A muna bhféacha mac glórmhar orm B muna bhféaghadh C 25. do shéan BC 26. níor shéanuis BC 26. ina dheóigh sin A / ar thaitniomh B le tainibh C 27. tríd chreacht ghluin B 28. chuim A níor fhéaduis gan glóire B do leagis an gloire taniomh (?) na dhail C 29. níor fhéuch Muiealeine (?) C 30. saorghean B géar shearc C 31. is led dhaonnocht do shaorasa a ngeibhin gan bhróin C 32. is na cead pheacach leo sa bhean ón cCanán B leo C 35. is fé do naomhuis A 36. ná daor mé leid ghloire C 37. daor chnead B níl pianbhroid ná léirsgrios ná éigion ná bróin C 39. rachfad liom rae nis go séimh B ná go ngéaluid lem rae dóibh go séimh C 40. is raodtuigsi reom B is reatuig mo ród go flaithuis na ngrást C

## 25. Aor ar Phiaras

Dúirt mallaitheoir éigin leis an nGearaltach céanna mar leanas:

A Phiarais a ghliaire ba sanntach meon,
ag riaradh gach ciabh-bhruinneal modhamhail tais óg,
níor fhéadais gan fiaradh le cam go hóg
sa diabhal duit ó thriallais chum teampaill leo.

**Foinse:** Maigh Nuad M 58 (a), 68.

**In eagar cheana:** APMG: 54.

**Meadaracht:** Amhrán

1 – 4 / – ia – – ia – – au – ó /

**Nótaí téacsúla:**

Tá an chuma ar an scéal gurbh é Piaras é féin a chum an cheathrú so mar gheall air féin agus é ag cuimhneamh ar an uair gur cuireadh brú air an creideamh Caitliceach a thréigint. Dar ndóigh, b'fhéidir gur achasán a chaith 'mallaitheoir éigin' leis a spreag na línte seo uaidh.

**2. ag riaradh gach ciabh-bhruinneal modhúil tais óg:** Is cosúil gurb é an tuiseal ainmneach thar ceann an tuisil ghinidigh atá anso againn murab e an tuiseal ginideach iolra a bhí sa cheann ag Piaras a sholáthar anso tar éis 'gach' .i. 'entertaining all young, soft, gentle maidens.' Tá an défhoghar /au/ ag teastáil sa bhfocal *modhúil* anso ar son na meadarachta .i. /maul'/. Féach na malairtí thíos agus féach, chomh maith an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**3. fhéadais**: Tá an défhoghar /ia/ ag teastáil anso ar son na meadarachta. Is mar /ia/ a fhuaimnítear an guta *é* nuair a leanann consan leathan é [= éa] go stairiúil ar fuaid Chúige Mumhan pé scéal é (féach Ua Súilleabháin, 1994: 482; Breatnach, 2009: 19 – 20) rud a thugann litriú Phiarais le fios.

**Malairtí**:

Ceannscríbhinn: mallathóir / céadna

1. a a ghliadhuire / meodhan 2. riarradh / momhuil 3. fhiaduis / fiarradh / camm 4. sa di diabhuil / teampchail

## 26. Cé Peacach Fóiríor

Cé peacach fóiríor líonta go leór me ’láib,
’s me ceangailte i gclí chaoithigh dom dhóigh do ghnáth,
is dearbh ná fuighead choíche gan dóchas bás,
is banaltra chíoch Rí Ghil na Glóire im láimh.     Amen.

**Foinsí**: Maigh Nuad M 58 (a), 40 & 50 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Uí Chionnaola Cho. Chorcaí sa bhliain 1769 (A); Corcaigh T xvi, 132 a scríobh Pádraig O Súilleabháin i gCorcaigh sa bhliain 1814 (B)

Níor cuireadh an cheathrú seo in eagar roimhe seo.

**Meadaracht**: Amhrán

1 – 4.  / – a – – í í – – ó – á /

**Nótaí téacsúla**:

Tagann an cheathrú chráifeach so díreach i ndiaidh *Tréithe na Maighdine Muire* (**27**) sa dá fhoinse atá luaite.

1. **Fóiríor**: Tá an bhéim ar an tarna siolla anso /i:/ ar mhaithe le riachtanais na meadarachta. D’oirfeadh an fhoirm ‘faraoir’ atá in FGB chomh maith ach is cóngaraí do léamh na LSÍ é *fóiríor* (féach Ua Duinnín s.v.). Is é seo an seanbhéimniú a bheadh ar an bhfocal so pé scéal é.

**1. líonta go leór me ’láib:** Is é a chiallaíonn sé seo ná ‘I am full up of mud’. ‘De láib’ atá i gceist anso ach go bhfuil an réamhfhocal *de* báite ar mhaithe leis an meadaracht.

2. **i gclí chaoithigh**: ‘Bréan, mar pholl portaigh’ an míniú a thugann Nic Éinrí (2001: 345) ar an bhfocal *caothach* agus d’oirfeadh sé sin don chomhthéacs anso.

Míníonn Ua Duinnín (s.v.) an focal *caoth* mar 'a bog hole' ach is 'showering' atá aige mar mhíniú ar *caothach*. B'fhéidir, áfach, gurb é *caoitheach* an bunfhocal atá anso againn más iontaoibh linn an sampla seo a thugann Mac Clúin (1922 s.v. *coíthach*) ó Ghaeilge na mBlascaod: 'Tá blas coíthach ar an ím = blas nách blas ime: droch-bhlas.' D'aistreoinn an frása sa líne seo, mar sin, mar 'in foul flesh'. Ní haon chabhair dúinn na cúig shampla dhéag den bhfocal *caoitheach* atá i g*Corpas na Gaeilge* toisc gur léir go mbainid ar fad le báisteach a bheith ag clagarnach nó sneachta a bheith ag titim go tiubh. Tagann na samplaí sin ar fad ó pheann Amhlaoibh Uí Shúilleabháin agus is léir gur mar a chéile aige an focal *caoitheach* agus an focal *caothach* faoi mar atá sé mínithe ag Ua Duinnín (s.v. *coimhthíoch*).

**3. ná fuighead:** É seo le rá mar aon siolla amháin mar /fi:d/ ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an dá fhuaim /i:/ ag teastáil i ndiaidh a chéile.

**4.is banaltra chíoch Rí Ghil na Glóire im láimh:** Is mar seo a thuigim an líne seo: 'And the one who nursed the son of God in my hand.' Tagairt anso, ní foláir, don phaidrín lena ndéarfaí an Choróin Mhuire.

**Malairtí**:

1. cia AB / fó ríor AB / mí A 2. a cclídh AB / caoithicc A chaoimhthigh B / damh dhóith B 3. ná faghad B / choidhthe A coidhche B 4. chídheach A.

## 27. Tréithe na Maighdine Muire

Tá páirt nó roinnt don chreideamh Sacsanúil Liútaránach so do ghlac me (& ní mar rogha) nach taitneamh liom, & is é sin gan impí ar bith do chur chum Muire, Máthair Chríost, ná onóir, pribhléid ná urnaí [a] thaispeáint di, & dom barúil gurb í Muire bantiarna an alla álainn aoibhinn ainglí, banríon na bhflathas, crann soilse is criostal na Críostaíochta, díonaitheoir na bhfíorlag, farraige na daonnachta, grianán na glóire gile, greann is garda na bhfíoraon, lonradh is lóchrann lóghmhar na spéire, máthair is maighdean mhíorúilteach na n-aingeal, péarla na glóire, parrthas na tríonóide, réilteann eolais gach seachránach, teannta na larán, taca na bhfann, fuascailt na bhfíoreaspaitheach, lámh chóra na lag, ceannsú na n-achrann, bean réitigh na feirge, idirmhínitheoir na ngearránach, sásamh an bhreithimh, teanga na mbalbhán, ómós na bhfaitíosach, suairceas na beannaitheachta, seomra séad na suáilcí, tuile na ngrás, is Tonn Chlíona na trócaire. Dar ndóigh, is ar achainí Mhuire do rinn Críost an chéad mhíorúilt riamh mar d’iompaigh sé an t-uisce chum bheith in’ fhíon & dá bhrí sin guím go díograsach óm chroí gach *Protestant* do bheith in aon mheon i méin, i dtuairim, in intinn ’s in aigne lé.

Piaras Mac Gearailt. Ard-Sirriam Leithe Mogha.

**Foinsí**: Maigh Nuad M 58 (a), 49 – 50 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Uí Chionnaola Cho. Chorcaí sa bhliain 1769 (A); Corcaigh T xvi., 132 a scríobh Pádraig O Súilleabháin i gCorcaigh sa bhliain 1814 (B);

**In eagar cheana**: APMG: 44 – 45.

**Nótaí téacsúla**:

Cé gur leag Ó Foghludha (APMG: 44 – 45) an téacs seo amach faoi mar a bheadh dán ann is léir ná fuil aon mheadaracht ag gabháil leis pé slí ina leagtar amach na línte.

D’fhéadfaí glacadh leis an téacs mar phaidir nó mar liodán ach is follas, dar liom, gur mar théacs gairid próis is ceart féachaint air.

**1. Nach taitneamh liom**: ‘Nach taithneann liom’ atá ag Ó Foghludha ina eagránsan (APMG: 44) ach thacódh léamha na LSÍ le *taitneamh* seachas *tait(h)neann/ taitníonn*, dar liom. D’fhéadfadh sé go léiríonn an litriú an tslí go bhfuaimnítí an focal i nGaeilge na nDéise san ochtú haois déag .i. /taŋ'ev/ (féach leis Breatnach, 2009: 130).

1. **alla**: ‘Alla’ atá in eagrán Uí Fhoghludha (APMG: 44) agus mínítear é seo i bhfoclóir an eagráin chéanna mar ‘Allah / God. (ibid., 115)’ Is deacair géilleadh don léamh seo áfach agus dar liom gur fearr a oireann an chiall *halla* don chomhthéacs anso. Tá an méid atá san DIL (s.v. *alla*[1] ) suimiúil go maith mar a dtugtar le fios go mb’fhéidir gur iascacht ón tSean-Ioruais atá ann agus gurb é *hall* is ciall leis an bhfocal. Fágaim ann an focal mar a litrigh Piaras é dá bharr seo. Féach an sampla seo a leanas as *An Tiomna Nua* (Ó Domhnaill, 1852: 14 (cf. *Corpas na Gaeilge*): ‘Agus do lean Peadar a bhfad úadha é nó gur raibhe sdigh an alla a nárdsagart.’

**5. díonaitheoir**: ‘Díontóir’ atá in eagrán Uí Fhoghludha (APMG: 44) agus sin í an fhoirm atá in FGB (s.v. *díontóir* ‘protector, shelterer’) chomh maith. Mar sin féin, ós rud é go dtugann foclóir an Duinnínigh an fhoirm ‘díonuightheoir’ (Ua Duinnín s.v. *díontóir*) glactar leis an bhfoirm seo toisc é bheith níos cóngaraí do léamha na LSÍ.

**6**. **lóghmhar**: ‘Precious, valuable, gem-like, brilliant’ atá ag foclóir an Duinnínigh (Ua Duinnín s.v. *lóghmhar*) mar mhíniú ar an bhfocal so. Níl an fhoirm seo in FGB (ach féach *loghmhar* = luachmhar*, FGB, agus *lógmhaire* san áit chéanna, rud a thabharfadh le fios gur dearúd cló atá anso). Féach chomh maith DIL s.v. *lógmar* ‘precious, valuable, rich, beautiful.’

**8. teannta na larán:** ‘Supporter of the weak (children).’ Miníonn Ua Duinnín (s.v. *larán*) an focal so mar ‘a pretty female child, an urchin, a dwarf, a weakling’ agus

tugann FGB na cialla seo don bhfocal (s.v. *lorán*; foirm mhalartach: *larán*) ‘weak young creature; youngster child’.

**11. Tonn Chlíona:** Tonn dhraíochtúil a bhíodh le clos amach ó chósta theas Chorcaí, in aice le Cuan Dor, de réir an tseanchais. Féach Ó hÓgáin (1991: 90 – 92).

**11. seomra:** Féach na malairtí mar a bhfuil an litriú suaithinseach *seombra/seómbra*, an-suimiúil anso sa mhéid is go dtugann sé le fios go mb’fhéidir go raibh sé de bhéas ag Piaras an focal *seomra* á rá ar nós na Fraincise .i. *chambre*. Is mar /s'aumərə/ a deirtear an focal de ghnáth i nGaeilge na nDéise (Breatnach, 2009: 38).

**14. díograsach:** Féach go bhfuil an fhoirm mhalartach so in Ua Duinnín (s.v. *díograiseach*) agus tá dóthaint samplaí le fáil i g*Corpas na Gaeilge* a thugann le fios gur foirm chomónta go maith atá ann. Féach an sampla so as *Párliament na mBan*: ‘ Níor chian go bhfuair an duine díograsach sin an cúram do cuireadh air’ (Ó Cuív, 1977: 118).

**Malairtí**:
1. raint A / saxanamhail A sagsanamhuil B / roghadh A 2. tainnc***eamh?*** A tainnceadh B / do chuir AB 3. primhléid A prímhléid B / urnaighthe A úrnuighthe B / thaisbeaint A thaisbeáint B /dum barramhuil A / damh barramhuil B 3. alladh AB 4. bannríoghuin A banríoghan B / crann soidhilse A crannsoillse B 5. dionuighthear A / díonuighthear B 6. lunradh A lonnradh B 7. míorbhuilteach A míorbhuileach B / paerladh A péarladh B / parrathas AB 8. lárrán A larán B / fíoreasbaighteach AB 9. ferrighidh A feirge B 10. na mballabhán A / óghmós na bhfaitchiosach A fhoghmós na bhfaithchíosach 11. seombra A seómbra B / na súbháilcidhe A / tuille A tula B 12. ndó AB / eachaingidhe A achuingeadha B / do rín A / do rin B / an chéad miorbhuilt A an chéad mhíorbhuil 13. 14. méinn A. / P. Mac G. Árd Sírriam A Árd Shiarriam B / Moghadh A.

## 28. Scéal Bronnta Leabhair

Sin agat a mhánla mhiochair, mhilis, mhúinte, mhaiseach, bhéasach, mhnáúil an tabharthas beag suarach simplí do gheall mé dhuit chum fónaimh & caitheamh aimsire an fhir uasail oirdheirc úr-chroíoch .i. Craoch Builtéar. Agus do bheadh an dioscán beag so agat i bhfad roimh anois mun mbeadh mé bheith tinn galarach ag cimeád mo leaptha & mo sheomra ar feadh ráithe ó bhí sé d’onóir agam tu d’fheicsint in Áth na Cise taobh le Mala i dtigh mo chompáin ghráigh .i. Piaras séimh de Nógla. Tá muinín agam ná tarcaisneoidh an Builtéarach suairc an cnuasach nó an dioscán bocht dealbh so do chuir me le chéile, do bhrí gur le dea-aigne, le géilleadh, le onóir duitse & don rábaire rafar réaltanach do ghabhas do lámh anois, i gceann mo thrí fichid bliain, an oiread do scríobh in aon tseachtain amháin & ina éaghmais sin ní bhfuilim scartha le péintinnis fós .i. an gairbhéal & roinnt d’aicídibh eile tá ’om shnoí le cian d’aimsir fá ndeara dhon bheagán scríbhneoireachta so bheith chomh doiléite & chomh dearmadach & tá sé.

Gidheadh, is é m’uchlán tinn, mo chumha & mo lánchreach ná fuilim in aois mo dheich mblian fichead & deich míle giní in aghaidh na bliana agam do stát díleas diongbhálta mar shúil go mbeadh sé do ghradam, d’onóir, do rachmas**,** d’aoibhneas saolta & do chompord cléibh agam go nglacfá uaim an ní sin do bhradaigh tú .i. mo chroí, do bhrí go bhfuilim tuilte do ghrá díograsach, taitneamhach**,** tintí, líonmhar, lasúil, dod phearsa, dod scéimh, dod mhéin, dod thréithe, & dod dhea-iompar. Agus ar aon mhodh is gearr go mbeidh sé do shuairceas, d’onóir & do shólás aigne & intinne agam tú d’fheicsint, do bhrí gur mé le hiomad ómóis, díogras, umhlacht, pribhléid, síorghean & searc síorleanúnach a mhaighdean mhórchomhachtaigh.

Do phríosúnach & do sheirbhíseach dil, dúthrachtach, díombuadhach, dealbh, dobrónach choíche go bhfeicfead do ghnúis lonnrach lóghmhar nach daonda do cumadh.

Piaras Mac Gearailt, Ard-Sirriam Leithe Mogha.

**Foinsí:** Maigh Nuad M 58 (a), 68 – 9 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Chionnfhaolaidh Cho. Chorcaí sa bhliain 1769 **(A)**; Corcaigh T. xvi., 139 a scríobh Pádraig Ó Súilleabháin i gCorcaigh sa bhliain 1814 **(B)**.

**In eagar cheana**: APMG: 86 – 87.

**Nótaí téacsúla:**

Chuir Piaras críoch lena LS féin leis an tíolacadh próis seo agus an dán a leanann é, *Beir lán na cruinne* (**29**), mar a míníonn sé cad fáth ar chuaigh sé i mbun pinn agus cé dó ar bhreac sé a bhfuil sa LS. Is léir go bhfuil sé thar a bheith tógtha leis an mbean óg a labhrann sé léi anso agus is trua, dar leis, nach fear óg in aois a dheich mbliana fichead é arís chun go bhféadfadh sé í a mhealladh. Tá an chuma ar an scéal, áfach, go bhfuil ógfhear uasal ar an láthair cheana féin a thabharfaidh aire di.

**3. an fhir uasail:** Is é *fhior uasail* atá sa LS agus d'fhéadfaí glacadh leis seo mar *an fhíoruasail* dá bharr san. Is dóigh liom, áfach, go n-oireann *an fhir uasail* níos fearr don chomhthéacs anso.

**3. Craoch Builtéar:** 'Créaghach Builtéar' atá ag Ó Foghludha (APMG: 86) ach leanaim lámh Phiarais anso. Is dócha go bhféadfaí a thuairimiú gur leagan Gaelaithe den sloinne dúbalta *Creagh-Butler* atá anso, nó ceann éigin acu, gur leagan Gaelaithe den ainm pearsanta *Craig* atá ann .i. Craig Buitléar a bhí ann. Is léir gur ag tagairt don bhfear uasal oirdheirc atá luaite díreach roimhe seo atá Piaras anso seachas don bhean óg. D'fhéadfadh sé go raibh an sloinne céanna ag an mbeirt áfach, sé sin le rá, gur lánúin phósta ab ea iad, nó ceann éigin acu, gur dheartháir agus dheirfiúr ab ea iad. Tagraítear arís don bhfear uasal ag líne 7 .i. *an Builtéarach suairc*. Féach chomh maith an nóta ar Phiaras De Nógla ag líne 6.

**3. dioscán:** Leagan malartach den bhfocal *deascán*. Tá an fhoirm mhalartach so in FGB (S.v. *dioscán*, *díoscán*) agus ós rud é gurb é *diosgán* atá ag Piaras faoi dhó sa sliocht áirithe seo cloím leis an bhfoirm ba rogha leis féin sa dá chás (féach chomh maith líne 7).

**5. mo sheomra:** Tá litriú Phiarais sa LS, *sheombra*, an-suimiúil anso sa mhéid is go dtugann sé le fios go mb'fhéidir go raibh sé de bhéas aige an focal seo*mra* á rá ar nós na Fraincise .i. *chambre*. Is mar /s'aumərə/ a deirtear an focal de ghnáth i nGaeilge na nDéise (Breatnach, 2009: 38).

**6. mo chompáin ghráigh:** Leanaim an léamh in B anso toisc go bhfuil lámhscríbhinn Phiarais doléite anso. 'Mo chomhchumainn ghrádhaigh' atá ag an bhFoghludhach ach ní móide gurbh é sin a scríobh Piaras.

**6. Piaras séimh de Nógla:** Piaras de Nógla († 1775). Dhealródh sé gur phós an Piaras de Nógla seo bean darbh ainm Jane Creagh sa bhliain 1733 ach ní foláir nó gur cailleadh í seo go hóg mar tá fianaise ann go raibh an tarna bean chéile aige ina dhiaidh sin, Mary Nagle. Ceathrar leanaí ar fad a bhí ag Piaras agus phós duine acu, Sarah (ón tarna pósadh is cosúil), fear darbh ainm William Creagh sa bhliain 1770 (O'Connell, 1954: 341). B'fhéidir gur fiú an fhéidearthacht so a lua chomh maith, cé gur urchar an daill atá ann ar shlí: b'fhéidir gurbh iad an bheirt óg so, Sarah agus William, a spreag an Gearaltach chun dul i mbun pinn mar go bhfuil gach seans ann go raibh lámh agus focal eatarthu nuair a bhuail Piaras leo sa bhliain 1769, an bhliain sular phósadar. Cá bhfios ná go raibh gaol éigin ag an William Creagh seo le craobh éigin de na Buitléirigh a raibh aithne ag Piaras orthu agus gurb é *Craoch Builtéar* a thug sé air dá bharr? Is é mo mhórthuairim féin, áfach, ná gur *Craig Buitléir* ab ainm don bhfear óg so agus mar sin cé go bhfuil an fhéidearthacht eile seo luaite agam ní dóigh liom féin go bhfuil dóthaint fianaise againn chun tacú léi.

**7. an Builtéarach:** Tagairt eile, is cosúil, don 'bhfear uasal oirdheirc' a luaitear ag tosach an tsleachta próis seo (féach leis an nóta ag líne 6 thuas).

**7. dioscán:** Féach an nóta ag líne 3.

**9. do ghabhas do lámh**: Cé go mb'fhéidir go mbeifí ag súil le *do láimh* anso (tabharthach uatha) leanaim peann Phiarais féin mar a bhfuil *do lámh* le feiscint go soiléir sa LS. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**13 –14. in aois mo dheich mblian fichead:** Bheimis ag súil le 'mo dheich mbliana fichead' sa lá atá inniu ann ach tá an chosúlacht air gur ginideach iolra atá ag Piaras anso i ndiaidh na huimhreach,'in aois mo dheich' agus b'fhéidir gurbh é sin an nós a bhí ann san ochtú haois déag.

**14. do stát díleas diongbhálta:** Leanaim an léamh in 'B' anso ós rud é go bhfuil lámhscríbhinn Phiarais doiléir ag an bpointe seo. 'Do stát tathaic diongmhálta' atá ag Ó Foghludha ach ní léir dom gur féidir a leithéid a dhéanamh amach ón LS. Is mar seo a thuigimse an méid seo: ' [of an] owned, worthy estate,' féach Ua Duinnín s.v. *díleas*; *diongbhálta*).

**17. taitneamhach:** Is é *teanncamhach* atá scríofa ag Piaras anso agus sin é atá in LS 'B' chomh maith, rud a thugann le fios, is dócha, go ndéarfadh Piaras an focal seo mar /taiŋ'əvəx/ (féach Ó hAirt, 1988: 150 agus féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta). Dar ndóigh níl an litriú anso róchruinn ó thaobh caoile ná ó thaobh leithne toisc go mba dhóigh leat gur 't' caol agus 'ŋ' leathan atá sa bhfocal ón litriú. Ní ró-annamh a bhíonn litriú na LSÍ Gaeilge mar seo áfach, cé go mba cheart a rá go raibh Piaras cruinn go maith mar scríobhaí don chuid is mó.

**19. shólás:** B'fhéidir gur *sholas* atá scríte ag Piaras anso mar ní féidir a dhéanamh amach an bhfuil sínte fada anso nó ná fuil. Mar sin féin is fearr a oireann *shólás* don gcomhthéacs dar liom.

**23. lonnrach:** Is é *lunnrach* atá sa dá lámhscríbhinn rud a thugann le fios gur mar /luːnrəx/ a déarfadh Piaras an focal so.

**Malairtí:**

1. bhéasaigh A 2. tabhartas B 3. an fhior A diosgán AB 4. annois A inis B / muna B 5. mo sheombra A mo sheómbra B / tu A tú B / aith na cishe A / áth na cisheadh B taoibh AB / Malladh AB / 6. Atá B / chomhainm? (doléite) A mo chompáin B / do Nógla A do Nógladh B 7. diosgán A díoscán B 7. chuir me A chuir mé B 8. géileadh A géile B 9. raeltannach A réiltionnach B / do láimh B / trí fithchid bliaghuin AB / sgríobh A sgríobhadh B / gairmhéal A garbhaol B10. an éaghmuis AB 11. rainnt A raint B. 11. ’om shnuidhe A dhamh shnoighe B / fá ndearra dhon A fá ndearra don B 13 – 14 dheith mbliaghan fithchid A dheich mbliaghan fithchiod B / míleadh ginn***idh*** A míle gineadh B an aigh A an adhagh B / stát (doléite) diongmhál***adh*** A stát dhíleas dhiongmhála B 15. reacmhus AB 16. nídh AB 17. díograiseach B / teanncamhach AB / teinntídhe A teinnidhe B 18. dheadhiompchar A dheaghiompchar B 19. sholas? / aigine A 21. díogruis B síorleanumhnach A síorleanamhnach B 22. díombádhach B 23. lunnrach AB 23 do cumadh A do chumah B 24. Árd Shirriam AB Leithe Moghadh AB.

## 29. Beir lán na cruinne

Beir lán na cruinne do bhruinnealaibh ciúin, tais, réidh,
cráifeach, criostalach, cruipeannfholt, cumtha, caomh,
go hÁth na Cise chum lile is plúir na mbé,
fém láimh le cumann don fhinnebhean shúgrach shéimh.

Stáidbhean mhilis do chine ghlic lonnrach ghlé,
ba deárscnach, fuinneamhail, friotalach, fionntach, tréan,
’sea an mhánla mhiochair do fuineadh as plúr na gcraobh,
is álainn oilte i gcumann ’s i gclú na naomh.

Is tráite turraingeach mise gan lúth im ghéag,
ar fán i gcumaraibh coille go dubhach lem ré,
le grá is cumann don lile ba lonnrach scéimh,
’s tug táinte ar buile gan mire gan fonn mar mé.

Cé nach aithnid dom seabhac na ngroí n-each dtréan
réabach, rafarach, rabairneach, fíontach saor,
céad is dathad do bharrfhionnaibh gríosghoib fhéil
éim ’s screadaim óm anam don Chraoibh Builtéar.

**Foinsí**: Maigh Nuad M 58 (a), 70 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Chionnfhaolaidh Cho. Chorcaí sa bhliain 1769 **(A)**; Corcaigh T. xvi., 140 a scríobh Pádraig Ó Súilleabháin i gCorcaigh sa bhliain 1814 **(B)**.

**In eagar cheana**: APMG: 87 – 88.

**Meadaracht**: Amhrán Malartachais.

| | |
|---|---|
| 1 – 4 | / *á – i/u – – i – – ú – é / |
| 5 – 8 | / *á – i – – i/u – – ú – é / |
| 9 – 12 | / *á – u – – i – – ú – é / |
| 13 – 16 | / é – a – – a – – í – é / |

**Iarscríbhinn (in A amháin):**

An fear céanna cct.
Críochnaithe le Piaras Mac Míthchíl Mac Gearailt an t-ochtmhugh lá don Mhídh Mheadhain annsa mbliaghuin d'aois ár slánaicidh 1769. Sic transit gloria mundi.

**Nótaí téacsúla:**

Tagann an dán so díreach i ndiaidh an tíolacadh próis, *Scéal bronnta leabhair* (28), ina míníonn Piaras cad ina thaobh gur chuaigh sé i mbun pinn agus cé dó ar bhreac sé a bhfuil sa lámhscríbhinn seo. Tá *'P. M. G. cct.'* scríte isteach ag Piaras tar éis an chéad trí véarsa agus leanann an véarsa deireanach díreach ina dhiaidh sin faoi mar gur athsmaoineamh nó iarnóta é. Dob fhéidir a thuiscint as so gur don bhean óg neamhaithnid seo a scríobh Piaras an chéad trí véarsa agus don ógfhear, an Buitléarach so, a thíolaic sé an ceann deireannach. Féach chomh maith na notaí téacsúla ar (**28**) thuas.

**1. do bhruinnealaibh ciúin, tais, réidh:** Tá sé le tabhairt faoi ndeara gurb í an fhoirm uatha de na haidiachtaí a leanann an t-ainmfhocal atá sa tabharthach iolra anso, rud a oireann don mheadaracht.

**2. cumtha:** Tá an fhuaim /u:/ atá ag teastáil anso de réir riachtanais na meadarachta agus an focal so le rá mar /ku:mhə/ dá bharr mar a bhfuil an patrún [ú – é] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne.

**3. Áth na Cise:** Baile fearainn i gCorcaigh láimh le Mala http://www.logainm.ie/11768.aspx (ceadaithe 2 Feabhra 2012) áit a raibh teach mór ag muintir de Nógla ó dheireadh an 17ú haois (féach O' Connell (1954) agus http://landedestates.nuigalway.ie:8080/LandedEstates/jsp/property-show.jsp?id=3233 (ceadaithe 2 Feabhra 2012).

**4. cumann:** An fhuaim /u/ anso seachas /i/ anso. Féach leis an focal céanna ar líne a 8.

**6. deárscnach:** Tá an fhoirm mhalartach so a chuireann an fhuaim /a:/ in úil go soiléir le fáil i bhfoclóir an Duinnínigh (Ua Duinnín s.v. *deárscna*).

**6. fionntach:** Tá an fhuaim /u:/ atá ag teastáil anso de réir riachtanais na meadarachta agus an focal so le rá mar /f'u:ntɔx/ dá bharr san mar a bhfuil an patrún [ú – é] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne. Dhein an Foghludhach *fiúntach* den bhfocal so ach ní dóigh liom go bhfuil aon ghá le litriú LS Phiarais a leasú. 'Fair' a chiallaíonn sé dar le Ua Duinnín (s.v. *fionntach*).

**8. cumann:** An fhuaim /u/ anso seachas /i/ anso. Féach leis an focal céanna ar líne a 4.

**11. lonnrach:** Tá an fhuaim /u:/ atá ag teastáil anso de réir riachtanais na meadarachta agus an focal le rá mar /lu:nrəx / toisc go bhfuil an patrún [ú – é] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne.

**12. fonn:** Tá an fhuaim /u:/ atá ag teastáil anso de réir riachtanais na meadarachta agus an focal le rá mar /fu:n/ toisc go bhfuil an patrún [ú – é] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne.

**13. seabhac na ngroí n-each dtréan:** Is é *na ccroidhe nneach ttréan* atá scríte ag Piaras anso agus cé gur ait é ord na bhfocal anso, ar son na meadarachta mar is léir, glacaim leis an leasú a dhein an Foghludhach (APMG: 88) agus is dóigh liom gur féidir é a thuiscint mar 'the hero (hawk) of the great powerful horses.'

**16. Chraoibh Builtéar:** Tá an fhuaim /i:/ atá ag teastáil anso sa bhfocal *Craoibh* de réir riachtanais na meadarachta agus an focal le rá mar /xri:v'/ toisc go bhfuil an patrún [í – é] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne. Féach a bhfuil le rá faoin ainm seo sa nóta ar Craoch Builtéar ag **28**. 3 thuas. Tá sé suimiúil gurb é Crao(i)bh seachas Craoch atá scríte ag Piaras anso.

**Malairtí**:

1. bhroinghealuibh B 2. chrábhadh Chriostalach chruipinn-fholt chúmtha chaomh B 3. hÁth na Cishe AB 4. faoi am AB 5. bo dhéarsgnach B 6.fuingeamhuil AB 7. an mhánladh AB do fuine B na cCraoch B 8. oillte B 10. leam raé AB. [Scríofa in A idir 12 – 13: 'P.M.G. cct.'] 12. buille AB 13 na ccroidhe nneach A na ccruithneannach B 14. raobach AB / rathfarach AB 15. da fhithchid B / barranuibh AB 16. éigim 'sreaduim AB / Chraobh B.

## 30. Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain

Do theangmhaigh tráth me lánlag traochta
i motharaibh gleanna i bhfearannas Déiseach
is me go buartha, uaigneach, léanmhar
chum suain is codlata bhrostaigh mo néalta.

Dar liom gur thaistil im aicill an laoch san,
an Bráthair Seán ’na stráill gan aon rosc,
chomh dall le púca gan fiú an léine
bhán mar chleachtadh ag teagasc a thréada.

Do bhí sceon ’na ghnúis, bhí cnú in’ éadan,
ba déarach, atuirseach, easmailteach, craosach;
d’fhéach an raille ’s a theanga as a chraoschlab,
mar do bheadh tarbh ag alpadh ’s ag géimnigh.

Do cheapas im aigne preabadh go héasca
is druidim ’na dháil go dána taobh ris;
dubhart go bhfeaca a shamhailt le tréimhse
i bhfigiúir sagairt ag teagasc a thréada.

Nuair chrom sé ar fhreagra thabhairt dom bhréithre
d’éirigh stoirm lér crothadh na daorchnoic,
do dubhadh le annamhbhrat scamalach, Phoebus,
’s na táinte ag screadaigh le anaithe is baoghal.

Do bhrúcht an fharraige fhrasamhail, fhraochta,
tonnaibh ag siosma go cuisneamhail, craosach,
alltáin na farraige ag preabadh ’s ag pléascadh,
amhais is deamhain is céad dream nach léir dhom.

Do scinn as cúil nó cúinne smeirle,
scriosaire ciarbhuí is iarnaí géara
ina dhá chrobh ’s a chrot ba déistneach,
is colg nimhneach nimhe ar an bpéist dhubh.

Agus dubhairt le Seán, ‘A ghrá mo chléibhse,
is tu bhí uaim ’s ba suairc mo scéalta:
is fada me ag áitreabh stát is réim’ duit
i bhfochair na ríthe ’s na mbruinnealaibh craoschoirp.

Mo chabhair do-gheabhair ar m’anam go héasca
chum bheith i bhfochair gach posta acu is tréine
do rí na ríbhan dhingeadh eirleach
’s bhaineadh go damanta a gceannaibh don chléir chirt.

Ní ar feadh tamaill ná sealad gan éifeacht,
ach ar feadh an tsíoraíocht i mbriathríocht béithe,
fé mar chleachtais go heasmailteach, craosach
in aghaidh dhlí Pheadair lér scarais go héadtrom.

Pé faid do bheidh flaitheas i sealbh Mhic Dé ghil
ná an ghlóire mhilis gan time ag naomhaibh
ná diabhal in Ifreann ag fiuchadh ’s ag séideadh
beir ann treascartha, damanta i bpéinbhruid.

Beidh do cheann ’s do dhranndal créimthe
ag piastaí dubha ag brú id bhéalsa;
beidh do theanga dá shracadh ’s dá réabadh
ag madraí fiaigh an diabhail ’s ag faolchoin.

In inead an phóit id scornaigh chraosaigh,
imirt is ól is pógadh béithe,
beidh míle diabhal go pianmhar, saothrach
od thachtadh le peannaid ó scarais led chéile.

Máthair Íosa Críost do céasadh,
nar mhinic do chuiris-se cuisne dhá naomhfhuil
ag sileadh go dubhach led chionta, a mheirligh,
’sna flathais fá scamallaibh atuirse is géirchnead.

Ar nós an mhadra d’alpadh go saothrach
an t-aiseag do níodh gan mhoill go féastach;
is mar sin tú a thrú ag réabadh
’s ag damaint t’anama ar aiteas bheadh saolta.

Níor cheanglais páirt le Máire naofa
’s an t-aingeal do ghrádh thu is nár mar shéanais;
do scarais go brách le cáil na naomh glan
’s an tAifreann sámh mo chás mar réabais.

Do leanais-se lorg na mborbaibh céasta
’tá thíos romhat fá bhrón is daorchnead,
an t-ochtú Hanraí ’s a bhanríon taobh ris,
Anna damanta an bastard Boléna.

’S a hiníon scólta dóite i ndaorchnead,
Eilís, threascaradh eaglais naofa,
easpaig is sagairt is barrfhionnaibh maorga
do bhíodh ag cantain na psalm go séanmhar.

Do chífir Cromwell ’na stollaire céasta ann
gan trua do threascaradh seascad do chéadaibh;
dho naíonán, leanbh ná an seanduine aosta,
76 níor chorraigh a chroí chum saoirse dhéanamh.

Uilliam an prútach brúite in éagruith
is mar mhnaoi acartha aige Jane Seymour;
Éadbhard coirpe imeartha, traochta
80 is mise dhá dteagasc gan lagadh ar mo bhéalsa.

Do bhrí go rabhas-sa im Easpag ag déanamh
póstaí sultmhar’ go deimhin mar ghéilleadh
do Hanraí damanta, mallaithe an smeirle
84 nar mhinic do scaras ’s do cheanglas bé leis.

Do scaras leis ríoghain mhíonla, mhaorga
bheannaithe, mhnáúil lán do dhaonnacht
d’éis fiche bliain go rialta réimchirt
88 do bheith aige i ngradam go geanmnach, séanmhar.

Caitiríona díon na Cléire
ó Arragan suairc an tuaith ghlan aolta,
iníon álainn ámharach naofa
92 do rí na Spáinne dob ársa an éifeacht.

Is fíor gan ghlagar mo theastas gan bhréag dhuit,
do gheobhadh dearbhtha i Sacsan mo scéalta;
Tomás Cranmer dob ainm san saol dom:
96 dar ndóigh is aithnid mo theastas do chéadta.

Do bhíos tamall im bráthair chráifeach dhéarcach,
mar bhís-se, a dhallacáin, gearradh cnámha ’s créim ort,
gur chorraigh an diabhal go dian im chéadfa,
ag séanadh an Aifrinn, taitneamh Mhic Dé Ghil.

Tá lán-chuid bráithre ar láimh it éagmais
’s na mílte eiriceach teilgthe i ndaorbhroid
i dtaoibh creideamh na nApstal le easmailt do shéanadh,
i dtinte teo fá bhrón dá gcéasadh.

Pelagius tá, ’gus Arius claon ann,
Macedonius is Nestorius traochta,
Simon Magus tnáite ó shéideadh
fé choiribh fiuchta ’na bhfuilid na céadta.

Marcion tá, is Novatus daor ann,
Vigilantius, Fox is Morton créimthe,
Calvin, Luther is Bucer bréagach,
Barrett, Horn is lán nach léir dom.

Tá ann baineannach buileamhail, fraochda,
fíochmhar, feargach, mallaithe, céasta,
cása piostal aicise ’na caolchrobh
ag tabhairt na mionn go dteannfaidh piléar leo.

Ba seanmháthair tráth gan bhréag duit,
an diabhal bé buile seo ghriogadh ár gcléir chirt;
Grás Ósbar a hainm mun dearmad dhéinim,
i gCnoc an Leathair do mhaireadh i nDéiseach.

Beidh taobh leat Walsingham ghreadadh le daorchnead
Eaglais Íosa is a ríoghain naofa,
’s de dheascaibh a mheang an ceann gur réabadh
do bhanríon bheannaithe Alban aerach.

Ar dtriall chum baile go Acheron daor dhuit,
beir Pilib Ó Riain go tréan ar ghéag leat,
mar thú chuir brón ar órdaibh naofa,
ag séanadh taitneamh is teagasc na Cléire.

Mac Thaidhg na Coille mar chuideachta séid leat,
más gá leat bata maith b’annamh thu in’ éagmais;
roinn leo go haibidh é ’s geallaim gan bhréag dhuit,
nuair gheobhadsa thar geata iad go leanfadsa an pléascadh.

Beidh sibhse i bpianta diana daora
go damanta úr losgadh gan sosadh gan saoradh;
pé faid do bheid diabhail ag pianú a chéile
i dtaoibh úr masladh don eaglais naofa.

Mun gcaillfí ach tusa ba chuma créad é sin,
ach do shampla is eagal go leanfaidh go héasca
tuilleadh dhod shórt, a chóbaigh chaoch, bhoicht,
dul ar fiuchadh go hIfreann céasta.

Do scinnis ó Israel chaithiseach, naofa
go guitéar nimhe na Phillistines bréan dubh,
do thug tú scannail is masla ’s géarghoin
don ord bheannaithe ghlacais, a mheirligh.

Do rinnis neamhní do Chríost lér saoradh
clann Adam uile ó thurraing an daorbhrath’;
cé ghlacas do pháirt lá an bhráth’ nó déarfaidh
focal id cháil? Uch, gráin mo chléibh ort.’ Críoch.

Ceangal mar leanas

Nuair phreabas óm aisling ar maidin ’s me cloíte, tréith
’s do dhearcas an sagart ’s gur bhrathas go mb’fhíor gach scéal;
do ghreadas mo bhasa ar mhachnamh don scaoinse clé
bheith treascartha, damanta in Acheron sínte i bpéin.

Péinbhroid is léirscrios is sceimhle ar Sheán,
chuir cléir mhilis, naofa ag caoi ’na dheaghaidh,
níorbh fhéidir leis staonadh ón bhfíon ’s ó mhnáibh,
mar ghéilleadh dhá chraoschorp lér cloíodh a cháil.

Do cháil is danaid liom treascartha, a Phaoraigh úir,
’s mo lánchnead t’anamsa damanta i ndaorbhroid dubhach;
ar fán beir feasta ’s do bheartaibh dod dhaoradh a thrú,
an lá bheidh teastas do bheatha dá léaghadh id ghnúis.

Do ghnúis is doilbh liom torchartha i bpianta teo,
gan tnúth le fortacht ach stollta ag diabhail go deo,
chuir drúis is slogadh na ndeochanna an fiach so id dheoidh,
go dubhach id stollaire dhona fá iarsma bróin.

Brón is tinneas id ghoile le géarchnead dian
is tóir ó Ifreann cuirfidh do chréacht i bpian,
tug nuacht is siosma don chruinne ’s ar chléir chuir ciach,
le gleo ’gus buile ’gus sileadh na ndéar go fial.

Is fial ’s is aibidh bheidh Cerberus romhat gan moill,
go dian dod shracadh ’s dod ghearradh le fórsa ’s feidhm;
’s na diabhail nuair rachair tar gheata beidh sóch le meidhir,
172 ’s na pianta is damanta eatartha gheobhair go deimhin.

Ós deimhin gur scarais le taitneamh is ansacht Chríost,
led deighilt ó gheanmnacht thaitneamhaigh Augustine,
fill a pheacaigh ód dhamaint is meabhraigh caoin,
176 soilse is sealbh na bhflaitheas is greann na naoimh.

**Foinsí**: Maigh Nuad M 58 (a), 4 – 13 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Uí Chionnaola Cho. Chorcaí sa bhliain 1769 **(A)**; ARÉ 23 L 38 (304), 13 – 17 a scríobh Risteard Ó Muirriain i nDún Garbhán, Co. Phort Láirge c.1765–7 **(B)**; ARÉ 23 B 38 (30), 185 – 190 a scríobh Seán Ó Murchú i gCo. Loch Garman c. 1778 – 1789 **(C)**.

**Lámhscríbhinní eile**: ARÉ 23 L 5 (102), 1; 23 M 8 (305), 126; 23 C 13 (376), 157; 23 L 9 (551), 232; 23 C 21 (672), 223; 24 L 27 (813), 83; LNÉ G360, 155; G403, 201; G658, 39**;** Boston MS S 22, 2; Coláiste Naomh Mel ML 2, 5; Corcaigh T xvi, 100; C32, 84; C41, 26; Maigh Nuad M 10, 15 – 23 & 142 – 147; UCD F. 9, 107 – 114.

**In eagar cheana**: APMG: 78 – 85; Ó Cróinín (2009: 198 – 216).

**Meadaracht**:

1 – 148 Caoineadh / x x x é – /

149 – 176 Amhrán (le conchlann idir na véarsaí ar fad)

149 – 152 / – a – – a – – a – – í – é /

153 – 156 /* é – – é – – í – á /

157 – 160 / – á – a – – a – – é – ú /

161 – 164 / – ú – o – – o – – ia – ó /

165 – 168 / * ó – i – – i – – é – ia /

169 – 172 / – ia – a – – a – – ó – ai /

173 – 176 /* ai – a – – a – – a – í /

**Nótaí téacsúla:**

Aor nimhneach a scríobh Piaras ar Sheán Paor, col ceathar leis féin mar a tharla, toisc gur iompaigh sé óna bheith ina shagart Caitliceach chun a bheith ina mhinistéir Protastúnach sa bhliain 1763 mar is léir dúinn ó iontráil sna Convert Rolls (O'Byrne, 1981: 300) a luann gur iompaigh '[The] Rev. John Power, Tallow Co. Waterford' ó bheith ina shagart chun bheith ina mhinistéir i mí Feabhra na bliana san. Tá plé ar an dán so in Ó Cróinín (2009).

**1. theangmhaigh:** An focal le rá mar /haŋ'əvəg'/ agus an guta cúnta le clos go soiléir ar mhaithe leis an meadaracht toisc go bhfuil trí shiolla ag teastáil sa chéim seo den líne. Is mar sin a déarfaí an focal go nádúrtha pé scéal é.

**4/5. Dar liom gur thaistil im aicill an laoch san / an Bráthar Seán 'na stráill gan aon rosc:** Is é atá scríte isteach anso ag Piaras ná: *He was blind of one eye and the wicked poet thinks that he was all blind when he perverted.*

**5. im aicill:** Cóngarach dom, 'in my proximity.' Féach Ua Duinnín (s.v. *aicill* 'proximity').

**7 / 8. gan fiú an léine / bhán mar chleachtadh ag teagasc a thréada:** Tá sé spéisiúil go bhfuil an t-aonad céille seo 'léine bhán' ag síneadh thar dhá líne, rud ná fuil róchoitianta chomh fada agus is féidir liom a dhéanamh amach.

**19. do dubhadh le annamhbhrat scamallach Phoebus**: Is é 'do dúbhaidh le hanbheart scamallach, Phoébus' atá in eagrán an Fhoghludhaigh (APMG: 79) ach glacaim lena bhfuil ag Piaras féin anso. Dob fhéidir é a thuiscint mar seo a leanas: 'The sun (Phoebus) was darkened by an unusual / seldom-seen blanket of cloud'. Bheadh ciall leis na malairtí léamha anso, chomh maith: 'do dubhadh le hanfa go scamallach Phoebus.' Tá an foghar /eː/ sa chéad siolla den ainm Phoebus gan amhras: /feːbəs/. Dia na gréine ab ea Phoebus (nó Apollo) i miotaseolaíocht na Sean-Ghréige (féach Grimal, 1991: 351).

**23. alltáin na farraige**: Ainmhnithe allta na mara (seamonsters); míolta móra is dócha atá i gceist. 'Alltán na mara' a bhí ag an bhFoghludhach (APMG: 79) ach is léir gurb í an uimhir iolra atá ag teastáil anso. Míníonn Ó Conchúir (2009: 104) an focal mar 'a wild man' agus is léir ón líon beag sampla d'uimhir uatha an fhocail atá i g*Corpas na Gaeilge* gurb é a leithéid de chiall a bhí aige san ochtú haois déag. Féach, áfach, an sampla so as *Trompa na bhFlaitheas*: 'do bhrígh go lámhaigheann Dia iad amhail alltáin nó beathadhaig allta' (O'Rahilly, 1955: 126).

**25. cúinne**: Is é 'cúinge' atá scríte ag Piaras anso rud a léiríonn gurb í an fhuaim /ŋ/ atá aige ar 'n' dúbalta sa chás so. Cé gurb é an litriú céanna atá le feiscint sa dá phríomhfhoinse eile tá an litriú tugtha chun rialtachta agam anso ar mhaithe le soiléireacht.

**27. déistneach**: Tá dhá shiolla ag teastáil anso ar son na meadarachta ach trí cinn a bheadh ann dá nglacfaí leis an bhfoirm *déisdineach* i LS Phiarais. Tá deich gcinn de

shamplaí den bhfoirm seo *déistneach* le fáil i g*Corpas na Gaeilge* agus mar sin ní dócha go bhféadfaí foirm aonuaire a thabhairt uirthi ach foirm a oiriúnaíonn cúrsaí meadarachta ar uairibh. Féach, mar shampla, 'le dánacht donais go déistneach' (Ó Fiannachta, 1978:74) agus 'drannaire déistneach, danartha, daortha' (*ibid.:* 53).

**31. ag áitreabh stát is réim' duit**: Is é *ag áitriú* atá mar ainm briathartha ag an mbriathar *áitrigh* in FGB (s.v.) ach is é *áitreamh* atá sna LSÍ. Glacaim leis an bhfoirm a mholann Ua Duinnín (s.v. *áitreabhaim*) áit a bhfuil, suimiúil go leor, an líne chéanna so luaite mar shampla aige. Féach na samplaí seo a leanas: 'ag áitreabh an inid sin roimhe' (Ua Duinnín, 1902 (a): 142) agus 'ag áitreabh a tighe' (Ó Donnchadha, 1907: 353). D'aistreoinn an líne mar seo a leanas: 'occupying estates and authority for you.' Ginideach iolra is ea *stát* anso ach, más ea, níl an tarna hainmfhocal *réim* sa ghinideach uatha ag Piaras anso ar mhaithe le cúrsaí meadarachta toisc go bhfuil an patrún [é – ] ag teastáil ag deireadh na líne. Tá an ginideach curtha in iúl anso, más ea, le huaschamóg.

**32. i bhfochair na ríthe 's na mbruinnealaibh craoschoirp**: Is é an ginideach iolra atá againn sa dá ainmfhocal ar lorg *i bhfochair* anso cé gurb é foirceann an tabharthaigh iolra atá ag an tarna hainmfhocal díobh. Tá a leithéid seo coitianta go maith i bhfilíocht an 18ú haois. Féach Ó Mainnín (2007) mar le plé ar leathnú fhoirceann an tabharthaigh iolra sa Nua-Ghaeilge. Féach, chomh maith, an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**34**. **posta**: Is é a chiallaíonn an focal so de réir fhoclóir an Duinnínigh (Ua Duinnín s.v. *posta*) ná ' a chief, a sustainer.' Is léir ó na samplaí ar fad den bhfocal atá i g*Corpas na Gaeilge* go raibh an chiall so den bhfocal comónta go maith i bhfilíocht na hochtú haoise déag.

**35. do rí na ríbhan dhingeadh eirleach**: Is mar seo a leanas a thuigim an líne seo: 'of the king of queenly women who used to incite slaughter'. D'fhéadfaí é seo a thuiscint mar thagairt do Anraí VIII nó fiú amháin dá iníon Eilís I dá léifí an líne mar 'the monarch of queenly women …' (féach Ua Duinnín s.v. *rí* 'a a king, monarch, ruler … the principal

person or thing of a group'). Míníonn Ua Duinnín (s.v. *dingim*) an briathar anso mar 'I thrust, push, wedge, urge.' Is í foirm na LSe ná *dhínngeach* agus is léir ón bhfoirm seo gur ceart é a rá mar /γi:ŋɔx/ rud a shásaíonn riachtanais na meadarachta mar a bhfuil an dá fhuaim /i:/ ag teastáil i lár na líne. Dhein Ó Foghludha an fhoirm seo a leasú go 'do ghnidheadh' (APMG: 79) ach ní dócha gur gá aon leasú anso.

**38. ar feadh an tsíoraíocht**: Leanaim lámh Phiarais féin anso cé go mb'fhuirist an leasú a dhein Ó Foghludha (ibid., 79) a leanúint agus *ar feadh na síoraíocht'* a scríobh toisc go mbeimis ag súil leis an tuiseal ginideach uatha i ndiaidh an réamhfhocail chomhshuite *ar feadh* anso. Ach i dtaobh go bhfuil samplaí eile dona léithéid againn ó láimh Phiarais féin fágaim ann an fhoirm faoi mar atá sí sa lámhscríbhinn. Féach an nóta ag líne 49 agus féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta chomh maith.

**40. in aghaidh:** Is é *in agh* atá le léamh againn i LS Phiarais agus é le rá mar /in' ai/.

**40. Peadar:** Naomh Peadar atá i gceist anso.

**47. do theanga dá shracadh**: B'fhéidir go mbeadh súil agann le 'dá sracadh' anso ach leanaim nós stairiúil an tséimhithe atá beo i gcónaí i gCúige Mumhan .i. nuair a bhaintear úsáid chéasta as ainm briathartha séimhítear túschonsan an ainm briathartha is cuma cén inscne atá ag an ainmfhocal, bíodh sé san uimhir uatha nó san uimhir iolra (féach Ua Súilleabháin, 1994: 524).

**48. ag faolchoin:** Foirm an ainmnigh iolra den bhfocal *faolchú* atá anso againn. Is ionann é seo agus foirm an tabharthaigh uatha ach is léir ón gcomhthéacs, dar liom, gurb é an t-ainmneach iolra atá ann. Féach Ua Duinnín (s.v. *faolchú*). Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

49. **In inead an phóit**: Cloím lena bhfuil againn i láimh Phiarais féin anso cé go mb'fhuirist aithris a dhéanamh ar an leasú a dhein Ó Foghludha (APMG:80) agus *i n-*

*ionad na póite'* a scríobh toisc go mbeimis ag súil leis an tuiseal ginideach uatha i ndiaidh an réamhfhocail chomhshuite *in inead* anso. Ach i dtaobh go bhfuil samplaí eile dona léithéid seo againn ó láimh Phiarais féin fágaim ann an fhoirm faoi mar atá sí sa lámhscríbhinn. Féach chomh maith an nóta ag líne 38 thuas agus an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**54/5. nar mhinic do chuiris-se cuisne dhá naomhfhuil ag sileadh go dubhach led chionta …** : Cé gur *cuisle* atá sna LSÍ eile ar fad *cuisne* atá scríte go soiléir ag Piaras ina LS féin. 'Ice' nó 'icicle' a chiallaíonn an focal so de réir dealraimh (DIL s.v. *cuisne* col. 604. 50 – 55 sgéal na gcuisneadh … / a n-adhaint … gan teinidh 'the icicles blazing.'). B'fhéidir gur féidir é a thuiscint mar 'a pure drop' nó a leithéid sa chomhthéacs so. Leanann Ó Foghludha léamh LS Phiarais chomh maith: 'cuisne d'á naomh-shúil' (APMG: 80), ach níl 'naomh-shúil' ag teacht le fianaise na LSÍ in aon chor: *naomh(fh)uil* atá iontu ar fad. Ní foláir, mar sin, glacadh leis an léamh so thuas agus é a thuiscint mar 'an icicle / a pure drop of whose holy blood you often caused to flow because of your sins.' Mar leis an bhfoirm *nar* ag tosach na líne (LS *nur*) ní foláir é seo a thuiscint mar *i* (mar mhír choibhneasta) agus copail na haimsire caite = *gur* (féach Bergin, 1930: xxiii). Féach, chomh maith, an nóta ag líne 84 thíos.

**58. gan moill**: Is é *gan madhail* atá scríte ag Piaras anso rud a bheadh ag teacht le teacht le canúint oirthear Chorcaí agus na nDéise: /mail'/. Toisc go bhfuil an foghar /i:/ ag teastáil anso chun comhfhuaim a dhéanamh le 'níodh' cloím leis an ngnáthlitriú.

**58/59. an t-aiseag do níodh gan mhoill go féastach; / is mar sin tú a thrú ag réabadh:** Tá an méid seo ag Piaras ar imeall na LSe ag deireadh líne 59: *Naturam expelles forca licet usque tecum* [séanann tú an nádúir cé go dtugtar rogha dhuitse, fiú].

**60. ar aiteas bheadh saolta**: Dhein Ó Foghludha míléamh air seo agus is é 'aiteas bheag saoghalta'atá le léamh ina eagránsan dá bharr san (APMG: 80). Is léir gur *bheadh* atá sa LS agus tá an chiall atá leis, 'for pleasure which would be worldly' soiléir dar liom.

**61. Máire naofa:** Is dócha gur *Muire naofa* atá i gceist anso ach go soláthraíonn an t-ainm pearsanta *Máire* an fhuaim /a:/ atá ag teastáil i lár na líne do riachtanais na meadarachta mar a ndeineann *páirt* agus *Máire* comhfhuaim lena chéile.

**62 's an t-aingeal do ghrádh thu:** Is í an aimsir ghnáthchaite, 3ú pearsa uatha atá anso: 'and the angel who used to love you.'

**67. an t-ochtú Hanraí**: Anraí VIII, Rí Shasana. Tá na focail *Harry ye 8th* scríte isteach i ndiaidh na líne seo ag Piaras ina LS féin. Féach leis an nóta ar líne 35.

**68. Anna Boléna**: Ann Boleyn, Banríon Shasana agus duine den seisear céilí a bhí ag Anraí VIII atá i gceist anso. Tá an foghar /e:/ ag teastáil sa sloinne seo ar son na meadarachta agus é le rá mar /bo:le:nə/ dá bharr faoi mar is léir ón litriú anso. Tá *Ann Bolen* scríte isteach ag Piaras in aice leis an líne seo ina LS féin.

**69.** Is mar seo atá línte 69 - 72 in B & C:

Sí an Ríon mhaslach so Anna Bolena,
Máthair na striapaí is dian gníodh eirleach,
Ar easpaig is sagairt is barrfhionnaibh maorga,
Do bhíodh ag cantain na psalm go séanmhar.

**70. Eilís**: Is d'Eilís I, banríon Shasana, atáthar ag tagairt anso agus tá na focail *Queen Eliz* scríte isteach ag Piaras tar éis na líne seo ina LS féin mar chruthú air seo.

**71. easpaig is sagairt is barrfhionnaibh maorga**: Is é atá scríte isteach ag Piaras anso ná *Nuns put to death by her*. Tá an fhuaim /a/ ag teastáil i dtosach an fhocail 'barrfhionnaibh' anso seachas /a:/ ar mhaithe leis an meadaracht.

**73. Cromwell**: Is dócha gurb é seo Thomas Cromwell, príomh-aire Anraí VIII (c. 1485 – 1540) atá á lua anso má tá Piaras ag cloí le hord cróineolaíoch na staire. Ní dócha gurb é Oilver Cromwell (1559 – 1658), tiarna cosantóra Shasana, Alban agus Éireann ó 1653 go 1658, atá i gceist. Féach, áfach, an nóta ar líne 77 thíos mar a bhfuilimid tagtha chomh fada le deireadh na seachtú haoise déag is cosúil.

**77. Uilliam an prútach brúite in éagruith:** Is d' Uilliam Oráiste (1650 - 1702), a bhí ina rí ar Éirinn agus ar Shasana ó 1689 go dtí gur éag sé, atáthar ag déanamh tagartha anso faoi mar a thugann an ghluais i mBéarla ó pheann Phiarais ar imeall an leathanaigh le fios dúinn: *nó The Glorious King William who banished padreens and wooden shoes thank God.* Tá an focal *prútach* spéisiúil. Níl ach aon tagairt amháin don bhfocal so i g*Corpas na Gaeilge* agus is as eagrán an Fhoghludhaigh den dán so a thagann sé sin. Is léir go dtagann an focal ón bhfocal Béarla *brute* agus cé go bhfuil sé shampla den bhfocal *brútach* le fáil san áit chéanna ní hann don leagan san den bhfocal i bhfoclóir an Duinnínigh. Tá na foirmeacha *brúta* agus *brútach* in FGB (s.v.) chomh maith le *prútach*. Mar leis an bhfoirm *éagruith* anso is léir gurb í seo an tuiseal tabharthach firinscneach uatha den bhfocal *éagruth* (féach Ua Duinnín s.v. *éagcruth* 'wretchedness' agus FGB s.v. *éagruth* 'deformity, disfigurement, state of decay). Tá dhá shampla de *in éagcruith* agus sampla amháin de *in éagruith* le fáil i g*Corpas na Gaeilge*. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**78. Jane Seymour**: Jane Seymour, Banríon Shasana agus duine den seisear céilí a bhí ag Anraí VIII atá i gceist anso. Tá an sloinne le rá leis an bhfoghar /e:/ ar son na meadarachta: /se:mo:r/.

**78. acartha**: Is é 'acarach (tidy, nice, adept)' atá ag an bhFoghludhach (APMG: 81, 115) anso ach is fearr a oireann an míniú 'convenient, useful' don bhfoirm *acrach* in Ua Duinnín (s.v. *acrach*). Is é *mar mhnaoi acaraigh* atá in 23 M 8, 23 C 21 agus 23 L 23, ach glacaim le foirm Phiarais anso (*eacartha* atá sa LS) mar sin féin. Tá dhá shampla den bhfoirm seo le fáil i g*Corpas na Gaeilge*, ceann acu a thagann ó dhán le Seán Ó Tuama:

*Do dhéanfadh easna dhe béile sagairt ar baiste nó ar pósadh / cé chaill a acfuinn do dhéanfadh acartha i measc na gcomhursan.*

**79. Éadbhard coirpe imeartha**: Is é *iomartha* atá sa LS ag Piaras agus leanaim Ó Foghludha (APMG: 81) leis an leasú atá déanta anso agam. 'Played out' nó 'exhausted', is dócha, atá i gceist (féach Ua Duinnín s.v. *imeartha*). Ní foláir nó gurb é Rí Shasana, Éadbhard VI, mac le hAnraí agus Jane Seymour, atá i gceist faoi mar a léiríonn gluais Phiarais ar imeall na LSe anso: *King Edward*. Tagann sé seo leis an míniú atá tugtha ar an bhfocal *imeartha* anso chomh maith toisc go raibh drochshláinte ar Éadbhard VI ar feadh a shaoil. Tá an focal *coirpe* le rá mar /kir'əp'ə/ leis an nguta cúnta le clos go soiléir ar mhaithe leis an meadaracht toisc trí shiolla a bheith ag teastáil sa chéim seo den líne. Is mar sin a déarfaí an focal go nádúrtha pé scéal é.

**81. Do bhrí go rabhas-sa im Easpag:** Nóta ag Piaras i ndiaidh na líne seo: *Thomas Cranmer, Archbishop of Cantebury*. Luaitear Cranmer as a ainm ag líne 95 thíos.

**82. póstaí sultmhar' go deimhin mar ghéilleadh:** Tá fadhb sa líne seo sa tslí is ná fuil an patrún comhfhuaime ann fé mar ba cheart. Ní féidir a rá go bhfuil comhfhuaim idir *sultmhar'* /u/ agus *deimhin* /ai/ anso.

**84. nar mhinic do scaras 's do cheanglas bé leis**: Is mar 'so that it was often that I seperated and married a woman from and to him' a thuigim an líne seo. Ní foláir an fhoirm *nar* ag tosach na líne (LS *nur*) a thuiscint mar *i* (ag feidhmiú mar mhír choibhneasta) agus foirm na copaile san aimsir chaite = *gur* (féach Bergin, 1930: xxiii agus féach, chomh maith, an nóta ag líne 54 thuas). Féach an nóta seo ag Piaras ar imeall na LS: *Cranmer divorced Queen Catherine of Arragan from rampant Harry*.

**87. d'éis fiche bliain go rialta réimchirt:** D'fhéadfaí é seo a thuiscint mar 'after twenty years of orderly, just rule.' Mar le *réimchirt*, is í foirm an ghinidigh uatha de 'réimcheart' (féach Ua Duinnín s.v. *réim-* , *réimcheart*) atá anso agus feidhm aidiachta aici anso.

**89. Caitiríona**: Catherine of Aragon, Banríon Shasana agus duine den seisear céilí a bhí ag Anraí VIII atá i gceist anso. Féach thuas an nóta ag líne 84 mar leis an méid atá scríte ag Piaras ar imeall a LS féin anso. Tá an ainm le rá le ceithre shiolla ar mhaithe leis an meadaracht mar a thaispeánann an litriú.

**94. do gheobhadh dearbhtha i Sacsan mo scéalta:** Is é 'do gheobhfá' atá ag an bhFoghludhach (APMG: 81) ach is cóngaraí *do gheobhadh* dona bhfuil scríte ag Piaras anso (*do geobhtheadh*) agus oireann sé go breá don chomhthéacs agus do chiall na líne. Is féidir an líne a thuiscint mar 'my stories would find proofs/verifications in England.' Mar leis an bhfoirm *dearbhtha* ní foláir glacadh leis mar an tuiseal cuspóireach iolra den bhfocal dearbhadh 'a proof' (féach Ua Duinnín s.v. *dearbhadh*, *dearbhughadh*).

**95. Thomas Cranmer**: Bhí Thomas Cranmer (1488 – 1556) ina Ardeaspag i gCanterbury agus ba dhuine de cheannairí an Reifirméisin i Sasana é chomh maith.

**98. cnámha**: Tá an fhoirm seo ceart mar leagan malartach den ghinideach iolra dar le FGB (s.v. *cnámh*). Tréaniolra *cnámha* atá ag an bhfocal de réir fhoclóir Uí Dhuinnín (Ua Duinnín s.v. *cnámh*).

**105**. **Pelagius**: Manach a mhair sa Róimh sa chúigiú haois. Shéan sé go raibh a leithéid de rud is 'peaca na sinsear' ann agus fógraíodh ina eiriceach é (féach NCE II: 60 – 63).

**105**. **Árius**: Sagart a mhair san Éigipt sa tríú haois agus a fógraíodh ina eiriceach de bharr a chuid teagaisc ab ea Arius (féach NCE I: 685 – 686). Tá an guta fada /a:/ ag teastáil i dtosach an fhocail don mheadaracht agus sin é faoi ndeara an litriú seo.

**106. Macedonius**: Easpag ar Chathair Chonstaintín sa cheathrú haois ab ea é seo. Chuir sé tús le seict eiriciúil a dtugtaí na Macadónaigh orthu (féach NCE IX: 16).

**106**. **Nestorius**: Easpag ar Chathair Chonstaintín sa chúigiú haois ab ea an luatheiriceach so (féach NCE X: 254).

**107**. **Simon Magus**: an chéad eiriceach de réir thraidisiún na luath-Chríostaíochta (féach NCE XIII: 130 – 131).

**109**. **Marcion**: Diagaire a mhair sa tarna haois agus a coinnealbhádh (féach NCE IX: 142 – 143).

**109**. **Novátus**: Naomh de chuid na luath-Chríostaíochta a mhair sa tarna haois ab ea Novatus. B'fhéidir gurbh é Novatian, an t-eiriceach ón triú haois, a bhí i gceist ag Piaras (féach NCE X: 464 – 465). Tá an guta fada /a:/ ag teastáil i lár an fhocail don mheadaracht agus sin é faoi ndeara an litriú so.

**110.Vigilantius:** Mar le cuntas ar an sagart eiriciúil seo a saolaíodh sa bhFrainc c. 370 féach Cross & Livingstone, 1983: 1440 – 41.

**110. Fox:** B'fhéidir gurbh é an té a bhí i gceist ag Piaras anso ná John Foxe (1517 – 1587) a scríobh an martarlaig cáiliúil 'Foxe's Book of Martyrs' ar shaothar tábhachtach de chuid Reifirméisin Shasana a bhí ann. Féach an cur síos ar Foxe in NCE V: 838 – 9.

**110. Morton:** Ní fheadar ná gurb é John Morton a bhí ina Ardeaspag Canterbury sa 15ú haois déag atá i gceist ag Piaras le 'Morton' anso ach, más ea, nílim siúrálta cén chúis a bhí ag Piaras air (féach NCE IX: 905).

**111. Calvin, Luther is Bucer bréagach:** Tagairtí anso do thriúr diagairí cáiliúla ó aimsir an Reifirméisin: Martin Luther (1483 – 1546) an diagaire ba thábhachtaí agus ba chonspóidí in aimsir an Reifirméisin Phrotastúnaigh sa Ghearmáin; Jean Calvin (1509 – 1564) an Francach a chuir tús leis an gCailvíneachas; Martin Bucer, (1491 – 1551) duine de lucht leanúna Luther ar dhiagaire cáiliúil ab ea é féin.

**112. Barrett, Horn is lán nach léir dom:** Ní fios cé atá i gceist anso ach b'fhéidir gur bhain an bheirt seo, Barrett agus Horn, leis na nua-uaisle a bhí suas i gCúige Mumhan in aimsir Phiarais agus, mar sin, gur bheirt a bhí iontu ná raibh aon rómheas ag Piaras orthu.

**117.** Is mar seo atá línte 117 – 120 in B agus ainm 'Gráis Osber' scríte ar imeall an leathanaigh.

> Máthair t'athar do ghéabhair bheith taobh riot,
> Do bhrí go ngreadach go heasmuilteach cléir cheart,
> Bhíodh cása piostal aici na caolchrobh,
> Ag tabhairt na mbeann go dteannfadh p'léir leo.

**119. mun**: = muna. Féach Ua Duinnín (s.v. *mun*) mar a ndeireann sé gur leagan fileata de *muna* atá sa bhfoirm seo.

**119. Grás Ósbar:** Ba í seo seanmháthair Phiarais, de réir dealraimh. Tá an nóta seo ag Piaras ar imeall na LS: *Note, this female was Grace Osborn. She at the time of her husband Pierce Power being on his deathbed cock'd a pistol at the Popish priest that attempted going to him at his earnest request. She chose that he should die like a beast, and I think she was right, rather than as a Papist.*

**120**. **i gCnoc an Leathair do mhaireadh i nDéiseach:** Sid é an leagan den logainm seo atá ag Piaras ina LS féin agus cé gurb é an leagan oifigiúil sa lá atá inniu ann ná *Cnoc an Leathara* cloím le leagan an fhile anso toisc go bhfuil fianaise i dtaifid chartlainne an Bhrainse Logainmneacha gurbh ann don leagan so in aimsir Phiarais féin (féach http://www.logainm.ie/49906.aspx, ceadaithe 1 Marta 2012). Is é *Cnoc an Leatharaigh* atá ag Ó Foghludha (APMG: 82). Tá an ghluais shearbhasach Laidine seo scríte isteach ag Piaras anso: *Mala arbor, malas fructus feret* [drochthorthaí a fhásann ar dhroch-chrann]. Ní gá ach féachaint ar an ngluais eile aige ag líne 119 thuas chun a bhfuil á rá aige anso a thuiscint. Tá an fhoirm *i nDéiseach* suimiúil chomh maith sa mhéid is go

mbeimíst ag súil le *sna Déise*, foirm ná cuirfeadh isteach ar an meadaracht. Tá an fhoirm chéanna ag Piaras sa cheannscríbhinn (féach thíos) a théann leis an dán so, rud a thabharfadh le fios gur foirm chomónta aige féin í.

**121**. **Walsingham**: Francis Walsingham (1532 – 1590). Ardrúnaí agus ardspiaire Eilís I ab ea é seo. Tá nóta eolgaiseach Phiarais ar imeall an leathanaigh suimiúil go maith: *a great persecutor of popish priests & chief justice in [the] case of Queen Mary of Scots being beheaded. I like [t]his notion*.

**123. de dheascaibh a mheang:** Bheadh súil againn leis an tuiseal ginideach uatha anso tar éis an réamhfhocail chomhshuite anso .i. *de dheascaibh an mheanga / na meinge* (féach Ua Duinnín s.v. *meang* ar féidir leis a bheith firinscneach nó baininscneach) ach faoi mar atá feicthe againn ag ll. 38 agus 49 thuas is cosúil go raibh Piaras beag beann ar rialacha gramadaí den saghas seo nuair nár oireadar do mheadarachtaí a chuid dánta. Dá mba fhirinscneach aige an focal *meang* ní chuirfeadh *de dheascaibh a mheang'* isteach ar an meadaracht in aon chor. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**125**. **Acheron**: Abhainn in iarthuaisceart na Gréige. Chreidtí gur fho-abhainn den abhainn mhiotasach an Styx ab ea í agus go dtógadh sí na mairbh isteach go Hades (féach Grimal, 1991: 5).

**126**. **beir Pilib Ó Riain go tréan ar ghéag leat:** Agaisitíneach eile a d'iompaigh ina Phrotastúnach. Tá an Rev. Philip Ryan a raibh seoladh aige i Lios Mór luaite sna Convert Rolls (O'Byrne, 1981: 300) agus dealraíonn sé gur iompaigh sé a chóta ar an 17 Samhain 1761 gan ach cúpla bliain roimh an té atá á aoradh sa dán so. Caitear an focal *tréan* anso a rá le défhoghar mar /ia/ d'fhonn comhfhuaim a dhéanamh le *Riain*.

**129**. **Mac Thaidhg na Coille**: William Connors ab ainm don bhfear eile seo a d'iompaigh ina Phrotastúnach, dar le Piaras. Is é atá le rá ag Piaras mar gheall air i nóta ar imeall na LSe ná: *William Conners another of ye same order who did the like, a sweet child.* Níl éinne den ainm seo luaite sna Convert Rolls agus níor éirigh liom teacht ar aon

tagairt eile don duine seo. Tá an méid seo le rá ina thaobh in ARÉ 23 B38 (30) , 189 (foinse 'B' thuas): *'William O Conner an Augustinian fryer and now a new minister in the county of Cork.'*

**129**. **mar chuideachta séid**: Is é an tuiseal ginideach uatha den bhfocal 'séad' (Ua Duinnín s.v. *séad* 'an article of value … a jewel' 1072)' atá anso againn agus, mar sin, d'fhéadfaí an frása a thuiscint mar 'as most excellent (valuable) company'. Dá nglacfaí leis an gciall eile atá ag 'séad' de réir Fhoclóir Uí Dhuinnín (Ua Duinnín s.v. *séad* 'a track, a path, a course') d'fhéadfaí é a thuiscint mar 'company for the road' ciall a oireann níos fearr don chomhthéacs.

**130**. **más gá leat**: Is é *más gabhadh leat* atá ag Piaras ina LS féin agus cé go mb'fhéidir go mbeadh súil ag duine le *más gá dhuit* (rud a thabharfadh na léamha in B agus C anso) braithim ná fuil aon deacracht leis an léamh seo agus níor dheineas aon athrú air dá réir sin.

**135. do bheid diabhail**: Is é *do bheid* atá ag Piaras é féin anso agus toisc go bhfuil an léamh chéanna in LS B (*a bheid diabhail*) bheartaíos ar an bhfoirm seo a choimeád cé gurbh fhuirist an 3ú pearsa uatha den bhriathar a sholáthar. Ní rómhinic a chloistear an 3ú pearsa iolra de bhriathar le hainmfhocal iolra i gcanúintí na Mumhan sa lá atá inniu ann agus nuair a bhíonn an fhoirm seo le clos is roimh an bhforainm *siad* a bhíonn sí san aimsir láithreach nó san aimsir fháistineach (féach Ua Súilleabháin, 1994: 515). Mar sin féin níor dheacair dúinn a leithéid seo a shamhlú in aimsir Phiarais agus tugann *Corpas na Gaeilge* raidhse samplaí dúinn dona leithéid ón 17ú agus ón 18ú haois. Ní fhéadfaí é a rá, áfach, gur gnáthnós é seo ag Piaras. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**137. Mun gcaillfí ach tusa ba chuma créad é sin:** Tá nóta ag Piaras i ndiaidh na líne seo ar imeall na LSe mar seo a leanas: *Non vis miser perire solus sed ut alii tecum pereant vehementer interis* [ní theastaíonn uait éagadh i d'aonar go hainniseach agus

deineann tú deimhin de go n-éagann daoine eile i do theannta]. Mar leis an bhfoirm *mun* féach ar an nóta ag líne 119.

**141 – 142. Do scinnis ó Israel chaithiseach, naofa / go guitéar nimhe na Phillistines bréan dubh:** ‘You fled from delightful, sacred Israel to the poisonous gutter of the dark rotten Philistines.’

**157. a Phaoraigh úir**: Is é a chiallaíonn an aidiacht so *úr* ná ‘bad’ dar leis an Duinníneach (s.v.) agus ‘evil’ dar leis an DIL (s.v. úr). B’fhéidir gurb é an tarna ciall a bhí i gceist ag Piaras anso.

**167. nuacht**: Tá an focal áirithe seo le fuaimniú mar /no:xt/ anso ar son na meadarachta mar a bhfuil an fhuaim /o:/ ag teastáil sa chéad chéim den líne.

**169**. **romhat gan mhoill**: Tá an défhoghar /ai/ ag teastáil sa bhfocal so ar son na meadarachta agus é le fuaimniú mar /vail'/ faoi mar a thugann ‘mhadhail’ na LSe le fios. Tá sé suimiúil gurb í an fhoirm seo *madhail* a scríobhann Piaras is cuma cé acu an fhuaim /i:/ nó /ai/ atá ag teastáil. Féach chomh maith an nóta ar líne 58 thuas. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**169**. **Cerberus**: Cú miotasach Hades a raibh trí cheann air agus corp nathrach. Tá fadhb leis an meadaracht anso toisc gurb é an foghar /a/ a theastaíonn sa chéad siolla den ainm, rud ná fuil ag teacht leis an litriú. Féach Grimal, 1991: 91 – 92.

**173**. **Augustine**: An foghar /i:/ ag teastáil ag deireadh na líne. Féach gur ‘Auguistín’ atá ag an bhFoghludhach (APMG: 85). Is é Naomh Agaistín, an fealsamh agus an diagaire cáiliúil atá i gceist anso.

**174**. **geanmnacht**: Is cosúil gurb ionann é seo agus an focal *geanmnaíocht*. Níl aon sampla eile den bhfoirm seo le fáil i g*Corpas na Gaeilge* áfach. Tá sé le rá le trí shiolla mar /g'anəmnəxt/ ar son riachtanais na meadarachta.

**175. fill**: An défhoghar /ai/ ag teastáil sa bhfocal so ar son na meadarachta agus é le fuaimniú mar /f'ail'/ faoi mar a thugann *feidhil* na LSe le fios.

**175. is meabhraigh caoin:** Is í an fhuaim /a/ atá ag teastáil sa bhriathar *meabhraigh* /m'avrəg/ anso seachas an défhoghar /au/ a bheadh ann go nádúrtha toisc go bhfuil an patrún [a – í] ag teastáil ag deireadh na líne.

**176**. **soilse**: An défhoghar /ai/ ag teastáil sa bhfocal so ar son na meadarachta agus é le fuaimniú mar /sail's'ə/ faoi mar a thugann *soidhilse* na LSe le fios.

**176. greann na naoimh**: Bheadh súil againn le ginideach iolra seachas ainmneach iolra anso ach tá an foghar /i:/ ag teastáil ag deireadh na líne ar son na meadarachta agus mar sin tá ainmneach iolra thar ceann an ghinidigh iolra anso againn. Tá an fhuaim /a/ ag teastáil sa bhfocal *greann* /g'r'an/. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**Véarsaí Breise in Eagrán Uí Fhoghludha**:

Tá ceithre véarsa breise (feartlaoi) in eagrán Uí Fhoghludha mar a mhíníonn sé féin: 'I have this poem also from the recitation of my father: says he learned it from his uncle, who recited it twice for him. Only this spoken version gives the feartlaoi of four stanzas (APMG: 112).' Sid iad na véarsaí ón leagan béil seo díreach faoi mar atáid leagtha amach in eagrán Uí Fhoghludha (APMG: 85):

Feart-laoi

Níor Phaorach thu acht sméirle de bhodach gan sult,
ghaibh taobh le sna hÉireannaigh is d'fhág iad annsoin,
nuair bheidh Léasarus go haerach ag déanamh suilt,
beir ad' thréigean gan faoiseamh in Ifrionn dubh.

Níor shagart thu acht spreallaire d’iompuigh brat,
Thug an tAifreann ar radaireacht is ar phógadh ban;
nuair bheidh eagluis go meanmnach ag Dia mór geal,
beidh t’anamsa go hacarach ar theintibh cheap.

Ní caoch a bhí an Paorach cé gur bh’fhada é gan súil,
gur thréig sé éide & beatha an Úird,
gur ghéill sé do mhéirligh, lucht meisce is púit,
is beidh a chraoschorp á ghléasadh ’bhfochair Chailbhin ’s a bhrúid.

Is fuiris aithne nách don mbeannuightheacht gheineadh an bhean,
mar gurbh í an mhalluightheacht fé ndeara dhi an t-ubhall do bhlas,
cá’r mheasa soin ’ná sagart a chaitheadh gúna & brat,
is do stracfadh mar gach Sasanach Dia hAoine an mart?

**Ceannscríbhinn i mBéarla (in A amháin)**

The following bitter severe satyr wrote for John Power, commonly called Sullivan, who was an Augustinian and Pastor of the parishes of Tallow in the County of Waterford, in derrision for his denouncing of the Apostolick Faith and becomeing a Parson of the reformed church.

**Ceannscríbhinn Ghaeilge in A**

Aislinn do rinn Baothlach Mheic Críobhthuin Mhic Fheidhlim Uí Sheachnasa do cSheaghan Dall Uí Shúilleamháin .i. Seán Mac Phiarais Paor Bhaile Uí Chadhain a nDéiseach, bráthair baoth bréun d’Ord St. Augustine, do threig & do tharcaisnicc an tOrd

riaghalta rathfar beannaighthe iona raibh sé, & tá innis ’na mhinisteir fá ghúna dhubh ’s gurb faide saoghal an ghúna ná saoghal an mhinistéir.

**Ceannscríbhinn Ghaeilge in B**

Aisling Bheolthaig Mhac Criobhth… Mhac Sheain Uí Sheachanasa air Shean Dall aon tSuilliomháin brathair brean baoth borb leathruisg d’órd Neamh Augustine.

**Ceannscríbhinn Ghaeilge in C**

Aisling Bhaoltaig mhic Críomhtuin mhic Fheidhlim mhic chShéadhain Í Sheachnasa air chShéadhain Dall aon tSuilliobháin .i. bráthair bréan baoth borb leathruisg d’órd Naomh Augustine do thréig go heasmuillteach an tórd riaghalta réimcheart rathmhar naomhtha iona raibh sé, agus atá anios na mhinistir fá ghunna dhubh.

**Iarscríbhinní in A**

Sic Transit Gloria Mundi, soli Deo Gloria.

Tá an sgribhinneoir dá iarruig mar athchuingidhe ar gach naon do leighfios an saothar so an bhráthair iarruig air an ttrionoid rainnt don ghloire shioruidhe thabhairt dá sheirbhiseach dileas go heag, Piaras Mac Gearailt, Ard Shirriam Leithe Moghadh.

Any person that will discover the infamous malicious and vile poet that has been the author of ye above notorius libel being contrary to law & in oposition and derision to our social and glorious reformation shall be payd by the members of the Irish Poetical Clubb at their next sessions and social meeting at Baile Uí Bhuirnidh or on the Rock of Cashel on the thirty first day of February next old style, the sum of five hundred guineas.

Feargusa Ó Fionnuala,

Maolruanad Ó Mulchaha,
Seanachán Ó Sionuig.

**Malairtí**:

1. do theangamhuicc tráth me A do thangabhaig tráth is me B do theangamuigh tráth me 2. a motharruibh A a mbotharaibh B a mótharuibh C / a bhfearranas A a bhfarantas B a bhfearantuis C Déasach B 4. codalta AB codlata C / néaltadh B. 5. thaisdil am aicil A dar loum gur thaisdal am aicil B thaisdil am aice C / an laoch san A sin BC 6. Seaghan A Sea*dha*n B Seadhan C / riosg B 7. chomh dabhal B / an léini A gan fuigh na léan*adh* B na léine C / 9. bhí BC 10. budh dheórach B budh deórach C / eatuirseach A / créasach B 11. railleadh B raile C 12. tarramh A do bheach taramh B do bheith tarbh C / ag alpa AB aig alpa C / aigéimnicc A a geamnach B aig géimnigh C 13. am aigine A am aign*idh* B / go haosga B 14. dridim A do dhridis da spas go dána taobh ris B 15 dubhairt B dúbhairt C / tréamhsi B tréimhsi C 16 a bhfoghuir C / a tagasg B 17. anuair C / chroum B / 18. stuirim B stuirm C lear AB leir chreitheadar daorchnoic C 19. do dubhag le annamhbhrat sgamalach Phoebus A is do dubhadh le thanafadh go sgamalach Phebus B do dúbhaig le hannfadh go sgamalach Phoebus C 20. a sgreaduicc le annaighthe A a sgreadaigh le hanaighthe B a sgreada le anaighthe C 21. freasamhuil B / fraochda AC faorthach B / **a soumsam?? B** / amhaltain na farage **B** alltain na fairge C pleasga AB pleasgadh B 24. nach léar dhum A nach léir dham BC 25. cúinge A as cúinge éigin B cúinge éigin C 27. iona A fionna air a chorp BC / sa chrot AC sa chruit B / budh déisdineach AC budh dhéisdanach B / 28 do bhí ar a sméarladh B ar an sméirle C 29. dubhairt A**B?** dúbhairt C / Seaghan A Sea*dha*n B Seadhan C ghrádh ABC mo chliabhsi B / 30. bhoúm B / ’s budh suairc mo sgéalta A ’sos suairc mo sgéal duit B ’sas suairc mo sgéalta / 31. áitreamh ABC. stáit BC 32. a bhfochair na righthe do mhilleadh an chléar chart B a bhfochair na ríghthe do mhíll an chléir chirt C. 33. mo chabhair do ghéabhair air mhanainn go haosga A mo chabhair do ghéabhar is m’anam go théasg*adh* B mo chabhair do ghéabhair air manm go héisge C 34. gach posta aco is tréini A gach postuighe aco is tréan*adh* B / gach

posta aco is tréine C 35. rígh na ríghbhean AC rígh na riogbhan B / dhínngeach éirleach A dheingeach éarlach B ngeigeach eirleach 36. bhainneach A ’s a bhuaint B bhaineach C 37. éafacht B 38. ar feadh an tsíoruigheacht A ar fadh na sioríocht B ar feadh na síorruigheacht C / abaruist? beatha B / 39. mar chleaschach go theasmuiltheach B fá mar chleachtuis C 40. an agh dhlighe Pheadair lear AB an aghaidh dlighe Pheadair léar sgarais C a mhéarluig B a sméirlig C 41. bé fad C / do bheig AC / 42. aige naomhaibh A B age naomhuibh C 43. air fucha sa ar seideadh AB ? C 44. damannta C 46. aig piastuídhe AC / a brúth A aig bruith B aig brúth C / 47. dá shraca ’s dá raobadh A dhá réabadh B dá shraca is dá raoba C 48. an innead an phóit AB an ionad na póite C 52. ad sgornuicc chraosaicc A ad sgornach chraosach B ad sgornuig chraosuigh C ad thachta A **B?** ad thachtadh / le peannuid le panuid B le peanuid C 54. nur minic A **B?** ’s ur minic C / do chuirise ABC / cuisle BC / neamhuill B / ag sille A ag silleadh B a sile C lead cionta A lead counta B lead cionnta C / flaithios C / géarcheas C / 58. gan madhail A **B?** gan mhoill C 58. a thrúgh A a thruaigh C / is mar sin tu dar liom aig reabadh B ag raobadh AC 60. air aitios bheag saoghalta A air atíos beith saolta B 61. níor ghabhaise BC / do ghrádhach thu A an tangal thug grádh dhuit B ghrádhaigh tú C / mar thréigeas C 63. na naomh ghlan A na neamh nglan B na naomh nglan C 64. an t-aifrionn sámh mo chás do shéanuis C 65. lorag B céastadh B 66. atá shíos B tá shíos AC / reomhat A romhat B rómhat C / 67. an t-ochtmhugh Hannraoidhe A an 8mha Hanraoi B an t-ochtmhúghadh Hanraoigh C / bhannruighean A / a bhanraoighean taobh leis? B bhainríoghain taibh leis C 68. Eilis mhalluighthe do treasgarach cleir cheart B? bastaird C 71 barranuibh A 69 – 72. féach nótaí téacsúla 75. dho naoidheanán leanabh A / do cheannach na leanbh? ’sna daoine aosda B ar naoidhean do mharbh ‘s air seandaoine aosta C 76. ní chorruigh … air aon chor C. 77. Rígh Uilliam an prútach B Hannraoigh an Prútach brúighte C 78. eachartha A eacharaigh B eachara C 79. céad diabhal ag pioca ceann Eadbhard 82. postuidheach sulmhur B 83. nur minic A nur mhinic B is minic C 85. is changlas beith ris B cheanglas bé leis. 86. ríogbhan bhonnall mhaorgadh B 86 bheannaighthe ghrámhar B 87. fithche bliaghuin A fighthe bliaghan go rialta & a réamhchirt B fithche bliadhain C 89. Caitiríona A Catherina B Caitríona C 90. Aragon B Arragon C / an tuaith budh earach 91. ádhbhrach naemhdha A aluinn stad do naomhthacht B ádhbhrach áluinn aorga 92. eafacht B. 94. do gheobhtheadh A do gheabhair B do gheobhair C 95. sa tsaoghal dom B

96. dar nó AB dar ndóith C 98. geara cnámha A gara cnáimh B gearra cnámha C 100. aig séana A ?B chum séanadh an aifrinn bheannaighthe naomhtha C 101. táid táinte bráthair BC 103. shéana AC do shéan*adh* B 104. dá ccéusa A 107. tráite C 108. fé chuirridhibh A fa chuirraimh B fá chuirdhibh C 112. Burnett C 118/19. an seandiabhal buile so ghrugach air chléirchirt / Grás Ósbar a hainm nar dhearmad aon neach C 120. a cCnoc an Leathar A a cCnoc an Lathair do mairioch a nDéiseach C. 121 beidh ris Walshingham B 123. do gheasgaibh a mna a cceann gur raob*adh* B raobag A raobadh C 124. do bhannraoighean A do bhanrioghan B do bhainríoghan C / earach B 125. ag triall C 126. beir leat Pilib an Mhinister caol bocht B 127. atá cuir bróin air orbuibh naomhtha BC 128. ag séana A a séana an aifrionn easpolta B aig séana an aifrinn is teagasg na cléire C 129. cuideachta séan B 130. gabhadh leat A gabha dhuit BC 131. go thabaig B rinn leo go haibig C 132. anuair C 134. sosa A an fad a bheag flathas a seilbh mac de ghil B an fad bheidh na flathuis a sealbh mhic Dé ghil C 135. pianugh A pianu B pianadh C 136 ubhar A ubhar ttarcuisne is masl*adh* don naomhspriod B ár ttarcaisne is masla don naoimhspriod C 137. [Mun]a B Muna C 138. go héasg*adh* B 139. a chobhuil chaoidhil bhocht B 140. fiucha ABC / go hIfrionn BC 141. chaithiseach phéarlach C 142. na Phillistines tréachta B go gothar nimhe Phillistines bréan dubh C 143. tug tu BC / masl*adh* AB masla C / géarghionn B 145. do XPT A do CXT B do Chríost / searuig B 146. uill*eadh* A / thurrainn AC thuirrinn B / na daorbhreith B na daorbhruid C 147. ce ghlacas la an bhráth do phairt na daorfas B cé ghlacas lá an bhráth do pháirt ná déarfas C 148. focal ad chail a Shea*dhai*n as beal duit B 149. An uair a phreabuis B An uair phreabas C / air madain B air maidion 150. dharcuis B / do bhrathuis B 151. do ghraduis B / sgainse AC sginse B 152. Aicheron A Acheran B Acheron C 153 sgibhl*eadh* B 154. a caoi AC a cí B / na dhiag B 155. níor fhéadair B / staona A stéan*adh* B / fhíonn B 156. gheall*adh* B / lear cliag a cháil B lear claoidh*eadh* C 157. dannaid A danid B daithníd C trasgarthacht is maslathacht do shlighe (agus ar an imeall: do cháil is danad lum a Phaoraigh úir) B 158. a ttréan bhruid dhubhach B 159 a thrúgh A a thrua B thruagh C 160. tasdas B / da leabh ad ghnúis B dá léigheadh ad ghnúis 161. doilibh A is dolibh go tosgartha B doilbh C 162. gan tnuith B gan tnúith C / acht stoltha aige diabhail go deo A ach ad stolladh **ag?** diabhail go deó B acht stolta aige diabhail go deó C 163. sloga A sloga na ndoacha B sloga na ndeochaibh C / fiadhach A fiach BC / ad dhoag B 164. fa

iarsma bhron*n* B 165. tinnas ad ghuil*leadh* B 166. ó ifrionn BC / cuirfier dod chéasa a bpían B cuirfear dod chéasa a bpian C 167. thug nára is siosmadh do chrinni is do chléir fa chiach B tug náire is masla do chealla is d’fhág cléir fá chiach C 168. gló B / buile AC / sile A sill*eadh* ns ndór B sileadh na ndeór C / 169. gan mhadhail A robhad gan mhíal? B gan mhoill C 170. dod shraca AC dod straca B / dod ghearra AC dod ghearr*adh* B / fiem B ? 171. súghach C suairc le míer B 172 eatortha A aitortha B eatorrtha C / do ghabhair go díen B 173. díen B teanncamh A tannthaibhacht B taitneamh C / ansacht CXT B 174. ó gheanamnacht theanncamhuicc A is díelt ó ghnanamnacht thannthamhacht B gheanmnacht taitneamhach C 175. feidhil A fill C are? a raga & sachion gach droum da bhuin B 176 do roinnfach atis le tannthamh is grom a ccree. B

## 31. A Dhiarmaid, is dubhach liom gur iompaís do chóta

A Dhiarmaid, is dubhach liom gur iompaís do chóta,
’s d’éis deachta na n-údar do dhiúltadh gur dhóis iad;
do chlaonais le Luther na drúise do bhris pósadh,
le géilleadh do phrionsa chuir cumha ar na slóite.

I gCill Ia do bhíonn sé mar chríonmheath i gcrannaibh
is d’fhág sé cléir Íosa ag síorghol lé mairg;
ní sagart do bhí ann, i ngníomhartha ná teagasc,
acht Iúdás do dhíolfadh ar *fee* beag na flaithis.

Níor cheangail a phósadh ’s níorbh fhónta a bhaiste,
níor mhaith í a chomhairle ’s níorbh eolgach ar aiste;
do bhog sé an bóthar is cóireofar a leabaidh,
ar imeallaibh teo dho gan dóchas go gcasfaidh.

Cad do dhéanfair, a bhrúdaigh, nuair a dhúnfar do dhearca,
’s sínfear san uaigh thu go fuar, lag gan tapa,
gan áras, gan aoibhneas, gan fíonta ná gradam
ná cairde do ghuífeadh chum Íosa let anam?

Nuair a ghlaofar don sliabh sinn go dianmhoch ar maidin
is luífear ag scrúdadh gach cúrsa dár mbeatha,
osclóidh na huamhna ’gus gluaiseoid na mairbh
’s ní díon duit do ghúna ná Lúther mar charaid.

Machnaimh is cuimhnimh ar ghníomhartha na nApstal,
Faigh léine den ruainneach dod’ ghuaille chum caitheamh;
déan troscadh na hAoine ’s ar Íosa iarr cabhair,
Is féachfaidh sé arís ort mar d’fhéach sé ar Pheadar.

**Foinsí:** Harvard MS. Ir. 1, 31 – 32 , a scríobh Pádraig Stúndún i gCorcaigh sa bhliain 1885 **(A).** Corcaigh T vi, 39 – 40, a scríobh Pádraig Stúndún i gCorcaigh sa bhliain 1885 **(B)**; Corcaigh T vii, 114 - 115, a scríobh Pádraig Stúndún i gCorcaigh sna blianta 1883–4 **(C).**

**Foinsí eile:** Maigh Nuad M 14 [féach an leagan malartach thíos].

**In eagar cheana:** APMG 48 – 49.

**Meadaracht:** Amhrán Malartachais. Tá líne a 19 agus a 24 lochtach toisc ná fuil patrún comhfhuaime le sonrú uirthi (féach nótaí thíos).

1 – 4 / – é – – ú – – ú – – ó – /

5 / – í – – í – – í – – a – /
6 / – á – – í – – í – – a – /
7 / í – – í – – í – – a – /
8 / – í – – í – – í – – a – /

9 / – a – – ó – – ó – – a – /
10 / – a – – ó – – ó – – a – /
11 / – o – – ó – – ó – – a – /
12 / – i – – ó – – ó – – a – /

13 / – é – – ú – – ú – – a – /
14 / – í – – ua – – ua – – a – /
15 / – á – – í – – í – – a – /
16 / –á – – í – – í – – a – /

17 / – é – – ia – – ia – – a – /
18 / – í – – ú – – ú – – a – /
19 / – ó (–) – ua – – ua – – a – /
20 / –í – – ú – – ú – – a – /

21 / a – – í – – í – – a – /
22 / a – – ua – – ua – – a – /
23 / é – – í – – í – – a – /
24 / – é – – í – – é – – a – /

**Nótaí téacsúla:**

Dán searbhasach a scríobh Piaras ar Dhiarmuid Ó hAirt tar éis dó iompú ina mhinistir Protastúnach ó bheith ina shagart ar an 23 Nollaig 1774. Féach chomh maith *Barántas Dhiarmad Uí Airt* (**38**)

**1. A Dhiarmaid:** Tá sé seo le rá leis an bhfuaim /e:/ i dtosach an fhocail mar a *Dhéarmaid* ar mhaithe leis an meadaracht.

**2. d'éis deachta na n-údar a dhiúltadh:** 'After denying the dictates / teachings of the experts / authorities.' Féach Ua Duinnín (s.v. *deachtadh* 'dictation, rule, sway) mar a dtugtar an fhoirm iolra *deachttha*. Tá sé cinn de shamplaí den bhfoirm *deachta* i g*Corpas na Gaeilge*. Féach mar shampla 'Deachta glan sámh ar dhán go céill is gaois' (Ua Duinnín, 1902 (b): 61). Mar leis an bhfoirm *diúltadh* anso féach Ua Duinnín (s.v. *diúltadh*) áit a mínítear an focal mar 'refusal, denial, rejection'.

**3. Luther:** Martin Luther (1483 – 1546). Duine de phríomhcheannairí an Reifirméisin Phrotastúnaigh sa Ghearmáin.

**4. prionsa:** Ba dhóigh le duine ón gcomhthéacs anso gur tagairt é seo d'Anraí VIII.

**5. Cill Ia:** Baile fearainn i mbarúntacht Uí Mhac Coille, cóngarach go maith do Bhaile Uí Chionnaola mar a raibh a theach ag Piaras. Féach http://www.logainm.ie/1411142.aspx (ceadaithe 6 Márta 2012). An fhuaim /i:/ ag teastáil sa bhfocal *Cill*.

**7. ní sagart do bhí ann i ngníomhartha ná teagasc:** Caitear an réimír briathartha 'do' a bhá anso ar mhaithe leis an meadaracht. Mar leis an bhfocal 'gníomhartha' anso caitear é a rá le dhá shiolla, faoi mar a dheintear i gCúige Mumhan de ghnáth, mar /g'n'i:rhə/.

**8. Iúdás** Iúdás Isceiríot. Dob fhéidir an focal so a rá leis an bhfuaim /i:/ ar mhaithe leis an meadaracht .i. /i:dəs/

**11. cóireofar:** Dob fhéidir é seo a rá le dhá shiolla ar mhaithe leis an meadaracht .i. /ko:rfər/.

**13. Cad do dhéanfair, a bhrúdaigh, nuair a dhúnfar do dhearca**: Caitear an réimír bhriathartha 'do' ag tosach na líne a bhá anso ar mhaithe leis an meadaracht agus sa tslí chéile caitear an mhí 'a' a bhá roimh 'dhúnfar' anso.

**17. nuair a ghlaofar:** Ní foláir an mhír 'a' a bhá anso ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil an patrún [– é] ag teastáil sa chéad chéim den líne seo.

**17. – 20** Is mar seo a théann na línte seo in 'B' agus 'C'.

Nuair osclóidh na huaghna ’gus éireoidh na mairbh
is glaofar ar shliabh sinn go dian-mhoch ar maidin,
roinnfear ansúd linn mar is fiú sinn gach peannaid,
’s ní díon duit do ghúna ná Luther mar charaid.

**19. osclóidh na huamhna ’gus gluaiseoid na mairbh:** Féach Ua Duinnín (s.v. *uaimh*) áit a bhfuil an fhoirm iolra so den bhfocal *uaimh* luaite. Tá fadhb anso ó thaobh na meadarachta sa tslí is ná fuil an patrún comhfhuaime i gceart sna príomhfhoinsí toisc gurb é ‘gus éireoidh na mairbh’ an léamh iontu san ar fad ismar ní féidir a mhaíomh go bhfuil comhfhuaim idir *huamhna* /ua/ agus *éireoidh* /e:/. Réitíonn léamh ón leagan malartach thíos an fhadhb, áfach, agus tá an líne leasaithe dá réir sin d’fhonn is go léitear ‘gus gluaiseoid na mairbh’ anso.

**21. gníomhartha:** An focal so le rá le dhá shiolla mar /g'n'i:rhɘ/ faoi mar éilíonn an mheadaracht. Féach an nóta ar líne a 7 thuas.

**22. Faigh léine den ruainneach:** Ní foláir dhá shiolla a dhéanamh de ‘léine den’ anso chun go mbeidh meadaracht na líne slán. D’fhéadfaí an ‘e’ dheireanach den bhfocal léine a bhá, nó ceann éigin acu, *’en* a dhéanamh den réamhfhocal *den* d’fhonn is go ndéarfaí é seo mar /l'e:n' en' ruan'ɘ x/.

**23. déan troscadh na hAoine ’s ar Íosa iarr cabhair:** Caitear ‘troscadh na hAoine’ a rith ina chéile anso ar son na meadarachta chun go ndéarfaí ‘trosc’ seachas ‘troscadh’. Dhá shiolla atá sa bhfocal cabhair .i. /kavɘr'/.

**24. Is féachfaidh sé arís ort mar d’fhéach sé ar Pheadar**: Tabharfar faoi ndeara go bhfuil fadhb anso ó thaobh na meadarachta sa tslí is ná fuil an patrún comhfhuaime i gceart anso mar nach féidir a mhaíomh go bhfuil comhfhuaim idir *arís* /i:/ agus *d’fhéach* /e:/. Dob fhéidir a áiteamh gur fuaim /ia/ atá sa tarna fuaim díobh so agus go mb’fhéidir go mbeifí sásta le comhfhuaim idir /i:/ agus /ia/. Féach an plé ar chúrsa teangan.

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: Píaras Mac Gearailt chum Dhíarmada Uí Arta d'éis iompuighthe dho 'na mhinistir, ó bheith 'na shagart A Piaras chum Dhiarmada Uí Arta d'éis iompuighthe dho 'na mhinistir B Chum Dhiarmuda Uí Arta sagart d'iompuigh 'na mhinistir C 2. tar éis C déachta ABC 3. lé Louther air ttúis B 4. mar ghéille C do phrionnsa na drúise do thionnsgain an gnó san B do'n Phrionnsa do thionnsgain do ghnó-sa! C 5. A g-Cilla Ia is fí é C 7. do bhí 'guinn C 10. eólach C 11. is brónach a leabadh B 12. 's a dhroch-ghnótha dá spreagadh B ní dócha go g-casfaigh C 15. gan rósta gan fíonta gan aoibhneas gan gradam B 19. nuair osclódhaigh na h-uaghna is eirgheóigh na mairbh ABC [féach nótaí téacsúla]. 22. léine dhubh BC / chum caithte B le cathamh

**Leagan Malartach** ó Maigh Nuad M 14, 462 – 4, a scríobh Seán Ó Muláin i gCorcaigh idir na blianta 1817 – 1820. Ní luaitear ainm údair sa LS seo agus cé gur léir gurb é an dán céanna atá ann ba dhóigh le duine ón gceangal go dtagraíonn sé d'eachtra a thit amach sa bhliain 1700. Ar an láimh eile b'fhéidir gur go hearráideach a cuireadh an ceangal leis an dán agus go bhfuil an leagan so níos cóngaraí don dán a scríobh Piaras an chéad lá. Ar a shon san agus uile, braithim gur fearr an leagan so a thaispeáint mar leagan malartach i dtaobh go bhfuil roinnt focal sa LS atá doiléir go maith agus líne sa véarsa deireanach ar iarraidh:

**A Dhiarmaid is dubhach liom mar dhiúltaís dod chóta**

A Dhiarmaid, is dubhach liom mar dhiúltaís dod chóta
ag caitheamh an ghúna is na húdair ’dhóis-se
ag triall i ndiaidh Lúithear úd d’iontaigh an pósadh
mar ghéilleadh dhon phrionsa chuir smúit ar na slóite.

Cár fhágais an mhaighdean bhreá bhráidgheal gan pheaca
do bhí agat mar chéile ’s tú i mbun tréada dhon athair,
do dhíolais í féin is an éide ar bheartaibh
is d’iontaís chum Béarla is do shéanais an Laidin.

Cá ngeobhaidh an cholann bhrúideach an uair ’dhúnfaidh do dhearca
is do sínfear san uaigh tú go fuar lag gan tapa,
gan róstaithe, gan fíonta, ná aoibhneas, mar chleachtais
ná guth oird id thimpeall do ghuífeadh let anam.

Ag géilleadh i [n]daoirse mar chríonfadh dubh-mhaide
d’fhágais cléir Íosa go scíosmhar faoi mhairg;
ní sagart do bhí aco i ngníomharthaibh ná i bpearsain
acht Iúdas do dhíolfadh ar phinnse na flaithis.

Scoirse dod uaisle is ruaimnigh [?] do dhearca,
cuir ort culaith ruainnigh ar do ghuaile mar bhrataigh,
dein troscadh na hAoine is glac Íosa mar charaid
is féachfaidh sé an tsúil ort mar dhíonaigh ar Pheadar.

An uair ghlaofar sa tsliabh tú go dian is tú id reathaibh,
fosclóidh na huamha is gluaiseoid na mairbh
ag triall ar an gcúngas údair na beatha,
ansin beirse is do ghúna go túirseach faoi mhairg.

Fill ar do thréada le méin chum a dteagaisc,
léigheadh dóibh … *[an chuid eile den líne ar iarraidh]*
nách ministir bhiadh ann ag scaoileadh na [g]ceangal
is gan géilleadh don chorp naomhtha nach bhfuil aoineach [?].

An Ceangal

Míle ceart is a seacht do chéadaibh
ó theacht mhic Muire le cumann dár saoradh
gur chaith ár sagart an lasar in éide
’s go ndeaghaidh go hobann ag teagasc lucht Bhéarla.

## 32. Ar bhás Dhochtúir de Barra

Dá maireadh ar mhairbh an marbh so fút a líog,
ba mhairg don mharbh do mhairfeadh le rún i gcroí,
a mhairbh do mhairbh na mairbh ’s nár iontaigh arís,
is marbh an marbh thu in Acheron súite síos .

An marbh so féach, mo léan, nár smachtaigh a thoil,
marbh do thréig Mac Dé ’s Peadar do ghoil,
a mharbh ní héacht ’san méid do mhairbh níor bhocht,
’s gur marbh é féin mar aon idir anam is chorp.

**Foinsí:** Maigh Nuad M 58 (a), 40 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Uí Chionnaola i gCo Chorcaí sa bhliain 1769 **(A);** Corcaigh T. xvi, 126 a scríobh Pádraig Ó Súilleabháin i gcathair Chorcaí sa bhliain 1814 **(B)**;

**Lámhscríbhinní eile:** [Luaitear anso LSÍ ina bhfuil dánta a thosnaíonn leis an líne *Dá maireadh ar mhairbh an marbh so*. Ní leagtar aon cheann acu so ar Phiaras: féach nótaí téacsúla thíos] ARÉ, 23 A 17 ( 358), 9; 24 C 48 (1178) 38; 24 E 24 (1263), 10; 23 M 47 (973), 14; 23 O 47 (569), 4; 24 P 20 (1072), 86. Maigh Nuad C 93 (b), 4.

**In eagar cheana:** APMG: 95.

**Meadaracht:** Amhrán

1 – 4 / – a – – a – – a – – ú – í /

5 – 8 / *a – – é – – é – a – – o /

**Nótaí téacsúla:**

Tá véarsaí den saghas so comónta go maith i LSÍ na Gaeilge ach, cé go bhfuil an dá véarsa so le fáil sa dán go dtugtar *Faoi lár na lice seo* air agus a leagadh go hearráideach ar Aogán Ó Rathaille (Ua Duinnín, 1900: 108 – 109 agus cf. Ó Buachalla, 2004: 13, 19), tá an chuma ar an scéal ón gceannscríbhinn agus ón iarscríbhinn ó Phiaras anso go raibh cóiriú speisialta á dhéanamh aige anso mar 'cheiliúradh' ar bhás an duine áirithe seo. Mar le hainm an té atá á cháineadh go míthrócaireach anso, tá sé suimiúil go luaitear Dr. Joseph Barry ó Mhala, Co. Chorcaí sna Convert Rolls mar dhuine a d'iompaigh ina Phrotastúnach sa bhliain 1763 (O' Byrne, 1981: 56). B'fhéidir gurb é seo an duine a bhí i gceist ag Piaras toisc go raibh sé mar chúis aige air, ní hamháin gur iompaigh sé a chóta, ach go raibh sé naimhdeach don 'eaglais naomhtha a d'fhág sé' faoi mar a deirtear san iarscríbhinn. Tugtar *Psailm Mhic Ádhaimh* ar na véarsaí seo ar uairibh sna LSÍ (23 M 7 (973), 14 agus 24 P 20 (1072), 86 mar shampla), nó *Ar bhás bhreall liagh (on the death of a quack doctor)* (24 C 48 (1178), 38) agus fiú amháin *Epitaph on a doctor who killed more than he cured* in áit amháin (23 O 47 (569), 4), ceannscríbhinn a mhíníonn scata dúinn i dtaobh na véarsaí seo.

**1. a líog:** Foirm mhalartach den bhfocal liag 'a headstone' (Ua Duinnín s.v. *liag*).

**7. a mharbh ní héacht 's an méid do mhairbh níor bhocht:** Is dóigh liom gur féidir é seo a aistriú mar 'his death is no great loss and the number that he killed was not small' (féach Ua Duinnín s.v. *marbh* 'death' agus s.v. éacht 'a catastrophe, a great loss'). Is mar *a mharbh ní héacht 's an méid nár mhairbh ní bocht* a ritheann an líne in Dinneen (1900: 108) áit a n-aistrítear an líne mar 'his death is no loss, and those who he killed not are the richer for it.'

**8. idir:** Ní foláir aon siolla amháin a dhéanamh den réamhfhocal so agus é a rá mar /d'ir'/.

**Ceannscríbhinn:** Air bhás Dhochtúir Barry, d'iompaig chum teampchail a bhfad rimh a bháis, & do fuair bás air an staid sin a dúbhradh an duanog so síos, **(A)**; Ar bhás Dhochtúir Barry d'iompaigh chum Teampail a bhfad roimhe a bhás, & d'éag air an staid sin dúbhra an duanóg síos (B).

**Iarscríbhinn:** 'S nár fhóiricc Dia na Muire air mhac na striapuidhe mar ba mhuar an namhaid é don eaglais naomhtha d'fag sé (A).

**Malairtí:** 2. a ccroidhe A a croidhe B 4. Aichearon A Aicheron B 8 is corp B.

## 33. Más dóchas ár ndóchas

Dómhnall Ó Murchadha cct. dá chomhairliú do Ghaelaibh gan dul in éadóchas ar Dhia & cé gur chruaidh é a gcás go bhfóirfeadh orthu uair éigin.

Más dóchas ár ndóchas i mbliain a mheath,
ní dóchas ár ndóchas ach pian i bhfad,
bíodh dóchas úr ndóchais i nDia go beacht,
’s ná cuir teora le mórchumas Triath na bhFeart.

Is é d’fhógair slóite na ndiabhal amach,
Sódom is Gómor  is iad do leag,
ní mó leis-sean feoirling cé dian an bhreath,
ná Bródric do sheoladh ’na ndiaidh is Crofts.

Is é d’fhóir ar na hóigfhir bhí i bpiantaibh seal,
’s nár dhóigh i meon tine i gciabh ná i gcreat,
is é d’fhóir ar Moses ’s ar Thriath na bhFlath,
’s thug Jób  ó chómhachtaibh an diabhail tar ais.

Ba ghnáthach le Bródric réamhráite bheith ag briseadh ’s ag leagadh seancheall & teampallaibh & ag déanamh ballaí iothlann, stáblaí is luibhghoirt dá gclocha coisricthe. Ar an abhar san do dubhradh leis gan stad d’éis a bháis, & do ceangladh do leac a thuama na focail seo mar leanas:

Treascair a líog is cloígidh an dlíodóir cam,
an feannarthach fill is choíche an millteoir ceall,
m’atuirse chroí gan fuíoll a maireann beo od’ shamhail,
in Acheron thíos i dtinte scriosta teo deamhain.

Coinnibh a chloich go docht go gcuirfidh an diabhal lámh,
san bhfireannach borb crosta mhilleadh cliar cháidh,
ní thuigim i gCorcaigh gcroith go dtitfeadh trian chách,
dá bhficfeadh do chorp ’tá i bhfogas daichead bliain bás.

**Foinsí**: Maigh Nuad M 58 (a), 39 – 40 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Uí Chionnaola, Contae Chorcaí sa bhliain 1769 **(A)**; Corcaigh T. xvi, 125 a scríobh Pádraig Ó Súilleabháin i gcathair Chorcaí sa bhliain 1814 [níl an véarsa deireanach anso] **(B)**; ARÉ 23 E 15 (1029), 215 a scríobh Mícheál Óg Ó Longáin i gCo. Chorcaí sa bhliain 1800 [línte 1 – 12 amháin] **(C).**

**Lámhscríbhinní eile**: ARÉ 23 C 8 (373), 20 – 21; 23 K 51 (548), 8; A iv 2 (27), 22b; 23 B 38 (30), 22; 23 I 26 (413), 108; Maigh Nuad DR 4, 157; M 86, 26.

**In eagar cheana**:

APMG, 90 – 91.

**Meadaracht**: Amhrán

1 – 12 / *– ó – (–) ó – – ia – a /

16 – 19 / * a – – í – í – – – ó au /

20 – 24 / * i – – o – o – i – ia á /

**Nótaí Téacsúla**:

Tá an aor nimhneach so, *Más dóchas ár ndóchas*, atá dírithe ar na nua-uaisle a bhí suas i gCorcaigh san ochtú haois déag, leagtha ar Dhómhnall Ó Murchú in ARÉ 23 C 8 (373), 20 – 21; 23 E 15 (1029), 215; 23 K 51 (548), 8 – trí véarsa atá sa leagan so. Tá leagan in Maigh Nuad M 86, 26 gan ainm luaite leis agus tá sé sin ag teacht le leagan so Uí Mhurchú. Tá leagan eile foilsithe ag Ó Foghludha (1938 (b): 30), ina eagrán d'fhilíocht an Athar Conchúir Ó Briain: ceithre véarsa atá sa leagan so. Sid iad na lámhscríbhinní ina bhfuil an dán leagtha ar an mBrianach: A iv 2 (27), 22b; 23 B 38 (30), 22 agus 23 I 26 (413), 108. Chomh maith leis seo, tá an dán leagtha ar 'Éamonn an Dúna' in Maigh Nuad DR 4, 157 agus deich gcinn de véarsaí ann. Is i LS Phiarais amháin atá línte 13 – 24. Tá línte 13 – 20 le fáil in T xvi, 125 ar cóip de lámhscríbhinn Phiarais í. Glacaim leis, mar sin, gurb é Piaras údar na línte seo. Tá sé le tabhairt faoi ndeara anso go bhfuil cosúlachtaí áirithe idir an dán so agus dán clúiteach Sheáin Chláraigh Mhic Dhónaill 'Taiscidh a chlocha', aor nimhneach ar bhás Shéamais Dawson (féach Ó hÓgáin, 2011: 47 – 48; 93).

**1. i mbliain a mheath:** Déarfainn gurb é is brí leis seo ná 'in a year which has declined/ passed'. Féach Ua Duinnín (s.v. *meathaim*) agus DIL (s.v. *methaid* 'degenerates, declines, fails'). D'fhéadfaí é seo a léamh chomh maith mar 'i mbliain an mheath[a] (in the year of decay or failure)' ach is é mo thuairim ná gur mar bhriathar is ceart *mheath* a léamh anso. B'fhéidir go mbeadh súil againn le 'do mheath' anso ach cloím leis an léamh is cóngaraí do léamh na LSÍ.

**7. an bhreath:** Foirm mhalartach den bhfocal *breith* 'judgement' de réir fhoclóir an Duinnínigh (Ua Duinnín s.v.) atá anso.

**8**. **ná Bródric do sheoladh ’na ndiaidh is Crofts:** Tá an méid seo a leanas scríte isteach ag Piaras ina LS féin anso: *Dís do bhí comhachta[ch] éigneach chum Gaodhail & eagluis Chríost (XPT) do cheannmhúcha*. Ní foláir ‘Crofts’ a rá leis an bhfuaim /a/ anso ar mhaithe leis an meadaracht.

**12. chómhachtaibh:** Tá dhá shiolla ag teastáil ó thaobh na meadarachta /xo:xtəv'/.

**14. teampallaibh:** Tá sé le tabhairt fé ndeara gurb é an tuiseal tabharthach iolra atá anso againn thar ceann an ghinidigh iolra. Féach Ó Mainnín (2004) mar le plé ar leathnú fhoirceann an tabharthaigh iolra sa Nua-Ghaeilge agus féach an plé ar chúrsaí teangan.

**18. fill is choíche an millteoir ceall:** Tá an foghar /i:/ ag teastáil sa bhfocal *fill* ó thaobh na meadarachta /f'i:l'/ mar a bhfuil an patrún [ í – í] ag teastáil i lár na líne. Is é an défhoghar /au/ a theastaíonn sa bhfocal *ceall*.

**20. tinte:** Tá an foghar /i:/ ag teastáil anso arís don mheadaracht /t'i:n't'ə/ mar a bhfuil an patrún [í – í] ag teastáil i lár na líne.

**23/4. ní thuigim i gCorcaigh gcroith go dtitfeadh trian chách / dá bhficfeadh do chorp ’tá i bhfogas daichead bliain bás:** Is deacair aon adhmad a bhaint as *i gCorcaigh gcroith*. D’fhéadfaí glacadh leis gurb é an focal *croich* ‘gallows’ (féach Ua Duinnín s.v.) atá anso (LS *ccroith*) agus d’fhéadfaí é a aistriú mar ‘in Cork of the gallows’ ach amháin go bhfuil fadhb ann ó thaobh na gramadaí: bheimis ag súil le *i gCorcaigh na gcroch* nó a leithéid. Níl an véarsa so le fáil ach i LS Phiarais agus mar sin níl aon chabhair le fáil ó mhalairtí léamha. B’fhéidir gurb é atá ann, mar sin, ná an tuiseal tabharthach uatha (le hurú iomarcach ar mhaithe le huaim) den bhfocal *crot* (gurb ionann é agus *cruth*) ‘beauty’ (féach Ua Duinnín s.v.) agus gurb é is brí leis ná ‘in beauteous Cork.’ Dá nglacfaí leis seo d’aistreofaí an chuid seo ar fad mar seo a leanas: ‘I do not

understand that in beauteous Cork that a third of all would fall if (they) were to see you (your body) close to forty years (of age) meet with death.’ Is é sin le rá go gcuirfeadh bás an fhir seo iontas, agus áthas is dócha, ar dhaoine. *I gCorcaigh i gcroich* a bhí ag Ó Foghludha (APMG: 91) ach níor thug sé aon mhíniú ar an abairt ná ar an athrú a dhein sé anso.

**24. daichead:** Tá an focal so le rá mar /d'ihəd/ ar mhaithe leis an meadaracht faoi mar a thugann an léamh *dithchead* i LS Phiarais le fios.

**Malairtí:**

Ceannscríbhinn: an éadóth= A éadóghchas B éadóthchas C / cruaig A / orrtha A orra BC / fá dheoigh1. mbliaghna mheath C. 3. ubhar A bhúr BC 5. a d’fhógair B 7. leisin A leis sin B leis sion C / feoirlinn AB feoirling C / cia ABC / bhrath AB 8. do csheoladh AB do sheola C 9. a d’fhóir C 11. na bhflaith BC 13. reamhraighte A roimhráidhte B 14. teampalaibh A teampolluibh / balluidhe A bolluidhe B / coisrigthe AB 15. dubhrag A dúbhrag B / thuamadh A thuamba B 17. claoidhig A cloidhig B / dlightheadóir A dligheadóir B 18. feanarthach AB / feidhil A feíll B 19. fuidheal A fuigheall B / mairion AB / ad tsamhuil A ad shamhuil B 20. Aichearon AB / tsíos A shíos B 21. cuingibh A 22. bhfirreanach A / cháig A 23. ccroith A 24. dithchead.

## 34. Go mba slán fád thoradh dhuit

Do chaill uasal áirithe a stát insa chogadh déanach in Éirinn & i mbeagán d’aimsire ’na dhiaidh sin do bhí ag siúl go dubhach, deorach, dobrónach tré choill & do chonairc sé cúig ar dheichneabhar dona hallmhuraigh ba cionntach le é ’chailliúint a stát crochta le gadaraibh & ministéir ’na bhfochair ar an aiste chéanna as bile breá géagach daraí & do scrígh ar an láthair an rann mar leanas:

Go mba slán fád thoradh dhuit,
a chrainn oirdheirc uasail,
monuar gan coillte Inse Fáil
tuilte dod chnuas go hiomshlán.

De thoil an Choimdhe dá dtíodh,
tuilleadh dhod thoradh ar gach aon chraoibh,
ba suaimhneasach Inse Flainn,
gan uamhan gan imshníomh.

**Foinsí:** Maigh Nuad M 58 (a), 65, a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Uí Chionnaola, Contae Chorcaí sa bhliain 1769 (A); Corcaigh T. xvi, 136, a scríobh Pádraig Ó Súilleabháin i gcathair Chorcaí sa bhliain 1814 (B).

**In eagar cheana:** Níor cuireadh é seo in eagar cheana.

**Meadaracht:** Ní léir dom go bhfuil aon mheadaracht le haithint ar na línte filíochta so ach b’fhéidir go bhféadfaí ‘rémhéidreacht’ a thabhairt uirthi faoi mar atá tugtha ag Torna ar mheadarachtaí míchruinne den saghas so (Ó Donnchadha, 1925: 93 – 95). Seo a leanas patrún na ngutaí aiceanta:

1 / – – á – o – i /

2 / – í – – ua – /

3 / – ua – í – í – á /

4 / i – ua – – á /

5 / – i – í – – í /

6 / i – o – – a – í /

7 / – ua – – í – í /

8 / – ua – í –d /

**Nótaí téacsúla:**

Níl an scéilín beag próis seo ná na línte filíochta a leanann é le fáil in aon áit seachas i LS Phiarais agus sa chóip a dhein Pádraig Ó Súilleabháin di sin. Níor dheacair a shamhlú go mb'fhéidir gurbh é Piaras féin a chum i bhfianaise stair a mhuintire agus i bhfianaise a scéil phearsanta féin.

**Ceannscríbhinn phróis: gadaraibh:** Is iad 'gadracha' nó 'gaid' gnáthiolraí an fhocail seo 'gad' de réir Ua Duinnín (s.v.) rud a chiallaíonn go mbeimis ag súil le 'gadrachaibh' nó a leithéid anso. Leanaim lámh Phiarais anso, áfach, go háirithe i dtaobh gurb í an fhoirm chéanna atá againn sa LS eile anso (féach malairtí).

**3. thoil an Choimdhe:** Is í an fhoirm atá i LS Phiarais ná an Choimhdhe ach cloím leis an ngnáthleagan *coimdhe* anso: ' lord; the Lord God' (Ua Duinnín s.v. *coimdhe*). Tá roinnt fianaise i g*Corpas na Gaeilge* a chun a thaispeáint gur ann don bhfoirm seo ach ní fheadar ná gur dearúd i measc scríobhaithe faoi ndeara í. Féach chomh maith DIL (s.v. *coimdiu* col. 301. 15 – 20) mar a dtugtar an sampla so ó Dháibhí Ó Bruadair: 'cóimhdhe uim cheathraibh 'lord most rich in cattle.''

**4. coillte Inse Flainn:** Ainm fileata ar Éirinn. Rí-éigeas ar Éirinn ab ea Flann Mac Lonáin de réir an tseanchais agus b'fhéidir go bhfuiltear ag tagairt dó anso. Féach Ó hÓgáin (1991: 250).

**Malairtí:**

Ceannscríbhinn: Do chail A / deichneamhur A deithneamhar B / hallbhuraicc A hallmhúirig B / ceanntach AB / chailleamhant A chailleamhuin B gadarúibh A gadaruibh B / beille A / sgridhig A sgribh B 1. Go m*adh* A go mo B / thorr*adh* A thorra B 2. go hiomshlán AB 3. dhod thorthadh A dhod thortha B 4. imshnidheamh A imshníomh.

## 35. Foghairm an Mhóránaigh

*The following Irish summons & warrant was granted by Mr. Pierce Fitzgerald against William Moran on several informations given against said Moran being penal & warrantable by the laws and statutes erected and amended in the Irish Parliament in the year of our lord 1744.*

*In Nomine Sanctissime Trinitatis.*

Leath Mogha maille re Piaras Mac Gearailt aon d'ord ollamhanta na hArdleithe roimhráite chum Uilliam Uí Mhóráin, scol-oide ar Shliabh gCua i gContae Phort Láirge. Ag so chughat in ainm an oird dá aithne dhuit bheith i bpearsain dom láthair ag m' áitreamh i mBaile Uí Chionnfhaolaidh ar an deichiú lá don mhíos is neasa dhúinn romhainn ionas go dtabharthá má thig leat, freagra iomchuí dona casaoidibh cruaidh contúirteacha as ucht an oird arna ndéanamh ….. .. Gidheadh, d'aithcheas nach soichfeadh an toghairm so chughat roimhe an lá roimhráite, maise forfhógraim dhuit an treas lá, iarraidh gan dréim ris, bheith im fhianaise insan inead roimhráite; ná hob i bpéin t'umhla. Tugtha fóm láimh an t-ochtú lá don mhíos Aibhgheist insa mbliain d'aois ár slánaithe, seacht gcéad déag ceatharchaid a ceathair.

The Warrant Follows

**Foinsí:** Maigh Nuad M 58 (a) 1 – 2 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Chionnaola Cho. Chorcaí sa bhliain 1769 **(A)**; Corcaigh T. xvi, 97 a scríobh Pádraig Ó Súilleabháin i gCorcaigh sa bhliain 1814 **(B)**; Maigh Nuad M 54 (b), 224 a bhreac scríobhaí neamhaithnid sa bhliain 1781(**C –** cuid mhaith den téacs ar iarraidh)

**In eagar cheana:** APMG: 69.

**Nótaí téacsúla:**

Foghairm a chuir Piaras Mac Gearailt, Ard-Sirriam Leithe Mogha, i ndiaidh Uilliam Uí Mhóráin áirithe, múinteoir scoile ó Shliabh gCua mar is léir, á rá leis teacht i láthair an Ghearaltaigh i mBaile Uí Chionnaola ar an 10ú lá de mhí Mheán Fómhair chun freagra a thabhairt ar chúiseanna áirithe a bhí á gcur ina leith. Dar le Ó Foghludha gurb ionann an Uilliam Ó Móráin a dtráchtar air anso agus an duine den ainm céanna a luaitear in *Eachtra Ghiolla an Amaráin* le Donnchadh Rua Mac Con Mara (Ó Foghludha, 1933: 1925). Scríobhadh an fhoghairm seo ar an 8ú lá de mhí Lúnasa sa bhliain 1744 ach ní luaitear inti go soiléir na cúiseanna atá á gcur i leith an Mhóránaigh. Dhealródh sé, pé scéal é, nár mhór an bheann a bhí ag an Móránach ar an bhfoghairm seo agus gur dhiúltaigh sé dul os comhair an Ghearaltaigh chun freagra a thabhairt ar na cúiseanna faoi mar a chímid i m*Barántas an Mhóránaigh* a scríobhadh fiche lá níos déanaí, ar an ochtú lá fichead de mhí Lúnasa sa bhliain chéanna, más fíor. Dar ndóigh, baineann an fhoghairm agus an barántas a leanann í i LS Phiarais araon le seánra magaidh an bharántais ar 'scigaithris ar an mbarántas dlí gallda' a bhí ann ó thosach dar le Ó Fiannachta (1978: 11). Dob fhéidir, gan amhras, féachaint ar an bhfoghairm seo mar ghairm scoile chun cúirt éigse, Cúirt na mBurdún sa chás so, agus, faoi mar a thugann Ó Foghludha le tuiscint (APMG: 20), b'fhéidir gurbh í seo an chéad ghairm chun na cúirte áirithe seo (cf. Ó Conchúir, 2000: 65 – 66 agus Corkery, 1941: 98). Féach leis na nótaí ar *Bharántas an Mhóránaigh* (**36**) agus *Barántas Dhiarmada Uí Airt (**38**).*

**2. roimhráite:** Is é atá scríte ag Piaras é féin anso ná *rómhráighte* ach i dtaobh go bhfuil dóthain fianaise i g*Corpas na Gaeilge* ar an bhfoirm *roimhráidhte* a bheith comónta go maith glacaim léi anso cé go bhféadfaí *romhráite* (36 sampla i g*Corpas na Gaeilge*) nó *rómhráite* (sampla amháin i g*Corpas na Gaeilge* ó LS Phiarais) a chosaint. Féach Ua Duinnín (s.v. *roimh-* ) mar a ndeireann sé gurb ionann é seo agus *réamh-* nó *réimh-* i gcomhfhocail. Féach leis línte 7 agus 8 mar a bhfuil an fhoirm chéanna ag Piaras agus an leasú céanna déanta agam dá réir sin.

**3. in ainm an oird:** ‘In the name of the order.’ Féach Ua Duinnín (s.v. *ord*). Tugann an Gearaltach le fios sa chéad líne anso go bhfuil sé ina bhall *d’ord ollamhanta*, nó ‘ord na bhfilí’ más fearr linn é a chur mar sin, i Leath Mogha. Féach chomh maith an nóta thíos ag líne 5/6.

**4. áitreamh:** Is ionann an focal so agus ‘áitreabh’. Féach FGB (s.v. *áitreabh*, *áitreamh*).

**4. Baile Uí Chionnfhaolaidh:** An baile fearainn in oirthear Chorcaí mar a raibh a theach cónaithe ag an nGearaltach. Is é an leagan so den logainm a úsáidim tríd síos sna téacsanna atá in eagar sa tráchtas so cé gurb é *Baile Uí Chionnfhaoladh* atá ag Piaras é féin anso. *Baile Uí Chionnaola* an leagan oifigiúil sa lá atá inniu ann. Féach http://www.logainm.ie/13667.aspx (ceadaithe 11 Aibreán 2012).

**5. má thig leat:** Ní féidir na focail seo i lámhscríbhinn Phiarais a dhéanamh amach agus mar sin leanaim an léamh in C toisc nach dócha gur fearr an léamh in B, *toil leat*, anso cé go bhféadfaí *más toil leat* a dhéanamh de sin.

**5. contúirteacha:** Leanaim an léamh in B anso cé gur cosúil go dtosnaíonn an focal so in A agus C le ‘cion …’. ‘Cíocracha’ atá ag Ó Foghludha (APMG: 69) ach is fearr a oireann *contúirteacha* don chomhthéacs dar liom.

**5/6. as ucht an oird arna ndéanamh ……:** Is mar ‘for the sake of the order (of poets)’ a thuigim an chuid den bhfrása so .i. an chéad cheithre fhocal; féach Ua Duinnín (s.v. *ucht* ‘as ucht for the sake of, on account of’). Mar leis an gcuid eile anso is deacair aon adhmad a bhaint as toisc go bhfuil LS Phiarais caite anso (is féidir an litir *h* agus b’fhéidir *(e)ad* díreach roimpi sin a dhéanamh amach ag deireadh na coda so atá ar iarraidh) agus toisc go bhfuil an chuid seo ar iarraidh ar fad in C, rud a fhágann ná fuil againn ach léamh B: *as dáthad*. Má fhéachaimid ar an gcuid seo den líne ina hiomláine [*ionas go dtabharthá má thig leat, freagra iomchuí dona casaoidibh cruaidh*

*contúirteacha as ucht an oird arna ndéanamh **as dáthad]*** is dócha gur féidir é a aistriu go Béarla mar 'so that you may, if you are able, give a suitable answer to the dangerous severe charges (complaints) for the sake of the order which are made …. .' Ní dóigh liom go mbeadh aon chiall le *as dathad* 'out of forty' agus mar sin fágaim ann an bhearna faoi mar atá i LS Phiarais.

**6. d'aithcheas:** Is ionann é seo agus *d'fhaitíos* nó *d'fhaitcheas* (FGB s.v. *faitíos*, *faitcheas*). Tá an fhoirm seo *aithcheas* i bhfoclóir an Duinnínigh (Ua Duinnín s.v. *aithcheas*) mar a dtugtar an sampla *d'áis nó d'aithcheas*, 'willingly or unwillingly.'

**7. maise forfhógraim dhuit an treas lá, iarraidh gan dréim ris, bheith im fhianaise san inead roimhráite:** 'I summon you (on) the third day, a request not to be opposed (?) to be in my presence in the aforementioned place.' Féach DIL (s.v. *dréim* 'contending with, opposing' col. 392. 80 – 85). Is é 'an treas lá earraigh gan dream ris' seachas *an treas lá iarraidh gan dréim ris* atá ag an bhFoghludhach (APMG: 69) anso agus ghlac sé leis (ibid., 20) gurbh é an 3ú lá den earrach an bhliain dár gcionn a bhí i gceist agus gur thug sé seo dátaí na cúirte dúinn. Pé scéal é, is é *iarruig* agus ní 'earraigh' atá i LS Phiarais (A) agus is é *iarruigh* atá in B. Is deacair a rá, áfach, cén dáta a bhí i gceist ag Piaras leis *an treas lá* so a luann sé murab é an 13ú lá de Mheán Fómhair é. Is é mo mhórthuairim, áfach, ná gur trí lá níos déanaí atá i gceist anso seachas aon dáta ar leith. Mar le *maise* anso, féach Ua Duinnín (s.v. *má*) mar a dtugann sé le fios gurb ionann é seo agus *máiseadh* 'if so, neverthless, well …'.

**8. ná hob i bpéin t'umhla:** Is dóigh liom gurb é atá i gceist anso ná 'do not refuse on pain of submission / humiliation.' Féach Ua Duinnín (s.v. *obaim* 'I deny, refuse or reject' agus s.v. *umhal* 'humble, obedient, submissive). Tá an fhoirm seo *umhla* luaite mar ghinideach uatha ag Ua Duinnín ansan leis.

**Malairtí:**

Ceannscríbhinn: …. Summons tugtha ar Uilliam Ó Mórán. C 1. maile AB / 2. rómhráighte A roimhráidhte BC . a cconntaodh AB 3. cugat C / ag am áitreamh A ag am áitreabh B 4. mBaile Uí Chionnfhaoladh AB mBaile Uí Chionnaodhladh C / deitheamhugh A deitheamhghadh B 5. toil leat B thig leat C / iomchuibhge A iomchuibhe B iomcuibhghe C / cruadh C / cion … ta A conntabhartacha B cion …C 6. soicheadh A soichead B / an tfogharama A an tfhogharm B / 7. rómhráighte A romhráidhte B fórfhógruim B / iarruig A iarruigh B / 9. sláinicidh AB / seacht ceád déag AB.

## 36. Barántas an Mhóránaigh

Leath Mogha maille re Piaras Mac Gearailt aon d’ord ollamhanta na hArdleithe roimhráite chum gach Ard- is Fo-Chonstábla ar feadh na leithe céanna agus chum lucht a gcúnamha & a gcabhartha.

The Warrant

Do fuair me áiteamh iomshlán go bhfuil i bhfoidhir nó i bhfothair éigin ar Shliabh gCua scolmháistir scaitheolach darbh ainm Uilliam Ó Móráin do thug go meardha, mallaithe míbhéasach & go hualach, éadrom, earráideach briathra borba, baothghlóracha & aitheasca easumhla, iliomdha do phréaláididibh uaisle, oirdhearca, ardchéimeacha, do chléircibh cuanda, ciallfhoirfe, cráifeacha, d’fhollamhnaibh ungtha, eolacha, ollbhladhacha & d’fhilidhibh feasacha, fíorlíofa, focalshnoite noch nach rigthear a leas d’áireamh sonn gion gurb neamhríofa iad leath ar leath insan áiteamh do ghlacas & fós gur maíodh go míchiallda leis an Uilliam Ó Móráin roimhráite gur frofa, gur fáithí, gur líofa, gur léire ’s gur léirdheachtaithe é féin in eolas, in iomais, in iomscaoileadh na n-adhmad & in ilcheárdaibh na n-ealadhan n-éagsúil, nÉireannach, ní hé amháin ná ceachtar do na síoldánachaibh amhra, oireadha so acht fós ná iad go huile, gion gur ghlac ceachtar dona grádaibh le n-oireanntar neach in ealadhain riamh & fós inar dhiúlt go meardhána teacht dom láthair ar gcur foghairme chuige in ainm an oird an t-ochtú lá don Mhíos Aibhgheist insa mbliain d’Aois Chríost seacht céad déag cheithre chuid & a ceathair.

Ag so m’aithne & m’ordú uime sin díbh & do gach n-aon agaibh go ndearntar sioradh síorluath & lorgaireacht lánurlamh libh go léigthí sceimhealta scríobluaimneacha fá ilchríochaibh Leithe mórábhla Mogha ionas nach fágfar libh aill ná árdán, bruach ná báinseog, clais ná cuithe, cnoc ná céide, coill ná currach, drom ná droibhéal, dúmh ná diamhar, fiodh ná fásach, fiadhach ná fiodhtheach, gort ná glasbhán, grian ná grianchnoc, iath ná imeall, lúb na luibhghort, lios ná leaca, máigh ná mínleach, maidhg ná mothar, nead ná neantóg, orc ná oirear, os ná oileán, port ná puathais, poll ná pórrán, rosc ná réidhteach, riasc ná ruadhán, sliabh ná sliosán, seisc ná seisceann, treabh ná triúcha, tuar ná tulach, uaimh ná uille, uaimh ná uamha & go háirithe ná fágaidh bléan breac-chnoic, cuais crainn, clab carraige, craos cumair, drant doimhneoige, fos foidhre, glot gáipéir,

gleann guaireach, ithe uisce, lár loige, mong muine, nead druide, pus pluaise, roc ruaigthe, scumhadh scairte, tigh talún ná áit uaigneasa fá theorannaibh fairsinge Sléibhe sliosfhada, sean gCua gan lorg & léirspiúnadh go friochnamach & go dícheallach go ria & go dtiocfaidh libh an tUilliam roimhráite do lámhadh et arna ghabháil tabhraidh i ngeimhlibh & i nglasaibh go daor docht ceangailte chughamsa go sonrach é go n-imearthar dlí air do réir a chionta. Uime sin seo é úr gcomhachta & úr mbarántas arna thabhairt fóm láimh & fóm shéala i mBaile Uí Chionnfhaolaidh an t-ochtú lá ar fhichid don Mhíos Aibhgheist insa bhliain d'aois ár slánaithe, seacht céad déag cheithre chuid & a ceathair.

Piaras Mac Gearailt, Ard-Sirriam Leithe Mogha.

**Foinsí:** Maigh Nuad M 58 (a) 2 – 4 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Chionnaola Cho. Chorcaí sa bhliain 1769 **(A)**; Corcaigh T. xvi, 98 – 99 a scríobh Pádraig Ó Suilleabháin i gCorcaigh sa bhliain 1814 **(B)**; Maigh Nuad M 54 (b), 225 – 227 a bhreac scríobhaí neamhaithnid sa bhliain 1781(**C** – cuid mhaith den téacs ar iarraidh).

**In eagar cheana:** APMG: 70 – 72

**Nótaí téacsúla:**

Bhreac Piaras an barántas magaidh coiriúil seo díreach i ndiaidh *Foghairm an Mhóránaigh* ina LS féin agus é ag feidhmiú mar Ard-Sirriam Leithe Mogha faoi mar is léir ón téacs. Chuir sé an barántas so amach ar an ochtú lá ar fhichid de mhí Lúnasa, nach mór trí seachtaine tar éis dó an fhoghairm a dhréachtadh, agus cur síos beacht á thabhairt aige an uair seo ar na cúiseanna a bhí á gcur i leith an Mhóránaigh. Is iad na cúiseanna sin, faoi mar a léimid anso, ná gur thug Ó Móráin easanóir do bhaill na héigse, Cúirt na mBurdún is dócha, agus gur mhaígh go raibh sé féin níos cumasaí ná baill uile na héigse cé ná raibh sé féin cáilithe chun fílíocht a chumadh agus, ina dhiaidh sin, gur dhiúltaigh sé teacht i láthair an Ghearaltaigh tar éis gur cuireadh an fhoghairm chuige. Tugann an

Gearaltach lánchumhacht dá chuid ardchonstáblaí agus dá chuid fo-chonstáblaí an Móránach a ghabháil agus é a thabhairt os comhair an Ardsirriam le pé fórsa is gá. Ar nós *Fhoghairm an Mhoránaigh* (**35**) is deacair gan féachaint ar an aiste seo Phiarais mar théacs magaidh i dtraidisiún ghnáthbharántais na hochtú haoise déag agus b'fhéidir arís, dála na foghairme, gur cuid de ghairm scoile a bhí ann. Féach chomh maith na nótaí téacsúla ar *Fhoghairm an Mhóránaigh* (**35**) agus *Barántas Dhiarmada Uí Airt (**38**).*

**1. i bhfoidhir:** Féach Ó hAirt, 1988 (s.v. *foidhir*) mar a mínítear an focal so mar 'clais' nó 'trínse (gearrtha ag tuile)' nó 'díog le hais claí'. Is é atá scríofa ag Piaras ina LS féin ná *a bhfaighir*.

**1. i bhfoithre:** Is é a chiallaíonn an focal so de réir fhoclóir an Duinnínigh (Ua Duinnín s.v. *fothar* agus cf. FGB s.v. *fothair*) ná 'a wooded hollow or swamp, a wood, a forest, a close, a ravine or deep glen … ' agus is é *foithre* an uimhir iolra den bhfocal. Is dócha, mar sin, gur féidir é seo a thuiscint mar 'i gcoillte' nó a leithéid.

**2. scaitheolach:** Is ionann an focal so agus *scotheolach*. Féach Ua Duinnín (s.v. *scaith-*) áit a dtugann sé le fios gurb ionann an réimír seo agus *scoth-* nó *scoith-*.

**2. go meardha:** Féach Ua Duinnín s.v. *meardha* 'sprightly, quick, active, raging, mad.' Is dócha go n-oirfeadh 'madly' don chomhthéacs anso.

**3. aitheasca:** Is é 'aithisc' uimhir iolra an fhocail seo i gcaighdéan na Nua-Ghaeilge (Ua Duinnín agus FGB s.v. *aitheasc*) ach féach DIL (s.v *aithesc* col. 260. 60 – 65.) mar a bhfuil an sampla so (as *Scéla Muice Meic Dathó*) 'ro ráidset a n-athesca' a thugann le fios gurbh ann don bhfoirm iolra so sa Mheán-Ghaeilge. Níl aon sampla den bhfoirm seo i g*Corpas na Gaeilge*.

**5. cuanda:** Féach Ua Duinnín (s.v. *cuanna*) mar a dtugann sé an fhoirm mhalartach so agus mar a ndeireann sé gurb é 'fine, elegant, noble' nó a leithéid sin is ciall leis.

**6. noch nach rigthear a leas d'áireamh sonn:** 'Which need not be enumerated here and now.' Féach Ua Duinnín (s.v. *rigim*) '*rigim a leas*, I need' agus '*cha rigeann tú a leas*, you do not need it' agus féach chomh maith DIL (s.v. *ro-icc*).

**9. iomais:** Is é atá scríte ag Piaras anso ná *in ionmhais* ach glacaim leis gurb é *iomais* (Ua Duinnín s.v. *iomas* 'intuition') a bhí i gceist aige agus tá an fhoirm leasaithe agam dá réir sin agus é le tuiscint mar 'intuitions.'

**9. iomscaoileadh na n-adhmad:** Is mar seo a d'aistrigh an Duinníneach an frása so ina fhoclóir féin (Ua Duinnín s.v. *iomscaoileadh* 'in iomscaoileadh na n-adhmad, the deciphering of the (ogham) staves). Tá an míniú ('liteartha') 'device, contrivance, composition, poem' ag an bhfocal *adhmad* in FGB (s.v.).

**11. na síoldánachaibh:** Níl aon sampla eile den bhfocal 'síoldán' i g*Corpas na Gaeilge* ná níl sé luaite i bhfoclóir an Duinnínigh ach oiread. Is dócha, áfach, gur féidir é a thuiscint mar chomfhocal ina bhfuil na heilimintí seo: an réimír *síol-* 'race or descendants' (Ua Duinnín s.v. síol-; cf. DIL s.v. *síl* col. 224. 10 – 15) agus an t-ainmfhocal *dán* a chiallaíonn 'a man of skill, a man versed in a certain art … a poet' (DIL s.v. *dán* col. 72 40 – 45). D'aistreoinn an focal, sa chás sin, mar 'the descendants of the poets.' Ar an láimh eile, dob fhéidir a thuairimiú gur dearúd atá anso toisc gur *shíoldhánachuibh* atá sa LS agus gur *na hioldánachaibh* a bhí i gceist ag an nGearaltach.

**11. gion gur ghlac ceachtar dona grádaibh le n-oireanntar neach in ealadhain riamh:** Is mar seo a leanas a thuigim an méid seo: 'although (he) did not ever obtain any of the grades by which one is equipped for art.' Féach Ua Duinnín s.v. *gion* 'gion gur chóir, though it were not right;' agus cf. DIL s.v. *cen* col. 114. 75 – 80.

**14. seacht céad déag:** Is minic gur consan lom a leanann na huimhreacha seacht, ocht agus deich i nGaeilge na Mumhan sa tslí is go gcloisfeá fós *'deich bliana'* srl á rá ag cainteoirí maithe in iarthar na Mumhan. Féach Ua Súilleabháin (1994: 512).

**15. sioradh:** Is é 'síortha' atá ag Ó Foghludha (APMG: 71) agus 'a quest' tugtha aige mar mhíniú air i ngluais an eagráin chéanna (ibid., 134) Dhealródh sé, áfach, gurb é atá anso ná ainm briathartha an bhriathair *sirim* (Ua Duinnín s.v. 'seek, look for, investigate, reconnoitre, search, demand' agus cf. FGB *sir* 'seek out..., seek, ask for'). Is í an fhoirm mhalartach atá le fáil in FGB (s.v. *sir, sioradh*) atá roghnaithe agam anso ós í is cóngaraí do léamha na LSÍ. Féach chomh maith DIL (s.v. *sirid* 'seeks out' srl.).

**16. sceimhealta scríobluaimneacha:** Ní dócha go bhfuil an ceart ag Ó Foghludha (APMG: 71, 133) nuair a deir sé gurb é atá sa chéad fhocal anso ná 'scimhealta, a scout (should be scimealtaí in text)' agus dhealródh sé gurb é an uimhir iolra den bhfocal *sceimhleadh* atá ann (Ua Duinnín s.v. 'a looting or marauding party' srl.). De réir an Duinnínigh (Ua Duinnín s.v. *scríob-*) ciallaíonn *scríobluaimneach* 'sweeping all before, resistless' agus mar sin is dóigh liom gur féidir an chuid seo a leanas den líne, *go léigthí sceimhealta scríobluaimneacha fá ilchríochaibh Leithe mórábhla Mogha*, a thuiscint mar 'and that marauding parties sweeeping all before them be released throughout the many vast territories of Leath Mogha.' Mar leis an bhfoim *mórábhla* féach FGB (s.v. *ábhal* 'great, immense').

**18. cuithe:** Is é is ciall leis an bhfocal so is dócha ná 'poll'. Féach Ua Duinnín (s.v. *cuithe*) áit a mínítear an focal mar 'a pit or den; an open grave; a pool.'

**18. droibhéal:** Is é 'druiméal', 'a ridge'' atá ag Ó Foghludha (APMG:71, 122) ach tá *droibhéal* 'a hard, barren land' (Ua Duinnín s.v.) agus 'a rugged difficult place' FGB (s.v. *droibhéal*) níos cóngaraí do léamha na LSÍ agus oireann sé don chomhthéacs leis.

**19. fiadhach:** ‘An isolated rock’ is ea a chiallaíonn an focal so de réir fhoclóir an Duinnínigh (Ua Duinnín s.v. *fiadhach*) áit go ndeintear crostagairt don bhfocal *fiadh-chloch* a chiallaíonn an rud céanna (ibid., s.v. *fiadh-chloch*) Is é *fiadhagh* atá scríte ag Piaras é féin agus ‘fiadhach’ atá ag Ó Foghludha (APMG: 71, 124) ach dealraíonn sé ón ngluais san eagrán san gurbh é a thuig sé leis seo ná ‘hunting’. Áit seachas gníomh atá i gceist anso, áfach, mar is léir ón gcomhthéacs.

**19. fiodhtheach:** Is é *fiadhtach* atá sna LSÍ ach cé gur ghlac Ó Foghludha (APMG: 71) leis an léamh so i dtéacs an bharántais déarfainn go bhfuil an ceart aige sa ghluais mar a dtuairimíonn sé go mb’fhéidir gurb é atá ann ná ‘fiodh-theach .i. a wooden hut’ (ibid., 124). Níl an fhoirm seo in Ua Duinnín ná i g*Corpas na Gaeilge,* áfach.

**20. maidhg:** Lean Ó Foghludha (APMG: 71) lámh Phiarais é féin anso agus mar sin is é atá san eagrán san ná *maidhig*. Níor thug sé aon mhíniú ar an bhfocal sa ghluais, áfach. Níl a leithéid d’fhocal ag Ua Duinnín ná níl sé *i* g*Corpas na Gaeilge* ach b’fhéidir gur leagan malartach den bhfocal *magh* nó *máigh* (Ua Duinnín s.v. ‘a plain’) atá ann.

**21. orc ná oirear:** Is é a chiallaíonn an chéad fhocal anso ná ‘a hollow’ de réir Ua Duinnín (s.v. *orc*) agus mar leis an tarna focal tugann an foclóirí céanna le tuscint gurb é is ciall leis ná ‘a shore, a coast …; a borderland’ (ibid., s.v. *oirear*).

**21. os:** Ní dócha go bhfuil an ceart ag Ó Foghludha (APMG: 71, 130) áit a míníonn sé an focal so mar ‘moat.’ Deir sé gurb ionann é seo agus an focal *fos* ach níl aon fhianaise agam a thacódh leis an míniú a thugann sé. Tugann an Duinníneach (Ua Duinnín s.v. (*f)os* ) an sampla suimiúil ‘*fos foidhre,* a woodland clearing’ agus dob fhéidir glacadh leis an míniú san ‘clearing’ gan aon deacracht (féach chomh maith an nóta ag líne 24 thíos). Tá, áfach, ‘resting place’ ag an Duinníneach mar mhíniú ar an bhfocal so agus tá sé seo ag teacht cuid mhaith leis an méid atá san DIL (s.v. *fos(s)*). Is é *us* atá scríte go soiléir i LS Phiarais ach ní dóigh liom go bhfuil sé as an gceist gur scriorradh pinn atá ann agus gurbh é *ur* a bhí i gceist aige a scríobh agus an chiall ‘border’ leis (Ua Duinnín s.v. *ur, or*.)

**21. porrán:** Dar leis an Duinníneach gurb ionann an focal so agus 'purrán' a chiallaíonn 'little crevice' (Ua Duinnín s.v. *purrán*) agus de réir FGB (s.v. *pollán*) is ionann 'porrán' agus 'pollán' a chiallaíonn '(small) pool' nó ' hollow place.'

**22. réidhteach:** Is é 'a plain, a level' an míniú a thugann an Foghludhach a (APMG: 132) ar an bhfocal so agus tá sé sin ag teacht leis an míniú a thugann an Duinníneach ar an bhfocal céanna (Ua Duinnín s.v. *réidhteach*). Suimiúil go leor tugann FGB (s.v. *réi(dh)teach*) an míniú 'clearing' ar an bhfocal so agus b'fhéidir gurbh é sin an tuiscint a bhí ag Piaras ar an bhfocal chomh maith.

**22. ruadhán:** Is é 'moorland' a thugann an Duinníneach (s.v. *ruadhán*) agus gluais an Fhoghludhaigh (APMG: 132 'a moor') á leanúint aige b'fhéidir. Níl aon sampla eile den bhfocal so i g*Corpas na Gaeilge*.

**22. triúcha:** 'A cantred,' nó 'a district' a chiallaíonn *triúcha(dh)* dar leis an Duinníneach (Ua Duinnín s.v. *triúchadh*).

**23. uaimh ná uille:** '(Neither) a cave nor a cranny'. Is é 'uilghe' atá sna LSÍ ach ní féidir aon chiall a bhaint as san ach amháin é a leasú go 'uille', faoi mar a dhein Ó Foghludha (APMG: 71) agus é a thuiscint mar 'a corner or nook' mar a mhíníonn Ua Duinnín (s.v. *uille*).

**23. uaimh ná uamha:** Deinim amach gurb é *uaibh ar nanna* atá scríte ag Piaras anso ach téann díom aon chiall a bhaint as an méid sin. Is é an rud céanna atá in B (is níl an chuid seo ar fáil in C) ach seachas sampla an Fhoghludhaigh a leanúint (APMG: 71) agus na focail a fhágaint ar lár soláthraím an tarna focal *uamha* agus deinim *ná* de *ar* cé go mb'fhéidir ná fuil sé seo go hiomlán sásúil. Mar sin féin, soláthraíonn sé seo an 'uaim' agus na péirí focal so in ord aibítreach faoi mar a bhí ag Piaras tríd síos anso agus is fearr é, dar liom, ná bearna a fhágaint sa téacs. Tá sé le tabhairt faoi ndeara go bhfuil an focal *uaimh* (LS *uaibh*) scríte faoi dhó ag Piaras anso rud a thabharfadh le fios, b'fhéidir, gur chuaigh sé amú sa líne seo den téacs.

**24. cuais:** Foirm mhalartach bhaininscneach den bhfocal 'cuas' atá anso de réir FGB (s.v. *cuais*).

**24. drant doimhneoige:** 'The mouth of a pit.' Ciallaíonn an focal *doimhneog* 'a shallow pit' dar le Ó Foghludha (APMG: 122) agus féach leis Duinnín s.v. *droimhneog* 'a trench, a pit.'

**24. fos foidhre:** Ciallíonn sé seo 'a woodland clearing' de réir fhoclóir an Duinnínigh (Ua Duinnín s.v. *fos* agus féach chomh maith an nóta ar *os* ag líne 21 thuas).

**24. glot gáipéir:** Féach Ua Duinnín s.v. *glota* (tugann sé glot mar fhoirm mhalartach) mar a luann sé an sampla '*glota gáipéir* a swallow hole or culvert opening.' Mar leis an bhfocal *gáipéar* féin, míníonn Ua Duinnín é sin mar 'a gap … a chasm.'

**24. gleann guaireach:** Is é a chiallaíonn sé seo ná 'a wooded glen' dar le Ó Foghludha (APMG: 127) agus tá an míniú céanna ar an bhfrása céanna ag Ua Duinnín (s.v. *guaireach*).

**25. ithe uisce:** Tá sé seo mínithe ag an Duinníneach mar '(a) furrow made by running water or high waves (Ua Duinnín s.v. *ithe*).

**25. lár laige:** 'The middle of a hollow'. Cloím le litriú Phiarais anso: is ionann *lag* agus *log* (féach Ua Duinnín & FGB s.v. *lag*).

**25. roc ruaigthe:** De réir an Duinnínigh (Ua Duinnín s.v. *roc*) is féidir an chéad fhocal anso a thuiscint mar 'a groove, a rut … a dry chasm hollowed out by a stream.' B'fhéidir go n-oirfeadh an chiall dheireanach so agus go míneodh sé sin an aidiacht briathartha 'ruaigthe' .i. gur clais atá ann a deineadh le fórsa uisce.

**26. áit uaigneasa:** Tá ceithre shampla de 'uaigneasa' mar ghinideach den bhfocal uaigneas i g*Corpas na Gaeilge* (an sampla so ó eagrán Uí Fhoghludha, APMG: 71, san áireamh). Féach an sampla so as saothar Dháibhí Uí Bhruadair: 'do lingfeadh a leathchumadh ar aithearrach uaigneasa' (Mac Erlean, 190 : 166)

**27. léirspiúnadh** Foirm mhalartach den bhfocal *spíonadh* is ea *spiúnadh* 'examining' (Ua Duinnín s.v. *spíonadh*) agus mar sin is féidir an focal so a thuiscint mar 'a careful examination', rud a oireann go breá don chomhthéacs.

**27. go ria & go dtiocfaidh libh an tUilliam roimhráite do lámhadh:** Is é atá sa bhfoirm bhriathartha *ria* anso ná an Modh Foshuiteach Láithreach, 3ú pearsa uatha den bhriathar 'roichim' (féach Ua Duinnín *s.v. roichim* agus DIL s.v. *ro-saig* col. 99. 20 – 25): 'so that you may reach (him) and you will be able to lay hands upon this aforementioned Uilliam.'

**41. Baile Uí Chionnfhaolaidh:** An baile fearainn in oirthear Chorcaí mar a raibh a thigh cónaithe ag Piaras Mac Gearailt. Is é an leagan so den logainm áirithe seo a úsáidim tríd síos sna téacsanna atá in eagar sa tráchtas so cé gurb é *Baile Uí Chionnfhaoladh* atá ag Piaras é féin anso. *Baile Uí Chionnaola* an leagan oifigiúil sa lá atá inniu ann. Féach http://www.logainm.ie/13667.aspx (ceadaithe 11 Aibréan 2012).

**Malairtí:**

Ceannscríbhinn rómhraidhte A romhráidhte B / ccúngnamha AB 1. a bhfaighir AB / a bhfoirthe AB 2. ainim AB / go mearragadh AB 3. éadtrom ABC / A borb***adh*** A borba BC baothghlórach AB 4. chléircibh AB chléiricibh C 5. chuandha A chuanda B / cialloirfe AB cialoirfe C / d'fhollamhnuibh ABC / ungtha AB unnghtha C 6. nach rigthear A nach righthear B nach ricthear C 8. rómhráidhte A romhráidhte B róimhráighte / fromhta A fromhtha BC / faithidh C 9. an iomhais AB an iomhas C 11.shíoldhánachauibh AB síolghána C 12. len oireantar AC le noireanas B 12. mearradhána AB mearghána C 13. ar ccur tfogarrama A ar ccur tfhogharma B / d'aois ár slánaitheoir 1749 C 15. siortha AC

siorrtha B  17. mór aidhbhle AB 18. cuithe A cuiche BC / drúmhéal AB druimheal C 19. fídh A fíodh B fio.. C / fiadhagh AB  / fiadhtach ABC 20. maidhig AC maidhigh B 21. us AB / porán ABC 22. réighteach A réidhtheach B reigteach C 23. tullach A tulla B  uaibh A uaimh B / uilghe AB / uaibh ar nanna AB / breac-cnoic A breacc chnoic B breac cnoc C / cuas C  24. drannt duimhneoige AB drant dubhneoige C /  fos faidhre A fós faidhre B fo fiodh***badh*** C 24. glib gleanna C 25. lár loige C / ruaighthe AB ruaighche 26. sgúmha A sgúmhadh B sgiúmha C  27. léirspiúna AB leirspiunadh C / riadh ABC 28. rómhráidhte AB róimhráighte C / tabhraig AB tabhruig C 29. a ngímhlibh AB a ngeibhlibh C / súnrach AB sionrach C 30. ubhar A bhúr B úir C / ubhar bharrántas A bhúr bharrántas B úir bharantas C 31. an tochtmhugh A an tochtmhúghadh B an xumha C / ar fhithchid AB air fithchid C.

## 37. Ba Riail ag Flathaibh

Ba riail ag flathaibh bheith carthanach, cráifeach, saor,
san tír seo tamall gur leagadh na táinte laoch.
An fuíoll beag mhaireas níl aiteas ná tábhacht ’na gcéill,
tá Gaoidhil faoi scamall is Gallaibh go hard i réim.

Réim is rachmas do chleachtadh an ráib gan ghruaim,
féascal ní fhachtar ná teastas ón sárfhear suairc.
Laoch ba thaitneamhach sealad le fáithe duain,
ba thréan chum seasaimh le Danair i mbearnain chruaidh.

I mbearnain chruaidh na suadh ba shámh ba thréan,
don ráib gan uabhar níor dhual acht sáimhe ’s séan.
Mo chás ! Monuar! Ár n-uaisle ar fán go faon,
d’fhág táinte ar buairt go fuar is Pádraig tréith.

Cé tréith gan stór gach leon is gríobhach glan
do séideadh leo gan treoir, gan bhrí, gan bhail.
Ní baol duit fós! Tá’n slógh thar toinn ag teacht
do réidhfidh brón is ceo ód chroí ar fad.

Cé fada dhuit siar do thriall go Béarra an chuain
do-gheabhair gach triath san iath sin séimh gan chluain.
Gach bathlach diabhail ná riarfaidh céim do ghuais
beidh tafann ’na dhiaidh go dian ag éigse ’s uais.

Uais gan ghráisc roimh dháimh an bhrollaigh ghil,
’s uaisle Fáil go sámh ’na solasbhroig.
Cé cruaidh an cás le spás dár gcuradh dil,
beidh ruaig ar námhaid ’s beir sásta soilbhir.

**Foinsí:** Corcaigh, T. vi, 38 a scríobh Pádraig Stúndún i gCorcaigh sa bhliain 1885, **(A)**; Corcaigh T.vii, 124 – 5 a scríobh Pádraig Stúndún i gCorcaigh sa bhliain 1883/4 **(B)**; BÁC Feiritéar 1, 185 a scríobh Pádraig Feiritéar sa bhliain 1883 **(C)**; Harvard MS. 1 a scríobh Pádraig Stúndún i gCorcaigh sa bhliain 1885 **(D)**.

**Meadaracht:**

Amhrán. Tá conchlann idir na véarsaí tríd síos cé ná fuil sé sin cruinn ar fad idir líne 16 agus 17 mar a ndeintear conchlann idir 'ar fad' agus 'cé fada'.

1 – 4 / – í – a – – a – – á – é / (ach féach nótaí téacsúla)

5 – 8 / *é – – a – – a – – á – ua /

9 – 12 / – á – ua – ua – á – é /

13 – 16 / – é – ó – ó – í – a /

17 – 20 / – a – – ia – ia – é – ua /

21 – 24 / * ua – á – á – o – i /

**Nótaí téacsúla:**

'Píaras ag leanamhuin friotail bhinne mhílse Sheághain Uí Thuama an ghrinn' an cheannscríbhinn a ghabhann leis an dán so in (A) ach is díol suime an cheannscríbhinn i lámhscríbhinn an Fheirtéaraigh (C) áit a bhfuil an méid seo scríte: 'Piaras Mac Gearailt

ag cur as rannaibh Sheághain Uí Thuama.’ Is é a thagann roimh dhán so an Ghearaltaigh sa lámhscríbhinn seo ná barántas a chum an Tuamach é féin sa bhliain 1765 agus é ag bronnadh pas na filíochta ar Phádraig Ó Conaill éigin. Tá an barántas so in eagar ag Ó Fiannachta (1978, 113) agus ní gá ach féachaint ar chuid na filíochta den bharántas chun na cosúlachtaí idir an dá aiste filíochta a fheiscint:

Ó Phádraig gabhaig mo leabhanphas saor go suairc,
Ins gach áit a ngeabhaidh i mbailte poirt Éireann uais,
Go brách dá chabhair dá chasnamh is dá chaomhnadh buan
Gan bhá gan bhascadh gan mhairg gan bhaol gan bhuairt.

Buairt ná aithis ná tagaradh aon don fhear;
Ba mhór a chaithis fé rachmas an tsaoghail seal;
Níor chruaidh a ghreamanna is feasach nár dhaor a bhreith,
Gur bhuail an ainnise le dearbhthoil Dé ina theach.

Teach flatha nó taoisigh díbh ’na stadfaidh ar cuairt,
Go geanamhail bíodh gach saoi le taise is le trua,
Cum fairsinge bídh agus dí agus leapa chum suain,
Dom’ gharbhfhear Ghaolach ghrinn gan ghangaid gan ghruaim.

Gruaim ná doicheall ná cloistear le héigse an ghrinn
Roimh stuaire an bhrollaigh ghil mhogallaigh bhéasaigh bhinn,
Go buacach bronnaitheach gach ollamh glan éasca bíodh
Nó is buan ár ngutha dá gcoscairt go daor fá chíos.

Is léir, mar sin, gur ag cur fáilte roimh an bhfile seo, Pádraig Ó Conaill, atá Piaras anso agus gan dabht luann sé a ainm ar líne 12. Mar sin féin, tá an chuma ar an scéal gur ag cuimhneamh ar chúrsaí polaitíochta a bhí Piaras ó thosach deireadh agus gur féidir féachaint ar an dán, dá réir sin, mar dhán Seacaibíteach chomh maith le dán a chuireann

fáilte roimh fhile 'nua-cháilithe'. Féach an plé ar an dán so sa chaibideal a shaol agus saothar Phiarais thuas.

**1 – 2.** Is léir go bhfuil an focal 'riail' le léamh leis an bhfuaim /iː/ seachas /ia/ ar mhaithe leis an meadaracht anso toisc go gcaitear amas a dhéanamh leis an bhfocal *tír* sa chéad líne eile. Dob fhéidir a thuairimiú go mbeadh an file féin sásta le hamas idir /ia/ agis /iː/. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta. Dar ndóigh, d'fhéadfaí an tuairim a chaitheamh gurb é an focal *dlí* seachas *riail* a bhí anso i dtosach ach nuair ná fuil an léamh so againn in aon LS eile ní féidir a leithéid de leasú a dhéanamh.

**5. do chleachtadh:** Leanaim an léamh in (C) anso toisc go n-oireann sé seo níos fearr don chiall .i. bhíodh 'réim is rachmas' á chleachtadh ag an 'ráib gan ghruaim' ach anois … srl.

**6. féascal:** 'Éaradh ní f[h]achtar' atá ag an bhFodhludhach (APMG: 26) anso ach níl fianaise na LSÍ ag teacht leis seo. Leanaim an léamh in (A) anso 'feascal' óir is é is fearr a oireann do chiall agus do chomhthéacs an dáin, dar liom. Seans go bhfuil an focal so bunaithe ar an bhfocal Laidine 'fasciculus' a chiallaíonn 'beart beag nó pacáiste'. Tá ciall leis seo i gcomhthéacs na líne seo sa mhéid is gurb é atá á rá anso ná gurb amhlaidh anois ná faightear 'teastas' nó 'feascal' ('pas filíochta' atá i gceist is dócha) ón 'sárfhear suairc' nó ón bpátrún. Is mar /f'eːscəl/ atá sé seo le rá ar mhaithe le riachtanas na meadarachta. Ní foláir *ní fhachtar* anso a rith le chéile mar *n'fhachtar* d'fhonn is go mbeidh meadaracht na líne slán.

**12. Pádraig** Pádraig Ó Conaill, an té gur bhronn Seán Ó Tuama pas na filíochta air, is cosúil, faoi mar a luadh thuas.

**13. gach leon is gríobhach glan:** Glacim leis gur leagan malartach den ainmfhocal *gríobh* 'a warrior or knight' (Ua Duinnín s.v. *gríobh;* DIL *gríb* 'a fierce warrior, a a hero' col. 160. 30 – 35) atá anso sa tslí is gur féidir an chuid seo den líne a léamh mar 'every

champion and fierce warrior.’ ‘A griffin, a vulture or other taloned creature’ is bunchiall leis an bhfocal faoi mar a thugann Ua Duinnín le fios.

**19. gach bathlach:** Tá trí shiolla ag teastáil sa bhfocal so *bathlach* ‘a churl’ (Ua Duinnín s.v.) ar mhaithe leis an meadaracht agus é le rá mar /bahələx/ dá réir sin.

**23. curadh:** Is í an fhuaim /o/ seachas /u/ atá ag teastáil anso.

**24. beir sásta:** Leanaim an Foghludhach (APMG: 27) anso mar a bhfuil ‘beidh’ na LSÍ leasaithe go ‘beir’ ar mhaithe le ciall na líne.

**24. soilbhir:** Tá an focal so le rá mar /sil'i'v'ir'/ ar mhaith leis an meadaracht mar a bhfuil an patrún [o – i] ag teastáil i gcéim dheireanach na líne.

**Malairtí:**

Ceannscríbhinní: Píaras ag leanamhuin friotail bhinne mhílse Sheághain Uí Thuama an ghrinn A Píaras Mac Gearailt .i. Árd-Shirriam na ranna so, ag leanamhuin fritil físor mhílse Sheághain Uí Thuama an ghrínn mar a leanas B Piaras Mac Gearailt ag cur as rannaibh Sheághain Uí Thuama C Piaras Mac Gearailt .i. Árd-Shirriam na ranna so, a leanamhuin friotail bhinne, fíormhílse Sheághain Uí Thuama an ghrinn mar a leanas D 1.gur sheasgair do dháimh do ghlaodhadh A a bheith fearumhail fáilteach fliuch B bheith carthanach cráibhthach saer C bheith fearamhuil fáilteach fial D 2. ‘san tír so A ’san gcríoch-so tamal B ’san críoch so tamall C ’san gcrích seo gur leagadh gan táin gach triath D 3. an fhúigheall bheag A an fhúgheall bheag B a fuighall beg C / do mhaireas AB níl aiteas ná tádhbhacht ná céill A níl aco cáil ’ná céill B níl aiteas ná tábhacht ’na gcéill C níl teannas ná tádhbhacht ’na gciall D 4. tá Gaoidhil faoi sgamail A tá Gaoidhil fá sgamail B tug gaedhail fí sgamal C tá Gaoidhil faoi sgamal is gallaimh faoi bhláth na ndiaig D 5. do chleachtas AB do chlechtach C bláthadh ’s bleachtas do chleachtas D 6. feasgal ní fhachtar ná tesda A toiniúdh ná teasdus ní gheibhid B d’esgair mar ghabhim si tesdas C teasdus ní gheabhaid lé fada ón sárfhear suairc D 7. lé fáige duain A ag fáighe

duain B ag fáithaibh duain C 9.'s na buadh budh láidir tréun A budh shuaigh budh shámh budh thréun B  na suagh badh shám badh thrén C a ruagadh námhaid go tréun D 10. don ráic gan uabhar níor dhual acht sáimhe 's séun A  ráic an uais bhí uaisleacht tráth 'na raon B an ráibh gan ghruaim 'nar dhual bheith fáiltach saer C do ráic na n-uais níor dhual a bheith támh ná baoth D 11. ár n-uaisle air fán go faon A na huaisle air fán go faon B nda huaisle air fághan go faen C air fán a gcéin D 12. d'fhúig A a d'fhág táinte buadhartha fuar is Pádraic tréith B chuir táinte air buairt go fuar a's Pádraig tréith C 13. gríbhtheach A gríbheach B gach leoghan gríobhtha glan C 14.  gan tóir A gan bhó gan bhrígh gan bhail B & gur séidadh leo gan treoir gan bhrígh gan bhail C 15. ní baoghal d'ár n-óig tá-n slógh thar tuinn a teacht A ní baoghal duit fós! tá'n tóir thar tuinn ag teacht B  ní baeghal duit fós tá an tóir tar toínn ag techt C ní baoghal dóibh fós! tá cóib thar tuinn a' teacht  D 16. do réidhfidh brón is ceó a chroídhe gan stad A do réidhfigh brón is ceó ód chroídhe air fad B A réighfidh an brón & an ceo so ód' chroidhe-si air fad C is daoirse is smacht D 17. cia fada dho siar a thriall go Béarra an chuain A cia fada duit siar do thriall go Béarra an chuain B cidh fada dhuit siar do thriall go barr an chuain C cia fada dár dtriath a thriall go Béara 'n chuain D 18. do gheabhaidh gach triath san iath sin féin gan chluain A do gheabhair gach triath san íarthar séimh gan chluain B do gheobhair gach triath 'san iath sin séimh gan chluain C do gheabhaidh gach fiann 'sa sgian air faobhar don uain D 19. gach baothlach diabhail ná gliaithfidh leis 'na guais A gach baothlach diabhail ná ríarfaidh céim do ghuais B & gach bathallach diabhail nách riarfidh céim do ghuais C gach baothlach diabhail nách mian leis réidh dá ghuais D 20 . beidh caismirt go dian 'na dhiaigh ag éigse 's uais B beidh caismirt go dian 'na dhiaig ag éigsibh suairc C beidh caismirt go dían 'na dhíaig ag éigse is uais D 21. an bhrolla ghil A gan cháim roimh dháimh an bhrolla gheal B Suairc edh tá gach triath an … C uais is dáimh roimh ráic an bhrolla-gheal D 22. 's uaisle Fáil gach lá níos foirtile! A is uaisle Fáil go failteach fonnamhar B beidhid uaisle Fáil go sámh 'na solais bhroig C uaisle Fáil 's gach dáil gan doithchioll do D 23. cia cruaidh an cás le spás d'ár gcuradh dil A cia cruaidh do chás lé spás 's is dorcha B cidh cruaidh le spás tú a shár-fhir shoilbhir C cia cruaidh a cás, tá'n báire a bhfogus do D 24. beidh ruaig air a námhaid 's beidh sásta soilbhir A beidh ruagadh air do námhaid 's an báire curtha ortha B beidh ruaig air námhaid a's tu sásda 'ár bhfochair-na C go mbeidh ruagadh air a námhaid 's beidh fáilte 's fosgadh dho D.

## 38. Barántas Dhiarmada Uí Airt

Leath Mogha maille re Mártan Luther, Calvin, Cromail, Zunglius, Beza, Melangton agus Cardinal Woolsey de phríomh-cheannchomhairle Bhelzebub chum gairm orduithe & bharántas do thabhairt amach i gcoinne gach n-aon den chlé-eaglais choirpe, chealgach, choinnealbháite noch do thréig & do dhiúltaigh do na grádaibh diaga dearscnacha ceartbhriatharacha & do na hoird aoibhne áilne fíornaofa. Do bhrí go bhfuaireamair deimhin, suíochaint & léirchuntas gur cheangail & gur mhóidigh duine dona diabhlaí áirithe chum bheith ’na dheisceabal ag an ardmháistir seo ’ár gcoinne .i. Lucifer & go mbeidh sé modhúil, miochair, milis, omósach don ochtú hAnraí, do Rí Uilliam an Choncais, d’Anna Boleyn & do mhórán eile do na deamhain, darb é a ainm & a shloinne Diarmaid Ó hArta do bhí sealad ’na shagart paráiste thiar i gCairbreacha, tamall eile i gCarraig Thuathail fé thearmann Dhochtúir dhiaga, dhearscnaigh, dheiscréidigh Mhic Canna, Easpag Chluana, Chairbreacha agus Rois.

Agus chum ná beadh mearaithne agaibh ar an Diarmaid réamhráite seo bhéarfamna díbh a chómharthaí sóirt & eolas ar a dhroichmhéin & ar a ghníomhartha salacha mar leanas:

Atá Diarmuid diablaí Ó hArta achrannach, airceasach, ainmhianach, bréagach, bradach, cancrach, clamparach, clamhach, cealgach, casaoideach, duairc, drochghnóthach, dona, dána, diablaí, fealltach, feargach, fraochaí, gruama, gráiniúil, grollach, glasghnéitheach, lomartha, loitithe, lándíobartha, meirgeach, mallaithe, maslaitheach, míbhéasach, peacúil, púcúil, pusramhar, portsúileach; ríbhodach, raille dubh, racaire rinnbhéalach, searbhlabharthach & tóraí turraingeach tubaisteach do chuir gleo is buairt ar Impireacht na bhflathas & do chuir bainríoghan na nAingeal ag sileadh na ndeor. Do chuir brón doilíos & díomá ar eaglais dhiaga, dheashamplach na críche so, Leatha Mogha, & ar mhórán eile don chléir mhilis, dhea-mhéineach, dhearscnach Inse Fáil.

Uime sin, an uair ná tagann & é féin do thabhairt suas agus seasamh chum breithiúnais, fógraímid i bpein priacail agus umhlacht do gach uile chonstábla agus báille,

28 gach uile chladhaire coirpe, cealgach, claon, cailliúnach agus gach uile bhithiúnach bréagach, bradach, ceanntréan, cleasach, suarach, sliteach ar feadh na leatha céanna mórfhódach Mogha de bhrí na mórchomhachta atá againne gan diúltadh:

An Diarmaid cas mac Airt dá éileamh,
a lorg ’s a chuardach buan gan traochadh,
ar fuaid corraithe, bogaithe is sléibhte,
bailte móra, cuanta is céibhe.

Cuardaidh ardchnoic, bánta is gaortha,
caisleáin seanda, gleannta is féithe,
cuasáin, cumair is iomallaibh craosmhuir,
gach tráigh is cuan ar fuaid na hÉireann.

Tosnaidh thiar in iarthaibh Bhéarra,
ná fágaidh cúirt, dún ná aolbhrog,
long ná bád i gClár Loirc Fhéidhlim,
gan spiúnadh is long do stollaire an éithigh.

Ná tugaidh Beantraí ar iontaoibh éinne,
Cuan Dor na long ná Dún na Séadaibh,
an Sciobairín gan fuíoll, gan éileamh
ar lorg an scramaire dhamanta, chéasta.

As san preabaidh go meanmnach, saothrach
go Corcaigh na gcuan go luaimneach, léadmhar
is déinidh lorg go brostaitheach, éigneach
ar Dhiarmaid ghlas mac Airt an meirleach.

Ach fóill, a dhaoine, do hinnseadh scéal dom
gur theith an raille lena anam mar fhaosamh
go hUíbh Mac Coille le hiomarca saothair
ag iarraidh coimirce i gcumaraibh éigin.

Leanaidh go dlúth an sprionlach déistneach
is cuiridh a lorg go hobann le faobhar;
ná fágaidh cathair ná baile ná réchnoc
gan spiúnadh ar siúl go dlúth dá éileamh.

Lá Fhéile Seáin do chuala ó uasal tréitheach
go bhfuil an fia i gCill Ia fá dhaolbhrat
agus é ’na mhinistir choirpe chréimthe
is bean acarach aige agus cléireach.

Nár mhairidh sé a ghúna clúmhach ná a bhéabhar;
uchlán, gruaim is buanchnead cléibhe air,
saighead nimhe, galair is greamanna daora air,
gach aon lá is tráth dá chéasadh.

Go mairidh céad bliain sna pianta céanna
is conairt na fola dá stolladh is dá chréimeadh,
naithreacha nimhe ’na chroí dá réabadh
’s a chionta mallaithe dá dhamaint ’s dá dhaoradh.

Beidh cnead ’na chroí dá dhroim is péinbhroid,
a chroí ’sa cheann ’sa mheabhair dá réabadh,
dá stracadh is dá phianadh ag diabhail go faobhrach,
mar thug sé a anam ar aiteas gan éifeacht.

Is droim do thabhairt le flaitheas Mhic Dé ghil
is do chuir cogadh gleo ’s brón ar naomhaibh
is an mac miorúilteach múirneach naofa
gur fhuiling sé bás le grá don smeirle.

Is gur iompair an chroch go doilbh, déarach
ar mhullach an chnoic 's ansan do céasadh,
le iomad pianta diana, déistneach',
Íosa mhilis chum sinne do shaoradh.

Ciach ortsa 'Dhiarmaid is léan ort
ochlán dubhach is púir is créim ghoirt
cá ngeobhair, cá rachair, cá stadfair ar aon chor?
is go mbeir Lá an Luain id chuail bhocht dhaortha.

Ós comhair do shúl beidh scrúdadh is léirmheas
is breithiúnas caoin ag Íosa dá dhéanamh,
dlíthe go cothrom is lorg is léirmheas,
ar do ghníomhartha mallaithe, damanta, a mheirligh.

Dob é seo, a stráill bhocht, an lá léin duit,
cá gcaithfir do ghúnaí dubha ná do bhéabhar?
cá ngeobhaidh do ghaisce, do phearsa 's do thréine,
ná an mheirdreach mhallaithe 'mhaslaigh is 'dhaor thú?

Gráin ar do mháthair is créim ghoirt,
ó bhí ceárd a beatha ag an gcaile gan bhéasa,
'bheith na coillteoir muc ar fud na hÉireann,
nár bhain sí asatsa an acra 'dhaor thú.

Dob í seo, a chairde, máthair an smeirle,
seanrúisc chaillí mharaíodh céad muc,
mar cailleadh a meabhair in am a dhéanta
le meisce ó thunna na buisinne bréine.

Dar leatsa ba mhaith is ba ghlan do léimse,
tar bonn, tar geata, tar caise no féithe,
ag déanamh mustair le fuinneamh is faobhair
as taispeáint clú is lúth do ghéaga.

Turnamh, treascairt is galar is créim ort,
do rinn t'anam do dhamaint le léim choirp,
léim lér scarais le flathas Mhic Dé ghil
is léim do chuirfidh go hIfreann daor thu.

Beidh tú fannlag crannda créimthe;
beidh saighidibh nimhe tríd' chroí gan faosamh;
beidh do námhaid i gclár t'éadain,
meisce is drúis is tnúth le craos coirp.

Ní thuigim gur tairbheach an teagasc so 'léamh duit,
ní baois ná gangaid ná glagaireacht bhréige,
go mbeidh mac Uí Arta 'na raille fá dhaorchnead
i ngleanntaibh ifrinn tuilte de bhréantas.

Cruatan báis ort, fán is eirleach,
is buartha táid a lán ded ghaolta,
eaglais ionraic, mhúinte, mhaorga,
do leanas go dlúth gach cúrsa naofa.

Dochtúir mac Airt an sagart léannta
is Tadhg do bhráthair lán do dhaonnacht,
táid faoi bhrón go deorach, traochta
i dtaobh do dhamaint, do mhasladh is do chlaonadh.

A thrú bhocht, ainnis créad mheasair do dhéanamh,
nó créad é an diabhal do chuir ciach is daolbhrat
ar do radharc chum deighilt do dhéanamh
100 le hAonmhac Muire, a dhlithe ’s a naomhscript?

Arú, glacsa comhairle i gcomhair tú ’shaoradh,
spreag t’aigne is tabhairse géarghean
do Chríost tar n-ais is glacfaidh sé leat,
104 má bhíonn do chroí dáiríribh céasta.

Buail t’ucht is bíodh sruth déar leat,
smaoin ó chroí ar do chríocha déanach’,
smaoin ar Íosa Críost mar céasadh
108 i gcrann na croise le dursain is daolbhrat.

Mo thrua tu feasta mara nglacair mo chomhairle i dtráth
’s mo thrua mhór t’anam bheith damanta i mbrón gan tábhacht,
id chuail bhocht caite faoi leacaibh ag dreo go táir
112 ’s na sluaite deamhan dod stracadh ’s dod dhó de ghnáth.

Gnáthaigh feasta teacht ar ród na ngrás,
is gráigh le t’anam taitneamh mór na ndámh,
fág an peaca is seachain cló na mbáb
116 ’s is ard ’bheidh gradam agat glóire ’s cáil.

Do cháilse fós is deorach, dubhach le cléir,
mar d’fhágais lóchrann glóire is cúirt na naomh,
do chairde i ngleó le brón ’s le tuirling déar
120 ’s na táinte leo faoi cheo go cumhach id dhéidh.

Id dhéidhse is dainid liom catha na dtáinte triath,
mar thréigis sealbh na bhflathas is grá na gCliar,
le gréithre cealgach', mallaitheacht ráite is mian,
do mhéirdreach damanta 'shnamhaigh tu ar láimh an diabhail.

Adubhairt Diarmuid Ó hArta mar leanas

Muna bhfuil mo chreideamh go cóir,
ar thaoibh an óir ní mé is lia,
is duine dona tá mar táim,
gan an saol im láimh ná Dia.

**Foinsí:** ARÉ, 23 M 11 (306), 199 – 205 a scríobh Seán Ó Dréada i gCorcaigh sa bhliain 1833 **(A)**; ARÉ, 23 I 36 (421), 97 – 104, a scríobh Séamas Mac Gearailt i nGleann Maghair, Co. Chorcaí idir na blianta 1778 – 1817 **(B)**; ARÉ 23 B 5 (434), 158 – 165, a scríobh Tomás Ó Conchubhair i gCo. Thiobraid Árainn sa bhliain 1828 **(C)**.

[N.B. Leanaim Ó Fiannachta (1978, 46 – 50, 214 – 5) sa mhéid is gurb í **A** príomhfhoinse an phróis anso go dtí líne 26 agus gurb í **B** – an LS is luaithe a chaomhnaíonn an barántas so – an phríomhfhoinse as san amach.]

**Foinsí eile:** ARÉ: ARÉ 23 C 13 (376), 149 – 157, 23 L 5 (102), 320 – 25, 23 D 42 (520), 71 – 74, 23 M 14 (307), 175 – 179. NLÉ: G 218, 156 – 161, G 230, 149 – 154, G 329, 59 - 66, G 819, 184 – 190. Corcaigh: T vi, 40 – 46 , T vii, 115 – 121. BÁC Feiritéar: LS 1, 228 – 233. An Iorua, MS 686, 3 – 8; California: HM 4543, 112 -118. Harvard: MS Ir 1, 32 – 37.

**In eagar cheana:** APMG 72 – 78; Ó Fiannachta (1978, 46 – 50).

**Meadaracht:**

| | | |
|---|---|---|
| Caoineadh: | 1 – 108 | / x x x é – / |
| Amhrán: | 109 – 112 | / – ua – a – – a – – ó – á / |
| | 113 – 116 | / *á – a – a – ó – á / |
| | 117 - 120 | / – á – ó – ó – ú – é / |
| | 121 – 124 | / – é – a – – a – – á – ia / |

Tabhair faoi ndeara go bhfuil conchlann idir na véarsaí ar fad ó 109 – 124.

**Nótaí téacsúla:**

Barántas a chuir Piaras i ndiaidh Dhiarmada Uí Airt, sagart Agaistíneach a d'iompaigh ina mhinistir Protastúnach ar an triú lá fichead de mhí na Nollag sa bhliain 1774. Chum sé dán eile ar an sagart céanna *A Dhiarmaid, is dubhach liom gur iompaís do chóta* (**31**). Ó thaobh stile de tá an-chosúlacht idir an barántas so, *Aor ar Sheán Paor* (**30**) agus an *Marbhchaoineadh Éamoinn Mhic Uilliam Mhic Shíthigh* (**7**) sa tslí is go bhfuil sárchur síos tríd síos anso ar na pianta síoraí a fhulaingeoidh an t-iarshagart seo in ifreann ach a mbeidh a théarma ar an saol so istigh. Féach leis na nótaí ar *Fhoghairm an Mhóránaigh* (**35**) agus *Barántas an Mhóránaigh* (**36**).

**Prós**

**1. Mártan Luther / Calvin:** Tagraítear do bheirt dhiagairí cháiliúla ó aimsir an Reifirméisin in éineacht anso: Martin Luther (1483 – 1546) an diagaire ba thábhachtaí

agus ba chonspóidí in aimsir an Reifirméisin Phrotastúnaigh sa Ghearmáin agus Jean Calvin (1509 – 1564) an Francach a chuir tús leis an gCailvíneachas.

**1. Cromail** Oilver Cromwell (1559 – 1658), tiarna cosantóra Shasana, Alban agus Éireann ó 1653 go 1658.

**1. Zunglius:** Dhealródh sé gur tagairt é seo d'Ulrich Zwingli (1484 – 1531) a bhí ina dhiagaire Protastúnach cáiliúil san Eilbhéis.

**1. Beza:** Is dócha gurb é Théodore de Bèze (1519 – 1605), diagaire Protastúnach sa bhFrainc, atá á lua anso. Duine de lucht leanúna Calvin a bhí ann agus chaith sé formhór a shaoil san Eilbhéis.

**1. Melangton** Téann díom an duine atá luaite anso a aithint. Más diagaire Protastúnach eile atá ann ní aithním a ainm. D'fhéadfaí a áiteamh gur duine de na nua-uaisle Protastúnacha a bhí suas in aimsir Phiarais atá i gceist anso ach níl aon fhianaise ar an sloinne seo a bheith in Éirinn san 18ú haois agam ach oiread.

**2. Cardinal Woolsey:** Thomas Woolsey (c. 1473 – 1530). An té a bhí ina Shainseiléir ag Anraí a hOcht ar feadh tamaill mhaith de bhlianta.

**8. don ochtú hAnraí:** Anraí a hocht, rí Shasana (1491 – 1547).

**8. Rí Uilliam an Choncais**: Nó 'William the Conqueror' mar a thugtaí air i mBéarla. An chéad rí Normanach ar Shasana. (c.1028 – 1087)

**9. Anna Boleyn:** Anne Boleyn (c. 1501 – 1536), Banríon Shasana agus an tarna bean den seisear céilí a bhí ag Anraí VIII atá i gceist anso.

**11. An Dochtúir Mac Canna:** Ba é Matthew McKenna a bhí ina Easpag ar Chluain i gCo. Chorcaí idir 1769 agus 1791 agus, mar sin, is cosúil gur tagairt chruinn don bhfear so atá anso.

**11. i gCarraig Thuathail:** Paróiste dlí agus baile fearainn in oirthear Chorcaí. Féach: http://www.logainm.ie/12188.aspx (ceadaithe 11 Aibréan 2012).

**12. Chluana:** Paróiste Cluana in oirthear Chorcaí. Féach http://www.logainm.ie/12253.aspx (ceadaithe 11 Aibreán 2011).

**12. Chairbreacha:** Na Barúntachtaí Cairbrigh Thoir agus Thiar ar chósta theas Cho. Chorcaí. Féach http://www.logainm.ie/32.aspx srl. (ceadaithe 11 Aibreán 2011).

**12. Rois:** Deoise Rois i gContae Chorcaí. Féach http://www.logainm.ie/677.aspx (ceadaithe Aibreán 2011).

**19. grollach** Níl aon chur amach agam ar an bhfocal so agus níl sé i g*Corpas na Gaeilge* taobh amuigh den aon sampla amháin a sholáthraíonn eagrán Uí Fhiannachta den bharántas so. B'fhéidir gur leagan malartach den bhfocal 'griothalach' (Ua Duinnín agus FGB s.v.) a chiallaíonn 'fussy, impatient' atá againn anso. Féach chomh maith na malairtí léamha ag líne 17 / 19 de chuid an phróis mar a bhfuil teacht ar fhoirmeacha ar nós *groll-loitithe* agus *grolldóite*.

**21. racaire rinnbhéalach:** D'fhéadfaí é seo a aistriú mar 'a sharp tongued gossiper.' Tá an fhoirm mhalartach so 'racaire' i bhfoclóir an Duinnínigh (s.v. *reacaire* 'a gossiper').

**21. turraingeach:** Féach Ua Duinnín (s.v. *turraingeach*) 'assaulting, violent, stumbling, catastrophic.'

**Filíocht**

**4. móra:** An focal so le ra mar /muarɘ/ ar mhaithe le comhfhuaim a dhéanamh le *cuanta*.

**6. féithe:** Féach Ua Duinnín (s.v. *féith*) mar a dtugann sé an míniú 'swamp' ar an bhfocal so. Is iad na foirmeacha *féitheacha* agus *féitheanna* atá luaite ag an Duinníneach mar iolraí anso agus is cosúil gur ginideach uatha atá sa bhfoirm seo *féithe*. Níl aon sampla den bhfoirm seo mar iolra i *gCorpas na Gaeilge* ach oiread. Mar sin féin d'fhéadfaí glacadh leis an bhfoirm seo mar fhoirm ócáide iolra a sholáthraíonn an patrún [é –] atá ag teastáil i gcéim dheireanach na líne agus é le tuiscint mar *swamps* dá bharr san.

**7. iomallaibh craosmhuir:** Tabharthach iolra an fhocail 'iomall' (gurb ionann é agus 'imeall'). Deintear amas láir anso idir *cumair* agus *iomallaibh* agus tá an tarna focal díobh le rá leis an bhfuaim /u/ sa chead siolla dá bharr san. Seachnaítear an ginideach uatha den tarna hainmfhocal anso .i. 'craosmhara' anso ar mhaithe leis an meadaracht toisc go bhfuil an patrún [é –] ag teasáil i gcéim dheireanach na líne. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**11. i gClár Loirc Fheidhlim:** In Éirinn. Ainmneacha ar sheanríthe na hÉireann atá in 'Lorc' agus 'Feidhlim.' Bhí Lorc ina rí ar dheisceart na hÉireann agus bhí Feidhlimidh Mac Criomthainn ina rí ar Chúige Mumhan sa naoú haois de réir an tseanchais. Féach Ó Conchúir (2009: 157) agus Ó hÓgáin (1991: 198 – 199).

**12. long:** Tá an focal so le rá mar /lu:ŋ/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc go gcaitear amas a dhéanamh le *spiúnadh* i lár na líne. agus féach chomh maith líne a 14.

**14. Cuan Dor na long:** Cuan Dor ar chósta theas Chorcaí. Féach http://www.logainm.ie/13200.aspx (ceadaithe 11 Aibreán 2012).

**14. Dún na Séadaibh:** Dún na Séad ar chósta thiar theas Chorcaí. Féach http://www.logainm.ie/13321.aspx (ceadaithe 11 Aibreán 2012).

**21. Ach fóill, a dhaoine, do hinseadh scéal dom:** Tá comhfhuaim nó amas láir á dhéanamh idir *dhaoine* agus *hinseadh* anso agus an fhuaim /i:/ ag teastáil sa dá fhocal dá bharr san.

**23. go hUíbh Mac Coille le hiomarca saothair:** Deintear comhfhuaim idir *Coille* agus *hiomarca* anso agus an fhuaim /o/ ag teastáil sa dá fhocal dá bharr san.

**24. ag iarraidh coimirce i gcumaraibh éigin:** Deintear comhfhuaim idir *coimirce* agus *hiomarca* anso agus an fhuaim /i/ ag teastáil sa dá fhocal dá bharr san.

**25. sprionlach:** Tá an focal so le rá mar /spru:nləx/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc go gcaitear amas a dhéanamh le *dlúth* i lár na líne.

**30. Cill Ia:** Baile fearainn i mbarúntacht Uí Mhic Coille. Féach http://www.logainm.ie/1411142.aspx (ceadaithe 11 Aibreán 2012).

**31. choirpe:** Is ionann an fhoirm seo agus *coirpthe* 'corrupt (Ua Duinnín s.v. *coirpthe*, *cuirpthe*). Tá tarraingt ar shamplaí den bhfoirm seo i *gCorpas na Gaeilge*.

**39. nimhe:** Tá an focal so le rá mar /n'i:/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc go gcaitear amas a dhéanamh le *chroí* i lár na líne.

**41. droim:** Tá an focal so le rá mar /γri:m'/ ar mhaithe leis an meadaracht mar a gcaitear amas a dhéanamh le *chroí* i lár na líne.

**45. Is droim do thabhairt le flaitheas**: Tá an fhuaim /a/ ag teastáil sa bhfocal *thabhairt* anso agus é le rá le dhá shiolla mar /havər't'/ dá bharr san toisc go ndeineann sé comhfhuaim le *flaitheas*.

**50. ar mhullach an chnoic 's ansan:** Is dócha gurb é an tarna siolla sa dá fhocal 'mullach' agus 'ansan' a sholáthraíonn an t-amas sa líne seo.

**65 – 68.** Tá an nóta so in **A** mar mhíniú ar a bhfuil sna línte seo: *Máthair Dhiarmuid Ministir do bhí go deimhin a tuilleamh a beatha le baint as mhuca*.

**66. ag an gcaile:** Féach Ua Duinnín s.v. *caile* 'an ugly or turbulent woman.'

**68. an acra:** Tá an focal *acra* a chiallaíonn 'a tool or a useful instrument' firinscneach in Ua Duinnín agus in FGB (s.v. *acra*). Mar sin féin, i dtaobh gur 'an acara(dh)' atá sna LSÍ ar fad ina bhfuil an véarsa so fágaim faoi mar a fuaireas é mar ainmfhocal baininscneach.

**Níl línte 69 – 72 in eagrán an Fhodhludhaigh.**

**72. le meisce ó thunna na buisinne bréine:** Is féidir é seo a thuiscint mar 'through drunkeness caused by the tun of rotten inferior ale.' Féach Ua Duinnin (s.v. *buisinn* 'inferior ale'). Mar leis an bhfocal *tunna* tá sé luaite mar fhoirm mhalartach ag Ua Duinnín (s.v. *tonna* 'a tun, cask or tub') agus is dócha gur litriú foghrúil atá ann sa mhéid is go ndéanfaí an 'o' anso a ardú go dtí 'u' i dtimpeallacht ina mbeadh consain shrónacha faoi mar atá anso.

**76. do ghéaga:** Tá foirm lagiolra an tuisil ghinidigh 'do ghéag' á sheachaint anso ar mhaithe leis an meadaracht toisc go bhfuil an patrún [é –] riachtanach i gcéim dheireanach na líne.

**81. crannda** Is é *cranda* atá in FGB (s.v. 'stunted, withered, decrepit') ach cloím le litriú an Duinnínigh (s.v. *crannda* 'bowed, feeble, shrivelled') i dtaobh gur fearr a chuireann sé an défhoghar [au] atá ag teastáil don mheadaracht in iúl.

**91. eaglais ionraic, mhúinte, mhaorga:** Deintear comhfhuaim anso idir *ionraic* agus *mhúinte* agus is í an fhuaim /u:/ a theastaíonn sa dá fhocal dá bharr san.

**96. do mhasladh:** Tá an fhoirm mhalartach so den bhfocal *masla* luaite ag Ua Duinnín (s.v. *masla*).

**100. a dhlithe** An litriú so ceadaithe toisc go bhfuil an fhuaim /i/ ag teastáil don mheadaracht seachas an fhuaim /i:/ a sholáthródh 'dlíthe.'

**102. spreag t'aigne is tabhairse géarghean:** Deintear comhfhuaim anso idir *t'aigne* agus *tabhairse* agus is í an fhuaim /a/ atá ag teastáil sa dá fhocal agus an tarna ceann díobh le rá mar /tavər's'i/ dá bharr san.

**108. i gcrann na croise le dursain is daolbhrat:** Tá comhfhuaim anso idir *croise* agus *dursain* agus an fhuaim /o/ ag teastáil sa dá fhocal dá bharr san.

**Tá na véarsaí Béarla so le fáil in 23 D 42 (520), 73 (ar scríobhadh an chuid seo di san naoú haois déag is cosúil) díreach tar éis téacs an dáin seo:**

An Acrostic on ye Apostate Jer[imia]h Hart.

I'm astonished at a man of knowledge,
even who spent a longtime in college,
resembling saints in religious devotions,
every way by figure and motion,
migrated then and soon became a rebel,
I meant to say a real or casual devil,
allur'd by passion avarice and lust,
heavenly laws he trampled in g[reat] lust,
how [?] hard his fate when he this life departs,
attended by his crimes and wicked arts,
righteous doom his imp[er]ious lord will send,
to hell's tortures to the world's end.

may the curse of such Apostates be,
worse than Pharaoh's, left by a just decree,
or Cursed Cain who was sent to the land of Nod,
that brought such a scandal upon the church of God.

**112. deamhan:** An focal so le rá le dhá shiolla mar /d'avən/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc an fhuaim /a/ a bheith ag teastáil seachas an défhoghar /au/ a bheadh ann go nádúrtha.

**Malairtí:**

Ceannscríbhinn: Piarus Mac Gearailt cct. .i. Árd-Shirriam dá ttrian & Leatha Mogha do shagart d'iompaidh 'na mhinisdir a Reilig Bharra a ccorcaigh an 23lá de'n deichmí na bliana 1774. A Ag seo an bharántas do chuir Piarus Mac Gearailt a ndiaig Dhiarmuid Uí Arta Piarus Mac Gearailt cct. C

Prós: 1 / 2. Calbhin, Melantin, Cadlin, Bholden Zinglius Bésá et Cardinal Bholsy et do budh phríomhchomhairleach C agus Cardinal Woolsey triúr de phríomhchomhairle iofarinn B 2 / 3. chum ordaighthe do thabhairt A chum órrdaighthe do thabhairt C 5. _______ A ceartbhriatharthach BC / álainn C 6. ______ A suidhcheaint B saoíte C 8. mbeith A mbí B go mbeadh 8. dó & da priomh choairle nurabh pe ainim & a shloinne B / don t-ochtú AC 9. do mhórán eile dá n-éagmais a dtír na ndeámhan a nithfrionn nar a bé a ainm agus a shloinne C 10. Diarmuid do hartadh C / seal B tamall C a ccairbreach B seal a ccairraig tuathail B 11. dhiadha dhéarsgnach mhic Canna A diaga déairsgnéach déiscréideach Mhic Cionnadh B díadha dheárcach dhéisgréideach dearsgnach Mhic Cinneadh C 13. ___ Diarmuid romhráidhte A 14. béarfaidh mise C / a cosmhalacht & a chúntás dháigh*ean* dhéaghshomplach na crithe seo leagha moghadh et air mhórán leó don chléir mhilis charthannach theannghamhach deairsgneach deághmeinneach innse Fáil go fuair leirchúntus ar gníomhairtha B / a ghniomhartha salacha barbartha mar leanus C Níl línte 16 – 25 in B. 16. do hartadh C plucach pusramhar A amplach airciosach anachrach C 17. briollach brúideamhuil groll-loitithe / clé chealgach C 18. drochghnéitheach C /

drúiseamhuil C fealltamhuil fallamhail fraóchuidhe C 19. grolldóite / lán díobarthach C / meargach C 20. ríoghbhodach do raille dubh C 21. reacaire C / sraoileach sramhach síllteach suarach searbhlasta C / toirineach A torruinneach C 22. do tharraig gleo C / ímpríocht C / d'athnuadhaig cneádha Chríosd C 23 – 4. Do chuir bean-riogan na bhflaitheas aig sille na súl, do chuir ceo brón doilígheas et díthmheanmna C / deárcach dheisgcréideach air feadh leatha mor oirdheirce modha C 26. suas chum sásaidh breitheamhnais forfhógramaoid A 27. forfhórgramaoid ' na dhiaigh gach uile bháile & connstábla Agach uile cléireach chuirpe chealgach choindealbháidhte air fead na leatha céadno A C uime sin fógraim do gach ardchonstábladh C / air feadh na leatha mór-oirdheirce céadna C.

Filíocht 1. Chum Diarmuid A / do dh'éiliomh B so d'éileamh C 2. go buan C 4. céide A cuanta is sgeimhbhre is céibhe C 5. féithibh A 6. cosáin A 8. trágha C 9. an iarthar AC 10. ná fág C 12. gan spiúna et siubhal go dlúth dá éiliomh C 13. ná fágbhaidh A ná fábhaigh C / aoinneach C 14. Dún na Séada A 17. tagaidh AC / faóbhrach C 18. go Corcadh C 19. cuirig C an mhéirdreach A Níl línte 21 – 24 in A. 22. le'n anam is a mhéirdreach C 25. an sgúille C / déisdineach AC 27. réidhbhrog A réigh-bhrog C 28. go bhfáighthídhe air úrrladh an bhrúid bocht claon so C 30. a ccíll liaith A a gcill liaith C 34. buairtchnead C 35. soigheada galair A soíghead nímhe C Níl línte 37 – 40 le fáil in C. 39. aithreacha nímhe A 41. céad cnead A 42. beadh a chroidhe C 43. dá feanna C 45. agus a chúl C Níl línte 49 – 25 in C. 49. is d'iomchair an chros A 57. géurmheas C 58. ag an mbreitheamh caoin Íosa C 59. léir staid A 60. farradh na chéile A 61. is é seo AC 63. is do léim ghlan A 65. gorta is brón ar Nóra an bhréin chneis AC 66. ag an ccaileach A ag an ccaile B aige an gcailligh C 69. Dob í so ceárd mháthar an sméirle A Bé siúd budh chéird do mháthair an sméirle C 70. mharbhuidhe A do mharbhadh C 72. tonna B le meisge a tonnadh na buisinge bréine A ó shíorthonna na bhuisinne breinne C 73.Ciach ortsa a Dhiarmuid is leir ort dar leat ba mhear is budh ghlan do léimse C 74. air móin tar geata tar balla nó féithith A do chaiteádha thar geatadh balla nó tréinse C Níl línte 77 – 92 le fáil in A 78. tré léim chuirp C 80. do chuirfios C Níl línte 81 – 84 le fáil in C 86. ná bréag é C 87. anna spreas C 89. is géarbhruid C 91. mhaorga C 93. Asé Dochtúir C 94. a

ngleódh go bronach tréachda A brónach traóchda C 96. a ttaobh do bhearta A / do mhaisle is do dhaoradh C 97. a thruadh bhochtáin aindheas C 98. nó cad é 101. A Glacsa AC . a ccóir AB gcoir C 102. gearshearc is géarghean C 103. riot C 106. do chríochaibh C 107. a mbárr crainn do céusadh A 108. a mullaigh na croise le dursain is daolbhrat A air chrann na croise le tuirse agus geurbhreith C. Níl línte 109 – 128 in B. An Ceangal A An Comhcheangal The Conclusion C 109. mo thruadh an tanm C 110. mo thruad t'anam bheadh C / go tláith C 112. dod thachta C. 113. re'd C / do thaithniomh mor do ghnáth 119. faoi bhrónn 'sus dúbhach a sgéal C 121. ad dhíaigh is dainid cathaibh na dtáintibh treith C 122. na ccléir 123. le gaoithe C / páirt is méin C 124. mhéirdrig mhasluightheach do shuaimnigh thu air lámh an díabhail C. Níl línte 125 – 128 in C.

## 39. A Chogair, a chumainn, ’s a chuisle nach faon sa duain

Ag so Piaras do-chum Uilliam:

A Chogair, a chumainn, ’s a chuisle nach faon sa duain
’s do fromhadh go milis gan time le héigsibh suairc’,
corraigh-se t’inchinn chliste ’gus réidh mo ghuais,
i dtobar na mbruinneall ó fuineadh do dhréacht in uaim.

Cé follas mo chine gur cuireadh gan tréad, gan tuaith,
ag cosnamh go cumasach dlithe na naomh go buan,
’s i gcogadh ba mhinic le boirb ag déanamh buairt,
ag cosgairt ’s ag ciorrbhadh foirinne an Bhéarla mhóir.

Seán Ó Murchú do-chum an scríbhneora réamhráite ag moladh a oibre an tan do léigh agus do thaithnigh ris:

Is duine do foilceadh i dtobar na naoi mbéithe
’s do fromhadh i scolaibh go focailcheart, séimh, léannta,
d’fhoscain go solasghlan noda gach tréandréachta,
lér cuireadh an obair seo socair i mbinn-Ghaeilge.

Molaimse t’obair ghlan, shamhalta, chaointréitheach
d’oscail go solasmhar sanas na bpríomhghéag san,
do chosnamh go colgach, cosantach buíon léidmheach
ar orchra, ar dhonas, ar thubaist na bhfíor-Ghaedhal.

**Foinsí:** Maigh Nuad M 40, 300, a scríobh Dónall Ó Súilleabháin i gCorcaigh sa bhliain 1817 **(A)**; ARÉ 23 B 22 (497), 180, a scríobh Finín Ó hAllúráin i gCorcaigh idir na blianta 1836 – 7 **(B)**; ARÉ 23 A 38 (365) 258 a scríobh Éamonn Ó Mathúna i gCorcaigh idir na blianta 1809 – 12 (an chéad dhá véarsa) **(C)**.

**Foinsí eile:** Músaem na Breataine, Add 18945, 426. ARÉ 23 L 37 (303), 261 (an chéad véarsa amháin anso).

**In eagar cheana:** APMG, 88 – 9; T. Ó Donnchadha (1907: 88)

**Meadaracht:** Amhrán Malartachais.

1 – 8 / – o – – *i – – i – – é – ua /

9 – 16 / – *o – – o – – *o – – é é – /

**Nótaí téacsúla:**

Dealraíonn sé gur iarr Piaras ar Uilliam Ó Murchú an *Relatio Geraldinorum* a aistriú ó Laidin go Gaeilge. Is mar cheiliúradh ar shaothar Uí Mhurchú a scríobh Piaras an chéad dá véarsa anso agus is é Seán Ó Murchú na Ráithíneach a scríobh an dá véarsa eile mar fhreagra orthu. Dealraíonn sé ina dhiaidh sin gur sa bhliain 1747 a dhein Ó Murchú an t-aistriú so faoi mar a thugann sé féin le fios ar leathanach teidil an tsaothair Ghaeilge: 'Craobhscaoileadh Gearaltach in Éirinn iarna chur ó Laidin go Gaeilge as Relatio Geraldinorum le hUilliam Ó Murchú ag Rinn an Chinnphéicigh. An Cúigiú lá déag d'Iúil, míle seacht gcéad & seacht mbliana ar dhá fhichid' (Maigh Nuad M 40, 297, tá litriú an lae inniu curtha ar an sliocht so agam). Féach Ó Conchúir (1982: 172, 241) mar le cuntas ar shaothar Uí Mhurchú. Ba é an tAthair Dominic O'Daly a chéadchuir an Relatio i gcló i Lispóin na Portaingéile sa bhliain 1655.

**1. cumann:** Tá an fhuaim /u/ anso seachas an /i/ atá ag teastáil.

**3. inchinn:** Tá trí shiolla ag teastáil anso don mheadaracht .i. / inix'in/ mar a bhfuil an patrún [ i – – i] riachtanach sa chéim seo den líne.

**5. dlithe:** Tá an fhuaim /i/ ag teastáil anso don mheadaracht agus mar sin is í an fhoirm iolra so le *i* gearr atá anso againn. Is í an ghnáthfhoirm iolra, i gCúige Mumhan ach go háirithe, ná *dlíthe* (féach FGB s.v. *dlí*; Ua Duinnín s.v. *dligheadh*).

**6. cumasach:** Tá an fhuaim /u/ i dtosach an fhocail seo seachas an /i/ atá ag teastáil.

**8. ag ciorrbhadh foirinne an Bhéarla mhóir:** Toisc go bhfuil an patrún [ – i – – i – – é – ua] ag teastáil don mheadaracht cuirtear an bhéim ar an dara siolla den bhfocal 'foirinne'. Tá an fhoirm mhalartach iolra so luaite in Ua Duinnín (s.v. *foireann*).

**9. duine:** Tá an fhuaim /i/ anso seachas an fhuaim /o/ a theastaíonn.

**11. d'fhoscain go solasghlan noda gach tréan-dréachta:** Is dealraitheach gurb é atá i gceist anso ná go raibh an Murchúch cruinn agus é ag scaoileadh na noda sna lámhscríbhinní go soiléir mar is ceart (féach an nóta thuas faoi chúlra an dáin). Bheadh súil againn le *d'(fh)oscail* toisc gurb é is ciall le *foscnaim* de ghnáth ná 'I toss, winnow, purge or cleanse' (Ua Duinnín s.v. *foscnaim*) ach tá an chiall soiléir anso ar a shon san.

**12. i mbinn-Ghaeilge:** Tabharfar faoi ndeara go bhfuil an dá fhuaim /i:/ agus /e:/ i ndiaidh a chéile anso seachas dhá fhuaim /e:/ ar cheart a bheith.

**13. samhalta:** Tá an fhuaim /a/ anso seachas an fhuaim /o/ a theastaíonn.

**14. sanas:** Tá an fhuaim /a/ anso seachas an fhuaim /o/ a theastaíonn.

**15. colgach:** Tá trí shiolla ag teastáil anso ó thaobh na meadarachta .i. /koləgəx/ mar a bhfuil an patrún [ o – – a/o ] riachtanach don mheadaracht.

**16. thubaist:** Tá an fhuaim /u/ anso seachas an fhuaim /o/ a theastaíonn.

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: Tuig fós a leaghthóir eagnuídhe gurabh air fuirealamh Phiaruis Mhic Gearailt Bhaile Uí Chionnfhaoladh do rinneadh an beag saothar so A. Ag so Piaras do Uilliam B Ag so Píaras chum Thomáis 3. dhuais B dhúais C 7. le buirb ba mhinic C 8. ciorr***bhudh*** fuirinne A ciorrbhadh fuirinne B / mhuar AB Scríbhinn láir: romhráidhte A reamhráidhte B / do léigidh A do léighidh B / do thaitnidh A do thait***nigh*** leis. B 12. lér chorruidh A le'r tocruidh B / obair so A obair si B 14. d'fhosgail AB 16. na fíorGhaodhail AB

## 40. Litir ó Risteard Ó Muirrian chun Phiarais Mhic Gearailt

A charaid ionúin, agus a Ghearaltaigh uasail oirdheirc onóraigh, ghasta, ghlinn, bhinnbhriathraigh, is uaigneach, atuirseach, aiféalach atá muid re cian d’aimsir .i. ón uair d’fhágbhais an chathair-se óir níor tharlaigh (go fírinneach) aon dod shórd liom ó shoin i leith. Agus bíodh a fhios agat dá madh mhian leat troitheach nó taistealóir do chuir ar feadh Éireann iathghlais uilleannaigh ag iarraidh tuarascbhála dhuine bhoicht, bhuartha in aigne gurb go nuig mise dob inteacht do & sin uim an abhar reámhráite.

Ach scéal thairis dúinn go fóill, an cuimhin leat gur tharla óglaoch forasta, feidhmiúil, fial do chloinn Chiarmhic ort insan mbaile re a ráitear Baile na Martra? Is cuimhin gan amhras, agus biaidh a mhairg dhuit nó atáimse mealltha. Nár gheallais go humhalchroíoch uait féin do go ndéanfá feartlaoi, mairbhne nó ní éigin dá shórd dá mhnaoi & dá bhanchéile insan am chéanna? Is fíor gur gheallais & nár chomhlíonais. Ar an abhar sin bí go ró-aireach ar do choimeád féin air & go deimhin ní fá aon ní dá raibh eadraibh roimhe-se ach amháin fá gan tusa do chomhlíonadh na gealla thuas. Ó, a dhuine, is trua mar rugadh thú! Ach ní miste a ndúramar má gheibheam anois féin é.

Muna mbeadh go bhfuilid na bóithre fliuch, salach, doimhin, doshiúlta & na crannaibh & na craobhachaibh ’na bhfoláirimh feoite, fiatúla, fásaigh gan foscadh, gan fothain & gan puinn don bhfáltas againn do bheimis it fhochair thoir **s**eal don tsaoire-se.

Gidheadh is leor an fhaid atáimid gan t’fhaicsin & an tan do dhruidfidh an ghrian insa chúrsa sholasmhar, the & do bheidh na laethaibh fada, geal, glémhaiseach, an éanlaith glórach, gliondrach ag cantain ciúil ar chrannaibh & ar chraobhachaibh, an tan do bheidh libhré róshnasta ar na mághaibh & ar na machairíbh go mórdhálach & na feadha le forás ag scéith i nduilliúir & i mbláth, na róid & na raonta go huile scriosta, scuabtha gan sú, gan slogadh acht amhail parlús nó pioláid ríoga ró-álainn, dob fhéidir go gcuirfidís fonn frithir, fírinneach orainn súil do thabhairt oraibh i gcionn fhéile oirdheirc na bliana .i. an Cháisc. Bíom síodhach, buíochas do Dhia is grod an tsíocháin í, & sin tré chongnamh do shearbhóntaí bithdhílis go bás .i. Risteard Ó Muirrian. Insa mbliain d’aois ár dtiarna míle seacht gcéad seacht mbliana is seascad 1767.

**Foinse:** ARÉ 23 L 38 (304), 86 – 7 a scríobh Risteard Ó Muirriain i bPort Láirge sa bhliain 1767.

**Nótaí téacsúla:**

Is litir í seo a chuir Risteard Ó Muirriain ag triall ar Phiaras Mac Gearailt, de réir dealraimh, sa bhliain 1767 agus í caomhnaithe i láimh an údair é féin. Tugann sí éachtaint dúinn ar an saghas comhfhreagrais a bhí comónta go maith, ní foláir, i measc aos léinn na Gaeilge san ochtú haois déag agus is sampla an-bhreá í den Ghaeilge shaibhir liteartha a chleachtaítí sa tréimhse chéanna. Ba dhóigh leat ó théacs na litreach go raibh aithne mhaith ag an mbeirt seo ar a chéile agus gur ag obair as lámh a chéile a bhídís cuid mhaith. Tá plé ar théacs na litreach féin in Ó Cróinín (2011: 134 – 137) mar ar cuireadh i gcló den chéad uair í.

**5. ar feadh Éireann iathghlais uilleanaigh:** Is é is ciall leis an aidiacht so *uilleannach* de réir fhoclóir an Duinnínigh ná 'many cornered' (Ua Duinnín s.v. *uilleach*, *uilleanach*) agus mar sin is féidir é seo a thuiscint mar 'throughout many-cornered emerald Ireland.'

**6. go nuig mise dob inteacht do:** Is é atá i gceist leis seo ná 'is chugamsa a d'fhéadfadh sé teacht' nó a leithéid sin ach níl aon fhianaise eile agam ar an bhfoirm 'inteacht' a bheith in úsáid sa tslí seo. Cumasc den réimir 'in' (FGB s.v. *in* 'capable of, fit for' srl.) agus an t-ainm briathartha (nó ainmfhocal) 'teacht'. Cuirtear an réimír seo roimh an aidiacht bhriathartha de ghnáth m.sh. 'indéanta' 'inchaite' srl.

**6. abhar:** Is ionann an focal so agus 'ábhar' agus féach leis líne a 12 mar a bhfuil an fhoirm chéanna le fáil. Is í seo an ghnáthfhoirm den ainmfhocal ar fuaid Chúige Mumhan agus tá tarraingt ar shamplaí den bhfoirm le fáil i g*Corpas na Gaeilge* dá réir sin.

**8. feidhmiúil:** Is é atá le léamh againn sa LS ná *feamhuil* ach gach seans gurb é a bhí sa cheann ag an scríobhaí ná *feidheamhuil*.

**8. Baile na Martra:** 'Castlemartyr' i mbarúntacht Uí Mhic Coille in oirthear Cho. Chorcaí. Féach http://www.logainm.ie/12218.aspx .

**9. meallltha:** Cloím le litriú na LSe anso mar gur dócha gur léiriú atá ann ar chanúint an scríobhaí. Tá an aidiacht so le fuaimniú mar /maulhɘ/ toisc gur minic séimhiú ar 't' i ndiaidh 'l' i bhfocail den saghas so. Féach, mar shampla, Ua Súilleabháin, 1994: 489 – 490).

**13. na gealla:** Féach léamh na LSe mar a bhfuil geall***adh*** ag an scríobhaí. Is é is dóichí atá anso againn ná an tuiseal ginideach uimhir uatha den ainmfhocal *geall* (Ua Duinnín s.v. *geall* 'a pledge') agus é le tabhairt faoi ndeara gur baininscneach atá an focal ag an scríobhaí murab é an focal *gealladh* (Ua Duinnín s.v. *gealladh* 'a promise') atá ann agus gan é infhillte ag an scríobhaí.

**15. 'na bhfoláirimh feoite, fiatúla:** 'wild, withered warning signs.'

**16. craobhachaibh:** Is é atá sa LS ná *creachaibh* agus is cosúil gur léiriú eile atá anso againn ar chanúint an scríobhaí sa mhéid is ná cloistear an 'bh' in iolra an fhocail seo i nGaeilge na nDéise. Féach Sheehan (1944: 64). Tá an fhoirm chéanna le fáil thíos ag líne 20 chomh maith. É le rá mar /xre:xɘv'/

**17. thoir:** Is é atá sa LS ná *hoir* ach tá seans ann gur *thiar* a bhí i gceist ag an scríobhaí más chun Phiarais Mhic Gearailt a bhí sé ag scríobh agus é féin suite thoir i gCo. Phort Láirge.

**19. ciúil:** Is é atá anso againn foirm mhalartach de ghinideach uatha an fhocail 'ceol.' Féach Ua Duinnín s.v. *ceol* mar a dtugtar an fhoirm *ciuil* mar ghinideach uatha. Coiméadaim *ú* an scríobhaí anso, áfach, i bhfianaise na samplaí ar fad den bhfoirm

*ciúil i* g*Corpas na Gaeilge* agus toisc go bhfuil an fhoirm seo luaite san DIL chomh maith (s.v. *ceól* col. 134 60 – 65*)*.

**20. craobhachaibh:** Féach an nóta ag líne 16 thuas.

**22. scriosta:** Is é a chiallaíonn *scriosta* anso ná go mbeadh clúdach éadtrom cré ar na bóithre (féach Ua Duinnín s.v. *scrios* agus Ó Cuív, 1947 s.v. *sgrios*).

**25. bíom:** Modh Ordaitheach, 1ú iolra (*biadham* foirm na LS). Ní dócha gur 'biam / beam' na haimsire fáistiní atá ann.

**26. do shearbhóntaí:** Is é *searbhfhóghantuidhe* atá sa LS ach cé go bhfuil an fhoirm chasta so *searbhfhoghantaidhe* ceadaithe mar fhoirm mhalartach ar chúis éigin in FGB (s.v. *searbhónta*) leanaim foclóir an Duinnínigh anso (Ua Duinnín s.v. *searbhónta*) mar a bhfuil an fhoirm mhalartach *searbhóntaí* le fáil.

**Malairtí:**

2. aighmhéilleach 3. an chathair si 4. dá mo 5. ag iarr[ai]dh tuarsgabháladh 5/6. ann aigne 7. cuibhin / forsda 8. feamhuil / Baile na Martara 9. bia[i]dh / 10. go néanfádh 13. roimhe si / na geall***adh*** 14. má gheibhum 15. dochsiubhaltadh 16. creachaibh / fiadhthamhladh 16. fosg… 17. do bheithmaois / hoir / 18. atamaoid 19. annsa chúrsa sholsmhur the / gleamhaiseach / an aéinl***aith*** 20. gliúndrach / ciúil / craochaibh 21. libhrae róghshnasda / na feádha le forrthas 22. sguabt***hadh*** / suga / slog***adh*** / parlúis 24. biadham 25. do shearbhfhoghantuidhe 27. míle ***air*** seacht ccéad.

## 41. Éascaigh go Maothail a theachtaire cháidh

Ag so beannacht an fhile chum an t-eagailseach ionraic oirdheirc & an fhlaith fhoghlamtha fhíoreolach & an diagaire diadha dearscnaí deamhúinte dea-eolais .i. Éamonn Builtéar.

Éascaigh go Maothail, a theachtaire cháidh,
scaoth bhruinneall shaor, mhilis, bheannaithe, mhnámhail,
don chraobh oinigh léannta ’s an t-eagailseach stáid,
Builtéarach is néamhdha ’s is carthanach cáil.

Ba ghaol do na Saesars ba lanna-ghlic, sámh
ag traochadh na mbréantorc lér scaipeadh chum fáin
ár laochra, ár n-éigse ’s ár bhflatha gan tábhacht
tug Gaeil bhocht fá dhaorsmacht ag Gallaibh go tláith.

*Sic Transit Gloria Mundi*

Sceimhealtóir ar tonn do chuir an rabharta le fán .cct. & atá dá iarraidh ar gach n-aon do léighfeas a oilbhéis shuarach so nó ’chluinfeas dá léaghadh é a nguí do chuir chum na Tríonóide rónaofa gan bás i bpeaca do thabhairt dá seirbhíseach síorumhal go bás .i. Piaras Mac Gearailt, Ard-Sirriam Leithe Mogha.

**Foinse:** Gaillimh. De hÍde, 18, 407 – 408 a scríobh Labhrás Ó Fuartháin i gCo. Phort Láirge sa bhliain 1786 **(A)**; LNÉ G 311, 253 leis an scríobhaí céanna i gCo. Phort Láirge sa bhliain 1764 **(B)**.

**Níor cuireadh an dán so in eagar cheana.**

**Meadaracht:** Amhrán.

1 – 8 / *é – – é – – a – – á /

**Nótaí téacsúla:**

Níor éirigh liom a dhéanamh amach cérbh é an Éamonn Buitléar so ar chuir Piaras an dáinín beag so ag triall air ach ní foláir nó go raibh baint éigin aige le Maothail i gCo. Phort Láirge más ansúd a bhí sé nuair a shroich an teachtaireacht so é.

**Ceannscríbhinn: dearscnaí** 'dearscnaitheach': féach Ó Buachalla (1976, 31, 118.)

**1. Éascaigh go Maothail:** Éascaigh = brostaigh. Baile fearainn i dtuaisceart Cho. Phort Láirge atá á lua anso munarbh é an baile den ainm céanna i gContae Chill Chainnigh a bhí i gceist ag an bhfile. Féach http://www.logainm.ie/49130.aspx (ceadaithe 2 Feabhra 2012).

**2. scaoth bhruinneall shaor, mhilis, bheannaithe, mhnámhail:** scaoth + bruinnneall (gin. iol.) a multitude of fair maidens. Is suimiúil go bhfuil séimhiú ar gach ceann de na haidiachtaí seo a leanann an t-ainmfhocal mar ní bheifí ag súil leis sin tar éis ainmfhocal atá sa tuiseal ginideach iolra. D'fhéadfaí a áiteamh, áfach, go bhfuil na haidiachtaí seo ar fad faoi réir an ainmfhocail bhaininscnigh 'scaoth' agus go séimhítear iad dá bharr sin. Gan dabht dá nglacfaí le scaothbhruinneall mar fhocal amháin réiteodh sé sin an fhadhb ach is léir sa dá LS gur dhá fhocal atá ann agus mar sin fágaim an líne seo faoi mar atá sí sna LSÍ. Tá an aidiacht dheireanach sa líne le rá le haon siolla amháin mar /vna:l'/. Tá an chosúlacht air ina dhiaidh sin go bhfuil an file ag guí gur scata ógbhan den saghas so a gheobhaidh an Builtéarach so ach más 'eagailseach ionraic' é caithfidh gur le teann magaidh is ea a chuir an Gearaltach an dán so chuige. Is deacair an dán féin a thuiscint gan comhthéacs éigin a bheith againn dó.

**2. mhnáúil:** Tá an focal sé le rá mar /vna:l'/ ar mhaithe leis an meadaracht toisc go bhfuil an patrún [a – – á] ag teastáil ag deireadh na líne.

**3. an t-eagailseach:** Féach Ua Duinnín (s.v. *eaglaiseach*) mar a dtugann sé an fhoirm seo 'eagailseach' mar fhoirm mhalartach.

**4. Builtéarach:** Éamonn Builtéar.

**4. néamhdha:** Is ionann an focal so agus *neamhdha* nó *neamhaí*. Tá an fhuaim /e:/ ag teastáil ó thaobh na meadarachta anso toisc go bhfuil an patrún [é – – a] ag teastáil i lár na líne.

**7. tábhacht:** Tá an focal so le rá mar aon siolla amháin ar mhaithe leis an meadaracht .i. /ta:xt/ toisc go bhfuil an patrún [a – – á] ag teastáil ag deireadh na líne.

**Iarscríbhinn. a oilbhéis:** Is *huléis* atá sa dá LS ach is dócha go n-oireann 'oilbhéas' don chomhthéacs anso .i. 'oilbhéas, mischievousness' (FGB, 925). Is cosúil go raibh an focal baininscneach ag an scríobhaí agus gur ar chonsan caol a chríochnaigh sé. Tá sé fágtha mar sin anso.

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: an focal 'dea-eolais' in easnamh in 'B' / E.B. A Éamonn Builtéar B. 4. néamhdha A naemhdha B. 5 Caesars AB.

## 42. Is brón liom an sceon so do ghlacais ’Éamoinn

Piaras Mac Gearailt d’Éamonn de Bhál an tan do bhain Fréiní a bhróga dhe ar bhóthar Bhaile Átha Cliath cct.

Is brón liom an sceon so do ghlacais ’Éamoinn,
mar chóbach gan crógacht, gan neart ’na ghéagaibh;
ba dhóigh liom dom dhóchas gur cheap le céad tu
’s gan do bhróga do sheoladh ’na ghlaic chum Fréiní.

Freagra Éamoinn:

A óigfhir nach fólta do chanas bhéarsa,
ní dreoileacht neamhchróga do bhain dam féinig,
ach rógaire ar bhóthar do ghread le p’léir me
’s nár mhó leis sin feoirling ná anam Éamoinn.

**Foinsí:** ARÉ 23 G 24 (257), 139, a scríobh Mícheál Óg Ó Longáin i gCorcaigh idir na blianta 1795 – 1808 **(A)** ; Maigh Nuad M 10, 34, a scríobh Uilliam Ambrose timpeall na bliana 1817 **(B)** ; ARÉ 23 M 9 (334), 85, a scríobh Mícheál Óg Ó Longáin idir na blianta 1816 – 1819 **(C)** .

**Foinsí eile:** ARÉ 23 N 32 (259), 69; Corcaigh, T vi, 26; Maigh Nuad M94, 10; Coláiste Cholmáin, CF 25, 220, An Iorua MS 686, 30.

**In eagar cheana:** APMG: 53; Ó Foghludha, 1946: 22; O’ Rahilly, 1925:41.

**Meadaracht:** Amhrán

1 – 8 / (–) – ó – – ó – – a – é – /

**Nótaí téacsúla:**

Comhfhreagras éadtrom fileata idir Piaras agus Éamaonn de Bhál (1688 – 1763). Luaitear an bhliain 1747 leis an eachtra a bhfuil trácht air anso i gceannscríbhinní na dá LSÍ seo a leanas: (i) ARÉ 23 N 32 (259), 69: Piaras Mac Gearailt cct. d'Éamonn do bhFál an tan bhean Fréni a bhróga dhe air bhóthar Bhaile Átha Cliath timchioll na bliana 1747. (ii) Corcaigh, T vi, 26: Píaras Mac Gearailt cct. chum Éadhmuinn du bhFall, an tan bhain Fréiní a bhróga dhe air bhóthar Bhaile Átha Cliath 'san mbliaghuin 1747. Tá cuntas ar bheatha agus ar shaothar de Bhál le fáil ag http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1305 (ceadaithe 2 Feabhra 2012).

**4. Fréiní:** Ropaire bóthair ab ea an Fréiní seo faoi mar is léir óna bhfuil le rá ag Ó Foghludha (1946: 12) faoin eachtra ar a bhfuil an dá véarsa so bunaithe: 'Théigheadh sé ar cuaird go dtí n-a cháirdibh, agus sin é mar gheibhmíd tuairisc ar é bheith ar bhóthar Bhaile Átha Cliath nuair a bhain Fraení, sladaidhe bóthair, na bróga dhe, taobh thuaidh de Mhainistir Fhear Muighe.' Bhí cáil ar an bhFréiní sa bhéaloideas agus faightear cuntas ar an eachtra áirithe seo inar thóg sé bróga Éamoinn de Bhál le fáil in *Mo Sgéal Féin* le Peadar Ua Laoghaire (1915: 130 – 136).

**6. dreoileacht** Míníonn Ó Foghludha an focal so (APMG: 122) mar 'cowardice.' Níl an focal le fáil i g*Corpas na Gaeilge* taobh amuigh den sampla so féin. Tá an focal 'dreolánacht' mínithe in FGB (s.v. *dreolánacht*) agus ag Ua Duinnín (s.v. *dreolánacht*) mar 'silliness'. Ach dob fhéidir a thuairimiú gur ciorrú ar an bhfocal 'dearóileacht' atá ann .i. d'róileacht (Ua Duinnín s.v. *dearóileacht*) 'wretchedness'.

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: Áith Cliath (A) Piaras Mac Gearailt cct. an tan do bhain Fréaní a bhrógadh d'Éamonn do bhFál (B) Eamonn do bhFál cct. an tan bhain Freny a bhróga dhe ar bhóthar Bhéal Átha Cliath (C). 1. an sgón sin B 2. a gcrógacht B / a ghéagadh B. 3. dho sheóla AC do chsheóla B / chuim A Freagra Éamuinn air B 5. fóltha A foalta B follta C 6. dreoilleacht AC ni sgoan na neamhchróagacht do bhain dom féin B 7. do chaith na pléir liom B 8. feoirlinn AC leis da fheoirlinn B

## 43. Piaras Mac Gearailt agus Eoghan an Mhéirín

Do thuit meisce rómhór ar an Eoghan an Mhéirín réamhráite uair i gcuideachta an scríbhneora Piaras Mac Gearailt. Do thug sé iomad anchainte & ráfal easaonta do Phiaras Mac Gearailt réamhráite & do ghaibh leathscéal leis mar leanas:

A Shaoi d’fhuil éachtaigh cheannasaigh na nGearaltach gan stánadh
’s do phríomhscoth Phaorach lanna-ghlic na nDragan chuthaigh arda,
má bhíos-sa aréir leat spairneach le mearathal mo ráite,
an fíon do shéid im aigne gach glafarnach dá ndearna.

Freagra an Ghearaltaigh

A Shaoi do phréamhfhuil Charathaigh nár cheachartha san tábhairne,
an ní sin d’éirigh eadrainn noch maithim duit gan chairde;
síordhacht bléithe is radaireacht chuir mearathal ’nár ráitibh,
’s is fíor go ndéineann carabhas caradas neamhchairdeach.

**Foinsí:** Maigh Nuad M 58 (a), 67 – 68 a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Chionnfhaolaidh Cho. Chorcaí sa bhliain 1769 (A); Corcaigh T xvi, 138 a scríobh Pádraig Ó Súilleabháin i gCorcaigh sa bhliain 1814(B)

**In eagar cheana:** APMG: 51 – 52.

**Meadaracht:**

Amhrán /– í – é – a – – – a – – – á – /

**Nótaí téacsúla:**

Comhfhreagras éadtrom fileata idir Eoghan an Mhéirín Mac Cárthaigh (1691 – 1756) agus Piaras tar éis gur éirigh eatartha sa teach tábhairne agus an locht ar an gCárthach mar is léir ón gceannscríbhinn. Tá cuntas ar bheatha agus ar shaothar Eoghain le fáil ag http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1303 (ceadaithe 2 Feabhra 2012).

**3. spairneach**: Tá trí shiolla ag teastáil don mheadaracht anso agus an focal le rá mar /sparən'əx/.

**4. aigne**: Tá trí shiolla ag teastáil don mheadaracht anso agus an focal le rá mar /ag'ən'ə/ mar a bhfuil an patrún [a – – –a] i lár na líne seo.

**5. tábhairne**: Is é *táirnidh* atá le feiscint i lámhscríbhinn Phiarais anso ach tá sé seo scriosta amach agus 'tábhairne' scríte isteach ar imeall an leathanaigh (i láimh eile, b'fhéidir).

**6. d'éirigh**: Tá an fhuaim /e:/ ag teastáil anso ar son na meadarachta agus an focal le rá mar /de:r'əg'/ dá bharr san.

**6. eadrainn**: Tá trí shiolla ag teastáil don mheadaracht anso agus an focal le rá mar /adərən/ dá bharr toisc an patrún [a – – –a] a bheith ag teastáil i lár na líne seo.

**7. síordhacht bléithe**: Is é 'drink eternal' atá ag an Duinníneach (Ua Duinnín s.v. *síordhacht*) mar mhíniú ar an bhfrása so agus is é 'continuance' an míniú a thugann Ó Foghludha ar an bhfocal céanna (APMG: 134). Is mar 'a grain of corn' a mhíníonn Ó Foghludha *bléith* san áit chéanna is tá an frása samplach *tál na bléithe* sa dá fhoinse chéanna agus é mínithe mar 'alcohol (APMG: 117)' nó 'alcoholic spirits' ( Ua Duinnín s.v. *bléith*). Dar ndóigh tá APMG luaite ag an Duinníneach i measc na bhfoinsí dá fhoclóir féin (Ua Duinnín, xxviii).

**8.** Is dealraitheach go bhfuil aon siolla amháin ar iarraidh sa líne seo mar dtugann na focail *carabhas caradas neamhchairdeach* an patrún [a – – ( –) a] dúinn.

**Malairtí**:

Ceannscríbhinn: ar an tEoghan A / roimhráighte A roimhráidhte B / a ccaideachta AB / sgríbhinneora A / annchaint A annchainte B / roimhráighte AB / leithsgéal B

2. Phaodharach A 3. araedhair AB sparraineach A / sparneach B mearradhbhal A maearbhal B 4. do réidh B am aigine A 5. phréimhfhuil AB / Charrathaigh A Charathuig B / táirnidh **(nóta téacsa)** A 7. síorgacht AB / mearrabhul 8. go ndeingean A go ndéingean B carrabhas A carrabhus B carradas A cardas B

## 44. Ar mharú gabhair a thionóntaí

Cé tharla dealbh san mbaile gan chabhair ar bith,
i gcomhgar gleanna ’s dob ainnis go leor mo chruth;
mo bhanaltra ag screadaigh, mar ‘Beit bhocht’ ní bhfuair istigh,
’s gan deireadh le gainne ’n té ’mhairbh mo ghabhar is d’ith!

A chaora – ’na haice nár fhachtar an t-uan ag rioth!
a bhó – ar maidin, go bhfachtar i gcluais an ghoirt!
a chapall – lá an earraigh go bhfachtar lag suaite fliuch,
’s a leanbh gan bainne um eadartha ag duanaireacht!

An té mhairbh mo ghabhar gurb bodhar a bhean ’s a pháiste!
nár fhágaidh na gabhair aige abhlann toir cabáiste!
Nuair is giorra dho cabhair nár ghabhaidh a chuid le chéile,
ach mar choip ar an abhainn lá rabharta ’s gan foscadh ón ngaoth air.

A Chonchubhair Treo!, faoi dhó go gcaillir do mheabhair!
id chloigeann gach ló go raibh ceol ag beacha is creabhair!
d’éis seaca naoi n-orla fógraim tu ar dhrochad an dobhair
’s gan ceirt ar do thóin ach cóta do chroiceann mo ghabhair.

Ar do leabaidh, leathdhreoite fógraim caite thu id lobhar,
ar uireaspa lóin, go feochta, seargtha, odhar!
binseach led’ thaobh ’s ar an dtaobh eile seanphoc ramhar,
’s do cheann i riocht pléascadh ó bhéiceach gharg na ngabhar!

**Foinsí:** Corcaigh T. vi, 30, Pádraig Stundún, 1885 (A); Corcaigh T. vii, 108 – 9, Pádraig Stundún, 1883 – 1884 (B); Harvard, MS Ir 1, 22, Pádraig Stundún, 1885 (C).

**In Eagar cheana:** APMG 49 – 50.

**Meadaracht:** Amhrán (Rémheadaracht)

Tá an mheadaracht so beagáinín lochtach tríd síos ach, suimiúil go maith, tá an dán féin luaite ag Torna (1925: 93 – 95) mar shampla den saghas meadarachta a dtugann sé 'réidhmhéidreacht' uirthi, is é sin le rá nach 'méidreacht chruinn' atá inti. 'Bíonn sé coitianta i n-amhránaibh na ndaoine, agus gheibhimid é ina lán den bhFilíocht do ceapadh go déadhnach' (*ibid*.: 94). Ar a shon san is uile, deinim amach go bhfuil an mheadaracht cruinn go leor taobh amuigh de chéad chéim na línte mar a mbíonn idir gutaí fada agus gutaí gairide in ainm is a bheith ag freagairt dá chéile.

1 / – á – a – – a – – au – i /

2 / – ó – a – – a – – au – u /

3 / – a – – a – –e – – ua – i /

4 / – e – – a – – a – – au – i /

5 / – é – – a – – a – – ua – i /

6 – ó – – a – – a – – ua – i /

7 / – a – – a – – a – – ua – i /

8 / – a – – a – – a – – ua – i /

9 / – é – – au – – au – a – á – /

10 / – é – – au – – au – o – á – /

11 / – i – – au – au – – i – é – /

12 / – – i – – au – au – – o – é – /

13 / – o – – ó – (–) ó – a – – au /

14 / – i – – ó – – ó – a – – au /

15 / – a – – ó – (–) ó – – o – – au /

16 / – e – – ó – (–) ó – – o – – au /

17 / –a – – ó – ó – a – – au /

18 / i – – ó – ó – a – – au /

19 / i – – é – – é – – a – – au /

20 / a – – é – – é – – a – – au/

**Nótaí téacsúla**

Dán seoigh é seo a chum Piaras, más fíor, ar ghabhar thionóntaí leis a maraíodh go fealltach, de réir dealraimh. Scaoileann an file a racht leis an té a mharaigh an gabhar agus fógraíonn in ainm an diabhail é.

**2. dob ainnis go leor mo chruth:** Caitear an focal 'leor' anso a rá leis an défhoghar /au/ mar /l'aur/ chun go mbeadh deireadh na líne ag teacht leis na línte eile sa véarsa so agus an patrún [au – u] le haithint uirthi dá bharr.

**3. mar 'Beit bhocht':** Dar le Ó Foghludha (APMG: 116) gur ainm comónta ar ghabhar is ea 'Beit' agus b'fhéidir go bhfuil an ceart aige ach féach gur mar seo a leanas a ghlaoití ar pheataí uain fadó leis : 'Beití Beití! (Mac Clúin, 1922, 46).

**5. nár fhachtar:** An briathar saor, foirm dhiúltach, Modh Foshuiteach Láithreach den bhriathar 'faigh' tar éis 'nár'. Féach leis ll. 6, 7, 10, 11 agus 13 mar a bhfuil samplaí den Mhodh Foshuiteach Caite le feiscint.

**11. a chuid le chéile:** Is é 'a chuid a chéile' atá sna LSÍ ach tá an téacs leasaithe agam faoi mar a dhein Ó Foghludha (APMG: 49) chun go mbeadh ciall leis an líne.

**13. A Chonchubhair Treo!:** Tá trácht anso ar an té a mharaigh an gabhar is cosúil ach más ea, ní thuigim an 'Treo!' san ainm seo. 'Treódh' atá sna LSÍ ar fad ach tá dulta díom é seo a thuiscint munar leasainm de shaghas éigin atá ann. Dob fhéidir an téacs a leasú agus 'A Chonchbhair Threoin!' a léamh (O Mighty Conchubhair!) ach is deacair a leithéid de leasú a dhéanamh nuair ná fuil fianaise na LSÍ againn mar bhonn leis.

**15. ar dhrochad:** Leanaim litriú na LSÍ anso mar gur léiriú é *drochad* ar an tslí a deirtear an focal 'droichead' ar fuaid Chúige Mumhan. Féach Mac Clúin, 1922 s.v. *droichead* mar a bhfuil an litriú *drothad* in úsáid aige mar chomhartha air seo.

**19. binseach:** Is ionann an focal so agus 'minseach'. Gabhar baineann atá i gceist leis seo dar leis an Duinníneach (Ua Duinnín s.v. *binnseach*.)

**Malairtí:**

Ceannscríbhinn: Piaras Mac Gearailt cct. ABC 1. cia thárladh AC 2. aindheis AC / chruith ABC 3. mar "Bheit bhocht" B 4. deire AC 8. duainearachd AC 10. abhlan AC 11. ghabhaig A ghabhaigh C 12. romharta AC 13. treódh AC / mheamhair AC 16 de chroiceann C 19. bínseach AC 20. air rocht A air rochd C

## 45. Achainí an Fhlaitheartaigh

**Ag seo síos achainí ó Éamonn Ó Flaithearta chum an tsaoi uasail .i. Piaras Mac Gearailt, Ard-Sirriam Leithe Mogha:**

A Shaoi Uasail onóraigh, fhíreolaigh, údar & file gan cháim, a chuideachta shuairc na n-uasal & na n-íseal, a chabhair cheansa na bhfann & na ndealbh, a thaitnimh agus a chaomhchara na cléire, a lonradh & a shoilse na hÉigse, a mhuilinn oirdheirc gan trá ar do linn, a chroí charthannaigh na féile & na daonnachta, a shruith chriostaldha na filíochta, a thíosaigh fhairsing gan cheacharthacht id ghníomhartha, a fháilte fhial an triallaire ’s an deoraí, a riaraí an tsuilt is an ghrinn, a thuisceanóir eagnaí na Gaeilge ársa, a chrú chroí na féile & na huaisle agus a Ard-Sirriam chomhachtúil, cheannasaigh Leithe Mogha, ag seo síos beagán focal do chuirim féin dod láthair ar bhuachaill óg aerach, ealadhanta, éagsúil darb ainm Uilliam Ó Troithe .i. ceannaí siúil nó peidléir tá ag imtheacht & ag iompar a mhála mionghréithre ó áit go háit & ó bhall go ball, oíche anso agus eadartha ansúd mar is dual do dhuine dá ealadhain do bheith & ar a luathchuardaibh do Uilliam thug amas dom ionsaí suim aimsire ó shoin don Bhaile Nua mar a gconaím an tan seo & d’innis dam go raibh buaireamh & míshásamh rómhór ar a intinn ó ghlac an tslí bheatha san chúige ar an adhbhar go raibh gan *Permit* gan *Pass* gan teaspánadh ar bith eile lena bhfaghadh siúl go neamhspleách tré dhúthaíbh eile ba thairbhí dhó ná a dhútha féin. Deir liom ná fuil ach amhail brágha i mbraighdeanas & i ngeimhleach gan cead dul tar a aitheantas in aon bhall aige, nach fuil ní ar bith aige le hiarradh orm ach a chás féin d’oscailt go foirlíonta soiléir & chum a chur id láthairse & le toil do mhórchomhachta, a Shirriam onóraigh, féach go cruinn agus dein machnamh glinn ar chás & ar chúrsaí Uilliam, agus aicim tu gan diúltadh cead siúil do thabhairt do ar a dhóigheanna.

Seo ar sodar gan spás le dán go saothrach Uilliam:
Is fortaigh an phráinn, ná fág é i ngéibhinn dian,
Ceadaigh do gabháil gach áit don réim féd riail,
Go riothfidh na haird ’s a mhála gréithre air thiar.

**Freagra Phiarais**

**Cill Molua i nDéiseach, an 4ú lá don mhíosa Iúil 1791.**

Do bhrí go bhfuaireas fios deimhin agus léirchuntas & saoichuntas go bhfuil i mBaile Nua na hEaglaise i gContae Chorcaí laoch líonmhar, lonnrach, léannta, uasal, oirdheirc, ardchéimeach, blasta, béalórdha, lánfhoghlamtha, darb ainm Éamonn séimh, suairc, síodúil, sultbhlasta Ó Flaitheartaigh, príomhúdar agus breitheamh fíorthuisceanach i dteangain onóraigh, ársa na Gaeilge agus do bhrí go bhfuil mise anois lagbhríoch, cloíte gan puinn treoir ná tapa agus go mórmhór mar chrann soilseach do bhí fuinniúil, tréan, díshásaimh go fiosrach ag fuascailt ar bhábaibh blasta milis muinteardha miochair do bheirim don ráib dearscnaíoch, dea-mhéineach Éamonn réamhráite Ó Flaitheartaigh gach uile réim, rachmas, údarás agus comhachta ’tá agamsa ar feadh Leithe Mór-Áille Mogha & go dtabharfaidh pribhléid líonmhar, lánfhairsing don Uilliam Ó Troithe i ngach cathair, contae, tuaith agus baile mór, m’ainmse is mo shloinne a scríobh le hais an údair chéanna, ag seo fám láimh agus fám shéala go daingean diongbhálta.

Piaras Mac Gearailt,
Ard Sirriam Leithe Mogha.

Raidim gan chlaon do laoch mear greannmhar stáit
do shreabhaigh gan béim ó réxaibh Bhanba an áir,
gach ceannas, gach réim, gach tréanacht daingean gan spás,
fá thearmann Éamoinn shéimh Uí Fhlaitheartaigh an fháidh.

**Foinsí:** ARÉ 24 C 43 (1173), 306 a scríobh Seán Ó Dálaigh ‘a Lic-abhráin a pparáiste Shléibhe gCuadha 1827 – 8 **(A)**. Cartlann Chathair agus Chontae Chorcaí IE 0627 G 8, 255 – 258 a scríobh Risteard Ó Foghludha idir na blianta 1902 – 1958 (**B**). Is

cóip chruinn de LS Uí Dhálaigh í an tarna LS seo. Féach Ó Duinnshléibhe (2011: 54) mar le cur síos ar LS seo Uí Fhoghludha.

**In Eagar cheana:** APMG: 105 – 107.

**Meadarachtaí:**

Amhráin

21 – 24 / * – o – (–) á – á – é – ia /

40 – 44 / * a – – é – é – a – – á /

**Nótaí téacsúla:**

Comhfhreagras i bhfoirm phróis is filíochta idir Éamonn Ó Flaithearta agus Piaras Mac Gearailt ón mbliain 1791. Is follas gur ag lorg pas na filíochta ón Ardsirriam ar son fir óig darbh ainm Uilliam Ó Troithe atá an Flaitheartach anso agus i dtaobh go ndeineann sé an cás ar a shon chomh críochnúil, chomh deisbhéalach san bronnann an tArdsirriam an pas go fonnmhar air. Níl éinní againn ón nGearaltach – dán ná téacs próis – is déanaí ná an píosa so a scríobhadh, is cosúil, timpeall le ceithre bliana sular cailleadh é. Más ea, is léir go raibh sé fós ábalta go maith ar ghnóthaí na cúirte a stiúrú fiú amháin más fíor go raibh bliain nó dhá bhliain fairis na ceithre fichid slánaithe aige ag an am.

**4. criostaldha** Is ionann an focal so agus 'criostalta'. Tá an fhoirm seo in Ua Duinnín (s.v. *criostaldha* 'crystalline').

**5. a thíosaigh:** Is é a chiallaíonn *tíosach* ná **'**a host, an entertainer' de réir FGB (s.v. *tíosach, tíosaí*). Féach chomh maith Ua Duinnín s.v. *tigheasach* 'a householder, a residential farmer . . *t. maith* a generous householder, a good entertainer.'

**14. adhbhar** Is ionann an focal seo agus 'ábhar' nó 'abhar'. Féach Ua Duinnín (s.v. *adhbhar*).

**16 – 17: ná fuil ach amhail brága i mbraighdeanas & a ngeimhleach gan cead dul tar a aitheantas in aon bhall aige:** Tá an méid seo ar fad scríte isteach ag bun an leathanaigh toisc gur dhearúd an scríobhaí é a chur isteach san áit cheart. Tá an téacs leasaithe agam díreach faoi mar atá déanta ag Ó Foghludha (APMG: 106).

**17. nach fuil:** Tá *nach* + consan lom' suimiúil anso sa mhéid is go dtagann sé díreach i ndiaidh *ná* + consan lom (*ná fuil*) faoi mar atá i nGaeltachtaí na Mumhan inniu. Dar ndóigh, b'fhéidir gur dearúd de chuid an scríobhaí faoi ndeara an *ná fuil* seo toisc deabhadh a bheith air ag iarraidh an méid seo a chur isteach ag bun an leathanaigh (féach an nóta ag 16 – 17 thuas).

**18. foirlíonta:** Tá an fhoirm seo in Ó Duinnín (s.v *foirlíonta* 'completed, perfected, fulfilled').

**20. gan diúltadh** Is é **'**ná diúltadh' atá sa LS anso ach toisc ná fuil aon chiall leis sin tá 'gan' curtha isteach agam in áit 'ná' chun go mbeadh cruth níos fearr ar an abairt dheireanach so. Ba é a dhein Ó Foghludha (APMG: 106) ná an téacs a leasú chun go léifí 'ná diúltaigh.' Braithim, áfach, go luíonn *gan diúltadh* níos fearr le rithim na habairte.

**21. Uilliam:** Caitear *Uilliam* a rá mar 'Liam' anso, is léir, chun go mbeadh meadaracht na líne seo i gceart.

**23. ceadaigh do gabháil gach áit:** Caitear an bhéim a chur ar *do* (forainm réamhfhoclach, 3ú pearsa uatha, firinscneach) anso agus ansan ar an 'áil' in *gabháil* chun go mbeadh meadaracht na líne slán.

**24. go riothfidh:** Tá an fhuaim /o/ atá ag teastáil ar son na meadarachta anso. Féach Breatnach (1961, 336 s.v. *rioth*) mar a dtugtar le fios go ndeirtear an focal 'rith' sna Déise le r agus u leathan: /rux/. Tá an fhoirm mhalartach so le fáil i bhfoclóir an Duinnínigh (s.v. *rioth*, *riothim*) leis.

**25. saoichuntas:** Is é *saoichunt* atá sa LS. Níor dheineas ach '–as' a chur leis chun go bhféadfaí brí shásúil a bhaint as. D'fhág Ó Foghludha an focal ar lár ar fad.

**26. oirdhearc:** Foirm mhalartach den bhfocal *oirirc* atá anso de réir FGB (s.v.) ach tá an fhoirm seo in Ua Duinnín (s.v. *oirdhearc*) mar cheannfhocal canónda.

**31. díshásaimh:** Dar leis an bhFoghludhach (APMG: 122) go gciallaíonn 'díoth-shásaimh' 'insatiable' ach b'fhéidir gur cirte a rá gur 'difficult to please' atá i gceist .i. gur 'deacair (é) a shásamh'

**40. greannmhar:** Tá trí shiolla /g'r'anəvər/ ag teastáil sa bhfocal so le guta cúnta mar a léiríonn foirm seo na LS. Féach Ua Duinnín (s.v. *greannmhar*) áit a ndeireann sé gur féidir an focal a rá mar *greannmhar* (merry) *nó greannúr* (queer). Is é an chéad cheann den dá chiall so atá i gceist anso de réir dealraimh.

**41. do shreabhaigh:** Ní móide go bhfuil an ceart ag an bhFoghludhach (APMG: 107) áit go bhfuil 'do threabhuigh' aige (féach na malairtí léamha thíos). Míníonn Ó Foghludha an briathar so 'treabhuighim' mar 'I descend, spring (by race)' (ibid. 136) agus freagraíonn an míniú so go cruinn don mbriathar *sreabhaim* (féach Ua Duinnín s.v.) faoi mar atá anso.

**44. tearmann:** Tá trí shiolla ag teastáil sa bhfocal so chun go mbeidh an mheadaracht cruinn .i. /t'arəmən/

**Malairtí:**

Ceannscríbhinn: Ó Flaithbhearta / Leatha Mogha 1. fhíreolach 3. na nÉigse 4. fileachta 5. ceacharacht / [a] fháilte 6. thuigsionóir 7. [a] Árd Shirriam 8. Leatha Mogha 9. aorach 13. ar [a] intinn 15. [a] dhútha 17. athantas / nídh 18. mhórchomhacht 20. ná diúltadh 24. go ruithfidh 25. saoichunt 29. Ó Flaithbhearta 32. Ó Flaithbhearta 34. príléid 35. mo shloinnge [a] sgríobh 36. diongbhála 39. Leatha Mogha 41. do shrabhag 44. Ó Flathart***adh*** an fháigh.

## 46. Treoraí deisbhéalach le Piaras Mac Gearailt

Treoraí:

‘Ceist agam ort, a shárfhir,
ós tú ’s déanaí d’fhág an cuan,
cá mhéad galún sáile,
a ghabhann tré chrampán Chill Maluadh.’

Piaras:

‘Ní féidir í ’thomhas na cáirtibh,
tá sí láidir luath,
ach an méid ná faigheann slí san áth dhi,
gabhann sí an fána aduaidh.’

**Foinsí:** Harvard MS. Ir. 1, 21, Pádraig Stúndún a scríobh i gCorcaigh sa bhliain 1885 **(A)** ; Corcaigh T vii., 101, Pádraig Stúndún a scríobh i gCorcaigh 1885 (B);

**Foinsí eile:** T vi., 34, Pádraig Stúndún a scríobh i gCorcaigh 1883 – 4, Corcaigh T vii., 17, Pádraig Stúndún a scríobh i gCorcaigh 1885. Corcaigh (2 chóip sa LS seo).

**Nótaí téacsúla:**

**5. Chill Maluadh:** fonóta anso: ‘On the Blackwater near Clashmore Co. Waterford.’

**Níor cuireadh é seo in eagar cheana**

**Meadaracht:** Amhrán 2 (A + B) agus is dócha go bhféadfaí *réidhmhéidreacht* a thabhairt uirthi toisc a mhíchruinne is atá sí (féach Ó Donnchadha, 1925: 93 – 95):

| | | |
|---|---|---|
| 1 | / – a – o – á – / | A |
| 2 | / – u – é – á – ua / | B |
| 3 | / á – a – á – / | A |
| 4 | / – a – é – á – ua / | B |
| | | |
| 5 | / – é – – ó – á – / | A |
| 6 | / á – á – ua / | B |
| 7 | / – – é – – í – á – / | A |
| 8 | / a – í – á – ua / | B |

**Malairtí:** Ceannscríbhinn: deasbhéalach A eagnach B lé A 2. is geárr ó fhág an cuan B 4. a gcrampán B 7. faghann A.

## 47. An Snaoisín

Theangmaigh an file lá ar dhuine dá chairdeasaibh, d’fhoráil bosca snaoisín do, chum lán miotóige a thógaint & shéid an ghaoth an snaoisín ’na shúilibh ionnas go rabhadar tinn. Chuaigh an file isteach i dtigh feirmeora mar a raibh seisear ban ag sníomh abhrais & ar bhfiafraí do dhuine aca de Phiaras cad do bhain dá shúilibh adubhairt sé:

“Ghlacas pínsín beag snaoisín im’ láimh inniu,
le himpí ’chur im chíncín óm chairdeas suilt,
tháinig sí gaoithe le díríocht ón aird anoir,
chuir na caoiríleacha go tinrí isteach i lár mo roisc.

Slán ón mbliain gan ciach gan díth ar an mbean,
’s an sárfhear fial gan liach do shín led chneas,
ó tharla Dia ’sa bhliain dam suí ’n bhur measc,
a bháb na gcliar, ná ciap, ach svíomhaidh bhur dteasc.”

**Foinse:** APMG: 92.

**Meadaracht:**

1 – 4 / *– í í – ( – ) íí – á – i /

5 – 8 / * á – ia – ia – í – (– ) a /

**Nótaí téacsúla:**

Sid é an méid atá le rá ag an bhFoghludhach i dtaobh an dáin seo: ‘From the recitation of Mr. Michael Hyde, of Ceann an Bhóthair, in the Barony, near Youghal. Mr. Hyde, now

considerably over eighty, has for a half a century been regarded as the best seanachuidhe and singer in Imokilly (APMG: 113). Ní bhfuaireas aon tuairisc ar an dán so sna lámhscríbhinní agus níl déanta d'eagarthóireacht agam anso ach litriú an lae inniu a chur ar an leagan a sholáthraigh Ó Foghludha (APMG: 92).

**Ceannscríbhinn. dá chairdeasaibh:** Is é 'd'á chairdeasaidhibh' atá ag Ó Foghludha (APMG: 92) ach níl aon sampla eile dena leithéid seo d'fhoirm *i* g*Corpas na Gaeilge*. Tá 'a dear friend' luaite i measc na gciall a thugann Ua Duinnín (s.v. *cáirdeas*) don bhfocal so

**2. chíncín**: Is é 'chainncín' atá ag Ó Foghludha (APMG: 92) ach is deimhnitheach go bhfuil an focal le rá le dhá 'í' mar /xi:n'k'i:n''/ ar mhaithe leis an meadaracht, gan dabht. Is mar seo a deirtear an focal in áiteanna i gCúige Mumhan inniu ( féach Ó Sé, 2001: 197).

4. **caoiríleacha go tintí:** Is é 'cuíríleacha' atá ag Ó Foghludha anso (APMG: 92) agus is dóigh liom go n-oireann an litriú so agamsa don chiall agus don mheadaracht araon. Tugann FGB (s.v. *caoráil*) bríonna an bhunfhocail mar seo a leanas '(Act of) glowing, blazing; flashes of lightning' ach tá an fhoirm mhalartach 'caoiríl' ann chomh maith ar a bhfuil an fhoirm iolra so múnlaithe. Is dócha gur 'spréacha' ('sparks') atá i gceist. Maidir leis an gcuid eile .i. 'go tinrí', is féidir é sin a thuiscint mar 'hotly'. Is é 'ag tintrí' atá ag Ó Foghludha (APMG, 92) anso ach téann díom aon chiall a bhaint as sin.

**8. a bháb na gcliar, ná ciap, ach svíomhaidh bhur dteasc:** Níl brí na líne seo róshoiléir. Is dócha gur *bába* seachas *báb* atá le tuiscint anso (Ua Duinnín s.v. *báb*) agus mar leis an bhfocal *cliar* tugann Ua Duinnín (s.v. *cliar*[1]) an míniú 'company'. Is dócha gur *ciapaigí* seachas *ciap* atá le tuiscint ach ná hoireann an tarna pearsa iolra don mheadaracht. Is mar seo a thuigim an líne, más ea: 'O maidens of the company do not torment (me) but set about your task.'

## 48. Ceathrúintí

I

Do chonnarcas fear do chaith a shaoil go duairc,
nár ól riamh cart ná canna dí go suairc,
a mbíodh a spaga in *fob* a bhríste thuas,
do bhíodh ’na leastar ar feadh na tíre ar cuaird.

II

Ní bheith ar meisce is miste liom,
ach leisce a feicsean orm,
ón ndigh bhig is cliste an ceann,
ní thig meisce gan míghreann.

III

Lán gaid de ghainimh trágha,
nó mála gaoithe ar ghualainn,
dán dá chur i gcaidreamh,
do bhodairsigh gan suairceas.

IV

Is maol guala gan bráthair,
is mairg bhíos gan dearbhráthair,
in am tagartha an ghlóir mhir,
is mall agartha aonfhir.

**Foinsí:** ARÉ 23 I 48 (942)**,** Micheál Ó hAnnracháin i gCo an Chláir sa bhliain 1831 **(A);** ARÉ 24 L 22 (771), 109, Mártan Ó Gríofa i gCo. an Chláir sna blianta 1829 - 31 **(B)**; ARÉ 23 D9 (518), 72, Dónall Ó Murchú a scríobh i gCorcaigh sa 19ú haois **(C)**

**Lámhscríbhinní eile:** Ceathrú II: ARÉ 23 G 25 (258), 10; 23 Q 18 (573) 393, 405; 23 B 37 (98), 14. Ceathrú IV: ARÉ 23 G 25 (258), 11; 23 C 24 (674), 165 .

**In eagar cheana:** Tá ceathrú II agus ceathrú IV in eagar cheana in O'Rahilly (1921: 32, 47).

**Meadaracht:**

I Amhrán

1 / – o – (–) a – a – í – ua /

2 / – ó – a – a – í – ua /

3 / – í – a – o – í – ua /

4 / – í – a – (–) a – í – ua /

II deibhí (scaoilte) $7^1 + 7^2$

Tá comhardadh slán idir c agus d (ndigh agus thig) is rinn agus airdrinn faoi mar is ceart ag deireadh na línte.

III rannaíocht bheag (scaoilte) $7^2 + 7^2$

Ní fheicim aon ornáidíocht sa rann so seachas go bhfuil líon na siollaí i gceart tríd síos.

Tá an focal *trágha* i líne a anso le rá le dhá shiolla mar /traːɣə/ agus an focal caidreamh le rá le trí shiolla mar /kad’ər əv/.

IV deibhí (scaoilte) $7^1 + 7^2$

Tá comhardadh slán idir c agus d (*tagartha* agus *agartha*) is rinn agus airdrinn faoi mar is ceart ag deireadh na línte (a + b agus c + d).

**Nótaí téacsúla:**

Ba dhóigh leat ó LS ‘A’ anso go bhfuil na ceithre cheathrú so leagtha ar Phiaras ach b’fhéidir ná raibh i gceist ag an scríobhaí ach an chéad cheann díobh a leagadh air.

**Ceannscríbhinn A:** Piaras Mac Gearailt cct. Níl aon údar luaite sna foinsí B agus C is níl iontu so ach an chéad rann.

**Ceathrú I**

**1. saoil:** Tá an fhuaim /iː/ ag teastáil don mheadaracht agus aon siolla amháin

**3. in *fob* a bhríste:** Ní foláir nó is é an focal Béarla ‘fob’ atá i gceist anso – slabhra ar a mbíodh uaireadaóir póca ceangailte de ghnáth. An fhuaim /a/ ag teastáil ar son na meadarachta anso agus é le rá mar /fab/ dá réir sin.

**2. cart:** Is é an focal *cárt*, 'a quart' (Ua Duinnín s.v. *cárt*), atá anso ó cheart ach tá sé le rá leis an bhfuaim /a/ ar mhaithe leis an meadaracht .i. /kərt/.

**3. spaga:** 'A purse or a pouch,' dar le Ua Duinnín (s.v. *spaga*).

**4. leastar:** 'Laistir' atá sa LS. 'A helpless person' a thugann Ua Duinnín (s.v. *leastar*) mar mhíniú air. 'Spreas' atá sa dá LS eile. 'A cask, a vessel', an bhunchiall atá leis an bhfocal faoi mar a thugann an Duinníneach le fios.

**Ceathrú II**

**2. a feicsean orm:** Tá dhá shiolla sa bhfocal deireanach anso ar mhaithe leis an meadaracht.

**3. ón ndigh bhig:** Is í foirm an tuisil thabharthaigh uatha den bhfocal 'deoch' atá anso .i. 'digh': 'from a small (amount of) drink the head is sensible.' Féach Ua Duinnín (s.v. *deoch*). Tuairiscíonn Ó Sé (2000: 123) go bhfuil an fhoirm thabharthach so fós beo in iarthar na Mumhan lenár linn féin. Féach an plé ar chúrsaí teangan agus meadarachta.

**Ceathrú III**

**3. dán dá chur i gcaidreamh do bhodairsigh gan suairceas:** D'aistreoinn an líne seo mar seo a leanas: 'the placing [relating] of a poem in the company of (in front of) churls.' Féach Ó Duinnín (s.v. *bodair(s)each* 'a churl'). Is é atá sa LS anso ná 'a ccoidream' agus cé go bhféadfaí 'cothrom (cudrom)' a dhéanamh as so is fearr a oireann 'caidreamh' do chiall na líne dar liom.

**Ceathrú IV**

**3 / 4. in am tagartha an ghlóir mhir is mall agartha aonfhir:** Tá sé seo le tuiscint mar seo a leanas dar liom: 'when a quick (urgent) shout goes out [in times of necessity] slow are the pleas / supplications of one man'. Tá an t-aistriú so a leanas le fáil in O'Rahilly (1921: 93):

Bare is the shoulder without a cousin near
And woe to him that wants a brother dear;
In time of boastful words the hand is slow
That strikes in battle with a single blow.

**Malairtí:** **I** 1. a shaoghal A a bhuidhion B a mhaoin C 2. ná feaca a dhram na a channa díghe ar chluais BC 3. is ór 'na spaga re hais a bhríste suas BC [líne a 3 roimh líne a 2 in B agus C anso]. 4 aniu B inniubh C / laistir A spreas BC **II** 2. a faicsiona A **III** 3. dá chuir a ccoidream A 4. do bhodruisg A **IV** 1. anam A

## 49. Do tharla ormsa i gCorcaigh

Do tharla ormsa i gCorcaigh ’s níorbh fhearrde mé,
an sárfhear soilbhir, soithimh, glan, sásta, séimh;
sás an phota do shlogadh ’s a cháirt go léir
is má chuir ormsa an donas, tá an smál air féin.

**Foinsí:** Coláiste Cholmáin CF 22(a), 313 a scríobh *Robertus Horgan* i gCorcaigh c. 1775 **(A)**; ARÉ 23 M 8 (305) a scríobh Seán Paor i mBaile an Phiocardaigh i gContae Phort Láirge timpeall ar 1822/3 **(B)**; Maigh Nuad M 11 , 99 a scríobh Seán Ó Mulláin i gCorcaigh sa bhliain 1818 **(C)**.

**Lámhscríbhinní eile:** ARÉ 23 L 38 (304) 94, Maigh Nuad, M 5, 325. Maigh Nuad, M 54(a), 228.

**Meadaracht:**

Amhrán / * á – o – – o – – á – é /

**Nótaí téacsúla:**

Tá an cheathrú so leagtha ar Phiaras in aon LS amháin (‘A’ thuas). Is cosúil gur bhuail an file leis an bhfear ‘soilbhir’ seo i gCorcaigh agus gur chuaigh lán na beirte acu ag ól sa tslí is gur cuireadh an ‘donas’ ar an bhfile mar go raibh an fear eile go maith ábalta ar na cáirt a shlogadh siar. Is ar an bhfear eile, más ea, a chuireann Piaras an milleán toisc é féin a bheith i ndrochstaid i ndiaidh an bhabhta óil seo.

**1. níorbh fhearr de mé:** D'fhéadfaí 'dob fhearr de mé' a léamh anso chomh maith (féach malairtí) ach is fearr a oireann an léamh in A agus B don chomhthéacs, dar liom.

**2. soilbhir:** Tá trí shiolla riachtanach anso don mheadaracht: /sil'əv'ər'/ mar a bhfuil an patrún [o – –] ag teastáil sa chéim áirithe seo den líne.

**3. sás an phota do shlogadh 's a cháirt go léir:** D'aistreoinn é seo mar seo a leanas: '(he was) the very man to drink the full of the pot and all its(?) quarts.' Féach Ua Duinnín (s.v. *sás* 'one competent to (with g.)').

**Malairtí:** Ceannscríbhinn. Piaras Mac Gearailt A. 1. tarla B / a gcorca B / 's do bhfeárrde mé C 2. don bhorbfhuil ársa tréan B.

## 50. Tiocfaidh chughainn ón tír aduaidh

Tiocfaidh chughainn ón dtír aduaidh
rí neamhghlic i ngleic;
a ríocht féin ní bhéarfaidh leis
is a ríocht nach leis bhéarfaidh uaidh.

**Foinse:** Maigh Nuad M 58 (a), 65, a scríobh Piaras Mac Gearailt i mBaile Uí Chionnaola, Contae Chorcaí sa bhliain 1769.

**In eagar cheana:** Níor cuireadh an cheathrú so in eagar cheana.

**Meadaracht:** Níl aon mheadaracht le haithint ar an gceathrú so.

**Nótaí téacsúla:**

Ceathrú aonair a fhaightear i lámhscríbhinn Phiarais amháin. Ní léir dom go bhfuil aon mheadaracht ag gabháil leis an gceathrú so agus b’fhéidir gur ceart féachaint uirthi mar thomhais seachas mar cheathrú filíochta. Níl sé soiléir cén rí atá i gceist ná cé na ríochtaí a luaitear ach níor dheacair a chur i gcás gurb é an rí Stíobhartach atá i gceist anso agus gurb í ríocht na hÉireann a thabharfaidh sé uaidh cé ná fuil sé i gceannas a ríochta féin. Más fíor ná fuil an rí seo ‘glic i ngleic’ agus go bhfuil sé le teacht ‘ón dtír aduaidh’ thuairimeoinn go mb’fhéidir gurb é Séarlas Eadbhard atá i gceist agus gur scríobhadh an cheathrú uair éigin i ndiaidh bhriseadh Chúil Odair sa bhliain 1746.

**Malairtí:**

1. a ttuaig 2. rígh neam ghlic 3. righeacht / bhfearfaigh 4. bhfearfuig

**51. Butter Churning (Scéilín faoi Phiaras).**

About the year 1766 Pierce Fitzgerald of Bally Kenelly near Youghal was out shooting at a place called Pilltown in the Co. Waterford and, in the month of August being the partridge season, in crossing the fields he met a little brook and a woman cutting the stream with her scissors and repeating the following words:

'Im Bhaile an Phoill Theas i gCill Molua,
im Bhaile an Phoill Theas i gCill Molua.'

He listened attentively and gazed and to his astonishment saw large lumps of butter rolling on the grass towards the place mentioned when he exclaimed:

'A leath sin agamsa, a Shíle Ní Shlatara,
a leath sin agamsa, a Shíle Ní Shlatara.'

And on his return home every vessel in his house was filled up with butter.

**Foinse:** Corcaigh, C 52, 54, a scríobh Séan Ó Dálaigh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1846. Níor cuireadh é seo i gcló cheana.

**Nótaí Téacsúla:**

Is dealraitheach gur scéilín béaloideasa é seo a thóg Séan Ó Dálaigh síos ó fhoinse bhéil éigin ná luann sé. Níl éinní eile le rá faoi Phiaras sa LS seo. Chuaigh díom a leithéid seo de théama béaloideasa a aimsiú in aon áit agus dar leis an Ollamh Bo Almqvist (ríomhphost go dtí Roibeard Ó Cathasaigh Roibeard.OCathasaigh@mic.ul.ie , a d'fhiosraigh ar mo shon ar an 24 Bealtaine 2012) nach bhfaca sé a leithéid in Éirinn cé go bhfuil scéalta faoi bhainne nó im a bheith á ngoid trí dhraíocht an-chomónta sa bhéaloideas go hidirnáisiúnta.

## 52. Baile Uí Choitín

Baile Uí Choitín gann,
ná téiridh gan do dhinnéar ann;
baile beag briste,
tóin le huisce
agus mná gan tuiscint ann!

**Foinse:** Corcaigh T vii., 21, Pádraig Stúndún a scríobh i gCorcaigh 1885 (B);

**Nótaí Téacsúla:**

Dar leis an bhFoghludhach (APMG: 53) gur amhlaidh a chuir Piaras mallacht ar Bhaile Uí Choitín tar éis 'casta do theachtaire Phiarais ó Bhaile Uí Choitín gan éin-iasg aige, Lá Carghais'. Féach chomh maith uimhir **53** thíos.

**Baile Uí Choitín:** In oirthear Chorcaí atá an baile beag so. Féach http://www.logainm.ie/129425.aspx (ceadaithe 30 Deireadh Fómhair 2012).

**In eagar cheana:** APMG: 53

**Meadaracht:** Amhrán: Níl aon mheadaracht chruinn le haithint ar an véarsa so mura bhféadfaí 'Limerick' a thabhairt uirthi:

1. / – – í – í – au /
2. / – é – a – í – au /
3. / a – i – /
4 / ó – i – /
5 / – – á – i – au /

**Ceannscríbhinn:** Air casadh dho theachdaire Phiarais Mhic Gearailt gan iasg ó Bhaile Uí Choitín.

## 53. An Mhallacht do chuir Piaras ar na hIascairí

Gaoth aduaidh fuacht is dianghála,
d'bhur mbualadh anuas mar luach stríocála,
le bráithríbh móra, buafa 's píocarda,
go raibh líonta suas go bruach bhur líontána.

**Foinsí:** Corcaigh T. vii., 23, Pádraig Stúndún a scríobh i gCorcaigh 1885 (**A**);
**In eagar cheana:** APMG: 54

**Nótaí Téacsúla:** Is cosúil gur mallacht é seo a chuir Piaras ar iascairí Bhaile Uí Choitín nuair ná raibh iasc ar fáil acu dó ar 'Lá Carghais' mar a deir Ó Foghludha (APMG: 53 is féach leis an cheannscríbhinn thíos). Féach, chomh maith, uimhir **52** thuas.

**2. luach stríocála:** Ciallaíonn an focal *stríocálaidhe* 'a careless or inefficient worker' (Ua Duinnín s.v.) agus déarfainn gurb é a leithéid de chiall atá ag 'stríocáil' anso.

**3. bráithríbh móra, buafa:** Is dócha gurb é an manach nó 'monkfish' atá i gceist anso. Féach Ua Duinnín (s.v. *bráthair* 'friary fish'). 'Toads' atá i gceist le 'buafa'.
**3. píocarda:** Ní dócha gur iasc atá anso ach 'a pickard' 'a card with spikes and teeth for raising a nap on cloth' (OED s.v. *pickard*). Uimhir iolra atá anso agus é le rá mar /p'i:ka:rdə/.

**4. líontána:** Leagan malartach de 'líontáin' 'nets'.

| **Meadaracht:** | Amhrán | 1. | / é – ua ua – – á – / |
|---|---|---|---|
| | | 2. | / – ua – ua – ua – á – / |
| | | 3. | / – á – ua – ua - á – / |
| | | 4 | / – – í – ua – ua – á – / |

**Ceannscríbhinn:** An mhallachd do chuir sé air na h-iasgairíghe.

## Cúrsaí Teangan agus Meadarachta

Dob fhéidir Gaeilge iarchlasaiceach nó 'Gaeilge liteartha na hochtú haoise déag' a thabhairt ar an saghas Gaeilge a scríobh Piaras Mac Gearailt agus, ní nach ionadh, tá cosúlachtaí móra idir an teanga atá le fáil ina shaotharsan agus an teanga a chleacht filí na Mumhan go ginearálta sa tréimhse sin. Ní gá dúinn ach na dánta agus na sleachta próis atá in eagar anso a chur i gcomparáid lena bhfuil curtha in eagar de shaothar fhilí na hochtú haoise déag chun é seo a fheiscint go soiléir.[67] Mar sin féin, ní dócha gur leor a rá gur Ghaeilge liteartha na hochtú haoise déag a chleacht Piaras agus, ar aon nós, i dtaobh ná fuil aon chur síos cuimsitheach againn ar Ghaeilge na tréimhse seo ní mór dúinn féachaint ar roinnt de na pointí teangan is suaithinsí atá le sonrú ar a shaothar liteartha.

**Canúint Phiarais**

An dúthaigh seo in oirthear Chorcaí inar mhair Piaras san ochtú haois déag, bhí sí fós ina Gaeltacht anuas go dtí lár na fichiú haoise nó, ba chirte a rá, dúthaigh ab ea í ina raibh cainteoirí dúchais Gaeilge fós ina mbeathaidh i gcaogaidí na haoise sin ach go raibh an Ghaeilge féin i reachtaibh báis inti (Ó Cuív, 1993: 61). Tugann Ó Cuív le fios go raibh roinnt mhaith cosúlachtaí idir canúint na Gaeilge i mBaile Mhac Óda agus canúint Ghaeilge na Rinne i bPort Láirge agus go bhféadfaí a rá gur chanúint idirmheánach a bhí inti, is é sin le rá idir canúint seo na Rinne i bPort Láirge agus canúint Mhúscraí in iarthar Chorcaí (*ibid*.: 61). Deineann Ó Cuív cur síos ina dhiaidh sin ar roinnt de na slite ina

[67] Féach, mar shampla, ar an bhfianaise teangan a sholáthraíonn na dánta sna heagráin de shaothair Thaidhg Ghaelaigh Uí Shúilleabháin (Nic Éinrí, 2001), Liam Inglis (Nic Éinrí, 2003), Aogáin Uí Rathaille (Ó Buachalla, 2007) agus Eoghain Rua Uí Shúilleabháin (Ó Conchúir, 2009). Cé ná fuil plé ar leithligh déanta ar chúrsaí teangan sna heagráin seo is fuirist a fheiscint ach roinnt dánta astu a léamh gur mar a chéile na filí seo, cuid mhaith, mar leis an saghas teangan a chleachtaíodar ina saothar.

dtagann canúint Bhaile Mhac Óda leis an dá chanúint eile, thoir agus thiar, agus luann na pointí is inspéise teangan a dhein canúint ar leithligh de chanúint seo oirthear Chorcaí (ibid.: 61 – 68) Ní féidir linn a dhéanamh amach anois, áfach, cé chomh difriúil is a bhí an saghas Gaeilge a bhí á labhairt in aimsir Phiarais i gcomparáid leis an saghas Gaeilge a fuair Ó Cuív sa dúthaigh chéanna agus é i mbun taighde i lar na fichiú haoise. Tá an chuma ar an scéal, mar sin féin, go raibh Gaeilge Bhaile Mhac Óda níos cóngaraí do Ghaeilge na nDéise ná d'aon chanúint eile, agus ós rud é gur féidir féachaint ar Phiaras mar fhile *Déiseach*, sa chiall stairiúil den bhfocal san ach go háirithe,[68] is féidir a chur i gcás go raibh cosúlachtaí móra idir an saghas Gaeilge a bhí á labhairt aige féin, agus ag an bpobal ar de é, agus canúint Nua-Ghaeilge seo na nDéise a bhfuil eolas cuimsitheach againn uirthi inniu.[69] Ar ndóigh, toisc gur fhile ab ea Piaras d'fhéadfaí a thuairimiú go bhfuil mórán ó thaobh foclóra agus eile ina shaothar a bhaineann lena raibh fachta aige mar oidhreacht liteartha agus gur chleacht sé saghas Gaeilge ná raibh ag teacht go díreach leis an nGaeilge a bhí á labhairt timpeall air go laethúil i mBaile Mhac Óda.[70]

An lámhscríbhinn átagraif a bhreac Piaras sa bhliain 1769, LS a phléamar sa chaibideal ar a shaol agus ar a shaothar, is í an fhoinse is tábhachtaí í dá bhfuil againn mar le heolas a fháil faoin saghas Gaeilge a bhí aige ach, ar mhí-ámharaí an tsaoil, ráineodh sé ón aon LS amháin seo dá chuid atá ar marthain againn inniu ná raibh Piaras róthugtha d'fhoirmeacha canúnacha a léiriú ina chuid scríbhneoireachta. Mar sin féin, tá roinnt bheag foirmeacha teangan sa LS a scéitheann ar Phiaras sa mhéid is go

[68] Féach Ó Cuív (1993: 36 – 37) mar le cur síos ar chanúint stairiúil na nDéise.
[69] Féach O hAirt (1988); Sheehan (1944); Breatnach (1984 agus 2009) i gcomhair cur síos ar dheilbhíocht, ar fhoclóir agus ar fhuaimniú na canúna so.
[70] Is deacair dúinne inniu, áfach, a rá cé na gnéithe comónta agus cé na gnéithe ardliteartha ina shaothar ach taispéannann an tagairt a dheineann sé don litríocht chlasaiceach sa dán *Seán Ó Dí* (**18**, 13) –Mopso Nysa Datur – ná raibh aon leisce air an t-ardoideachas a bhí air a léiriú.

soláthraíonn siad roinnt eolais dúinn faoin slí ina ndéarfadh sé focail áirithe. Má thógaimid an focal *moill* mar shampla anso chímid go bhfuil sé seo scríte mar *m(h)adhail* ag Piaras faoi dhó (féach malairtí léamha in **30**, 58 agus **30**, 169) sa tslí is go mba dhóigh leat go ndéarfadh sé an focal so le défhoghar mar /mail'/, nó /meil'/ b'fhéidir, ar nós Ghaeilge na nDéise sa lá atá inniu ann.[71] Is díol spéise é an fhoirm seo toisc go n-éilíonn an mheadaracht an fhuaim /i:/ sa dá chás, faoi mar a déarfaí an focal i bhformhór Chúige Mumhan lasmuigh de na Déise, ach fós tá an focal scríte go nádúrtha ag Piaras, faoi mar a déarfadh sé féin é, de réir dealraimh. Is í an fhuaim /i:/ a bheadh ag cainteoirí Bhaile Mhac Óda na fichiu haoise dar le Ó Cuív.[72]

Tá an fhoirm *feidhil* (**30**, 175) scríte ag Piaras chomh maith ag freagairt don bhfocal *fill* ach toisc an défhoghar /ai/ a bheith ag teastáil sa chás so b'fhéidir ná cuirfeadh sé sin iontas orainn. Mar sin féin, tá an fhoirm chéanna so *feidhil* aige in dhá áit eile **(23**, 24; **33**, 18 malairtí) agus an fhuaim /i:/ ag teastáil sa dá chás, rud a thugann le fios gur ar nós Ghaeilge na nDéise sa lá atá inniu ann a déarfadh sé féin an focal so. Mar leis an bhfocal *taitneamh* litríonn Piaras é seo mar *tainnceamh* ina LS féin (**27**,2 malairtí), rud a thugann le fios go bhfuaimnítí an focal so mar /taŋ'ev/ i nGaeilge na nDéise san ochtú haois déag faoi mar a deintear inniu (féach Breatnach, 2009: 130). Tá an fhoirm *teanncamhach* (**28**, 17 malairtí) aige chomh maith, in áit eile, ag freagairt do *taitneamhach* /taŋ'əvəx/. Foirm eile ó láimh Phiarais a scéitheann air is ea *cúinge* (**30**, 25 malairtí) sa mhéid is go dtaispeánann sí go mbeadh an fhuaim /ŋ'/ aige i bhfocal den saghas so faoi mar atá i gcanúint Nua-Ghaeilge na nDéise.[73] Is díol spéise é, ina theannta

[71] Féach Breatnach (2009:23) mar a dtugann sé le fios gur mar /meil'/ a deirtear an focal so i nGaeilge na nDéise.
[72] Féach Ó Cuív (1993: 62).
[73] Féach Breatnach (1984: 127) mar a dtugtar le fios gur mar /ku:ŋ'ə/ a deirtear é seo sna Déise.

so, an tslí ina litríonn Piaras an focal *seomra*, ar nós na Fraincise mar ba dhóigh le duine, mar *seombra* (féach malairtí léamha **27**,11 agus **28**, 5), foirm a thabharfadh le fios gur mhair tionchar na Normannach ar Ghaeilge oirthear na Mumhan ar feadh i bhfad.[74]

Taobh amuigh de na samplaí fánacha so, áfach, ní féidir mórán eolais eile a fháil ó LS seo Phiarais i dtaobh a chanúna féin. Fiú amháin má tá samplaí sa LS ar nós *fionntach* agus *lonnrach* (**29**, 5, 11) a bheith á rá le /u:/, faoi mar a bheadh i nGaeilge na nDéise, ní féidir a rá gur fianaise ar chanúint Phiarais atá iontu ós rud é gurb í an mheadaracht a shocraíonn fuaimniú na bhfocal áirithe seo, agus tá tarraingt ar shamplaí den saghas céanna le fáil tríd síos sna nótaí téacsúla sa tráchtas so. Mar sin féin is méar ar eolas dúinn iad na foirmeacha so atá luaite againn thuas agus más tearc iad mar fhianaise, fós treisíonn siad an tuairim a bheadh ag duine gur Gaeilge na nDéise a bhí ag Piaras, is é sin Gaeilge na nDéise faoi mar a bhí sí á labhairt san ochtú haois déag.

**An Tuiseal Ainmneach thar ceann an Tuisil Ghinidigh**

Tá an chuma ar an scéal go raibh sé de nós ag Piaras féin an tuiseal ginideach a sheachaint go minic mar a thaispeánann na samplaí seo a leanas atá againn óna láimh féin, samplaí ina bhfaighimid an tuiseal ainmneach thar ceann an tuisil ghinidigh:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | **7**, 38 | sluaite an chríth seo (féach malairtí) |
| (ii) | **7**, 164 | i measc na naoimh is aingil |
| (iii**)** | **30**, 38 | ar feadh an tsíoraíocht[75] |

[74] Féach an méid atá le rá ag O'Rahilly i dtaobh thionchar na Normanach ar Ghaeilge an deiscirt (1988: 87 – 90).

[75] Is minic ná deintear focail a chríochnaíonn ar *–acht* a infhilleadh sa tuiseal ginideach uatha i nGaeltachtaí an lae inniu agus, faoi mar a luann Ó hUiginn (1994: 569), áirítear focail a chríochnaíonn ar *–acht* mar

| | | |
|---|---|---|
| (iv) | **30**, 49 | in inead an phóit[76] |
| (v) | **30**, 106 | i measc na naoimh is aingil |
| (vi) | **30**, 123 | do dheascaibh a mheang |
| (vii) | **30**, 176 | greann na naoimh |
| (viii) | **25**, 2 | ag riaradh gach ciabh-bhruinneal modhúil, tais, óg |

Ba dhóigh leat ó na samplaí seo taobh amuigh de (i), (vii) agus (viii) go mba chuma le Piaras an tuiseal ginideach a sholáthar tar éis réamhfhocal comhshuite agus, cé go bhféadfaí a rá gurb í an mheadaracht faoi ndeara na bhfoirmeacha so cuid mhaith[77], fós níl sé as an gceist go dtugann samplaí ar nós *ar feadh an tsíoraíocht* agus *in inead an phóit* le fios go mb'fhéidir ná raibh úsáid an ghinidigh chomh seasta agus ba dhóigh linn sa tréimhse seo, nó ceann éigin acu, ná raibh Piaras chomh cruinn sin ar fad mar scríobhaí i gcónaí. Tá níos mó samplaí den saghas céanna le fáil ó dhánta eile le Piaras anso agus cé ná fuil na samplaí eile seo againn óna láimh féin tugann siad le tuiscint go bhféadfaí an tuiseal ginideach a sheachaint gan cheist d'fhonn an mheadaracht a thabhairt slán nó go raibh úsáid an tuisil ghinidigh lagaithe cheana féin i nGaeilge na Mumhan san ochtú haois déag:

fhocail atá sa cheathrú díochlaonadh sa i nGaeilge Chonnacht an lae inniu. Tá an nós céanna i nGaeltachtaí na Mumhan focail den saghas so a fhágaint gan infhilleadh sa tuiseal ginideach uatha (Ó Sé, 2000: 111). Mar sin féin níl an t-alt ná an t-athrú tosaigh faoi mar ba cheart dóibh a bheith sa ghinideach uathu óir bheimis ag súil le *ar feadh na síoraíocht'* anso i ndáiríribh.

[76] Ní heol dom go bhfuil an fhianaise ar an bhfocal **póit** a bheith firinscneach in aon áit.

[77] Faoi mar a léiríonn na nótaí téacsúla, is minic gurb í an mheadaracht a shocraíonn cén fhoirm a úsáidtear – d'fhéadfaí a áiteamh, mar shampla, go seachnaítear an ginideach i sampla (iii) *ar feadh an tsíoraíocht* (**30**, 38) thuas mar go mbeadh siolla iomarcach sa chéim sin den líne dá mbeadh *ar feadh na síoraíochta* ann; féach na nótaí téacsúla.

(viii) **2**, 5 fá dhéin an bhruinneall[78]

(ix) **2**,6 do réir mo mheabhair

(x) **2**,17 bás na bruinneall

(xi) **3**,43 béic na bhfaolchona *&* **3**, 74 ceol na bhfaolchona

(xii) **3**, 106. i measc naoimh is aingil

(xiii) **4**, **2** i gceannaibh tuatha

(xiv) **6**, 50 ar feadh tuatha

(xv) **12**, 40 i dteannta an chaoil-droimeann óg

(xvi) **38**, 7 iomallaibh craosmhuir

(xvii) **2**, 16 sileadh na ndéara

(xviii) **23**, 7 beartaibh na mbúir (féach malairtí)

(xix) **3**, 25 dréacht seo an chreach

Arís, is díol spéise é go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil an tuiseal ginideach á sheachaint anso tar éis réamhfhocal comhshuite i gcúig cinn de na samplaí seo – (viii) (ix), (xii), (xiv) agus (xv) – agus cé go bhfuil sé feicthe againn cheana go mb'fhéidir gurb í an mheadaracht faoi ndeara roinnt mhaith de na foirmeacha neamhrialta so, níl aon dabht in aon chor ná go dtugann samplaí ar nós *fá dhéin an bhruinneall* agus *do réir mo mheabhair* le fios dúinn nach inniu ná inné a thosnaigh meath ag teacht ar úsáid an tuisil ghinidigh sa Ghaeilge.[79]

[78] Toisc gur ar –*n* a chríochnaíonn *fá dhéin* anso ba bheag difríocht a bheadh sa chaint idir *fá dhéin na* agus *fá dhéin an* ach níl aon amhras ná go bhfuil an t-ainmfhocal sa tuiseal ainmneach.
[79] Níl ach aon sampla amháin den Tuiseal Ginideach in áit an Tuisil Ainmnigh agus is seanghinideach ama is ea é sin ar mhaithe le cúrsaí meadarachta mar is léir: (**17**, 9) *gach lae.*

**An Tuiseal Tabharthach Iolra**

Tá foirceann an tuisil thabharthaigh iolra le fáil tríd síos sna téacsanna so faoi mar a bheimis ag súil leis i dtéacsanna ón ochtu haois déag. Má tá fianaise lastuas againn go raibh an tuiseal ginideach ag lagú ábhairín san ochtú haois déag níl aon cheist ná go raibh foirceann an tuisil thabharthaigh iolra ag leathnú sa tréimhse chéanna[80] agus tá roinnt bheag samplaí againn sna téacsanna atá in eagar anso d'fhoirceann so an tabharthaigh iolra a bheith le fáil thar ceann an tuisil ainmnigh iolra nó, níos minicí ná san, thar ceann an tuisil ghinidigh iolra:

(i) **3**, 22 creach is brón na **bhf**lathai**bh** cróga, creach is gleo na mbéithi**bh** dil

(ii) **3**, 38 searc na **bhf**lathai**bh** **bhf**íontach, **bhf**éastach thu

(iii) **30**, 32 i **bhf**ochair na ríthe 's na mbruinnealai**bh** craoschoirp

(v) **33**, 14 (ag leagadh seancheall &) teampallaibh

(vi) **38**, 7 (cuardaidh . .. ) iomallaibh craosmhuir

Tá an chuma ar an scéal gur ar mhaithe le cúrsaí fuaime atá foirceann an tabharthaigh iolra á sholáthar sa chéad dá shampla thuas, agus b'fhéidir sa tríú sampla leis, toisc go bhfuil sraith d'fhuaimeanna */v/* le fáil sa dá shampla so faoi mar a thaispeánann an cló trom, ach ina theannta so dob fhéidir a rá go gcabhraíonn siad le cúrsaí meadarachta, is é sin le rá go soláthraíonn **bhflathaibh** an dá chéim atá ag teastáil sna línte seo, rud ná soláthródh an ginideach iolra **bhflath** in aon chor. Tá an chuma ar an scéal gur

[80] Féach Williams (1994: 451) agus go háirithe Ó Mainnín (2004) mar a ndeineann sé plé cuimsitheach ar leathnú fhoirceann an tabharthaigh iolra.

foirmeacha nádúrtha go maith atá sna samplaí eile seo, is é sin le rá go bhfuilid, nó go rabhadar, ag teacht le gnáthúsáid fhoirceann so an tabharthaigh iolra ag an am.[81]

**An Tuiseal Ainmneach Iolra thar ceann an Tuisil Thabharthaigh Iolra**

Tá cúpla sampla sna téacsanna ina bhfaightear an tuiseal ainmneach iolra san áit ina mbeifí ag súil leis an tuiseal tabharthach iolra:

(i) **3**, 57 do Phaoracha (agus féach **3**, 88 do Phaorachaibh)

(ii) **30**, 48 ag faolchoin

**An Tuiseal Tabharthach Uatha**

Is in ainmfhocail bhaininscneacha is mó a mhair an tuiseal tabharthach sa Ghaeilge iarchlasaiceach (Williams, 1994: 450) ach tá roinnt samplaí den tabharthach uatha firinscneach againn anso a bhfuil an chuma orthu gur ar mhaithe le cúrsaí meadarachta a scríobhadh iad. Tugaim roinnt de na foirmeacha is suaithinsí den tabharthach uatha baininscneach anso agus na ceithre shampla ar fad atá firinscneach faróthu:

(i) **3**, 72 'san gcriaidh

(ii) **6**, 13 i ngliaidh *(firinscneach* ach féach an nóta ag **6**, 13*)*

(iii) **16**, 58 tar sruith *(firinscneach)*[82]

[81] Dar le Ua Súilleabháin (1994: 492), cloistear an tabharthach iolra thar ceann an ainmnigh iolra sa Rinn agus go raibh sé le clos chomh maith i mBaile Mhac Óda sa bhfichiú haois nuair ba bheo an Ghaeilge sa dúthaigh sin. Féach, chomh maith, Ó Mainnín (2007: 211) agus Williams (1994: 451 – 2).

[82] Gan amhras ní mar seo a dheintí an tabharthach uatha in ainmfhocail fhirinscneacha sa Ghaeilge Chlasaiceach agus cé go bhféadfaí a rá gur leagan malartach den bhfocal *sruth* atá anso níl sé as an gceist gur tabharthach uatha mírialta atá ann. Bheadh an rud céanna le rá i dtaobh (vi) in éagruith thíos.

(iv) **17**, 10 faoi neoill *(firinscneach)*

(v) **23**, 22 do chlainn

(vi) **30**, 77 in éagruith *(firininscneach* ach féach Ua Duinnín (s.v. *cruth*) mar a dtugann sé le fios gur baininscneach atá an focal chomh maith).

(vii) **4**, 11 in Éirinn oill

(viii) **30**, 48 id scornaigh chraosaigh

(ix) **49**,(II) 3 ón ndigh bhig

Tá infhilleadh na n-aidiachtaí a ghabhann leis na trí shampla dheireanacha déanta faoi mar ba cheart dó a bheith rud a thaispeánann go raibh an ghné seo den ghramadach fós gníomhach le linn na tréimhse seo.

Is dóigh liom gur fiú a lua chomh maith anso go bhfuil aon sampla suaithinseach amháin den tuiseal ainmneach uatha a bheith in úsáid thar ceann an tuisil thabharthaigh uatha agus é seo ó láimh Phiarais é féin: *do ghabhas do lámh* (**28**, 9).

**An Briathar**

Tá deilbhíocht an bhriathair ag Piaras faoi mar ba a bheimis ag súil leis ó fhile Muimhneach san ochtú haois déag agus toisc gur sa Mhumhain 'is treise a mhaireann foirmeacha táite an bhriathair' i gcónaí (Ua Súilleabháin, 1994: 515) ní chuirfeadh sé iontas ar éinne a fháil amach gurb iad na foirmeacha táite is mó atá le sonrú ar a bhfuil de théacsanna in eagar anso.

Taobh amuigh den tríú pearsa uatha, is iad na foirmeacha táite den bhriathar atá le fáil sna dánta atá in eagar anso chomh fada is a bhaineann leis an **Aimsir Chaite**, ach

amháin dhá fhoirm ar leithligh – **30**, 1 *Do theangmhaigh tráth me* agus – **30**, 143 *do thug tú* – sa chéad agus sa tarna pearsa uatha faoi seach[83]. Tá sé thar a bheith suimiúil, ina theannta so, go bhfuil na foirmeacha scartha so a leanas, sa chéad agus sa tarna pearsa, le fáil sa tíolacadh próis a scríobh Piaras ina LS féin:

(i) **28**, 2 do gheall mé

(ii) **28**, 7/8 do chuir me

(iii) **28**, 16 do bhradaigh tú

Níl teacht againn, sa sliocht céanna, ach ar fhoirm tháite amháin san aimsir chaite – **28**, 9 *do ghabhas* – cé gur dócha go mbeimis ag súil leis gurb í an fhoirm tháite amháin a bheadh le fáil tríd síos.[84] Is deacair a rá, dar ndóigh, arbh amhlaidh go raibh glactha leis na foirmeacha scartha so san aimsir chaite in oirdheisceart na Mumhan sa tarna cuid den ochtú haois déag nó arbh amhlaidh gur nósúlacht liteartha de chuid Phiarais faoi ndeara iad. Tá sé suimiúil, sa chomhthéacs so, go bhfuil aon fhoirm amháin scartha den saghas so aige i mBarántas dá chuid – **36**, 1 *Do fuair me* – foirm a thabharfadh an tuairim do dhuine go mb'fhéidir gur bhraith sé go raibh cuma níos údarásaí agus níos foirmeáilte ar fhoirmeacha scartha den saghas so ná mar a bhí ar na gnáthfhoirmeacha táite a mbeadh taithí ag Piaras orthu sa ghnáthchaint laethúil, faoi mar ba dhóigh le duine.

[83] Dob fhéidir a rá gur ar mhaithe leis an meadaracht a soláthraíodh an chéad fhoirm seo toisc nach dócha go ndéanfadh *do theangmhaíos* an bheart anso ach ba dhóigh leat gur mar a chéile *do thugais* agus do *thug tú* sa tarna sampla, ó thaobh riachtanais na meadarachta de ach go háirithe.

[84] Is fiú an sliocht próis seo de chuid Phiarais a chur i gcomparáid leis an litir a scríobh Risteard Ó Murriain chuige (**40**), litir ina bhfuil foirmeacha táite den bhriathar san aimsir chaite ó thosach deireadh. B'fhéidir gur cóngaraí do ghnáthnós na linne in oirthear na Mumhan í an litir seo ná sliocht próis seo Phiarais.

Faightear idir fhoirmeacha scartha is fhoirmeacha táite san **Aimsir Fháistineach**, mar shampla **10**, 13 *do gheobhaidh tú* agus **30**, 172 *gheobhair*, ach is cósuil gurb iad na foirmeacha táite is treise anso chomh maith: féach, mar shampla, gur sé cinn de shamplaí den bhfoirm *beir* (2ú pearsa uatha fáistineach) atá le fáil – **30**, 44; **30**, 56; **30**, 159; **30**, 180; **37**, 24 – seachas an t-aon sampla amháin de *beidh tú* **38**, 81.

Ní mór in aon chor na samplaí atá le fáil anso den **tríú pearsa iolra** a bheith in úsáid **le hainmfhocal iolra** agus tá na samplaí seo ar fad san aimsir fháistineach:

(i) **16**, 55 beid saorchlanna Scoit

(ii) **16**, 56 beid Gaeil bhocht' ar inneall

(iii) **30**, 135 do bheid diabhail

Foirmeacha táite ar fad atá againn san **Aimsir Láithreach** sa chéad phearsa uatha agus sa chéad phearsa iolra seachas an t-aon fhoirm amháin **45**, 32 *go bhfuil mise* agus, cé go bhféadfaí a áiteamh gurb é an forainm treisithe a mhíníonn an fhoirm scartha so, féach go gcítear go leor samplaí d'fhoirmeacha táite le hairmhír threise anso chomh maith, mar shampla: **10**, 40 *táimse*, **24**, 41 *screadaimse*, **39**, 13 molaimse srl.

Níl mórán samplaí in aon chor le fáil den **Mhodh Foshuiteach Láithreach** ná den **Mhodh Foshuiteach Caite** sna téacsanna anso ach is féidir na foirmeacha so a leanas a shonrú ar a shon san:

Modh Foshuiteach Láithreach, 3ú pearsa uatha: **36**, 27 go ria

Modh Foshuiteach Láithreach Briathar Saor: **45**, 5 Nár fhachtar; **45**, 6 & 7go bhfachtar

Modh Foshuiteach Láithreach, 2ú pearsa uatha **45**, 13 go gcaillir

Modh Foshuiteach Láithreach, 3ú pearsa uatha **45**,10 nár fhágaidh; **45**, 11 nár ghabhaidh

**Foirmeacha 'Aon-uaire' ar mhaithe leis an meadaracht.**

Tá trácht tríd síos sna nótaí téacsúla ar fhuaimniú focal áirithe nuair atá fuaimniú ar leithligh ag teastáil chun an mheadaracht a léiriú ach is ceart aird ar leithligh a thabhairt ar roinnt foirmeacha 'aon-uaire' neamhchoitianta anso a bhfuil an chuma orthu gur sholáthraigh Piaras iad ar mhaithe le cúrsaí meadarachta beag beann ar ghnáthrialacha gramadaí agus litrithe. Ceadaítear cúpla foirm ós na LSÍ anso agus ansúd d'fhonn an mheadaracht a thaispeáint, m.sh. *do ghéan* (**1**, 11) seachas *do gheoin* agus *do réamh* (**21**, 25) seachas *do ríomh* ach cloítear don chuid is mó anso le gnáthlitriú an lae inniu.

Is díol spéise iad na foirmeacha aonuaire seo thíos, ón dán céanna, *Ar Bhás Sheáin Paor* (**3**), a sholáthraíonn an patrún [é – –] atá ag teastáil i gcéimeanna deireanacha na línte seo:

(i) **3**, 1 ar mhaoilinn ardchnoic aoibhinn, ársa, binnghil *Éadaine*

(ii) **3**, 5 go deorach, pianmhar, brónach, diachrach, sceonmhar, *déarathach*

(iii) **3**,17 ag Danair társna i seana-áitribh *Éibhire*

(iv) **3**,30 do smaoineas gur leagadh Príomhfhlaith *Déiseacha*

(v ) **3**, 32 gan glór an tréad *binne*

(vi) **3**, 47 flaith is tiarna is dragan ciallmhar, *séamharach*

Tá samplaí (i) *Éadaine* agus (iii) *Éibhire* thar a bheith suimiúil sa tslí is go bhfuil na foirmeacha ginideacha so ag teacht le hinfhilleadh ainmfhocal baininscneach sa tarna díochlaonadh a gcuirtear *–e* leo sa ghinideach uatha de ghnáth, mar shampla: *áit* > *áite*; *páirc* > *páirce*. Cé gur ainmfhocal baininscneach atá san ainm *Éadain* sa chéad sampla thuas, níl aon amhras ná gur focal sa cheathrú díochlaonadh atá ann agus nach ceart foirm ar leithligh sa ghinideach a bheith aige. Mar le sampla (iii), ainm fir atá in *Éibhear* gan amhras ach tá an gháthfhoirm den ghinideach *Éibhir* curtha as a riocht sa tslí chéanna anso trí *–e* a chur leis d'fhonn riachtanais na meadarachta a shásamh. Dar ndóigh, d'fhéadfaí a áiteamh go raibh údarás ag Piaras na foirmeacha so a scríobh nuair a chuimhnímid ar na seantéacsanna clúiteacha úd ó ré na Sean-Ghaeilge – *Tochmarc Éadaíne* agus *Tochmarc Emire* – agus b'fhéidir go raibh teidil na dtéacsanna so i gcúl a chinn aige nuair a chum sé an dán áirithe seo.[85] Aidiachtaí atá sna samplaí eile anso agus, arís, is léir go bhfuil cruth na n-aidiachtaí seo curtha as a riocht ar mhaithe leis an meadaracht – bheimis ag súil le *déarthach* (nó *deorach*) seachas *déarathach* i sampla (ii), *Déiseach* seachas *Déiseacha* i sampla (iv) agus *séamhrach* seachas *séamharach* i sampla (vi). Tá sampla (v) *gan glór an tréad binne* mírialta amach is amach sa tslí is go mbeimis ag súil le *glór an tréada bhinn* ach, arís, chruthódh sé seo fadhb ó thaobh na meadarachta. Sa dán céanna so, chomh maith, chímid an fhoirm seo *foirtile* (**3**,93) ar cosúil gur ainmneach iolra thar ceann an ainmnigh uatha atá ann ar mhaithe leis an meadaracht mar a bhfuil trí shiolla ag teastáil sa chéim sin den líne.

[85] Féach 'The Wooing of Éadaíne', in Gantz, 1981: 39 – 59, i gcomhair *Tochmarc Emire* Van Hamel, 1978 i gcomhair *Tochmarc Emire.*

Ní heol dom gur úsáid filí eile na tréimhse foirmeacha chomh mírialta leo seo ar mhaithe lena gcuid meadarachtaí agus ní fios, mar sin, arbh amhlaidh go lochtófaí an Gearaltach as foirmeacha mar seo a úsáid ar mhaithe leis an meadaracht nó arbh amhlaidh go nglacfaí leo gan cheist. Ba dhóigh le duine, áfach, go mbeadh fios a chúraim ag Piaras toisc é bheith ina ardsirriam ar chúirt filíochta agus, fairis seo, nuair ná fuil na foirmeacha so againn óna láimh féin is deacair é a lochtú nuair is féidir gur le scríobhaithe a dhein an bundán a sheachadadh cuid de na foirmeacha mírialta so.

**Foirmeacha 'Ornáideacha'**

Tá feicthe againn thuas go bhfuil an dealramh air gur úsáideadh foirceann an tuisil thabharthaigh iolra ar mhaithe le cúrsaí fuaime nó ar mhaithe le hornáideachas (féach na samplaí thuas: **3**, 22 agus **3**, 38). Ina theannta so, tá roinnt bheag samplaí d'fhoirmeacha 'ornáideacha' teangan le fáil anso agus ansúd i ndánta Phiarais, foirmeacha a mbraitear iarsma de shean-nósanna na Gaeilge orthu, agus dob fhéidir a áiteamh gur aithris ar an nGaeilge Chlasaiceach atá sna samplaí seo ina bhfuil urú ar an aidiacht sa tuiseal ginideach iolra. Dob fhéidir a áiteamh gur ar mhaithe leis na fuaimeanna a sholáthraíonn siad a cuireadh an t-urú isteach sna samplaí seo:

(i) **1**, 78 ar thriathai**bh** Gearaltach **bhf**reastalach, **mh**aoitheach

(ii) **2**, 43 taitneamh na **n-**ardfhlaith **n-á**rsa **n**éata

(iii) **3**, 23 creach na **m**aighdean **mb**ráighidgheal

(iv) 7, 71 ba tú an gliaire grianda, gcroidheamhail

Níl aon samplaí eile den nós so le fáil sna dánta agus is é leithéid *bláth is solas na mbéithe dil* (**3**, 93) gan urú ar an aidiacht atá le feiscint tríd síos sna dánta taobh amuigh de na samplaí thuasluaite. Sampla ar leithligh is ea *gach nduine* (**17**, 33) a bhfaightear roinnt mhaith samplaí de i g*Corpas na Gaeilge* chomh maith le *gach n-aon/ gach ndaon* agus *gach (aon) nduine*. Is cosúil gur mar aithris ar nós na Sean-teanga urú a chur ar fhocail tar éis ainmfhocail neodraigh nó ar fhocail sa tuiseal cuspóireach a fhaightear urú sa Nua Ghaeilge i gcásanna mar seo.

**Meadarachtaí na nDánta**

Ba sna meadarachtaí aiceanta a scríobhadh 'formhór mór na filíochta Gaeilge sa tréimhse c. 1600 – c. 1900' (Ó Buachalla, 1998: 61 – 62) agus mar sin, dálta fhormhór mór fhilí na Gaeilge san ochtú haois déag, ní haon iontas é gurbh iad na meadarachtaí aiceanta céanna a d'úsáid Piaras Mac Gearailt ina shaothar, go mórmhór leaganacha den mheadaracht a dtugtar an t-amhrán uirthi go coitianta.[86] Gnáthmheadarachtaí simplí is ea a bhformhór mór so agus gan iad a bheith róchasta; bíonn ceithre nó cúig chéim de ghnáth sna meadarachtaí seo agus taobh amuigh de phatrún comhfhuaime na ngutaí aiceanta ní bhíonn mórán ó thaobh ornáide le feiscint iontu taobh amuigh de *chonchlann*[87] a fhaightear i roinnt bheag díobh.

Is dóigh liom gurb í an mheadaracht is casta atá le feiscint sna dánta de chuid Phiarais atá in eagar anso ná an mheadaracht a ghabhann le *Ar Bhás Sheáin Paor* (**3**),

[86] Mar le cur síos ar mheadaracht so an amhráin féach Ó Donnchadha (1925; 53 – 60).
[87] 'Isé rud é **Conchlann** ná an Focal deiridh ar Cheathrúin do chur ar thosach an Chéad Líne san Cheathrúin 'na dhiaidh..' *ibid*.: 35.

meadaracht an amhráin ina bhfuil seacht gcéim i ngach líne agus partrún difriúil comhfhuaime i ngach líne díobh san. Sampla breá ionadaíoch is ea an véarsa so a leanas:

Is brónach lem chroí, a leoghain aoird, nár dheonaigh Críost do shaoghalsa
do thiacht tar calaith go grianda calma an triath ’s an gasra réifeadh sinn;
ba mhinic a shláinte ag foireannaibh stáit is mise gan tlás dá taoscadh sin
id dhún go soilseach, fiúntach, fíontach, a Phlúir ba chaoimhe do Phaorachaibh. (**3**, 85 – 88)

Is féidir deilbh agus foirmle na meadarachta so a thaispeáint go simplí mar seo:

/ - ó – – í – ó – í – ó – í – é – – /
/ - ia – a – – ia – a – ia – a – é – – /
/ - i – – á – – i – – á – i – – á – é – –/
/ - ú – í – ú – í – ú – í – – é – – /

Athraíonn an patrún comhfhuaime ó líne go líne, faoi mar a athraíonn i meadarachtaí an amhráin a dtugtar ‘amhráin malartachais’[88] orthu de ghnáth arb iad na meadarachtaí is comónta de chuid Phiarais iad. Athraíonn an mheadaracht go dtí amhrán le cúig céim i ngach líne agus an patrún comhfhuaime céanna i ngach líne sna ceithre véarsa dheireanacha, meadarachtaí atá níos ionadaíche ar na saghasanna meadarachtaí a chleacht Piaras. Tá *conchlann* le sonrú idir na véarsaí deireanacha seo ar fad rud a thugann le fios gur chaith Piaras dua nach beag leis an aiste áirithe seo.

Tá meadaracht an chaointe le feiscint i gceithre cinn de na dánta atá in eagar anso, mar atá *Ní Thig an ghrian sa rian díreach* (**1**), *Ar bhás Mháire Paor* (**2**), *Marbhchaoineadh Éamoinn Mhic an tSíthigh* (**7**) *Aisling Bhaothlaigh Mhic Criomhthain* (**30**) *Barántas Dhiarmada Uí Airt* (**38**) ar tuirimh iad an chéad dá cheann mar is léir ó na teidil. Cé gur caoineadh atá in *Ar Bhás Sheáin Paor* (**3**) is léir gurb í meadaracht an amhráin atá ann tríd síos faoi mar atá luaite thuas. Meadarachtaí an amhráin a úsáidtear

[88] Féach Ó Donnchadha (1925: 56).

chomh maith i roinnt eile de na tuirimh atá in eagar anso: *Is díobháil ghéar chríochnaithe i mbailte móra* (**4**) *Ní Sorcha ná Donnchadh cér thréan an fear* (**5**) agus *Ar bhás Mhuiris de nGeard* (6).[89]

Ní i gcónaí a bhíonn na meadarachtaí cruinn go hiomlán, áfach, ach b'fhéidir gur lámhscríbhinní 'truaillithe', déanacha faoi ndeara é seo ar uairibh; níl aon amhras ná go bhfuil na meadarachtaí ar fad atá againn sna dánta atá againn ó lámh Phiarais an-chruinn ar fad. Tá an mheadaracht in *Monuar mar d'éag na fearaibh* (**22**) lochtach tríd síos faoi mar a chífear ag deireadh na haiste sin mar a bpléitear an mheadaracht, agus toisc ná fuil ach an t-aon chóip amháin den dán áirithe sin ar marthain againn, ar cóip thruaillithe í de réir dealraimh, ní féidir na fadhbanna meadarachta agus foclóra atá inti a réiteach le malairtí léamha ó chóipeanna eile. Tabharfar faoi ndeara, chomh maith, go bhfuil roinnt fadhbanna meadarachta le fáil in *Cormac Óg* (**10**), ach toisc go bhfuilimid i dtaobh le LSÍ ó dheireadh na naoú haoise déag anso, dob fhéidir a áiteamh go raibh an leagan den dán a scríobh Piaras an chéad lá i bhfad níos cruinne ná an leagan so atá tagtha anuas chugainn. Déileáltar le fadhbanna eile meadarachta nuair a bhuailtear leo anso agus ansúd sna nótaí téacsúla agus ag deireadh gach dáin mar a dtaispeántar deilbh agus foirmle gach meadarachta. Ba cheart, áfach, aird a tharraingt ar dhá phointe anso:

**(i)** is léir go minic gurb é *an guta gairid neamhchruinn* a bhíonn le feiscint ag Piaras sna dánta so, is é sin le rá gur féidir leis na gutaí gairide a bheith ag freagairt dá chéile faoi mar a mhíníonn Ó Donnchadha (1925: 23):

[89] Tabhair faoi ndeara anso, áfach, gur le Éamonn de Bhál uimhir a 4 agus uimhir a 5 ar scríobhadh iad ar athair agus ar dheartháir Phiarais.

> Na gutaí gairide seo *u*, *i* – agus uaireanta leis *o*, *e* – agus na défhoghracha so is gaolmhar dóibh, *io*, *iu*, *oi*, *ui* agus *ei*, is minic nuair a bhíd siadsan aiceanta go ngabhaid siad le chéile san bhFilíocht.

Is léir ina theannta so gur féidir leis na gutaí seo a bheith ag freagairt don 'ghuta méidreachta' ***a*** faoi mar is léir ós na samplaí a thugann Ó Donnchadha tamaillín roimhe seo san áit chéanna: 'a : o, e, i : – faicsint : feisgint ; caigilt : coigilt ; snaidmeadh (snaime) : snuime' (*ibid*.: 17). Baineann Piaras lánúsáid as an saoirse meadarachta so faoi mar a thaispeánann an dá shampla so a leanas:

| | |
|---|---|
| D'fhiosras féin don spéirbhean chailce | / – **i** – – é – é – **a** – / |
| a treabh is a gaolta 'shléacht nó d'aithris: | / – **a** – – é – é – **a** – / |
| 'An tusa an bhé ba chaithiseach, chaomh | / – **u** – – é – – – – é/ |
| 'chuir treascartha, traochta na céadta curadh? (**13**, 13 – 16) | / – **i** – – é – é – **u** – / |

| | |
|---|---|
| A dhuine, tuig mo scéolsa, | / – **i** – i – ó – / |
| go dtiocfaidh fós gan tláitheacht, | / – **u** – ó – á – / |
| 's do chuirfidh sibh ar sóchas | / – **i** – i – ó – / |
| 'úr n-inead cóir le gairdeacht; (**9**, 49 – 52) | / – **i** – ó – á – / |

(ii) an tarna pointe a luafad anso ná an t-ionannú a dheintear go minic sna dánta nó sna hamhráin seo idir an défhoghar /ia/ agus an guta fada /i:/, ionannú atá le fáil cuíosach minic sa tslí is gur féidir a rá gur gnáthchleachtadh nó gnáthnós é i meadarachtaí dhánta Phiarais. Seo thíos a bhfuil againn de shamplaí den bhfeiniméan meadarachta so ó na haistí filíochta atá in eagar anso:

Ba dhíobh san Máire mhánla, mhaordha,
**iníon Phiarais**[90] flaith na Féile,
ó Chnoc an Leathair na bhflatha ba shéanmhar,
's dob áille cáil in áitreabh Déiseach! (**2**, 22 – 24)

/ x **x** **x** é – /

[90] Is léir gur comhfhuaim idir *iníon* /i:/ agus *Piarais* /ia/ atá i gceist anso.

Um Nollaig nó uim Cháisc ’s gach lá don téarma,
is **tríd** an **mbliain**[91] a dhé-bhean mhaordha,
do bhí dho chistinse tuilte do mhéithmhairt,
toirc ’s uaill is im is éanlaith. (**2**, 45 – 48)

/ x **x** **x** é – /

| | |
|---|---|
| a braoithe mar shíoda ’s a héadan, | / – í – – í – – é – / |
| gan **teimheal** is gan **éalaing**[92] i gcló; | / – **í – – ia** – – ó / |
| is í thíos ar an inse ag aoireacht, | / – í – – í – – é – / |
| gan suim ach ’na Caoil-droimeann óg. (**12**, 13 – 16) | / – í – – í – – ó / |

| | |
|---|---|
| An fíor gur tu Muireann nó Éithne, | / – í – – i – – é – / |
| **Diana** nó Hélen na dTreon, | / **ia** – – é – – ó / |
| nó Aoife ’chuir draíocht ar na héanlaith | / – í – – í – – é – / |
| d’fhág **cloinn** Lir ar tréanmhuir ’na deoidh? (**12**, 21 – 24) | / – **í** – – é – – ó / |

| | |
|---|---|
| Mo dhóigh nách baois dom dán a scríobh | / – ó – í – á – í/ |
| ar leoghan aoibhinn, álainn, | / – ó – í – á – / |
| do phórshliocht **Bhriain** ba chróga i ngníomh | / – ó – **ia** – ó –í / |
| ’s i ngleo na gclaíomh ná stáinfeadh.(**14**, 5 – 8) | / – ó – í – á – / |

Ba **riail** ag flathaibh bheith carthanach, cráifeach, saor,
san **tír** seo tamall gur leagadh na táinte laoch.
An **fuíoll** beag mhaireas níl aiteas ná tábhacht ’na gcéill,
tá **Gaoidhil** faoi scamall is Gallaibh go hard i réim. (**37**, 1 – 4)

/ – **í** – a – – a – – á – é /

Ba cheart a lua nach feiniméan é seo a bhaineann le dánta Phiarais amháin ach go bhfaightear samplaí de i saothair fhilí eile chomh maith – Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin, mar shampla:

I **ndíocht naíofa** Aoinmhic aird na gcomhacht
Fearannghort **Fiachna** ’s **fíor** gur fearrde[93]

[91] Arís, tá comhfhuaim ag teastáil sa líne seo idir *tríd* /i:/ agus *mbliain* /ia/.
[92] Bheadh an focal *éalaing* le rá mar leis an défhoghar /ia/ ina thosach agus comhfhuaim á dhéanamh aige le *teimheal* a bhfuil an fhuaimr /i:/ ina thosach.
[93] Féach Nic Éinrí (2001: 133) agus na nótaí téacsúla (*ibid*.: 259).

Agus an tarna sampla so againn ó fhilíocht Liam Inglis:

> Fáidh na gceall 's a gceann treorach,
> Teagascóir **diachta**, **stíobhard** eolais.[94]

Taobh amuigh den mhéid sin thuas ní féidir mórán eile a rá i dtaobh na meadarachtaí a ghabhann leis na dánta atá in eagar anso ach amháin gur dealraitheach go bhféadfaí ceol a chur le formhór mór dhánta Phiarais faoi mar a d'fhéadfaí ceol a chur le formhór mór fhilíocht na Gaeilge san ochtú haois déag. Is díol spéise é, áfach, gur ar éigean a luaitear foinn lena chuid dánta sna LSÍ in aon chor. Níl ach fonn amháin luaite ag Piaras le dán dá chuid féin ina LS féin, mar atá *Bua na nGael* (**20**), áit a ndeir sé gur amhrán é *ar tiuin fiadhuicg .i. hark away to the merry tout hourn; call the huntsmen all up in the morn*.[95] Luaitear an fonn *Caitlín Triall* le h*Aithrí An Ghearaltaigh* (**24**) agus tá sé le tuiscint go mb'fhéidir gur fonn ceoil atá i gceist leis *An Chaol-Droimeann Óg* (**12**) chomh maith, cé nach féidir é sin a chruthú.[96] Cé gurb eol don saol, ina theannta so, gurb é an fonn a dtugtar *The Boyne Water*[97] air a ghabhann le *Rosc Catha na Mumhan* (**17**) sa lá atá inniu ann, níl fonn luaite leis an dán in aon cheann de na LSÍ a chaomhnaíonn é. Dob fhéidir a thuiscint as so, dar liom, gur ceart dúinn féachaint ar dhánta nó ar amhráin seo Phiarais – más áil linn amhráin a thabhairt orthu – gur ceart dúinn féachaint orthu mar dhánta a thagann chugainn ó thraidisiún scríte go príomha, dánta a bhféadfaí ceol a chur leo go saoráideach toisc go ndealródh sé gur cumadh mórán d'fhilíocht Ghaeilge na hochtú

---

[94] Féach Nic Éinrí (200: 139, 268) agus na nótaí téacsúla (*ibid*.: 204) mar a luann sí sampla eile 'a folt go fíor' agus an défhoghar /ia/ seachas /i:/ le tuiscint.
[95] LS Phiarais: 30 agus féach nótaí téacsúla ar *Bua na nGael* (20). Chuaigh díom aon tagairt a fháil don bhfonn so.
[96] Féach na nótaí téacsúla a théann leis an *An Chaol-Droimeann Óg* (**12**).
[97] Féach na nótaí téacsúla ar *Rosc Catha na Mumhan* (**17**) mar a bpléitear bunús an fhoinn seo.

haoise déag sa tslí is go bhféadfaí í a chur in oiriúint do fhoinn mhóra cheol na linne.[98] Taobh amuigh de *Bua na nGael* (**20**) a luamar lastuas, ní dóigh liom go soláthraíonn saothar fileata Phiarais aon fhianaise a thabharfadh le fios gur chum sé a chuid dánta agus foinn cheoil ar leithligh sa cheann aige, agus cé gur féidir a mhaíomh gur filíocht bhreá cheolmhar is ea cuid mhaith den bhfilíocht a chum sé, is dóigh liom gur ceart féachaint ar Phiaras Mac Gearailt mar *fhile* sa chéad áit cé go bhféadfadh an tuiscint a bheith ag daoine i gcónaí go mb'fhéidir gur 'songmaker' ab ea é ina theannta san.[99]

[98] '[M]uch of the poetry of the eighteenth century was composed to suit popular tunes.' Breatnach (1981: 102).

[99] Tá plé an-spéisiúil ar fad déanta ag Breandán Ó Buachalla (2002 – 3) ar an ngaol so idir filíocht agus ceol san ochtú haois déag mar a meabhraíonn sé dúinn gur 'traidisiún scríofa go bunúsach a bhí i bpróiseas an tseachadta' agus mar a ndeireann sé, chomh maith, nach léir dó an ceart a bheith ag an Ollamh Breandán Ó Madagáin nuair a deir sé gur 'songmaker' ... go príomha é file na Gaeilge an 18ú haois. (2002 – 3: 131).' Mar le tuairimí Uí Mhadagáin ina thaobh so féach Ó Madagáin (1985: 138).

## LIOSTA NA LÁMHSCRÍBHINNÍ A CEADAÍODH

BAILE ÁTHA CLIATH: ACADAMH RÍOGA NA HÉIREANN

| | | | |
|---|---|---|---|
| (27) A.iv. 2 | Seán de Niadh | Corcaigh | 1751–7 |
| (28) 23 A 16 | Scríobhaí neamhaithnid | Cluain, Co. Chorcaí | 1756 |
| (30) 23 B 38 | Seán Ó Murchú | Co. Loch Garman | c. 1778 – 1789 |
| (102) 23 L 5 | Risteard Paor | Co. Phort Láirge | c. 1824 - 1826 |
| (105) 23 L 12 | Pádraig Din | Co. Phort Láirge | c. 1799 – 1800 |
| (195) 23 K 14 | Uilliam Ó Duinnín | Cnoc an Phréacháin Cho.Chorcaí | 1818 |
| (257) 23 G 24 | Mícheál Óg Ó Longáin | Corcaigh | c. 1795 – 1808 |
| (258) 23 G 25 | Mícheál Óg Ó Longáin | Corcaigh | c. 1807 – 1831 |
| (259) 23 N 32 | Mícheál Óg Ó Longáin | Corcaigh | c. 1829 - 1831 |
| (297) 23 B 14 | Pádraig Phiarais Cúndún | Eochaill, Co. Chorcaí | 1825 |
| (303) 23 L 37 | Scríobhaí neamhaithnid | Cúige Mumhan? | 18ú haois |
| ( 304) 23 L 38 | Risteard Ó Muirriain | Dun Garbhán, Co. Phort Láirge | c. 1765–7 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| (305) 23 M 8 | Seán de Paor | Baile an Phiocardaigh, Co. Phort Láirge | 1822 |
| (306) 23 M 11 | Seán Ó Dréada | Corcaigh | 1833 |
| (307) 23 M 14 | Scríobhaí neamhaithnid | Cúige Mumhan? | i ndiaidh 1828 |
| (334) ARÉ 23 M 9 | Mícheál Óg Ó Longáin | Corcaigh | c.1816 – 1819 |
| (356) 23 A 13 | Scríobhaí neamhaithnid | Cúige Mumhan? | 19ú haois |
| (365) 23 A 38 | Éamonn Ó Mathúna | Corcaigh | 1809 – 12 |
| (376) 23 C 13 | Dómhnall Mac Síthigh | Port Láirge | c. 1822, 1837 - 1838 |
| (379) 23 C 20 | Mícheál Óg Ó Longáin | Corcaigh | 1802 – 30 |
| (413) 23 I 26 | Mícheál Aingleand | Port Láirge | 1772 –1780 |
| (421) 23 I 36 | Séamas Mac Gearailt | Gleann Maighir, Co. Chorcaí | 1778 – 1817 |
| (434) 23 B 5 | Tomás Ó Conchubhair | Co. Thiobraid Árann | 1828 |
| (497) 23 B 22 | Finnín Ó hAllúráin | Corcaigh | 1836 – 7 |
| (520) 23 D 42 | Pádraig Ó Mathúna | Corcaigh | c. 1829 - 34 |
| (551) 23 L 9 | Tomás Pléimeann | Co. Phort Láirge | c. 1817 - 1822 |
| (572) 23 Q 3 | James Hardiman | Gaillimh | c. 1820. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| (573) 23 Q 18 | Edmond Hore | Co. Ros Comáin (?) | 19ú haois |
| (672) 23 C21 | Eoghan Caomhánach | Co. Luimnigh | c. 1816 - 1817 |
| (674) 23 C 24 | Seán Ó Faoláin | ? | c. 1771 - 78 |
| (769) 23 E 12 | Nioclás Ó Cearnaigh | ? | 1846 |
| (770) 24 L 32 | Tomás Ó Conchubhair | Co. Thiobraid Árann | 1825 |
| (771) 24 L 22 | Cormac Ó Fichealla | Co. Chorcaí | c. 1812 – 1823 |
| (774) 24 L 12<br>7 | Micheál Ua hAnnracháin | Cill Rois, Co. an Chláir | 1856– |
| (787) 23 L 12 | Pádraig Din | Co. Phort Láirge | 1799 – 1800 |
| (813) 24 L 27 | Tomás Ó hIceadha | Co. Phort Láirge | c. 1832 - 1838 |
| (887) 12 F 6 | Seán Ó Dálaigh | Baile Átha Cliath | 1848 |
| (907) 12 E 24 | Seán Ó Dálaigh | Baile Átha Cliath | 1845 |
| (940) 23 O 15 | Seán de Lóndra | Eochaill, Co. Chorcaí | c. 1830 |
| (942) 23 I 48 | Mícheál Ó hAnnracháin | Co. an Chláir | 1831 |
| (1173) 24 C 43 | Seán Ó Dálaigh | Baile Átha Cliath | 1827–28 |
| (1185) 24 C 55 | Tomás Ó Conchubhair | Co. Thiobraid Árann | 1840 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| (1365) 23 O 56 (c) | Séamas Mac Giolla Rua | Co. Cheatharlach | 1798 |
| (1386) 23 O 77 | Seán Ó Dálaigh | Baile Átha Cliath | 1848 |

BAILE ÁTHA CLIATH: COLÁISTE NA hOLLSCOILE

| | | | |
|---|---|---|---|
| BÁC Feiritéar 1 | Pádraig Feiritéar | Co. Chiarraí | 1883 |

BAILE ÁTHA CLIATH: AN LEABHARLANN NÁISIÚNTA

| | | | |
|---|---|---|---|
| G160 | Scríobhaí neamhaithnid | Corcaigh (?) | 18ú / 19ú haois |
| G218 | Donnchadh Ó Murchaidh | Corcaigh | 1849–50 |
| G230 | Tomás Ó Hiceadha | Co. Thiobraid Árann | 1843 |
| G311 | Labhrás Ó Fuartháin | Co. Phort Láirge | 1764 |
| G314 | Tomás Ó Nialláin | Co. an Chláir (?) | 19ú haois |
| G329 | Scríobhaí neamhaithnid | ? | 19ú haois |
| G360 | Eoghan Tóibín | Corcaigh | 1815–18 |
| G393 | Martin Hyde | Baile Mhac Óda, Co. Chorcaí | 1870 |
| G403 | Tomás Ó hIceadha | Co. Thiobraid Árann | 19ú haois |

| | | | |
|---|---|---|---|
| G434 | Peadar Ó Longáin | Corcaigh | 1837 |
| G441 | Peadar Ó Logáin | Corcaigh | 1846 |
| G658 | Ristard Cunnune | Co. Phort Láirge | 1885 |
| G691 | Seádhan Ó Móihill | Corcaigh | 1846 |
| G819 | Seán Ó Dreada | Corcaigh | 1820 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| BOSTON | HARVARD LIBRARY | | |
| Harvard, MS. Ir. 1 | Pádraig Stundún | Corcaigh | 1885 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| BOSTON | BOSTON ATHENAEUM | | |
| MS S 22 (2) | Séamus Muilsineach | Corcaigh | 1820 – 25 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| CAMBRIDGE: | UNIVERSITY LIBRARY | | |
| Add. 6558 (38) | Staindis Aodh Ó Gráda | Baile Átha Cliath | 1850 – 51 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| CORCAIGH: | CARTLANN CHATHAIR AGUS CHONTAE CHORCAÍ | | |
| IE 0627 G 3 (b) | Pádraig Stundún | Corcaigh | 1884 |
| IE 0627 G 8 | Risteard Ó Foghludha | Corcaigh | 1902 – c.1957 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| CORCAIGH: | LEABHARLANN NA HOLLSCOILE | | |
| C 7 | Seán Ó Dálaigh | Baile Átha Cliath | 1853 |
| C 40 | Cathal Ua Tucaoidh | Co. Loch Garman | 1824 |
| C 63 | Dómhnall Mac Consaidín | Inis, Co. an Chláir | 1855 - 9 |
| T. vi | Pádraig Stundún | Corcaigh | 1885 |
| T. vii | Pádraig Stundún | Corcaigh | 1883 – 4 |
| T. xvi | Pádraig Ó Súilleabháin | Corcaigh | 1814 |
| T. xxii | Seán Ó Dreada | Corcaigh | 1834 |
| GAILLIMH: | LEABHARLANN NA HOLLSCOILE | | |
| de hÍde 18 | Labhrás Ó Fuaráin | Co. Phort Láirge | 1786 |
| de hÍde 24 | Pádraig Ó Dúshláine | Co. Phort Láirge | 1827 |
| AN IORUA: | SCHØYEN | | |
| MS684 | Donachadh Ó Catháin | Corcaigh | 1821 |
| MS686 | Donachadh Ó Catháin | Corcaigh | 1824– 32 |
| MS 1658/2 | Pádraig Stundún | Corcaigh | 1884 |

LONDAIN, SASANA: MÚSAEM NA BREATAINE

| | | | |
|---|---|---|---|
| Add 18945 | Seán & Diarmuid Ó Réagáin | Corcaigh | 1829 - 1834 |
| Egerton 116 | Micheál Ó Cinnsealaigh | Co. Phort Láirge | 1827 – 28 |

LONGFORT: COLÁISTE NAOMH MEL.

| | | | |
|---|---|---|---|
| ML 2 | Uilliam Ó hÓgáin | Corcaigh | c. 1820 |

MAIGH NUAD: LEABHARLANN NA HOLLSCOILE

| | | | |
|---|---|---|---|
| M 5 | Seán Ó Muláin | Corcaigh | 1818 |
| M6 | Pól Ó Longáin | Corcaigh | 1818 |
| M 8 | Seán Ó Dreada | Corcaigh | 1818 |
| M 9 | Seán Ó Muláin | Corcaigh | 1818 |
| M 10 | Pól Ó Longáin, Eoghan Tóibín & Uilliam Ambrose | Corcaigh | 1817 |
| M 11 | Seán Ó Muláin | Corcaigh | 1817 |
| M 14 | Seán Ó Muláin | Corcaigh | c. 1817 – 1820 |
| M 40 | Dónall Ó Súilleabháin | Corcaigh | 1817 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| M 54 (b) | John Griffin agus John Curtin | Cúige Mumhan? | 1781 |
| M 58 (a) | Piaras Mac Gearailt | Baile Uí Chionnaola, Co. Chorcaí | 1769 |
| M 94 | Seán Ó Cuarthnáin | Corcaigh | 1820 |

MAINISTIR FHEARMAÍ, CO. CHORCAÍ: COLÁISTE CHOLMÁIN

| | | | |
|---|---|---|---|
| CF 25 | Éamonn Ó Mathghamhna | Corcaigh | 1842 |

MANCHAIN, SASANA: JOHN RYLANDS LIBRARY

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ryl. 75. | Tomás Mac Mathghamhna | Co. an Chláir | 1853 |
| Ryl. 134, 2 (a) | Tomás Ó hIceadha, | Tiobraid Árann | c. 1832 |

PORT LÁIRGE: CNOC MHELLERÍ

| | | | |
|---|---|---|---|
| Additions 11 | Seán Ó Muiríosa | Port Láirge | 1844 – 6 |

PORT LÁIRGE: COLÁISTE EOIN

| | | | |
|---|---|---|---|
| CE 32 | Margaret Kiely | Port Láirge | 1839 -1846 |

SAN MARINO, CALIFORNIA: LEABHARLANN HENRY HUNTINGTON

| | | | |
|---|---|---|---|
| HM 4543, 112 | Tadhg Ó Conaill | Corcaigh | 1827 |

VILAONOVA UNIVERSITY, PENNSYLVANIA: FALVEY MEMORIAL LIBRARY

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5 (b) | Gearrthóg ón Irish-American (Nua Eabhrac) | | Iúil 1880 |
| 12 | Tomás Ua Gríofa | Massachusetts, Stáit Aontaithe Mheiriceá | 1891 – 92 |

# NODA

| | |
|---|---|
| **APMG** | *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt* (Ó Foghludha) |
| **ARÉ** | Acadamh Ríoga na hÉireann |
| **BÁC** | Lámhscríbhinní i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath |
| **Corcaigh** | Lámhscríbhinní i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh |
| **DIL** | *(Contributions to a) Dictionary of the Irish Language* (Quin, et al.) |
| **FGB** | *Foclóir Gaeilge–Béarla Uí Dhónaill* |
| **IGT** | *Irish Grammatical Tracts* (Bergin) |
| **LNÉ** | Leabharlann Náisiúnta na hÉireann |
| **LS(Í)** | Lámhscríbhinn(í) |
| **LSe** | Lámhscríbhinne |
| **LS Phiarais** | LS MN 58 (a) i Leabharlann an Ruiséalaigh, Ollscoil Mhá Nuad |
| **NCE** | *New Catholic Encylopedia* (Catholic University of America) |
| **OED** | *The New Shorter Oxford English Dictionary* |
| **Ua Duinnín** | *Foclóir Gaedhilge – Béarla Uí Dhuinnín* |

## Liosta Leabhar


Acadamh Ríoga na hÉireann. 2004. *Corpas na Gaeilge 1600 – 1882*, Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann.

Béaslaí, P. [gan dáta] *Éigse Nua-Ghaedhilge: Tráchtas ar Fhilibh agus ar Fhilidheacht na Gaeilge ó 1600 go dtí 1850, Cuid a hAon agus Cuid a Dó,* Baile Átha Cliath: Comhlucht Oideachais na hÉireann.

Bergin, O. 1930. (eag.) *Sgéalaigheacht Chéitinn. Stories from Keating's History of Ireland*, Dublin: Hodges Figgis & Co.

– 1931 (eag.) *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis*, Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

– (ed.) Irish Grammatical Tracts I and II, supplements to Ériu 8 (1916), 9 (1921 – 23), 10 (1926 – 28), 14 (1946), 17 (1955): I. Introductory (pp. 1 – 36); II Declension (pp. 37 – 166); III. Irregular verbs (pp. 167 – 250); IV Abstract nouns (pp. 251 – 7); V. Metrical faults (pp. 259 – 93).

Black, R. 1992. 'Four O'Daly Manuscripts', *Éigse* 26, 43 – 79.

Bourke, A. 2002, 'Lamenting the Dead', A Bourke et al. (eds). *The Field Day Anthology of Irish Writing* Vol. IV, Cork: Cork University Press, 1365 – 1388.

Breathnach, D. agus Ní Mhurchú, M. 1999. *Beathaisnéis 1782-1881*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Breathnach, P. A. 1987. 'Oral and Written Transmission of Poetry in the Eighteenth Century', *Eighteenth Century Ireland / Iris an Dá Chultúr*, 2 , 57 – 67.

Breathnach, R.B. 2009 (1947). *The Irish of Ring, Co. Waterford*, Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

– 1984 (1961) (eag.). *Seana-Chaint na nDéise* II, Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies. (Féach Sheehan, M.)

Buttimer, C. 1983. 'A Catalogue of Irish manuscripts in the Boston Athenaeum' in de ` Brún, P., Ó Coileáin, S., Ó Riain, P. (eag). *Folia Gadelica*, Corcaigh: 105 – 123.

– 1989. *Catalogue of manuscripts in the University of Wisconsin* – Madison, Dublin: Institute of Advanced Studies.

Catholic University of America, 2003. *The New Catholic Encyclopedia,* 15 Volumes, Detroit: Washington D.C.: Thomson/Gale; Catholic University of America.

Comyn, D. 1902. (eag.) *Foras Feasa ar Éirinn, An Chéid-Imleabhar,* London: Irish Texts Society (IV).

Corkery, D. 1941 (1925). *The Hidden Ireland*, Baile Átha Cliath: M.H. Gill and Son Ltd.

Cross F.L. and Livingstone E.A., 1983 (eds.). *The Oxford Dictionary of the Christian Church*, Oxford: Oxford University Press.

Cullen, L. 1969. 'The Hidden Ireland: Re-Assessment of a Concept', *Studia Hibernica* 9, 7 – 47.

de Bhaldraithe, T. 1979. 'Mis agus Dubh Ris', *Scríobh* 4, 60 – 63.

de Bhial, T. 1954. *Oidheadh an Athar Uí Shíthigh*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

de Bhulbh, S. 2002. *Sloinnte Uile Éireann*, Luimneach: Comharchumann Íde Naofa Teo.

de Brún, P. 1967. *Clár Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Ollscoile Chorcaí*, Cnuasach Thorna I – II: Baile Átha Cliath: Cló Bhréanainn.

– 1988. *Lámhscríbhinní Gaeilge: Treoirliosta*, Baile Átha Cliath: Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath.

De Brún, P. agus Herbert, M. 1986. *Catalogue of Irish Manuscripts in Cambridge Libraries*, Cambridge: Cambridge University Press.

de Brún, P., Ó Buachalla, B. agus Ó Concheanainn, T., 1986 (1971) *Nua-Dhuanaire* I, Baile Átha Cliath: Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath.

Dillon, M. 1939 – 40. 'An Irish Manuscript in the Henry E. Huntington Library', *Éigse I*, 285 – 304.

Flower, R. 1926. *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum* II, London: British Museum.

Gantz, J. 1981. *Early Irish Myths and Sagas*, London: Penguin.

Greene, D., 1973. 'Synthetic and analytic: a reconsideration', *Ériu* 24, 121 – 133.

Grimal, P., 1991. *Dictionary of Classical Mythology*, London: Penguin.

Heusaff, A., 1992. *Filí agus Cléir san Ochtú hAois Déag*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Hughes, A. 1994. 'Gaeilge Uladh', McCone, K., McManus, D., Williams, N., Ó Háinle, C., agus Breatnach, L. (eag.) *Stair na Gaeilge*, Maigh Nuad: An Sagart, 611 – 660.

Hull, V. 1962. 'Notes on Irish Texts', *Zeitschrift fur Celtische Philogie* 29, 190 – 191.

Kelly, J. & Powell, M. 2010. 'Introduction', Kelly. J. & Powell, M (eds). *Clubs and Societies in Eighteenth Century Ireland*. Dublin: Four Courts Press, 17 – 35.

Lee, G., 1984 (eag.). *The Eclogues*, London: Penguin.

Mac Clúin, S. 1922. *Réilthíní Óir* I & II, Baile Átha Cliath: An Comhlucht Oideachais.

Mac Erlean, J. 1900 (eag.). *Dánta, Amhráin agus Caointe Shéathrún Céitinn*, Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.

– 1910 (eag.). *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair* I, London: Irish Texts Society (XI).

– 1917 (eag.). *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair* III, London: Irish Texts Society (XVIII).

Mac Giolla Léith, C. 1992 (eag.). *Oidheadh Chloinne hUisneach*. London: Irish Texts Society (LVI).

Mac Mathúna, L., 2007. *Béarla sa Ghaeilge*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Mahon, W. 2007. *Catalogue of Irish Manuscripts in Villanova University*, Pennsylvania, Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

McBride, I. 2009. *Eighteenth Century Ireland*, Dublin: Gill and McMillan.

McCone K., agus Ó Fiannachta P., *Scéalaíocht Ár Sinsear*, Maigh Nuad: An Sagart.

McCormack, A. 2005. *The Earldom of Desmond 1463 – 1583*, Dublin: Four Courts Press.

McDonnell, H., 1996. *The Wild Geese of the Antrim McDonnells*, Dublin: Academic Irish Press.

McManus, D. 1994. 'An Ghaeilge Chlasaiceach', McCone, K., McManus, D., Williams, N., Ó Háinle, C., agus Breatnach, L. (eag.) *Stair na Gaeilge*, Maigh Nuad: An Sagart, 335 - 445

McQuillan, P., 2006. 'Gnéithe de na Focail Suairc agus Suairceas san 18ú haois', 193 – 215. Aidan Doyle agus Siobhán Ní Laoire (eag.), *Aistí ar an Nua-Ghaeilge in Ómós do Bhreandán Ó Buachalla*, Baile Átha Cliath: Cois Life.

Morley, V. 1995 (eag.). *An Crann os Coill*, Baile Átha Cliath: Coiscéim.

– 2012 (eag.). *Aodh Buí Mac Cruitín*, Baile Átha Cliath: Field Day Publications.

Ní Chróinín, A. 1952. *Eachtra Ridire na Leomhan*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ní Dhonnchadha, M. 2002. 'Caoineadh ón Ochtú hAois Déag', Máirtín Ó Briain agus Pádraig Ó Héalaí (eag.) *Téada Dúchais*, 183 – 214, Conamara: Cló Iarchonnacht.

Ní Shéaghdha, N. 1961 – 1990. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland,* fasc. 1 – 10 agus fasc. 12, Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Ní Shéaghdha, N. agus Ó Macháin, P. 1996. *Catalogue of Irish manuscripts in the National Library of Ireland*, fasc. 13, Dublin: Institute for Advanced Studies.

Ní Úrdail, M. 2006. 'Máire Bhuí Ní Laoghaire: File an 'Rilleadh Cainte'', *Eighteenth Century Ireland / Iris an Dá Chultúr* 17, 146 – 156.

Nic Éinrí, Ú. 2001 (eag.). *An Cantaire Siúlach: Tadhg Gaelach*, An Daingean: An Sagart.

– 2003 (eag.). *Canfar an Dán*, An Daingean: An Sagart.

– 2009 (eag.). 'Ó Bharr na Féile go Dún Diamhair', 225 – 256. Liam Irwin, Gearóid Ó Tuathaigh, Matthew Potter (eds), *Limerick History and Society*, Baile Átha Cliath: Geography Publications.

– 2012 (eag.). *Seán Ó Tuama ó Chromadh an tSubhachais*, Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó hAirt, D. 1988. (eag.) *Díolaim Dhéiseach*, Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann.

Ó Buachalla, B. 1962. 'Dámhscoil na Blarnan' *Feasta* (Eanáir), 7.

_ 1976. *Nua-Dhuanaire II*, Baile Átha Cliath: Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath.

– 1983. 'Na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn: Cing Séamas', *Proceedings of the Royal Irish Academy* 83 C, 81 – 134.

– 1992. 'Seacaibíteachas Thaidhg Uí Neachtain', *Studia Hibernica* 26, 31-64.

– 1996. *Aisling Ghéar: na Stíobhartaigh agus an tAos léinn 1603 – 1788*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

– 1998. *An Caoine agus An Chaointeoireacht*, Baile Átha Cliath: Cois Life.

– 2002 – 3. 'Ceol na Filíochta', *Studia Hibernica* 32, 99 – 132.

– 2007 (eag.). *Aogán Ó Rathaille*, Baile Átha Cliath: Field Day Publications.

O'Byrne, E., 1981. *The Convert Rolls*, Dublin: Irish Manuscripts Commission.

Ó Canainn, T. 1995. *Traditional Slow Airs of Ireland*, Cork: Ossian Publications.

Ó Ciardha, É. 2001. *Ireland and the Jacobite Cause, 1685 -1766*, Dublin: Four Courts Press.

Ó Coileáin, S. 2002 (eag.). *An tOileánach*, Baile Átha Cliath: Cló Talbóid

Ó Concheanainn, T. 1970. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, fasc. XXVIII: Dublin: Royal Irish Academy.

Ó Conchúir, B. 1982. *Scríobhaithe Chorcaí*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

– 1984. 'Meascra' *Éigse* 20, 228 – 232.

– 1991. *Clár Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Ollcoile Chorcaí: Cnuasach Uí Mhurchú*, Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

– 2000. 'Na Cúirteanna Éigse i gCúige Mumhan.' Riggs, P., Ó Conchúir, B. agus Ó Coileáin, S., (eag.), *Saoi na hÉigse: aistí in ómós do Sheán Ó Tuama*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 55 – 81.

– 2009. *Eoghan Rua Ó Súilleabháin*, Baile Átha Cliath: Field Day Publications.

O’Connell, B., 1954. ‘The Nagles of Annakissy.’ *The Irish Genealogist* 2, II, 337 – 48.

Ó Cróinín, B., 2007. ‘Filíocht Sheacaibíteach Phiarais Mhic Gearailt’, *Eighteenth-Century Ireland / Iris an Dá Chultúr* 22, 164 – 188.

– 2009. ‘Aor Phiarais Mhic Gearailt ar Sheán Paor’, *An Linn Bhuí* 13, 198 – 216.

– 2011. ‘Litir ó Risteard Ó Muirriain chun Phiarais Mhic Gearailt’, *An Linn Bhuí* 15, 129 – 137.

Ó Cuív, B. 1947 (eag.). *Cnósach Focal ó Bhaile Bhúirne i gCundae Chorcaí, Mícheál Ó Briain (1866 – 1942) a bhailig*. Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath.

_ 1977 (eag.). *Párliament na mBan*, Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath.

– 1993 (1951). *Irish Dialects and Irish-Speaking Districts*, Dublin: Dublin Institute of Advanced Studies.

Ó Dálaigh, S. 1849. *The Poets and Poetry of Munster*, Dublin: J. Duffy and Co. Ltd.

Ó Domhnaill, U. 1852 (1603) (aist.*) Tiomna Nuadh ár dTighearna agus ár Slánuightheora Íosa Críost*, Baile Átha Cliath: Hardy and Sons.

Ó Dónaill, N. 1977 (eag.). *Foclóir Gaeilge – Béarla*, Baile Átha Cliath: An Gúm.

Ó Donnchadha, T. (‘Torna’), 1907 (eag.). *Dánta Sheáin Uí Mhurchadha na Ráithíneach*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

– 1916 (eag.). *Amhráin Dhiarmada Mac Sheáin Buí Mac Cárrthaigh*, Baile Átha Cliath: M.H. Mac Goill.

– 1925. *Prósóid na Gaedhilge*, Corcaigh & Baile Átha Cliath: Cló Ollscoile Chorcaí & Comhlucht Oideachais na hÉireann.

– 1936. *Bhéarsaíocht Gaedhilge*, Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin Teoranta.

Ó Duinnshléibhe, S. 2011. *Párliment na bhFíodóirí*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Fiannachta, P. 1965 – 73. *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad, Clár* II – VIII, Má Nuad: An Sagart.

– 1978 (eag.). *An Barántas*, Má Nuad: An Sagart.

– 1978 – 80. *Clár Lámhscríbhinní Gaeilge: leabharlanna na Cléire agus mionchnuasaigh* I – II, Baile Átha Cliath: Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Foghludha, R. 1903. 'Cúirt na mBúrdún', *Loch Léin* (Samhain 1903), 87 – 8.

– 1904. 'Cúirt na mBúrdún', *Loch Léin* (Eanáir 1904), 92 – 4.

– 1905 (eag.). *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.

– 1932 (eag.). *Seán Clárach*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

– 1933 (eag.). *Donnchadh Ruadh*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

– 1938 (a) (eag.). *Cois na Ruachtaighe*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

– 1938 (b) (eag.). *Carn Tighearnaigh .i. An tAthair Conchubhar Ó Briain, D. D.*, Baile Átha Cliath: Alec Tom & a Chomh., Teo.

– 1938 (c) (eag). *Eoghan an Mhéirín Mac Cárrthaigh*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

– 1939 (eag). *Ar Bhruach na Coille Muaire*, Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.

– 1945 (a) (eag.). *Mil na hÉigse*, Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin.

– 1945 (b) (eag.). 'Some Literary Worthies of Imokilly', *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 50, 139-40.

– 1946. *Cois Caoin Reathaighe*, Baile Átha Cliath: Clóchuallacht Chathail Tta.

O'Grady, S. 1926. *Catalogue of Irish manuscripts in the British Museum* II, London: British Museum.

Ó hÓgáin, D. 1982. *An File*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

– 1991. *Myth, Legend and Romance*, New York: Prentice Hall Press.

Ó hUiginn, R. 1994. 'Gaeilge Chonnacht.' McCone, K., McManus, D., Williams, N., Ó Háinle, C., agus Breatnach, L. (eag.) *Stair na Gaeilge*, Maigh Nuad: An Sagart, 539 – 609.

Ó Macháin, P. 1990. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland*, fasc. XI, Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

– 1991. *Catalogue of Irish Manuscripts in Mount Mellary Abbey Co. Waterford*, Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

– 1997. 'Additions to the Collection of Irish manuscripts at Mount Melleray' Abbey, *Éigse* 30, 92 – 108.

Ó Madagáin, B. 1985. 'Functions of Irish Song in the Nineteenth Century', *Béaloideas* 53, 130 – 216.

Ó Máille, T. 2002 (1936). *An Béal Beo*, Baile Átha Cliath: An Gúm.

Ó Mainnín, M. 2004. " 'Goidé Mar 's tá na Fearaibh?': Gnéithe de Leathnú agus de Fhuaimniú Fhoirceann an Tabharthaigh Iolra sa Nua-Ghaeilge", *Celtica* 25, 195 – 224.

Ó Muirí, D. 2002. 'An Cúlra Dlíthiúil leis an Bharántas', Máirtín Ó Briain agus Pádraig Ó Héalaí (eag.) *Téada Dúchais*, 423 – 444, Conamara: Cló Iarchonnacht.

Ó Murchú, L. 1982 (eag.) *Cúirt an Mheon-Oíche*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

– 2005 (*Merriman: I bhFábhar Béithe*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

O'Rahilly, C. 1952 (eag.). *Five Seventeenth Century Political Poems*, Dublin: Dublin Institute of Advanced Studies.

O'Rahilly, C. 1955 (eag.). *Trompa na bhFlaitheas*, Baile Átha Cliath: Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath.

O'Rahilly, T. F. 1925 (eag.). *Burdúin Bheaga*, Dublin, Browne and Nolan Ltd.

O'Rahilly, T.F. agus Mulchone, K. et al. 1926 – 1958. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, fasc. I – XXVII, index I – II, Dublin and London: Royal Irish Academy.

Ó Sé, D. 2000. *Gaeilge Chorca Dhuibhne*, Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Ó Siocfhradha, P. 1941 (eag.). *Laoithe na Féinne*, Baile Átha Cliath: Clólucht an Talbóidigh.

Ó Súilleabháin, E. 1992. 'Scríobhaithe Phort Láirge 1700 – 1900', Nolan, W. and Power, T. P. (eds), *Waterford: History and Society*, Dublin: Geography Publications, 265 – 308.

Power, P. 1937. *Waterford and Lismore: A Compendious History of the United Dioceses*, Cork: Cork University Press.

Power, Thomas P. 1993. *Land Politics and Society in Eighteenth Century Tipperary*, Oxford: Clarendon Press.

Quin, E.G. et al. 1982 (1913 - 76). *(Contributions to a) Dictionary of the Irish Language, based mainly on Old and Middle Irish materials*, Dublin: Royal Irish Academy.

Sheehan, M. 1944 (1906). *Seana-Chaint na nDéise*, Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Ua Duinnín, P. 1900 (eag.). *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille*, London: Irish Texts Society (III).

– 1902 (a). (eag.) *Dánta Shéafraidh Uí Dhonnchadha an Ghleanna*, Baile Átha Cliath. Connradh na Gaedhilge.

– 1902 (b) (eag.). *Amhráin Sheáin Chláraigh Mhic Dhónaill*, Baile Átha Cliath. Connradh na Gaedhilge.

– 1907 (1901) (eag.). *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin (An Treas Eagar)*, Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.

– 1996 (1927). *Foclóir Gaedhilge agus Béarla : an Irish – English Dictionary, being a theasaurus of the works, phrases and idioms of the modern Irish language*, Baile Átha Cliath: Irish Texts Society.

Ua Laoghaire, P. 1915. *Mo Sgéal Féin*, Baile Átha Cliath: Brún agus Nuallán.

Ua Súilleabháin, S. 1994. 'Gaeilge na Mumhan', McCone, K., McManus, D., Williams, N., Ó Háinle, C., agus Breatnach, L. (eag.) *Stair na Gaeilge*, Maigh Nuad: An Sagart, 479 – 538.

Uí Chatháin, B. 2006. (eag.) *Éigse Chairbre*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Van Hammel, A.G. 1978. *Compert Con Culainn and Other Stories*, Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.

Walsh, P. 1980 (1943). *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad* I, Má Nuad: An Sagart.

Williams, N. 1979 (eag.). *Dánta Mhuiris Mhic Dháibhí Dhuibh Mhic Gearailt*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

– 1994. 'Na Canúintí a Theacht chun Solais', McCone, K., McManus, D., Williams, N., Ó Háinle, C., agus Breatnach, L. (eag.) *Stair na Gaeilge*, Maigh Nuad: An Sagart, 447 – 478.